**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

# Tuarascáil faoi Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2012

**Meán Fómhair 2013**

© Rialtas na hÉireann

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil faoi Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2012

Tá sé de cheangal orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisc a thabhairt do Dháil Éireann ar m'iniúchadh ar chuntais leithghabhála ranna agus oifigí agus ar chuntas ar an ioncam a fuarthas sa Stát.

Tá gach cuntas leithreasa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 dearbhaithe agam agus tá na cuntais sin i dteannta le mo dheimhnithe iniúchta á gcur ar aghaidh agam chuig Dáil Éireann.

Cuirim leis seo mo thuarascáil ar nithe a eascraíonn as m'iniúchadh ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2012 chuig Dáil Éireann de réir Alt 3(11) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Tá sé de cheangal orm faoi reachtanna eile tuairisc a thabhairt ar nithe áirithe eile chomh maith le mo thuairisc ar na cuntais chuí.

Tá an tuairisc leagtha amach i gceithre chuid.

- Déileálann Cuid 1 le nithe a bhaineann le Príomh-Chiste an Státchiste agus le fiachas an rialtais.
- Leagann Cuid 2 amach nithe áirithe a bhaineann le caiteachas a vótáladh in 2012.
- Déileálann Cuid 3 le nithe a eascraíonn as an iniúchadh ar an gCuntas Ioncaim agus as an scrúdú ar chórais Ioncaim.
- Tá Cuid 4 comhdhéanta de mo thuarascáil reachtúil ar iniúchtaí ar chuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, agus de thuarascáil ar an Scéim Slánaíochta Cliniciúil.

Ullmhaíodh an tuarascáil seo ar bhonn faisnéise iniúchta, nuair a bhí sin ar fáil, agus ar bhonn faisnéise, doiciméadaithe agus mínithe eile a fuarthas ó na ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais cuí. Cuireadh dréachtaí de shleachta ábhartha ón tuarascáil chuig na ranna agus na gníomhaireachtaí i gceist agus iarradh orthu a gcuid tuairimí a thabhairt. Nuair ba chuí, cuireadh na tuairimí sin san áireamh sa leagan deireanach den tuarascáil.

Cuntasacht ranna agus gníomhaireachtaí maidir leis an riar a dhéanann siad ar chistí poiblí is ábhar den tuarascáil. Níor chóir tagairtí do thríú páirtithe a léamh ach amháin sa chomhthéacs sin.

Seamus Mc Carthy.

**Seamus MacCárthaigh**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

27 Meán Fómhair 2013

# Clár Ábhar

## Rialtas Láir


| | | |
|---|---|---|
| 1 | Toradh Airgeadais an Státchiste do 2012 | 9 |
| 2 | Fiachas Rialtais | 30 |
| 3 | Gealltanais Airgeadais faoi Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí | 47 |


## Caiteachas Vótáilte


| | | |
|---|---|---|
| 4 | Cuntasaíocht Vótaí | 61 |
| 5 | Bainistiú Buiséid Vóta | 74 |
| 6 | Socrú Babhtála Talún i Soláthar Tithíochta Inacmhainne | 87 |
| 7 | Bainistiú Chóras na bhFógraí Muirear Seasta | 92 |
| 8 | Bainistiú Ceamaraí Sábháilteachta Seachfhoinsithe | 115 |
| 9 | Tionscadal Tógála Sheirbhís Paiteolaíochta an Stáit | 119 |
| 10 | Maoiniú an Rialtais Láir d'Údaráis Áitiúla | 124 |
| 11 | Costais Feabhsúcháin Talún | 130 |
| 12 | Bainistíocht Conartha i dTionscadail Oideachais CPP | 136 |
| 13 | Cúnamh Forbartha Oifigiúil | 145 |
| 14 | Iarmhéideanna Airgid Thirim san Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | 165 |
| 15 | Ceapacháin Foirne i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann | 170 |
| 16 | Caiteachas ar Scéimeanna Leasa agus Fostaíochta | 176 |
| 17 | Rialtacht Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh | 188 |
| 18 | Fiacha Ró-íocaíochta Leasa | 201 |
| 19 | Liúntas Cúraim Baile | 213 |
| 20 | Pinsean Easláine | 223 |
| 21 | Bainistiú Buiséid i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 231 |
| 22 | Incháilitheacht do Chártaí Leighis | 248 |

### Ioncam

| | | |
|---|---|---|
| 23 | Bailiú Ioncaim | 271 |
| 24 | Fiachas na gCoimisinéirí Ioncaim a Bhainistiú | 283 |
| 25 | Comhlíonadh Cáiníocóirí | 292 |
| 26 | Caillteanais Chánach Corparáide | 305 |
| 27 | Socraíochtaí Iniúchta Cánach | 309 |

### Nithe Eile

| | | |
|---|---|---|
| 28 | Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta | 333 |
| 29 | Scéim Slánaíochta Cliniciúil | 340 |

# Rialtas Láir

# 1 Toradh Airgeadais an Státchiste do 2012


**1.1** Íoctar gach ioncam de chuid an Stáit isteach i bPríomhchiste an Státchiste ach amháin sa chás go gcinntíonn an dlí a mhalairt.[1] San áireamh le fáltais an Phríomhchiste tá ioncaim cánach agus fáltais iasachtaí a rinne Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) thar ceann an Stáit. Úsáidtear eisiúintí ón bPríomhchiste chun caiteachas ar sheirbhísí Stáit a mhaoiniú.


**1.2** Cuireann na Cuntais Airgeadais Bliantúla na fáltais isteach agus na heisiúintí ón bPríomhchiste i láthair mar aon le sonraí a bhaineann le NTMA maidir le hiasachtaí agus eolas faoi dhliteanais áirithe agus sócmhainní an Stáit. Sa tuarascáil seo déantar achoimre ar na hidirbhearta ar an bPríomhchiste agus leagtar béim inti ar roinnt príomhthreochtaí. Cuirtear léargas ar fáil freisin inti ar roinnt mórdhliteanas agus mórsócmhainní an Stáit nach léirítear sna Cuntais Airgeadais.

## Fáltais agus Eisiúintí an Phríomhchiste

**1.3** Leagtar amach i bhFíor 1.1 an ghluaiseacht sna fáltais agus eisiúintí Phríomhchiste thar na tréimhse 2002 go 2012 agus an barrachas nó easnamh a bhaineann le gach bliain díobh sin. In 2012, ba ionann an t-easnamh agus beagán faoi €15 billiún.

**Fíor 1.1 Fáltais agus Eisiúintí an Phríomhchiste agus barrachas/easnamh, 2002 go 2012**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2002 go 2012

1 Áirítear ar shamplaí ioncaim Stáit nach n-íoctar isteach sa Phríomhchiste fáltais Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta a íoctar isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh agus fáltais mótarchánach a íoctar isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil.

**Fíor 1.2 Fáltais agus eisiúintí an Phríomhchiste, 2008 go 2012**[a]

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| **Fáltais** | | | | | |
| Ioncam cánach | 40,777 | 33,043 | 31,753 | 34,027 | 36,646 |
| Ioncaim reatha eile | 847 | 838 | 2,687 | 2,520 | 2,765 |
| Iasachtaí/Airleacain aisíoctha ag | | | | | |
| an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta | 740 | 741 | 790 | 673 | 720 |
| an gCiste Árachais Shóisialta[b] | — | — | — | 254 | 355 |
| an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | — | — | 250 | 49 | — |
| Eile | 9 | 9 | 3 | 10 | 2 |
| Aistharraingt an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean | — | — | — | 1,018 | — |
| Díolachán na gceadúnas fón póca | — | — | — | — | 450 |
| Fáltais chaipitil eile | 161 | 140 | 138 | 116 | 150 |
| **Fáltais Iomlána** | **42,534** | **34,771** | **35,621** | **38,667** | **41,088** |
| **Eisiúintí** | | | | | |
| Eisiúintí do chaiteachas a vótáladh | 49,313 | 47,163 | 46,434 | 45,711 | 44,950 |
| Fónamh d'Fhiachas Náisiúnta | 1,611 | 2,641 | 3,619 | 4,736 | 5,823 |
| Ranníocaíocht chuig Buiséad an AE | 1,587 | 1,486 | 1,352 | 1,350 | 1,393 |
| Coimisiún an Oireachtais | 119 | 123 | 103 | 130 | 105 |
| Scairchaipiteal a fuarthas i mBainc | — | 4,000 | 725 | 2,300 | 1,300 |
| Íocaíochtaí Athchaipitlithe Bainc | — | — | — | 5,268 | — |
| Aisíocaíocht Nótaí Gealltanais | — | — | — | 3,085 | 25 |
| Rannaíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean | 1,690 | 3,000 | — | —- | — |
| An Sásra Eorpaigh um Chobhsaíocht | — | —- | — | — | 510 |
| Ciste Chomhar Creidmheasa | — | — | — | — | 250 |
| Iasachtaí/airleacain a eisíodh chuig | | | | | |
| an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta | 741 | 790 | 673 | 720 | 730 |
| an gCiste Árachais Shóisialta[b] | — | —- | 110 | 199 | 300 |
| an gCiste Cúitimh Árachais | — | — | — | 280 | 455 |
| an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | — | — | 299 | — | — |
| an tacaíocht cobhsaíochta AE don Ghréig | — | — | 346 | — | — |
| Íocaíochtaí eile | 187 | 209 | 105 | 406 | 139 |
| **Eisiúintí iomlána** | **55,248** | **59,412** | **53,766** | **64,185** | **55,980** |
| **Easnamh don bhliain** | **12,714** | **24,641** | **18,145** | **25,518** | **14,892** |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2008 go 2012

Nótaí: a Déantar idirbhearta a phróiseáiltear trí Chuntas an Státchiste agus tríd an gCuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla a chomhdhlúthú. Is saoráid í an cuntas deireanach arna chothabháil ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun críocha freastal a dhéanamh ar fhiachas náisiúnta agus idirbhearta maidir le gnáthchúrsaí bancála.

b Déantar cistí a chur ar aghaidh chuig an gCiste Árachais Shóisialta mar shaoráid oibre agus déantar iad a aisíoc ina dhiaidh sin. Aisíocadh gach ciste a cuireadh ar aghaidh faoi dheireadh 2012.

## Fáltais

**1.4** B'ionann fáltais isteach sa Phríomhchiste in 2012 agus €41.1 billiún (feach fíor 1.2). Léirigh sé sin ardú €2.4 billiún (6%) i gcomparáid le fáltais 2011. Ba ionann fáltais cánachais agus 89% de na fáltais, a d'ardaigh €2.6 milliún i gcomparáid le 2011.[1]

**1.5** B'ionann na hioncaim reatha neamhchánach in 2012 agus €2.8 billiún. Bhain an chuid is mó de sin le gníomhaíocht cobhsaíochta bainc agus gníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais, agus áiríodh leo sin

- níos mó ná €1 billiún ó institiúidí creidmheasa i ndáil le táillí faoin Scéim Ráthaíochta Dliteanais Inghlactha (ELG)
- €958 milliún i mbarrachas ioncaim an Bhainc Ceannais a tháinig chun cinn in 2011 agus a íocadh isteach sa Phríomhchiste in 2012
- €300 milliún in ús a fuarthas ar nótaí caipitil teagmhasacha a coinníodh i mbainc.

Go dtí seo in 2012, íocadh €1.15 billiún in ioncam barrachais an Bhainc Ceannais isteach sa Phríomhchiste. Ba ardleibhéal stairiúil ioncam barrachais a bhí anseo nach ndéanfaí a chothabháil sa todhchaí b'fhéidir. Is dóigh go laghdóidh an t-ioncam ón scéim ELG mar gheall ar dhúnadh na scéime i leith dliteanas nua ó dheireadh Mhárta 2013.

**1.6** D'íoc ComReg €450 milliún isteach sa Phríomhchiste i ndáil le táillí a íoctar ar dtús i ndiaidh ceadúnas fón póca a bronnadh ag deireadh 2012. Fuair ComReg €482 milliún. Íocfar €24 milliún breise isteach sa Phríomhchiste i rith 2013 mar aon leis an iarmhéid a úsáideadh chun freastal ar aisíocaíochtaí dlite. [2] Sa bhreis air sin, tá táillí úsáidte arbh iomlán iad agus €373 milliún (a choigeartaíodh ar son boilscithe) iníoctha i dtráthchodanna ag cuideachtaí rathúla thar saolré na n-iarmhéideanna (2013 go 2030).

## Eisiúintí

**1.7** Ba ionann eisiúintí ón bPríomhciste in 2012 agus €56 billiún, laghdú €8.2 billiún nó 13%, ar leibhéal 2011.

**1.8** Tháinig laghdú beagnach 2% ar eisiúintí ón gCiste do sheirbhísí a vótáladh i gcomparáid le 2011. Is ionann an laghdú carnach in eisiúintí caiteachais vótáilte in 2008 agus beagán faoi bhun 9%.

**1.9** Tháinig ardú €1.1 billiún nó 23% bliain ar bhliain ar íocaíochtaí a bhain le seirbhísiú iasachtaí a rinne an NTMA.

**1.10** Ba é an phríomhchúis a bhí leis an laghdú in eisiúintí ná laghdú in íocaíochtaí i ndáil le cobhsaíocht bainc, a bhí €9.4 billiún níos ísle ná mar a bhí in 2011.

- In 2011, caitheadh €7.6 billiún i ndáil le scairchaipitil a fháil sna bainc agus ar bhearta athchaipitlithe eile. Is é an t-aon idirbheart eile lenar féidir comparáid a dhéanamh air in 2012 ná nuair a cheannaigh an Stát Irish Life ar €1.3 billiún.[3]
- In 2011, d'íoc an Stát beagnach €3.1 billiún in íocaíochtaí nótaí gealltanais. Bhí na heisiúintí ón bPríomhchiste níos ísle in 2012, díreach faoi bhun €25 milliún, mar gheall gur íoc an Stát €3.06 billiún mar gheall ar an gCorparáid Éireannach um Réiteach Banc (IBRC) trí bhannaí Rialtais a eisiúint.[4]

1 Féach Caibidil 23, Bailiú Ioncaim chun tuilleadh sonraí a fháil ar fháltais cánach in 2012.

2 Féadfar táillí a choigeartú ar roinnt fáthanna lena n-áirítear, mar shampla, tús deireanach.

3 I Feabhra 2013, chomhaontaigh an Stát Irish Life a dhíol le Great-West Life Co ar €1.3 billiún. Tugadh an díolachán chun críche in Iúil 2013.

4 Chun tuilleadh eolais a fháil ar an idirbheart seo féach Fiachas Rialtais.

**1.11** Réamhíocadh €455 milliún chuig an gCiste Cúitimh Árachais in 2012 i ndáil le Quinn Insurance Limited a riar, ag tabhairt iomlán an méid a haisíocadh ag deireadh 2012 go €735 milliún. Meastar go n-íocfar na hiasachtaí ar ais as fáltais tobhaigh ar dhíolacháin árachais go príomha.

**1.12** Cheadaigh an Sásra Eorpaigh um Chobhsaíocht caipiteal íoctha isteach de €80 billiúin arbh ionann sciar na hÉireann agus €1.274 billiún, atá le n-íoc i gcúig tráthchuid cothroma. Léiríonn an íocaíocht in 2012 agus an chéad 40% de ranníocaíocht na hÉireann i leith an scairchaipitil.

## Sócmhainní agus Dliteanais an Státchiste

**1.13** Níl clár comhordaithe san áireamh sna Cuntais Airgeadais ina dhéantar achoimre ar shócmhainní agus ar dhliteanais an Stáit ag deireadh an bliana. Tá an staid achoimre maidir le príomhshócmhainní agus príomhdhliteanais leagtha amach thíos.

### *Airgead Tirim Stáit agus Iarmhéideanna Sócmhainní Airgeadais*

**1.14** Léirítear na gluaiseachtaí in iarmhéid an chuntais Státchiste ag an mBanc Ceannais agus sócmhainní eile airgeadais Stáit i bhFíor 1.3.

**Fíor1.3 Gluaiseachtaí in airgead tirim Státchiste agus in iarmhéideanna sócmhainní airgeadais, 2008 go 2012**

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| **Iarmhéid amhail 1 Eanáir** | **4,486** | **22,059** | **21,816** | **16,164** | **17,692** |
| **Gluaiseachtaí sa bhliain** | | | | | |
| Glaniasachtaí Státchiste sa bhliain | 30,287 | 24,397 | 12,493 | 27,046 | 21,050[a] |
| (Easnamh) eisiúintí maidir le fáltais | (12,714) | (24,641) | (18,145) | (25,518) | (14,892) |
| **Iarmhéid amhail 31 Nollaig** | **22,059** | **21,816** | **16,164** | **17,692** | **23,850** |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2008 go 2012.

Nóta: a Níl eisiúint bannaí Rialtais €3.5 milliún chun freastal ar chostas na híocaíochta nótaí gealltanais de €3.06 billiún leis an IBRC a bhí dlite i Márta 2012 san áireamh. Tugtar míniú breise ar an idirbheart seo i gCaibidil 2, Fiachas Rialtais.

**1.15** Tá mórathrú tagtha ar chomhdhéanamh airgid thirim agus sócmhainní airgeadais an Stáit idir 2008 agus 2012 mar a léirítear i bhFíor 1.4. Roimh 2008, coinníodh airgid thirim bharrachais an Státchiste i gCuntas Státchiste an Bhainc Cheannais.


**1.16** Ó 2007, chuir an NTMA roinnt airgid thirim bharrachais an Státchiste ar taisce le hinstitiúidí airgeadais tráchtála. Ag deireadh 2012, choinnigh an Stát taiscí arbh ionann iad agus €3 billiún i mbainc tráchtála. Mar chomparáid, ba ionann an leibhéal deiridh taiscí in 2011 i mbainc tráchtála agus €30 milliún.[1]

1 Is ionann taiscí tráchtála agus taiscí a chuireann NTMA isteach in institiúidí do thréimhsí a réimsíonn ó lá amháin go 365 lá. Chun riosca creidmheasa ó fhrithpháirtithe a bhainistiú, féadfaidh NTMA comhthaobhachtaí a fháil ar airgead a chuirtear ar taisce (ar nós bannaí rialtais).

**1.17** In 2010, chuir NTMA tús le hiasachtú chuig an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe (HFA). Roimhe sin, ghníomhaigh NTMA mar ghníomhaire, a fuair iasachtaí thar ceann an HFA agus rinne an tAire Airgeadais ráthaíocht ar na hiasachtaí sin. Ba ionann iasachtaí gearrthéarmacha de chuid an Phríomhchiste chuig an HFA agus beagnach €4 billiún ag deireadh 2012. I gcleachtas, ní raibh an Príomhchiste in ann na hiasachtaí seo a réadú go héasca.

**Fíor 1.4 Airgead tirim Stáit agus iarmhéideanna sócmhainní airgeadais, 2008 go 2012**

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Amhail an 31 Nollaig** | | | | | |
| Cuntas Státchiste an Bhainc Ceannais | 21,269 | 21,026 | 11,399 | 13,099 | 15,280 |
| An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla[a] | — | — | 600 | — | — |
| Taiscí Bainc (taiscí comhthaobhach san áireamh) | 790 | 790 | 580 | 30 | 3,020 |
| Billí Státchiste Neamh-Éireannach | — | — | — | — | 1,045 |
| Iasachtaí chuig an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe | — | — | 3,585 | 3,848 | 3,982 |
| Maoiniú Comhthaobhach | — | — | — | 715 | 523 |
| **Airgead tirim agus sócmhainní airgeadais iomlána** | **22,059** | **21,816** | **16,164** | **17,692** | **23,850** |




Foinse: Cuntais Airgeadais 2008 go 2012

Nóta: a Iarmhéid sa chuntas ag deireadh na bliana níos lú ná €500,000 gach bliain, seachas 2010.

**1.18** In 2012, chuir an NTMA iasachtaí gearrthéarmacha ar fáil do stáit eile, trí bhillí státchiste flaithiúnais a cheannach. Ag deireadh 2012, ba ionann luach na mbillí státchiste neamhÉireannach a bhí faoi sheilbh an stáit agus beagán níos mó ná €1 billiún agus bhí a gcuid aibíochtaí iarmharacha idir 45 agus 150 lá.[1]

**1.19** Ó 2011, thug an NTMA comhthaobhachtaí le contrapháirtithe díorthacha. Tagann an ceanglas seo as socruithe tacaíochta creidmheasa atá ag an NTMA leis na contrapháirtithe chun conarthaí a dhíorthú faoina gceanglófar ar an bpáirtí atá 'gan airgead' comhthaobhacht a thaisceadh lena chomhpháirtí. Tá an barrachas ar íocaíochtaí thar fáltais maoinithe ag an Státchiste. Ag deireadh 2012, mhaoinigh an Státchiste €523 milliún agus táthar le sin a íoc ar ais chuig an Státchiste.[2]

**1.20** Bunaíodh an Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla chun maoiniú a chur go leataobh le freastal ar an gcostas a bhaineann le fiachas an Stáit a sheirbhísiú agus a fhuascailt. Déanann an NTMA cothabháil air agus oibrítear é faoi réir treoirlínte arna n-éisiúint ag an Aire Airgeadais, mar aon leis an uasmhéid ar féidir a choinneáil sa chuntas ag deireadh na bliana. Is é an teorainn a leagann an tAire síos ag deireadh na bliana de gnáth ná €1 milliún.[3]

1 Is cineál iasachta gearrthéarmach iad billí státchiste. Ceannaíonn an NTMA billí státchiste arna n-éisiúint ag stáit eile in áit cistí a chur ar taisce thar oíche, de bharr go bhfuil an ráta fáltais níos airde.

2 Tá sonraí breise maidir leis na hidirbhearta seo leagtha amach i gCaibidil 2 ar Fhiachas Rialtais.

3 Do dheireadh 2010, leag an tAire an teorainn ar an iarmhéid ag €601 milliún.

### *Iasachtaí agus Airleacain*

**1.21** Bhí iasachtaí agus airleacain a chuir an Príomhchiste ar fáil arbh ionann iad agus €1.84 billiún fós le n-íoc ag deireadh 2012, ardú €463 milliún nuair a chuirtear sin i gcomparáid le 2011. San áireamh leis na hiasachtaí a bhí fós gan íoc ag deireadh 2012 bhí €730 milliún i ndáil le hairleacain chuig costais maoinithe a bhain le feidhmiú na scéimeanna EAGF, €346 milliún maidir le ranníocaíocht na hÉireann i leith tacaíocht cobhsaíochta don Ghréig agus €735 milliún a réamhíocadh isteach sa Chiste Cúitimh Árachais.

### *Fiachas Rialtais*

**1.22** Tomhaiseann an Fiachas Rialtais Ginearálta (GGDebt) féichiúnas ag tabhairt dliteanais iomlána an Stáit i leith tríú páirtithe san áireamh.[1] Ag 31 Nollaig 2012, meastar gurbh ionann an GGDebt agus €192.5 billiún, ardú beagnach 14% i gcomparáid le GGDebt 2011 ag €169 billiún.[2]

**1.23** Iasachtú carnach arbh é príomhghné an GGDebt a rinne an NTMA thar ceann an Stáit. Ag deireadh Nollag 2012, ba ionann sin agus €161.5 billiún (ag luachanna ainmniúla nó infhuascailte). Bhí sin i gcomparáid le €136.8 billiún ag deireadh 2011 - ardú ar fhiachas de €24.7 billiún.

**1.24** Áiríodh leis an GGDebt freisin iarmhéid dhliteanas nóta gealltanais an Stáit ag deireadh 2012, arbh ionann é agus €25.3 billiún. I mí Feabhra 2013, tar éis leachtú an IBRC, cuireadh nótaí gealltanais a gcuirtí ar fáil don IBRC ar ceal agus cuireadh bannaí ráta chomhlúthaigh ina n-áit, le haibíochtaí ag réimsiú ó 25 go 40 bliain, arna n-eisiúint ag an NTMA chuig an mBanc Ceananis. D'fhág sin an t-iarmhéid a bhí fós gan íoc ar nótaí gealltanais ag €227 milliún i ndáil le EBS.

**1.25** Ba ionann dhliteanais eile an Stáit a airíodh sa GGDebt agus beagnach €6 billiún. Áiríodh leo sin taiscí Bainc Coigiltis Oifig an Phoist mar aon le fiachas seachtrach an HFA, na n-údarás áitiúil agus comhlachtaí eile Stáit (neamhthráchtála).

### *Tiomantais Airgeadais faoi Chonarthaí CPP*

**1.26** Tá ranna agus gníomhaireachtaí an rialtais láir rannpháirteach anois i margaí chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí (CPP) ar mhaithe le soláthar raon seirbhísí agus bonneagair. Áirítear leo sin tiomantais i leith íocaíochtaí amach anseo thar théarmaí na gconarthaí.

**1.27** Meastar gurb é luach iomlán na dtiomantas amach anseo a bheidh le n-íoc i ndáil le conarthaí a bhí i bhfeidhm ag deireadh 2012 agus díreach faoi bhun €4.2 billiún. Léiríonn cuid den tiomantas seo an costas a bheidh ar fheidhmiú agus ar chothabháil amach anseo, a íoctar, i dtionscadail agus i seirbhísí a fhaightear de gnáth, ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear'.[3]

**1.28** Tá tionscadail CPP amach anseo i mbun forbartha nó fála, ach ní thiocfaidh tiomantais airgeadais i ndáil leis na tionscadail sin chun cinn go dtí go mbeidh siad ag an gcéim conartha foirmiúil.

1 Go sonrach, mínítear GGDebt mar dhliteanais chomhdhlúite na hearnála rialtais ginearálta i gcatagóirí an Chórais Eorpaigh Cuntas 1995 (ESA95) seo a leanas: airgeadra agus taiscí; urrúis seachas scaireanna nach bhfuil díorthaigh airgeadais agus iasachtaí san áireamh.

2 Féach Caibidil 2 Fiachas Rialtais.

3 Féach Caibidil 3 ar Thiomantais Airgeadais faoi Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí

### *Costais agus Dliteanais Phinsin na Seirbhíse Poiblí*

**1.29** Is mórdhliteantas Stáit iad teidlíochtaí pinsin fabhraithe fostaithe sa tseirbhís phoiblí. Ag deireadh Nollag 2009, fabhraíodh thart ar €116 billiún i ndáil le pinsin gairme iníoctha le fostaithe sa tseirbhís poiblí.[1] Ní dhearnadh measúnuithe ina dhiaidh sin ar an dliteanais. Leantar ag tuairisciú dliteanais deiridh 2009 sna Cuntais Airgeadais 2012.

**1.30** I mo thuarascáil 2011, mhol mé gur chóir athbhreithnithe achtúireacha agus teilgin eis-sreafa pinsin na seirbhíse poiblí a dhéanamh go rialta, lena chinntiú go mbeidh cinnteoirí ar an eolas faoin tionchar costais fadthéarmach a bhaineann le pinsin agus muirir ó thaobh téarmaí pinsin, mar aon le huainiú na n-eisreafa pinsin.

**1.31** Ghlac an tOifigeach Cuntasaíochta sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an moladh agus chuaigh sé i mbun mheasúnú achtúireach a choimisiúnú ina n-áirítear na mórathruithe ó 2009. Cuireadh tús le hobair ar an measúnú seo agus measann an tOifigeach Cuntasaíochta go dtabharfar an príomhpháirt den chleachtas seo chun críche faoi dheireadh 2013.

### *Dliteanais na Scéime um Íocaíochtaí Dócmhainneachta Pinsean*

**1.32** Cuireann an Scéim um Íocaíochtaí Dócmhainneachta Pinsean foráil ar fáil don Stát íocaíochtaí a chur ar fáil do bhaill scoir na scéimeanna pinsin sochair shainithe in imthosca nuair a bhíonn an fostóir dócmhainneach agus nuair a bhíonn an scéim pinsin in easnamh (dá dtagraítear an coinníoll 'dóchmhainneach faoi dhó').[2]

**1.33** Faoin Scéim um Íocaíochtaí Dócmhainneachta Pinsean, tar éis iarratas rathúil ag iontaobhaithe na scéime pinsin, íocann na hiontaobhaithe suim leis an Státchiste a chlúdóidh an costas a bhaineann leis na pinsin a íoc. Tá an NTMA freagrach as an méid a bheidh le híoc ag na hiontaobhaithe a ríomh.[3] Is leis an Stát a bhaineann an riosca, i.e. an riosca go ndéanfar na híocaíochtaí pinsin ar feadh tréimhse níos faide ná mar a bhí measta agus beidh tairbhe leis má bhíonn na híocaíochtaí níos lú ná mar a teilgeadh.

**1.34** I rith 2012, glacadh dhá scéim pinsin de chuid Waterford Crystal, a bhain le níos mó ná 600 pinsinéir, isteach sa Scéim um Íocaíochtaí Dócmhainneachta Pinsean. I nDeireadh Fómhair 2012, ghlac an Stát le dliteanas a measadh a bhí ag €40.7 milliún, a léiríonn an luach reatha atá ag na híocaíochtaí pinsin teilgthe amach anseo.

### *An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát*

**1.35** Bainistíonn an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA) éilimh díobhála pearsana agus damáiste maoine i gcoinne an Stáit agus roinnt údarás Stáit. Faoi láthair, tá 54 údarás Stáit, ina bhfuil níos mó ná 200,000 fostóir Stáit, laistigh de réimse freagrachta an SCA.

**1.36** Ag deireadh 2012, thuairiscigh an SCA gurbh ionann an dliteanas measta a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le gach éileamh gníomhach agus €1.13 billiún. Bhain €970 milliún de sin le héilimh díobhála pearsanta cliniciúla agus bhain €160 milliún eile le héilimh de chineál eile.[4]

1 Féach Caibidil 3 de Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Chuntas na Seirbhísí Poiblí 2009.

2 Alt 22 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2009..

3 Is é an tsuim a íocann iontaobhaithe scéime agus an luach reatha ar an sruth íocaíochtaí amach anseo ón scéim chuig pinsinéirí na scéime. Tá an ráta a úsáidtear chun lascaine a thabhairt d'íocaíochtaí amach anseo bunaithe ar chostas fadthéarmach iasachta i leith an Stáit ag an tráth sin. Tá na toimhdeana mortlaíochta bunaithe ar an treoir ghairmiúil infheidhme arna eisiúint ag Cumann Achtúirí na hÉireann.

4 Féach Caibifil 29 Scéim Slánaíochta Cliniciúla

### *Cúlchistí Pinsean*

**1.37** Luacháladh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (an Ciste) ag €14.7 billiún an 31 Nollaig 2012 (2011: €13.4 billion).

- Ba ionann infheistíocht lánroghnach an Chiste agus €6.1 billiún. Déantar na hinfheistíochtaí seo a luacháil ag praghsanna margaidh.
- Is infheistíochtaí iad na sócmhainní eile atá fanta sa Chiste a dhéantar faoi threoir an Aire Airgeadais. Deonaíodh €20.8 billiún de shócmhainní an Chiste ar chaipitliú bainc ag deireadh 2012. [1] Ba ionann luach margaidh na n-infheistíochtaí sna bainc ná €8.6 billiún amhail 31 Nollaig 2012.

## Ráthaíochtaí Stáit

**1.38** Ag deireadh Nollag 2012, thug an Rialtas ráthaíocht, faoi reachtaíocht shonrach, maidir le híocaíocht dlite oibleagáidí i ndáil le dliteanais áirithe. Ba ionann príomhluach nó luach caipitil na ndliteanas sin a bhí fós gan íoc ná €119 billiún, baineann €4.5 billiún de sin le hiasachtú iomlán an HFA.

### *Ráthaíocht Dliteanais Inghlactha*


**1.39** Tá ráthaíocht tugtha ag an Stát faoi dhliteanais roinnt d'institiúidí creidmheasa na hÉireann faoin scéim Ráthaíochta Dliteanais Inghlactha (ELG). Ba ionann luach na ndliteanas bainc a rathaíodh ag deireadh Nollag 2012 agus ordú €73 billiún, beagnach €29 billiún níos lú ná mar a bhí ag deireadh 2011.

**1.40** Cuireadh tús leis an scéim ELG i ndeireadh 2009. Bhí Scéim Tacaíochta Airgeadais na nInstitiúidí Creidmheasa (CIFS) ann roimhe sin. Léiríonn Fíor 5.1 an luach iomlán measta na ndliteanas atá clúdaithe faoi na scéimeanna ráthaíochta ag deireadh gach bliana ó 2008 go 2012.

**1.41** Ag leanúint ar aghaidh ó leachtú an IBRC i Feabhra 2013, go dtí seo éilíodh ar an Stát íocaíochtaí a dhéanamh arbh iomlán iad agus beagnach €1 billiún i ndáil le dliteanais a raibh clúdaithe faoin scéim ELG. Measann an Roinn Airgeadais go bhféadfaí go dtiocfadh íocaíochtaí breise de thart ar €100 milliún chun cinn as an leachtú.

**1.42** Tá deireadh tagtha leis an scéim maidir le dliteanais nua ón 28 Márta 2013. Leanfaidh an Stát ar aghaidh ag tabhairt ráthaíochta do dhliteanais atá ann ag an dáta sin go dtí tráth a n-aibíochta.

**Fíor 1.5 Dliteanais creidmheasa ráthaithe ag deireadh na bliana, 2008 go 2012**





Foinse: An Roinn Airgeadais

1 San áireamh leis sin tá €16.9 billiún a íocadh mar mhalairt ar scaireanna. Ranníocaíocht €3.8 billion i leith athchapitliú AIB; Dibhínní €1.1 billiún a íocadh i bhfoirm scaireanna; lúide €1 billiún i nglanfháltais ó dhíolachán scaireanna i Bank of Ireland.

*An Scéim Ráthaíochta Taisce*

**1.43** Níl na dliteanais a ráthaíodh faoin Scéim Ráthaithe Taisce (DGS) ina ndéantar taiscí suas go dtí uasmhéid de €100,000 in aghaidh an taisceora in aghaidh na hinstitiúide a ráthú san áireamh i nochtadh an Stáit faoin scéim ELG. Tá an DGS maoinithe ag institiúidí creidmheasa a éilítear orthu cistí de 0.2% a thaisceadh de luach iomlán na dtaiscí custaiméara reatha ar fad (cibé an bhfuil siad ráthaithe faoin DGS nó nach bhfuil) isteach i gcuntais cosanta taiscí arna riar ag an mBanc Ceannais.[1] Ag deireadh Nollag 2012, bhí comhluach de €64 billiún ag taiscí ráthaithe agus ba ionann na cuntais cosanta taiscí agus €403 milliún. Léirítear iarmhéideanna sna cuntais cosanta taiscí (ag deireadh na bliana) ó 2007 go 2012 i bhFíor 1.6.

**Fíor 1.6 Iarmhéideanna cuntas cosanta taiscí ag deireadh na bliana, 2007 go 2012**




Foinse: Ráitis Airgeadais, Central Bank of Ireland, 2007 go 2012

**1.44** I gcás leachtú institiúide creidmheasa, d'fhreastalódh an Banc Ceannais ar éilimh thaisceoirí i dtús báire, ag úsáid na gcistí sna cuntas cosanta taisce. D'fhreastalódh Príomhchiste an Státchiste ar aon easnamh, a dhéanfaí a aisghabháil in am trátha ón earnáil bancála. Tar éis leachtú an IBRC, baineadh leas as an DGS don chéad uair agus amhail 16 Lúnasa 2012, bhí iomlán de €1.27 milliún i gcúiteamh íoctha le 817 taisceoir IBRC ag an mBanc Ceannais as na cuntais cosanta taisce.

***Ráthaíochtaí Aireachta faoi Chúnamh Leachtachta Eisceachtúil***

**1.45** Rinne an Banc Ceannais réamhíocaíochtaí le hinstitiúidí creidmheasa faoin scéim cúnaimh leachtachta (ELA) eisceachtúil. Ba ionann an t-iomlán ELA a réamhíocadh ag deireadh 2012 agus beagán os cionn €40 billiún. Rinne an Stát €16 billiún de na hairleacain a ráthú ar bhonn na ráthaíochtaí aireachta a bhí á gcoinneáil ag an IBRC, agus úsáideadh iad mar chomhthaobhachtaí. Sa bhreis air sin, bhí nótaí gealltanais arna n-eisiúint ag an Aire mar thaca le ELA de €23.6 billiún. Thacaigh urrúis eile nach raibh clúdaithe faoi ráthaíochtaí Aireachta le €0.8 billiún.

**1.46** Tar éis leachtachta an IBRC i bhFeabhra 2013, chuir an Banc Ceannais deireadh le ELA a sholáthar agus tá deireadh curtha freisin le dliteanas teagmhasach €16 billiún ag deireadh 2012 i ndáil le ráthaíochtaí a bhain le ELA. Mar sin féin, tá dliteanas teagmhasach ann i gcónaí d'easnamh ar bith a d'fhulaing NAMA nuair a dhíolfar sócmhainní an IBRC a bhfuil muirear comhlúthach ag NAMA ina leith.[2]


1 Ó Samhain 2012, éilítear ar chomhair chreidmheasa cistí a choinneáil i gcuntais taisce.

2 Fuair NAMA sócmhainní áirithe IBRC ar €12.9 billiún. Déantar é seo a phlé tuilleadh i gCaibidil 2 Fiachas Rialtais.

### *An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní*

**1.47** Tá ráthaíocht tugtha ag an Aire Airgeadais ar 95% den fhiachas arna eisiúint ag NAMA chun íoc as iasachtaí a fuair sé ó institiúidí creidmheasa. Ba ionann an méid fiachais a bhí ráthaithe ag deireadh 2012 agus €25.4 billiún (2011: €29.1 billiún). Léiríonn Fíor 1.7 leibhéal an fhiachais a bhí ráthaithe ag an Stát a bhí i seilbh NAMA ag deireadh gach bliana ó 2010 go 2012.

**Fíor 1.7 Gluaiseacht i bfiachas ráthaithe NAMA, 2010 go 2012**




Foinse: Tuarascálacha Bliantúla na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainistíochta Sócmhainní

## Cuntais Airgeadais

**1.48** I mo thuarascáil bhliantúil do 2011, mhol mé gur chóir don Roinn Airgeadais athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal agus ar chaighdeán an nochta sna Cuntais Airgeadais ionas go méadófaí trédhearcacht an eolais airgeadais phoiblí.

**1.49** Chomhaontaigh Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais le mo mholadh. Dúirt sé, le linn an athbhreithnithe, go rachadh an Roinn Airgeadais i gcomhchomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a bhfuil ról ceannasach aici maidir le beartais cuntasaíochta de réir na ranna rialtais. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur chóir breithniú a thabhairt ar an leibhéal eolais bhreise atá le cur leis na Cuntais Airgeadais, ag tabhairt aird freisin ar an riachtanas atá ann nár chóir cur isteach ar bhunchuspóir na gcuntas sin nó á dtáirgeacht a mhoilliú. Ba chóir breithniú a dhéanamh freisin ar an méid fhorbartha ar chóir a dhéanamh ar ráitis airgeadais rialtais bhreise.

### *Measúnú Trédhearcachta Fioscach*

**1.50** I Márta 2013, thug foireann ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF) cuairt ar Éire, ar iarratas ó Ard-Rúnaithe na Ranna Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun bainistiú fioscach agus tuairisciú na hÉireann ar na caighdeáin i gCód Trédhearcachta Fioscach de chuid an IMF a athbhreithníodh le déanaí a mheasúnú.

**1.51** Foilsíodh tuarascáil na Foirne Athbhreithnithe IMF an 16 Iúil 2013.[1] Sa tuarascáil tá moltaí sonraithe maidir le roinnt réimsí lena n-áirítear nádúr, ábhar agus uainiú na tuairiscithe fioscaí agus plean gnímh chun moltaí a chur i bhfeidhm thar na tréimhse 2013 go 2017. Tá moltaí na tuarascála leagtha amach in Iarscríbhinn A.

1 Measúnú Trédhearcachta Fioscach - Éire, Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, Iúil 2013.

**1.52** Chuir an Rialtas an tuarascáil agus an plean gnímh ar aghaidh chuig Grúpa Stiúrtha Measúnaithe Trédhearcachta Fioscach faoi mhaoirsiú na Ranna Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le cur i bhfeidhm mar is cuí. Tá ionadaíocht ar m'Oifig ar an ngrúpa stiúrtha.

## Conclúidí

**1.53** Tháinig laghdú mór ar an easnamh i fáltais an Rialtais maidir le heisiúintí in 2012 i gcomparáid lena bhuaicphointe in 2011. Baineann cuid mhór den laghdú le caiteachas níos ísle maidir le bearta cobhsaíochta baincéireachta. Mar sin féin, réitíodh íocaíocht nóta gealltanais de bheagán os cionn €3 billiún gan leas a bhaint as airgead tirim an Státchiste trí bhannaí an NTMA a eisiúint.

**1.54** Tháinig ardú 14% ar an bhFiachas Rialtais Ghinearálta in 2012 go €192 billiún. Sa bhreis air sin, ag deireadh 2012, bhí €4.2 billiún i dtiomantais ag an Stát maidir le conarthaí comhpháirtíochta poiblí príobháideach mar aon le €1.1 billiún measta i ndáil le héilimh arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Tá dliteanas neamhchainníochtúil breise ag baint leis i ndáil le pinsin ghairme d'fhostaithe na hearnála poiblí.

**1.55** Tháinig ardú in 2012 ar airgead tirim agus iarmhéideanna sócmhainní airgeadais an Státchiste de bheagán os cionn €6 billiún agus ardú €1.3 billiún i luach an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean.

**1.56** Tá nochtuithe Stáit eile tite. Ba ionann dliteanais a ráthaíodh faoin Scéim Ráthaíochta Dliteanais Inghlactha agus €73 billiún ag deireadh 2012, €29 billiún níos ísle ná deireadh 2011. In 2013, cuireadh deireadh le dliteanas teagmhasach de €16 billiún tar éis leachtú an IBRC. Tá dliteanas teagmhasach ann fós d'aon easnamh a d'fhulaing NAMA nuair a dhíolfar sócmhainní an IBRC, lena mbaineann muirear luaineach.

## Iarscríbhinn A Sliocht ón Measúnú Trédhearcachta Fioscach, An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta , Iúil 2013 – Moltaí

### Gluais

| Tearma | Sainmhíniú |
|---|---|
| C&AG | Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| CBI | Central Bank of Ireland |
| COFOG | Rangú Feidhmeanna Rialtais (Náisiúin Aontaithe) |
| CSO | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| DECLG | An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil |
| DoF | An Roinn Airgeadais |
| DPER | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| ESA 95 | Córas tuairiscithe cuntas náisiúnta comhchuibhithe ar fud an AE (Eurostat) |
| ESA 2010 | Córas nua cuntas náisiúnta agus réigiúnach le teacht in áit ESA 95 agus le cur i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2014 ar aghaidh (Eurostat) |
| EU Six Pack | Sé rialachán a dhíreoidh ar na nósanna imeachta chun easnaimh phoiblí a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar éagothromais maicreacnamaíocha a láidriú |
| EU Two Pack | Rialtacha sonracha maidir le hathbhreithniú agus monatóireacht buiséid tíortha Eurozone mar aon le faireachas ar thíortha Eurozone atá i dtrioblóid |
| FRL | Dlí Fhreagracht Fhioscach ag achtú an Chonartha ar Chobhsaíocht |
| OTI | Olltáirgeacht Intíre |
| GFSM2001 | Lámhleabhar Staitisticí Airgeadais Rialtais (An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta) |
| IFAC | Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann |
| IPSAS | Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí |
| MTEF | Creat Caiteachais Meánthéarma |
| NAMA | An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní |
| NPRF | An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean |
| NTMA | Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta |
| CPP | Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach |
| SPU | Tuairisc chun dáta ar an gClár Cobhsaíochta |

## Iarscríbhinn A Sliocht ón Measúnú Trédhearcachta Fioscach, An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta , Iúil 2013 – Moltaí

1. Ó tharla an lear mór nochta airgeadais atá in Éirinn cheana féin, tá scóp suntasach ann trédhearcacht airgeadais breise a fheabhsú trí eolas airgeadais atá ann cheana féin a tharraingt le chéile, lena n-áirítear
    - tuarascáil airgid-bhunaithe mhíosúil na Roinne Airgeadais ar ioncaim, caiteachas agus maoiniú an Státchiste a chlúdaíonn 91 faoin gcéad d'ioncam rialtais ginearálta
    - ráiteas oibríochta rialtais ghinearálta agus clár comhardaithe airgeadais chomhdhlúite an CSO a chuirtear ar aghaidh chuig Eurostat ar bhonn ráithiúil agus bliantúil
    - eolas ar shócmhainní seasta agus airgeadais a thuairiscítear ar chláir chomhordaithe na ranna agus gníomhaireachtaí rialtais láir, rialtas áitiúil agus corparáidí poiblí
    - meastacháin ar dhliteanais pinsin seirbhíse poiblí, ar thiomantais CPP, ar ráthaíochtaí agus ar dhíorthaigh, ar dhliteanais theagmhasacha agus caiteachais cánach as raon foinsí
    - réamhaisnéis ar threochtaí fadtheármacha i gcaiteachas sláinte agus pinsin a cuireadh ar aghaidh chuig an AE le cur isteach ina dTuarascáil Inbhuanaitheachta Fioscach agus
    - anailís NTMA, NPRF agus NAMA  ar fheidhmíocht agus ar rioscaí a bhaineann lena gcuid sealúchas sócmhainní agus dliteanas airgeadais.
2. D'fhéadfadh go dtabharfadh athchóiriú i ndeich bpríomhréimse cleachtais tuairiscithe fioscach na hÉireann ar chomhchéim le caighdeáin agus sárchleachtais idirnáisiúnta ag costas comparáideach íseal agus laistigh d'fhráma ama réasúnta. Áirítear air sin iad seo leanas
    - clúdach institiúide buiséad, staitisticí agus cuntas a leathnú amach
    - raon níos leithne sócmhainní agus dliteanas i gcláir chomhardaithe a aithint
    - na sreafa fabhraithe comhfhreagracha a thabhairt isteach sna tuarascálacha fioscacha
    - rangú an bhuiséid agus cairt na gcuntas a nuachóiriú
    - dlús a chur leis an gclár ama maidir le cur isteach an bhuiséid agus cuntas bliantúil
    - réiteach athruithe ar theilgin fioscacha níos sonraithe a chur ar fáil
    - teilgin fioscacha fadthéarmacha a fhoilsiú go rialta
    - ráiteas cuimsitheach ar rioscaí fioscacha a chur ar fáil
    - straitéis bainistithe sócmhainní agus dliteanas meánthéarmach a fhoilsiú agus
    - cleachtais agus caighdeáin tuairiscithe airgeadais ar fud na hearnála poiblí a chomhchuibhiú.
3. Tá achoimre ar na gníomhartha a theastaíonn chun na hathchóirithe seo a chur i bhfeidhm thar chúig bliain eile tugtha thíos. Roimh dheireadh 2017, is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna na sraithe lánpháirtithe athchóirithe
    - gníomhaíochtaí airgeadais na n-aonán faoi rialú poiblí a thabhairt isteach i dtuarascálcha fioscacha achoimre

- a n-oibríochtaí agus cláir chomhordaithe a chur i láthair i sraith ráiteas airgeadais chomhdhlúite, lánpháirtithe agus cuimsitheach don earnáil phoiblí agus a bhfo-earnálacha
- a chur ar chumas na hÉireann cloí go hiomlán leis an ESA95 agus GFSM2001 ar mhaithe le staitisticí fioscacha, na riachtanais tuairiscithe breise a chomhlíonadh maidir leis an EU Six Pack agus Two Pack agus ESA 2010 agus glacadh le riachtanais an IPSAS (nó a gcinéal Eorpach) maidir le cuntasaíocht rialtais
- a chur ar chumas an rialtais a fheidhmíocht a chomhlíonadh in aghaidh rialacha fioscacha rialtais ghinearálta ar fud an AE go míosúil
- a chinntiú go gcuirtear teilgin fioscacha, buiséid staitisticí agus cuntais i láthair ar bhonn comhsheasmhach agus comparáideach agus
- aitheantas poiblí agus cuntasacht rialtais ar fhorbairtí agus rioscaí fioscacha meánthéarma agus fadthéarma a fheabhsú.

## 1 Cumhdach Institiúideach na dTuarascálacha Fioscacha a leathnú

**Saincheist:** Tá 126 eagras de chuid an rialtas láir, a ndéanann a nglanchaiteachas suas €6.8 billiún (4.3 faoin gcéad den OTI) nach bhfuil san áireamh i mbuiséad agus i gcuntais an rialtais láir faoi láthair. Tá 297 eagras sa bhreis, a ndearna a nglanchaiteachas suas €16.8 billiún (11.7 faoin gcéad den OTI) lasmuigh de scóip staitisticí fioscacha an rialtais ghinearálta.

***Moladh a 1: Ba chóir don rialtas an cumhdach institiúideach le haghaidh buiséid, staitisticí fioscacha agus ráitis airgeadais a leathnú trí na bearta seo a leanas a dhéanamh***

**a** **Cumhdach cáipéisíochta an bhuiséid bhliantúil a leathnú chun ollioncam agus ollchaiteachas an rialtais láir chomhdhlúite a léiriú.** Cinnteoidh sé seo go gcuirfidh an cháipéisíocht bainteach leis an mbuiséad bliantúil léargas cuimsitheach ar fáil don Oireachtas agus don phobal ar na gníomhaíochtaí uile maoinithe ag cáin sa rialtas láir, is cuma má rangaítear an t-eagras mar vóta, mar chiste sa bhreis ar an mbuiséad nó mar chomhlacht leathstáit nach bhfuil aon mhargadh ann dó.

**b** **Na Cuntais Airgeadais agus Leithreasa a chomhcheangal isteach i Ráiteas Airgeadais Rialtais Láir chomhdhlúite.** Chuirfeadh an leasú seo, go bhféadfadh athruithe reachtacha a bheith ag teastáil uaidh, achoimre chuimsitheach agus inrochtana ar fáil don Dáil, don Ard Reachtaire Cuntas & Ciste agus don phobal ar fheidhmíocht airgeadais bhliantúil an rialtais láir i gcoibhneas leis an mbuiséad faofa.

**c** **Léargas a chur ar fáil ar ollioncam agus ar ollchaiteachas an rialtais láir, áitiúil agus ghinearálta i gcáipéisí bhuiséadaithe agus i staitisticí fioscacha na bliana sin.** Tabharfaidh sé seo cead do rialtais láir agus áitiúla réamhaisnéis agus monatóireacht a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht i gcoinne tagarmharc caiteachais an rialtais ghinearálta agus rialacha fioscacha eile atá san áireamh i FRL nua na hÉireann agus i “Six Pack” de rialacháin agus treoracha nua an AE.

**d** **Staitisticí fioscacha a ullmhú don earnáil phoiblí chomhdhlúite agus a fo-earnálacha.** Cuirfidh sé seo léargas rialta agus cuimsitheach ar fáil do lucht déanta beartas fioscacha, reachtóirí, margaí agus don phobal ar an staid airgeadais agus ar fheidhmíocht na n-eagrais phoiblí uile sa gheilleagar.

## 2 Réimse níos Leithne Sócmhainní agus Dliteanas a aithint

Saincheist: Níl an €116.8 billiún (73.5 faoin gcéad den OTI) i sócmhainní seasta na rialtais láir agus áitiúla, ná an €116 billiún (73.0 faoin gcéad den OTI) i ndliteanais bainteach le pinsin na seirbhíse poiblí, ná an €4.0 billiún (2.5 faoin gcéad den OTI) i ndliteanais faoi Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPPanna), ná an €324.7 billiún (204.3 faoin gcéad den OTI) i sócmhainní agus i ndliteanais i seilbh corparáidí poiblí san áireamh ar shonraí chlár chomhardaithe rialtas comhdhlúite na hÉireann.

***Moladh a 2: Réimse níos leithne sócmhainní agus dliteanais a aithint i gcláir chomhardaithe trí na bearta seo a leanas a dhéanamh***

**a** **Dliteanais pinsin fhabhraithe fhostaithe sa tseirbhís phoiblí a athluacháil agus a aithint.** Teastaíonn nuashonrú rialta a dhéanamh ar mheastachán na bliana 2009 den luach reatha de €116 billiún i sochair phinsin fhabhraithe na bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí atá ar seirbhís nó ar scor agus é a léiriú i gcláir chomhardaithe an rialtais láir agus áitiúil.

**b** **Sócmhainní agus dliteanais an Rialtais a bhaineann le Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPPanna) a aithint.** Nuair a chuirfear san áireamh na sócmhainní agus na h-oibleagáidí seo i gcláir chomhardaithe rialtas láir agus áitiúil, tabharfaidh sé léargas níos cuimsithí ar a staid airgeadais.

**c** **Sócmhainní neamhairgeadais na ranna rialtais láir a athluacháil agus a aithint.** Cuireann ranna rialtais láir eolas maidir lena sealúchais sócmhainní seasta san áireamh ina gCuntais Leithreasa bhliantúla cheana féin, cé go bhfuil roinnt sócmhainní ag costas stairiúil agus cuid eile ag costas athsholáthair. Chuirfeadh sé ar chumas an rialtas áitiúil clár comhardaithe iomlán a chur san áireamh i Ráitis Airgeadais an Rialtais Láir, réamhluaite trí na luachálacha seo uile a thabhairt cothrom le dáta le caighdeáin idirnáisiúnta (faoi réir de minimis do sócmhainní beaga nó oidhreachta).

**d** **Clár comhardaithe iomlán agus airgeadais a ullmhú don earnáil phoiblí agus a fo-earnálacha.** Is féidir sonraí atá ann ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais an rialtais láir, an rialtas áitiúil agus corparáid phoiblí a chur isteach ar chlár comhardaithe airgeadais chomhdhlúite don earnáil phoiblí. Chomh luaithe agus atá luachálacha cothrom le dáta ar fáil do shócmhainní seasta, do dhliteanais pinsin agus do shócmhainní agus oibleagáidí na gComhpháirtíochta Phríobháideach Phoiblí (CPP), d'fhéadfaí iad seo a chur isteach ar chlár comhardaithe iomlán a léiríonn glanfhiúchas foriomlán na hearnála poiblí chomh maith le rialtas ginearálta.

## 3 Ioncaim agus Caiteachas Fhabhraithe Gaolmhara a chorprú

**Saincheist:** Nuair a aithnítear na sócmhainní agus na dliteanais thuas i gcláir chomhardaithe ceadaítear sreafaí i dtuarascálacha fioscacha achomair a chorprú, sreafaí atá bainteach leis agus tábhacht fioscach ar leith leis. Faoi láthair d'fhéadfadh na costais neamhaitheanta seo 1 faoin gcéad den OTI sa bhliain a dhéanamh suas.

***Moladh a 3: Na sreafaí geilleagracha comhfhreagracha a chorprú i gcáipéisíocht fhioscach trí na bearta seo a leanas a dhéanamh***

**a** **Athruithe i ndliteanais phinsin fhabhraithe na hearnála poiblí a chur in iúl i gcáipéisí bhuiséadaithe, i staitisticí agus i gcuntais.** Chomh luaithe agus a chuirtear meastachán ar luach reatha dhliteanais pinsin na hearnála poiblí san áireamh i gcláir chomhardaithe an rialtais láir agus áitiúil, is féidir athruithe sa luacháil sin a rinne suas tuairim is €1 billiún a chorprú mar shreabhadh neamhairgid in ioncaim agus i gcaiteachas an rialtais láir.

**b** **Eolas maidir le sreabhadh bliantúil na n-infheistíochtaí agus na n-íocaíochtaí rialtais faoi Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPPanna) a chorprú isteach i réamh-mheastacháin fhioscacha, i mbuiséid agus i gcuntais.**[1] Má chuirtear san áireamh an t-eolas seo i réamh-mheastacháin fhioscacha bliantúla, meántéarmacha agus fadtéarmacha cuideoidh sé chun inacmhainneacht na gceangaltais seo san fhadtéarma a léiriú.

**c** **Figiúir dhímheasa do roinn ar leith a úsáid i staitisticí achomair agus cuntais.** Úsáideann staitisticí fioscacha agus réamhaisnéisí fioscacha tomhas geilleagrach dímheasa bunaithe ar múnla an stoc-chuntais shíoraí faoi láthair atá €1.8 billiún níos airde ná suim na bhfigiúir dhímheasa a léirítear i gcuntais na ranna rialtais láir agus áitiúil. Cheadódh nuashonrú a dhéanamh ar luacháil na sócmhainní seasta i gcuntais i roinn an rialtais láir agus an rialtais áitiúil an tomhas deireanach, níos cruinne sin a úsáid i ngach trí cháipéis fhioscach agus

**d** **Athruithe luachála i sócmhainní na hearnála poiblí, i ndliteanais agus i ndliteanais theagmhasacha i gcáipéisíocht fhioscach a aithint.** Chomh luaithe agus a ullmhaítear clár comhardaithe cuimsitheach don earnáil phoiblí is féidir athruithe i luach na sócmhainní, na ndliteanais agus na ndliteanais theagmhasacha a aithint sna cuntais ábhartha fo-earnála agus mar nochtadh forlíontach i mbuiséid. Cinnteoidh sé seo go mbeidh tacar ráitis airgeadais comhsheasmhach agus comhtháite ann le haghaidh na fo-earnálacha uile agus

**e** **Meastachán níos cuimsithí ar ioncam tarscaoilte ó chaiteachas cánacha uile a chur ar fáil.** Ba chóir meastacháin bhliantúla de chostas caiteachas ar chánach a leathnú thar ioncam tarscaoilte ar ioncam agus ar chánacha corparáide chun an cumhdach iomlán a thabhairt don 6 faoin gcéad den OTI in ioncam iomlán tarscaoilte a fhaightear ó liúntais chánacha díreacha agus indíreacha uile, ó fhaoiseamh, ó asbhaintí agus ó lacáistí ar bhealach nach gcuireann leis an ualach comhlíonta ar cháiníocóirí.

## 4 An Buiséad agus Rangú Cuntasaíochta a nuachóiriú

**Saincheist:** Níl cairt na gcuntas do ranna rialtais láir, do chistí sa bhreis ar an mbuiséad, do ghníomhaireachtaí nach bhfuil aon mhargadh ann dóibh, do rialtais áitiúla ná do chorparáidí poiblí in ann sonraí fioscacha achomair a ghiniúint go huathoibríoch i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta tuairiscithe. Cuireann sé seo constaic mhór os ár gcomhair in ullmhú tuarascálacha fioscacha níos cuimsithí, níos sonraithe agus níos inchomparáide. Cuireann sé bac ar mhonatóireacht fíor-ama fheidhmíocht fhioscach na hÉireann chomh maith i gcoinne rialacha fioscacha náisiúnta agus rialacha fioscacha ar fud an AE, a shainmhínítear i dtéarmaí rialtais ghinearálta.

1 Chiallódh sé seo tomhas de chaiteachas poiblí a tháirgeadh a thaifeadadh infheistíocht maoinithe go príobháideach i gComhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPPanna) mar infheistíocht phoiblí ag an am a ndearnadh an infheistíocht agus taifeadadh a dhéanamh ar an infheistíocht agus dliteanas comhréire ar chlár comhardaithe an rialtais. Bheadh tionchar comhchosúil chuige sin ag infheistíocht i gComhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPPanna) agus ag infheistíocht in infheistíochtaí maoinithe go poiblí go traidisiúnta ar chuntais an rialtais.

***Moladh a 4: Tabhair rangú cáipéisíochta fioscach i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta trí na bearta seo a leanas a dhéanamh***

**a** **Atheagar a dhéanamh ar Ráiteas an Státchiste míosúil chun ollioncam agus ollchaiteachas a léiriú agus chun idirdhealú a dhéanamh idir idirbhearta neamhairgeadais agus idirbhearta airgeadais.** Chuirfeadh sé seo le Ráiteas an Státchiste reatha agus thabharfadh sé a rangú níos gaire do chaighdeán ESA 95 agus don leagan amach i lámhleabhar GFSM 2001.

**b** **Rangú cláir uileghabhálach a fhorbairt is féidir a chur in oiriúint do tháscairí táirgeachta/tionchair aonair araon agus do na hearnálacha COFOG.** D'fheabhsódh sé seo freagracht roinne ar an bparlaimint le haghaidh úsáid acmhainní poiblí agus ríomhbhailiú na staitisticí inchomparáide idirnáisiúnta a chur i láthair ar leithdháileadh feidhmiúil chaiteachas an rialtais agus

**c** **Cairt chuntais chomhchuibhithe a fhorbairt le haghaidh an rialtas ginearálta uile agus de réir a chéile le haghaidh eagrais sa tseirbhís phoiblí.** D'éascódh sé seo ríomhbhailiú agus comhdhlúthú ar na mionsonraí fioscacha don rialtas láir, don rialtas ginearálta agus don earnáil phoiblí. Ba cheart lena leithéid de chairt chuntais chaighdeánach go bhfaighfí sonraí fioscacha achomair i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus ag cur ar chumas na n-eagrais an solúbthacht chun sonraí fioscacha a ghiniúint le haghaidh tuairisciú bainistíochta inmheánach ag an am céanna chomh maith. Cuireann an togra seirbhísí comhroinnte atá beartaithe, a bhfuil gné bhainistíochta airgeadais leis an deis ar fáil chun a leithéid de chairt chuntais chomhchuibhithe a chur ag feidhmiú de réir a chéile trasna rialtais láir agus áitiúla.

## 5 An Clár Ama le haghaidh Buiséadaithe, Cuntasaíochta agus Iniúchta a Thabhairt Chun Cinn

**Saincheist:** Foilsítear cuntais iniúchta an rialtas ródhéanach faoi láthair chun aon nithe a chur in iúl d'ullmhúchán an bhuiséid bhliantúil. Cuirtear na meastacháin don bhuiséad bliantúil faoi bhráid na parlaiminte ródhéanach chun iad a phlé agus a fhaomhadh roimh thús na bliana lena mbaineann siad.

***Moladh a 5: An buiséad bliantúil agus na cuntais a tháirgeadh, a chur i láthair agus a fhaomhadh níos gasta de réir pleananna reatha trí na bearta seo a leanas a dhéanamh***

**a** **Iarraidh ar an rialtas an buiséad bliantúil a chuir faoi bhráid na parlaiminte i mí Dheireadh Fómhair.** Thabharfadh sé clár ama bhuiséad na hÉireann i gcomhréir le hAmlíne Bhuiséadach Choiteann atá leagtha amach i Rialacháin Two Pack an AE maidir le monatóireacht a dhéanamh ar dhréachtphleananna buiséadacha a éilíonn ar bhallstáit a ndréachtbhuiséid rialtas láir agus áitiúil a fhoilsiú roimh 15 Deireadh Fómhair.

**b** **Iarraidh ar an bparlaimint an buiséad bliantúil a fhaomhadh i mí na Nollag.** Thabharfadh sé seo dhá mhí, ar a laghad do pharlaimint le haghaidh iniúchadh a dhéanamh ar an dréachtbhuiséad agus chinnteodh sé ag an am céanna go mbeadh bonn faofa ag gach eagras poiblí chun a n-oibríochtaí airgeadais a chomhlíonadh ó 1 Eanáir. Tiocfaidh sé le ceangaltas Two Pack an AE chomh maith nach mór glacadh le buiséid an rialtais láir agus áitiúil roimh 31 Nollaig.

**c** **Iarraidh ar an rialtas a gcuntais bhliantúla a chuir faoi bhráid an Ard Reachtaire Cuntas & Ciste roimh mhí Márta nó roimh dháta comhaontaithe roimh ré.** Cheadódh sonraí táirgeachta ó chuntais na bliana roimhe sin a chur in iúl d'ullmhúchán an Chláir Chobhsaíochta Nuashonraithe nach mór a chuir faoi bhráid an AE roimh dheireadh an Aibreáin agus cuireann sé ar fáil an creat le haghaidh ullmhúchán bhuiséad na bliana dár gcionn agus

d **Iarraidh ar an Ard Reachtaire Cuntas & Ciste na cuntais iniúchta a chuir faoi bhráid na parlaiminte roimh mhí Meithimh.** Chinnteodh sé seo go n-ullmhófaí an buiséad bliantúil don bhliain dár gcionn ar bhonn figiúirí táirgeachta iniúchta don bhliain roimhe sin.

## 6 Réamh-mheastacháin Fhioscacha Fhadtéarmacha a ullmhú

**Saincheist:** Beidh tréimhse fada beartas fioscach docht ag teastáil i laghdú an ollfhiachais rialtais ghinearálta na hÉireann ó 121 faoin gcéad den OTI go dtí an sprioc de 60 faoin gcéad den OTI. Ina theannta seo, tá ar Éireann aghaidh a thabhairt ar bhrúnna déimeagrafacha atá ag dul i méid agus an meastachán comhchuibhithe Eorpach ag moladh go dtiocfaidh ardú 7.4 faoin gcéad den OTI ar chaiteachas aoischoibhneasa roimh an bhliain 2050. Níl réamh-mheastacháin fhioscacha na hÉireann ag síneadh amach ach go dtí an bhliain 2015, áfach—níl sé seo ag dul sách fada chun ceachtar acu seo a leanas a léiriú (i) cén chaoi agus cén uair atá súil ag Éireann a sprioc maidir le fiachas a bhaint amach nó (ii) tionchar treochtaí déimeagrafacha agus treochtaí eile fadtéarmacha ar na príomh-chomhiomláin fhioscacha.

### *Moladh a 6: Réamh-mheastacháin fhioscacha fhadtéarmacha a fhoilsiú go rialta mar chuid de cháipéisíocht an bhuiséid bhliantúil*

**a** **Foilsigh leagan an rialtais féin d'anailís ar inbhuanaitheacht fiachais, ag léiriú idirghníomhaíocht na rialacha nua fioscacha, á leathnú amach 10-20 bliain.** Léireoidh sé seo céard a chiallaíonn na rialacha nua do threochtaí caiteachais agus ioncaim an rialtais, chomh maith leis an tionchar a bhíonn ag cásanna maicreaeacnamaíochta comhroghnacha ar chomhiomláin fhioscacha agus ar idirghníomhaíocht na rialacha araon.

**b** **Méadaigh samhail an réamh-mheastacháin inmheánaigh fhioscach fhadtéarmach agus foilsigh a réamh-mheastacháin gach dhá go trí bliana, ar a laghad.** Léireoidh an tsamhail seo an tionchar a bhíonn ag brúnna caiteachais bainteach le haosú agus sláinte agus trí shonraí teidlíochta mionsonraithe a chur san áireamh beidh sé ar a gcumas an tionchar in athruithe beartas i gcaiteachas comhroghnach ar an mbearna fhioscach fhadtéarmach a mheas.

## 7 Athruithe ar Theilgean Fioscach a Réiteach

**Saincheist:** Bíonn mórleasuithe ar theilgin fioscacha meánthéarmacha na hÉireann ón bhuiséad go buiséad. Ar bhonn 'athrú beartas ar bith', idir an SPU agus Buiséad 2013, rinneadh ioncaim cánach a athbhreithniú síos €800 milliún agus athbhreithníodh glanchaiteachas suas €2.2 billiún. Bhí mórathruithe beartas de dhíth air sin chun fanacht laistigh de spriocanna an chláir. Cé go gcuireann Tuarascáil Caiteachais 2013 briseadh síos sonrach ar fáil ar athruithe ar theoireainneacha caiteachais ranna ón bhuiséad deiridh, tá sé deacair a thuiscint an glanéifeacht a bhíonn aige sin ar (i) athruithe ar an gcomhshaol maicreacnamaíoch, (ii) athruithe ar bheartais ioncaim agus caiteachais, agus (iii) ar athruithe teicniúla nó cuntasachta ar an teilgean fioscach.

***Moladh 7: Réiteach níos cuimsithí a chur ar fáil ar athruithe ar phríomh-chomhiomláin fioscacha idir teilgin fhioscacha leanúnacha.***

Is féidir seo a dheánamh trí theilgin leanúnacha ioncaim agus caiteachais a chur i gcomparáid lena chéile agus na héagsúlachtaí sna teilgin sin a bhriseadh síos idir athruithe maicreacnamaíocha, beatas agus teicniúla. Cuirfidh sin níos mó trédhearcachta ar fáil faoi na fachtóirí a chuireann le athrú an teilgin agus conas mar atá an rialtas ag freagairt do na hathruithe sin. Cuideoidh sé freisin le hinchreidteacht na dteorainneacha caiteachais ilbhliantúil a threisiú atá leagtha amach sa MTEF trína léiriú go bhfreastalaítear ar brú nó beartas nua caiteachais laistigh de na teoirainneacha sin.

## 8 agus 9 Anailís Rioscaí Fioscacha a Fheabhsú

**Saincheist:** Foilsíonn an rialtas eolas ar raon leathan rioscaí fioscacha, ach baintear as luach an eolais sin ó tharla go scaiptear é ar fud go leor cáipéisí arna bhfoilsiú ag iliomad gníomhaireachtaí. Sa bhreis air sin, ní thuairiscíonn na haireachtaí atá freagrach as bainistiú fioscach go leor den eolais - An Roinn Airgeadais agus An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe - foilsítear an t-eolas go 'seachtrach' ar nós ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ag an gComhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann agus ag an mBanc Ceannais.

Tugann na feabhsuithe ar thuairisciú fioscach a phléitear thuas go leor eolais le chéile maidir le measúnú rioscaí i dhá thuarascáil. Chuirfeadh staitisticí fioscacha don earnáil phoiblí léargas fíorchruinn ar fáil ar na rioscaí a bhaineann le corparáidí poiblí. Chuirfeadh foisliú na ráiteas airgeadais agus na nótaí do rialtais láir chomhdhlúite, i measc nithe eile, eolas lánpháirthe ar fáil ar shócmhainní agus dliteanais an rialtais agus nótaí ar na rioscaí lena mbaineann.

Mar sin féin, glacfaidh na feabhsuithe sin am agus ní leor iad chun an t-eolas ar fad a thabhairt le chéile ar rioscaí fioscacha in aon áit amháin. Chuideodh dhá thuarascáil nua an bhearna a líonadh: ráiteas cuimsitheach ar rioscaí fioscacha agus tuarascáil ar bhainistiú pórtfóilió sócmhainní agus dliteanas an rialtias.

***Moladh 8: Ba chóir go bhfoilseodh an Roinn Airgeadais mar chuid de cháipéisíocht an bhuiséid ráiteas cuimsitheach bliantúil ar rioscaí fioscacha ina mbeidh ailt orthu seo a leanas***

**a** **Anailís mmicreacnamaíoch rioscaí** (ag tagairt d'anailís atá ann cheana féin agus a foilsíodh sa Ráiteas Fioscach Meánthéarmach, sa Tuairisc chun dáta ar an gClár Cobhsaíochta, agus Tuarascáil Measúnaithe Fioscach an IFAC)

b **Rioscaí sonracha ioncaim nach léirítear san anailís micreacnamaíoch** (Ráiteas Fioscach Meánthéarmach).

c **Dliteanais teagmhasacha, lena n-áirítear ráthaíochtaí, árachas, caipiteal inghlaoite, slánaíochtaí, dlíthíocht srl** (Cuntais Airgeadais, tuarascáil C&AG , Cuntais Leithreasa).

d **Rioscaí a bhaineann leis an earnáil airgeadais sa bhreis ar na rioscaí a bhaineann le ráthaíochtaí follasacha** (Athbhreithniú Macra-Airgeadais CBI).

e **Rioscaí a bhaineann le luachanna sócmhainní agus dliteanais agus sreafa airgid gaolmhara, lena n-áirítear fiachas, díorthaigh, sócmhainní airgeadais, pinsin, forálacha agus CPPanna** (tuarascálacha bliantúla NTMA, NPRF, Éilimh Stáit, tuarascáil C&AG).

***Moladh 9: Ba chóir don Roinn Airgeadais nó don NTMA tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar straitéis an rialtais maidir le bainistiú a phórtfóilió sócmhainní agus dliteanas, lena n-áirítear fiachas, an ciste NPRF, agus scaireanna i gcorparáidí airgeadais agus neamhairgeadais.***

## 10 Caighdeáin agus Cleachtais Tuairiscithe Airgeadais a Chomhchuibhiú

**Saincheist:** Níl aon oifigeach ná aonad buan ann i riarachán na hÉireann atá freagrach as caighdeáin tuairiscithe airgid a leagan amach agus a fhorfheidhmiú ar fud na hearnála poiblí. [1] Mar thoradh air sin, níl aon sraith rialacha cuntasaíochta ná nósanna imeachta daingean ann i bhfeidhm i ranna rialtais, i gcistí breise buiséid, i gcomhlachtaí leathstáit, i rialtais áitiúila agus i gcorparáidí poiblí. Dá bhrí sin is rud an-chostasach é eolas airgeadais ar fud an rialtais a chomhdhlúthú agus feabhsuithe ar fud an chórais a chur chun cinn i gcleachtais tuairiscithe airgeadais agus glacann sé go leor ama.

***Moladh 10: Aonad tuairiscithe airgid rialtais buan a bhunú sa DoF nó sa DPER a bheadh faoi stiúir Phríomhoifigeach Airgeadais (CFO) nó Stiúrthóir Cuntasaíochta Rialtais (DGA).***

D'fhéadfadh go mbeadh athruithe reachtaíochta de dhíth chun an t-údaras atá riachtanach a thabhairt don CFO/DGA. Ba chóir go mbeadh an CFO/DGA cáilithe go cuí agus go mbeadh taithí iomchuí cuntasaíochta, tuairiscithe airgeadais agus taithí eile aige/aici. Ba chóir go bhfaigheadh sé/sí tacaíocht ó ghrúpa beag gairmithe airgeadais agus ba chóir go mbeadh sé/sí freagrach as na nithe seo a leanas

a **Caighdeáin tuairiscithe airgeadais do gach aonán earnála poiblí a leagan amach bunaithe ar chaighdeáin staitistice agus cuntasaíochta idirnáisiúnta agus Eorpacha**

b **Na caighdeáin sin a fhorfheidhmiú maidir le hullmhú tuairiscí airgid de chuid comhlachtaí earnála poiblí ag tús na bliana agus ag deireadh na bliana**

c **Na Ráitis Airgeadais Rialtais Láir chomhdhlúite atá beartaithe don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhar iniúchta a ullmhú agus a sheachadadh**

1 Mar sin féin, tá an Rannóg Cuntasaíochta Rialtais sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe freagrach as nósanna imeachta a chur le chéile d'ullmhú na gCuntas Vótáilte faoi réir forálacha fadréimseacha Acht na Ranna Státchiste agus Iniúchta1866.

**d** **Comhoibriú leis an CSO, DECLG, CBO agus aonán poiblí eile ar ullmhú na staitisticí fioscaigh don rialtas ginearálta agus don earnáil phoiblí agus**

**e** **Caighdeáin ghairmiúla don ghairm cuntasaíochta rialtais a bhunú agus a chothabháil.**

Briseann an Plean Gnímh Trédhearcachta Fioscach a cuireadh leis an tuarascáil síos gach ceann de na moltaí seo síos ina sraitheanna gníomhartha sonracha a d'fhéadfaí a ghlacadh thar na chúig bliana amach romhainn chun na moltaí seo a chur i bhfeidhm agus aithítear sa phlean freisin na gníomhaireachtaí atá freagrach as gach moladh.

# 2 Fiachais Rialtais

**2.1** Is ionann an t-ioncam ó chánachas agus ó mhuirir eile agus an príomhfhoinse do mhaoiniú Stáit. Tá an Stát rannpháirteach i raon gníomhaíochtaí iasachta chun cur leis an maoiniú sin. Leagan an tuarascáil seo amach comhdhéanamh agus treocht an mhaoinithe fiachais agus an costas a bhaineann le fónamh a dhéanamh ar fhiachas. Leagann sé amach freisin na forbairtí atá i gceist le go mbeidh sé ar chumas na hÉireann filleadh ar an margadh fiachais cheannasaigh.


## Fiachas Ginearálta Rialtais

**2.2** Is é an tomhas is cuimsithí ar fhiachas rialtais ná Fiachas Ginearálta Rialtais (Fiachas GR), an tomhas caighdeánaithe idirnáisiúnta fiachais a bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ar gach tír de chuid an AE é a úsáid i gcomhar tuairiscithe débhliantúil ar easnamh agus fiachas rialtais faoi Chonradh Maastricht. Sainmhíníonn rialacháin AE an Fiachas GR mar ollfhiachas iomlán na hearnála comhdhlúite rialtais ghinearálta ar luach ainmniúil atá gan íoc ag deireadh na bliana — is é sin, an t-ollfhiachas iomlán atá dlite ag gach comhlacht rialtais do thríú páirtithe lasmuigh den rialtas.[1] Ní dhéantar fiachas atá dlite ag comhlacht rialtais amháin do chomhlacht rialtais eile ar áireamh i bhFiachas GR.

**2.3** In Éirinn áirítear an chuid is mó de chomhlacht na hearnála poiblí san earnáil rialtais ghinearálta, ach ní áirítear bainc atá faoi úinéireacht phoiblí, Infheistíochtaí NAMA Teo, agus na cuideachtaí Stáit sin a fheidhmítear ar bhonn tráchtála agus a chlúdaíonn an chuid is mó dá gcostais oibríochta trí dhíolacháin. Tá comhdhéanamh an Fhiachais GR leagtha amach i bhFíor A1 in Iarscríbhinn A.

**2.4** B'ionann an Fiachas GR ag deireadh na bliana 2012 agus €192 billiún — ardú de bheagnach 14% ón mbliain 2011. Tá an treocht suntasach is airde maidir le Fiachas GR ón mbliain 2007 leagtha amach i bhFíor 2.1.

**Fíor 2.1 Treocht i bhFiachas Ginearálta Rialtais, 2007 go 2012** [a]




Foinse: Fíor A, Fíor A1


Nóta: a Is ionann ríomh Fiachas GR agus próiseas staitistiúil. Mar thoradh air sin, tá méideanna faoi réir ag athbhreithniú.

1 Go sonrach, sainmhínítear Fiachas GR mar dhliteanais chomhdhlúite na hearnála ginearálta rialtais sna catagóirí seo a leanas: Chórais Eorpach na gCuntas 1995 (ESA95): airgeadra agus taiscí; urrúis seachas scaireanna gan díorthacha airgeadais san áireamh; agus iasachtaí.

## Fiachas GR mar chion den OTI

**2.5** Is ionann an cóimheas Fiachas GR le holltáirgeacht intíre (OTI) agus tomhas caighdeánach inbhuanaitheachta a fheidhmítear chun críocha comparáide ar fud an AE. D'ardaigh an Fiachas GR mar chion de OTI ó 25% in 2007 go 117% de OTI in 2012 (féach Fíor 2.2).

**Fíor 2.2 Fiachas GR mar chion de OTI, 2007 go 2012**




Foinse: Iarscríbhinn A, Fíor A2

**2.6** Sheas an fiachas rialtais foriomlán de OTI do limistéar an Euro (EA17) ag 91% ag deireadh na bliana 2012. B'ionann an Fiachas GR do limistéar an AE27 agus 85%.[1] Ag deireadh na bliana 2012, rinneadh taifeadadh ar na cóimheasa b'ísle d'fhiachas rialtais de OTI san Eastóin (10%), sa Bhulgáir (19%) agus sa Lucsamburg (21%). Níor taifeadadh feabhas san fhiachas ginearálta rialtais maidir le OTI in 2012[2] ach amháin i sé bhallstát.

## Ollfhiachas Náisiúnta

**2.7** Is é an t-ollfhiachas náisiúnta an comhchuid is mó den Fhiachas GR, ar fhiachas é a eascraíonn as iasachtaí an Státchiste, a thóg an Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht) ar láimh. B'ionann é sin agus €161.5 billiún ag deireadh na bliana 2012. Ó dheireadh na bliana 2012 go deireadh mhí an Mheithimh 2013, tháinig ardú 24% eile air sin go €199.7 billiún.[3]


**2.8** Léiríonn Fíor 2.3 na treochtaí sna comhchodanna móra den ollfhiachas náisiúnta ó 2007 go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2013.

1 Déanann an AE27 ionadaíocht ar gach Ballstát san AE, lena n-áirítear na tíortha sin nár ghlac leis an Euro mar airgeadra. Tá 28 tír san AE anois ó tháinig an Chróit isteach i mí Iúil 2013. Féach Iarscríbhinn A, Fíor A3.

2 An Danmhairg, An Ghréig, An Laitvia, An Pholainn, An Ungáir agus an tSualainn.

3 Níl iniúchadh déanta ar fhigiúirí 3 Meitheamh 2013.

**Fíor 2.3 Ollfhiachas Náisiúnta ag Par Luachanna Infhuascailte, 2007 go 2012 (deireadh na bliana) agus ag deireadh mhí an Mheithimh 2013**





Foinse: Iarscríbhinn A, Fíor A4

## An Margadh Fiachais

**2.9** Is táscaire lárnach é an toradh ar bhannaí Rialtas na hÉireann maidir le cathain a bheidh ar chumas na hÉireann iasacht a fháil ar an margadh.[1] Thosaigh dibhéirsiú suntasach ag teacht ar an toradh ar fhiachas na hÉireann i gcomparáid leo siúd sa Ghearmáin ó lár na bliana 2010 (féach Fíor 2.4). Mar thoradh air sin, ó Mheán Fómhair 2010 go dtí Iúil As 2012, níor lorg an Ghníomhaireacht aon mhaoiniú nua sna margaí bannaí.

**2.10** I mí Iúil na bliana 2012, d'fhill an Ghníomhaireacht ar an margadh fiachais gearrthéarmach nuair a cuireadh billí cisteáin trí mhí ar ceant. Reáchtáil an Ghníomhaireacht aon cheant déag den chineál sin faoi dheireadh mhí Iúil 2013, eisíodh €500 milliún trí cheant iomaíoch le linn gach aon ócáid. B'ionann agus 1.8% an toradh bliantúil ag an gcéad cheant sa bhliain 2012 agus tháinig laghdú go 0.2% air sin ag an gceant i mí Iúil 2013.

**Fíor 2.4 Torthaí banna deich mbliana na hÉireann agus na Gearmáine, 2008 go Meitheamh 2013**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (ríomhaireachtaí Bloomberg agus an NTMA)

Nóta: Sa chás nach bhfuil toradh banna deich mbliana na hÉireann ar fáil, díorthaítear toradh sintéiseach ó thorthaí bannaí eile de chuid Rialtas na hÉireann don tréimhse sin.

1 Is ionann an toradh agus an fáltas a bheidh á fháil ag infheisteoirí as seilbh bannaí.

**2.11** D'athiontráil an Ghníomhaireacht an margadh fiachais freisin le linn na bliana 2012. Tá mionsonraí maidir leis na forbairtí leagtha amach thíos.

### *Fiachas Meántéarmach agus Fadtéarmach*

**2.12** B'ionann an fiachas meántéarmach agus fadtéarmach ag deireadh mhí an Mheithimh 2012 agus 89% den ollfhiachas náisiúnta. Bhí sé sin comhdhéanta den chuid is mó d'iasachta i bhfoirm bannaí rialtais[1] (€115.5 billiún) agus iasachtaí faoi Chlár Tacaíochta Airgeadais AE-IMF d'Éirinn a comhaontaíodh faoi dheireadh na bliana 2010 (€61.6 billiún).[2]

#### *Bannaí Ráta Socraithe*

**2.13** Ó athiontráladh an margadh bhí an díolachán bannaí seo a leanas ann

- Rinneadh €2.894 billiún (luach ainmniúil) de bhanna cisteáin nua de 5.5% a thiocfaidh in aibíocht in 2017 a dhíol ar thoradh de 5.9% an 26 Iúil 2012
- Rinneadh €1.299 billiún (luach ainmniúil) de bhanna cisteáin 5% a bhí ann agus a thiocfaidh in aibíocht in 2020 a dhíol ar thoradh de 6.1% an 26 Iúil 2012
- Rinneadh €2.5 billiún (luach ainmniúil) de bhanna cisteáin 5.5% a thiocfaidh in aibíocht in 2017 a dhíol ar thoradh de 3.316% an 8 Eanáir 2013
- Rinneadh €5 billiún de bhanna nua 10 mbliana a thiocfaidh in aibíocht in 2023 a dhíol ar thoradh de 4.15% an 13 Márta 2013.

**2.14** I mí na Nollag 2012 agus i Márta 2013 chuir an Ghníomhaireacht €1 billiún ar an iomlán den bhanna 5% a bhí le teacht in aibíocht in 18 Aibreán 2013 ar ceal. I mí Iúil 2013, chealaigh sí €750 milliún den bhanna 4% a bhí le teacht in aibíocht an 15 Eanáir 2014.

**2.15** Le linn na bliana 2012, thug an Ghníomhaireacht deis d'infheisteoirí freisin bannaí atá ina seilbh faoi láthair a mhalartú ina mbannaí lena mbaineann aibíocht níos faide. Mar thoradh air sin, cuireadh síneadh d'aon bhliain amháin go 2015 le haibíocht bannaí arbh fhiú 3.53 billiún iad (a thiocfaidh in aibíocht in 2014) agus rinneadh €1.04 billiún eile de shealúchas láithreach bannaí (a thiocfaidh in aibíocht in 2013 agus 2014) a mhalartú go bannaí le tréimhse aibíochta níos faide (2017 agus 2020).

#### *Bannaí Amúchta*

**2.16** Chuir an Ghníomhaireacht táirge nua ar fáil an 23 Lúnasa 2012 - banna amúchta trí eisiúint 'tap'.[3] Déanann bannaí amúchta íocaíochtaí bliantúla comhionanna (comhdhéanta den phríomhshuim agus ús) thar a saolré, agus tá siad deartha le freastal ar riachtanais an tionscal pinsean. B'ionann agus 5.91% an meán-toradh a baineadh amach agus bhí na téarmaí aibíochta deiridh idir 15 agus 35 bliain. Ní raibh baint ach ag díreach os cionn €1 billiún de na bannaí rialtais a eisíodh ag deireadh na bliana 2012 le bannaí amúchta. Tháinig ardú go dtí os cionn €1.2 billiún ar sin faoi dheireadh mhí an Mheithimh na bliana 2013.

1 Bhí bannaí rialtais chomhdhéanta de bhannaí ráta socraithe, bannaí ráta comhlúthach agus bannaí amúchta ag deireadh Mheithimh 2013.

2 Chomhaontaigh an Rialtas clár tacaíochta airgeadais ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF), ón gCoimisiún Eorpach agus ón Bhanc Ceannais Eorpach (ECB) an 28 Samhain 2010.

3 Is ionann eisiúint 'tap' agus eisiúint banna a fhógraítear aon uair an chloig sula gcuireann Bloomberg nádúr, praghas agus méid na mbannaí amúchta in iúl. Ní bhíonn an tairiscint ar fáil de ghnáth ach ar feadh dhá uair an chloig.

*Tionchar an nóta gealltanais ar an bhfiachas náisiúnta*

**2.17** Tháinig ardú ar leibhéal na mbannaí rialtais a bhí eisithe ag deireadh Mhárta 2012 nuair a eisíodh bannaí chun freastal ar íocaíocht nóta gealltanais €3.06 billiún a bhí dlite don Irish Bank Resolution Corporation Limited (IBRC). Mar gheall go raibh an luach margaidh ag an am os cionn €88 in aghaidh an €100 ainmniúil, d'eisigh an Ghníomhaireacht bannaí le luach ainmniúil de €3.46 billiún chun freastal ar an íocaíocht. Bhí an toradh ar na bannaí agus, dá bhrí sin, an ráta éifeachtach úis ar an aisíocaíocht de €3.06 billiún, os cionn 6.8%.

**2.18** Tháinig ardú ar leibhéal na mbannaí rialtais arís i bhFeabhra na bliana 2013, mar thoradh ar an IBRC a leachtú.[1] Tháinig bannaí rialtais in ionad na nótaí gealltanais a bhí seilbh an Central Bank of Ireland mar chomhthaobhacht as iasacht a thabhairt don IRBC an 8 Feabhra 2013. Chun na críche sin d'eisigh an Ghníomhaireacht ocht mbanna nua ráta comhlúthach le luach iomlán de €25.034 billiún a thiocfaidh siad in aibíocht idir 25 go 40 bliain. Tá an chéad chuid de na bannaí sin le teacht in aibíocht in 2038 agus tá an chuid eile de na bannaí le teacht in aibíocht gach dhá bhliain idir 2041 agus 2053. Beidh ús á íoc ag na bannaí gach sé mhí (Meitheamh go Nollaig) bunaithe ar ráta úis 6 mhí Euribor móide corrlach ús socraithe de mheánmhéideanna 2.63% feadh ocht n-eisiúint (idir 2.50% agus 2.68%).

*Clár Tacaíochta Airgeadais AE-IMF*

**2.19** Soláthraíonn Clár EU-IMF na hÉireann maoiniú iomlán de €85 billiún, déanta suas de 17.5 billiún d'acmhainní an Stáit féin agus 67.5 billiún ó shaoráidí AE, an IMF agus iasachtaí déthaobhacha. B'ionann an dliteanas fiachais ainmniúil a bhí ag seasamh amach ag deireadh mhí an Mheithimh agus beagnach €61.6 billiún mar atá leagtha amach i bhFíor 2.5.[2] Is ionann é sin agus 91% den mhaoiniú seachtrach atá ar fáil.

**Fíor 2.5 Clár Tacaíochta Airgeadais an EU-IMF d'Éirinn, Nollaig 2012 agus Deireadh mhí an Mheithimh 2013**[a]

| Iasachtóir | Nollaig 2012 | | Deireadh an Mheithimh 2013 | |
|---|---|---|---|---|
| | €m | Meántéarma (blianta) [b] | €m | Meántéarma (blianta) [b] |
| IMF | 19,030 | 7.5 | 21,106 | 7.5 |
| EFSF[c] | 12,214 | 11.7 | 14,614 | 20.8 |
| EFSM | 21,700 | 12.4 | 21,700 | 12.4 |
| Iasachtaí déthaobhacha[d] | 2,954 | 7.5 | 4,142 | 7.5 |
| **Iomlán** | **55,898** | **10.3** | **61,562** | **12.4** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí:
a Déantar na hiarmhéideanna a lua glan ar idirbhearta fálaithe airgeadra.
b Téarma meán ualaithe ó dháta tarraingthe anuas.
c Taispeántar figiúirí EFSF glan ar chorrlach réamhíoctha de €530 milliún. (B'ionann agus €62.09 billiún an dliteanas comhiomlán lena n-áirítear an corrlach réamhíoctha ag deireadh mhí an Mheithimh 2013).
d Is leis an Ríocht Aontaithe, leis an Danmhairg agus leis an tSualainn atá na hiasachtaí déthaobhacha.

1 Ceapadh sain chomhleachtaitheoirí don IRBC an 7 Feabhra 2013.

2 Cé gur sheas an dliteanas ainmniúil ag deireadh mhí an Mheithimh 2013 ag €61.6 billiún, b'ionann tarraingt anuas an Státchiste agus €61.4 billiún tar éis coigeartaithe d'eisiúint nach bhfuil ag feidhmiú go maith agus asbhaint corrlaigh réamhíoctha agus éifeacht idirbhearta malairte coigríche.

**2.20** Thángthas ar chomhaontú sa bhliain 2011 leis na corrlaigh úis a laghdú agus cur le haibíocht na n-iasachtaí a dheonaigh an tSaoráid Chobhsaíochta Airgeadais Eorpach (EFSF) agus an Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM). Ina dhiaidh sin rinneadh laghdú ar chorrlaigh úis na n-iasachtaí déthaobhacha. In Aibreán na bliana 2013, chomhaontaigh Airí Airgeadais an AE agus limistéar an Euro i bprionsabal tuilleadh síneadh a chur le meáin ualaithe saoil na n-iasachtaí faoin EFSF agus faoin EFSM araon. Comhaontaíodh dátaí aibíochta leasaithe na n-iasachtaí EFSF i mí an Mheithimh 2013 agus tá siad léirithe i bhFíor 2.5. Cé nach gcinnfear dátaí aibíochta leasaithe na n-iasachtaí EFSM aonair ach amháin de réir mar a shroicheann siad a gcuid dátaí aibíochta bunaidh, ní mheastar go mbeidh ar Éirinn athmhaoiniú a dhéanamh ar aon cheann dá chuid iasachtaí EFSM roimh 2027.


**2.21** B'ionann agus 3.2% costas socraithe comhionann an euro iomlán a bhí measta ag an nGníomhaireacht (a thógann fálaithe coibhneasa san áireamh) ar iasachtaí an chláir ag deireadh mhí an Mheithimh 2013. Bhí €51.9 billiún den €61.6 billiún iomlán ag ráta socraithe agus an t-iarmhéid ag rátaí comhlúthacha.[1]

*Próifíl Aibíochta*

**2.22** Tá dátaí éagsúla aibíochta ag gabháil le fiachas meántéarmach agus fadtéarmach. Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2013, bhí aibíocht iarmharach na mbannaí rialtais ar ráta socraithe a bhí eisithe sa raon ó bhliain amháin go 12 bliain agus bhí aibíocht bannaí amúchta sa raon ó 14 go 34 bliain agus bhí aibíocht bannaí ar ráta comhlúthach sa raon ó 25 go 40.  Tá an aibíocht is faide a ghabhann le hiasacht faoi chlár EU-IMF os cion 29 bliain I láthair na huaire.

**2.23** Léirítear i bhFíor 2.6 próifíl aibíochta iarmharach na mbannaí rialtais (ráta socraithe, ráta amúchta agus ráta comhlúthach) agus an maoiniú faoin gclár EU-IMF (€177 billiún ar an iomlán) ag deireadh mhí an Mheithimh 2013.

**Fíor 2.6 Próifíl aibíochta iarmharach na mbannaí rialtais agus maoiniú an Chláir EU-IMF a sealbhaíodh ag deireadh mhí an Mheithimh 2013** [a]




Foinse: Iarscríbhinn A, Fíor A5

Nótaí:
a Taispeántar iarmhéideanna an Chláir EU-IMF glan ar idirbhearta fálaithe nuair is cuí.
b Léiríonn iasachtaí EU-IMF na síntí aibíochta a comhaontaíodh i mí an Mheithimh 2013.
c Áirítear bannaí amúchta i mbannaí ráta socraithe


1 Áirítear le fiachas ráta socraithe iasachtaí EFSF a eisíocadh mar chuid de mheicníochtaí maoinithe comhthiomsaithe. Baineann costas na n-iasachtaí comhthiomsaithe EFSF sin le costas cistí EFSF chun bainistiú a dhéanamh ar an gcomhthiomsú agus is féidir le hathrú a theacht air sin ó am go ham.

### *Fiachas Gearrthéarmach*

**2.24** Is ionann fiachas gearrthéarmach agus fiachas le haibíocht bhunaidh atá níos lú ná aon bhliain amháin. Ag deireadh mhí an Mheithimh 2013, bhí fiachas gearrthéarmach comhdhéanta go príomha d'iasachtaí i bhfoirm nótaí Státchiste, billí Státchiste agus clár pháipéar thráchtála Euro. Ag deireadh na bliana 2011, bhí 79% den fhiachas gearrthéarmach a bhí eisithe i bhfoirm nótaí Státchiste (€2.3 billiún) i seilbh NAMA. Ní raibh aon nótaí Státchiste i seilbh NAMA, áfach, ag deireadh na bliana 2012.

**2.25** Déantar comparáid maidir le próifíl aibíochta fiachas gearrthéarmach ag deireadh na bliana 2007 agus ag deireadh mhí an Mheithimh 2013 i bhFíor 2.7.

**Fíor 2.7 Próifíl aibíochta fiachas gearrthéarmach, mí na Nollag 2007 agus deireadh mhí an Mheithimh 2013**




Foinse: Iarscríbhinn A, Fíor A6

## Nótaí Gealltanais

**2.26** Sa bhliain 2010, mar chuid den phróiseas caipitilithe bainc, d'eisigh an tAire Airgeadais nótaí gealltanais ar luach €30.85 billiún don IBRC agus don Educational Building Society (EBS).[1] Cruthaíodh Fiachas Stáit lasmuigh den ollfhiachas náisiúnta faoi stiúir na Gníomhaireachta mar ghlanéifeacht ar an mbeart sin. Ag deireadh na bliana 2012, b'ionann luach ainmniúil na nótaí gealltanais a bhí amuigh agus €25.3 billiún.

**2.27** Ní raibh aon eisíoc láithreach airgead tirim ag an Stát nuair a d'eisigh sé na nótaí Gealltanais. Faoi théarmaí na nótaí, bhí tráthchodanna atá comhionann le 10% na méideanna a bhí gan íoc amhail an 31 Nollaig 2010 le déanamh ar bhonn bliantúil ar dhátaí socraithe.[2] Fabhraítear ús ar na méideanna atá gan íoc. Rinneadh na chéad íocaíochtaí as an bPríomh-Chiste sa bhliain 2011.

**2.28** Freastalaíodh ar thráthchodanna na bliana 2012 trí dhá idirbheart

- D'eisigh an Ghníomhaireacht bannaí a thiocfaidh in aibíocht sa bhliain 2025 le luach ainmniúil de €3.46 billiún le freastal ar an íocaíocht de €3.06 billiún atá dlite don IBRC.
- Íocadh €25 milliún ón bPríomh-Chiste i ndáil le nótaí gealltanais a eisíodh do EBS.

1 Eisíodh nótaí gealltanais chuig trí Fhoras – Anglo Irish Bank, Irish Nationwide Building Society (INBS) agus EBS. Rinneadh Anglo agus an INBS a chumasc ina dhiaidh sin leis an IRBC.

2 Bhí íocaíochtaí dlite don IRBC an 31 Márta agus don EBS an 17 Meitheamh (nó ar gcéad lá gnó eile nach laethanta gnó iad na laethanta sin).

### *Leachtú an IBRC*

**2.29** An 7 Feabhra 2013 ritheadh an tAcht an Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc agus ceapadh sain-chomhleachtaitheoirí don IBRC. Nuair a ceapadh na leachtaitheoirí rinneadh úinéir tairbhiúil do Central Bank of Ireland ar an gcomhthaobhacht a bhí á húsáid ag an IBRC le hiasacht a fháil ón Central Bank of Ireland agus bhí na nótaí gealltanais san áireamh ansin.

**2.30** B'ionann luach na mbannaí ar ráta comhlúthach a d'eisigh an Ghníomhaireacht le cur in ionad na nótaí gealltanais agus €25.034 billiún, a bhí comhionann le luach ainmniúil na nótaí gealltanais.

**2.31** Tá an Central Bank of Ireland mar úinéir tairbhiúil anois ar na bannaí a eisíodh chun tráthchuid nóta gealltanais 2012 an IRBC a chomhlíonadh agus freisin ar na bannaí a eisíodh i mí Feabhra 2013 le cur in ionad nótaí gealltanais an IRBC. Tá siad sin á gcoinneáil ag an Central Bank of Ireland i bpunann faoi leith agus is féidir iad a dhíol nuair a thugann coinníollacha cobhsaíochta airgeadais an deis é sin a dhéanamh.

**2.32** B'ionann luach ainmniúil na nótaí gealltanais a bhí amuigh amhail an 30 Meitheamh 3013 agus €214 milliún. Baineann siad sin leis an EBS. Tá an ghluaiseacht i luach ainmniúil na nótaí gealltanais idir 2010 agus mí an Mheithimh 2013 leagtha amach i bhFíor 2.8.

**Fíor 2.8 Luach ainmniúil na nótaí gealltanais a bhaineann le baincéireacht amhail an 17 Meitheamh 2013**

| | IBRC | EBS | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€m** | **€m** | **€m** |
| Luach na nótaí gealltanais a eisíodh | 30,600 | 250 | 30,850 |
| Íocaíochtaí in 2011[a] | (3,060) | (25) | (3,085) |
| Luach ainmniúil deireadh 2011 | 28,094 | 239 | 28,333 |
| Íocaíochtaí in 2012 [a] | (3,060) | (25) | (3,085) |
| Luach ainmniúil deireadh 2012 | 25,034 | 227 | 25,261 |
| Íocaíochtaí in 2013 [a] | — | (25) | (25) |
| Cealuithe in 2013[b] | (25,034) | — | — |
| **Luach Ainmniúil Meitheamh 2013** | **—** | **214** | **214** |

Foinse: An Roinn Airgeadais

Nótaí:
a Bhí saoire i ndáil le hús i gceist le nótaí gealltanais an IRBC idir an 1 Eanáir 2011 agus 31 Nollaig 2012. Nuair is cuí, áirítear gné phrionsabail agus úis sna híocaíochtaí a dhéantar. Tagann laghdú ar luach na nótaí gealltanais de réir na gné prionsabail den íocaíocht gach aon bhliain.

b Baineann an cealú le heisiúint bannaí ar ráta comhlúthach le cur in ionad nótaí gealltanais an IRBC.

## Costais maidir le fónamh a dhéanamh ar fhiachas

**2.33** Is é an costas maidir le fónamh don fhiachas atá nochta i gcuntais na Gníomhaireachta don bhliain 2012 ná beagnach €6.5 billiún nuair tomhaistear é ar bhonn airgead tirim. Nuair a thógtar aistriú an €646 milliún ó chistí reatha san áireamh, áfach, chuig cistí fiachmhúchta reachtúla, b'ionann an eisíocaíocht fónaimh agus €5.8 billiún.[1]

**2.34** Ceileann tomhais chostais maidir le fónamh a dhéanamh ar fhiachas ar bhonn airgead tirim an éifeacht atá le hoibleagáidí fónaimh a bhí fabhraithe ag deireadh na bliana ach atá le hurscaoileadh fós. Nuair a thomhaistear an costas maidir le fónamh a dhéanamh ar fhiachas ar bhonn fabhraithe, b'ionann an costas maidir le fónamh sa 2012 agus €6.3 billiún.[2] B'ionann an costas coibhéiseach don bhliain 2011 agus €5.3 billiún — ardú de 19% bliain ar bhliain.

**2.35** Tháinig ardú 284% idir na blianta 2007 agus 2012 ar an ollfhiachas náisiúnta. D'ardaigh an costas maidir le fónamh a dhéanamh ar fhiachas, nuair a thomhaistear é ar bhonn fabhraithe, de réir ráta comhchosúil sa tréimhse céanna ó €1.6 billiún go €6.3 billiún.

### *Meánchostas Iasachtaí*

**2.36** Ag deireadh mhí an Mheithimh 2013, rinne trí chomhchuid suas 96% den ollfhiachas náisiúnta.

- B'ionann bannaí rialtais agus 58% den ollfhiachas náisiúnta. B'ionann bannaí ráta socraithe agus bannaí amúchta agus beagnach 45% den fhiachas ag meánráta úis de 4.79%.[3] B'ionann bannaí ráta comhlúthach agus 13% ag ráta úis de 2.95% ag tráth íoctha na chéad íocaíochtaí úis i mí an Mheithimh 2013.[4]
- B'ionann iasacht faoi chlár an EU-IMF agus an tríú cuid den ollfhiachas náisiúnta. Bhí costas comhionann measta an euro ag deireadh na bliana 2013 ag 3.2%, tar éis costais fálaithe a thabhairt san áireamh.
- B'ionann scéimeanna coigilteas Stáit agus díreach os cionn 7% den na hiasachtaí. Bhí rátaí uasta úis idir 1.32% agus 2.11% d'infheistíochtaí nua síos ó 3.23% agus 3.53% in 2011 (bannaí coigilteas agus cairteacha coigiltis - arbh ionann iad agus beagnach 75% de na hiasachtaí sin) ag baint leis an dá scéim is mó.

**2.37** Mheas an Ghníomhaireacht gurbh ionann meánchostas ualaithe le fónamh a dhéanamh ar an ollfhiachas náisiúnta ná 3.8% ag deireadh mhí an Mheithimh 2013. Ar an dáta sin, bhí 80% den fhiachas ag ráta socraithe, lena n-áirítear fiachas nuair a tugadh faoi fhálú. Bhí iarmhéid an fhiachais ag rátaí úis comhlúthacha.

**2.38** Tá ráta úis ar an gcuid de nótaí gealltanais an EBS atá fágtha ag ráta socraithe de 5.46%.

1 Úsáidtear an ciste fiachmhúchta chun fiachas a aisíoc.

2 Aithníonn an bonn fabhraithe na costais a thabhaítear seachas méideanna a íocadh agus ní thógtar gluaiseachtaí sa chiste fiachmhúchta san áireamh.

3 Is ionann é sin agus an ráta úis ainmniúil atá difriúil ón toradh.

4 Is ionann é sin agus ráta úis sé mhí Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro (Euribor) móide meánchorrlach de 263 bonnphointe.

## Sócmhainní Airgid Thirim agus Sócmhainní Airgeadais Eile

**2.39** Sainmhíníonn an Ghníomhaireacht fiachas náisiúnta na hÉireann mar ollfhiachas náisiúnta atá tabhaithe ag an Státchiste, lúide iarmhéideanna airgid thirim agus sócmhainní airgeadais eile.

**2.40** B'ionann sócmhainní airgid thirim agus sócmhainní airgeadais eile agus €23.8 billiún ar an iomlán ag deireadh na bliana 2012 agus ag deireadh mhí an Mheithimh 2013, agus b'ionann a gcomhluach agus €30.6 billiún (féach Fíor 2.9). Léiríonn sé sin ardú os cionn 28% ó dheireadh na bliana 2012. Tá sé ráite ag an nGníomhaireacht go bhfuil sé i gceist aici réamh-mhaoiniú dhá mhí dhéag go cúig mhí dhéag a bheith i bhfeidhm aici sula gcríochnóidh an Clár EU-IMF ag deireadh na bliana 2013.

**Fíor 2.9 Sócmhainn Airgid Thirim agus Sócmhainní Airgeadais Eile, 2007 agus 2012 go deireadh mhí an Mheithimh 2013a**

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | Meitheamh-13 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| Cuntas Státchiste | 3,997 | 21,269 | 21,026 | 11,399 | 13,099 | 15,280 | 14,077 |
| Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla | — | — | — | 600 | — | — | 59 |
| Páipéar tráchtála na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe | — | — | — | 3,585 | 3,848 | 3,982 | 3,869 |
| Taiscí Bainc (lena n-áirítear taisce chomhthaobhaithe) | 490 | 790 | 790 | 580 | 30 | 3,020 | 10,064 |
| Billí Státchiste Neamh-Éireannacha | — | — | — | — | — | 1,045 | 1,991 |
| Maoiniú comhthaobhachta a taisceadh le contrapháirtithe | — | — | — | — | 715 | 523 | 585 |
| **Iomlán** | **4,487** | **22,059** | **21,816** | **16,164** | **17,692** | **23,850** | **30,645** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Níl iniúchadh déanta ar fhigiúirí dheireadh mhí an Mheithimh 2013.

**2.41** Cé go raibh €19.3 billiún den €23.8 billiún in airgead tirim agus í sócmhainní airgeadais eile ag deireadh na bliana 2012 ar fáil don Stát láithreach nó ar ghearrfhógra, ní raibh €3.98 billiún de nótaí ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe inréadaithe go réidh. Beidh an €523 milliún a úsáideadh le maoiniú a dhéanamh ar chomhthaobhacht atá taiscithe le contrapháirtithe díorthach faoi chomhaontuithe tacaíochta creidmheasa, cé nach bhfuil sé inréadaithe go réidh, ar fáil le hathruithe i margadhluach na ndíorthacha gaolmhara nó mar a thagann aibíocht ar dhíorthacha.

**2.42** Ag deireadh mhí an Mheithimh 2013, bhí beagnach 46% den airgead tirim agus sócmhainní airgeadais eile i seilbh mar airgead tirim ar thaisce sa Central Bank. Dámhtar iarmhéideanna airgid thirim atá i gcuntas an Státchiste ag an ráta Meáninnéacs Euro Thar Oíche (EONIA). B'ionann meánráta EONIA i mí an Mheithimh agus 2013 agus 0.09%.

**2.43** Ag deireadh mhí an Mheithimh 2013, rinne an Ghníomhaireacht infheistíocht ar chion de na hiarmhéideanna airgead tirim a bhí ar fáil i dtaiscí bainc gearrthéarmach (lena n-áirítear taisce chomhthaobhach agus i mBillí Státchiste neamh-Éireannach). Bíonn rátaí sochair níos airde á thuilleamh ag na hinfheistíochtaí sin ná mar a bheadh le EONIA ach d'fhéadfadh riosca níos airde a bheith ag gabháil leo freisin.

### *Taiscí Bainc*

**2.44** Ag deireadh na bliana 2012, bhí taiscí bainc ag an nGníomhaireacht (lena n-áirítear taiscí comhthaobhacha) de os cionn €3 billiún in institiúidí airgeadais Éireannacha. Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2013 tháinig ardú go dtí os cionn €10 billiún ar leibhéal na dtaiscí.

**2.45** Tá sé ráite ag an nGníomhaireacht, ar mhaithe le bainistíocht a dhéanamh ar riosca creidmheasa contrapháirtí, go bhféadfadh sé go bhfaigheadh sí comhthaobhacht ar nós bannaí rialtais i leith airgead tirim atá curtha i dtaisce. Chuir an Ghníomhaireacht beagnach €6.2 billiún lena taiscí comhthaobhacha le faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2013. Ag deireadh mhí an Mheithimh 2013, b'ionann an meánualú iomlán aibíochta a bheidh fágtha ag na taiscí sin ná 45 lá.

### *Billí Státchiste Neamh-Éireannach*

**2.46** Faoi dheireadh na bliana 2012, bhí os cionn €1 billiún de bhillí státchiste Neamh-Éireannach ag an nGníomhaireacht le haibíocht idir 45 lá go 150 lá fágtha orthu.

### *Comhthaobhacht atá Taiscthe le Contrapháirtithe Díorthacha*

**2.47** Ar mhaithe le maolú a dhéanamh ar an riosca go dtarlóidh mainneachtain chontrapháirtí in idirbhearta díorthacha agus chun cur an méid is féidir le rochtain margaidh, déanann an Ghníomhaireacht socruithe tacaíochta creidmheasa lena gcontrapháirtithe margaidh. Ceanglaítear ar an bpáirtí i gconradh díorthacha atá 'as an airgead' comhthaobhacht a thaisceadh lena gcontrapháirtí. Mar thoradh air sin, rinneadh €523 milliún a thaisceadh mar chomhthaobhacht le contrapháirtithe ag deireadh na bliana 2012.[1]

1 Tá sé sin glan ó chomhthaobhacht de €1.954 billiún a postáladh agus comhthaobhacht de €1.15 billiún a fuarthas ó NAMA agus €281 milliún ó chontrapháirtithe eile.

**2.48** Tá aistriú comhthaobhachta faoi réir ag oibleagáid ó thaobh an contrapháirtí an chomhthaobhacht a thabhairt ar ais ag teacht le hathruithe i margadhluachanna nó faoi imthosca áirithe ar nós mainneachtain nó foirceannadh conarthaí nó ar aibíocht. Tá soláthróir comhthaobhachta i dteideal úis thaisce a fháil ar iarmhéideanna airgead tirim a phostáiltear. Bhunaigh an Ghníomhaireacht cuntas banc san Central Bank in 2010 le héascú a dhéanamh ar na hidirbhearta sin. Ó shin, rinne an Státchiste maoiniú ar an gcuntas de réir mar a bhí gá leis.

**2.49** Chomh maith le tabhairt faoi idirbhearta fálaithe a bhaineann leis an bhfiachas náisiúnta, tá an Ghníomhaireacht ina contrapháirtí do staideanna díorthacha na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní (NAMA). I Márta na bliana 2012, tháinig an Ghníomhaireacht ar chomhaontú le NAMA, agus faoin gcomhaontú sin d'fhéadfadh sé go mbeadh ar NAMA comhthaobhacht a phostáil. I mí an Mheithimh 2012, rinne NAMA an chéad chomhthaobhacht a phostáil faoin gcomhaontú sin. B'ionann agus €1.15 billiún an méid a phostáil NAMA faoi dheireadh na bliana 2012. Faoi dheireadh na bliana 2013 laghdaigh sé sin € 916 milliún.

## Conclúidí

**2.50** Tá Fiachas GR ag ardú go leanúnach ón mbliain 2007. D'ardaigh sé beagnach 14% go €192 billiún in 2012. Tá ardú leanúnach tagtha ar an gcóimheas Fiachas GR do OTI ó 25% de OTI ag deireadh na bliana 2007 go 91% in 2010 agus go 117% in 2012.

**2.51** Is iasacht charnach a thug an Ghníomhaireacht fúithi thar ceann an Stáit an príomh-chomhchuid de Fiachas GR. Ag deireadh na bliana 2012, bhí €161.5 billiún ar a iomlán i gceist leis an iasacht sin i gcomparáid le €136.8 billiún ag deireadh na bliana 2011. Feidhmíodh an t-ardú in ollfhiachas náisiúnta de €24.7 billiún (18%) mar a leanas

- €14.9 billiún le maoiniú a dhéanamh ar easnamh státchiste
- €3.5 billiún le híocaíocht dlite ar nótaí gealltanais IBRC a chomhlíonadh
- €6.2 billiún d'ardú i sócmhainní airgid thirim agus sócmhainní airgeadais eile
- €0.1 billiún d'fhachtóirí eile, lena n-áirítear roinnt difríochtaí idir fáltais iasachta agus dliteanas ainmniúil na n-iasachtaí sin.

**2.52** Ag deireadh mhí an Mheithimh 2013, bhí an t-ollfhiachas náisiúnta ardaithe go dtí beagnach €200 billiún. Ba mar gheall ar chealú nótaí gealltanais a cuireadh ar fáil don IRBC dhá thrian den ardú sin agus mar gheall ar bhannaí ráta comhlúthach a d'eisigh an Ghníomhaireacht ina n-ionad (€25 billiún). Bhain an t-iarmhéid go príomha le tuilleadh tarraingthe anuas an Chláir EU-IMF agus eisiúint bannaí ráta socraithe agus bannaí amúchta chomh maith le fiachas gearrrthéarmach.

**2.53** B'ionann agus €0.2 billiún i ndáil leis an EBS luach ainmniúil na nótaí gealltanais ag deireadh mhí an Mheithimh 2013.

**2.54** Measann an Ghníomhaireacht gurbh ionann meánchostas ualaithe maidir le fónamh a dhéanamh ar an ollfhiachas náisiúnta agus 3.8% ag deireadh mhí an Mheithimh 2013 (4.1% in 2012).[1] Ag deireadh mhí an Mheithimh 2013, bhí thart ar 80% den fhiachas ag rátaí socraithe, lena n-áirítear fiachas a ndeachthas i mbun fálaithe leis. Bhí an chuid eile den fhiachas ag rátaí comhlúthach úis.

1 **Ceartúchán** - mar gheall ar earráid chlóghrafach, tuairiscíodh figiúr agus an bhliain a bhaineann leis go mícheart sa tuarascáil bhunaidh a foilsíodh. Léirítear an figiúr agus an bhliain i gceart anseo.

**2.55** Ag deireadh na bliana 2012, bhí sócmhainní airgead thirim agus sócmhainní airgeadais eile de €23.8 billiún ag an nGníomhaireacht. Faoi dheireadh mhí an Mheithimh bhí sé sin ardaithe go dtí os cionn 28% go €30.6 billiún agus áiríodh ann:

- Airgead tirim de €14.1 billiún i gcuntas Státchiste an Bhanc Ceannais
- taiscí (lena n-áirítear taiscí comhthaobhach) de €10.1 billiún le bainc thráchtála
- billí státchiste neamh-Éireannach de beagnach €2 billiún.

**2.56** Tá an t-ardú suntasach i sócmhainní airgid thirim agus i sócmhainní eile á stiúradh ag rún atá ag an Stáit réamh-mhaoiniú leordhóthanach a bheith ar fáil faoi dheireadh na bliana 2013 le riachtanais airgeadais Státchiste de dhá mhí dhéag go cúig mhí dhéag a chlúdach tráth a dtiocfaidh Clár an EU-IMF chun críche. Tá an toradh ar airgead tirim agus ar shócmhainní gaolmhara níos ísle ná meánchostas iasachta. Mar gheall air sin tá costas ag gabháil le cothabháil a dhéanamh ar leibhéil arda d'iarmhéideanna airgid thirim.

**2.57** Níl aon teorainn sainiúil airgeadais ar an leibhéal réamh-mhaoinithe Státchiste leagtha síos ag an Aire Airgeadais.

## Iarscríbhinn A

**Fíor A1 Comhdhéanamh an Fhiachais Ghinearálta Rialtais agus deireadh na bliana, 2007 go 2012**

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Rialtas Lárnach – Státchiste** | | | | | | |
| Ollfhiachas Náisiúnta | 42,047 | 72,457 | 96,968 | 109,609 | 136,774 | 161,482 |
| Lúide dliteanais i leith comhlachtaí eile rialtais lárnaigh, údaráis áitiúla agus Coistí Gairmoideachais | (2,943) | (3,275) | (2,413) | (2,472) | (2,634) | (2,336) |
| Coigeartú de réir luach ainmniúil an fhiachais[a] | 23 | 489 | 55 | 72 | 4 | 6 |
| Corrlach Réamhíoctha an Chiste Cobhsaíochta Airgeadais Eorpaigh | —- | — | — | — | 530 | 530 |
| Dliteanas le haghaidh monaíocht atá i gcúrsaíocht | 653 | 697 | 674 | 673 | 694 | 670 |
| Coigeartú fabhraithe [b] | 780 | 653 | 346 | 368 | 464 | 560 |
| Coigeartuithe eile [c] | 4 | 3 | 14 | (8) | 154 | 1,440 |
| Nótaí Gealltanais | — | — | — | 30,850 | 28,333 | 25,261 |
| Ranníocaíocht an Státchiste | 40,564 | 71,024 | 95,644 | 139,092 | 164,319 | 187,613 |
| **Rialtas Lárnach Eile** | | | | | | |
| Taiscí Chiste Bhanc Taisce an Phoist | 1,303 | 1,770 | 1,892 | 2,330 | 2,512 | 2,770 |
| Comhlachtaí Neamhthráchtála Stáit [d] | 586 | 875 | 795 | 543 | 569 | 492 |
| Westlink a Cheannach Amach | - | 560 | 510 | 460 | 410 | 360 |
| Ranníocaíocht Eile Rialtas Lárnaigh | 1,889 | 3,205 | 3,197 | 3,333 | 3,491 | 3,622 |
| **An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe** | | | | | | |
| Ollfhiachas | 4,338 | 4,992 | 4,941 | 4,512 | 4,414 | 4,501 |
| Lúide dliteanais i leith comhlachtaí rialtais lárnaigh agus údarás áitiúil | (523) | (487) | (212) | (3,832) | (4,030) | (4,166) |
| Ranníocaíocht na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe | 3,815 | 4,505 | 4,729 | 680 | 384 | 335 |
| **Rialtas Áitiúil** | | | | | | |
| Ollfhiachas | 4,744 | 5,403 | 5,660 | 5,617 | 5,448 | 5,358 |
| Lúide dliteanais i leith na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe agus comhlachtaí rialtais lárnaigh eile | (3,862) | (4,534) | (4,686) | (4,558) | (4,416) | (4,469) |
| Ranníocaíocht rialtais áitiúil | 882 | 869 | 974 | 1,059 | 1,032 | 889 |
| **Iomlán** [e] | **47,150** | **79,603** | **104,544** | **144,164** | **169,226** | **192,459** |

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidreamh (CSO)

Nótaí:

a Luaitear an Fiachas GR a thuairiscítear don AE ag luachanna ainmniúla. Eisítear fiachas áirithe, ar nós páipéar tráchtála, faoi lascaine ar a luach ainmniúil, ach tuairiscítear an luach ainmniúil chun críocha Fiachas GR.

b Ús ó Chúlchiste na gCoigilteas Beag agus ó Airleacain Iasachtaí Náisiúnta.

c Comhaontuithe athcheannaigh, comhthaobhachtaí agus conarthaí Oifig na nOibreacha Poiblí.

d Áirítear ospidéil shaorálacha agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE).


e Ní áirítear anseo dliteanais státchiste eile, lena n-áirítear tiomantais maidir le conarthaí comhpháirtíochta phríobháideach phoiblí i bhfeidhm ag deireadh na bliana agus teidlíochta pinsean fabhraithe.

**Fíor A2 Fiachas GR mar chion den OTI, 2007 go 2012**

| Cóimheas | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| Fiachas GR | 47,150 | 79,603 | 104,544 | 144,164 | 169,226 | 192,459 |
| OTI | 189,655 | 180,249 | 162,284 | 158,097 | 162,600 | 163,938 |
| Fiachas: OTI | 25% | 44% | 64% | 91% | 104% | 117% |

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO)

**Fíor A3 Fiachas GR Limistéar an Euro mar chion de OTI, 2012**[a]




Foinse: Eisiúint Nuachta Euorstat an Choimisiúin Eorpaigh, táscairí euro - 22 Iúil 2013

Nóta: a Níl mionsonraí ar fáil don Chróit.

**Fíor A4 Iasacht Charnach de réir parluachanna ag deireadh na bliana 2007 go 2012 agus deireadh mhí an Mheithimh 2013** [a]

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | Deireadh Mheithimh 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Fiachas meántéarmach/fadtéarmach**[b] | | | | | | | |
| Bannaí Rialtais | 30,947 | 41,863 | 70,858 | 90,102 | 85,310 | 87,853 | 115,465 |
| Maoiniú ó chlár EU-IMF[c] | — | — | — | — | 34,629 | 55,898 | 61,562 |
| Eile | 615 | 483 | 670 | 673 | 673 | 772 | 772 |
| Fiachas Gearrthéarmach [d] | 3,286 | 21,783 | 16,261 | 6,972 | 2,920 | 2,690 | 5,905 |
| Iasachtaí ó Chistí eile Stáit[e] | 2,258 | 2,605 | 1,783 | 1,524 | 1,696 | 786 | 1,094 |
| Scéimeanna Coigilteas Rialtais[f] | 4,941 | 5,723 | 7,396 | 10,338 | 11,546 | 13,483 | 14,859 |
| **Ollfhiachas Náisiúnta** | **42,047** | **72,457** | **96,968** | **109,609** | **136,774** | **161,482** | **199,657** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí:
a Níl iniúchadh déanta ar fhigiúirí deireadh mhí an Mheithimh 2013.
b Aibíochtaí bunaidh níos mó ná bliain amháin.
c Luaitear na hiarmhéideanna glan ar idirbhearta fálaithe airgeadra.
d Aibíochtaí bunaidh níos mó ná bliain amháin nó níos lú.
e Baineann príomhghné na hiasachta sin le Ciste Bhanc Taisce an Phoist.
f Aibíochtaí suas go deich mbliana.

**Fíor A5 Próifíl aibíochta iarmharach bannaí rialtais ag deireadh na bliana 2007 go 2012 agus ag deireadh mhí an Mheithimh 2013** [a]

| Fad | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | Deireadh Mheithimh 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| Faoi 5 bliana | 5,939 | 15,931 | 25,687 | 28,298 | 33,670 | 30,548 | 27,929 |
| 5 go 10 mbliana | 11,928 | 11,857 | 29,296 | 53,520 | 43,356 | 44,733 | 49,784 |
| Os cionn 10 mbliana | 13,080 | 14,075 | 15,875 | 8,284 | 8,284 | 12,572 | 37,752 |
| **Iomlán** | **30,947** | **41,863** | **70,858** | **90,102** | **85,310** | **87,853** | **115,465** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Níl iniúchadh déanta ar fhigiúirí deireadh mhí an Mheithimh 2013.

**Fíor A6 Próifíl Aibíochta an fhiachais gearrthéarmach, deireadh mhí na Nollag 2007 go 2012 agus deireadh mhí an Mheithimh 2013** [a]

| Fad | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | Deireadh Mheithimh 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| Níos lú ná aon mhí amháin | 2,376 | 3,880 | 4,561 | 2,186 | 2,796 | 1,147 | 2,297 |
| Mí amháin go trí mhí | 711 | 5,518 | 8,628 | 3,286 | 106 | 1,417 | 1,947 |
| Trí mhí go sé mhí | 198 | 5,803 | 2,913 | 1,392 | 18 | 93 | 1,194 |
| Os cionn sé mhí | 1 | 6,582 | 159 | 108 | — | 33 | 467 |
| **Iomlán** | **3,286** | **21,783** | **16,261** | **6,972** | **2,920** | **2,690** | **5,905** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Níl iniúchadh déanta ar fhigiúirí deireadh mhí an Mheithimh 2013.

# 3 Gealltanais Airgeadais faoi Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha

**3.1** Is é atá i gcomhpháirtíocht phoiblí phríobháideach (CPP) ná socrú idir comhpháirtithe de chuid na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí chun bonneagar poiblí agus/nó seirbhísí poiblí a sholáthar. Éiríonn oibleagáidí maoiniúcháin as gealltanais faoi CPP-anna agus, de ghnáth, síneann siad thar thréimhse 25 bliana go 30 bliain.

**3.2** Tiomsaíodh an tuarascáil seo chun faisnéis a sholáthar faoi na gealltanais airgeadais arna ndéanamh ag ranna agus ag gníomhaireachtaí de chuid an Rialtais lárnaigh i leith chonarthaí CPP.

**3.3** Eisíodh iarratas ar fhaisnéis chuig gan roinn/gníomhaireacht ag a bhfuil gealltanais faoi chonarthaí CPP. Maidir leis an bhfaisnéis a hiarradh, áitítear nithe amhail caiteachas go dtí seo, gealltanais ionchasacha faoi thionscadail CPP, agus faisnéis faoi fhorbairtí suntasacha sa bhliain 2012. Chuathas i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus leis an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (NDFA) freisin.

## Achoimre ar Chaiteachas agus ar Ghealltanais

**3.4** In Iarscríbhinn A liostaítear na mórthionscadail CPP, amhail ag deireadh mhí na Nollag 2012, ar ina leith a raibh conarthaí déanta ag ranna agus gníomhaireachtaí de chuid an Rialtais lárnaigh mar ghníomhaireacht urraíochta, nó a raibh gealltanais airgeadais acu ar shlí eile i leith na dtionscadal.[1] Tá achoimre ar chaiteachas agus ar ghealltanais neamhíoctha faoi na conarthaí amhail ag deireadh na bliana 2012 leagtha amach i bhFíor 3.1.

**Fíor 3.1 Caiteachas agus Gealltanais faoi chonarthaí CPP ag deireadh 2012, de réir urraitheora**

| Roinn/Gníomhaireacht | An líon tionscadal | Caiteachas go dáta | | Gealltanas neamhíoctha |
|---|---|---|---|---|
| | | Roimh 2012 | Sa bhliain 2012 | |
| | | €m | €m | €m |
| Oideachas agus Scileanna | 6 | 255 | 49 | 1,446 |
| An tSeirbhís Chúirteanna | 1 | 58 | 22 | 542 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 1 | 95 | 52 | 610 |
| An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta | 10 | 1,287 | 142 | 1,556 |
| Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil[a] | 20 | 653 | 26 | 3 |
| **Iomlán** | **38** | **2,348** | **291** | **4,157** |

Foinse: Féach Iarscríbhinn A

Nótaí: a Is é atá sna méideanna a thaispeántar i ndáil le tionscadail arna gceadú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ná ranníocaíochtaí na Roinne i gcomhair an chostais chaipitiúil a bhaineann le tionscadail CPP de chuid údarás áitiúil. Ní áirítear iontu an caiteachas faoi na conarthaí ag na húdaráis áitiúla iomchuí, ná na gealltanais neamhíoctha a bheidh le híoc ag na húdaráis áitiúla as a mbuiséad féin amach anseo.

1 Is é atá i mórthionscadail ná na tionscadail inarbh é a bhí sa chostas caipitiúil ar chruthú sócmhainní ná suim €20 milliún nó níos mó.

**3.5** Ba é a bhí sa chaiteachas faoi chonarthaí CPP sa bhliain 2012 ná €291 milliún. Bhí an caiteachas iomlán go dtí deireadh na bliana 2012 beagán sa bhreis ar €2.6 billiún agus meastar gurbh é a bhí sna gealltanais neamhíoctha ná suim a bhí beagnach €4.2 billiún. Dá bhrí sin táthar ag tuar gurb é atá sa chaiteachas iomlán Státchiste i leith conarthaí CPP atá i bhfeidhm faoi láthair ná suim €6.8 billiún.

## Tionscadail Nua CPP

### *Tionscadal an Tríú Beart Scoileanna*

**3.6** I mí na Samhna 2012, bronnadh an conradh don tionscadal 'Beart Scoileanna 3' ar BAM CPP PGGM Infrastructure Cooperatie. Is comhfhiontar atá sa chuibhreannas idir BAM CPP, cuid de ghrúpa ilnáisiúnta seirbhísí foirgníochta atá lonnaithe san Ísiltír agus PGGM, riarthóir ciste pinsean Ollannach.

**3.7** Tá ocht scoil le tógáil ar sheacht láithreán mar chuid den tionscadal seo. Tá scoileanna iarbhunoideachais á dtógáil in Dún na nGall, Liatroim, Luimneach, Port Láirge, An Iarmhí agus Loch Gorman. Sa bhreis air sin, tá bunscoil agus iarbhunscoil á dtógáil ar aon champas amháin in Dabhach Uisce, Co. na Gaillimhe. Nuair a bheidh na scoileanna tógtha, beidh cóiríocht iontu do thimpeall 5,700 scoláire. Tá seirbhís infheidhme dlite sa chéad scoil i mí na Samhna 2013, agus tá sé pleanáilte go mbeidh na scoileanna ar fad ag feidhmiú faoi Aibreán 2014.

**3.8** Fógraíodh an tionscadal ar an margadh in Lúnasa 2010 agus tugadh cuireadh do léirithe suime. Fuarthas léirithe suime ó cheithre iarrthóir, agus cuireadh trí cinn ar an ngearrliosta. Chuir an trí iarrthóir a bhí ar an ngearrliosta tairiscintí isteach ina dhiaidh sin.

**3.9** Is é dearcadh an NDFA go raibh an próiseas measúnaithe agus tairisceana don tionscadal láidir. Ba 16 mhí a bhí sa tréimhse ama ó cuireadh isteach tairiscint go dtí gur bronnadh an conradh. Dúirt an NDFA gur cuireadh fad leis an gcéim chun tairiscint a roghnú de bharr ceisteanna pleanála, dúshláin mhaoinithe agus coinníollacha deacair margaidh. Dúradh gur dheimhnigh na tástálacha ar luach ar airgead a déanadh gur léirigh an tionscadal luach ar airgead ag céim bhronnta an chonartha. Creidtear nár cheart na torthaí ón tástáil ar luach ar airgead a déanadh ar an margadh deiridh a fhoilsiú mar go bhféadfaí a straitéis idirbheartaíochta a chur i gcontúirt agus a bheith díobhálach do thorthaí optamacha a bhaint amach do bhearta eile atá á dtabhairt chun críche faoi láthair.

## Tionscadail CPP atá á bhForbairt

**3.10** Is mar atá leagtha amach i bhFíor 3.2. atá stádas reatha na dtionscadal a raibh céim an chonartha fós le baint amach acu roimh dheireadh 2012

**Fíor 3.2 Stádas reatha (ag deireadh Mheitheamh 2013) thionscadail CPP atá á bhforbairt**

| Tionscadail oideachais | Céim an tionscadail[a] | Stádas reatha |
|---|---|---|
| Beart Scoileanna 4: Sé scoil ar chúig láithreán - An Clár, Corcaigh, Cill Dara, Lú agus Tiobraid Árann | Céim an mhargaidh | Céim réamhcháiliúcháin. Léirithe suime faighte ó chuibhreannais agus measúnacht ar bun faoi láthair. |
| Beart Scoileanna 5: Cúig scoil agus coláiste amháin breis-oideachais ar cheithre láithreán - Loch Gorman, Cill Mhantáin, An Mhí agus Ceatharlach | Céim an mhargaidh | Céim réamhcháiliúcháin. Léirithe suime faighte ó chuibhreannais agus measúnacht ar bun faoi láthair. |
| Campas Ghráinseach Ghormáin, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath | Céim an réamh-mhargaidh | Pleanáilte le cur ar an margadh sa ráithe dheiridh de 2013. |
| **Tionscadail iompair** | | |
| N11 An tInbhear Mór-Ráth Naoi agus Crois an Fhearainn Nua | Conradh | Conradh aontaithe in Aibreán 2013. |
| N17/N18 An Gort-Tuaim | Tairgeoir roghnaithe | Tairgeoir roghnaithe le fógairt in Deireadh Fómhair 2011. Tá sé d'aidhm ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta an conradh seo a shíniú roimh dheireadh 2013. |
| N25 Seachród Ros Mhic Thriúin | Céim an mhargaidh | Céim réamhcháiliúcháin. |
| M11 Guaire-Inis Córthaidh | Céim an mhargaidh | Céim réamhcháiliúcháin. |
| N6 Seachród Chathair na Gaillimhe | Céim an réamh-mhargaidh | Tionscadal curtha ar feitheamh, nó go réiteofar ceisteanna pleanála. |
| **Tionscadail sláinte** | | |
| Clár Cúraim Príomha | Céim an réamh-mhargaidh | Pleanáilte le cur ar an margadh sa ráithe dheiridh de 2013. |
| **Tionscadail dlí agus cirt** | | |
| Clár na gCúirteanna | Céim an réamh-mhargaidh | Pleanáilte le cur ar an margadh sa ráithe dheiridh de 2013. |
| Clár na nGardaí | Céim an réamh-mhargaidh | Pleanáilte le cur ar an margadh sa ráithe dheiridh de 2013, sin nó sa chéad ráithe de 2014. |

Foinse: NDFA, An Roinn Oideachais agus Scileanna, An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, HSE, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Nóta: a Is iad na príomhchéimeanna i dtionscadail CPP atá á bhforbairt, céim an réamh-mhargaidh (níl inmharthanacht chur chuige an CPP deimhnithe fós), céim an mhargaidh (tá an conradh amuigh ar tairiscint) agus céim an tairgeora roghnaithe (tá tairgeoir amháin roghnaithe agus tá idirbheartaíocht faoin gconradh ar bun).

## Bainistiú ar Thionscadail Oibriúcháin - Forbairtí in 2012

### *Coimpléacs na gCúirteanna Coiriúla*

**3.11** Caithfidh an comhpháirtí ón earnáil phoiblí a chinntiú go gcuirfidh an comhpháirtí ón earnáil phríobháideach na seirbhísí comhaontaithe ar fáil de réir an chaighdeáin a theastaíonn nuair a bhíonn conradh CPP á bhainistiú. Sonraítear i gconradh CPP na gCúirteanna Coiriúla go bhféadfaí pionóis a ghearradh sa chás nach mbeadh an coimpléacs uile nó cuid de ar fáil nó mura mbainfí amach leibhéil shonraithe sheirbhísí eile.

**3.12** In Eanáir 2012, ghearr Seirbhís na gCúirteanna asbhaint de €204,000 (CBL san áireamh) ar an íocaíocht mhíosúil chuig an gcomhpháirtí ón earnáil phríobháideach, rud a sheas do thimpeall 1% de na híocaíochtaí conartha don bhliain sin. Bhain an asbhaint le coimpléacs na gCúirteanna Breithiúnais Coiriúla gan a bheith ar fáil ar feadh lá amháin in Deireadh Fómhair 2011, toisc eachtra a bhain le tuilte i seomraí plandaí faoi thalamh. Níor ghlac Seirbhís na gCúirteanna leis an áitiú ón gcomhpháirtí ón earnáil phríobháideach nár sheas na forálacha den chonradh maidir leis an áit gan a bheith ar fáil toisc go raibh eachtra éigeandála tarluithe.

**3.13** Mar atá foráilte faoin gconradh, thug Seirbhís na gCúirteanna treoir freisin don chomhpháirtí ón earnáil phríobháideach in 2011 beart tagarmharcála a chomhlíonadh maidir le seirbhísí ar leith (slándáil agus glanadh go príomha) a cuireadh ar fáil faoin gconradh CPP. Ag leanúint den bheart tagarmharcála, rinne Seirbhís na gCúirteanna idirbheartaíocht chun 8% de laghdú a fháil ar chostas na seirbhísí seo i gCoimpléacs na gCúirteanna Coiriúla. D'fhág sé sin coigilteas bliantúil de €163,000 (CBL san áireamh) ar íocaíocht an chonartha ó 2012 ar aghaidh.

### *An Lárionad Náisiúnta Comhdhála*

**3.14** Is é Treasury Holdings bun-úinéir Lárionad Comhdhála Duga Spencer Bhaile Átha Cliath Teo (SDCCD), an spriocfheithicil a bunaíodh go speisialta chun tabhairt faoin tionscadal CPP don Lárionad Náisiúnta Comhdhála. Is í Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) an t-údarás conarthach don tionscadal seo.

**3.15** Leachtaíodh Treasury Holdings le linn 2012. Is iad na leachtaitheoirí scairshealbhóirí Treasury Holdings in SDCCD faoi láthair. Tá an OPW curtha ar an eolas ag na leachtaitheoirí gur cuireadh ar an eolas iad go bhfuil roinnt suime léirithe sna scaireanna ach níl aon phleananna daingne ann faoi láthair aon athrú a dhéanamh ar an úinéireacht. Chaithfí aon díolachán nó aistriú scaireanna a bheadh molta a chur in iúl don OPW.

**3.16** Tá sé ráite ag an OPW nach raibh aon tionchar ag leachtú Treasury Holdings ar chumas trádála SDCCD agus nár cuireadh aon athruithe ar théarmaí an chonartha, ó Mheitheamh 2013.

### *Tionscadail san Earnáil Oideachais*

**3.17** Déantar scrúdú i gcaibidil 12 den tuarascáil seo ar rialú caiteachais ar thionscadail oibriúcháin CPP san earnáil oideachais. Cíortar, ach go háirithe, ar leordhóthanacht na rialúcháin atá in áit maidir le hinnéacsú praghsanna, feidhmiúchán seirbhíse agus tagarmharcáil.

## Bainistiú an Chláir CPP

### *An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais*

**3.18** Tá ról reachtúil ag an NDFA mar chomhairleoir airgeadais ar na tionscadail CPP uile atá á bhforbairt. Tá freagracht air freisin as CPP-anna a sholáthar agus a sheachadadh, ach amháin tionscadail san earnáil iompair agus tionscadail údarás áitiúla.

**3.19** Tá reachtaíocht á réiteach ag an Roinn Airgeadais faoi láthair a chuirfidh roinnt athruithe ar struchtúr eagraíochtúil Ghníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.[1] Faoin tsamhail nua, leanfaidh feidhmeanna an NDFA mar a bhí roimhe seo ach beidh struchtúr athbhreithnithe rialachais in áit.

### *Athbhreithniú Iarthionscadail ar Thionscadail CPP*

**3.20** Faoin gCód Caiteachais Poiblí arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá sé mar fhreagracht ar urraitheoir an tionscadail a chinntiú go gcomhlíontar athbhreithnithe iarthionscadail ar gach tionscadal caipitiúil a bhfuil a luach os cionn €20 milliún.[2] Tá feidhm leis an riachtanas seo, bíodh is gur tháinig soláthar an tionscadail trí CPP nó trí sholáthar traidisiúnta.

**3.21** Is é an cuspóir atá le hathbhreithnithe iarthionscadail ná ceachtanna a fhoghlaim don todhchaí. Deirtear sa gCód Caiteachais Poiblí gur cheart tabhairt faoi na hathbhreithnithe nuair atá a ndóthain ama caite chun deis a thabhairt don tionscadal meastóireacht chuí a dhéanamh air, bunaithe ar fhianaise iontaofa maidir le sreabhadh costas agus tairbhe. Ba chóir d'athbhreithnithe iarthionscadail na nósanna imeachta bainistíochta agus breithmheasa araon a úsáidtear agus táirgeacht an tionscadail a mheas.

**3.22** Is é an cuspóir atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta bainistíochta agus breithmheasa ná chun a fháil amach ar thaispeáin taithí gurbh fhéidir aon chéim den tionscadal a dhéanamh níos fearr agus an bhféadfaí aon cheachtanna a foghlaimíodh a úsáid ar thionscadail eile amach anseo.

**3.23** Sa chuspóir atá le hathbhreithniú ar tháirgeacht tionscadail, áirítear go gcaithfear a dhearbhú

- an raibh bunús ceart faoin gcúis gur tugadh faoi thionscadal
- ar tháinig an tairbhe agus an toradh a raibh súil leis chun cinn
- an raibh na torthaí pleanáilte ina bhfreagraí cuí ar na riachtanais a theastaigh ón phobal.

**3.24** Tá treoir na Roinne ar athbhreithnithe iarthionscadail leagtha amach i gcomhthéacs nósanna imeachta traidisiúnta soláthair. Níl aon treoirlínte ar leith ann chun athbhreithnithe iarthionscadail a dhéanamh maidir le tionscadail CPP.

**3.25** Cuireadh ceist ar ranna/ghníomhaireachtaí aonaracha agus ar an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi shonraí ar aon mheasúnachtaí nó athbhreithnithe iarfheidhmithe ar tugadh fúthu maidir le tionscadail CPP. Léirigh na freagraí a fuarthas go bhfuil líon áirithe athbhreithnithe ar bun faoi láthair.

1 Féach Caibidil 28 Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

2 Is é atá i gceist leis an gCód Caiteachais Poiblí ná sraith rialacha agus nósanna imeachta atá ann chun a chinntiú go gcomhlíontar caighdeáin bhreithmheasa caiteachais agus luach ar airgead ar fud sheirbhís phoiblí na hÉireann.

- Tá Aonad Meastóireachta Caiteachais Lárnach na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag déanamh measúnú beartais faoi chomhlíontacht leis an tsamhail soláthair VFM do CPP-anna maidir le tionscadail uisce in earnáil na n-údarás áitiúil.
- Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ag déanamh athbhreithnithe ar thionscadal Píolótach CPP na Scoileanna, a tháinig i bhfeidhm in 2003. Táthar ag súil go mbeidh an t-athbhreithniú sin críochnaithe faoi dheireadh 2013.
- Thug an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta le fios go bhfuil athbhreithnithe ar bun faoi roinnt scéimeanna bóthair agus go mbeidh siad ar fáil níos déanaí i mbliana.

*Athbhreithniú ar Choimpléacs na gCúirteanna Coiriúla*

**3.26** Críochnaíodh athbhreithniú iarthionscadail ar thionscadal CPP na gCúirteanna Coiriúla, ar tugadh faoi ar son Sheirbhís na gCúirteanna, i nDeireadh Fómhair 2012.

**3.27** Tá Seirbhís na gCúirteanna tar éis tabhairt faoi athbhreithniú iarthionscadail go pras. D'éirigh leis an athbhreithniú ceachtanna úsáideacha a aimsiú, i dtéarmaí dul chun cinn, do thionscadail sa todhchaí.

**3.28** Moladh san athbhreithniú go mba chóir do Sheirbhís na gCúirteanna tomhais a dhéanamh ar an éifeachtúlacht coigilteas a chruthaigh an tionscadal tar éis 12 mí de ghnáthoibriúchán e.g. tionchar ar amanna feithimh cúirte, coigilteas costais etc. Mar a tuairiscíodh roimhe seo, cé gur aithin an cás gnó do thionscadal na gCúirteanna Coiriúla buntáistí i dtéarmaí cáilíochtúla, d'fhéadfaí níos mó a bheith déanta sular seoladh an tionscadal chun na buntáistí gnó a mbeadh súil leo a mheas.[1] Cothóidh sé seo fadhbanna d'aon athbhreithniú iarthionscadail a dhéanfar sa méid is go bhfuil na buntáistí a bhfuil súil leo réadaithe.

.

1 Féach Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2008, Caibidil 17.

***Athbhreithniú Iarthionscadail ar Choimpléacs na gCúirteanna Coiriúla***

In Aibreán 2007, chuaigh Seirbhís na gCúirteanna isteach i gconradh CPP le cuibhreannas ón earnáil phríobháideach chun coimpléacs nua a thógáil do na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla ar láithreán faoi úinéireacht an Stáit ar Shráid Gheata na Páirce agus chun an coimpléacs a rith ar feadh tréimhse 25 bliana. Chomh maith le foirgnimh nua cúirte a fhorbairt, áiríodh i scóip an chonartha, cothabháil ar fhoirgnimh, bainistiú dramhaíola, bainistiú tráchta agus roinnt gnéithe de sheirbhísí tacaíochta agus slándála IT. Bhí an coimpléacs réitithe le n-úsáid ag Seirbhís na gCúirteanna i ndeireadh 2009 agus bhí sé ag feidhmiú ina iomláine faoi Eanáir 2010.

Críochnaíodh athbhreithniú iarthionscadail i nDeireadh Fómhair 2012. Dúradh gurb é an cuspóir foriomlán a bhí ar an athbhreithniú ná lena fháil amach an bhféadfaí aon chéim de thionscadal na gCúirteanna Coiriúla a dhéanamh níos fearr agus an bhféadfaí aon cheachtanna a úsáid ar thionscadail sa todhchaí. Dhírigh cur chuige an athbhreithnithe ar na próisis a húsáideadh a mheas seachas toradh an tionscadail i dtéarmaí an tionchair a bhí aige ar ghnó na cúirte.

Ag leibhéal foriomlán, baineadh de thátal as an athbhreithniú gur baineadh amach na spriocanna uile a bhí ag an tionscadal laistigh de scála ama a bhí iomchuí do thionscadal CPP dá choimpléascacht. Ba é an tátal a bhí ann go raibh na próisis tionscadail sásúil.

Moladh freisin gur chóir tuilleadh anailíse a dhéanamh chun an tionchar oibriúcháin a tháinig ó sholáthar an tionscadail a mheas.

I dtéarmaí na gceachtanna a foghlaimíodh, bhí moltaí san athbhreithniú don phróiseas CPP. Bhí cuid de na moltaí sonrach don tionscadal ach bhain ceanna eile le tionscadail go ginearálta lena n-áirítear

- go mba cheart do thionscadail sa todhchaí tuairisciú in aghaidh straitéise agus plean réadúcháin buntáistí
- go mba cheart 'taifead ceisteanna' a bhunú agus a choinneáil chun sonraí faoi chinntí tábhachtacha a thaifead in aon cháipéis amháin.

### *Faireachán ar Chláir agus ar Thionscadail*

**3.29** Mhol mé roimhe seo go mba cheart gealltanais airgeadais an Stáit i leith conarthaí CPP a bhfuil ceangal dlí orthu a thuairisciú sna Cuntais bhliantúla Airgeadais.[1]

**3.30** Ghlac an Roinn Airgeadais leis an moladh. Tá foirm agus ábhar na faisnéise i leith ghealltanais CPP á meas i gcomhthéacs athbhreithnithe níos leithne ar na Cuntais Airgeadais agus tuairisciú airgeadais rialtais láir.

1 Féach Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2008, Caibidil 6.

## Conclúidí agus Moltaí

**3.31** Chuaigh an caiteachas comhiomlán Státchiste i leith na dtionscadal CPP suim sa bhreis ar €2.6 billiún faoi dheireadh na bliana 2012. Measadh gurb iad na gealltanais neamhíoctha maidir le conarthaí thionscadail CPP a bheadh in áit ná rud beag faoi bhun €4.2 billiún.

**3.32** Tá sé tábhachtach go ndéanfaí bainistiú éifeachtach ar thionscadail CPP thar a ré chun a chinntiú go mbaintear amach an luach ar déanadh idirbheartaíocht faoi nuair a bhí an conradh á fhorbairt. Soláthraíonn forálacha tagarmharcála i gconarthaí CPP deis coigilteas a aimsiú maidir le seirbhísí ar conradh, áit a dtiteann praghas an mhargaidh do na seirbhísí sin faoi ráta an chonartha. D'éirigh le Seirbhís na gCúirteanna coigilteas bliantúil sa bhreis ar €160,000 a aimsiú ar sheirbhís ar conradh ag coimpléacs na gCúirteanna Coiriúla trí bheart tagarmharcála a déanadh in 2011.

> **Moladh 3.1:** I bhfianaise na gcoigilteas a d'fhéadfaí a dhéanamh i ngach tionscadal CPP, ba chóir don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a mheabhrú d'urraitheoirí tionscadal faoin tábhachtach a bhaineann le dul i ngleic le tagarmharcáil tréimhsiúil do sheirbhísí ar conradh áit a ndéantar soláthar dó seo i gconarthaí.
>
> **Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta:** Aontaithe. Déanfaidh mo Roinn cumarsáid leis na ranna ábhartha faoin tábhacht agus an tairbhe a bhaineann le tagarmharcáil tréimhsiúil a dhéanamh. Tá an fhreagracht fós, áfach, ar na ranna agus gníomhaireachtaí aonaracha a chinntiú go ndéantar tagarmharcáil.

## Iarscríbhinn A Caiteachas suas go deireadh 2012, agus gealltanais neamhíoctha ar mhórchonarthaí CPP, de réir urraitheora agus tionscadail

Sa tábla seo, liostaítear na tionscadail ar leithligh arna dtuairisciú ag an roinn nó ag an ngníomhaireacht lena mbaineann siad. Níl san áireamh ach gealltanais agus caiteachas i ndáil le tionscadail lena ngabhann luach measta forbartha caipitúla €20 milliún nó níos mó. Tá CBL san áireamh i ngach méid (ach amháin i gcás ina luaitear a mhalairt).

Bhí achoimre ar na tionscadail ar leithligh a raibh conarthaí ann ina leith suas go deireadh na bliana 2008 san áireamh i dTuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2008 (leathanaigh 29 go 34). Bhí achoimrí ar thionscadail eile san áireamh sa Tuarascáil faoi bhliain an chonartha.

### *Nádúr Airgeadais na socruithe CPP*

Is féidir le héagsúlacht a bheith idir tionscadail éagsúla i ndáil leis an struchtúr a chuirtear ar bun chun cúiteamh a thabhairt don pháirtí ón earnáil phríobháideach chun sócmhainní agus/nó seirbhísí a chur ar fáil. I gcásanna go leor, glacann na hurraitheoirí poiblí ar an tionscadal le gealltanais chonartha íocaíochtaí rialta a dhéanamh leis an bpáirtí príobháideach ar feadh ré an tionscadail. I gcásanna eile, leagtar tionscadail amach ar bhunús lamháltais, ina bhfaigheann an páirtí ón earnáil phríobháideach cuid nó iomlán an chúitimh i bhfoirm muirir a ghearrtar ar úsáideoirí na seirbhíse.

### *Scóip thionscadail CPP*

Is mar seo a leanas atá na gnéithe earnála príobháidí atá i gceist le gach tionscadal ar leith

**D** Dearadh na seirbhíse /an bhonneagair

**B** Tógáil/foirgníocht/leathnú/athnuachan sócmhainní caipitúla

**F** Airgeadas a sholáthar (e.g. cothromas príobháideach agus iasachtaí a sholáthar/áirithiú; muirir úsáideoirí a bhailiú)

**O** Sócmhainní a oibriú (e.g. saoráidí bainistíochta; foireann seirbhísí a fhostú)

**M** Sócmhainní a chothabháil thar ré an chonartha.

## Fíor A1 Caiteachas agus Gealltanais faoi Chonarthaí CPP ag deireadh 2012

| An t-údarás urraíochta/ainm an tionscadail | Scóip an tionscadail | Dátaí tábhachtacha sa chonradh | | | Caiteachas | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Dáta sínithe an chonartha | Tosach feidhme na seirbhíse | Dáta críochnaithe an chonartha | Roimh 2012 | 2012 | Gealltanais sa todhchaí [a] | Caiteachas iomlán tuartha |
| | | | | | €m | €m | €m | €m |
| **An Roinn Oideachais agus Scileanna** | | | | | | | | |
| Beart Píolótach Scoileanna CPP | DBFM | Samhain 2001 | 2002 | 2027 | 107.3 | 10.8 | 188.4 | 306.5 |
| An Coláiste Muirí | DBFM | Feabhra 2003 | 2004 | 2029 | 71.5 | 8.6 | 116.2 | 196.3 |
| Scoil Cheoil Chorcaí | DBFM | Meán Fómhair 2005 | 2007 | 2032 | 44.2 | 8.1 | 176.9 | 229.2 |
| An chéad bheart scoileanna CPP | DBFM | Márta 2009 | 2010 | 2035 | 18.3 | 9.0 | 237.5 | 264.8 |
| An dara beart scoileanna CPP | DBFM | Meitheamh 2010 | 2011 | 2036 | 13.9 | 12.3 | 325.8 | 352.0 |
| An tríú beart scoileanna CPP | DBFM | Samhain 2012 | 2013/2014 | 2039 | - | - | 401.2 | 401.2 |
| **Fo-iomlán** | | | | | **255.2** | **48.8** | **1,446.0** | **1,750.0** |
| **An tSeirbhís Chúirteanna** | | | | | | | | |
| Na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla | DBFOM | Deireadh Fómhair 2007 | 2009 | 2035 | **58.4** | **22.4** | **542.2** | **623.0** |
| **An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt/Oifig na nOibreacha Poiblí** | | | | | | | | |
| An Lárionad Náisiúnta Comhdhála[b] | DBFOM | Aibreán 2007 | 2010 | 2035 | **95.2** | **51.7** | **609.7** | **756.6** |

| An t-údarás urraíochta/ainm an tionscadail | Scóip an tionscadail | Dátaí tábhachtacha sa chonradh | | | Caiteachas | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Dáta sínithe an chonartha | Tosach feidhme na seirbhíse | Dáta críochnaithe an chonartha | Roimh 2012 | 2012 | Gealltanais sa todhchaí [a] | Caiteachas iomlán tuartha |
| | | | | | €m | €m | €m | €m |
| **An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil[c]** | | | | | | | | |
| *Ionaid chóireála dramhuisce* | | | | | | | | |
| Cuan Bhaile Átha Cliath[d] | DBOM | Márta 2001 | 2003 | 2024 | 227.9 | 3.5 | n/a | 231.4 |
| Loch Gorman | DBOM | Iúil 1999 | 2004 | 2026 | 18.4 | — | — | 18.4 |
| Corcaigh | DBOM | Nollaig 2001 | 2004 | 2027 | 68.1 | — | — | 68.1 |
| Baile Brigín/na Sceirí | DBOM | Meán Fómhair 2004 | 2006 | 2028 | 19.3 | — | — | 19.3 |
| Tiobraid Árann Theas | DBOM | Márta 2003 | 2007 | 2029 | 13.4 | — | — | 13.4 |
| Dún Garbhán | DBOM | Aibreán 2004 | 2007 | 2029 | 12.2 | — | — | 12.2 |
| Sligeach | DBOM | Meán Fómhair 2006 | 2008 | 2030 | 17.0 | — | — | 17.0 |
| Dún na nGall | DBOM | Meitheamh 2006 | 2008 | 2030 | 25.2 | — | | 25.2 |
| Port Láirge | DBOM | Meán Fómhair 2006 | 2010 | 2030 | 25.5 | — | 0.6 | 26.1 |
| Port Laoise | DBOM | Nollaig 2006 | 2009 | 2031 | 20.1 | — | — | 20.1 |
| Sráidbhailte na Mí[d] | DBOM | Deireadh Fómhair 2007 | 2010 | 2032 | 23.1 | 1.9 | n/a | 25.0 |
| An Muileann gCearr | DBOM | Aibreán 2008 | 2010 | 2030 | 16.5 | — | — | 16.5 |
| Caisleán an Bharraigh | DBOM | Meán Fómhair 2008 | 2011 | 2031 | 11.4 | — | — | 11.4 |
| Bré/Seangánach | DBOM | Meán Fómhair 2008 | 2011 | 2031 | 56.4 | — | — | 56.4 |
| Cill Mhantáin | DBOM | Meán Fómhair 2007 | 2009 | 2031 | 14.4 | — | — | 14.4 |
| Port Reachrann/Domhnach Bat/An Ros/Lusca | DBOM | Feabhra 2010 | 2012 | 2032 | 27.2 | — | 0.9 | 28.1 |
| An Tulach Mhór | DBOM | Aibreán 2010 | 2012 | 2032 | 15.1 | — | 0.6 | 15.7 |
| Leitir Ceanainn | DBOM | Feabhra 2011 | 2013 | 2033 | 13.7 | 7.8 | 0.8 | 22.3 |
| *Seirbhísí cóireála uisce* | | | | | | | | |
| Baile Chláir | DBOM | Nollaig 2006 | 2007 | 2027 | 21.0 | — | — | 21.0 |
| Astarraingt na Bearú-Sruthlán | DBOM | Aibreán 2011 | 2013 | 2033 | 6.7 | 13.2 | 0.3 | 20.2 |
| **Fo-iomlán** | | | | | **652.6** | **26.4** | **3.2** | **682.2** |

| An t-údarás urraíochta/ainm an tionscadail | Scóip an tionscadail | Dátaí tábhachtacha sa chonradh | | | Caiteachas | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Dáta sínithe an chonartha | Tosach feidhme na seirbhíse | Dáta críochnaithe an chonartha | Roimh 2012 | 2012 | Gealltanais sa todhchaí[a] | Caiteachas iomlán tuartha |
| | | | | | €m | €m | €m | €m |
| **An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta[e]** | | | | | | | | |
| Cill Choca/Cionn Átha Gad | Lamháltas | Márta 2003 | 2005 | 2033 | 172 | 0.3 | 7.0 | 179.3 |
| Seachród Thiar Dhún Dealgan | Lamháltas | Feabhra 2004 | 2004 | 2034 | 2.8 | 0.2 | 3.7 | 6.7 |
| Ráth Chormaic/Mainistir Fhear Maí | Lamháltas | Meitheamh 2004 | 2006 | 2034 | 109.4 | 5.7 | 34.9 | 150.0 |
| Seachród Chathair Phort Láirge | Lamháltas | Aibreán 2006 | 2010 | 2036 | 118.6 | 9.5 | 72.7 | 200.8 |
| Tollán Luimnigh[f] | Lamháltas | Lúnasa 2006 | 2010 | 2041 | 199.8 | 11.3 | 53.0 | 264.1 |
| Cluain Aodha/Ceanannas[f] | Lamháltas | Aibreán 2007 | 2010 | 2052 | 335.4 | 29.2 | 353.0 | 717.6 |
| Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe | Lamháltas | Aibreán 2007 | 2010 | 2037 | 183.1 | 55.6 | 137.1 | 375.8 |
| Port Laoise/An Chúlchoill | Lamháltas | Meitheamh 2007 | 2010 | 2037 | 52.6 | 6.6 | 26.0 | 85.2 |
| Uasghrádú an M50[g] | DBFOM | Meán Fómhair 2007 | 2007 | 2042 | 65.8 | 23.6 | 868.6 | 958.0 |
| Limistéir Sheirbhísí Mótarbhealaigh | Lamháltas | Deireadh Fómhair 2009 | 2010 | 2034 | 47.1 | — | — | 47.1 |
| **Fo-iomlán** | | | | | **1,286.6** | **142.0** | **1,556.0** | **2,984.6** |

Foinse: Rinne na ranna liostaithe/an ghníomhaireacht urraíochta an fhaisnéis a sholáthar

Nótaí:

a Tá ráta boilscithe ar an mbonn go nglactar leis gur 4% a bheidh ann don bheart píolótach scoileanna, 2.5% do Scoil Cheoil Chorcaí agus 2% go gach conradh eile san áireamh san fhigiúr do ghealltanais sa todhchaí.

b Tá CBL agus rátaí san áireamh i bhfigiúirí caiteachais roimh 2012 agus i bhfigiúirí caiteachais 2012. Níl ach muirear aonadach san áireamh sna gealltanais sa todhchaí.

c Níl sonraí údarás áitiúil san áireamh sna sonraí faoi chaiteachas/ghealltanais.

d Níl léiriú tugtha ag an Roinn faoi ghealltanais sa todhchaí i leith na dtionscadal seo. Tá an maoiniúchán á athbhreithniú i gcomhthéacs na gcuntas deiridh. Sa cholún a bhaineann le caiteachas iomlán tuartha, taispeántar na deontais atá ceadaithe faoi láthair.

e Faigheann an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta sciar den ioncam ó na conarthaí lamháltas a bhaineann leis an tréimhse lamháltais. Tá an sciar sin den ioncam ag brath ar mhéideanna tráchta i ndáil leis na lamháltais bóthair agus ag brath ar na leibhéil díolacháin i ndáil leis an gconradh do na limistéir sheirbhísí mótarbhealaigh. Níl CBL san áireamh i bhfigiúirí caiteachais an Údaráis.

f Tá foráil ann maidir le Cluain Aodha/Ceanannas agus Tollán Luimnigh á rá go ndéanfaidh ÚBN íocaíochtaí má thiteann na leibhéil tráchta faoi bhun leibhéal sonraithe. Tá íocaíochtaí den sórt sin san áireamh sa chaiteachas go dtí seo. Níl íocaíochtaí atá bainteach le leibhéil tráchta san áireamh sna gealltanais sa todhchaí.

g Gearrtar dolaí ar an M50 idir Acomhail 6 agus 7. Fabhraíonn an t-ioncam ó dholaí M50 don Údarás.

# Caiteachas Vótáilte

# 4 Cuntasaíocht Vótaí

**4.1** Cuireann Dáil Éireann airgead ar fáil do sheirbhísí ranna agus oifigí rialtais trí

- trí mheastacháin fáltas agus chaiteachais a cheadú do na seirbhísí sin i rith gach bliana
- trí éifeacht reachtúil a thabhairt do na meastacháin in Acht Leithreasa bliantúil.

**4.2** Déantar soláthar do chaiteachas faoi 'vótaí', agus clúdaíonn vóta amháin, nó níos mó, feidhmeanna gach roinne nó oifige. Sa chéad chuid den mheastachán do gach vóta (ar a dtugtar an raon) bíonn achoimre ar na seirbhísí a bhíonn le maoiniú. Cuirtear an raon isteach san Acht Leithreasa bliantúil agus dá bhrí sin seasann sí do na cúspóirí a mbíonn an maoiniú údaraithe ag Dáil Éireann lena n-aghaidh.

**4.3** Ag deireadh gach bliana airgeadais, caithfidh gach roinn agus gach oifig cuntas a ullmhú, ar a dtugtar an cuntas leithreasa, in aghaidh gach seirbhíse vótáilte atá faoina gcúram riaracháin. Is é an riachtanas reachtúil ná go mbeidh tuairisc sa chuntas leithreasa ar chaiteachas na bliana i gcomparáid leis an tsuim a sholáthraíonn Dáil Éireann.

## Torthaí Iniúchtaí 2012 ar Chuntais Leithreasa

**4.4** Tá iniúchtaí na gcuntas leithreasa 2012 do na vótaí go léir tugtha chun críche. Tá gach cuntas, maraon leis an tuairisc iniúchta lena mbaineann, á cur i láthair Dháil Éireann leis an tuarascáil seo.

**4.5** Áirítear achoimre in Iarscríbhinn A ar na suimeanna leithreasa in 2012 do na seirbhísí poiblí a riartar trí vótaí. Léirítear freisin táirgeacht na bliana, maraon le barrachas leithreasuithe thar caiteachas.

**4.6** Ba é €49.8 billiún an tsuim leithreasa dheiridh do sheirbhísí poiblí in 2012. Chuimsigh sé seo deontais soláthair de €45.6 billiún, maoiniú caipitil €114 milliún tugtha anonn ó 2011 agus leithreasuithe-i-gcabhair de €4.1 billiún.

## Toradh Vótaí

**4.7** Tá achoimre ar chaiteachas agus leithreasuithe-i-gcabhair comhiomlána do gach vóta do na blianta 2008 go 2012 i Fíor 4.1. Ba é €49 billiún an tsuim iomlán a chaith ranna agus oifigí in 2012. Nuair a baineadh amach iomlán an chúnaimh leithreasa réadaithe de €4.1 billiún, ba é €44.9 billiún an caiteachas glan don bhliain.

**Fíor 4.1 Toradh Vótaí, 2008 go 2012**

| | 2008<br>€m | 2009<br>€m | 2010<br>€m | 2011<br>€m | 2012<br>€m |
|---|---|---|---|---|---|
| Ollchaiteachas vótáilte | 53,761 | 53,119 | 52,738 | 49,669 | 49,009 |
| Lúide leithreasuithe-i-gcabhair | (4,464) | (5,916) | (6,172) | (4,096) | (4,092) |
| Caiteachas glan vótáilte | 49,297 | 47,203 | 46,566 | 45,573 | 44,917 |

Foinse: Tuarascálacha ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2008 go 2012; Iarscríbhinn A

**4.8** Níl cead ag ranna ná ag oifigí níos mó a chaitheamh ná an tsuim a ceadaíodh do gach ceantar vótála. Nuair is lú caiteachas na bliana ná suim an tsoláthair, is féidir go ndlífear an barrachas a thabhairt suas don Státchiste.

**4.9** D'éirigh le gach roinn agus oifig feidhmiú laistigh dá leithdháiltí vótáilte in 2012. Thaifead gach ceantar vótála barrachas. Dá bhrí sin ní raibh aon bharrachas vóta ann in 2012.

**4.10** B'ionann barrachais 2012 agus €748 milliún (féach Fíor 4.2). Ceadaíodh €107 milliún in iomlán den tsuim sin le tabhairt anonn go 2013. Bhí an t-iarmhéid de €641 milliún dlite dona thabhairt suas. Léirítear na suimeanna atá dlite do ghéilleadh nó tabhairt anonn go 2012 do gach vóta in Iarscríbhinn A (Fíor A2).

**Fíor 4.2 Barrachas le géilleadh, 2008 go 2012**

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| Barrachas don bhliain | 878 | 794 | 866 | 815 | 748 |
| Méid tugtha anonn go dtí an bhliain dár gcionn | (128) | (126) | (14) | (114) | (107) |
| Barrachas le tabhairt suas | 750 | 668 | 852 | 701 | 641 |

Foinse: Tuarascálacha ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí, 2008 go 2012; Iarscríbhinn A

**4.11** B'ionann na hiarmhéideanna a bhí dlite le géilleadh as vótaí na seirbhísí poiblí do 2011 agus €701 milliún. Géilleadh na hiarmhéideanna sin go cuí.

## Fáltais Bhreise an Státchiste

**4.12** De réir ordú ón Roinn Airgeadais caitear suimeanna áirithe a bhailíonn ranna agus oifigí Rialtais a chur isteach sa Státchiste, in ionad iad a bheith mar chúnamh leithreasa. Orthu san tá fáltais fíneálacha cúirte agus fáltais táillí ón Údarás Clárúcháin Maoine. Ar aon dul leo siúd de ghnáth bíonn fáltais amhantracha, lena n-áirítear fáltais ó mhórdhíolacháin mhaoine, fáltais ó bharrachas ioncaim nó brabús comhlachtaí Stáit, ús, díbhinní nó aisíocaíochtaí caipitiúla, íocaíochtaí cúitimh agus tuarastal á thabhairt suas go deonach.

**4.13** Aon áit a raibh fáltais bhreise Státchiste i gceist in 2012, luaitear an méid i nóta leis an gcuntas leithreasa cuí. Léirítear comhlánú na bhfáltas úd a tuairiscíodh maidir le gach cuntas in Iascríbhinn A. (Fíor A3).

**4.14** Ba é €96 milliún iomlán na bhfáltas breise Státchiste taifeadta ag ranna agus ag oifigí Rialtais in 2012.

## Deontais-i-gCabhair

**4.15** Chomh maith leis na gnáthsheirbhísí a riarann roinn nó oifig rialtais go díreach a chlúdach, d'fhéadfaí riar airgeadais do ghníomhaíocht nó do sheirbhís áirithe a sholáthraíonn comhlacht sheachtrach a chlúdach freisin i vóta. Is féidir an riar airgeadais seo a bheith mar dheontas nó mar dheontas-i-gcabhair don chomhlacht.

4.16 Bíonn deontais faoi réir na srianta a bheadh de ghnáth ar aon íocaíochtaí faoi fhotheideal agus aon iarmhéid nach gcaitear ag deireadh na bliana bíonn sé dlite dona ghéilleadh. Tá deontas-i-gcabhair difriúil ó aon deontais vótáilte eile sa mhéid is nach mbíonn aon iarmhéid ó na suimeanna vótáilte a fhágtar gan chaitheamh ag deireadh na bliana dlite le géilleadh don Státchiste.

4.17 In 2012, b'ionann agus €2.3 billiún na saincheisteanna iomlána faoi na fotheidil deontas-i-gcabhair. Dearbhaíonn Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí nach féidir leis an tsuim iomlán a íocadh ar bhonn deontas-i-gcabhair an tsuim a sainíodh sa mheastachán a shárú, agus ní féidir coigilteas ar fhotheidil eile a úsáid le suim an deontais-i-gcabhair a mhéadú. I ngach cás b'ionann an tsuim a íocadh ar bhonn deontas-i-gcabhair, nó ba lú é, ná suim an tsoláthair don fhotheideal a cheadaigh Dáil Éireann.

## Ciste Teagmhais

4.18 Is ciste neamhreachtúil é an Ciste Teagmhais a úsáidtear le deontas-i-gcabhair a riaradh a vótáladh den chéad uair i 1923. Tá an Ciste ar fáil le caiteachas gan choinne nó práinneach a ghlanadh nach bhfuil clúdaithe ag na gnáthvótaí agus go bhféadfadh go mbeadh sé dodhéanta ceadú láithreach Dháil Éireann a lorg ina leith e.g. i rith sosa. Le comhaontú an Choiste um Chuntais Phoiblí, tá úsáid an Chiste Teagmhais coiscthe nuair ata an Dáil ina suí, nó do sheirbhísí nua a mbaineann conspóid leo.

4.19 Tá an Ciste á bhainistiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Teastaíonn údarú Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne, le comhaontú roimh ré an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, leis an airgead atá sa Chiste a úsáid. Feidhmíonn an Ciste mar chuntas taisce a choinnítear in Oifig an Phámháistir Ghinearálta.

4.20 Is é an gnás go ndéantar gach íocaíocht ón gCiste a aisíoc ina dhiaidh sin

- ar bhonn vóta nua nó breise más do sheirbhís iomlán nua an réamhíocaíocht
- ar bhonn meastacháin fhorlíontaigh má bhaineann an tseirbhís le vóta atá ann cheana
- nó ón Lárchiste – a dteastaíonn reachtaíocht ar leith uaidh.

4.21 Déantar athbhreithniú ar mhéid an Chiste gach cúig bliana. Tar éis athbhreithnithe i 2009 socraíodh go bhfanfadh an Ciste ag €1.2 milliún. Beidh an chéad athbhreithniú eile ann i 2014.

4.22 Toisc go bhfuil an Ciste Teagmhais neamhreachtúil, níl aon fhoráil fhoirmiúil chun cuntas a chur i láthair Dháil Éireann ina leith. Chun aghaidh a thabhairt air seo is é an cleachtadh a bhí ann ná an Ciste Teagmhais a chur san áireamh mar iarscríbhinn le méid na gcuntas leithreasa don bhliain ábhartha.

**Moladh 4.1:** Ag cur luach íseal an mhéid a choinnítear sa Chiste Teagmhais san áireamh, moltar, le héifeacht ó 2013, go gcuirtear cuntas an Chiste i láthair mar nóta leis an gcuntas leithreasa de Vóta 11 Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Aontaithe.

## Saincheisteanna Suntasacha ag éirí as Iniúchadh

**4.23** Sna codanna seo a leanas, tá aird á tharraingt ar roinnt saincheisteanna a eascraíonn as iniúchadh na gcuntas leithreasa. Déileáiltear ar leithhligh le cúrsaí eile a eascraíonn as na hiniúchtaí, a dteastaíonn cur i láthair níos leithne ar na fíricí uathu, i dtuarascálacha aonair.

## Íocaíocht Tuarastail Dhúblach ag an bPríomh-Oifig Staidrimh

**4.24** Is féidir go dtarlaíonn aistriúchán sealadach nó tabhairt ar iasacht foirne idir eagraíochtaí státseirbhíse agus seirbhíse poiblí ar chúiseanna éagsúla, mar shampla chun aghaidh a thabhairt ar éilimh shealadacha nó eisceachtúla ar ranna, nó ar bhainistiú níos fearr barrachas acmhainne. Ina theannta, féadfaidh socruithe dá leithéid an buntáiste a bheith acu foghlaim ar fud na seirbhíse poiblí a leathnú do na daoine aonair atá i gceist. Leagtar na socruithe d'aistriúcháin nó d'iasachtaí dá leithéid amach i gcomhfhreagras idir na ranna ábhartha de ghnáth.

**4.25** Tugadh oifigeach de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) ar iasacht do Roinn eile i 2004 do thréimhse bliana ar dtús. Mar chuid den socrú d'fhan an t-oifigeach ar phárolla an CSO agus ní raibh an tuarastal le cúiteamh ón Roinn.

**4.26** In Eanáir 2006, d'aistrigh an t-oifigeach go foirmiúil chuig an Roinn. Chuir an CSO an t-eolas pearsanra agus an tuarastal ábhartha chuig an Roinn agus shocraigh an dá eagraíocht dáta óna n-íocfadh an Roinn an duine. Chuir an Roinn a bhí i gceist tús leis an íocaíocht ar an dáta a bhí ceaptha.

**4.27** Ainneoin an chomhaontaithe shoiléir, lean an CSO ag íoc tuarastal an oifigigh go dtí 2012, de bharr roinnt earráidí riaracháin inmheánacha.

- Eisíodh treoracha neamhleor chuig an Aonad Párolla sa CSO le híocaíocht an tuarastail a stopadh.
- Féadfaidh státseirbhísigh incrimintí ar a dtuarastail a fháil ag teacht leis an scála pá don ghrád atá i gceist, faoi réir ag faomhadh bainisteoirí a chaithfidh cúinsí mar fheidhmíocht agus saoire tinnis a mheas. I gcás an oifigigh ar iasacht, d'íoc córas párolla an CSO na hincrimintí go huathoibríoch gan chead ón Aonad Pearsanra.
- Léiríonn taifid an CSO gur scríobh an t-oifigeach i Samhain 2007 ag cur in iúl don CSO go raibh siad ag íoc an tuarastail i gcónaí ainneoin go raibh an t-oifigeach fostaithe anois ag an Roinn. Ainneoin fógra ón oifigeach níor thug an CSO aghaidh ar an gceist.
- I Samhain 2011, mar chuid de chleachtadh a rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, iarraidh ar ranna eolas párolla a chur ar fáil. I rith an chleachtaidh seo aithníodh go raibh an t-oifigeach ar dhá phárolla. Ghlac an CSO leis ansin, go hearráideach, go raibh an íocaíocht leanúnach ceart.

**4.28** I nDeireadh Fómhair 2012, scríobh an t-oifigeach chuig an CSO arís á cur ar an eolas faoin earráid agus chuir seic ar €120,000 isteach. Thug an t-oifigeach le fios go ndéanfaí aon iarmhéid gan réiteach den ró-íocaíocht tuarastail a aisíoc.

**4.29** Ag an bpointe sin d'admhaigh Aonad Pearsanra an CSO go bhfuarthas an litir, chuir deireadh leis an íocaíocht tuarastail agus ríomh gurb ionann na ró-íocaíochtaí comhiomlána don oifigeach agus thart ar €297,000. Tar éis cáin, árachas sóisialta agus ranníocaíochtaí poiblí eile a chur san áireamh b'ionann an méid glan a ró-íocadh leis an oifigeach agus €206,000. Go dtí seo íocadh breis agus €201,000 den ró-íocaíocht ghlan don oifigeach ar ais agus tá an CSO ag iarraidh an €4,800 atá fanta a aisghabháil. Tá an CSO tar éis caidreamh a bheith aici leis na Coimisinéirí Ioncaim agus le comhlachtaí poiblí eile i leith na n-asbhaintí párolla eile.

### *Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta*

**4.30** D'admhaigh Oifigeach Cuntasaíochta an CSO toisc gur lean an íocaíocht tuarastail dhúblach ar aghaidh ar feadh roinnt bliana go léiríonn sé seo nach raibh a nósanna imeachta leordhóthanach. Tá na nithe seo a leanas déanta aige leis an scéal a chur ina cheart

- rinneadh imscrúdú ar gach sannachán seachtrach ón CSO le deimhniú go bhfuil na socruithe pá ceart
- cuireadh prótacail níos láidre i bhfeidhm idir an tAonad Pearsanra agus an tAonad Párolla, lena n-áirítear rianú agus daingniú treoracha párolla
- déantar cros-seiceálacha go rialta ar liostaí foirne idir an tAonad Pearsanra agus an tAonad Párolla
- íoctar foirne atá ar iasacht anois go díreach ón eagraíocht lena sanntar iad agus ní ón CSO.

Dheimhnigh sé go gcreideann sé go gcuirfidh na nithe seo cosc le haon íocaíocht dhúbailte chomh mór leis seo arís agus má éiríonn aon neamhréireacht, go mbraithfear iad go luath.

### *Conclúid*

**4.31** Cé gur íocaíocht tuarastail dhúbailte a d'eascair as roinn earráidí riaracháin inmheánacha an phríomhcheist a bhfuil aghaidh tugtha uirthi anseo, ba ghné den chás gur thabhaigh an CSO costais phárolla d'acmhainn foirne ar bhain eagraíocht eile úsáid aisti. Féadfaidh cúiseanna bailí a bheith ann i gcás go leanann a roinn ag íoc ball foirne agus é nó í ag obair go seachtrach. I gcúinsí dá leithéid ba chóir do ranna athbhreithniú rialta a dhéanamh ar shocruithe dá leithéid agus na buntáistí don eagraíocht agus don duine aonair a mheas.

## Trealamh Vótála Leictreonach

**4.32** Sa tréimhse 2001 go 2004, ceannaíodh meaisíní vótála leictreonacha agus trealamh gaolmhar le saol úsáideach ionchasach 20 bliain ar chostas €41.98 milliún.[1]

**4.33** Úsáideadh an trealamh vótála ar bhonn píolótach i rith 2002, san Olltoghchán agus sa dara Reifreann ar Chonradh Nice. Níor úsáideadh an trealamh sna toghcháin áitiúla agus Eorpacha i 2004 nó ina dhiaidh sin, tar éis imní a léirigh an Coimisiún um Vótáil Leictreonach.

**4.34** In Aibreán 2009, d'fhógair an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil cinneadh Rialtais gan dul ar aghaidh le feidhmiú vótála leictreonaí in Éirinn. Bunaíodh Tascfhórsa Idir-rannach le maoirseacht a dhéanamh ar dhiúscairt an trealaimh agus ar dheireadh a chur le socruithe stórála.

1 Thug Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 2003 tuairisc faoi na costais seo.

**4.35** Tugadh comórtas tairisceana oscailte ar fud an AE do dhíol agus/nó soláthar seirbhísí téarnaimh do threalamh comhairimh agus vótála leictreonaí, chun críche i Márta 2012. Fuarthas seacht dtairiscint, nár mhol aon cheann acu ath-úsáid an trealaimh mar chóras vótála leictreonaí. D'íoc an tairgeoir rathúil, a ceapadh i Meitheamh 2012, €69,403 leis an Roinn don trealamh.

**4.36** Sa tréimhse 2001 go Bealtaine 2013, caitheadh iomlán €54.99 milliún ar cheannach, ar stóráil agus ar chostais ghaolmhara an trealaimh vótála leictreonaí. Áiríodh sa chaiteachas

- €41.98 milliún do cheannach na meaisíní vótála agus an trealaimh choimhdigh mar thralaithe agus cásanna
- €1.38 milliún ar chostais chrua-earraí breise do threalamh mar mhodúil do na meaisíní vótála
- €2.91 milliún chun cuid de na meaisíní vótála a iarfheistiú[1]
- €2.58 milliún d'fheachtas feasachta
- €2.50 milliún i gcostais eile mar bhogearraí, costais tástála agus oiliúna
- €3.64 milliún i gcostais stórála, a d'íoc an Lárchiste, don tréimhse 2004 go 2012.

**4.37** Roimh 2007, bhí an trealamh stóráilte i 25 ionad. In 2007, aistríodh an trealamh ó dhá cheann déag de na hionaid seo go dtí áis lárnach i gCampa Rinn Mhic Gormáin de chuid an Airm. Is é seo a leanas stádas reatha na dtrí ionad déag eile

- ba leis an Stát nó ba réadmhaoin gan cíos iad trí ionad gan aon chostais bainteach le foirceannadh léasa
- úsáidtear cúig ionad anois le trealamh vótála láimhe a stóráil mar bhoscaí ballóide
- foirceannadh ceithre léas gan aon chostas breise
- tá foirceannadh léasa amháin faoi chaibidil i gcónaí.

**4.38** Is léas 25 bliain do €16,800 in aghaidh na bliana an léas nár foirceannadh go fóill. Go dtí seo rinneadh íocaíocht de €158,256 ón Lárchiste faoin léas seo. Tá an réadmhaoin folamh agus níl aon chíos á íoc faoi láthair. Ceadóidh clásáil scoir sa chonradh d'fhoirceannadh an léasa. Tá an Ceann Comhairimh i mbun an phróisis leis an gcaibidlíocht leis an tiarna talún a thabhairt chun críche.

## Maoiniú d'Oiliúint FÁS agus do Thacaíochtaí Lánpháirtíochta

**4.39** Bhí an fhreagracht ar an Roinn Oideachais agus Scileanna (an Roinn) as an Ciste Náisiúnta Oiliúna a riaradh. Is ciste reachtúil é seo a bunaíodh i 2000 chun tacú le hoiliúint oibrithe agus iad siúd a bhí ag lorg oibre. Tagann na fáltais isteach sa Chiste go príomha ó thobhach ar fhostóirí bainteach le pá catagóirí áirithe oibrithe. In 2012, fuair FÁS maoiniú de €297 milliún ón gCiste le tacú lena chláir oiliúna.

**4.40** Cuireann an Roinn maoiniú deontais bliantúil ar fáil freisin ó Vóta 26 Oideachas agus Scileanna do chostais riaracháin FÁS, agus dá ghníomhaíochta tacaíochta oiliúna agus lánpháirtíochta. In 2012, cuireadh €23.057 milliún in iomlán ar fáil faoin bhfotheideal G.2 do dheontais tacaíochta oiliúna agus comhpháirtíochta de chuid FÁS.

1 Aithníodh an gá le mionathruithe fisiciúla ar thart ar 1,000 meaisín vótála, lena n-áirítear athsholáthar scáileáin, i staidéar píolótach le linn Olltoghcháin 2002.

**4.41** Ní cuid den chaiteachas vótáilte é an Ciste, ach áirítear ráiteas fáltas agus caiteachas Ciste réamh-mheasta mar iarscríbhinn leis an meastachán foilsithe do Vóta 26. Faoin Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas (Nollaig 2011), cuimsíonn an uasteorainn caiteachais fhoriomláin don Roinn do 2012 an leithdháileadh caiteachais vótáilte agus leithdháileadh caiteachais an Chiste araon.

**4.42** Déanann an Roinn monatóireacht ar a buiséad ar bhonn míosúil. I rith 2012, d'aithin an Roinn rioscaí suntasacha go sáródh caiteachas ar chuid de na fotheidil Vóta na meastacháin, agus rinne sí iarracht réimsí a aithint ina bhféadfaí fritháireamh a dhéanamh ar choigilteas le barrachas ionchasach caiteachais Vótáilte a sheachaint. Ar cheann de na bearta coigiltis a aithníodh bhí caiteachas faoi fhotheideal G.2 a fhionraí agus an maoiniú riachtanach do FÁS a eisiúint ón gCiste ina áit. Cuireadh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar an eolas faoin mbeart molta seo i gcomhthéacs tuairisceán míosúla an phróisis chaiteachais agus aontaíodh ó bhéal é leis an Roinn. Mheas an Roinn gur eisigh sí €9.088 milliún in iomlán ón gCiste i leith caiteachais phleanáilte ón Vóta.

**4.43** Ina dhiaidh sin mhaolaigh na brúnna buiséadacha ar an Vóta. Faoi dheireadh 2012, bhí coinne le barrachas ar an Vóta. D'aistrigh an Roinn €9.088 milliún ón Vóta go dtí an Ciste chun é a aisíoc don chaiteachas breise a tabhaíodh. Cuireadh é seo de mhuirear ar fhotheideal G.2. Íocadh an chuid den mhuirear a bhí fanta ar an bhfotheideal (€11.512 milliún) go díreach le FÁS.

**4.44** Fágann cómhaoiniú oiliúint FÁS ag an Vóta agus ag an gCiste, agus leagan síos uasteorainn chaiteachais don dá chuntas, gur cuntas singil amháin iad i ndáiríre chun críocha bainistithe buiséid. Toisc go gcoinnítear cuntas ar leithligh ar an Vóta agus ar an gCiste, ba chóir idirbhearta idirchuntais a nochtadh go soiléir sa dá chuntas. Dheimhnigh an tOifigeach Cuntasaíochta go ndéanfadh sé é seo feasta.

**4.45** D'fhéadfaí trédhearcacht níos fearr ar chostais seirbhísí poiblí a bhaint amach freisin dá ndéanfaí íocaíochtaí i leith seirbhísí ar leith a eisiúint as cuntas aonair amháin. Más gá, d'fheadfaí tacaíocht Státchiste do ghníomhaíochtaí seirbhíse nach bhfuil maoinithe ag an Státchiste a bhaint amach trí íocaíocht deontais a vótáil don chiste chuí i áit íocaíochtaí comhthreomhara a eisiúint.

## Réamhíocaíocht Síntiúis chuig na Náisiúin Aontaithe

**4.46** Ceanglaíonn Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí nár chóir íocaíochtaí a chuirtear de mhuirear ar chuntais leithreasa a dhéanamh ach nuair a bhíonn dliteanas aibithe chun íocaíochta. Tá an prionsabal seo ceaptha a chinntiú go gcuireann na cuntais seo íocaíochtaí i láthair i gceart atá tagtha chun bheith iníoctha sa bhliain chuntasaíochta.

**4.47** Mar chomhalta de chuid na Náisiún Aontaithe (UN), tá ar Éirinn síntiús bliantúil a íoc. Feidhmítear síntiúis na mballstát mar chuid de ghnáthbhuiséad an UN don fhoireann agus d'fhoirgnimh ag a cheannáras agus a rúnaíochtaí ar fud an domhain.

**4.48** Íoctar síntiús bliantúil UN na hÉireann as Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil. Is muirear é ar fhotheideal D.3 Ranníocaíochtaí d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta. Is muirear ar an bhfotheideal ranníocaíochtaí eile leis an UN, mar ranníocaíochtaí d'oibríochtaí coimeádta na síochána de chuid an UN. Ba é €41.4 milliún an soláthar measta don fhotheideal in 2012. Ba é €39.9 milliún an táirgeacht don bhliain.

**4.49** B'ionann síntiús an UN do 2012 agus €9.1 milliún agus íocadh é in Eanáir 2012.

**4.50** B'ionann íocaíocht na hÉireann do mhaoiniú misean coimeádta na síochána in 2012 agus €15.1 milliún. Baineann timthriall neamhghnách trí bliana le maoiniú misean coimeádta na síochána, le trí thráinse ranníocaíochta a chlúdaíonn sé mhí, 18 mí agus 12 mí den tréimhse trí bliana. Bhí íocaíocht na hÉireann in 2012 níos ísle ná mar a measadh toisc go raibh íocaíocht sé mhí riachtanach seachas an íocaíocht 12 mí a beartaíodh sa bhuiséad.

**4.51** Fuair an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála sonrasc ón UN ar 27 Nollaig 2012 le haghaidh íocaíochta de $10.65 milliún, so shíntiús na hÉireann do 2013. Shonraigh an sonrasc téarmaí íocaíochta 30 lá. Rinneadh íocaíocht iomlán de €8.13 milliún ar 31 Nollaig 2012 cé go ndeir Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí gur chóir do ranna an buntáiste is mó is féidir a bhaint as téarmaí creidmheasa agus íocaíochtaí á ndéanamh.

**4.52** Bheadh an méid a bhí le géilleadh ón Vóta go dtí an Státchiste ag deireadh 2012 níos mó de €8.13 milliún, mura mbeadh an íocaíocht síntiúis do 2013 déanta.

**4.53** Mhínigh Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne a leanas

- Tá síntiúis bhuiséadacha an UN éigeantach.
- Measadh gur léirigh an sonrasc a fuarthas dliteanas aibithe an Stáit.
- Bíonn íocaíochtaí ainmnithe i ndollair na Stát Aontaithe agus measadh go raibh an ráta malartaithe reatha ag an tráth sin sách fabhrach agus baol ionchasach luaineachta méadaithe ann.
- Bhí go leor maoinithe sa bhfotheideal de bharr an chaiteachais mheasta níos ísle ar ranníocaíochtaí coimeádta na síochána.
- Tá sé an-deacair soláthar cruinn a dhéanamh do ranníocaíochtaí éigeantacha an UN mar gur féidir leo seo luainiú go mór ó bhliain go bliain de bharr riachtanais an UN agus athruithe sa ráta malartaithe agus i ráta ranníocaíochta na hÉireann. Dá réir, ní bhíonn réamh-mheastacháin chruinne an éilimh ar fáil rómhinic nuair a bhíonn meastachán bliantúil na Roinne á chur le chéile.
- Is tacadóir láidir de chuid an UN í Éire agus leagann sí tábhacht ard pholaitiúil ar a ranníocaíochtaí don eagraíocht a íoc in iomlán agus in am. Cuireadh imní sainráite Rúnaí Ginearálta an UN san áireamh freisin faoi leochaileacht leantach staid airgeadais an UN agus don achainí sa sonrasc do bhallstáit íocaíochtaí a dhéanamh go práinneach.

## Iarscríbhinn A Toradh Airgeadais Vótaí

Soláthraíonn Dáil Éireann airgead do ghnáthsheirbhísí ranna agus oifigí Rialtais trí mheastacháin a cheadú ar na suimeanna atá ag teastáil do na seirbhísí sin le linn gach bliana, agus trí éifeacht reachtúil a thabhairt do na meastacháin sin san Acht Leithreasa bliantúil. Foráiltear don chaiteachas faoi shraith 'vótaí'. De réir an dlí, ní mór cuntas leithreasa a tháirgeadh le haghaidh gach vóta. Ní mór don chuntas sonraí a sholáthar ar an táirgeacht don bhliain in aghaidh an mhéid atá soláthraithe ag Dáil Éireann.

Soláthraítear i bhFíor A1 achoimre ar an táirgeacht ar chaiteachas agus ar fháltais i gcoibhneas leis na suimeanna a leithreasaíodh do sheirbhísí poiblí in 2012.

Taispeántar i bhFíor A2 an dóigh ar cuireadh leithreasuithe barrachais i bhfeidhm in 2012 - trí iarchur caiteachais go 2011, nó trí ghéilleadh don Státchiste.

Taispeántar i bhFíor A3 fáltais Bhreise Státchiste ionchasacha agus réadaithe.

Tá mínithe ar roinnt de na téarmaí atá úsáidte tugtha sna táblaí thíos.

| | |
|---|---|
| **Deontas Soláthair** | An t-airgead a dheonaíonn (nó a vótálann) Dáil Éireann do gach ceann de na seirbhísí poiblí. |
| **Iarchurtha ó 2011** | Méideanna airgid chaipitil nár caitheadh in 2011 agus a tugadh anonn do chaiteachas ar sheirbhísí caipitil in 2012.  Cheadaigh Dáil Éireann tabhairt anonn na méideanna seo san Acht Leithreasa 2011. |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | Fáltais roinne a fhéadfar a choinneáil, le toiliú Dháil Éireann, le costais an Vóta dá dtagraítear a ghlanadh. |
| **Iomlán na leithreasaí** | Suim den deontas soláthair, airgead caipitil iarchurtha 2011(más ann dó) agus leithreasaí-i-gcabhair. |
| **Barrachas don bhliain** | Barrachas iomlán na leithreasaí ó Dháil Éireann sa bhreis ar an ollchaiteachas in éineacht leis an mbarrachas ar leithreasaí-i-gcabhair. Tá an barrachas don bhliain dlite le géilleadh don Státchiste. |
| **Géilleadh iarchurtha** | Méid an airgid chaipitil nár caitheadh in 2012 a tugadh anonn do chaiteachas i 2013. Cheadaigh Dáil Éireann tabhairt anonn na suimeanna seo san Acht Leithreasa 2012. |
| **Barrachas le géilleadh** | Méid an airgid a leithreasaíodh in 2012 ach nár caitheadh sa bhliain nó a iarchuireadh go 2013, agus mar sin ar ghá a ghéilleadh don Státchiste. |
| **Fáltais bhreise Státchiste** | Fáltais roinne nach leithreasaí-i-gcabhair iad, ach a íoctar go díreach isteach sa Státchiste. I gcásanna áirithe, ina bhfuil na fáltais athfhillteach, bíonn meastachán den tsuim a meastar a ghabhfar san áireamh sa mheastachán don vóta. |

**Fíor A1 Achoimre ar Leithreasaí do Sheirbhísí Poiblí in 2012, de réir Vóta**

| Vóta | Seirbhís CAG | An Méid leithreasaithe | | | | Toradh | | | Barrachas/easnamh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Deontais soláthair | Iarchur-tha ó 2011 | Leithreasaí-i-gcabhair | Iomlán | Ollchaiteachas | Leithreasaí-i-gcabhair | Caiteachas glan | Ollbharrachas | Farasbarr (easnamh) i bhfáltais | Barrach-as glan don bhliain[a] |
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | 3,002 | — | 92 | 3,094 | 3,065 | 104 | 2,961 | 29 | 12 | 41 |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 23,627 | — | 912 | 24,539 | 22,362 | 881 | 21,481 | 2,177 | (31) | 2,146 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 14,997 | — | 788 | 15,785 | 14,271 | 820 | 13,451 | 1,514 | 32 | 1,546 |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | 43,502 | — | 1,900 | 45,402 | 41,223 | 3,633 | 37,590 | 4,179 | 1,733 | 5,912 |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 39,553 | — | 975 | 40,528 | 39,890 | 1,043 | 38,847 | 638 | 68 | 706 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 32,952 | — | 1,860 | 34,812 | 30,679 | 1,876 | 28,803 | 4,133 | 16 | 4,149 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 32,082 | — | 1,254 | 33,336 | 26,195 | 1,564 | 24,631 | 7,141 | 310 | 7,451 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 6,591 | — | 5,875 | 12,466 | 10,920 | 5,897 | 5,023 | 1,546 | 22 | 1,568 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 311,978 | — | 70,167 | 382,145 | 381,474 | 73,347 | 308,127 | 671 | 3,180 | 3,851 |
| 10 | Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc | 477 | — | 32 | 509 | 478 | 33 | 445 | 31 | 1 | 32 |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 41,731 | — | 5,274 | 47,005 | 42,603 | 5,461 | 37,142 | 4,402 | 187 | 4,589 |
| 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 443,275 | — | 82,100 | 525,375 | 520,454 | 87,944 | 432,510 | 4,921 | 5,844 | 10,765 |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 358,693 | 8,000 | 26,231 | 392,924 | 392,670 | 26,384 | 366,286 | 254 | 152 | 406 |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | 8,396 | — | 605 | 9,001 | 8,305 | 797 | 7,508 | 696 | 192 | 888 |
| 15 | An tSeirbhís Shicréideach | 1,000 | — | — | 1,000 | 515 | — | 515 | 485 | — | 485 |
| 16 | An Oifig Luachála | 8,548 | — | 2,174 | 10,722 | 8,885 | 1,254 | 7,631 | 1,837 | (920) | 917 |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 6,626 | — | 254 | 6,880 | 6,699 | 370 | 6,329 | 181 | 116 | 297 |
| 18 | An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí | 784 | — | 30 | 814 | 502 | 28 | 474 | 312 | (2) | 310 |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 6,715 | — | 380 | 7,095 | 6,256 | 360 | 5,896 | 839 | (20) | 819 |
| 20 | An Garda Síochána | 1,334,042 | — | 133,641 | 1,467,683 | 1,465,889 | 133,386 | 1,332,503 | 1,794 | (255) | 1,539 |

| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 21 | Na Príosúin | 317,815 | — | 18,348 | 336,163 | 334,573 | 17,768 | 316,805 | 1,590 | (580) | 1,010 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 59,775 | — | 48,315 | 108,090 | 107,697 | 48,541 | 59,156 | 393 | 226 | 619 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 32,661 | — | 1,169 | 33,830 | 32,280 | 1,313 | 30,967 | 1,550 | 144 | 1,694 |
| 24 | Dlí, Ceart agus Comhionannas | 331,220 | 460 | 46,639 | 378,319 | 357,113 | 51,974 | 305,139 | 21,206 | 5,335 | 26,541 |
| 25 | Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil | 1,273,624 | 34,000 | 62,490 | 1,370,114 | 1,252,426 | 70,658 | 1,181,768 | 117,688 | 8,168 | 125,856 |
| 26 | Oideachas agus Scileanna | 8,062,710 | — | 608,933 | 8,671,643 | 8,603,567 | 580,513 | 8,023,054 | 68,076 | (28,420) | 39,656 |
| 27 | Comhoibriú Idirnáisiúnta | 512,877 | — | 1,153 | 514,030 | 508,721 | 1,419 | 507,302 | 5,309 | 266 | 5,575 |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil | 181,783 | 370 | 44,048 | 226,201 | 208,141 | 47,734 | 160,407 | 18,060 | 3,686 | 21,746 |
| 29 | Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha | 193,734 | 15,800 | 243,676 | 453,210 | 405,562 | 237,320 | 168,242 | 47,648 | (6,356) | 41,292 |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus an Mhuir | 942,302 | 26,900 | 369,632 | 1,338,834 | 1,318,013 | 378,256 | 939,757 | 20,821 | 8,624 | 29,445 |
| 31 | Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 1,595,378 | 8,700 | 449,808 | 2,053,886 | 2,050,481 | 450,541 | 1,599,940 | 3,405 | 734 | 4,139 |
| 32 | Poist, Fiontar agus Nuálaíocht | 828,283 | 18,125 | 53,772 | 900,180 | 850,886 | 50,342 | 800,544 | 49,294 | (3,430) | 45,864 |
| 33 | Ealaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht | 263,772 | — | 4,679 | 268,451 | 265,783 | 5,938 | 259,845 | 2,668 | 1,259 | 3,927 |
| 34 | An Dánlann Náisiúnta | 8,335 | — | 253 | 8,588 | 8,446 | 307 | 8,139 | 142 | 54 | 196 |
| 35 | Armphinsin | 237,914 | — | 6,000 | 243,914 | 243,849 | 5,940 | 237,909 | 65 | (60) | 5 |
| 36 | Cosaint | 647,020 | 500 | 40,925 | 688,445 | 657,141 | 46,140 | 611,001 | 31,304 | 5,215 | 36,519 |
| 37 | Coimirce Shóisialach | 14,082,935 | — | 235,464 | 14,318,399 | 14,126,589 | 244,824 | 13,881,765 | 191,810 | 9,360 | 201,170 |
| 38 | Sláinte | 324,380 | 1,500 | 3,916 | 329,796 | 244,498 | 5,088 | 239,410 | 85,298 | 1,172 | 86,470 |
| 39 | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 12,520,933 | — | 1,513,522 | 14,034,455 | 13,987,444 | 1,489,345 | 12,498,099 | 47,011 | (24,177) | 22,834 |
| 40 | Gnóthaí Leanaí agus Óige | 414,757 | — | 12,223 | 426,980 | 422,366 | 12,387 | 409,979 | 4,614 | 164 | 4,778 |
| | **Iomlán** | **45,550,779** | **114,355** | **4,099,509** | **49,764,643** | **49,008,911** | **4,091,530** | **44,917,381** | **755,732** | **(7,979)** | **747,753** |

Nóta: a Cuimsíonn an barrachas glan farasbarr na leithreasaí iomlán ag Dáil Éireann thar an t-ollchaiteachas mar aon leis an mbarrachas ar leithreasaí-i-gcabhair. Slánú is cúis le haon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin.

**Fíor A2 Feidhmiú Leithreasaí Barrachais 2012, de réir Vóta**

| Vóta | Seirbhís | Barrach-as don bhliain | Géilleadh iarchurtha | Barrachas do ghéilleadh |
|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | 41 | — | 41 |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 2,146 | — | 2,146 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 1,546 | — | 1,546 |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | 5,912 | — | 5,912 |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 706 | — | 706 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 4,149 | — | 4,149 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 7,451 | — | 7,451 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 1,568 | — | 1,568 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Cánach | 3,851 | — | 3,851 |
| 10 | Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc | 32 | — | 32 |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 4,589 | — | 4,589 |
| 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 10,765 | — | 10,765 |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 406 | — | 406 |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | 888 | — | 888 |
| 15 | An tSeirbhís Shicréideach | 485 | — | 485 |
| 16 | An Oifig Luachála | 917 | — | 917 |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 297 | — | 297 |
| 18 | An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí | 310 | — | 310 |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 819 | — | 819 |
| 20 | An Garda Síochána | 1,539 | — | 1,539 |

**Fíor A3 Fáltais Bhreise Státchiste 2012, de réir Vóta**

| Vóta | Seirbhís | Fáltais bhreise measta | Fáltais bhreise réadaithe |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | — | — |
| 2 | Roinn an Taoisigh | — | — |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | — | — |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | — | — |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | — | 234 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | — | 14 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | — | 91 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | — | — |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Cánach | — | 2,912 |
| 10 | Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc | — | — |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | — | 29 |
| 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | — | — |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | — | 140 |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | — | — |
| 15 | An tSeirbhís Shicréideach | — | — |
| 16 | An Oifig Luachála | — | — |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | — | — |
| 18 | An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí | — | — |
| 19 | Oifig an Ombudsman | — | 3 |
| 20 | An Garda Síochána | 7,200 | 6,188 |

| | | €'000 | €'000 | €'000 |
|---|---|---|---|---|
| 21 | Na Príosúin | 1,010 | — | 1,010 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 619 | — | 619 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 1,694 | — | 1,694 |
| 24 | Dli, Ceart agus Comhionannas | 26,541 | 287 | 26,254 |
| 25 | Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil | 125,856 | 43,000 | 82,856 |
| 26 | Oideachas agus Scileanna | 39,656 | 19,000 | 20,656 |
| 27 | Comhoibriú Idirnáisiúnta | 5,575 | — | 5,575 |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil | 21,746 | 400 | 21,346 |
| 29 | Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha | 41,292 | 10,400 | 30,892 |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus an Mhuir | 29,445 | 6,000 | 23,445 |
| 31 | Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 4,139 | — | 4,139 |
| 32 | Poist, Fiontar agus Nuálaíocht | 45,864 | 25,000 | 20,864 |
| 33 | Ealaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht | 3,927 | 1,200 | 2,727 |
| 34 | An Dánlann Náisiúnta | 196 | — | 196 |
| 35 | Armphinsin | 5 | — | 5 |
| 36 | Cosaint | 36,519 | 900 | 35,619 |
| 37 | Coimirce Shóisialach | 201,170 | 1,050 | 200,120 |
| 38 | Sláinte | 86,470 | — | 86,470 |
| 39 | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 22,834 | — | 22,834 |
| 40 | Gnóthaí Leanaí agus Óige | 4,778 | — | 4,778 |
| | **Iomlán** | **747,753** | **107,237** | **640,516** |

| | | €'000 | €'000 |
|---|---|---|---|
| 21 | Na Príosúin | — | — |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 17,400 | 11,803 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 31,480 | 27,240 |
| 24 | Dlí, Ceart agus Comhionannas | — | 275 |
| 25 | Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil | — | 174 |
| 26 | Oideachas agus Scileanna | — | 1,824 |
| 27 | Comhoibriú Idirnáisiúnta | — | — |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil | — | 2,134 |
| 29 | Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha | — | 3,372 |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus an Mhuir | — | 3,904 |
| 31 | Iompar, Turasóireacht agus Spórt | — | 2,042 |
| 32 | Poist, Fiontar agus Nuálaíocht | 21,658 | 32,876 |
| 33 | Ealaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht | — | 21 |
| 34 | An Dánlann Náisiúnta | — | — |
| 35 | Armphinsin | — | — |
| 36 | Cosaint | — | — |
| 37 | Coimirce Shóisialach | — | 89 |
| 38 | Sláinte | — | 13 |
| 39 | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | — | — |
| 40 | Gnóthaí Leanaí agus Óige | — | 334 |
| | **Iomlán** | **77,738** | **95,712** |

# 5 Bainistiú Buiséid Vóta

**5.1** Déanann Dáil Éireann socrú chun airgead a eisiúint as Príomh-Chiste an Státchiste chun íoc as gnáthsheirbhísí ranna Rialtais[1]

- trí mheastacháin ar na méideanna is gá le haghaidh gach seirbhíse a cheadú
- tríd an méid a fhéadfar a tharraingt ón Státchiste a údarú san Acht Leithreasa bliantúil.

**5.2** Tar éis dheireadh gach bliana, ceanglaítear ar cheann gach roinne (dá ngairtear an tOifigeach Cuntasaíochta sa chomhthéacs seo) cuntas a ullmhú, ar a dtugtar an cuntas leithreasa, le haghaidh gach seirbhíse vótáilte a bhfuil freagracht air/uirthi aisti.De réir dlí, ní mór go ndéantar leis an gcuntas leithreasa mionsonraí a thaispeáint faoi tháirgeacht na bliana in aghaidh an mhéid a sholáthraíonn an Dáil. Taispeánann nacuntais méideanna airgid na n-íocaíochtaí agus na bhfáltas sa bhliain.

**5.3** Leagtar amach rialacha diana in *Public Financial Procedures* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar rialacha iad a bhfuil feidhm acu maidir le bainistiú caiteachais vótáilte. Go háirithe

- ní ceadmhach gur mó caiteachas foriomlán sa bhliain ná an méid a údaraítear san Acht Leithreasa
- dlitearaon chuid den mhéid atá gan chaitheamh ag deireadh na bliana a ghéilleadh ar ais don Státchiste
- ní ceadmhach do ranna cistí Státchiste a íocadh isteach i vóta a úsáid chun aon chríche seachas na críocha a shonraítear sa mheastachán.

## Fócas an Scrúdaithe seo

**5.4** Ba cheart go mbeidh na meastacháin ar chaiteachas a thíolactar don Dáil go luath sa bhliain in ionannas, go réasúnta cruinn, don mhéid a bhfuiltear ag súil leis go gcaithfear é ar gach seirbhís roinne. Oibríonn siad freisin, go bunúsach, mar theorainneacha airgid.


**5.5** Déantar athbhreithniú sa scrúdú seo ar thorthaí táirgeachta na vótaí don bhliain 2012 chun measúnú a dhéanamh ar cé chomh maith agus a rinneadh na vótaí a bhainistiú le hais na méideanna meastacháin a ceadaíodh.  Déantar measúnú ann freisin i dtaobh an dtaispeánann na cuntais mínithe leordhóthanacha ar a mhéid atá difear idir táirgeachtaí agus na méideanna a rinne an Dáil a leithroinnt.

1 Sa tuarascáil seo, folaíonn an téarma 'roinn' oifigí Rialtais láir, amhail na Coimisinéirí Ioncaim agus Oifig na nOibreacha Poiblí.

## Sraith Bhliantúil Caiteachais Vótáilte

**5.6** Leagtar amach i bhfíor 5.1 seicheamh agus uainiú phróiseas meastachán 2012. Leagtar amach tuilleadh mionsonraí faoi phróiseas na meastachán agus an chuntais leithreasa in*Public Financial Procedures.*

**Fíor 5.1 Sraith Meastachán 2012**



### Ceadú Buiséid

**5.7** Tíolactar na meastacháin ar chaiteachas faoi shraith 'vótaí', agus cumhdaíonn vóta amháin nó níos mó feidhmeanna gach roinne. Soláthraíonn an chéad chuid den mheastachán le haghaidh gach vóta (dá ngairtear an raon) cur síos achomair ar na seirbhísí atá le maoiniú. Déantar athrá ar an raon san Acht Leithreasa agus, mar sin, freagraíonn sé do na cuspóirí ar scaoil an Dáil cistí faoina gcomhair.

**5.8** Tíolactar meastacháin don Dáil agus leibhéil éagsúla mionsonraí iontu maidir leis an gcaoi a úsáidfear an t-airgead a iarrtar. Le haghaidh vótaí is mó, déantar pleananna caiteachais a leagan amach go ginearálta le haghaidh cláir aonair a fhreagraíonn do raon feidhme an vóta. Féadfar gach clár a mhiondealú, ina sheal, i roinnt fotheideal caiteachais, a bhaineann le réimsí amhail pá, scéimeanna deontais sonracha, clár infheistíochta caipitiúla, etc. Ina dhiaidh sin, ní mór an struchtúr cláir/fotheidil céanna a úsáid nuair atá an cuntas leithreasa le haghaidh gach vóta á ullmhú.

### Faireachán agus Coigeartú a dhéanamh ar Bhuiséad

**5.9** Ceanglaítear ar ranna faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar chaiteachas laistigh de na cláir agus na leithroinntí fotheidil arna gceadú ag an Dáil. Ceanglaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe próifíl ar chaiteachas de réir míosa a chur isteach i dteannta an mheastacháin. Déantar tuairisceáin mhíosúla ar chaiteachas iarbhír, lena n-áirítear mínithe ar athruithe ar an bpróifíl, a chur faoi bhráid na Roinne freisin, agus déanann an Roinn anailís ar phátrúin athruithe suntasacha ar mheastacháin bhunaidh. Ba cheart léiriú a chur ar fáil freisin sna tuairisceáin mhíosúla ar an ionchas don chuid eile den bhliain, lena n-áirítear gach breis agus coigilt is dóigh a bheidh ann. Má thosaíonn an caiteachas ag dul thar an bpróifíl, nó má tá an baol sin ann, ceanglaítear ar ranna gníomh a dhéanamh chun é a thabhairt ar ais de réir an mheastacháin cheadaithe.

**5.10** Nuair a cheadaíonn an Dáil meastachán vóta, déanann sí an méid sin ag an leibhéal comhiomlán. Ceadaítear scóip éigin do ranna chun leithroinntí a bhogadh idir cláir agus fotheidil, ach sin sa chás amháin go gcomhaontaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tugtar 'vírmint' ar an bpróiseas leithroinnte sin.

**5.11** Más gá coigeartuithe móra a dhéanamh ar na buiséid le haghaidh clár nó fotheideal de réir mar a leanann an bhliain ar aghaidh, ní mór ceadú foirmeálta a iarraidh ar an Dáil. Déantar an méid sin trí phróiseas na 'meastachán forlíontach'. Féadfar an próiseas sin a úsáid freisin, más gá, chun an teorainn airgid don vóta don bhliain a mhéadú. Pléitear mionsonraí faoi mheastacháin fhorlíontacha a iarrtar ag na coistí Dála iomchuí sula n-iarrtar ceadú ar an Dáil féin.


## Athraitheas Foriomlán an Bhuiséid, 2004 go 2012

**5.12** Freagraíonn an méid meastacháin bunaidh don réamhaisnéis ar an méid is gá faoi chomhair chostas na seirbhísí atá le soláthar ó gach vóta. Is é atá san athraitheas buiséid, mar sin, an difríocht idir an meastachán bunaidh ar ghlanchaiteachas agus an táirgeacht iarbhír i mbliain.[1] Leagtar amach i bhFíor 5.2 an t-athraitheas buiséid le haghaidh na vótaí uile le chéile, do na blianta 2004 go 2012.

1 Tá foráil reachtúil ann chun leithroinntí caipitil nár caitheadh a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad bhliain eile lena n-úsáid chun na críche céanna, le comhaontú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Sa tuarascáil seo, déileáiltear leis na méideanna sin a thugtar ar aghaidh mar chuid de bhuiséad bliantúil na Roinne.

**5.13** Idir 2004 agus 2007, bhí an glanchaiteachas vótáilte níos lú na an méid a measadh gach bliain. Le blianta beaga anuas, ní raibh aon phátrún seasmhach athraitheas ann, rud a léiríonn na dúshláin níos mó atá ann maidir le buiséadú le haghaidh seirbhísí poiblí tar éis na géarchéime baincéireachta. In 2008, 2010 agus 2012, bhí an glanchaiteachas níos mó ná mar a measadh.

**Fíor 5.2 Athraitheas glanchaiteachais le hais an bhuiséid bunaidh le haghaidh gach vóta, 2004 go 2012**





Foinse: Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Athraitheas Buiséid 2012 de réir Vóta

**5.14** Leagtar amach i bhFíor 5.3 an t-athraitheas comhréireach, le haghaidh gach vóta, idir caiteachas iarbhír agus an meastachán bunaidh in 2012.

- Bhí sé vóta ann inar mhó an táirgeacht glanchaiteachais ná an meastachán bunaidh. Bhí an céatadán is airde de róchaitheamh ag Arm-Phinsin le hais an bhuiséid bunaidh.
- Thabhaigh na 34 vóta eile glanchaiteachas ba lú ná an glanchaiteachas sin a measadh sna meastacháin athbhreithnithe.

**Fíor 5.3 Athraitheas glanchaiteachais de réir vóta, mar chion den bhuiséad bunaidh, 2012**




Foinse: Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Mórathraithis buiséid 2012 de réir Fotheidil

**5.15** Bhí 24 fotheideal caiteachais ann thar aon vóta dhéag ina raibh an t-athraitheas idir an meastachán bunaidh ar chaiteachas agus an táirgeacht níos mó ná €10 milliún agus inarb ionann é agus 10% nó níos mó den mheastachán bunaidh. Bhí na fáltais éagsúil go suntasach leis an meastachán i roinnt cásanna. Tugtar sracléiriú ar na mórathraithis fotheidil in Iarscríbhinn A, mar aon leis na mínithe ar na hathraithis sin a sholáthair na hOifigigh Cuntasaíochta iomchuí.[1]

**5.16** Is iad seo a leanas na príomhchúiseanna a bhí le mórathraithis

- tearcmheastachán nó rómheastachán ar an leibhéal éilimh ar scéimeanna agus ar chláir
- méaduithe ar phraghsanna i gcás scéim na Roinne Coimirce Sóisialaí ar a dtugtar Beart Sochar Teaghlaigh
- dul chun cinn is moille ná mar a measadh ar thionscadail chaipitiúla, mar shampla, ar an gClár Infheistíochta Seirbhísí Uisce sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- riaráiste éileamh ar an bhForlíonadh ar Ioncam Teaghlaigh a ghlanadh sa Roinn Coimirce Sóisialaí
- éiginnteacht maidir le leibhéal agus uainiú fáltas i gcás fháltais Chiste Sóisialach na hEorpa agus fháltais Chiste Coigeartaithe Forchríochaithe na hEorpa sa Roinn Oideachais agus Scileanna.

**5.17** I gcás vóta an Gharda Síochána, ní dhearnadh foráil sa mheastachán le haghaidh caiteachas ar chonradh ceamaraí luais GoSafe, ar an mbonn go maoinítear an costas trí fháltais ó fhíneálacha. Déantar meastachán forlíontach teicniúil a cheadú gach bliain lena ndéantar foráil le haghaidh an chaiteachais agus na bhfáltas.[2]

**5.18** Thug Oifigigh Cuntasaíochta roinnt Ranna le fios gurb amhlaidh, i roinnt cásanna, go ndéantar an caitheamh breise ar fhotheidil a fhritháireamh trí choigiltis i bhfotheidil nó i vótaí eile. Mar shampla.

- Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh vóta na nArm-Phinsean go ndéantar an róchaitheamh €30 milliún i sochair scoir a fhritháireamh trí thearc-chaitheamh gaolmhar ar phá sa vóta Cosanta.
- Luaigh Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Coimirce Sóisialaí gur eascair tearc-chaitheamh ar an scéim socrúcháin oibre, Tús agus ar an scéim NáisiúntaIntéirneachta, mar gheall ar éileamh níos lú ón sprioc-ghrúpa (éilitheoirí ar liúntas cuardaitheora poist) agus, mar thoradh air sin, go raibh róchaitheamh gaolmhar ann in aghaidh an mheastacháin bunaidh ar an scéim liúntais cuardaitheora poist.

1 Déantar breithniú ar leithligh ar athraithis ar vóta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i gCaibidil 21.

2Féach Caibidil 8 ina dtugtar tuileadh faisnéise i ndáil le hoibriú an chonartha sin.

## Meastacháin Fhorlíontacha 2008 go 2012

**5.19** Tugtar liosta i bhFíor 5.4 Fíor 5.4de na 20 vóta a chuaigh ar iontaoibh meastachán forlíontach idir 2008 agus 2012. In 2012, bhí meastacháin fhorlíontacha ann le haghaidh naoi vóta.

**Fíor 5.4 Vótaí ag a raibh meastacháin fhorlíontacha, 2008 go 2012**

| | **2008** | **2009** | **2010** | **2011** | **2012** |
|---|---|---|---|---|---|
| Arm-Phinsin | ● | ● | ● | ● | ● |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | ● | ● | ● | ● | ● |
| An Garda Síochána | ○ | ● | ● | ● | ● |
| An tSeirbhís Chúirteanna | ○ | ○ | ○ | ● | ● |
| Dlí agus Ceart agus Comhionannas | ○ | ○ | ○ | ○ | |
| Coimirce Shóisialach | ● | | ● | | ● |
| Poist, Fiontar agus Nuálaíocht | | ○ | ○ | ○ | ○ |
| Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil | | | ○ | ○ | ○ |
| Iompar, Turasóireacht agus Spórt | ○ | | ○ | | ● |
| Ealaíona, Oidhreacht agus Gaeltacht | ○ | ○ | ● | | |
| Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | | ● | | | ● |
| Oideachas agus Scileanna | ● | | ○ | | |
| Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil | ○ | | ● | | |
| Talmhaíocht, Bia agus Muir | ● | ○ | | | |
| Leanaí agus Gnóthaí Óige | ○ | ○ | | | |
| Caiteachais Poiblí agus Athchóiriú | | | | ○ | |
| An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí | | ● | | | |
| An tSeirbhís Shicréideach | | ● | | | |
| Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha | | ○ | | | |
| Príosúin | ● | | | | |

Foinse: Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: ● léiríonn go raibh méadú ann ar an meastachán glanchaiteachais, i.e. meastachán forlíontach substaintiúil.


○ léiríonn gur €1,000 comharthach an méadú ar ghlanchaiteachas, i.e. meastachán forlíontach teicniúil.

**5.20** Fuair roinnt vótaí meastacháin fhorlíontacha arbh é an éifeacht a bhí leo méadú a dhéanamh ar a nglansoláthar ina raibh méid comharthach €1,000. Is gá sin sna cásanna seo a leanas, mar shampla

- go mbeartaítear méaduithe substaintiúla ar chaiteachas faoi roinnt fotheideal, ach go ndéantar iad a fhritháireamh trí choigiltis shubstaintiúla ar fhotheidil eile
- go mbeartaítear méadú substaintiúil ar chaiteachas foriomlán, ach go ndéantar é a fhritháireamh trí mhéaduithe ar fháltais ar an vóta (leithreasaí-i-gcabhair).

**5.21** Chuaigh sé cinn de vótaí ar iontaoibh meastachán forlíontach go minic d'fhonn a soláthar caiteachais a mhéadú. Leagtar amach i bhFíor 5.5 na meánmhéaduithe dá ndéantar socrú sna vótaí sin.

**Fíor 5.5 Meastacháin fhorlíontacha le haghaidh fotheidil caiteachais—an meánchion de na meastacháin bhunaidh, 2008 go 2012**




Foinse: Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: Fuair gach vóta meastachán forlíontach le haghaidh gach bliana de na cúig bliana, seachas Dlí agus Ceart agus Comhionannas (ceithre bliana) agus Coimirce Shóisialach (trí bliana).

## Cuntas a Thabhairt ar Athraithis Buiséid

**5.22** Ceanglaítear leis na beartais cuntasaíochta le haghaidh cuntais leithreasa, a dhéanann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a leagan amach, míniú a chur san áireamh sna nótaí a ghabhann leis na cuntais ar aon athraitheas suntasach idir an táirgeacht agus an méid iomlán a sholáthraítear san Acht Leithreasa.[1] Ceanglaítear le *Public Financial Procedures* gur cheart go mbeadh mínithe ar athraithis gonta, lánbhrí agus gur cheart go gcuirfidís leis an bhfaisnéis atá sa chuntas leithreasa seachas athrá a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin.D'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe meabhrúcháin chuig rann a maidir leis an gceanglas sin gach bliain.Bíonn cáilíocht na mínithe a sholáthraítear éagsúil. I roinnt cásanna, bíonn mionsonraí ar áireamh sna mínithe. I mínithe eile, ní deirtear ach amháin go bhfuil athraitheas ann, seachas míniú áititheach a thabhairt ar an gcúis go raibh an meastachán mícheart.

1 Is gá míniú i gcás athraitheas €100,000 nó níos mó ar tháirgeacht fotheidil, i gcomparáid leis an méid a sholáthraítear, agus i gcás gurb ionann é agus 5% nó níos mó den mhéid a sholáthraítear (25% i gcás fotheidil buiséid riaracháin).

**5.23** Déantar coigeartuithe ar mheastacháin a chorprú sula ndéantar an t-athraitheas a ríomh. Mar thoradh air sin, níl aon cheanglas ann mínithe a sholáthar sa chuntas leithreasa ar na cúiseanna atá le meastacháin fhorlíontacha a ceadaíodh le linn na bliana.

**5.24** In 2012, bhí 31fhotheideal caiteachais ann thar naoi vóta a mbeadh gá le míniú ina leith ar an athraitheas in aghaidh an mheastacháin bunaidh, ach níor ghá aon mhíniú a thabhairt sa chuntas leithreasa iomchuí mar gheall ar mheastachán forlíontach.[1] In 12 chás eile, tugtar mínithe ar an athraitheas ar tháirgeacht caiteachais i gcomparáid leis an méid a leithreasaíodh ach, i gcás 10 gcinn, níl aon chúiseanna ar áireamh ar na coigeartuithe ar mheastacháin fhorlíontacha.

**5.25** Laghdaítear úsáideacht roinnt nochtaí sna cuntais leithreasa maidir le hathraithis mar gheall ar mhínithe gan a bheith ann i gcás gur déileáladh le hathraithis buiséid trí mheastacháin fhorlíontacha agus mar gheall ar cháilíocht líon suntasach de na mínithe.

## Conclúidí agus Moladh

**5.26** Deirtear go bhfreagraíonn meastacháin a cheadaíonn Dáil Éireann go luath sa bhliain do "m[h]eastachán ar an méid is gá" chun soláthar a dhéanamh le haghaidh costas seirbhísí roinne sa bhliain. Is ar an mbonn sin a iarrtar ar an Dáil buiséid a leithroinnt ar na ranna.

**5.27** Déantar an chuid is mó de vótaí a bhainistiú gach bliain laistigh de na teorainneacha caiteachais vótáilte bunaidh. Ar bhonn vótaí aonair, bhí sé vótaann in 2012 inar mhó an glanchaiteachas ná an méid a vótáladh i dtosach.

**5.28** Chuaigh roinnt vótaí ar iontaoibh meastachán forlíontach athuaireanta le cúig bliana anuas. D'fhéadfadh go léiríonn athraithis shuntasacha idir an meastachán bunaidh agus an gá athuaire le meastacháin fhorlíontacha do na fotheidil chéanna gur gá feabhas a chur ar réamhaisnéis buiséid roinne.

**5.29** Tá gá le mínithe a thabhairt i gcuntais leithreasa i gcás gur mó na hathraithis ná na paraiméadair arna leagan síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.I roinnt cásanna, ní thugtar míniú soiléir sna mínithe ar na fachtóirí ba chúis leis an difear idir an táirgeacht agus an méid bunaidh a soláthraíodh.  Ina theannta sin, i gcás gur athraíodh an meastachán bunaidh trí mheastachán forlíontach, d'fhéadfadh nach bhfuil aon ghá le míniú. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh nach dtabharfaí pictiúr iomlán sa chuntas leithreasa ar an gcaoi a ndearnadh bainistiú ar bhuiséad roinne i rith bliana.

**Moladh 5.1:** Ba cheart go dtabharfaí míniú i gcuntais leithreasa ar an athraitheas idir an meastachán bunaidh a cheadaigh Dáil Éireann agus an táirgeacht i dtéarmaí na ngnéithe den réamhaisnéis a bhí éagsúil lenar ceadaíodh i dtosach.Ba cheart gur chuid den mhíniú é gur tugadh aghaidh ar athraitheas trí mheastachán forlíontach.Ba cheart don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas cuntasaíochta iomchuí chun a cheangal go ndéanfaí athraithis a nochtadh go cuí.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**: Comhaontaithe. Déanfaidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe athbhreithniú ar an mbeartas cuntasaíochta iomchuí.

1 I gcás amháin, tugadh míniú ar an athraitheas idir táirgeacht agus an meastachán críochnaitheach ach níor tugadh míniú ar an gcúis a bhí leis an meastachán forlíontach.

## Iarscríbhinn A Athraithis €10 milliún agus 10%, nó níos mó, ar Mheastacháin Bhunaidh

| Fotheideal | | | Míniú |
|---|---|---|---|
| **Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir** | | | |
| **Liúntais bhreise agus aiscí breise i leith oifigigh bhunaithe agus íocaíochtaí i leith seirbhís aistrithe** | | | Bhí leibhéal scoir níos airde ná mar a tuaradh ann go luath sa bhliain 2012 mar go ndearnadh an 'tréimhse cairde' (ina raibh sochair scoir bunaithe ar rátaí tuarastail mar a bhí an 31 Nollaig 2009 - i.e. roimh na ciorruithe pá a tugadh isteach ón 1 Eanáir 2010 faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2), 2009), a bhí le foirceannadh ag deireadh 2011, a shíneadh go dtí deireadh Fheabhra 2012. |
| An meastachán bunaidh | | €116 mhilliún | |
| An táirgeacht | | €141 mhilliún | |
| An tAthraitheas | ⬆ | €25 mhilliún / 22% | |
| **Vóta 20 An Garda Síochána** | | | |
| **Cumarsáid agus trealamh eile** | | | Eascraíonn an róchaiteachas ó chostais a ghabhann leis an gconradh GoSafe chun ceamaraí sábháilteachta a oibriú. |
| An meastachán bunaidh | | €18 milliún | |
| An táirgeacht | | €28 milliún | |
| Athraitheas | ⬆ | €10 milliún / 56% | |
| **Ceamaraí sábháilteachta—fáltais áirithe ó mhuirir sheasta** | | | Comhaontaíodh go ndéanfaí costas oibríochta an chonartha GoSafe a íoc as na fíneálacha luais arna n-eisiúint mar thoradh ar an gcóras. Mar sin, déantar meastachán ainmniúil €0.1 milliúna chur san áireamh gach bliain i leithreasaí-i-gcabhair i ndáil leis na fáltais sin agus faightear coigeartú forlíontach teicniúil chun na fáltais a úsáid chun cuidiú le híoc an chostais a ghabhann leis an gconradh GoSafe. |
| An meastachán bunaidh | | €0.1 milliún | |
| An táirgeacht | | €16 mhilliún | |
| An tAthraitheas | ⬆ | €16 mhilliún / 160 oiread | |
| **Vóta 25 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil** | | | |
| **Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce** | | | Ní dhearna údaráis áitiúla an leibhéal measta dul chun cinn a bhaint amach ar an gClár Infheistíochta Seirbhísí Uisce sa bhliain 2012. |
| An meastachán bunaidh | | €331 mhilliún | |
| An táirgeacht | | €268 milliún | |
| An tAthraitheas | ⬇ | €63 mhilliún / 19% | |
| ***LEADER* – fochlár geilleagair tuaithe *2007—2013*** | | | D'eascair coigiltis mar gheall ar chaiteachas tionscadail is lú ná mar a measadh ag na Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta a chuireann an clár ar fáil. |
| An Meastachán Bunaidh | | €97 milliún | |
| An Táirgeacht | | €53 mhilliún | |
| An tAthraitheas | ⬇ | €44 mhilliún / 45% | |
| **Vóta 26 Oideachas agus Scileanna** | | | |
| **Íocaíochtaí le húdaráis áitiúla maidir le haoisliúntas** | | | D'eascair an barrachas ar fhotheideal Aoisliúntas na gCoistí Gairmoideachais agus na nInstitiúidí Teicneolaíochta mar gheall ar an líon méadaithe pinsinéirí in 2012 mar aon leis an gcostas gaolmhar a ghabhann lena gcuid pinsean agus aiscí (580 a measadh le hais 955 scor iarbhír). |
| An Meastachán Bunaidh | | €220 milliún | |
| An Táirgeacht | | €262 mhilliún | |
| An tAthraitheas | ⬆ | €42 milliún / 19% | |
| **Sásamh i leith Foras Cónaithe** | | | D'eascair an coigilteas in 2012 go príomha mar gheall ar an mBord um Shásamh i leith Foras Cónaithe do thabhairt líon is lú iarratais chun críche ná mar a measadh. |
| An Meastachán Bunaidh | | €70 milliún | |
| An Táirgeacht | | €38 milliún | |
| An tAthraitheas | ⬇ | €32 mhilliún / 46% | |

| Fotheideal | Míniú |
|---|---|
| **Fáltais ilghnéitheacha oideachais dara leibhéal agus breisoideachais**<br>An Meastachán Bunaidh €1 mhilliún<br>An Táirgeacht €11mhilliún<br>An tAthraitheas ↑ €10 milliún /10 n-oiread | D'eascair thart ar €8m den bharrachas mar gheall ar aisíocaíochtaí ó Chiste Coigeartaithe Forchríochaithe na hEorpa ar scór tabhairt chun críche éileamh a cuireadh faoi bhráid na hEorpa. D'eascair an chuid eile den bharrachas ó aisíocaíochtaí a bhaineann le sochair árachais shóisialaigh a aisghabháil, aisíocaíochtaí ar ró-íocaíochtaí agus aisíocaíochtaí ad hoc eile ar de chineál ilghnéitheach iad agus ar deacair meastachán a dhéanamh orthu. |
| **Fáltais ó Chiste Sóisialach na hEorpa**<br>An Meastachán Bunaidh €13 mhilliún<br>An Táirgeacht €2 mhilliún<br>An tAthraitheas ↓ €11 mhilliún / 85% | Eascraíonn an t-easnamh i bhfáltais AE go príomha mar gheall ar cheist uainithe maidir leis na fáltais a íoc ar aghaidh. |

**Vóta 29 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha**

| Fotheideal | Míniú |
|---|---|
| **Cláir fuinnimh inmharthana**<br>An Meastachán Bunaidh €87 milliún<br>An Táirgeacht €72 mhilliún<br>An tAthraitheas ↓ €15 mhilliún / 17% | Tharla na coigiltis de bharr roghnú maidir leis na scéimeanna deontais tráchtála agus tí faoin gClár Fuinnimh Fheabhsaithe a bheith níos moille ná mar a measadh.<br>Is scéim éileamh-bhunaithe í seo agus léiríonn an roghnú is moille ná mar a measadh an cúlú eacnamaíochta agus an ghníomhaíocht is ísle san earnáil tógála ach go háirithe.D'fhéadfadh sé a bheith iontach deacair an gá atá le scéimeanna éileamh-bhunaithe a thuar go cruinn. |

**Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt**

| Fotheideal | Míniú |
|---|---|
| **Íocaíochtaí Soláthair Seirbhíse Poiblí**<br>An Meastachán Bunaidh €254 mhilliún<br>An Táirgeacht €290 milliún<br>An tAthraitheas ↑ €36 mhilliún / 14% | Déanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair fóirdheontais Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a leithroinnt ar chuideachtaí chun forlíonadh a dhéanamh ar ioncam ó tháillí ar sheirbhísí nach mbeadh barainneach thairis sin. Méadaíodh ar chaillteanais ag cuideachtaí de chuid CIE mar gheall ar chostais breosla a bheith ag dul in airde agus líon paisinéirí a bheith ag titim. Mar thoradh air sin, chinn an Rialtas, i mí Iúil 2012, fóirdheontas breise €36 mhilliúna sholáthar do CIE. Tá clár téarnaimh curtha ar bun ag cuideachtaí de chuid CIE chun nach mbeidh gá ann arís le tacaíocht éigeandála. |

**Vóta 32 Poist, Fiontar agus Nuálaíocht**

| Fotheideal | Míniú |
|---|---|
| **Fiontraíocht Éireann**<br>An Meastachán Bunaidh €169 milliún<br>An Táirgeacht €140 milliún<br>An tAthraitheas ↓ €29 milliún / 17% | Ní dhearnadh infheistíochtaí a gheall Fiontraíocht Éireann faoi Chiste Nuálaíochta na hÉireann a tharraingt aníos de réir an ráta a measadh tráth an mheastacháin. Déantar gealltanais ó Fhiontraíocht Éireann chun cistí a sholáthar a thabhairt chun críche nuair a chruinnítear caipiteal leordhóthanach eile. Thóg sé níos faide ar bhainisteoirí ciste cistí a dhúnadh mar gheall ar an timpeallacht dhúshlánach cruinnithe cistí.<br>Ina theannta sin, rinneadh pleananna forbartha cuideachtaí cliaint de chuid Fhiontraíocht Éireann a chiorrú nó a chur ar atráth mar gheall an thionchar an turnaimh geilleagair. |

| Fotheideal | | | Míniú |
|---|---|---|---|
| **Vóta 35 Arm-Phinsin** | | | |
| **Scéimeanna pinsin na bhfórsaí cosanta agus íocaíochtaí i leith seirbhís aistrithe** | | | Go príomha mar gheall ar an líon scor ab airde ná mar a measadh go déanach sa bhliain 2011 agus go luath sa bhliain 2012. Rinneadh socrú leis an meastachán bunaidhdo 2012 le haghaidh 345 scor agus ba é 597 an líon scor iarbhír in 2012, ar scoir 511 díobh roimh an 29 Feabhra 2012.<br>Ina theannta sin, bhí na teidil pinsin agus aisce níos airde ná an meánmhéid mar gheall ar an gcion is airde scor ar leibhéil shinsireacha agus a raibh seirbhís fhada acu.<br>Tá pátrúin scoir sna fórsaí cosanta deacair a thuar mar gheall ar an gcineál socruithe pinsin atá i bhfeidhm. D'fhág an méid sin, mar aon leis na socruithe scoir dreasachta anuas go dtí Feabhra 2012, go raibh sé an-deacair réamhaisnéis chruinn a thabhairt ar an líon daoine a scoirfeadh. |
| An Meastachán Bunaidh | | €204 mhilliún | |
| An Táirgeacht | | €234 mhilliún | |
| An tAthraitheas | ⬆ | €30 milliún / 15% | |
| **Vóta 37 Coimirce Shóisialach** | | | |
| **Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh** | | | Bhí fáltais árachais shóisialaigh €308 milliún is ísle ná mar a measadh. Rinneadh an méid sin a fhritháireamh, go páirteach, trí chaiteachas €40 milliún is ísle ar scéimeanna agus seirbhísí de chuid an Chiste Árachais Shóisialaigh. |
| An Meastachán Bunaidh | | €1,816 mhilliún | |
| An Táirgeacht | | €2,084 mhilliún | |
| An tAthraitheas | ⬆ | €268 milliún / 15% | |
| **Forlíonadh ar Ioncam Teaghlaigh** | | | Go príomha mar gheall ar riaráiste éileamh a ghlanadh níos tapúla ná mar a rinneadh socrú dó sa mheastachán. |
| An Meastachán Bunaidh | | €199 milliún | |
| An Táirgeacht | | €223 milliún | |
| An tAthraitheas | ⬆ | €24 mhilliún / 12% | |
| **Liúntas Leasa Forlíontach** | | | Bhí líon na n-aisghabhálacha ó bhunscéimeannaníos lú ná mar a measadh, rud a rinneadh a fhritháireamh, go páirteach, trí líon faighteoirí is ísle. |
| An Meastachán Bunaidh | | €160 milliún | |
| An Táirgeacht | | €180 milliún | |
| An tAthraitheas | ⬆ | €20 milliún / 13% | |
| **Pacáiste Sochar Teaghlaigh** | | | Go príomha mar gheall ar phraghsanna fuinnimh is airde a bheith ann ar liúntais leictreachais agus gáis ná mar a rinneadh socrú dóibh sa mheastachán. |
| An Meastachán Bunaidh | | €125 mhilliún | |
| An Táirgeacht | | €144 mhilliún | |
| An tAthraitheas | ⬆ | €19 milliún / 15% | |
| ***Tús* – Scéim Socrúcháin Oibre Pobail** | | | Bhí an ráta glactha ionad níos ísle ná mar a rinneadh socrú dó sa mheastachán. |
| An Meastachán Bunaidh | | €84 mhilliún | |
| An Táirgeacht | | €67 milliún | |
| An tAthraitheas | ⬇ | €17 milliún / 20% | |
| **An Scéim Náisiúnta Intéirneachta** | | | Bhí an ráta glactha ionad níos ísle ná mar a rinneadh socrú dó sa mheastachán. |
| An Meastachán Bunaidh | | €66 mhilliún | |
| An Táirgeacht | | €55 mhilliún | |
| An tAthraitheas | ⬇ | €11 mhilliún / 17% | |

| **Fotheideal** | **Míniú** |
|---|---|
| **Vóta 38 Sláinte** | |
| **Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála agus an tAonad Seachadta Speisialta**<br>An Meastachán Bunaidh €71 mhilliún<br>An Táirgeacht €41 mhilliún<br>An tAthraitheas ⬇ €30 milliún / 42% | Rinneadh maoiniú €71 milliún a leithroinnt ar an gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála in 2012. Ón méid iomlán sin, rinneadh €30milliúna ath-leithroinnt ina dhiaidh sin ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi chomhair brú buiséid in earnáil na n-ospidéal dianchúraim a d'eascair as leibhéil gníomhaíochta ab airde ná na spriocanna a leagadh amach sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta. |
| **Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi alt 10 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002**<br>An Meastachán Bunaidh €43 mhilliún<br>An Táirgeacht €25 mhilliún<br>An tAthraitheas ⬇ €18 milliún / 42% | Níl an Roinn in ann réamhaisnéis a thabhairt ar líon ná ar luach méideanna a dhámhfaidh an Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus HIV ar éilitheoirí in aon bhliain áirithe. Braitheann na híocaíochtaí iarbhír ar bhreitheanna an Bhinse agus ba lú iad sin ná mar a measadh i dtosach. |
| **Comhlachtaí forbartha, sainchomhairliúcháin, faireacháin, rialála agus comhairliúcháin**<br>An Meastachán Bunaidh €59 milliún<br>An Táirgeacht €48 milliún<br>An tAthraitheas ⬇ €11 mhilliún / 19% | Ba lú ná mar a measadh an caiteachas ar ghníomhaireachtaí sláinte, lena n-áirítear an dá ghníomhaireacht is mó a mhaoinítear as an bhfotheideal seo, an Coimisiún Meabhair-Shláinte agus an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA). Déanann an Roinn cistí a airleacan chuig na gníomhaireachtaí sin suas leis an leibhéal caiteachais ceadaithe nó leis an leibhéal caiteachais iarbhír, cibé acu is lú.<br><br>Maidir leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte, rinneadh socrú le haghaidh éisteachtaí Binse Meabhair-Shláinte, ar ceart reachtúil iad faoin Acht Meabhair-Shláinte, 2001. Níor tharla an líon éisteachtaí a ndearnadh socrú dóibh mar a measadh. Bhí roinnt coigilteas eile ann freisin a thionscaigh an Coimisiún in 2012. Bhí na fachtóirí sin ina gcúis le coigilteas ar leithroinnt an Choimisiúin don bhliain.<br><br>I gcomhréir leis an Acht Sláinte, 2007, bhí faoi HIQA freagrachtaí breise a ghlacadh air féin sa réimse a bhaineann le clárú agus iniúchadh seirbhísí míchumais cónaithe. Mar gheall ar mhoilleanna ar shocruithe a thabhairt chun críche chun an fheidhm sin a ghlacadh air féin, ní raibh gá ag an Údarás leis an leithroinnt iomlán.<br><br>Bhí coigiltis eile ann san fhotheideal seo mar gheall ar chaiteachas ionchasach nár eascair i rith na bliana. Bhí sé sin ina chúis leis an gcuid is mó de na coigiltis eile ar an bhfotheideal. |
| Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus comhshocraíochtaí dlí ilghnéitheacha<br>An Meastachán Bunaidh €19 milliún<br>An Táirgeacht €9 milliún<br>An tAthraitheas ⬇ €10 milliún / 53% | D'eascair an coigilteas laistigh de chomhshocraíochtaí agus táillí dlí ilghnéitheacha. Ba í an phríomhchúis ná an fad ama a thóg sé cásanna ionchasach a chomhshocrú. Níl smacht ag an Roinn ar uainiú comhshocraíochtaí agus, mar sin, tá sé deacair an líon cásanna ná luach na gcásanna sin in aon bhliain airithe a mheas. |

Foinse: Freagraí ó na hOifigigh Cuntasaíochta iomchuí

# 6 Socrú Babhtála Talún i Soláthar Tithíochta Inacmhainne

**6.1** I mí Iúil 2012, dhámh an Ard-Chúirt €32.6 milliún do ghnólacht tógálaithe tithe i gcás a tugadh in aghaidh an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil de dhroim comhaontú babhtála talún chun tithe inacmhainne a sholáthar do cheannaitheoirí incháilithe tithe sa mhargadh príobháideach.[1] Ní raibh an Stát in ann suíomh atá suite ar Ardán Fhearchair a chur ar fáil de réir an chomhaontaithe babhtála talún. I dteannta mhéid na dámhachtana, bhí ús cúirte €192,850 i gceist. Táthar ag fanacht ar an mbille críochnaitheach le haghaidh chostais dlí an ghnólachta.

**6.2** Tugtar imlíne sa tuarascáil seo ar an gcúlra a ghabhann leis an mbabhtáil talún ab ábhar don dámhachtain cúirte.

## Amlínte Tionscadail

**6.3** Bhí an Tionscnamh um Thithe Inacmhainne ina chuid de chomhaontú náisiúnta 2003 leis na comhpháirtithe sóisialta, Sustaining Progress. Faoin tionscnamh, bhí thart ar 10,000 aonad tithíochta sóisialaí agus inacmhainne le soláthar, go páirteach trí úsáid a bhaint as tailte poiblí barrachais. Mar chuid den chúram a bhí uirthi, rinne an Pháirtnéireacht um Thithe Inacmhainne (AHP) pleanáil an tionscadail agus soláthar tithe inacmhainne ar thailte Stáit barrachais i mórlimistéar Bhaile Átha Cliath a ghabháil de láimh ar iarraidh a fháil ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.[2]

**6.4** In 2004,chinn an Rialtas gabháil do rogha babhtála talún mar chuid den tionscnamh trína ndéanfaí talamh ardluacha a bhí ar úinéireacht ag an Stát a mhalartú le forbróir mar mhalairt ar thithíocht inacmhainne a chur ar fáil ar shuíomh nó ar theaglaim suíomh a bhí ar úinéireacht ag an bhforbróir sin. Ós rud é go raibh suímh an fhorbróra criosaithe cheana féin mar shuímh chónaithe agus iad seirbhísithe, bheadh suímh an fhorbróra réidh chun obair a thosú orthu.

**6.5** Bhí socrú sa bheart go ndéanfadh an gnólacht ar éirigh leis 215 aonad tithíochta a sholáthar i limistéar Bhaile Átha Cliath laistigh den chreat ama a cheangail AHP mar mhalairt ar shuíomh a bhí ar úinéireacht ag an Stát. Cuireadh luach €31.2 milliún ar na lacáistí ar na 215 aonad tithíochta. Tugtar imlíne i bhFíor 6.1 ar na príomhdhátaí a bhí i gceist sa tionscadal.

**6.6** Bhí an suíomh a bhí i gceist sa chás seo suite ar Ardán Fhearchair, Baile Átha Cliath. Bhí sé ar úinéireacht ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus ar áitiú ag stáisiún de chuid an Gharda Síochána agus Oifig Scrúdóir na Scannán. Thairg an tairgeoir ar éirigh leis praghas a bhí cuid mhaith níos mó ná tairiscintí eile. Bhí smacht cheana féin ag an ngnólacht a bhí i gceist ar shuíomh tadhlach, a cheannaigh sé roimhe sin ón Stát.

1 Is é atá i dtithíocht inacmhainne tithíocht a chuirtear ar fáil do cheannaitheoirí tithe lena gceannach ar lacáiste ar an margadhphraghas.

2 Bunaíodh AHP faoin Ordú fán gComhpháirtíocht um Thithe Inacmhainne (Bunú), 2005 chun a chumasú tithe inacmhainne a sholáthar don phobal. Díscaoileadh é ag deireadh 2010 agus aistríodh a chuid sócmhainní, dliteanas agus dlíthíochta gan réiteach chuig an Roinn.

**Fíor 6.1 Amlínte le haghaidh Bhabhtáil Talún Ardán Fhearchair**

| | |
|---|---|
| **2006** | Fostaíonn AHP ailtirí chun staidéar féidearthachta a dhéanamh maidir le suíomh Ardán Fhearchair a fhorbairt.<br>Cinneann AHP go gcuireann babhtáil talún an deis is fearr ar fáil chun tithíocht inacmhainne a sholáthar.<br>Déanann AHP an suíomh a fhógairt go poiblí agus cinneann sé an tairgeoir ar éirigh leis. |
| **2007** | Síníodh an comhaontú an 7 Nollaig idir AHP agus an gnólacht ar éirigh leis inar leagadh amach téarmaí na babhtála.<br>Sholáthair an gnólacht ar éirigh leis 215 aonad tithíochta inacmhainne faoi dheireadh na bliana. |
| **2008** | Seilbh ghlan ar shuíomh Ardán Fhearchair le soláthar don ghnólacht faoi dheireadh na bliana. Níor baineadh an méid sin amach. |
| **2009** | Rinneadh comhaontú i bprionsabal leis an ngnólacht d'fhonn an suíomh a aistriú chuig an ngnólacht agus chun go léasódh an gnólacht an suíomh ar ais don OPW ar feadh tréimhse uasta 5 bliana. |
| **2010** | Ní dhéantar doiciméadacht dlí a thabhairt chun críche chun an t-aistriú agus an léasú ar ais a chur ar bhonn foirmeálta. Seirbheálann an gnólacht fógra críochnaithe ar AHP agus iarrann sé go n-íocfar an praghas ceannaigh.<br>I mí na Nollag, fuair National Asset Loan Management Limited na hiasachtaí a bhí urraithe ar shuíomh Ardán Fhearchair ó AIB de réir fhorálacha an Achta fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009.[1] |

## Bainistiú a dhéanamh ar na priacail a ghabhann leis an mbeart a chríochnú

**6.7** Bhí sé ar cheann de na buntáistí a tuigeadh a bhí ag gabháil leis an gcur chuige a bhí ag AHP chun tithe inacmhainne a áirithiú ná gur aistríodh leis gníomhaíochtaí forbartha agus priacail chuig an ngnólacht. Ní raibh an beart saor ó phriacal, áfach- aithníodh deacrachtaí i ndáil le seilbh ghlan ar shuíomh Ardán Fhearchair a sholáthar. Ardaíodh an méid sin i mí Bealtaine 2006 nuair a scríobh OPW chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil(an Roinn) á rá

- Go raibh agús air maidir leis an amscála beartaithe á rá go bhféadfadh sé trí bliana a thógáil stáisiún an Gharda Síochána a athshuíomh chuig foirgneamh beartaithe níos mó ar thailte ar leis an Stát iad agus atá tadhlach leis an stáisiún reatha atá ar Shráid Chaoimhín.
- Gur chreid sé nár cheart stáisiún reatha an Gharda Síochána a dhúnadh go dtí go raibh cóiríocht bhuan leordhóthanach agus saoráidí buana leordhóthanacha ar fáil in áit eile chun nach ndéanfaí oibríochtaí na nGardaí a lagú.

**6.8** Chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a d'ardaigh OPW, sonraíodh sa doiciméadacht tairisceana le haghaidh an tsuímh go n-aistreofaí teideal ruílse le haghaidh an tsuímh chuig an tairgeoir ar éirigh leis nuair a gheofaí na haonaid inacmhainne go léir, faoi réir ceanglas go ndéanfaí an suíomh a léasú ar ais chuig an Stát go dtí deireadh na bliana 2008 ar chíos ainmniúil €1.

**6.9** Ag deireadh na bliana 2008,lean stáisiún an Gharda Síochána de bheith ar áitiú, mar gheall ar mhoilleanna ar an gcóiríocht mhalartach bheartaithe a sholáthar i stáisiún nua ar Shráid Chaoimhín. Mar thoradh air sin, ní raibh OPW in ann seilbh ghlan a sholáthar don ghnólacht faoin dáta comhaontaithe.

1 Is é atá in National Asset Loan Management Ltd. ná meán sainchuspóra a bhunaigh an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA) chun sócmhainní ó bhainc rannpháirteacha a fháil, a shealbhú agus a bhainistiú.

**6.10** Chun aghaidh a thabhairt ar an ní, tosaíodh ar chaibidlí go luath sa bhliain 2009 leis an ngnólacht chun socrú idirthréimhseach eile a chur ar bun. D'fholmhaigh Oifig Scrúdóir na Scannán a cuid féin den suíomh i Márta 2009 nuair a bhog sí go dtí áitreabh nua i Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath.

**6.11** Thángthas ar chreat leathan de chomhaontú go déanach sa bhliain 2009 d'fhonn an suíomh a aistriú chuig an ngnólacht agus chun go léasódh an gnólacht an suíomh ar ais chuig OPW go ceann téarma cúig bliana ó Eanáir 2009, agus clásal maidir le briseadh i mbliain 3, i gcás go raibh stáisiún nua an Gharda Síochána críochnaithe. Sholáthair an Roinn maoiniú €950,000 do AHP go déanach sa bhliain 2009 lena íoc ar aghaidh chuig OPW chun an gnólacht a íoc faoin mbeart. Choinnigh AHP an maoiniú €950,000 go dtí go dtabharfaí an beart chun críche.[1]

**6.12** In 2010,bhí deacracht ann i dtaobh ar cheart go mbeadh feidhm ag dleacht stampa maidir leis an idirbheart. Cé gur dúradh san fhógra tairisceana nach raibh dleacht stampa iníoctha ar thíolacadh na talún ar Ardán Fhearchair, bhí OPW buartha faoin struchtúr corparáideach a bhí á úsáid ag an ngnólacht san idirbheart.[2]Ar deireadh thiar, tharraing OPW siar a agóid ach faoin am sin, bhí an gnólacht tar éis fógra críochnaithe a sheirbheáil ar AHP faoi théarmaí an chonartha. Ós rud é nach raibh an Stát in ann seilbh ghlan a chur ar fáil, d'éiligh an gnólacht go n-íocfaí an praghas díola, maille le €4.2 milliún le haghaidh pionós faoi théarmaí an chonartha. Níor ghlac an Stát leis an éileamh. Chuir an gnólacht tús le himeachtaí dlí san Ard-Chúirt go a chinntiú go n-íocfaí an praghas ceannaigh.

**6.13** I mbreithiúnas a tugadh i mí Iúil 2012, thug an Ard-Chúirt dámhachtain €32.588 milliún don ghnólacht arb é a bhí ann

- €31.243 milliún i leith an lacáiste a tugadh ar phraghas ceannaigh na dtithe inacmhainne
- damáistí comhaontaithe €562,539 arb iad na costais iad a thabhaigh an gnólacht in oirchill an fhorbairt a dhéanamh
- ús €782,491in ionannas do chostas iasachtaíochta an ghnólachta idir an dáta a fuarthas cead pleanála agus dul in éag don fhógra críochnaithe.

Cuireadh ús cúirte €192,850 i bhfeidhm ar an dámhachtain freisin ó dháta an bhreithiúnais cúirte go dtí dáta íoctha na dámhachtana.

**6.14** Ina theannta sin, comhaontaíodh go ndéanfaí íocaíocht €861,000 le haghaidh chostais dlí an ghnólachta agus meastar go gcuirfear an bille críochnaitheach isteach roimh dheireadh na bliana 2013. Thabhaigh Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (CSSO) costais €131,000 i ndáil leis an ní.

1 Tar éis AHP a dhíscaoileadh, cuireadh an maoiniú ar aghaidh chuig cuideachta ar a dtugtar Housing and Sustainable Communities Ltd a chuir tús le hoibríochtaí in 2011. Ba iad príomhfheidhmeanna na cuideachta ná cuidiú leis an Roinn agus le húdaráis áitiúla maidir le cur i ngníomh beartas le linn pobail inmharthana a fhorbairt agus chun cibé seirbhísí rialála agus eile a ghabháil uirthi féin a d'iarrfadh an Roinn. In 2013, bunaíodh an Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inmharthana faoin Acht Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2012 agus ghabh sí príomhghníomhaíochtaí na cuideachta uirthi féin.

2 Tá ionstraimí arna ndéanamh ag an OPW, chuig an OPW nó leis an OPW díolmhaithe ó dhleacht stampa faoi alt 113 den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999.

## Cuntas a thabhairt ar na híocaíochtaí

**6.15** Chomhaontaigh an Roinn agus OPW go ndéanfaí leithroinnt ar chostais na dámhachtana. Chomhaontaigh siad freisin sceideal íocaíochtaí thar thréimhse cúig bliana a bheidh le híoc tríd ann Gníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inmharthana le NAMA mar iasachtaí urraithe de chuid an ghnólachta. Íocadh €11.3 milliún in 2012 mar a leanas

- €5.664 milliún a d'íoc an Roinn
- €5.38 milliún a d'íoc OPW
- €0.28 milliún a d'íoc Housing and Sustainable Communities Ltd as an maoiniú €950,000 a fuair AHP in 2009.

Ina theannta sin, d'íoc OPW agus Housing and Sustainable Communities Ltd €0.86 milliún faoi chomhair chostais dlí an ghnólachta. Bhí costais dlí chríochnaitheacha an ghnólachta fós le cainníochtú.

**6.16** €13.6 milliún agus €7.6 milliún na dliteanais, gan na costais dlí a bhí fós le híoc a áireamh, a bhí ar an OPW agus ar an Roinn, faoi seach, ag deireadh 2012.

**6.17** Is é an éifeacht atá le híocaíochtaí a sceidealadh thar thréimhse cúig bliana ná nach gá don Státchiste an íocaíocht iomlán a mhaoiniú láithreach. Déanfaidh aon chostais airgeadais a bhéarfaidh NAMA, áfach, aon bharrachas a eascraíonn chuig an Státchiste as oibríochtaí NAMA a laghdú ar deireadh thiar.

## Tuairimí na nOifigeach Cuntasaíochta

**6.18** Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil gur tharla an mhainneachtain an comhaontú bunaidh a thabhairt chun críche mar thoradh díreach ar an easpa cumais seilbh ghlan ar an suíomh a sholáthar. Dá ainneoin sin, chomhaontaigh na páirtithe uile creat leathan an chomhaontaithe léasa faoi dheireadh 2009. Dúirt sí nach raibh an socrú sin tugtha chun críche go fóill faoi Mheán Fómhair 2010 agus, ar deireadh, sheirbheáil an gnólacht fógra críochnaithe ar AHP agus sheirbheáil AHP fógra críochnaithe ar OPW, ina sheal. Dúirt sí go ndearna AHP agus an Roinn araon iarrataí arís agus arís eile chuig OPW foclaíocht an ghníomhais aistrithe a thabhairt chun críche agus shoiléirigh siad na costais ionchasacha don Stát dá ndéanfaí mainneachtain na caibidlí a chríochnú.

**6.19** Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta an OPW gur ghabh OPW do dhéileálacha forleathana le linn iarracht a dhéanamh toradh sásúil a bhaint amach ar aistriú na maoine ar Ardán Fhearchair chuig an ngnólacht agus le linn comhaontú léasa a chur ar bun idir OPW agus an gnólacht don tréimhse i ndiaidh an aistrithe. Dúirt sí gur ghníomhaigh OPW de mheon macánta gach tráth, ag féachaint don chomhairle a fuair sé agus ar mhodh a bhí stuama agus fóirsteanach. Dúirt sí gur cuireadh in iúl don OPW, le linn plé faoi imeacht as stáisiún an Gharda Síochána ar Ardán Fhearchair, go raibh sé ar cheann de na stáisiúin ba bhroidiúla i limistéar Bhaile Átha Cliath agus nach ndúnfaí é go dtí go dtógfaí an stáisiún nua ar Shráid Chaoimhín. Dúirt sí go raibh an stáisiún ar áitiú go dtí 2012 nuair a dúnadh é mar chuid de dhúnadh ginearálta náisiúnta stáisiún áirithe de chuid an Gharda Síochána.

**6.20** Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta CSSO gurb amhlaidh, cé gur thángthas ar chomhaontú i bprionsabal go déanach in 2009 maidir le sracthéarmaí an díola agus an aisléasaithe, gur thóg sé roinnt míonna na téarmaí mionsonraithe a thabhairt chun críche agus, ag an bpointe sin, gur dhiúltaigh an gnólacht an margadh a chríochnú. Dúirt sí gur leanadh de chomhfhreagras idir na páirtithe i rith na tréimhse sin agus thug sí dá haire nár neamhghnách an fad ama a thóg sé teacht ar chomhaontú maidir leis na téarmaí le haghaidh idirbheart a bhí chomh casta sin.

## Conclúid

**6.21** Mar thoradh ar an easpa cumais aistriú an tsuímh ar Ardán Fhearchair a chríochnú, dhámh an Ard-Chúirt€32.6 milliún ar ghnólacht tógálaithe tithe maille le hús cúirte €0.2 milliún agus costais dlí an ghnólachta, atá fós le measúnú. Chomhaontaigh an Roinn agus OPW na híocaíochtaí a leithroinnt agus muirearófar 60%i leith Vóta 13, Oifig na nOibreacha Poiblí, agus muirearófar an fuílleach ar fhotheideal na Gníomhaireachta Eatramhaí um Thithíocht agus Pobail Inmharthana i Vóta 25, Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil. Go bunúsach, áfach, baineann an íocaíocht le soláthar tithíochta inacmhainne a mbeifí ag súil leis, de ghnáth, go ndéanfaí é a mhuirearú go hiomlán i leith an fhotheidil iomchuí i Vóta25, Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil.

**6.22** Trí chomhaontú le NAMA, tá an dámhachtain á híoc thar thréimhse cúig bliana a thosaíonn in 2012.Aithnítear an dliteanas faoi chomhair iarmhéid na dámhachtana sna blianta todhchaí sa dá chuntas Vóta.

# 7 Bainistiú Chóras na bhFógraí Muirear Seasta

**7.1** Féadfaidh baill den Gharda Síochána fógra muirear seasta a eisiúint chuig tiománaithe nó chuig úinéirí feithiclí i leith cionta áirithe mótarthráchta. Áirítear orthu sin cionta a ndéantar i mbun tiomána, ar nós a bheith ag tiomáint róthapa nó a bheith ag tiomáint agus a bheith i ngreim ar fhón póca, agus cionta comhlíonta, ar nós a bheith ag páirceáil go mídhleathach agus gan diosca mótarchánach atá cothrom le dáta a bheith ar taispeáint. An pionós a ghabhann le cionfógra muirear seasta ná fíneáil, nó (i gcás cionta a ndéantar i mbun tiomána) ná fíneáil agus pointí pionóise a chur ar cheadúnas an tiománaí.

**7.2** Ceann de phríomhspriocanna chóras na bhfógraí muirear seasta ná chur le tiomáint níos sábháilte agus le líon na dtaismeach bóthair a laghdú. Cé go gcloíonn mórchuid tiománaithe agus úinéirí feithiclí leis na dlithe ábhartha go toilteanach is féidir nach ngníomhaíonn cuid díobh ar bhealach géilliúil ach amháin má fheictear dóibh go bhfuil dóchúlacht réasúnta ann go mbéarfar orthu má dhéanann siad cion, agus go gcreideann siad go mbeidh sé de thoradh ar na braith sin go ngearrfar pionóis shuntasacha orthu agus go gcuirfí i bhfeidhm iad. Ar an lámh eile, d'fhéadfadh minicíocht ardaithe déanta cionta a bheith de thoradh ar dhócúlacht íseal braith, nó má fheictear go dtarlaíonn sé go forleathan nach ngearrtar pionóis i ndiaidh braith. Má fheictear nach gcuireann An Garda Síochána an dlí i bhfeidhm ach ar bhonn leathaobhach nó go páirteach d'fhéadfaí baint ó spriocanna bactha an chórais agus, níos tábhachtaí, ó mhuinín an phobail i gcoitinne in san Garda Síochána.

### Faisnéis Faoi Rún a Fuarthas

**7.3** I mí Iúil 2012 rinne ball den Gharda Síochana teagmháil le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste agus d'iarr sé cruinniú chun ábhair ba chúram don bhall sin faoi oibriú chóras na bhfógraí muirear seasta laistigh den fhórsa, a phlé. Ag an gcruinniú thug an ball cód ar láimh ina raibh eolas a dúradh a tógadh ó bhunachar sonraí an Gharda Síochána chun dul chun cinn a thaifeadadh agus a rianú maidir le cionta braite. Bhain an t-eolas a cuireadh ar fáil le thart ar 4,000 cás inar cosúil gur cuireadh fógraí muirear seasta a d'eisigh An Garda Síochána ar ceal níos déanaí, agus dá bharr gur éirigh le tiománaithe na pionóis a bhí ag dul leo a sheachaint agus dá bharr go raibh caillteanas don státchiste sa teacht isteach ó na fíneálacha a bhain leo. Ba chosúil, chomh maith, ón eolas a cuireadh ar fáil gur cuireadh iluimhir fógraí muirear seasta ar ceal do dhaoine áirithe.

**7.4** Líomhain an ball den Gharda Síochána a thug an cód eolais ar láimh gur cuireadh na fógraí muirear seasta ar ceal ar bhealach éillitheach agus neamhdhlithiúil i go leor cásanna. Líomhnaíodh, chomh maith, i gcás roinnt daoine a fuair buntáiste as (ceann nó níos mó) fógraí muirear seasta as bheith ag tiomáint róthapa nó ag tiomáint go contúirteach, a bheith cealaithe go raibh cionta den chineál céanna déanta arís acu níos déanaí agus i roinnt cásanna gur maraíodh agus/nó gur gortaíodh iad féin nó daoine eile dá mbarr.

**7.5** Chuir Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre tacar cáipéisí comhchosúil chuig an Oifig go déanach i Lúnasa 2012. Sna míonna ina dhiaidh sin tháinig eolas faoi fhógraí muirear seasta a cuireadh ar ceal agus faoi na hábhair a bhí líomhnaithe chun aird an phobail trí fhaisnéis a nochtadh i nDáil Éireann agus sna meáin.

## Fócas an Mhionscrúdaithe seo

**7.6** Tá scrúdú déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste faoi thrí san am atá caite agus tuairiscí curtha ar fáil ar an gcóras rialaithe a chuireann an Garda Síochána i bhfeidhm maidir le córas na bhfógraí muirear seasta nó an córas 'fíneála-ar-an-láthair' a tháinig roimhe.[1] Na príomh-chinntí a tháinig ó na tuairiscí sin ná

- Nach gcuirtear pionóis i bhfeidhm maidir le líon suntasach fógraí muirear seasta lena n-áirítear cealú a dhéanamh ar idir 3% agus 8% de na fógraí a eisítear
- Nach bhfuil sonraíocht leordóthainach ann faoi na critéir maidir le cásanna ina mbeadh sé cuí don Gharda Síochána fógraí muirear seasta a chealú, agus nach ndéantar taifead ar na cúiseanna a bhíonn le cealuithe
- Nach féidir beart cuí a thógáil in aghaidh tiománaithe feithiclí cuideachtaí a dhéanann cionta sa chás nach n-ainmníonn an chuideachta an tiománaí, agus easpa eolais maidir le cén fáth go n-éiríonn le pionóis a bheith faoi urchosc reachta
- Leibhéil shuntasacha neamhíoca ar fhínealacha agus de chásanna á gcur chuig na cúirteanna.

**7.7** Sna dálaí sin bhí imní orm go bhféadfadh na srianta a bhí i bhfeidhm i leith oibriú chóras na bhfógraí muirear seasta a bheith uireasach, nó nach raibh siad á gcur i bhfeidhm mar a bhí beartaithe. Bhreathnaigh sé ón eolas a cuireadh ar fáil don Oifig in Iúil agus Lúnasa 2012 nár tháinig feabhas (nó dóthain feabhais) ar na córais rialaithe laistigh den Gharda Síochána mar thoradh ar na nithe a tuairiscíodh sna tuairiscí roimhe seo. Ar an gcúis sin thionscain mé scrúdú ar chóras na bhfógraí muirear seasta a dhéanfadh foireann m'Oifige, ag díriú ar na ceisteanna seo leanas.

- Cé mhéad go díreach fógraí muirear seasta a chuirtear ar ceal, nó ar bhealach eile, nach mbíonn forfheidhmiú na bpionós a bhaineann le brath chionta fograí muirear seasta mar thoradh orthu?
- An leor na rialuithe atá ann maidir le próiseáil chásanna fógraí muirear seasta, agus an gcuirtear i bhfeidhm go héifeachtúil iad?
- An bhfuil caillteanas baintear airgeadais ann don státchiste toisc nach ndéantar fógraí muirear seasta a fhorfheidhmiú?

**7.8** Bhí an scrúdu teoranta d'oibriú an chórais laistigh den Gharda Síochána. San áireamh ann bhí athbhreithniú ar an ráta seirbheála toghairmeacha i leith cásanna fógraí muirear seasta nár íocadh inar cuireadh tús le himeachtaí dlí, ach ní raibh san áireamh ann scrúdú ar na torthaí a bhí ar fhógraí muirear seasta nár íocadh sna cúirteanna.

**7.9** Díríonn scrúdaithe a dhéanann m'Oifig ar leorgacht na gcóras, na nósanna imeachta agus ar na cleachtaí atá á gcur i bhfeidhm ag na forais a dhéanaim iniúchadh orthu. Seachas fíorais ábhartha a thaifead faoi ghníomhaíocht dhaoine aonair níl sé de chúram orm fiosrú a dhéanamh nó tuairisciú i dtaobh iompair nó inspreagtha daoine aonair. Dá réir sin, ní fhéachann an scrúdú le díriú ar na líomhaintí atá déanta faoi chásanna éillitheachta agus neamhdhlíthiúla a bheith déanta ag baill den Gharda Síochána nó ar chionta líomhnaithe a bheith déanta ag baill den phobal.

1 Tuairisc Speisialta Uimhir 37 (2000) an Ard-Reachtaire Cuntais is Ciste: Caibidil 7 Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntais is Ciste 2003: agus Tuairisc Speisialta an Ard-Reachtaire Cuntais is Ciste Uimhir 56 (2007).

***Modheolaíocht***

**7.10** Tá lámhleabhar mionsonrach nósanna imeachta curtha in inmhe ag An Garda Síochána don chóras fógraí muirear seasta. Rinneadh an leasú is déanaí ar an lámhleabhar in 2005. Rinneadh oibriú an chórais in 2011 agus 2012 a mheas de réir na gcaighdeán atá leagtha síos sa lámhleabhar.

**7.11** Ar mhaithe leis an scrúdú seo rinneadh bunachar sonraí An Gharda Síochána i leith fógraí muirear seasta a taifeadadh a bheith eisithe in 2011 agus 2012 a anailísiú. Rinneadh na taifid a chomhoiriúnú le sonraí ón gComhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe (NVDF). Fuaireamar anailís, chomh maith, ón nGarda Síochána ar ghnéithe de bhunachar sonraí SheirbhísnagCúirteanna.


**7.12** Ina theannta sin, roghnaigh an fhoireann scrúdaithe samplaí randamacha d'fhógraí muirear seasta a cuireadh ar ceal i sé cheantar Gardaí, agus san Oifig Próiseála Muirear Seasta i nDúrlas - 350 cás san iomlán. Iarradh na taifid sna comhaid i leith gach cás sna hoifigí éagsúla le haghaidh scrúdaithe.

## Próiseáil Fógraí Muirear Seasta

**7.13** Le linn 2011 agus 2012 eisíodh fógraí muirear seasta i leith beagnach 850,000 cion mótarthráchta.

**7.14** In 2012 bhain níos mó ná leath na bhfógraí a eisíodh le cionta luais (féach Fíor 7.1). Nuair a chuirtear iad le cionta dioscaí cánach, cionta páirceála agus cionta a bhain le fóin phóca b'ionann iad agus 90% de na fógraí a eisíodh in 2012.

**Fíor 7.1 Cionta taifeadta ar an gcóras fógraí muirear seasta, de réir cineáil, 2012**





Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntais is Ciste

Nóta: Áirítear in'eile' ag dul trí shoilse tráchta, ag tiomáint i lánaí bus, ag tiomáint gan chúram réasúnach a dhéanamh agus cionta árachais.

### *Cionta fógraí Muirear Seasta Braite*

**7.15** Bhí éagsúlacht shuntasach mhíosúil le feiceáil i líon na gcionta a taifeadadh le linn 2011 agus 2012. Léiríonn Fíor 7.2 na comhathruithe i leibhéil na gcionta luais braite le linn na tréimhse sin.

**Fíor 7.2 Líon na gcionta luais a taifeadadh de réir na míosa, 2011 agus 2012.**




Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntais is Ciste

### *Modhanna Braite*

**7.16** Is féidir le brath chion mótarthráchta a bheith ina bhrath de thoradh idirghabhála nó de thoradh neamh-idirghabhála.

**7.17** Is éard atá i mbrath de thoradh idirghabhála ná nuair a stopann ball den Gharda Síochána feithicil agus labhrann sé leis an tiománaí nó go ndéanann an ball taifead de shonraí feithicle atá páirceáilte. Ag an bpointe sin tá sé faoi rogha an Gharda, ag cur san áireamh fíorais agus cúinsí an cháis, fógra muirear seasta a thionscnamh nó, ar an láimh eile, rabhadh béil a eisiúint nó comhairle a chur ar an tiománaí. Sa chás go gcinneann an Garda cás a thionscnamh is iondúil go ndéantar na sonraí a thaifead i leabhar nótaí agus go ndéanann an Garda iad a aistriú go foirm i ndúblach i stáisiún na nGardaí níos déanaí. Ar an láimh eile d'fhéadfaí iad a cheapadh ar an láthair ar ghaireas leictreonach láimhe.


**7.18** Déanann ceamaraí luais cionta de thoradh neamh-idirghabhála a thaifead i veaineanna róbait a mbíonn Gardaí iontu nó i veaineanna ceamara seachfhoinsithe ‘GoSafe’ (atá in úsáid ó Shamhain 2010).

**7.19** I ndiaidh braite déantar sonraí gach cás a bhreacadh ar an gCóras Próiseála Muirear Seasta (FCPS) trí

- cóip den fhoirm i ndúblach a phostáil chuig an Oifig Próiseála Muirear Seasta i nDúrlas le breacadh isteach de láimh ar an FCPS
- an gaireas láimhe a nascadh leis an gcóras i stáisiún na nGardaí agus déantar na sonraí a uaslódáil ar FCPS go huathoibríoch
- uaslódáil de bhraith ceamaraí luais trí Oifig na gCeamaraí Sábháilteachta Seachfhoinsithe (OSCAM).

**7.20** Tá rátaí coibhneasta na gcionta muirear seasta a taifeadadh trí gach modh braite léirithe i bhFíor 7.3 thíos. Tabhair ar aird go háirithe an titim drámatúil ar líon na mbrath a taifeadadh ar cheamaraí GoSafe ó thús 2011. Sa tréimhse chéanna d'fhan líon na mbrath ar cheamaraí na nGardaí a bheag nó a mhór go seasmhach.

**Fíor 7.3 Fógraí Muirear Seasta a eisíodh le linn 2011 agus 2012**




Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntais is Ciste

***Foirmeacha Muirear Seasta Millte/Caillte***

**7.21** Tá Córas Rianaithe agus Dáilithe Cheap Nótaí (NTAS) curtha ar bun ag An Garda Síochána chun srian a choinneáil ar eisiúint foirmeacha i ndúpláid (i gceap nótaí de 20 foirm an ceann) chuig baill den fhórsa, agus den taifead ina dhiaidh sin a dhéanann Gardaí go háitiúil ar shonraí na gcásanna ina mbaintear úsaid as na foirmeacha, nó ina gcuirtear ó mhaith iad ar bhealach eile. Ní mór an contrapháirt de gach foirm a úsáidtear agus d'aon fhoirm a mhilltear a sheoladh chuig an Oifig Próiseála Muirear Seasta le haghaidh iontrála ar a gcuid mbunachar sonraí.[1] Go hiarbhír, ní sheoltar foirmeacha millte chuig an Oifig Próiseála Muirear Seasta, agus dá bharr sin, níl taifead d'fhoirmeacha millte ar an mbunachar sonraí.

**7.22** Tá uimhir ar leith ag gach foirm i gceap nótaí ar mhaithe le haithint agus rialú a eascú. Ní dhéanann An Garda Síochána anailís agus monatóireacht ar bhonn rialta ar fhoirmeacha a sheoltar ar ais chun foirmeacha atá ar iarraidh a aithint, nó ní dhéantar athleanúint leis na baill atá i gceist sa chás go bhfuil foirmeacha ann nach bhfuil cuntas orthu. Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go gcuimseoidh eagrán a cheathair de lámhleabhar FCPS atá á leasú ag Biúró Náisiúnta Bheartas Tráchta an Gharda Síochána faoi láthair, próiseas leasaithe lena chinntiú go mbeidh tuairisc ar gach fógra cheap nótaí.

**7.23** Ar mhaithe an scrúdaithe seo fuarthas taifid NTAS d'fhoirmeacha a eisíodh idir Eanáir 2011 agus Bealtaine 2013 ón nGarda Síochána. Sa tréimhse sin eisíodh thart ar 235,000 foirm. Rinneadh anailís ar an eolas i mbunachar sonraí NTAS chun bearnaí i seicheamh na n-uimhreacha aitheantais a fháil agus ar an gcaoi sin foirmeacha caillte nó gan aon chuntas orthu ar aon fáth eile, a aithint.

1 Nós imeachta sonraithe I Lámhleabhar an Chórais Próiseála Muirear Seasta (3ú eagrán), 2005.

**7.24** Bhí roinnt foirmeacha millte taifeadta ag baill an Gharda Siochána ar NTAS. Bhí thart ar 2,100 foirm cheap nóta millteí taifeadta - ráta 0.9% d'fhoirmeacha millte a taifeadadh as na foirmeacha a eisíodh.

**7.25** Ní raibh aon chuntas ar bheagnach 18,900 foirm eile (7.4% de na foirmeacha a eisíodh) as cheap nótaí a bhí in úsáid sa tréimhse sin ar NTAS. I measc na gcúiseanna nach mbeadh cuntas ar fhoirm tá

- gabhadh thar an fhoirm cheap nótaí sa seicheamh agus níor baineadh úsáid as go fóill (cé gur baineadh úsáid as foirmeacha sa cheap nótaí a bhí níos faide amach sa seicheamh)
- milleadh an fhoirm cheap nótaí agus caitheadh amach í go háitiúil
- b'fhéidir gur úsáideadh an fhoirm cheap nótaí chun cion a thaifeadadh ach gur shocraigh an Garda a bhí i gceist ina dhiaidh sin gan leanúint leis an gcás
- baineadh úsáid as an bhfoirm cheap nótaí chun cion fógra a thaifeadadh ach gur cailleadh sa phost í chuig Oifig Próiseála Muirear Seasta, nó go raibh sonraí míchearta nó míshoiléara ar an bhfoirm.

**7.26** Déanann an fhoireann san Oifig Próiseála Muirear Seasta gach cion fógraí a thaifeadtar ar fhoirmeacha cheap nótaí a chur isteach sa chóras próiseála muirear seasta. Cuireann an Oifig sin isteach is amach le foirm amháin as gach deich gcinn ar ais chuig an Garda braite le comhlánú nó chun sonraí den bhrath a shoiléiriú. Ní chuirtear thart ar an tríú cuid de na foirmeacha seo ar ais chuig an Oifig agus mar sin níl sé de thoradh orthu go n-eisítear fógra chuig an tiománaí nó chuig úinéir na feithicle atá i gceist. Déantar na foirmeacha seo a thaifeadadh leis na foirmeacha millte nó cuirtear isteach iad leis na foirmeacha nach bhfuil aon chuntas orthu.

**7.27** Ar an iomlán chríochnaigh sé sa tréimhse a bhí faoi scrúdú go raibh 8.3% de na foirmeacha cheap nótaí a eisíodh a cailleadh nó a milleadh nó nach raibh cuntas orthu seachas sin.


## Torthaí Chásanna na bhFógraí Muirear Seasta

**7.28** Nuair a eisítear fógra muirear seasta tríd an bpost tá 28 lá ó fhaigheann an faighteoir an fógra chun suim sainithe na fíneála, atá difriúil ag braith ar an gcion atá i gceist, a íoc. Cuirtear 50% breise leis an muirear má íoctar é sa tréimhse idir 29 agus 56 lá i ndiaidh an fógra a fháil. Nuair atá an tréimhse íocaíochta caite ní feidir an fíneáil a íoc agus caifear déileáil leis an gcás tríd an gcúirt.[1]

**7.29** Íocadh fíneálacha muirear seasta laistigh de 56 lá i gcás 71% de na fógraí pionóise muirear seasta a eisíodh in 2011 agus 2012 (féach Fíor 7.4). Tionscnaíodh imeachtaí cúirte i gcás níos mó ná ceann as gach cúig chás. Cuireadh deireadh go foirmiúil le 5% de na cásanna agus taifeadadh torthaí eile i gcás 2% eile díobh.

1 Cuimsíonn an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2010 foráil a thugann cead fíneáil a íoc suas go seacht lá roimh dháta éisteacht cúirte Nil an fhoráil seo feidhmithe go fóill.


**Fíor 7.4 Stadas chásanna fógraí muirear seasta a taifeadadh in 2011 agus 2012**




Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntais is Ciste

**7.30** De bharr cionta a brathadh in 2012 bhí admhálacha iomlána €21.5 ag an Garda Síochána as fínealacha a íocadh. Tá admhálacha le haghaidh fíneálacha tráchta bóthair don tréimhse 2008 go 2012 tugtha i bhFíor 7.5.[1]

**Fíor 7.5 Admhálacha an Gharda Síochána le haghaidh pionós an Achta Um Thrácht ar Bhóithre, 2008 go 2012.**




Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntais is Ciste

## Tionscnamh Imeachtaí Cúirte

**7.31** Cuireadh iomlán 21.8% de chásanna fógraí muirear seasta a taifeadadh in 2011 agus 2012 ar aghaidh le hionchúiseamh sa chúirt, agus eisíodh toghairmeacha go huathoibríocht nó de láimh ina leith. An Garda Síochána a dhéanann toghairmeacha a sheirbheáil.

1 Rinne an tSeirbhís Chúirteanna fáltais bhreise ó chásanna a chuaigh chun cúirte a bhailiú agus a chuntasú.

**7.32** Níl na sonraí atá coinnithe ar chórais an Gharda Síochána faoi thoghairmeacha a sheirbheáiltear i leith cionta fógraí muirear seasta iomlán, mar ní dhéantar torthaí cásanna a chuirtear ar aghaidh le haghaidh imeachtaí cúirte a ghabháil de ghnáth. Ar an ábhar sin d'fhéach an fhoireann scrúdaithe ar shonraí coimrithe ó Chóras Rianaithe Cásanna Coiriúla na gCúirteanna (CCTS) maidir le cásanna fógraí muirear seasta a taifeadadh in 2011 agus 2012. Thaispeán sé maidir le cásanna 2011 - a raibh dóthain ama caite le go mbeidis tugtha chun críche sna cúirteanna - gur caitheadh amach leath de na cásanna a chuaigh ar aghaidh go dtí céim na toghairme sa chúirt toisc nár seirbheáileadh na toghairmeacha a bhain leo. Tugann an méid seo le tuiscint gurb é an deireadh a bhíonn le thart ar 11% de chásanna fógraí muirear seasta nach n-íoctar iad agus nach ndéantar freagairt ina leith sa chúirt.

## Foirceannadh Fógraí Muirear Seasta

**7.33** Is ionann an éifeacht atáag cinneadh gan leanúint le himeachtaí agus fógra muirear seasta a fhoirceannadh agus an fogra a chur ar ceal. Ta na cúinsí inar féidir é seo a dhéanamh leagtha síos i lámhleabhar an Gharda Síochána i leith chóras na bhfógraí muirear seasta. Tá eagrán a trí den lámhleabhar in éifeacht ó 2005.[1]

### *Nós Imeachta Foirceanta*

**7.34** Chinn an scrúdú seo go raibh 486 ball aonair den Gharda Síochána i mBealtaine 2013 a raibh cead acu fógraí a chur ar ceal ar FCPS. Chuimsigh sé sin

- 41 Ard-Cheannfort
- 151 Ceannfort
- 294 Cigire.

**7.35** De réir an lámhleabhair sanntar cead foirmiúil chun fógra muirear seasta ar leith a chur ar ceal, sna cúinsí iomchuí, chuig

- an t-Oifigeach Ceantair inar tharla an cion
- an t-Oifigeach Ceantair atá freagrach as an oifigeach braite
- an Ceannfort atá ag maoirsiú an Chláir Athstiúrtha Ógánach
- an Cigire atá ag maoirsiú na hOifige Próiseála Muirear Seasta i nDúrlas.

agus chucu amháin.

Is é an tOifigeach Ceantair ná Ceannfort an Cheantair Garda nó Cigire sa chás go bhfuil sé/sí ag gníomhú mar Oifigeach Ceantair in áit Ceannfoirt.

**7.36** Chinn an scrúdú nach bhfuil aon srianta sa chóras chun baill den Gharda Síochána a bhfuil cead acu cásanna a fhoirceannadh ó é sin a dhéanamh maidir le cásanna nach dtaganna faoina n-údarás.

**7.37** Cuimsíonn an FCPS tuairisc mhíosúil d'fhoircinn fógraí i ngach ceantar Gardaí. Tá an tuairisc le haghaidh gach ceantar ar fáil don Oifigeach Ceantair iomcuí. Liostáileann sé gach cás foirceanta, ainm an té a cheadaigh an foirceannadh, agus sonraí eile mar an chúis atá taifeadta don fhoirceannadh agus dáta an fhoirceanta.

1 Tá eagrán a cheathair den lámhleabhar á réiteach faoi láthair.

**7.38** Is féidir go ndéanfaí fógraí a fhoirceannadh ar fáthanna teicniúla nó i gcásanna teoranta, ar iarratais ar fhoirceannadh ó fhaighteoirí na bhfógraí.Is iad príomhghnéithe an nós imeachta le bainistíocht a dhéanamh ar iarratais chun fógra a fhoirceannadh ná mar a leanas.

- Ní mór achainí chun fógra a fhoirceannadh a chur faoi bhráid Oifigeach an Cheantair ar tharla an cion ann.Ní mór don achainíoch an t-iarratas a chur isteach i scríbhinn mar aon le haon fhianaise tacaíochta ábhartha.
- Déanann an tOifigeach Ceantair (nó an tOifigeach Ceantair gníomhach) na cúinsí agus an fhianaise atá curtha ar fáil a scrúdú agus tagann sé ar chinneadh an bhfuil foirceannadh dlite nó nach bhfuil ag teacht leis an bpolasaí foirceanta.
- Ní mór go gcoinneofaí an cháipéisíocht uile a bhaineann le foirceannadh an fhógra ar mhaithe le hiniúchadh.

### *Ráta Foirceanta Fógraí*

**7.39** San iomlán, rinneadh foirceannadh ar 42,700 cion a brathadh in 2011 agus 2012. Is ionann é seo agus thart ar 5% de na fógraí a eisíodh sna blianta sin. Rinneadh beagán le cois a leath a fhoirceannadh go lárnach san Oifig Próiseála Muirear Seasta i nDúrlas nó mar chuid den Chlár Athstiúrtha Ógánach.Rinneadh an chuid eile a fhoirceannadh i gceantair an Gharda Síochána. Dá réir sin an meánráta foirceanta a bhí i measc na gceantar ná 2.2%.

**7.40** Níl aon chuntas ar líon na n-achainí le haghaidh foirceanta fógraí a diúltaíodh.

### *Anailís ar na Rátaí Foirceanta Fógraí ag Leibhéil an Cheantair*

**7.41** Bhí 110 ceantar ag feidhmiú le linn tréimhse 2011 agus 2012 a scrúdaíodh.[1] Léiríonn anailís ar an ráta foirceanta fógraí éagsúlacht shuntasach ó cheantar go ceantar. Tá na ceantair leis na cúig ráta is airde agus na cúig ráta is ísle foirceanta cionta fógraí léirithe i bhFíor 7.6.  I gCeantair Inse, Roscomáin agus Sligigh bhí na rataí foirceanta fógraí muirear seasta níos mó ná dhá oiread an mheáin, agus níos mó ná 50 oiread na rátaí sna Ceantair Átha an Mhuilinn agus Biorra.

1 Ag éirí as clár cuíchóirithe le gairid is é struchtúr geografach an Gharda Siochána faoi láthair ná 6 réigiún, 29 ranán and 105 ceantar.

**Fíor 7.6 Ráta Foirceanta Cionta Muirear Seasta a brathadh in 2011 agus 2012, ceantair roghnaithe an Gharda Siochána**

| Ceantar | Ráta Foirceanta Fógraí |
|---|---|
| Inis | 5.9% |
| Roscomán | 5.7% |
| Sligeach | 5.4% |
| An Uaimh | 4.8% |
| Baile Locha Riach | 4.4% |
| **Meán náisiúnta** | **2.2%** |
| Béal Átha na Muice | 0.3% |
| Eas Géitine | 0.3% |
| Ros Mhic Thriúin | 0.2% |
| Áth an Mhuilinn | 0.1% |
| Biorra | 0.1% |

Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntais is Ciste

Nóta: Fágann an anailís seo foircinn fógraí a rinne an Oifig Próiseála Muirear Seasta aguds an Clár Athstiúrtha Ógánach ar lár.

***Foircinn Lasmuigh den Cheantar***

**7.42** Rinneadh cuid shuntasach de chásanna foirceanta fógraí muirear seasta a fhoirceannadh lasmuigh den cheantar inar brathadh an cion. Tá na ceantair leis na rátaí is airde foirceanta cásanna nach raibh áitiúil léirithe i bhFíor 7.7. I roinnt ceantair baineann níos mó ná leath de na cásanna foirceanta le cionta a brathadh i gceantair eile.Sna Ceantair Bhaile Bhlainséir agus Bridewell i mBaile Átha Cliath bhain foircinn le 38 agus le 37 ceantar eile faoi seach.

**Fíor 7.7 Foircinn 'Ceantair eile'[a], ceantair roghnaithe Garda Síochána 2011 agus 2012**

| Oifig Ceantair | Líon na gcásanna fógraí a fhoirceannadh | Ráta Foirceanta | % foirceanta braite lasmuigh den cheantar | Líon ceantair eile a fhoirceannadh[b] |
|---|---|---|---|---|
| Baile Bhlainséir | 699 | 2.3% | 50% | 38 |
| Bridewell, B.Á.C | 355 | 3.1% | 81% | 37 |
| Sráid Chaoimhín B.Á.C | 216 | 0.9% | 56% | 21 |
| Sráid an Phiarsaigh B.Á.C | 551 | 3.4% | 35% | 20 |
| Inis | 1,184 | 5.9% | 27% | 16 |
| Baile Munna | 366 | 1.4% | 43% | 15 |
| An Uaimh | 191 | 4.8% | 69% | 15 |
| An Chúlóg | 174 | 1.1% | 45% | 12 |
| Sráid Ainrí, Luimneach | 1,146 | 3.9% | 36% | 12 |
| Sráid Mhic Ghiobúin, B.Á.C. | 170 | 2.4% | 79% | 11 |
| An Muilinn gCearr | 220 | 1.9% | 18% | 11 |

Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntais is Ciste

Nótaí: a Fágadh Biuró Tráchta Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Biúró Náisiúnta Tráchta an Gharda Siochána ar lár ón anailís seo mar go gcuimsíonn siad roinnt Ceantair

b Tá ceantair eile nach raibh ach foirceannadh fógra amháin iontu fágtha ar lár ón anailís seo.

**7.43** Bheadh sé i gceist nach ndéanfaí foircinn thar teorainneacha ceantar ach ar chúiseanna teicniúla amháin, m. sh. Má aimsíonn Garda braite earráid nó easnamh i sonraí an cháis, agus go n-aontaíonn a (h)Oifigeach Ceantair leis an bhfoirceannadh. I ngach cás eile foirceanta ní mór go seolfadh an tiománaí/úinéir na feithicle achainí chuig Oifigeach Ceantair an cheantair inar brathadh an cion ionas gur cheart go mbeadh taifead go háitiúil den iarratas le haghaidh foirceanta.

**7.44** Lorg an fhoireann scrúdaithe cáipéisíocht ileith líon samplach de 25 cion (cúig an ceann i gcúig cheantar) a brathadh sa cheantar ach a foirceannadh i gceantar eile. Ní raibh cáipéisí cóid ar fáil go háitiúil ach i dtrí chás (12%). De na cásanna eile nach raibh aon cháipéisíocht ar fáil go háitiúil,

- bhí 14 cás (56%) inar tharla an foirceannadh i gceantar congarach ina raibh Aonad Tráchta roinnte suite
- in ocht gcás (32%) ní raibh an ceantar foirceanta tadhlach leis an gceantar inar brathadh an cion.

Dá bhrí sin, sa sampla seo is cosúil go raibh an tríú cuid ar a laghad de na cásanna 'foirceanta lasmuigh den cheantar' neamhúdaraithe de réir théarmaí treoirlínte lámhleabhair an Gharda Síochána.

### *Cúiseanna Foirceanta Fógraí*

**7.45** Sonraíonn lámhleabhar chóras na bpionós muirear seasta ceithre chatagóir cáis ina gceadaítear fógra muirear seasta a fhoirceannadh (féach Fíor 7.8). Áirítear ann earráidí teicniúla próiseála, cásanna áirithe atá díolmhaithe faoi fhorálacha dlí agus, i gcásanna áirithe, rannpháirtithe sa Chlár Athstiúrtha Ógánach.[1] Ceadaítear foircinn chomh maith 'faoi chúinsí eisceachtúla', agus tugtar roinnt samplaí de na cineáil cúinsí a bheadh i gceist.Sa chatagóir is déanaí, is féidir sa chuid is mó de na cásanna,go mbeadh fianaise neamhspléach dhoiciméadach ann chun tacaíocht a thabhairt i leith na cúinsí atá tuairiscthe.

**Fíor 7.8 Creat na gcúiseanna atá ceadaithe chun cásanna fógraí muirear seasta a fhoirceannadh**

| Catagóir cúiseanna foirceanta | Samplaí |
|---|---|
| **Earráidí próiseála/Earraidí córais** | ▪ Sonraí míchearta feithicle/tiománaí taifeadta<br>▪ Íomhá mí-oiriúnach ceamara luais<br>▪ Fógra dosheachadta tríd an bpost |
| **Díolúine Reachtúil** | ▪ Tiománaithe feithiclí éigeandála nuair nach contúirt an úsáid sin do shábháilteacht úsáideoirí eile bóthair (díolmhaithe faoi Achtanna um Thrácht ar Bhóithre)<br>▪ Páirceáil i limistéir srianta fad is a bhíonn feithicil á h-ualú nó á dí-ualú (faoi fhothdhlithe rialtais áitiúil) |
| **Clár Athstiúrtha Ógánach** | Níl aon sampla tugtha |
| **Cúinsí Eisceachtúla** | ▪ Feithicil atá goidte nó a chlis<br>▪ Tá an ciontóir ina chónaí lasmuigh den dlínse nó bhí an fheithicil tógtha ar cíos ag duine nach bhfuil cónaí air sa Stát<br>▪ Is le duine atá i dteideal díolúine thaidhleoireachta a éileamh an fheithicil<br>▪ Íocadh mótarcháindon tréimhse ach ní raibh an diosca ar taispeáint - fianaise tacaíochta ag teastáil<br>▪ Cionta áirithe páirceála ag dóchtúir atá ar ghlaoch práinneach |
| **Lánroghnach**[a] | ▪ Éigeandáil míochaine<br>▪ Meala sa chlann<br>▪ eile |

Foinse: Lámhleabhar Chóras na bPionós Muirear Seasta (2005) agus an córas FCPS

Nóta: a Níl an chatagóir seo tugtha i lámhleabhar an chórais ach iniatar í ar chóras na bpionós muirear seasta mar rogha ar féidir a phiocadh nuair atá cúis foirceanta fógra á taifeadadh.

1 Is clár é seo chun cosc a chur ar chiontóirí óga dul isteach sa chóras dlí choiriúil.


**7.46** Roimh Aibreán 2012 níor thug FCPS ach roghanna teoranta chun an chúis a bhí le fógra a fhoirceannadh a chatagóiriú. Dá bharr sin, sa tréimhse Eanáir 2011 go Márta 2012 rinneadh breis is 92% de na foircinn fógraí a chatagóiriú ar an gcóras go simplí mar 'cealaithe', agus rinneadh an chuid eile a chatagóiriú mar 'earráid sa chóras' nó ag teacht faoin gClár Athstiúrtha Ógánach.

**7.47** Níl an rogha ann ó Aibreán 2012 'cealaithe' a thaifeadadh mar chúis foirceanta mar rinneadh uasghrádú ar an mbogábhar chun réimse leathnaithe roghanna a chur isteach lena n-áirítear 'Lánroghnach - éigeandáil míochaine', 'Lánroghnach - méala sa chlann', agus 'Lánroghnach - eile'.Níor tugadh an lámhleabhar cothrom le dáta chun teacht leis an athrú seo.

***Cúiseanna Taifeadta Foirceanta***

**7.48** Déantar coimriú ar na cúiseanna a taifeadadh ar an gcóras próiseala muirear seasta chun fógraí a fhoirceannadh sa tréimhse Aibreán go Nollaig 2012 i bhFíor 7.9 thíos.

**Fíor 7.9 Cúis taifeadta ar FCPS le haghaidh Foirceanta Fógra**




Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntais is Ciste

**7.49** D'fhéach an fhoireann scrúdaithe siar ar shamplaí de chomhad a bhain le foircinn fógraí san Oifig Próiseála Muirear Seasta agus i gcúig cheantar ina raibh an ráta foirceanta fógraí i leith cionta a raibh pointí pionóise ag dul leo os cionn 5%.Scrúdaíodh sampla de chomhad i gceantar eile ina raibh ráta an-íseal foirceanta cásanna fógraí taifeadta.

**7.50** Tugadh faoi deara san iniúchadh go raibh líon nach beag d'fhoircinn fógraí a scrúdaíodh san Oifig Próiseála Muirear Seasta mar chuid de bhaisc-fhoircinn, agus dá réir gur foirceannadh líon mór fógraí (roinnt céadta i gcásanna áirithe) de bharr earráidí sa chóras, ar nós logainm mícheart a bheith taifeadta ar na fógraí.

**7.51** Ins na samplaí de 300 foirceann fógraí a scrúdaíodh bhí réimse leathan cúiseanna taifeadta sa cháipéisíocht comhaid as na fógraí a fhoirceannadh.Ní raibh aon chúis dhealraitheach luaite i 11 cás - 4% - chun an chúis a bhí leis an gcás a fhoirceannadh a mhíniú. I níos mó ná leath na gcásanna a scrúdaíodh bhí na foircinn ar chúiseanna 'lánroghnach'. Áiríodh an méid seo a leanas i measc na gcúinsí a bhain leis na cásanna sa chód agus ar ghlac Oifigí Ceantair leo, de réir dealraimh,

- bhí tiománaí ag tiomáint róthapa ar a bhealach chuig an ospidéal nó chuig coinne dochtúra nó ag tabhairt cuairte ar dhaoine eile san ospidéal (26 cás)[1]
- d'admhaigh an tiománaí nach raibh cáin ar an bhfeithicil nuair a stopadh é ach íocadh na riaráistí cánach a chlúdaigh an tréimhse inar stopadh é ina dhiaidh sin (13 cás)
- bhí naoi gcás ann inar admhaigh na tiománaithe go raibh siad ag sárú na luasteorann ach mhínigh siad an sárú mar seo
    - bhí an bóthar leathan agus ciúin
    - bhí sé ag deifriú chun gaol a bhailiú ag stáisiún na mbus.
    - bhí sé déanach ag dul chuig searmanas reiligiúnach
    - Bhí deifir air ag dul ar ais ag an bhfeirm mar go raibh beostoc faoi ionsaí ag beacha.
    - bhí sé mall le haghaidh ceacht snámha.
    - bhí 'gnó práinneach tí' á dhéanamh aige (ní raibh aon sonraí eile tugtha)
    - ní raibh luasmhéadar na feithicle ag obair
- bhí ceithre chás inar admhaigh an tiománaí an cion a dhéanamh agus duirt
    - ní fhaca an tiománaí an solas dearg
    - sháraigh an tiománaí an luasteorainn tré thimpist
    - ní raibh an tiománaí ag díriú i gceart ar a chuid tiomána mar go raibh rudaí eile ar a intinn ar nós bó a bheith ag fáil bháis ar a fheirm
- bhí tiománaí a stopadh mar go raibh sé ag úsáid fón póca agus é ag tiomáint agus nár mhínigh don Gharda ag an am go raibh an glaoch práinneach mar gur bhain sé lena pháiste a bhí tinn.

**7.52** Luann na treoirlínte a bhaineann le hoibriú chóras na bhfógraí muirear seasta nach mór an cháipéisíocht uile a bhaineann le cás a fhoirceannadh a choinneáil ar mhaithe le hiniúchadh. Thaispeáin scrúdú na gcásanna samplacha go raibh cáipéisíocht tacaíochta ann le haghaidh gach cás a fhoirceannadh san Oifig Próiseála Muirear Seasta. Go suntasach ar an láimh eile ní raibh aon cháipéisiocht ann le scrúdú i gcás beagnach an cheathrú chuid de chásanna foirceanta sna hoifigí ceantair.

**7.53** I níos mó ná 60% de na cásanna sna hoifigí ceantair ina raibh cáipéisíocht coinnithe agus ar fáil le scrúdú rinneadh an foirceannadh fógra ar bhonn litreach achainíocha ó thiománaí na feithicle, gan aon fhianaise chomhthacaíoch tríú páirtí chun tacú leis na dearbhuithe a bhí déanta san achainí.Go praiticiúil ní dóigh go mbeadh fianaise chomhthacaíoch tríú páirtí ar fáil le haghaidh cuid de na cúinsí a cuireadh chun cinn in achainíocha mar atá sonraithe thuas.


1 Fágann sé ar lár cásanna inar luadh éigeandáil míochaine fiú mura raibh fianaise faoin éigeandáil sa chód.

### *Cásanna iolracha foirceanta fógraí i leith feithicle*

**7.54** Rinneadh anailís ar bhunachar sonraí na gcásanna fógraí muirear seasta le haghaidh 2011 agus 2012 chun feithiclí le foircinn iolracha a aithint, bunaithe ar chláruimhir na feithicle.[1]

**7.55** Tá an mhinicíocht inar tharla trí nó níos mó cásanna foirceanta le haghaidh feithicle amháin tugtha i bhFior 7.10 thíos. Léiríonn an anailís gur rinneadh 2,900 cás foirceanta i leith 700 feithicil a raibh trí chás foirceanta nó níos mó an ceann acu. Bhain beagnach 650 cás foirceanta le 96 feithicil práinnfhreagartha.[2]

**Fíor 7.10 Foircinn iolracha fógraí muirear seasta, i leith cionta a brathadh in 2011 agus 2012.**




Foinse: An Garda Síochána tógtha ó FCPS

## Cásanna Toghairmeacha Cuideachta

**7.56** Tharraing tuairisc roimhe seo aird ar chonstaic sa FCPS a d'fhág nárbh fhéidir gníomhú go cuí in aghaidh tiománaithe carranna cuideachta.[3] Ní féidir pointí pionóise a chur ar chuideachta, os rud é nach féidir ceadúnas tiomána a bheith ag cuideachta. Cé go bhfuil oibleagáid dhlithiúil ar úinéir cláraithe a insint cé bhí ag tiomáint nuair a dhéantar cion, tuairiscítear go minic nach féidir a aithint cé a bhí ag tiomáint ag an am. D'fhéadfadh sé seo an bonn a bhaint d'aon chás cúirte.

**7.57** Léiríonn sonraí FCPS gur eisíodh fógraí chuig cuideachtaí i leith 20,844 cion tráchta ar bhóithre le linn 2011 agus 2012 agus astu sin

- íocadh 28% díobh
- rinneadh 23% díobh a fhoirceannadh
- níor leanadh le 49% eile díobh agus tugadh an stadas 'toghairmeacha cuideachta' dóibh ar an gcóras.

**7.58** Baineann beagnach na cásanna uile a fhaigheann stadas 'toghairm cuideachta' le braith cheamaraí luais. Sa chás nach ndéantar idirghabháil agus sonraí an tiománaí a thógail ar an láthair seoltar na fógraí chuig úinéir na feithicle mar atá taifeadta ar NVDF.

1 D'fhéadfadh anailís atá bunaithe ar chláruimhir feithicle líon ró-ard foirceann fógraí muirear seasta a léiriú le haghaidh úinéar na feithicle sa chás go raibh úsáideoirí iolracha ag an bhfeithicil nó sa chás go raibh athrú ar úinéireacht na feithicle. Ar an gcaoi céanna i gcás duine a thiomáin níos mó ná feithicil amháin sa tréimhse d'fhéadfadh an anailís líon ró-íseal foirceann a léiriú i gcás an tiománaí sin.

2 D'fhéadfadh na treoirlínte i leith cásanna reachtúla díolúine feithiclí briogáide dóiteain, otharcharranna agus feithiclí a úsáideann an Garda Síochána i mbun dualgaise a chlúdú mar a fholártar in Alt 27 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2004. Ach níl an díolúine ann ach sa chás nach gcuirtear isteach ar shábháilteacht úsáideoirí eile an bhóthair.

3 Caibidil 7, 2003 Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntais is Ciste.

**7.59** Déanann neamhréireachtaí i dtaifead ainmneacha cuideachtaí ar NVDF níos casta é chun cuideachtaí 'athchiontacha' a aithint agus bíonn líon ró-íseal tugtha dá bharr. In ainneoin sin, léiríonn anailís na gcásanna muirear seasta a brathadh in 2011 agus 2012 go raibh

- cuideachta amháin le 203 cás a chuaigh ar aghaidh chuig stadas 'toghairmeacha cuideachta'
- bhí dhá chuideachta a raibh 70 agus 82 cás dá leithéad acu faoi seach
- bhí 12 cuideachta eile go raibh idir 20 agus 50 cás dá leithéad acu.

**7.60** San áireamh i measc na gcuideachtaí a raibh líon suntasach fógraí a chuaigh ar aghaidh chuig stadas toghairm cuideachta bhí cuideachtaí fruilithe feithiclí agus garáistí.

**7.61** Dá nglacfaí leis go n-íocfaí an fhíneáil laistigh de 28 lá sna cásanna seo is féidir an t-ioncam a cailleadh in 2011 agus 2012 i leith cásanna carranna cuideachta a foirceannaíodh nó nár leanadh leo, a mheas ag €1.2 milliún.

## Cásanna faoi Urchosc Reachta

**7.62** Is gá cásanna fógraí muirear seasta a phróiseáil go pras mar gheall ar theorainneacha ama reachtúla. Má bhíonn imeachtaí cúirte le tógáil ní mór iad a thionscnamh laistigh de shé mhí ó dháta an chiona. Ina dhiaidh sin tagann imeachtaí faoi urchosc reachta.

**7.63** Tháinig breis is 3,000 cás a brathadh in 2011 agus 2012 faoi urchosc reachta faoi Márta 2013. B'ionann iad agus thart ar 0.4% de na cionta fógraí ar fad a brathadh.

**7.64** Ceadaítear 56 lá do thiománaí a fhaigheann fógra muirear seasta (lena n-áirítear formhuirear ama, má bhaineann) chun an fhíneáil a íoc sula ngintear toghairm cúirte. Ó Aibreán 2012 i leith ní ghineann FCPS fógra muirear seasta le cur chuig an tiománaí má tá níos lú ná 70 lá fágtha go dti go dtagann an cion faoi urchosc reachta. Sa chás nach bhfaightear íocaíocht i leith na fíneála a fógraíodh, cinntíonn sé go mbíonn deich lá oibre ar a laghad ann chun imeachtaí cúirte a thionscnamh, rud a tharlaíonn go leictreonach.

**7.65** Léiríonn anailís ar thaifid na gcásanna a bhain le cásanna a brathadh in 2011 agus 2012 agus a tháinig faoi urchosc reachta ina dhiaidh sin go raibh iontráil dhéanach na sonraí ar FCPS ina fhachtóir iontu. Fadhb ar leith a bhí anseo i gcásanna ar taifeadadh na cionta ar ghaireas láimhe agus ar fhoirmeacha cheap nótaí.

- Rinneadh 26% de na cásanna a iontráil ar an gcóras próiseála muirear seasta 110 lá nó níos mó i ndiaidh dháta an chiona.Taifeadadh trí cheathrú díobh seo ar ghaireas láimhe agus bhí an chuid eile taifeadta ar fhoirm cheap nótaí.
- Bhí aga moille ó 80 go 109 lá idir dháta an chiona agus an dáta iontrála ar FCPS ag 30% de chásanna,rud a d'fhág gur dóigh go dtiocfadh an cion faoi urchosc reachta dá n-ainmneodh an faighteoir tiománaí eile.Taifeadadh leath na gcionta sin ar ghaireas láimhe agus an leath eile ar fhoirmeacha cheap nótaí.

**7.66** Baineann teorainneacha luais laghdaithe le feithiclí áirithe i gcriosanna áirithe luais, mar fheithiclí ag tarraingt leantóra agus feithiclí earraí troma. Bhain 17% d'fhógraí a tháinig faoi urchosc reachta le cionta teorainneacha luais laghdaithe. Níor leanadh le cásanna den chineál sin a bhí braite le ceamaraí GoSafe, go dtí gur athraíodh nósanna imeachta an Gharda Síochána in Iúil 2012.Ó shin seoladh cásanna dá leithead go huathoibríoch chuig Lárionad Seirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána.

**7.67** Léiríonn taifid an Gharda Síochána go mb'fhéidir go ndeachaigh roinnt cásanna chun cúirte via toghairm scríofa ach go bhfuil sé taifeadta gur tháinig siad faoi urchosc reachta mar nár aithníodh an nasc leictreonach idir an oifig agus an toghairm scríofa. I gcás 14% de na cásanna a tháinig faoi urchosc reachta bhí sonraí aitheantais na toghairme (SA1) taifeadta ar FCPS.

### Forchur Pointí Pionóise

**7.68** Déantar pointí pionóise a fhorchur ar cheadúnais tiománaithe trí NVDF atá á riaradh ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Íocadh fíneálacha i leith 466,000 cion a raibh pointí pionóise ag dul leo laistigh den bhfráma ama sonraithe rud a d'fhág gur forcuireadh pointí pionóise gan dul os comhair cúirte.

**7.69** Ní raibh forchur pointí pionóise mar thoradh ar gach cás chion pointí pionóise a íocadh mar

- san áit a raibh roinnt cionta braite agus taifeadta ar fhógra amháin, ansin, de réir Alt 2 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2002 ní dhéantar ach na pointí a bhaineann leis an gcion a thugann an líon is airde pointí leis a fhorchur ar cheadúnas an tiománaí
- níl pointí pionóise taifeadta ar cheadúnais tiomána iasachta ach ó Nollaig 2011 - taispeánann an bunachar sonraí go raibh 12% díobh sin a d'íoc fíneálacha pionóise muirear seasta, a raibh pointí pionóise ag dul leo, ina sealbhóirí ar cheadúnais tiomána iasachta.

**7.70** Lean an fhoireann scrúdaithe na cionta pointí pionóise uile a brathadh in 2011 agus 2012 agus a íocadh, chuig sonraí aisbhainte ón NVDF.Thaispeán an gnás seo, ar an iomlán, gur rinneadh pointí pionóise de bharr cionta tráchta ar bhóithre a fhorchur go cuí ar cheadúnais na dtiománaithe a d'íoc an muirear, ach bhí roinnt eisceachtaí ann. Ní raibh 2,850 cion fógraí le fáil ar chód an NVDF. Nuair a scrúdaíodh líon samplach cásanna mar sin fuarthas amach gur cuireadh na cásanna uile ar aghaidh ó FCPS chuig NVDF. I measc na gcúiseanna nach raibh siad taifeadta ar NVDF bhí

- rinneadh 53% díobh a ghlanadh amach ar NVDF tar éis do thréimhse dícháiliúcháin pointí pionóise ar an bpointe ar cheadúnais a bheith caite (déantar tiománaí a dhícháiliú ar an bpointe tar éis dó iomlán 12 pointe a fháil)
- rinne foireann an Údaráis Shábháilteachta ar Bhóithre 36% díobh a ghlanadh amach ar NVDF ar ordú an Gharda Síochána, go príomha mar gheall ar earráidí teorainneacha luais nó earráidí in ainm áite.
- dhiúltaigh NVDF do 11% díobh agus seoladh ar ais chuig an Garda Síochána iad mar nach raibh ainm an tiománaí agus uimhir an cheadúnais ag teacht le sonraí a bhí coinnithe ar NVDF. D'fhéadfadh taifid a diúltaíodh dóibh a bheith iniata i gcód inadhiaidh sin má éiríonn leis An Garda Síochána na sonraí contrártha a réiteach.

## Conclúidí agus Moltaí

**7.71** Ceann de phríomhspriocanna chóras na bhfógraí muirear seasta ná chun cur le tiomáint níos sábháilte agus le líon na dtaismeach de bharr thiomóisc bóthair a laghdú. Tá líon na mbásanna ar bhóithre na hÉireann imithe i laghad go mór ón mbuaicphointe in 2005. Tá an ráta laghdaithe céanna tarlaithe i ndlínsí eile. Mar shampla d'éirigh le hÉirinn agus leis an UK laghdú 51% per capita i mbásanna ar bhóithre a bhaint amach sa tréimhse idir 2002 agus 2010 (an tréimhse ama is déanaí a bhfuil comparáidí idirnáisiúnta ar fáil di). Ach ní léir cé mhéad den laghdú ar féidir a chur síos do chóras na bhfógraí muirear seasta. Áirítear i meascfachtóirí eile a chuidigh leibhéil na mbásanna a laghdú bhí athruithe i ndearadh feithiclí, bóithre níos fearr, treochtaí i bpatrúin taistil agus feachtais hsábháilteachta ar bhóithre.

### *Foramharc ar Thorthaí Chásanna Fógraí Muirear Seasta*

**7.72** Tugann Fíor 7.11 achoimre ar thorthaí na hanailíse sonraí a rinneadh don scrúdú seo.Tá sé curtha in iúl i dtéarmaí chomhréir na gcásanna a brathadh agus cionta tráchta bóthair á ndéanamh, agus ina ndéantar an cinneadh fógra muirear seasta a thionscnamh.


**7.73** Tugann an fhianaise atá ar fáil le fios i gcás formhór na dtiománaithe - beirt as gach triúr - ar rugadh orthu agus cionta tráchta bóthair á ndéanamh acu, gur íoc siad a gcuid fíneálacha laistigh den am a bhí sonraithe. Sna cásanna ar bhain siad leo cuireadh pointí pionóise le taifead na gceadúnas. Maidir le 10% eile de chásanna nár íocadh na fíneálacha ina leith, rinneadh cásanna fhaighteoirí na bhfógraí muirear seasta a shocrú sna cúirteanna.

**7.74** Mar gheall ar laigí suntasacha i ngnéithe d'oibriú scéim na bhfógraí muirear seasta, ámh, éiríonn le líon substaintiúl ciontóirí - suas le duine as gach cúigear - pionóis a sheachaint, agus ní thugtar chun cúirte iad. Ní mór don Gharda Síochána aghaidh a thabhairt ar na laigí oibríochta seo ar bhonn práinneach chun taca le héifeacht an chórais agus le cothroime a chinntiú chun go mbeidh muinín ag an bpobal i gcóras na bhfógraí muirear seasta agus iad sásta glacadh leis.

**7.75** Tá sé curtha in iúl ag Coimisinéir an Gharda Síochána gur eisíodh polasaí nua i leith fhoirceanta fógraí muirear seasta chuig an Garda Síochána ar fad ar 30 Lúnasa 2013.Tá an Garda Síochána i mbun leasú a dhéanamh ar na polasaithe agus nósanna imeachta uile a bhaineann le bainistiú ginearálta an FCPS trí lámhleabhar úsáideora leasaithe FCPS.

**7.76** Tá sé ráite ag an gCoimisinéir cé gur dearadh FCPS chun saolré cion tráchta bóthair a thabhaíonn fógra muirear seasta a cheapadh, titeann an íocaíocht lasmuigh de shainchúram an Gharda Siochána. Íocann beirt as gach triúr ciontóirí a mbeirtear orthu i leith cionta tráchta bóthair a gcuid fínealacha.Baineann an chúis nach n-íoctar riar den chuid eile le fachtóirí éagsula, m. sh. feithiclí atá cláraithe le cuideachtaí, difríochtaí i mionsonraí an úinéara ar NVDF, deacracht teacht ar chiontóirí chun toghairm a sheirbheáil, deacrachtaí teicneolaíocha mar chláir uimhreacha doléite, feithiclí díolmhaithe, mí-oiriúniú teicneolaíoch ar fheithiclí sonraithe, fógraí nár sheachaid an Post/nár sheachaid an Post i gceart, etc. Tabharfaidh Biúró Náisiúnta Tráchta an Gharda Siochána na fachtóirí seo chun aird úinéirí ábhartha na bpróiseas laistigh agus lasmuigh chun feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

**Fíor 7.11 Foramharc ar Chóras na bhFógraí Muirear Seasta**



### *Riaradh Foirmeacha Cheap Nótaí Muirear Seasta*

**7.77** Thabharfadh dearadh chóras riartha foirmeacha cheap notaí muirear seasta cead na foirmeacha a riaradh go héifeachtúil, ach níl sé á chur i gcrích i líon suntasach cásanna mar gheall ar leibhéal ard foirmeacha nach mbíonn cuntas orthu. Nuair nach bhfuil gá freagairt i leith gach foirme tugtar deis do bhaill an Gharda Siochána fógraí muirear seasta a fhoirceannadh tar éis dóibh cásanna a thionscnamh, lasmuigh de nós imeachta foirmiúil foirceanta fógraí, agus gan na rialacháin cuí.

**Moladh7.1:** Ba chóir go dtosódh an Garda Síochána láithreach ar mhonatóireacht a dhéanamh ar fhoirmeacha cheap nótaí sa seicheamh atá ar iarraidh agus an scéal maidir le aon fhoirmeacha nach bhfuil cuntas orthu a leanúint go rialta le baill an Gharda Síochána atá i gceist. Ba chóir taifead a dhéanamh de chúiseanna aon mhillte. Ba chóir doiciméadú a dhéanamh ar aon chinneadh a dhéanann ball den Gharda Síochána gan dul ar aghaidh le cás atá tionscanta agus nóta a dhéanamh de chúis agus d'údarú an fhoirceanta. Ba chóir go ndéanfaí athbhreithniú ar chásanna dá leithéad ar bhonn samplach, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar fhoirmeacha a bheadh coinnithe ag an leibhéal áitiúil agus ar thaifid cheap nótaí bhaill an Gharda Siochána a bheadh i gceannas ar na foirmeacha millte.

**Freagra an Choimisinéara:** Aontaithe. Cuirfidh an Garda Síochána an moladh seo i bhfeidhm.

### *Seirbheáil Toghairmeacha*

**7.78** Bhí cion amháin fógra muirear seasta as gach naoi gcinn nár íocadh agus nach raibh éisteacht cúirte mar thoradh air mar nár sheirbheáil an Garda Síochána an toghairm. An príomhriosca atá ann ná go n-aithneodh ciontóirí áirithe bealaí chun seirbheáil toghairme a sheachaint agus dá bharr go mb'fhéidir go gcreideann siad gur féidir leo cion a dhéanamh arís eile gan iarmhairtí. D'fhéadfadh ceantair an Gharda Síochána a bheith ann nach dtugtar an tosaíocht is gá do sheirbheáil toghairmeacha mar gheall ar chonstaicí acmhainní, tosaíocht íseal nó ar chúiseanna eile.

**Moladh 7.2:** Is gá go mbeadh comhcheangail níos fearr idir sheirbhísí an Gharda Síochána agus córais rianaithe cásanna Sheirbhisí na gCúirteanna, lena chinntiú gur féidir leis An Garda Síochána monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar thorthaí cásanna a tarchuirtear le haghaidh ionchúisimh. Cheadódh sé seo don bhainistíocht anailís a dhéanamh ar phatrúin (neamh) sheirbheáil toghairmeacha agus chun freagairtí cuí a aithint m. sh. díriú ar athchiontóirí i leith sheirbheáil toghairmeacha, agus an scéal a leanúint sna ceantair ina bhfuil rátaí arda neamh-sheirbheála toghairmeacha iontu.

**Freagra an Choimisinéara:** Aontaithe. Ardófar an cheist seo ag an leibhéal cuí idir An Garda Síochála agus na Seirbhísí Cúirte i gcomhthéacs an Tionscnamh Lánpháirtíochta Cheartais Choiriúil. Cuideoidh feidhmiúlacht nua atá molta le bainistíocht an Gharda Síochána ina dhiaidh sin chun ceantair a aithint ina dtarlaíonn rataí arda neamh-sheirbheála toghairmeacha iontu.

### *Foirceannadh Chásanna Fógraí Muirear Seasta*

**7.79** Tá glactha ag An Garda Síochána le polasaí an-soiléir maidir le foirceannadh chásanna fógraí muirear seasta.Tá sin tugtha i lámhleabhar an fhórsa i leith an chórais. Éilíonn an polasaí foircinn i gcásanna áirithe ina ndéantar foráil do dhíolúiní reachtúla, faoi réir coinníollacha áirithe a bheith comhlíonta. Sonraíonn sé roinnt cúinsí eisceachtúla nuair is féidir leis an Oifigeach Ceantair atá i gceist, discréid a úsáid agus cás a fhoirceannadh, más féidir na sonraí ábhartha a chinntiú.

**7.80** Ní thagann oibriú FCPS leis an bpolasaí foirceanta mar atá sé curtha in iúl sa lámhleabhar i roinnt príomhghnéithe. Go háirithe

- Ní chuirtear cosc ar oifigí sinsearacha a bhfuil sé de chead acu cásanna a fhoirceannadh ar an gcóras é sin a dhéanamh maidir le cásanna a thiteann laistigh dá líne bainistíochta amháin (ceantar nó aonad)
- Ceadaíonn an córas cásanna a fhoirceannadh ar údair bhreise 'lánroghnacha' a thagann lasmuigh de na cúinsí eisceachtúla atá sonraithe sa ráiteas polasaí.

**7.81** Tá fianaise ann nach bhfuil an polasaí I leith foirceanta cásanna á chur i bhfeidhm ar bhealach seasta. Sna cásanna samplacha a úsáideadh le haghaidh an scrúdaithe seo is cosúil gur foirceannadh líon suntasach cásanna i ndálaí nach bhfuil ag teacht leis an bpolasaí mar atá ráite. Tá na rátaí foirceanta i go leor ceantair ró-ard le go dtabharfaidis léiriú ar 'chúinsí eisceachtúla''.  Is údar imní é taifid atá imithe nó uireasach, agus sonraí taifeadta i go leor cásanna gur rinneadh go leor cásanna a fhoirceannadh gan leorchúis chuige. Ina theannta sin tá imní ann gur foirceannadh roinnt cásanna 'lasmuigh den cheantar' gan an t-údarás cuí.

> **Moladh 7.3:** Ní mór don Gharda Síochána athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí i leith cásanna fógraí muirear seasta a fhoirceannadh, agus é a leasú más gá, nó muna bhfuil, é a athdhearbhú. Ba chóir srianta a chur i bhfeidhm in FCPS chun teacht i dtír ar na teorainneacha údaraithe atá sonraithe sa pholasaí foirceanta.
>
> **Freagra an Choimisinéara:** Aontaithe. Tá an cheist seo aitheanta cheana ag An Garda Síochána agus beart déanta mar thoradh ar thuairiscí anathbhreithnithe inmheánaigh a rinneadh ar oibriú FCPS. Déileáileann treoracha a eisíodh chuig na baill ar 30 Lúnasa leis an ní seo.

**7.82** Cé is móite de na cóid a scrúdaíodh san Oifig Próiseála Muirear Seasta, bhí caighdeán na cáipéisíochta a bhí coinnithe i leith na gcásanna samplacha foirceanta, uireasach agus ag sárú treoracha mar atá leagtha amach i lámhleabhar an chórais.

> **Moladh 7.4:** Ba chóir go gcuirfeadh An Garda Síochána córas neamhspléach athbhreithe foirceanta cásanna, bunaithe ar shampláil i bhfeidhm lena chinntiú go bhfaigheann na cinntí i gcásanna foirceanta dóthain tacaíochta trí fhianaise dhoiciméadach faoi na fíorais ábhartha agus taifead soiléir faoi gcúis ar géilleadh d'iarratas foirceanta.
>
> **Freagra an Choimisinéara:** Aontaithe. Ceadaíonn nós imeachta nua d'Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána, Rannóg Iniúchta Inmheánaigh an Gharda Síochána agus don gCoimisinéir Cúnta Tráchta scrúdú/iniúchadh a dhéanamh ar FCPSA.

**Moladh 7.5:** Ba chóir go mbeadh an cead cásanna a fhoirceannadh ar FCPS teoranta do phearsanra sinsearacha amháin san Oifig Próiseala Muirear Seasta, agus dóibh sin atá ag maoirsiú an Chláir Athstiúrtha Ógánach. Ba chóir go mbeadh sé de chead ag Oifigí Ceantairfoirceannadh a mholadh i gcásanna a thagann leis an bpolasaí foirceanta lena n-áirítear i gcúinsí eisceachtúla, faoi réir an fhianaise dhoicimeadach atá ag teastáil a bheith ar fáil don Oifig Próiseála Muirear Seasta chun tacaithe leis an moladh.

**Freagra an Choimisinéara:** Aontaithe. Beidh an cead ar FCPS cásanna a fhoirceannadh teoranta do phearsanra sinsearacha san Oifig Próiseála Muirear Seasta agus agus dóibh sin atá ag maoirsiú an Chláir Athstiúrtha Ógánach. Beidh sé de chead ag Oifigí Ce antair foirceannadh a mholadh i gcásanna a thagann leis an bpolasaí foirceanta lena n-áirítear i gcúinsí eisceachtúla, faoi réir an fhianaise dhoicimeadach atá ag teastáil a bheith ar fáil don Oifig i nDúrlas chun tacaithe leis an moladh.

Coinneofar cruachóip de gach cháipéisíocht ábhartha, lena n-áirítear an t-iarratas foirceanta, san oifig ceantair ar mhaithe le hiniúchadh.Déanfaidh an t-oifigeach ceantair foirm foirceanta fógra muirear seasta a shíniú agus dáta a chur leis.

***Pointí Pionóise agus Saincheisteanna faoi Olfhoircinn***

**7.83** Le linn an athbhreithnithe tugadh faoi deara nárbh fhéidir forchur pointí pionóise a chríochnú i ngach cás, go háirithe,

- I mbreis is 300 cás ba chóir go ndéanfai pointí pionóise a thaifead ar cheadúnas an tiománaí ach níorbh fhéidir é a dhéanamh mar nach raibh an t-ainm agus uimhir an cheadúnais ar chód an Gharda Síochána ag teacht leis na sonraí ar NVDF.
- Bhí líon suntasach de na 3,000 fógra a tháinig faoi urchosc reachta toisc go raibh siad déanach á n-iontráil ar an gcóras mar gheall ar mhoilleanna a rinne Gardaí na cionta a taifeadadh ar cheap nótaí agus ar ghairis láimhe a chur isteach.

**7.84** Nótáil an t-athbhreithniú, chomh maith, thart ar 600 feithicil a raibh ilfhoircinn fógraí deanta ina leith sa tréimhse sin.Bhain cuid díobh le cuideachtaí agus le fadhb ar leith an tiomanaí a aithint.

**Moladh 7.6:** Ba chóir don Gharda Síochána agus do bhainistíocht na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn rialta ar leibhéal na neamhréire ceadúnas tiomána idir chomhaid an Gharda Síochána agus NVDF agus ar chásanna ilfhoirceann lena fheiceáil an gá tabhairt faoi fhreagairtí aonaracha nó freagairtí córais. Ba chóir do bhainistíocht an Gharda Síochána athbhreithniú a dhéanamh ar chionta a thagann faoi urchosc reachta lena a fheiceáil conas is féidir freagairt dóibh.

**Freagra an Choimisinéara:** Aontaithe. Tá saincheist aitheanta maidir le hiaróga a bhaineann le reachtaíocht clárúcháin cuideachtaí. I gcomhthéacs an mholta sin tiocfaidh an Garda Síochána i bpáirt leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun saincheist neamhréire tiománaithe a scrúdú.

**Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt:** Scrúdóidh an Roinn, i gcomhpháirt leis An Garda Síochána, atá freagrach as chóras na bhfógraí muirear seasta, na socruithe atá idir comhaid an Gharda Síochána agus NVDF agus ilfhoircinn cionta, chun aon easnaimh a aithint, agus a fheiceáil an bhfuil freagairtí cuí aonaracha nó córais ar féidir a chur i bhfeidhm. Tá fóram de pháirtithe leasmhara NVDF ann cheana ina bhfuil An Garda Síochána, An tSeirbhís Cúirte agus daoine eile a dhéanann machnamh ar nithe a bhaineann le húsáid agus forchur sonraí NVDF agus tá sé ar intinn againn na pointí sin a ardú laistigh den ghrúpa sin.

Féachann an Roinn ar NVDF mar an 'taifead fíoras' láirneach ós rud gurb é an bonn é le haghaidh forchur an cheadúnais tiomána féin. Cuirtear cóip de shliocht tiománaithe NVDF ar fáil don Gharda Síochána ar bhonn seachtainiúil chun bailíochtú uimhreacha agus sonraí sealbhóirí ceadúnas as Éirinn ag am íocta fíneálacha a bhaineann le fógraí muirear seasta, a eascú. Dá bhrí sin má bhaintear úsáid i gceart as an próiseas bailíochtaithe seo níor cheart go mbeadh aon neamhréireachtaí ag éirí as an gcomhad a fhorchuirtear ag an Roinn i leith próiseála pointí pionóise.

Maidir le cionta a dhéanann tiománaithe carranna cuideachtaí déanann úinéirí cláraithe feithiclí dá leithéad cion faoi alt 103 (11) d'Acht um Thrácht ar Bhóithre 2002 má theipeann orthu sonraí an té a bhí ag tiomáint na feithicle ag am an chiona líomhnaithe a thabhairt don Gharda Siochána. Tá sé socraithe forálacha alt 103 den Acht um Thrácht ar Bhóithre a ionadú le forálacha nua, mar atá leagtha amach i gCuid 3 (alt 34 go 49) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010. Feabhsaíonn Alt 45 den Acht sin a thuilleadh na forálacha atá ann cheana in alt 19 d'Acht 2004 maidir le dul sa tóir ar chionta atá déanta ag tiománaithe feithiclí cuideachtaí.

Cuireadh córais isteach i Meitheamh 2006 agus dá réirdéantar gach ainm cuideachta a chuirtear isteach i leith fógraí athraithe úinéirí (lena n-áirítear tríd an tseirbhís ar-líne) a dheimhniú in aghaidh na dtuairiscí ar bhunachar sonraí Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Cuidíonn sé seo tuairiscí eintitis dhlíthiúil atá cruinn agus comhsheasmhach a bheith ar NVDF.

# 8 Bainistiú Ceamaraí Sábháilteachta Seachfhoinsithe

**8.1** In Iúil 2005, tar éis staidéar a rinne comhairligh agus tuarascáil mheitheal oibre saineolaithe a bhreithniú, d'fhaomhaigh an Rialtas próiseas tairisceana do sheachfhoinsiú líonra ceamaraí luas braiteacha ag an nGarda Síochána.

**8.2** Ar na meastacháin sna tuarascálacha seo bhí seo a leanas

- chosnódh an córas thart ar €4.4 milliún in aghaidh na bliana do thart ar 3,000 uair an chloig de bhrath ceamara sábháilteachta in aghaidh na míosa
- bheadh ioncam bliantúil idir €40 milliún agus €70 milliún in aghaidh na bliana ó fhíneálacha róluais nuair a bheadh an córas lánoibríochtúil
- thiocfadh laghdú ar ioncam sna blianta ina dhiaidh sin de réir mar a mhéadaigh comhlíontacht le teorainneacha luais, ach sháródh sé costas oibríochtúil an chórais.

**8.3** Reáchtáil an Garda Síochána próiseas soláthair poiblí in 2007 do sholáthar seirbhíse le suirbhéireacht a dhéanamh ar luas agus le monatóireacht a dhéanamh ar fheithiclí. Thug freagraí don iarratas tairisceana le fios go mbeadh costas dóchúil an chonartha cuid mhór níos mó ná a bhí á thuar roimhe sin. Rinneadh leasú síos go dtí thart ar €27 milliún ar mheastacháin ar ioncam bliantúil. Thug an chomhairle don Rialtas i Meitheamh 2009 ar aird na deacrachtaí a bhain le meastachán cruinn a thabhairt ar an bhfigiúr seo ach thug na comharthaí le fios go sáródh an teacht isteach na costais. Thug an Rialtas faomhadh do mholadh foirmiúil chun dul ar aghaidh leis an tionscadal i Meitheamh 2009.

**8.4** Aontaíodh conradh leis an tairgeoir rathúil, Cuibhreannas GoSafe, chun ceamaraí sábháilteachta seachfhoinsithe a chur ar fáil do thréimhse chúig bliana. Chuir GoSafe tús lena chuid oibríochtaí i Samhain 2010.


## Líon na bhFógraí Muirear Seasta a Eisíodh

**8.5** Bíonn tionchar ag líon na gcionta róluais a bhraitheann an córas GoSafe ar leibhéal an teacht isteach ag éirí as fógraí muirear seasta a eisíodh.

**8.6** Ceanglaíonn téarmaí an chonartha ar an gCuibhreannas GoSafe 7,475 uair an chloig forfheidhmithe luais nó suirbhéireacht ar luas gach mí, agus 6,000 díobh seo ar a laghad d'fhorfheidhmiú luais. Lorg an Garda Síochána 6,000 uair an chloig forfheidhmithe luais gach mí go dtí go luath i 2013, tráth ar mhéadaigh siad forfheidhmiú luais go 6,725 uair an chloig.

**8.7** Léiríonn Fíor 8.1 líon na bhfógraí muirear seasta a eisíodh de thoradh cionta róluais a bhraith ceamaraí GoSafe do 2011 agus 2012.

**Fíor 8.1 Fógraí muirear seasta ó bhrathanna ceamaraí GoSafe, 2011 agus 2012**





Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar shonraí fógraí muirear seasta

### *Éifeacht na gCeamaraí*

**8.8** I Samhain 2010, chuir GoSafe tús le hoibríochtaí i 518 crios, a roghnaíodh bunaithe ar shonraí imbhuailtí marfacha sa tréimhse 2004 go 2008. I Márta 2013, cuireadh 243 crios breise leis agus baineadh 34 crios eile amach tar éis anailíse ar shonraí imbhuailte sa tréimhse 2006 go 2012.

**8.9** Léirítear líon na n-imbhuailtí marfacha i gcriosanna GoSafe agus i gcriosanna eile i bhFíor 8.2. I ndáiríre, laghdaigh leibhéal na mbásanna sna criosanna GoSafe spriocdhírithe cuid mhór sular baineadh feidhm as na ceamaraí seachfhoinsithe.

**Fíor 8.2 Imbhuailtí marfacha in Éirinn, 2004 go 2012**




Foinse: An Garda Síochána

**8.10** Mhéadaigh comhlíontacht i dtaca le teorainneacha luais i gcriosanna a ndéanann GoSafe monatóireacht orthu, dar le torthaí suirbhéireachta luais GoSafe. Léirítear leibhéal na comhlíontachta i gcriosanna a ndearna GoSafe monatóireacht orthu i bhFíor 8.3.

**Fíor 8.3 Comhlíontacht i dtaca le teorainneacha luais i gcriosanna a ndéanann GoSafe monatóireacht orthu**

| Teorainn luais i gcrios | Eanáir 2011 | Eanáir 2013 |
|---|---|---|
| 50 km/hr | 62% | 93% |
| 60 km/hr | 78% | 91% |
| 80 km/hr | 89% | 97% |
| 100 km/hr | 96% | 99% |

Foinse: An Garda Síochána

## Íocaíochtaí agus Fáltais

**8.11** B'ionann costas oibríochta an chórais GoSafe, agus CBL san áireamh, agus €0.2 milliún i 2010, €15.8 milliún i 2011 agus €15.6 milliún i 2012. Is é €16.6 milliún an costas measta do 2013.

**8.12** D'fhoráil ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do sheirbhís GoSafe do chaiteachas bliantúil de €13.5 milliún, gan CBL san áireamh. Dúirt sí freisin go rabhthas le díol as costas oibríochtúil an chórais as "fíneálacha róluais a eisíodh de thoradh an chórais" agus go mbeadh ar Ghrúpa an Vóta Ceartais aon ghannchion in ioncam thar costais na hoibríochta a sheasamh ón soláthar a leithdháileadh don Ghrúpa.[1]

**8.13** B'ionann fáltais a bailíodh in 2012 ó fhógraí muirear seasta a eisíodh de bharr brathanna ó cheamaraí sábháilteachta GoSafe agus €4.6 milliún. Dá thoradh, bhí gannchion de €11 milliún maidir le costas na seirbhíse. Mhaoinigh an Garda Síochána an gannchion trí choinneáil fáltas ó fhógraí muirear seasta a eisíodh de bharr gníomhaíochtaí forfheidhmithe eile mar idirghabhálacha agus veaineanna ceamara na nGardaí.

**8.14** B'ionann fáltais iomlána ó fhógraí muirear seasta in 2012 agus €21.5 milliún. Díobh seo coinníodh €15.8 milliún mar leithreasuithe i gcabhair don Vóta. Íocadh na fáltais a bhí fanta (€5.7 milliún) leis an Státchiste. Go dtí gur tugadh ceamaraí GoSafe isteach i Samhain 2010, íocadh na fáltais uile ó fhógraí muirear seasta leis an Státchiste.[2]

**8.15** I meastachán an Vóta don Gharda Síochána, ní dhéantar ach suim ainmniúil (€100,000) a leithdháileadh ar dtús mar leithreasuithe i gcabhair d'fháltais ó fhógraí muirear seasta. Ach rinneadh leasú air sin ina dhiaidh sin mar chuid den phróiseas meastacháin fhorlíontaigh, leis na fáltais dóchúla a léiriú. [3]

1 Ní raibh an chéad dhá mhí dhéag den úsáid iomlán ar fud na tíre san áireamh anseo. An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a mhaoineodh aon ghannchion i rith na tréimhse sin.

2 Is éard iad fáltais bhreise Státchiste suimeanna a bhailíonn ranna agus oifigí a threoraíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go n-íocfaí leis an Státchiste iad.

3 Teastaíonn meastachán forlíontach le faomhadh Dála a fháil do sholáthar airgid bhreise don méid a sholáthraítear sa mheastachán do sheirbhís reatha nó chun aon ghannchion i leithreasuithe i gcabhair a chlúdach.

### *Tuairimí an Choimisinéara*

**8.16** Maidir le leithdháileadh fáltas ó fhógraí muirear seasta le costas oibríochta an chórais a mhaoiniú, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nach ndéantar aon soláthar maoinithe do chostas conartha GoSafe i meastachán bliantúil na nGardaí. Toisc gur tugadh ceamaraí luais isteach tráth na géarchéime airgeadais, ní raibh aon ardú ar uasteorainn ollchaiteachais reatha Vóta an Gharda. Socraíodh mar chuid de phróiseas na meastachán imfhálú a dhéanamh ar ioncaim trí chaitheamh leo mar leithreasuithe i gcabhair chun oibríocht an chórais a mhaoiniú. Rinneadh é seo le meastachán forlíontach.

**8.17** Dúirt sé freisin gur phríomhghné de chonradh GoSafe suirbhéireacht ar chomhlíontacht i dtaca le teorainneacha luais ar fud na tíre a chuireann bonn eolais faoi ghníomhaíochtaí forfheidhmithe luais na nGardaí. Sna cúinsí seo, measann sé go bhfuil sé cuí fógraí muirear seasta bainteach le luas a ghintear mar thairbhe iarmhartach oibríochta an chonartha a leithdháileadh le costas GoSafe a fhritháireamh.

**8.18** Maidir le lonnú ceamaraí, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go mbíonn athbhreithniú á dhéanamh ag an nGarda Síochána de shíor ar láthair agus ar éifeachtacht na gcriosanna GoSafe, mar aon leis na ceantair fhorfheidhmithe, do theicneolaíochtaí braiteacha eile. Dúirt sé go bhféadfadh roinnt suíomhanna a bheith lonnaithe laistigh de gach crios forfheidhmithe. Dúirt sé freisin gur aithníodh 310 suíomh nua agus go bhfuil siad ag an gcéim faomhaithe. Tá sé i gceist go mbeidh siad in áit faoi dheireadh na bliana.

**8.19** Dúirt sé freisin go raibh córas ualaithe i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2013 inar tugadh uas-ualaithe do shuíomhanna áit a raibh comhlíontacht ar an leibhéal ab ísle agus gur tharla eachtra mharfach ann le tamall de bhlianta anuas. Déanfar athbhreithniú ar na hualuithe gach ráithe le cinntiú go dtugtar aghaidh ar aon athruithe sa chomhlíontacht. Ina theannta, tá tionscnaimh ar bun le hinnealtóirí údaráis áitiúil chun áiseanna a chur ar fáil le gur féidir GoSafe agus teicneolaíochtaí forfheidhmithe eile a úsáid ag láithreacha a measadh a bheith neamh-inrochtana go dtí seo ar chúinsí oibríochtúla.

## Conclúidí agus Moltaí

**8.20** Níl an méid a leithdháiltear ar leithreasuithe i gcabhair ó fháltais ó fhógraí muirear seasta ag teacht leis an litir cheadaithe a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Coinníonn an Vóta fáltais ó fhógraí muirear seasta ag éirí as cionta a braitheadh, seachas ón gcóras GoSafe.

> **Moladh 8.1:** Ba chóir don Gharda Síochána cead leasaithe a lorg ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do choinneáil fáltas ó fhógraí muirear seasta le hoibríocht an chórais GoSafe a mhaoiniú.
>
> **Freagra an Choimisinéara:** Aontaithe. Lorgóidh an Garda Síochána cead leasaithe ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teacht leis an moladh seo.

# 9 Tionscadal Tógála Sheirbhís Paiteolaíochta an Stáit

**9.1** Cuireann Seirbhís Paiteolaíochta an Stáit saineolas neamhspleách ar fáil in ábhair a bhaineann le paiteolaíocht fhóiréinseach agus déanann an tSeirbhís scrúduithe iarbháis sna cásanna sin ina bhfuil fiosruithe ar siúl ag an Garda Síochána faoi bhás amhrasach. Feidhmíonn an tSeirbhís mar aonad aonair laistigh den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá cuntas ar fáil ar a cuid caiteachais i gcuntas leithghabhála bliantúil na Roinne.

**9.2** Ó 1990 i leith tá Seirbhís Paiteolaíochta an Stáit ag obair as cóiríocht réamhdhéanta i Marino i mBaile Átha Cliath atá ar shuíomh le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (an Chomhairle).Tá Oifig Chróinéara Bhaile Átha Cliath - a fheidhmíonn le tacaíocht na Comhairle - ag obair as cóiríocht den chineál céanna atá cóngarach do Sheirbhís Paiteolaíochta an Stáit. Cuimsíonn saoráidí an Chróinéara marbhlann agus corplann atá suite i bhfoirgneamh réamhdhéanta chomh maith.

**9.3** Bhí sé glactha leis ag an Roinn nach raibh cóiríocht Sheirbhís Paiteolaíochta an Stáit sásúil ó thaobh saoráidí de le haghaidh seirbhís paiteolaíochta na linne seo. Bhí sé ina imní, chomh maith, i leith slándála, ag cur san áireamh íogaireacht na hoibre idir lámha ag an tSeirbhís agus a mhéid a bheadh ionchúisimh áirithe ag braith ar thorthaí obair na seirbhíse. Measadh suíomh agus staid fhisiceach mharbhlann agus chorplann an Chróinéara a bheith mí-oiriúnach agus ba údar gearáin an mharbhlann ó bhaill den phobail.

**9.4** Chinn an Roinn agus an Chomhairle in 2006 go bhféadfaí an dá sheirbhís a chur faoi dhíon i bhfoirgneamh nua amháin ar an suíomh i Marino agus rinne siad pleananna a fhorbairt le haghaidh tionscadail nua 'ionad dlí-liachta' a chuimseodh saoráid nua uatóipse, saoráid stórála corp, marbhlann agus cóiríocht eile, a thógáil.

**9.5** Scrúdaíonn an tuairisc seo an caiteachas a cuireadh de mhuirear Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannais i leith fhorbairt foirgnimh nua agus na fachtóirí a d'fhág an scéal sa riocht ina bhfuil sé, sé sin, in ainneoin eisíocaíocht shuntasach airgeadais, nach bhfuil aon fhoirgneamh nua ar fáil do Sheirbhís Paiteolaíochta an Stáit ná d'Oifig Chróinéara Bhaile Átha Cliath.

### Riarachán agus Bainistiú an Tionscadail

**9.6** D'aontaigh an Roinn agus an Chomhairle go ndéanfadh an Roinn dhá thríú de chostas an aonaid nua a chistiú agus go gcuirfeadh an Chomhairle an suíomh ar fáil ag a láithreán i Marino agus go ndéanfadh an Chomhairle an tríú eile de chostais na tógála a chistiú. Ghlac an Chomhairle an ról tosaigh maidir le bainistiú an tionscadail, lena n-áirítear na seirbhísí gairmiúla riachtanacha, conraitheoir, etc a fháil.

**9.7** Aontaíonn na róil faoi seach thar thréimhse, trí chomhfhreagras nó ag cruinnithe. Ach, níl oiread is cáipéis amháin ar fáil ag cur síos ar na róil faoi seach. Cuireadh Bord Tionscadail ar bun agus rinne an Bord Tionscadail na cinntí ar fad. Bhí comhaltaí ón Roinn, ón gComhairle agus ó na páirtithe leasmhara ar Bhord an Tionscadail.

**9.8** Rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agóid in aghaidh cead pleanála i Márta 2007 mar go raibh suíomh an tionscadail suite cóngarach do shéadchomhartha náisiúnta - Casino an 18ú céad. Thóg sé thart ar bhliain an cheist pleanála seo a réiteach. Fuarthas cead an Aire dul ar aghaidh leis an tionscadal faoi réir tochailt seandálaíochta mionsonrach a dhéanamh.

**9.9** Seoladh comórtas tairisceana i Lúnasa 2008.Bhí an cuireadh tairisceana bunaithe ar fhoirm conartha Ranna Rialtais agus Údarás Áitiúil (GDLA). Sular dámhadh an conradh chuir an Roinn Airgeadais in aghaidh fhoirm an chonartha a úsáideadh. Bhí an Roinn Airgeadais tar éis foirmeacha nua conarthaí tógála a eisiúint i Feabhra 2007 faoi Imlitir 33/06 agus éilíodh go n-úsáidfeadh ranna agus gníomhaireachtaí rialtais uile, lena n-áirítear údaráis áitiúla, iad. Bhí an conradh nua seo deartha chun luach airgid níos fearr a fháil i leith oibreacha poiblí. Ba ghá, mar sin, leasú a dhéanamh ar an mbun cháipéisíocht tairisceana chun teacht leis an bhfoirm nua conartha agus b'éigean an tionscadal a chur amach le haghaidh tairisceana arís.

**9.10** Tar éis an dara comórtas soláthair poiblí a reáchtáil síníodh conradh idir an Chomhairle agus conraitheoir i Meitheamh 2010.Cuireadh tús leis an obair ar an suíomh in Iúil 2010 agus bhíothas ag súil go dtógfadh an obair 13 mí. Chuaigh an conraitheoir faoi ghlacadóireacht, ámh, i Samhain 2010 agus d'fhág sin struchtúr a bhí páirt-chomhlánaithe.

**9.11** D'eascair roinnt deacrachtaí ón nglacadóireacht a d'fhág go raibh gá le cainteanna mionsonracha idir an Roinn, an Chomhairle, an glacadóir, Oifig an Ard-Aighne, an bannaitheoir agus gairmithe eile mar ailtirí agus innealtóirí a bhí bainteach leis an tógáil.

**9.12** Tar éis comhairle dlí a fháil tógadh cinneadh an conradh a chur amach le haghaidh tairisceana arís lena chinntiú go gcríochnófaí an tionscadal agus chun teacht le rialacha soláthar poiblí. Ach, chuir an Roinn in iúl don Chomhairle in 2012, de bhrí nach raibh dóthain airgid ar fáil agus nach rabhthas ag súil go mbeadh an cistiú sin ar fáil go ceann i bhfad, nár chóir go dtiocfadh comórtas nua tairisceana chun cinn. Dá bharr sin cuireadh an tionscadal ar athlá go ceann tréimhse éiginnte.

**9.13** Dar leis an Roinn, scrúdaíodh roghanna eile chun an tionscadal a atosú. Chuimsigh na roghanna sin an tógáil a chríochnú faoi shocrú comhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP). Tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais agus an Chomhairle, chinn an Roinn nach rogha inmharthana a bheadh ann mar go mbeadh sé deacair suim an mhargaidh CPP a spreagadh, ag cur san áireamh nádúr speisialaithe, casta an fhoirgnimh agus an gá a bheadh ann an tionscadal seo a iniamh i gcuach le tionscadail eile nach mbeadh chomh casta sin, ar mhaithe le CPP a chruthú a bheadh ar méid indíolta.

**9.14** Tá sé ráite ag an Roinn gur tháinig dúshláin shuntasacha dlí agus soláthair chun tosaigh le linn an tionscadail agus comhairlíodh nach raibh an rogha a bhí sa chonradh cead a thabhairt don bhannaitheoir conraitheoir eile a cheapadh incheadaithe faoi dhlí sholáthar an EU.

**9.15** Tá an Roinn, i gcomhairle leis an gComhairle, ag scrúdú na féidearthachta anois a bhainfeadh le dul ar aghaidh le tionscadal a bheadh ar scála i bhfad níos lú agus úsáid a bhaint as iarstáisiún Gardaí Fionnbhrú ar leis an OPW é. (Bhí an suíomh sin in úsáid mar stáisiún Gardaí ag an am a tógadh an cinneadh i dtosach an suíomh ag Marino a úsáid). Tógfar cinneadh faoin tionscadal seo nuair a bheidh measúnú gairmiúil mionsonrach agus costálacha breise ar fáil.

**9.16** Tá Foireann Tionscadail ceaptha ar a bhfuil comhaltaí ón Roinn, ón gComhairle agus ón OPW chun an tionscadal nua a mhaoirsiú agus chun plean gnó leasaithe a dhréachtú.

## Costais Tabhaithe

**9.17** Bhí €3.61 milliún caite leis an tionscadal suas go dtí an dáta ar cuireadh stop leis an obair in 2010.

**9.18** Idir Shamhain 2010 agus go luath in 2012 chuaigh cobhsaíocht an struchtúir pháirt-chomhlánaithe in olcas agus dá bharr sin priacal sláinte agus sábháilteachta a bhí ann. Fuarthas comhairle ó innealtóir struchtúr gur cheart an struchtúr a scartáil agus d'eagraigh an Chomhairle amhlaidh a dhéanamh in 2013.

**9.19** An caiteachas a tabhaíodh ó 2010 ná €550,000, lena n-áirítear táillí gairmiúla don ghníomh tairisceana, costais leanúna slándála agus costais scartála. Tugtar mionsonraí ar chostais an tionscadail suas go Iúil 2013 i bhFíor 9.1.

**Fíor 9.1 Costais an Tionscadail 2006 go 2010**

| Catagóir Caiteachais | € |
|---|---:|
| Tógáil | 1,061,878 |
| Comhairleacht | 1,887,131 |
| Seirbhísí Gairmiúla | 425,413 |
| Costais Fhoireann Ghairmiúil na Comhairle | 120,865 |
| Iniúchadh Láithreáin | 36,682 |
| Costais Éagsúla | 81,062 |
| **Iomlán 2006 go 2010** | **3,613,031** |
| | |
| Comhairleacht | 123,364 |
| Slándáil | 303,779 |
| Scartáil | 52,062 |
| Seirbhísí Gairmiúla | 41,380 |
| Gléasra ar Cíos | 13,290 |
| Costais Éagsúla | 15,795 |
| **Iomlán 2011 go dáta** | **549,670** |
| | |
| **Costas Iomlán an Tionscadail** | **4,162,701** |

Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

**9.20** Fuarthas suim €862,500 ón mbannaitheoir in 2011 a íocadh de bharr teip na cuideachta tógála an tógáil a chríochnú. Úsáideadh é seo chun costais a tháinig aníos ó cuireadh stop leis an obair tógála a íoc. Dá bhrí sin is é costas glan an tionscadail ná €3.3 milliún.

**9.21** Ta iomlán €2.78 milliún íoctha ag an Roinn leis an gComhairle thar thréimhse an tionscadail. I bhfianaise scartáil an fhoirgnimh pháirt-chomhlánaithe rinneadh sócmhainn faoi fhorbairt de €2.78 milliún a dhíscríobh i gcuntas leithghabhála 2012 le haghaidh Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Ar bhonn ráta na cionranna a aontaíodh leis an gComhairle tá réamhchistiú de thart ar €578,000 á choinneáil ar son na Roinne chun an tionscadal nua a chistiú.

**9.22** Taispeánann Fíor 9.2 na suimeanna a cuireadh ar fáil sna Meastacháin le haghaidh Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais i leith thionscadal tógála Sheirbhís Paiteolaíochta an Stáit gach bliain ó 2007 go 2013. Rinneadh foráil shubstaintiúil gach bliain. Chuirfeadh an leibhéal seo cistithe ar chumas na Roinne a cion den chostas a íoc dá leanfaí leis an tionscadal ar bhealach níos tráthúla.

**Fíor 9.2 Foráil Chistiú Caipitil agus Caiteachais ar thionscadal tógála Sheirbhís Paiteolaíochta an Stáit, 2007 g0 2013**

| | Meastachán Caipitil | Róchaiteachas |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| 2007 | 3,000 | — |
| 2008 | 8,000 | 1,272 |
| 2009 | 6,500 | — |
| 2010 | 4,500 | 1,507 |
| 2011 | 3,500 | — |
| 2012 | 2,450 | — |
| 2013 | 2,450 | N/A |

Foinse: Meastacháin i leith Chuntas na Seirbhíse Poiblí agus Leithghabhála

## Conclúidí agus Moladh

**9.23** Cuireadh tús leis an tionscadal chun Oifig nua Paiteolaíochta an Stáit agus saoráidí Cróinéara Bhaile Átha Cliath a thógáil in 2007.De bharr moilleanna a bhain le cead pleanála, le soláthar agus leis an gconraitheoir tógála ag dul faoi ghlacadóireacht, tréigeadh an tionscadal sa deireadh. Tá láithreán feiliúnach á mheas le haghaidh ionad dlí-liachta ar scála níos lú.

**9.24** An costas glan a tabhaíodh don tionscadal, tar éis íocaíocht banna a chur san áireamh ná €3.3 milliún. Scartáladh an struchtúr páirt-chomhlánaithe. Tá Oifig Paiteolaíochta an Stáit agus saoráidí Cróinéara Bhaile Átha Cliath fanta sa chóiríocht chéanna.


> **Moladh 9.1:**Ba chóir don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta measúnaithe riosca le haghaidh tionscadal lena chinntiú go bhfuil soláthar leordhóthanach déanta i bpleanáil tionscadal chun ceadanna pleanála a fháil agus go gcloítear le rialacha soláthair agus conraitheoireachta na huaire.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta:** Aontaíonn an Roinn go gcuireann an moladh an cleachtas is fearr in iúl maidir le bainistiú tionscadal. Maidir le cead pleanála bhain an t-aon cheist pleanála le hagóid a thóg an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil de réir a sainchúraim reachtúil maidir le séadchomharthaí náisiúnta. Tá sé deacair, b'fhéidir dodhéanta, a thuar cé na hagóidí a d'fhéadfadh teacht aníos i gcúrsaí áirithe pleanála. Thug an Fhoireann Tionscadail aghaidh ar aon cheisteanna soláthair nó conraitheoireachta a tháinig aníos le linn an tionscadail ar bhealach tráthúil, cuimsitheach.

# 10 Maoiniú an Rialtais Láir d'Údaráis Áitiúla

**10.1** Meastar gurbh ionann caiteachas comhiomlán na n-údarás áitiúil in 2011(an bhliain deiridh a bhfuil eolas ar fáil ina leith) agus €6.9 billiún[1]. Sa chaiteachas sin bhí thart ar €2.2 billiún i gcaiteachas caipitil, agus thart ar €4.7 billiún i gcaiteachas reatha (féach Fíor 10.1).[2]

**Fíor 10.1 Caiteachas na n-údarás áitiúil de réir cineáil, 2006 go 2011**




Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

**10.2** Mar thoradh ar chaiteachas caipitil na n-údarás áitiúil cruthaítear nó faightear sócmhainní a mbíonn úsáideach thar na bliana ina gcuirtear ar fáil iad m.sh. tógáil bóithre, tithe a cheannach nó a thógáil, áiseanna áitiúla, srl. Bíonn cláir chaipitil na n-údarás áitiúil maoinithe den chuid is mó ag deontais Stáit as roinnt foinsí éagsúla, le roinnt den mhaoiniú sin ag teacht as iasachtaí, tobhaigh forbartha, acmhainní inmheánacha agus díolacháin maoine.

**10.3** Clúdaíonn caiteachas reatha (dá dtagraítear uaireanta mar chaiteachas ioncaim) feidhmiú ó lá go lá na n-údarás áitiúil, tuarastail foirne, cothabháil tithíochta, pinsin, costais oibríochta ar ionaid cóireála uisce, srl san áireamh. Maoinítear caiteachas reatha as foinsí éagsúla, deontais Státchiste agus am Ciste Rialtais Áitiúil san áireamh (thart ar 38% den iomlán in 2011), rátaí údaráis áitiúil (thart ar 29%) agus muirir ar earraí agus ar sheirbhísí ar nós táillí uisce tráchtála, cíosanna tithíochta, táillí páirceála, srl. (thart ar 25%)[3]. Bíonn éagsúlacht san ranníocaíocht i leith caiteachais reatha as na foinsí ioncaim éagsúla idir údaráis éagsúla.

**10.4** Mar atá léirithe i bhFíor 10.1 tá laghdú 68% ar chaiteachas caipitil bliantúil na n-údarás áitiúil ón mbuaicfhigiúr de €6.8 billiún in 2007. Tháinig laghdú 8% ar chaiteachas reatha na n-údarás áitiúil ón mbuaicfhigiúir de €5.1 billiún in 2008.

**10.5** Is é cuspóir na tuarascála seo ná léargas a thabhairt ar an maoiniú a théann tríd foinsí rialtais láir chuig údaráis áitiúla, agus léargas a thabhairt ar na cúiseanna lenar tugadh an maoiniú

1 Caiteachas na 29 comhairle contae, 5 comhairle cathrach, 5 comhairle buirge agus 75 comhairle baile san áireamh.


2 Ní raibh comhthiomsú táirgeachta caiteachas údarás áitiúil do 2012 tugtha chun críche go fóill ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an tuarascáil seo á hullmhú,

3 Is ranníocaíochtaí ó údaráis áitiúla eile (4%), an muirear contae (2%) agus an asbhaint a bhaineann le pinsin (2%).iad na foinsí maoinithe atá fágtha,

## Aistrithe an Rialtais Láir

**10.6** Ba ionann aistriú maoinithe ó fhoinsí rialtais láir chuig údaráis áitiúla in 2012 agus thart ar iomlán de €2.9 billiún. Bhí sin beagán faoi bhun leath den fhigiúr comhionann do 2008.[1] Léirítear i bhFíor 10.2 an treocht sa tréimhse 2007 go 2012.

**Fíor 10.2 Maoiniú an rialtais láir d'údaráis áitiúla, 2007 go 2012**




Foinse: Iarscríbhinn A

**10.7** Tháinig thart ar 62% den mhaoiniú rialtais láir d'údaráis áitiúla in 2012 as maoiniú Státchiste (féach Fíor 10.3). Íocadh roinnt den mhaoiniú Státchiste go díreach le húdaráis áitiúla as cistí vótáilte, agus fuarthas an chuid eile as gníomhaireachtaí roinne. Tháinig an maoiniú neamh-Státchiste (38% den iomlán) ó Chiste an Rialtais Áitiúil agus ón gCiste Comhshaoil.

**10.8** Úsáidtear na hacmhainní sa Chiste Rialtais Áitiúil go príomha chun maoiniú a chur ar fáil d'údaráis áitiúla dá ngníomhaíochtaí ó lá go lá agus do chothabháil bóithre réigiúnach agus áitiúil.[2] Maoinítear an Ciste go príomha trí fháltais mótarchánach. Roimh 2012, íocadh an ranníocaíocht bhliantúil ón Státchiste isteach sa Chiste ó Vóta Oifig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Vóta 25). Ba ionann an meánleibhéal ranníocaíochta Státchiste agus thart ar €500 milliún gach bliain idir 2007 agus 2009, sular laghdaíodh é chuig €241 milliún in 2010 agus €175 milliún in 2011.

**10.9** Tháinig deireadh leis an ranníocaíocht Státchiste chuig an gCiste Rialtais Áitiúil in 2012 agus ina áit tháinig fáltais an mhuirir teaghlaigh a bhí iníoctha ina dhiaidh sin ag úinéirí maoine cónaitheach ó Eanáir 2012.[3] In 2012, íocadh beagnach €114 milliún a bailíodh i ndáil leis an muirear teaghlaigh isteach sa Chiste. Roimh deireadh Meithimh 2013, bailíodh beagán sa bhreis ar €137 milliún i ndáil leis an muirear teaghlaigh. Bunaíodh an muirear teaghlaigh mar bheart eatramhach ag feitheamh ar thabhairt isteach na cánach maoine. Bhí an cháin maoine iníoctha ó Iúil 2013 agus déanann na Coimisinéirí Ioncaim í a riar.[4] Íoctar fáltais ón gcáin maoine a bailíodh in 2013 go díreach leis an Státchiste. Ó 2014, íocfaidh an tAire Airgeadais suim chomhionann leis an gcáin maoine a íocadh isteach sa Chiste Láir i rith na bliana a íoc isteach sa Chiste Rialtais Láir.

1 Aistrithe aitheanta de níos mó ná €1 milliún san áireamh. D'fhéadfadh go mbeadh roinnt aistrithe beaga breise ann nach cuireadh san áireamh.

2 Úsáidtear méid beag den chiste chun tacú le tionscnaimh áirithe eile bainteach le rialtas áitiúil.


3 An tAcht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011. Tá an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil freagrach as bailiú an mhuirir thar ceann na hearnála.

4 An tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012. Is cáin féinmheasúnaithe bhliantúil í an cháin mhaoine a dhéantar a mhuirearú ar luach margaidh na maoine cónaitheach ar fad sa Stát. Tá feidhm le muirear leathbhliana in 2013, agus tiocfaidh an cháin i bhfeidhm go hiomlán in 2014.

**10.10** Baintear úsáid as an gCiste Comhshaoil go príomha chun tacú le tionscnaimh, feachtais agus cláir dírithe ar an timpeallacht, cuid mhór díobh seo á eagraítear ag an leibhéal áitiúil nó réigiúnach faoi choimirce údarás áitiúil. Íoctar fáltais tobhaigh an mhála phlaistigh, a íocann tomhaltóirí agus a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim ó mhiondíoltóirí, isteach sa Chiste freisin. Íoctar fáltais ón tobhach líonadh talún isteach sa Chiste chomh maith. Baintear úsáid as íocaíochtaí amach ón gciste chun cuidiú le tionscadail ar bhonn a gcumas an timpeallacht a chosaint agus a fheabhsú.

**10.11** Leagann Fíor 10.3 amach na príomhfhoinsí maoinithe ón rialtais láir go dtí údaráis áitiúla in 2012.

**Fíor 10.3 Foinsí maoinithe an rialtais láir d'údaráis áitiúla, 2012**




Foinse: Féach Iarscríbhinn A

## Feidhmiú Maoinithe

**10.12** Ní mór formhór an mhaoinithe a fhaightear ón rialtas láir agus a sholáthraítear d'údaráis áitiúla a úsáid le haghaidh seirbhísí sonracha de chuid na n-údarás áitiúil. Is féidir iad seo a rangú i sé príomhchatagóirí leathana.


- **Tionscnaimh Iompair** – Is ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta, a oibríonn faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, a leagtar an cúram maidir le feabhsú na mbóithre náisiúnta agus a gcothabháil. Is iondúil maidir le tionscadail an Údaráis a thabhairt i gcrích go n-úsáidtear na húdaráis áitiúla mar ghníomhairí agus gur tríothu a dhéantar caiteachas an Údaráis. Déantar leithdháileadh ar airgead ón gCiste Rialtais Áitiúil leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le caoi mhaith a choinneáil ar na bóithre réigiúnacha agus ar na bóithre áitiúla. Cuireann an tÚdarás Náisiúnta Iompair, a fheidhmíonn freisin faoi choimirce na Roinne, maoiniú ar fáil d'údaráis áitiúla ar mhaithe le feabhsúcháin a chur ar an gcóras iompair poiblí. I measc na gcuspóirí maoinithe, tá rochtain níos fearr do dhaoine aosta, sruthanna tráchta níos fearr, níos mó bealaí do rothaithe agus do choisithe agus rochtain níos fearr do bhusanna agus do tacsaithe.

- **Tithíocht agus Athghiniúint Uirbeach** – Cuireann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil formhór mór an mhaoinithe do thithíocht agus do ghiniúint uirbeach ar fáil go díreach d'údaráis áitiúla. Úsáideann na húdaráis áitiúla an maoiniú sin do sholáthar tithíochta, d'obair athghiniúna agus feabhais, cóiríocht don lucht siúil, tithíocht dheonach agus comharthithíocht, an Scéim um Chóiríocht ar Cíos, deontais d'oiriúnú tithe, agus cóiríocht do dhaoine gan dídean.
- **Tionscnaimh Comhshaoil** –Bíonn an maoiniú láir go léir beagnach (89% in 2012) a chuirtear ar fáil d'údaráis áitiúla chun tacú le seirbhísí comhshaoil dírithe ar infheistíocht sna seirbhísí uisce, agus is í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil den chuid is mó a chuireann an maoiniú ar fáil. Tagann fuílleach an mhaoinithe i ndáil le tionscnaimh comhshaoil ó Oifig na nOibreacha Poiblí (oibreacha faoisimh tuile) agus ón gCiste Rialtais Áitiúil agus ón gCiste Comhshaoil.
- **Seirbhísí Oideachais agus Fostaíochta**–Roimh 2012, bhronn an coiste gairmoideachais ábhartha (VEC) nó údarás áitiúla ábhartha deontais ardoideachais. Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna costas na ndeontas a bhronn údarás áitiúil a íoc ar ais. Le héifeacht ón mbliain acadúil 2012/2013, ní mór do gach mac léinn nua iarratais tacaíochta faoin scéim deontas mac léinn a chur isteach chuig an t-údarás náisiúnta bronnta deontais nua-bhunaithe - Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn. Déanann an Roinn aisíocaíocht le húdaráis áitiúla freisin i ndáil le tairbhí aoisliúntais agus costais aiscí do chomhaltaí foirne teagaisc agus neamhteagaisc de chuid na VECanna atá ar scor agus de chuid na n-institiúidí teicneolaíochta atá ina gcomhaltaí den Scéim Aoisliúntais Gairmoideachais nó de Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais faoi seach. Ó dheireadh 2012, aistríodh an fhreagracht as na híocaíochtaí aoisliúntais agus aiscí seo ó údaráis áitiúla chuig an Rannóg Pinsean PMG sa Roinn Airgeadais. [1] Baineann na figiúirí a cuireadh ar fáil ar mhaithe le seirbhísí fostaíochta le haisíoc an chaiteachais thabhaithe arna íoc ag an Roinn Coimirce Sóisialaí le húdaráis áitiúla a fheidhmíonn mar urraitheoirí i bhfeidhmiú na scéimeanna fostaíochtaí pobail agus tionscnamh post.
- **Seirbhísí Fóillíochta agus Seirbhísí Áitiúla Eile** – Cuimsíonn sé seo maoiniú ón rialtas láir maidir le seirbhísí de chuid an údaráis áitiúil mar obair thógála agus chothabhála ar linnte snámha, seirbhísí leabharlainne agus cartlainne agus tionscadail eile maidir le cúrsaí taitneamhachta poiblí agus cultúir, mar aon le seirbhísí dóiteáin agus seirbhísí éigeandála, agus seirbhísí dóibh siúd atá faoi mhíchumas.
- **Deontais Chuspóirí Ghinearálta**– Cuireann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tríd an gCiste Rialtais Áitiúil, maoiniú breise ar fáil d'údaráis áitiúla chun cuidiú leo freastal ar an easnamh idir a bhfoinsí ioncaim eile agus costas na seirbhísí a chuireann siad ar fáil, lena n-áirítear costais riaracháin na n-údarás áitiúil féin.

**10.13** Léiríonn Fíor 10.4 miondealú ar na haistrithe d'údaráis áitiúla do 2007 go 2012 a thaispeánann na cláir a raibh tacaíocht á bhfáil acu (tá miondealú mionsonraithe ar fáil in Iarscríbhinn A). In 2012, bhain aon trian den soláthar iomlán le tionscnaimh iompair, cuireadh beagán faoi bhun aon cheathrú ar fáil do chláir thithíochta agus athghiniúna uirbigh agus do chuspóirí ginearálta.

1 Cuireadh tús leis an bpróiseas aistrithe freagrachta maidir le híocaíochtaí i ndáil le costas pinsean agus aiscí scoir i Samhain 2010 agus tugadh chun críche é sa tríú ráithe de 2012.

**Fíor 10.4 Aistrithe ón rialtas láir go dtí na húdaráis áitiúla, de réir cláir caiteachais 2007 go 2012**




Foinse: Féach Iarscríbhinn A

## Conclúidí

***Aistrithe an Rialtais Láir***

**10.14** Tá castacht ag baint le maoiniú an rialtais láir d'údaráis áitiúla ó tharla go dtagann aistrithe ó raon leathan ranna agus oifigí ar mhaithe le cuspóirí éagsúla. Déantar roinnt sruthanna maoinithe a sheachadadh go díreach chuig údaráis áitiúla agus déantar roinnt eile a chur tríd gníomhaireachtaí roinne.

**10.15** Ba ionann aistrithe maoinithe ó fhoinsí rialtais láir chuig údaráis áitiúla in 2012 agus thart ar iomlán de €2.9 billiún. Tháinig thart ar 62% den mhaoiniú ó fhoinsí Státchiste, agus tháinig an chuid eile as an gCiste Rialtais Áitiúil agus an as an gCiste Comhshaoil.

## Iarscríbhinn A Aistrithe ón rialtas láir go dtí údaráis áitiúla, de réir cláir chaiteachais 2007 go 2012

| Catagóir Caiteachais | 2007 €m | 2008 €m | 2009 €m | 2010 €m | 2011 €m | 2012 €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscnaimh Iompair** | | | | | | |
| Feabhas ar bhóithre náisiúnta | 1,476 | 1,374 | 1,218 | 893 | 516 | 503 |
| Feabhas ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla | 622 | 616 | 455 | 412 | 451 | 376 |
| Iompar poiblí (íocaíochtaí caipitil) | 48 | 70 | 63 | 56 | 83 | 62 |
| | 2,146 | 2,060 | 1,736 | 1,361 | 1,050 | 941 |
| **Tithíocht agus Athghiniúint Uirbeach** | | | | | | |
| Soláthar do thithíocht shóisialta | 1,382 | 1,571 | 1,297 | 961 | 655 | 598 |
| Tithíocht inacmhainne etc. | 64 | 89 | 94 | 84 | 68 | 58 |
| Tacaíochtaí tithíochta eile | 6 | 7 | 4 | 6 | 4 | 3 |
| Athghiniúint uirbeach | 20 | 5 | 1 | — | — | — |
| | 1,472 | 1,672 | 1,396 | 1,051 | 727 | 659 |
| **Tionscnaimh Comhshaoil** | | | | | | |
| Seirbhísí uisce agus sláintíochta | 529 | 544 | 558 | 535 | 462 | 343 |
| Oibreacha faoisimh tuile | 14 | 3 | 5 | 17 | 8 | 22 |
| Bainistiú Dramhaíola | 28 | 27 | 8 | 11 | 11 | 5 |
| Athchúrsáil | 12 | 22 | 14 | 14 | 12 | 4 |
| Bearta comhshaoil eile | 11 | 15 | 29 | 16 | 18 | 11 |
| | 594 | 611 | 614 | 593 | 511 | 385 |
| **Seirbhísí oideachais agus fostaíochta** | | | | | | |
| Deontais ardoideachais | 126 | 137 | 160 | 172 | 184 | 146 |
| Costais aoisliúntais agus aiscí | 146 | 164 | 219 | 217 | 171 | 15 |
| Scéimeanna fostaíochta | 12 | 11 | 10 | 9 | 9 | 8 |
| | 284 | 312 | 389 | 398 | 364 | 169 |
| **Seirbhísí Fóillíochta agus áitiúla** | | | | | | |
| Linnte snámha | 28 | 20 | 11 | 3 | 10 | 8 |
| Seirbhís leabharlainne | 17 | 15 | 9 | 6 | 7 | 6 |
| Deontais spóirt, páirceanna súgartha, tionscadail chultúrtha | 8 | 5 | 11 | 21 | 9 | 6 |
| Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | 24 | 24 | 20 | 19 | 12 | 6 |
| Seirbhísí oidhreachta (oidhreacht ailtireachta) | 7 | 8 | 6 | 5 | 1 | 1 |
| Seirbhísí Míchumais | 15 | 15 | 12 | 7 | — | — |
| Seirbhísí caipitil ilghnéitheacha | 24 | 40 | 14 | 18 | 11 | 16 |
| Seirbhísí ilghnéitheacha | 24 | 32 | 15 | 15 | 16 | 19 |
| | 147 | 159 | 98 | 94 | 66 | 62 |
| Deontais chuspóirí ginearálta | 948 | 999 | 833 | 763 | 700 | 638 |
| **Maoiniú iomlán a soláthraíodh d'údaráis áitiúla** | **5,591** | **5,813** | **5,066** | **4,260** | **3,418** | **2,854** |

Foinse: Oifig na nOibreacha Poiblí, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil; an Roinn Oideachais agus Scileanna; an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta; an Roinn Sláinte; an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige; an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Roinn Coimirce Sóisialaí; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; an Bord Cosanta Sibhialta (2012 neamh-iniúchta); an Ciste Rialtais Áitiúil (2012 neamh-iniúchta); agus an Ciste Comhshaoil (2012 neamh-iniúchta).

Nóta: Rinneadh coigeartuithe ar roinnt méideanna a tuairiscíodh roimh 2012 chun léargas a thabhairt ar na haistrithe ar fad a aithníodh a bhí níos mó ná €1 milliún.

# 11 Costais Feabhsúcháin Talún

**11.1** Is éard atá i gceist le feabhsúchán talún ná ábhair salaithe a bhaint as ithir nó as screamhuisce nó na hábhair salaithe sin san ithir nó sa screamhuisce a neamhniú. D'fhéadfadh an t-éilliú seo a bheith mar thoradh ar dumpáil neamhdhleathach, ar bhainistiú neamhdhóthanach ar shaoráidí dumpála ceadúnaithe, ar thionchair thruaillithe ó ghníomhaíocht gheilleagrach reatha nó tionchar iarmharach gníomhaíochta geilleagraí roimhe seo.

**11.2** In 2001 chuir Coimisiún an EU in iúl d'Éirinn, cé gur chuir rialacháin a thug Éire isteach i ndiaidh imeachtaí EU roimhe seo feabhas mór ar an gcreat dlíthiúil le haghaidh bainistithe dramhaíola, go raibh cleachtais riaracháin shistéamacha uireasacha ann ina gcur chun feidhme. Luaigh an Coimisiún samplaí de stóráil neamhúdaraithe dramhaíola, dumpáil neamhúdaraithe dramhaíola agus láithreáin neamhúdaraithe líonadh talún a bheith in úsáid cosúil leo sin ag Trá Mhór agus Cill Bharra.

**11.3** Chinn rialú a thug Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa in 2005 nár chomhlíon Éire a cuid oibleagáidí faoi Threoir 75/442/EEC.[1] D'éiligh an rialú seo ar Éirinn gníomhú chun feabhsúchán a dhéanamh ar láithreáin éillithe.

**11.4** Faoi láthair tá 31 láithreán aitheanta ar a bhfuil gá na hábhair salaithe san ithir nó sa screamhuisce a bhaint nó a neamhniú. Is féidir na láithreáin a rangú mar láithreáin gan cheadúnas nó láithreáin le ceadúnas, láithreáin ar a raibh gníomhaíocht thionsclaíoch agus láithreáin ar a bhfuil gá bogach a thógáil, nó chun cúitithe do bhogach a cailleadh mar thoradh ar an limistéar a bheith á úsáid le haghaidh líonadh talún.

**11.5** Tá costais shuntasacha tabhaithe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG) atá bainteach le feabhsúchán talún. Tá na costais a tabhaíodh go dtí Meitheamh 2013 tugtha i bhFíor 11.1 thíos. Tá na costais a bhain le láithreáin aonaracha tugtha in Iarscríbhinn A atá i gceangal leis an tuairisc seo.

**Fíor 11.1 Líon láithreán, costas go dáta agus costais mheasta don todhchaí ag Meitheamh 2013**

| Cur Síos | Líon Láithreán | Costas go dáta | Costas measta don todhchaí |
|---|---|---|---|
| | | €m | €m |
| Láithreáin gan cheadúnas | 4 | 1.3 | 6.6 |
| Láithreáin le ceadúnas | 21 | 38.4 | 1.5 |
| Láithreán Tionsclaíoch[a] | 1 | 52.3 | Níl sé ar fáil |
| Tógáil bogach | 5 | 7.4 | 2.0 |
| **Iomlán** | **31** | **99.4** | **10.1** |

Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Nóta: a Mar atá tugtha in alt 11.9. ghlac an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an láithreán seo ar láimh in 2012

1 Mar a leasaíodh le Treoir 91/156/EEC.

**11.6** Cuireadh maoiniú le haghaidh fheabhsúchán talún ar fáil ó Vóta 25 Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus ón gCiste Comhshaoil. Ta sé curtha in iúl ag DECLG gurb é an soláthar airgid seachas nádúr na hoibre a shocraíonn cé as a aimseofar an cistiú. Tá líon na gclár atá á gmaoiniú ag an gCiste Comhshaoil seachas an Vóta ag dul i méid.

**11.7** Tá sé curtha in iúl ag DECLG gur rinneadh aisghabháil theoranta ar chostais uathu sin a bhí freagrach as láithreáin gan cheadúnais. Tá roinnt cásanna os comhair na gcúirteanna, áfach.

## Inis Sionnach

**11.8** Baineann an feabhsúchán láithreáin is costasaí go dáta leis an láithreán tionsclaíoch ag Inis Sionnach, i gCorcaigh. Roimh 2012 bhí €52.3 milliún caite ag DECLG ar an láithreán, lena n-áirítear íocaíochtaí i leith iniúchtaí ithreach, diúscairt fuíollábhair, suirbhéanna éiceolaíocha úrthránna agus táillí gairmiúla.

**11.9** Ó 2012 tá an obair fheabhsúchán talún ar an láithreán ag Inis Sionnach glactha ar láimh ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus tabhaíodh costas €702,000 ar Vóta na Roinne in 2012. Cuirfear isteach ar cheadúnas dramhaíola, chun breis feabhsúcháin talún a éascú ar chuid den láithreán, go déanach in 2013. Ní fios cén chostas a bheidh ar fheabhsúchán talún ar an láithreán seo sa todhchaí, ar feitheamh chead pleanála le haghaidh shainscéim feabhsúcháin agus faomhadh níos déanaí le haghaidh cheadúnas dramhaíola. Chomh luath agus a gheofar cead le haghaidh sainscéime eiseofar tairiscintí i leith fheidhmiú an fheabhsúcháin atá ceadaithe. Cuirfear bailchríoch ar phlean airgeadais le haghaidh fheabhsúchán Inis Sionnach nuair a gheofar cead pleanála agus an ceadúnas dramhaíola i leith na n-oibreacha riachtanacha feabhsúcháin.

## Baile Chairdif

**11.10** I dteannta tionscadal a bhaineann le breith Chúirt na hEorpa tá maoiniú déanta ag DECLG ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir leis an bhfreagairt ar thine faoi thalamh ag láithreán líonadh talún ag Baile Chairdif, an Nás, in Eanáir 2011 a bhainistiú.[1] Thabhaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil caiteachas de €2.2 milliún in 2012 sa bhreis ar €4.1 milliún in 2011. Rinne tuairisc úrnua ar roghanna feabhsúcháin chun feabhsúchán fadtéarmach a chur i gcrích ar an láithreán ag Baile Chairdif cur síos ar roinnt roghanna atá á meas. Éileoidh na hoibreacha atá bainteach le gach aon rogha próiseas tairisceana iomaíoch.

## Obair Fheabhsúcháin ar Mhianaigh

**11.11** Thabhaigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR) costais i leith oibreacha feabhsúcháin ag mianach leis an Stát in Abhóca agus i leith oibreacha feabhsúcháin a críochnaíodh ag láithreán Bhéal Átha Gabhann in 2009 agus 2010. Tharla sin mar thoradh ar chinneadh Rialtais (i Meitheamh 2005) go nglacfadh an Stát obair fheabhsúcháin ag an dá láithreán ar láimh. Ina theannta sin thug an Rialtas cead reachtaíocht a réiteach leis an Stát a chumasú chun oibreacha ag na láithreáin seo agus ag láithreáin eile sa todhchaí, dá gceapfaí go raibh gá leis, a thógáil ar láimh.

1 Bhí tinte ag an láithreán ar ócáidí roimhe sin

**11.12** D'aithin staidéar féidearthachta a rinneadh in 2008 scála na hoibre a bhí ag teastáil chun saincheisteanna ag láithreán Abhóca a réiteach agus measadh costas an chláir a bheith thart ar €58 milliún. Mhaoinigh DCENR an staidéar ar chostas €615,000. Chinn an Rialtas in Iúil 2010 dul ar aghaidh le clár níos teoranta chun teacht i dtír ar ghuaiseacha in ord tosaíochta. Tá €3 milliún leithdháilte chun déileáil leis na saincheisteanna sin agus tá sé taifeadta sna cheangaltais caipitil. Táthar ag súil go dtosófar ar an obair in 2014.

**11.13** In 2012 tabhaíodh caiteachas de €70,000 i leith obair a rinne Comhairle Chontae Chill Mhantáin ag Abhóca ar son DCENR. Is é an caiteachas iomlán go dáta ná €685,000. Dar le DCENR, dá mbeadh maoiniú ar fáil chun an clár iomlán atá aitheanta sa staidéar a chur i bhfeidhm, bheadh costas de bhreis is €50 milliún ann.

**11.14** Ag éirí as chinneadh eile Rialtais i Meitheamh 2008 bhíothas le déileáil le maoiniú sa todhchaí i leith thionscadal feabhsúcháin Bhéal Átha Gabhann trí phróiseas na Meastachán. Faoi dheireadh 2012 bhí méid iomlán de €11.6 milliún de chaiteachas ag tionscadal Bhéal Átha Gabhann. Ach, i gcomhthéacs staid eacnamaíoch na huaire, laghdaíodh maoiniú DCENR le haghaidh thionscadail caipitil, lena n-áirítear tionscadal Bhéal Átha Gabhann agus dá thoradh sin ba ghá athsceidealú a dhéanamh ar ghnéithe a raibh súil leo roimhe sin den tionscadal.

**11.15** I Márta 2012 thug an Bord Pleanála cead pleanála le haghaidh Shaoráid Bainistithe Dhramhaíl Mianach ar chuid de láithreán Bhéal Átha Gabhann. An costas measta chun an tsaoráid a chur ar fáil ná €6 milliún. Ach ní thiocfar chun cinn leis an saoráid go dtí go mbeidh dóthain cistithe socraithe chun an tionscadal ar fad a chomhlíonadh go dtí an deireadh.

**11.16** Bhí costais €9.6 milliún ann roimh 2010 i leith mianach Abhóca agus Bhéal Átha Gabhann. Le blianta beaga bhí aschur caiteachais ann a bhí cuid shuntasach níos ísle ná an soláthar sna meastacháin gach bliain.

**Fíor 11.2 Soláthar sna Meastacháin agus aschur 2010 go 2012 i leith sheirbhísí mianadóireachta**

| | Soláthar sna Meastacháin | Aschur |
|---|---|---|
| | €m | €m |
| **2010** | 6.7 | 2.0 |
| **2011** | 4.7 | 2.0 |
| **2012** | 4.0 | 0.3 |

Foinse: Cuntais Leithghabhála do Vóta Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

## Conclúid agus Moladh

**11.17** Tá freagracht as feabhsúchán talún a bhainistiú roinnte idir roinnt ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais. Tagann an maoiniú i leith fheabhsúchán talún trí Vótaí éagsúla agus ón gCiste Comhshaoil.

**11.18** Go dtí seo chosain feabhsúchán talún ag 34 láithreán sa Stát os cionn €119 milliún. D'fhéadfadh an costas measta chun feabhsúchán a chríochnú sa dá mhianach agus an 30 láithreán atá bainteach le breith Chúirt na hEorpa a bheith sa bhreis ar €66 milliún. Táthar ag ceapadh go mbeidh costais shubstaintiúla ag éirí as obair sa todhchaí ar na láithreáin ag Inis Sionnach agus Baile Chairdif ach níl figiúr curtha ar na costais sin ar feitheamh cinntí faoi na cuir chuige áirithe a thógfar.

**Moladh 11.1:**Is iondúil gur tionscadal fadtéarmach é feabhsúchán talún ar aon láithreán ag cuimsiú roinnt thréimhsí cuntasaíochta. Dá bhrí sin ba chóir go dtabharfaí cuntas ar fheabhsúchán talún ar an mbealach céanna agus a thabharfaí cuntas ar thionscadail chaipitil. Ba chóir go gcuimseodh sé faisnéisiú faoin dliteanas teagmhasach (murar dochrach do leas an Stáit é a dhéanamh), na ceangaltais chonraithe, mionsonraí faoin suim atá caite go dáta agus an tsuim atá caite sa tréimhse reatha.

Ba chóir go mbeadh maoiniú ó fhoinsí iolracha Stáit i leith an tionscadail chéanna nochta ar bhun-nóta nochta amháin.

**An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta:** Nuair a aithnítear ceangaltais áirítear iad faoi láthair sna ceangaltais fhoriomlána sa chuntas leithghabhála. Sa chás go bhfaigheann tionscadal atá faoi urlámhas na Roinne seo maoiniú ón gCiste Comhshaoil agus ó chistiú Vótáilte beidh sin nochta sna nótaí le cuntas leithghabhála na Roinne.

**An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta:** Aontaíonn an Roinn go mba chóir na ceangaltais chonraithe agus sonraí an chaiteachais sa tréimhse reatha a nochtadh sna nótaí leis na cuntais.

# Iarscríbhinn A

## Costais Feabhsúcháin Talún de réir Láithreáin ag Meitheamh 2013

| Láithreán | Costas ceadaithe | Íocaíocht ó | | Costas ionchais sa todhchaí |
|---|---|---|---|---|
| | | Ciste Comhshaoil | Vóta do DECLG | |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Láithreáin gan cheadúnas** | | | | |
| Ardristan, Ceatharlach | N/A | 54 | — | 935 |
| Cill Pheadair, Cill Mhantáin | N/A | 54 | — | — |
| Baile an Fhaoitigh, Cill Mhantáin | N/A | — | 763 | 5,300 |
| Caisleán an Ridire, Cill Mhantáin | N/A | 350 | 50 | 435 |
| **Láithreáin le ceadúnas** | | | | |
| Baile Shéamais Dhuibh, An Cabhán | 528 | — | 396 | — |
| Coill an Chollaigh, An Cabhán | 932 | — | 699 | — |
| Baile an Phaoraigh, Ceatharlach | 1,034 | — | 771 | 5 |
| Drumaboden, Dún na nGall | 1,276 | — | 957 | — |
| Dún Dealgan, Lú | 3,417 | — | 2,562 | — |
| Dún Garbhán, Port Láirge | 4,240 | 407 | 2,473 | 74 |
| Droichead Átha, Lú | 3,107 | — | 2,525 | — |
| Cnoc Silliot, Cill Dara | 8,901 | — | 6,365 | 311 |
| Dún Sinche, Baile Átha Cliath | 5,171 | — | 3,878 | — |
| Cill Bharra, Port Láirge | 7,019 | 353 | 4,734 | 177 |
| An Crosán Fada, Luimneach | 5,988 | 263 | 4,228 | — |
| An Trá Mhór, Port Láirge | 4,986 | 123 | 3,558 | — |
| Baile Marlainn, An Iarmhí | 3,129 | — | 500 | 39 |
| Basketstown, An Mhí | 5,668 | — | 891 | 109 |
| Caol an Ráithín, Ros Comáin | 1,310 | — | 250 | — |
| Dúire, An Chláir | 1,469 | 143 | 847 | 112 |
| Baile an Mhuircheartaigh, Cill Mhantáin | 2,315 | 178 | 555 | 60 |
| Cora Droma Rúisc, Liatroim | 1,064 | 63 | 186 | 17 |
| Cill Liúráin, Loch Garman | 1,810 | 318 | — | 318 |
| Maothail, Liatroim | 844 | — | 187 | 38 |
| Láithreán na Coille Glaise, Corcaigh | 380 | — | — | 285 |

| Láithreán | Costas ceadaithe | Íocaíocht ó | | Costas ionchais sa todhchaí t |
|---|---|---|---|---|
| | | Ciste Comhshaoil | Vóta do DECLG | |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Cruthú Bogach** | | | | |
| Droim Saileach, Luimneach | 32 | — | 24 | — |
| Eastát an Bhagóidigh, Luimneach | 452 | 75 | — | 264 |
| An Crosán Fada, LuimneachL | 85 | — | 52 | 12 |
| Líonadh talún na Trá Móire, Port Láirge | 7,642 | 1,488 | 5,432 | 722 |
| Bogach Abhainn na Siúire, Port Láirge | 1,700 | 41 | 281 | 953 |
| **Láithreáin Thionsclaíocha** | | | | |
| Láithreán Inis Sionnach, Corcaigh[a] | N/A | 41,089 | 11,280 | Ní sé ar fáil |
| **Costais Iomlán** | | **45,001** | **54,443** | **10,165** |

Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Nóta: a Ina theannta sin thabhaigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara €702,000 tar éis an láithreán a ghlacadh ar láimh in 2012.

# 12 Bainistíocht Conartha i dTionscadail Oideachais CPP

**12.1** Úsáideadh comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí (CPPanna) mar mhodh le hinfreastruchtúr poiblí a sholáthar san earnáil oideachais le breis agus deich mbliana.

**12.2** Tá gealltanais gan íoc ag an Stát ar ionann agus beagnach €4.2 billiún iad in iomlán i leith gach conartha CPP atá ann, agus is ionann sé CPP san earnáil oideachais agus beagnach 35% de seo.

**12.3** Scrúdaíonn an tuarascáil seo rialú caiteachais ar na CPPanna san earnáil oideachais atá ag an gcéim oibríochtúil. Go háirithe breithníonn sí leordhóthanacht na srianta atá ann i leith innéacsaithe praghais, feidhmíochta seirbhíse agus tagarmharcála.

**12.4** Tá cúig CPP i bhfeidhm faoi láthair laistigh den earnáil oideachais. Baineann trí chonradh le beartáin de bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus baineann an dá cheann atá fanta le scoileanna laistigh d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí – Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann agus Scoil Cheoil Chorcaí. Is ar bhonn dearaidh, tógála, oibriúcháin agus coinneála (DBFOM) atá conarthaí uile an CPP. Leagtar amach na scoileanna atá san áireamh i ngach conradh CPP in Iarscríbhinn A.

**12.5** Go dtí seo, thabhaigh an cúig chonradh CPP caiteachas carnach de bheagán thar €300 milliún, agus meastar gur ionann na ceangaltais gan íoc agus breis is €1 billiún (féach Fíor 12.1).

**Fíor 12.1 Caiteachas ar CPPanna atá i bhfeidhm san earnáil oideachais**

| Conradh CPP | Tús seirbhíse | Deireadh an chonartha | Caiteachas | | Gealltanais gan íoc[a] |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Roimh 2012 | In 2012 | |
| | | | €m | €m | €m |
| **Céad/dara leibhéal[b]** | | | | | |
| Beartán scoileanna píolótacha | 2002 | 2027 | 107 | 11 | 188 |
| Beartán scoileanna céad leibhéal | 2010 | 2035 | 18 | 9 | 238 |
| Beartán scoileanna dara leibhéal | 2011 | 2036 | 14 | 12 | 326 |
| **Tríú leibhéal** | | | | | |
| Coláiste Náisiúnta Muirí | 2004 | 2029 | 72 | 9 | 116 |
| Scoil Cheoil Chorcaí | 2007 | 2032 | 44 | 8 | 177 |
| **Iomlán** | | | **255** | **49** | **1,045** |

Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna

Nótaí: a Ionchorpraíonn an figiúr don cheangaltas gan íoc ráta boilscithe gafa de 4% do bheartán na scoileanna píolótacha, 2.5% do Scoil Cheoil Chorcaí agus 2% do na conarthaí eile.

b Níl gealltanais de bhreis ar €400 milliún i leith an bheartáin scoileanna tríú leibhéal CPP (síníodh an conradh i Samhain 2012) san áireamh mar nár shroich an tionscadal an chéim oibríochtúil go fóill.

## Socruithe Bainistíochta Conartha

**12.6** Is é an Roinn Oideachais agus Scileanna (an Roinn) an t-údarás conarthach do gach conradh CPP san earnáil oideachais.

**12.7** Feidhmíonn an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDFA) mar chomhairleoir airgeadais an Stáit maidir le tionscadail infheistíochta poiblí. Maidir le CPPanna go háirithe, comhlíonann lárionad saineolais laistigh den NDFA feidhm seachadta soláthair speisialaithe i leith tionscadal rialtais áitiúil agus tionscadal san earnáil iompair. Coinníonn údaráis chonartha an fhreagracht as tionscadail a mheasúnú agus a fhaomhadh agus leagann amach na paraiméadair a ndéanann an NDFA a fheidhm sholáthair laistigh díobhtha.

**12.8** Leathnaíodh téarmaí tagartha an NDFA i Meán Fómhair 2012 le cur ar a chumas seirbhísí bainistíochta conartha a chur ar fáil i leith tionscadal CPP. Sa chás go gcuireann an NDFA seirbhísí bainistíochta conartha ar fáil, coinníonn an t-údarás conartha freagracht de ghnáth as gníomhaíochtaí áirithe (féach Fíor 12.2 ).

**Fíor 12.2 Ról an NDFA i mbainistíocht conartha**

| Freagrachtaí NDFA | Freagrachtaí an údaráis chonartha |
|---|---|
| Suim íocaíochtaí míosúla aonadacha a athbhreithniú agus a dheimhniú, lena n-áirítear aon asbhaintí bainteach le feidhmíocht. | Faomhadh agus íocaíocht sonrasc (ar mholadh NDFA a fháil). |
| Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht cuideachta CPP in aghaidh comhaontuithe tionscadail. | Athruithe ar an gcomhaontú tionscadail a fhaomhadh. |
| | Fógraí rabhaidh nó foirceanta a eisiúint don chuideachta CPP. |
| | Cinneadh faoi thagarmharcáil agus tástáil margaidh maidir le seirbhísí intástála. |
| | Athruithe ar struchtúr úinéireachta na cuideachta CPP a fhaomhadh. |

**12.9** Tar éis iarratas ar thacaíocht ón Roinn ghlac an NDFA feidhmeanna áirithe air féin i nDeireadh Fómhair 2012 i dtaca leis na conarthaí do na trí bheartán de scoileanna céad agus dara leibhéal a bhainistiú. Dúirt an Roinn go ndearnadh an cinneadh tacaíocht a lorg i bhfianaise an tsaineolais agus na scileanna a bhí ar fáil laistigh den NDFA do bhainistiú tionscadal CPP. Luaigh sí saincheisteanna acmhainne laistigh den Roinn mar chúinse eile le háireamh.

**12.10** Tá comhaontú seirbhíse 18 mí ag an Roinn leis an NDFA do sheirbhísí bainistíochta conartha. Is féidir cur le fad an chomhaontaithe má aontaíonn an dá pháirtí agus má cheadaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é.

**12.11** Tá an NDFA tar éis treoirleabhair úsáideora ar mheicníocht íocaíochta a chur ar fáil don Roinn do gach ceann de na trí thionscadal beartáin scoile. Tá socruithe bainistíochta difriúla ann don dá thionscadal tríú leibhéal. Dúirt an Roinn go ndéanann sí bainistiú ar an bpróiseas íocaíochta agus go ndéanann Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT) bainistiú ar gach gné eile den chonradh. Ainmnítear duine d'fhoireann CIT mar bhainisteoir conartha thar ceann an Aire Oideachais agus Scileanna.

**12.12** Bhí an duine d'fhoireann CIT atá ag feidhmiú mar bhainisteoir conartha don dá thionscadal CIT bainteach leis na tionscadail ó chéim an tsoláthair agus bainteach le bainistiú na gconarthaí ó bhí an dá thionscadal oibríochtúil. Chinn an t-imscrúdú go raibh eolas mionsonraithe ag an mbainisteoir conartha faoi chomhaontuithe an tionscadail.

### Innéacsú Íocaíochta

**12.13** Déanann an Roinn íocaíochtaí muirir aonadacha míosúla leis an gcuideachta CPP ar gach ceann den chúig thionscadal CPP oibríochtúla. Leanfaidh íocaíochtaí muirir aonadacha thar thréimhse an chonartha. Tá an muirear comhdhéanta de dhá ghné - gné chostais sheasta agus gné inathraitheach (innéacsaithe) a athraíonn ar aon dul leis an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí - Gach Earra (CPI).

**12.14** Ar gach dáta athbhreithnithe innéacsaithe (sonraithe sa chonradh) cuireann an chuideachta CPP a ríomh isteach ar an muirear bliantúil don tréimhse 12 mí atá ag teacht. Bíonn sé seo bunaithe ar na téarmaí a leagtar amach i sceideal meicníochta íocaíochta an chonartha.

**12.15** Tá eolas áirithe riachtanach leis an muirear aonadach bliantúil a ríomh lena n-áirítear

- dátaí tábhachtacha – an dáta tosaithe seirbhíse agus bonndáta an mhuirir aonadaigh (i.e. an dáta óna mbeidh feidhm le hinnéacsú)
- luachanna innéacsaithe CPI – an luach ag an mbonndáta agus an luach ag an dáta athbhreithnithe
- luachanna muirir aonadaigh bonndáta – na gnéithe seasta agus athraitheacha.

**12.16** Nuair a bhíonn cinneadh déanta faoin toisc innéacsaithe, féadtar an muirear aonadach bliantúil a ríomh trí na luachanna seasta agus athraitheacha coigeartaithe a shuimiú.

**12.17** Ar iarratas na Roinne, rinne an NDFA athbhreithnithe ar na ríomhanna innéacsaithe a chuir na cuideachtaí CPP isteach faoi seach i rith 2012 do gach ceann den chúig chonradh CPP.

- Maidir leis na trí thionscadal scoile, chinn an NDFA go raibh na ríomhanna innéacsaithe ceart.
- Maidir le tionscadal Scoil Cheoil Chorcaí, thug an NDFA earráid ar aird a d'fhág gur gearradh rótháille de €38,600 ar an Roinn. Fuair an Roinn an aisíocaíocht chuí ón gcuideachta CPP i bhFeabhra 2013. Rinne an NDFA athbhreithniú ar na ríomhanna innéacsaithe do 2011 ina dhiaidh sin agus dheimhnigh nár tharla an earráid an bhliain sin.
- Maidir leis an gColáiste Náisiúnta Muirí, thug an NDFA ar aird go raibh 'corrlach fóntas' boilscithe, nach raibh ag teacht leis an gconradh. Meastar go mb'ionann an rótháille ionchasach ag éirí as an earráid agus thart ar €4,800 in aghaidh na bliana. Ó tarraingíodh aird ar an earráid roimh eisiúint sonrasc Dheireadh Fómhair 2012, bhí an chuideachta CPP in ann an sonrasc a choigeartú dá réir. Dúirt an Roinn go bhfuil scrúdú á dhéanamh aici faoi láthair féachaint an bhfuil aon aisíoc dlite i leith na saincheiste seo.

**12.18** Chinn an t-imscrúdú go raibh na hathbhreithnithe innéacsaithe a rinne an NDFA ríofa i gceart agus go raibh an príomheolas a úsáideadh ag teacht lena raibh leagtha amach i gcomhaontú an tionscadail.

## Monatóireacht ar Fheidhmíocht Seirbhíse

**12.19** Féadtar asbhaintí a chur i bhfeidhm ar na muirir aonadacha iníoctha má mhainníonn an chuideachta CPP caighdeáin feidhmíochta mar atá leagtha amach sa chonradh a shásamh.

**12.20** Baineann an dá phríomhchineál asbhaintí atá i bpáirt ag gach ceann den chúig chonradh le do-infhaighteacht agus feidhmíocht seirbhíse.[1]

- Do-infhaighteacht – cuirtear asbhaint i bhfeidhm mura gcomhlíonann réimse ceann amháin nó níos mó de na critéir infhaighteachta a leagtar síos i gcomhaontú an tionscadail
- Feidhmíocht seirbhíse – cuirtear asbhaint i bhfeidhm má mhainníonn an chuideachta CPP an t-aga freagartha do chaighdeán feidhmíochta riachtanach atá leagtha síos i gcomhaontú an tionscadail a chomhlíonadh e.g. bainteach le glantachán, téamh nó airíochas.

**12.21** Faoi théarmaí na gconarthaí, ceanglaítear ar chuideachtaí CPP tuairisc a thabhairt ar mhainneachtain riachtanais infhaighteachta agus feidhmíochta seirbhíse a chomhlíonadh nuair a tharlaíonn sé sin.

### *Glaonna Deisce Cabhrach Logáilte*

**12.22** Cuireann na cuideachtaí CPP áis deisce cabhrach ar fáil trínar féidir le scoileanna agus coláistí aonair iarratais seirbhíse a chur isteach.

**12.23** Faoi thionscadail beartáin na dtrí scoileanna, logáil an cúig scoil déag thart ar 5,000 glao in iomlán i rith 2012. Bhí thart ar 470 glao ar an meán in aghaidh na míosa idir Meán Fómhair agus Bealtaine, a laghdaigh go thart ar 250 in aghaidh na míosa i rith na tréimhse saoire ó Mheitheamh go Lúnasa.

**12.24** Bíonn éagsúlacht mhór idir ráta tuairiscithe saincheisteanna idir an cúig scoil déag. Ba é 850 an líon ab airde glaonna a tuairiscíodh don deasc cabhrach ó scoil aonair amháin in 2012, agus ba é 88 an líon ab ísle.

### *Tuairisciú Míosúil Feidhmíochta*

**12.25** Ceanglaítear ar chuideachtaí CPP freisin tuairiscí feidhmíochta míosúla a chur isteach le gearrchuntas ar na gníomhaíochta an mhí roimhe. Tugann na tuairiscí mionsonrú ar aon mhainneachtain freastal ar chaighdeáin seirbhíse, na bearta a rinne an chuideachta CPP chun aghaidh a thabhairt ar an mainneachtain seirbhíse sin agus leibhéal na n-asbhaintí gaolmhara a moladh. Faoin gcomhaontú ar leibhéal seirbhíse leis an Roinn, cuireann an NDFA na tuairiscí feidhmíochta míosúla sa timpeall chuig gach príomhoide scoile, ag lorg deimhnithe go bhfuil gach mainneachtain seirbhíse san áireamh agus go bhfuil na dátaí don chur isteach agus do thabhairt chun críche iarratas seirbhíse ceart. Ar aiseolas a fháil ó na scoileanna cinntíonn an NDFA go bhfuil an asbhaint chuí (más ann di) déanta ag an gcuideachta CPP maidir leis an chéad íocaíocht muirir aonadaigh mhíosúil eile.

**12.26** Buaileann an NDFA leis na cuideachtaí CPP ar bhonn míosúil leis an tuairisc monatóireachta feidhmíochta a phlé mar aon le haon saincheisteanna a ardaíonn na scoileanna aonair. Tugtar aghaidh ar aon saincheisteanna amuigh maidir le hasbhaintí molta ag na cruinnithe míosúla seo freisiin.

1 Áirítear sa dá chonradh CPP is deireanaí (Beartáin Scoile 1 agus 2) asbhaint 'tuairiscithe' eile a chuirtear i bhfeidhm ar an muirear aonadach má fhágann tuairisc meicníochta íoc-aíochta na cuideachta CPP mionsonraí asbhaintí do-infhaighteachta nó feidhmíochta seirbhíse ar lár.

**12.27** Tháinig an t-imscrúdú ar roinnt cásanna in 2012 nuair nár fhreagair scoileanna aonair don iarratas ón NDFA ag lorg deimhnithe go raibh an tuairisc feidhmíochta mhíosúil a chuir an chuideachta CPP ar fáil, iomlán agus cruinn. Níor cuireadh moill ar íocaíochtaí do chuideachtaí CPP sna cásanna seo. I ndáiríre, glactar leis gur ionann gan freagairt agus deimhniú ón scoil go bhfuil an tuairisc feidhmíochta mhíosúil ceart.

***Asbhaintí Curtha i bhFeidhm***

**12.28** Ní dhearna an Roinn aon asbhaintí ar íocaíochtaí aonadacha i leith aon cheann de na conarthaí roimh 2007. Léiríonn Fíor 12.3 na hasbhaintí a chuir an Roinn i bhfeidhm ó 2007.

**Fíor 12.3 Asbhaintí curtha i bhfeidhm ar mhuirir aonadacha tionscadail go deireadh 2012**

| | Beartán scoileanna píolótacha | Beartán céad scoileanna | Beartán dara scoileanna | An Coláiste Náisiúnta Muirí | Scoil Cheoil Chorcaí |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **2007** | 35 | | | — | — |
| **2008** | — | | | — | — |
| **2009** | — | | | — | — |
| **2010** | — | 57 | | — | — |
| **2011** | — | 695 | — | — | — |
| **2012** | 15 | 67 | 153 | — | — |

Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna

Nóta: ▭ Léiríonn nach raibh scoileanna infheidhme.

**12.29** Go dtí deireadh 2012, b'ionann na hasbhaintí go léir i leith gach tionscadail CPP is infheidhme agus beagán thar €1 milliún, a léirigh thart ar 0.3% den chaiteachas carnach. Bhain na hasbhaintí le do-infhaighteacht agus saincheisteanna feidhmíochta seirbhíse tar éis áitíochta. Tá an Roinn tar éis a dhearbhú gur eascair asbhaintí in 2011 de thoradh, den chuid is mó, teipe ar ghnó an phríomhthógálaí (Pierse Contracting Teo) díreach roimh do na scoileanna teacht chun a bheith infheidhme, rud a d'fhág nach raibh fáil ar roinnt seirbhísí.

## Tagarmharcáil agus Tástáil Mhargaidh

**12.30** Úsáidtear próisis tagarmharcála agus tástála margaidh i gconarthaí CPP chun a chinntiú go leanann an t-údarás urraíochta ag fáil luach ar airgead i leith seirbhísí conarthacha a chuirtear ar fáil thar shaolré an chonartha. Féadfaidh an comhpháirtí poiblí nó príobháideach na próisis tástála a fhorfheidhmiú.

**12.31** Bíonn an tástáil dírithe go príomha ar na seirbhísí a chuireann an chuideachta bainistithe áiseanna ar fáil. Féadfaidh seirbhísí lónadóireachta, glantacháin, slándála agus bainistiú dramhaíola a bheith san áireamh sna seirbhísí seo a dtugtar seirbhísí boga orthu go coitianta.

**12.32** Is éard is tagarmharcáil ann ná an próiseas ina chuireann an chuideachta CPP a muirir féin (nó muirir a fochonraitheoirí) do sholáthar seirbhísí i gcomparáid leis an bpraghas margaidh reatha de sheirbhísí coibhéiseacha. Má bhíonn muirir na cuideachta CPP níos airde ná na praghsanna tagarmharcála, faigheann an comhlacht poiblí laghdú ar an muirear aonadach. Féadfaidh méadú ar an muirear aonadach a bheith mar thoradh ar an bpróiseas tagarmharcála nuair a bhíonn muirir na cuideachta CPP níos ísle ná leibhéal phraghas an mhargaidh reatha.[1]

**12.33** Sa chás nach n-aontaíonn comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha ar thoradh phróisis tagarmharcála, ceadaíonn conarthaí CPP de ghnáth go ndéanfadh na páirtithe cleachtadh tástála margaidh.

**12.34** Is éard a bhíonn i gceist le tástáil mhargaidh ná atairiscint a dhéanann an chuideachta CPP ar na seirbhísí ábhartha le tástáil a dhéanamh ar luach ar airgead seirbhísí reatha in aghaidh soláthraithe margaidh iomaíocha. Ba chóir go léireofaí aon mhéadú nó laghdú ar chostas seirbhísí dá leithéid tar éis tástála margaidh, i gcoigeartú ar an muirear aonadach iníoctha ag an údarás urraíochta.

**12.35** I ngach ceann de chúig chonradh oideachasúla CPP bíonn roghanna tagarmharcála agus tástála margaidh ar fáil sa chúigiú bliain den chéim infheidhme agus gach cúig bliana dá éis. Dá thoradh seo bhí dhá dheis ag an Roinn an acmhainn go ndéanfaí coigilteas trí thagarmharcáil maidir le beartán na scoileanna píolótacha, agus deis amháin maidir le gach ceann de thionscadail CIT, a bhreithniú.

**12.36** D'aimsigh an t-imscrúdú fianaise go ndearna an Roinn breithniú féachaint ar chóir na forálacha tagarmharcála a agairt, de réir mar a d'eascair deiseanna faoi gach ceann de na conarthaí, ach gur shocraigh sí gan é a dhéanamh i ngach cás. Ach ní raibh aon fhianaise faisnéise ann, áfach, faoi aon anailís mhionsonraithe a thacaigh leis na cinntí sin. Bheadh ar anailís dá leithéid costais mhargaidh reatha do sheirbhísí comhchosúla a aithint agus iad a chur i gcomparáid leis na muirir do na seirbhísí a chuir an chuideachta CPP ar fáil.

## Ioncam Tríú Páirtí

**12.37** I ngach ceann den chúig thionscadal, féadfaidh páirtithe an Stáit sna conarthaí faoi seach ioncam a fháil ó úsáid, lónadóireacht nó díol tríú páirtí faoi fhorálacha an chonartha.

**12.38** IN 2012, fuair CIT ioncam arbh ionann é agus €44,000 in iomlán maidir le Scoil Cheoil Chorcaí. Ba é seo an t-íosioncam a bhféadfadh CIT a fháil toisc gurb é an leibhéal íocaíochta ráthaithe a leagadh amach sa chonradh. Fuair CIT €20,100 freisin mar a scar ráthaithe siúd d'úsáid tríú páirtí i leith an Choláiste Náisiúnta Muirí.

**12.39** D'fhoráil an conradh CPP don Choláiste Náisiúnta Muirí ioncam bliantúil ráthaithe eile a bhfaigheadh CIT ón gcuideachta CPP maidir le seirbhísí lónadóireachta agus díolmheaisíní, beag beann ar an leibhéal iarbhír a ghinfí. Ba é €9,000, i gcéad bhliain an chonartha, an leibhéal ioncaim bhliantúil ráthaithe (faoi réir ag innéacsú) a sonraíodh sa chomhaontú tionscadail, a d'ardaigh i gcéimeanna go dtí €15,000 i gcúigiú bliain an chonartha agus é go seasta ag an leibhéal sin uaidh sin amach.

1 Sonraíonn na comhaontuithe tionscadail aonair an ghluaiseacht chéatadánach ábhartha i gcostais na cuideachta CPP a spreagfadh athrú praghais ar an muirear aonadach.

**12.40** Ag deireadh 2008, sheirbheáil an chuideachta CPP fógra ar an CIT ag agairt na bhforálacha tagarmharcála faoin gconradh maidir leis na seirbhísí lónadóireachta agus díolmheaisíní, toisc gur thosaigh an chuideachta CPP ag cailliúint airgid leis na seirbhísí seo a chur ar fáil. I 2009, tháinig an Roinn agus an chuideachta CPP ar chomhaontú go dtarraingeodh an chuideachta CPP a hiarratas le tagarmharcáil a dhéanamh ar na seirbhísí lónadóireachta siar mar mhalairt ar scor den ghné sin de na híocaíochtaí ráthaithe chuig CIT.

## Conclúidí agus Moltaí

### *Socruithe Bainistíochta Conartha*

**12.41** Cuireann comhaontuithe tionscadail atá casta agus mionsonraithe taca faoi chonarthaí CPP. Leis na conarthaí a bhainistiú go héifeachtach, ní mór don fhoireann atá freagrach forálacha an chonartha a thuiscint go hiomlán, lena n-áirítear sonraíochtaí aschuir agus meicníochtaí íocaíochta. Teastaíonn scileanna airgeadais agus teicniúla freisin.

**12.42** Laistigh den NDFA tá foireann ildisciplíneach freagrach as bainistíocht conartha na mbeartán scoileanna. Ar na sraitheanna scileanna atá ar fáil áirítear anailís airgeadais, bainistiú tionscadail agus innealtóireacht. Chruthaigh na seirbhísí bainistithe conartha a chuir an NDFA ar fáil i leith na mbeartán scoile ó Dheireadh Fómhair 2012, go bhfuil siad éifeachtach.

**12.43** Tá scileanna agus taithí suntasach ag CIT freisin maidir le bainistiú conarthaí CPP. Ach tá baol ann ró-iontaoibh a bheith as an duine aonair, sa mhéid is go bhfuil cuid mhaith de chumas CIT sa réimse seo dílsithe sa bhainisteoir conartha don dá thionscadal CIT.

**12.44** Deir Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne gur léirigh an ghluaiseacht i rith 2012 chun freagracht as bainistiú conarthaí scoile CPP a bhí ann cheana a dhílsiú leis an NDFA, athrú suntasach i gcur chuige na Roinne. Thug sé le fios go bhfuil sé i gceist ag an Roinn tuilleadh leasa a bhaint as saineolas NDFA trí shocruithe bainistithe conartha do scoileanna CPP amach anseo a sheachfhoinsiú. Tá an Roinn tiomanta freisin iniúchadh a dhéanamh ar an gcumas do rannpháirtíocht bhreise NDFA i mbainistíocht conartha do na tionscadail CIT.

### *Innéacsú Íocaíochta*

**12.45** D'aithin an NDFA earráidí sna ríomhanna innéacsaithe a chuir na cuideachtaí CPP faoi seach isteach in 2012 i leith tionscadal an Choláiste Náisiúnta Muirí agus Scoil Cheoil Chorcaí.

> **Moladh 12.1:** Ba chóir gach ríomh innéacsaithe bliantúil todhchaí a chuireann cuideachtaí CPP isteach a chur ar aghaidh chuig an NDFA le haghaidh athbhreithnithe.
>
> **Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Aontaithe. Tá an moladh seo á chur i bhfeidhm cheana féin. Tá socruithe ann go ndéanfaidh an NDFA athbhreithniú ar ríomhanna innéacsaithe.

**Moladh 12.2:** I bhfianaise na n-earráidí a d'aithin an NDFA i leith ríomhanna innéacsaithe do 2012, ba chóir don Roinn í féin a shásamh go raibh na ríomhanna do bhlianta roimhe sin ceart agus nach ndearnadh aon ró-íocaíochtaí.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Aontaithe. Coinneoidh an Roinn leis an gceist go ndéanfaidh an NDFA tuilleadh seiceálacha samplacha don tréimhse roimh 2012 i leith na scoileanna píolótacha agus na gcoláistí tríú leibhéal d'fhonn cruinneas na seiceálacha inmheánacha a rinneadh roimhe sin a fhíorú.

### *Monatóireacht ar Fheidhmíocht Seirbhíse*

**12.46** Cuireann aiseolas ó scoileanna ar shaincheisteanna feidhmíochta seirbhíse eolas tábhachtach ar fáil ar cé acu an bhfuil seirbhísí conarthacha á bhfáil nó nach bhfuil. Tugadh roinnt cásanna ar aird in 2012 áit nár fhreagair scoileanna d'iarratas ón NDFA chun a dheimhniú go raibh na tuairiscí feidhmíochta míosúla a d'ullmhaigh cuideachtaí CPP iomlán agus cruinn.

**Moladh 12.3:** Ba chóir don Roinn a chur i gcuimhne d'fhoireann scoileanna atá freagrach as seachadadh seirbhíse monatóireachta an tábhacht a bhaineann le haiseolas foirmiúil a chur ar fáil ar na tuairiscí monatóireachta feidhmíochta míosúla chun a chinntiú go bhfuil seirbhísí conarthacha á seachadadh agus go bhfuil na hasbhaintí á gcur i bhfeidhm nuair is cuí.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Aontaithe. Coinneoidh an Roinn uirthi ag cinntiú go bhfuil córais láidre agus éifeachtacha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht seirbhíse agus ag cur in iúl arís do na scoileanna atá i gceist an tábhacht a bhaineann le dearbhú foirmiúil a chur ar fáil faoi chruinneas agus iomláine na dtuairiscí feidhmíochta míosúla.

### *Tagarmharcáil agus Tástáil Mhargaidh*

**12.47** Tugann forálacha tagarmharcála i gconarthaí CPP deis tástáil a dhéanamh go tráthrialta féachaint an bhfuil an praghas a íoctar ar sheirbhísí conartha iomaíoch i gcónaí. San am atá caite ní dhearna an Roinn é seo. De thoradh cleachtaidh tagarmharcála a d'iarr an tSeirbhís Chúirteanna in 2011 laghdaíodh costais seirbhísí áirithe de 8% sa choimpléasc ag na Cúirteanna Coiriúla.

**Moladh 12.4:** De réir mar a eascraíonn deiseanna sa todhchaí ba chóir don Roinn a bhreithniú an bhféadfaí coigilteas a sheachadadh go hionchasach trí thagarmharcáil agus trí thástáil mhargaidh agus ba chóir dí na cúiseanna is bun le dul chun cinn, nó gan dul, mar is cuí, a dhoiciméadú.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Aontaithe. Tá fhios ag an Roinn go rímhaith go bhfuil rogha tagarmharcála ann agus coinneoidh sí an rogha faoi athbhreithniú agus déanfaidh sí na cúiseanna atá lena cinntí a dhoiciméadú.

## Iarscríbhinn A Scoileanna san áireamh faoi Chonarthaí CPP

| Ainm an chonartha/na scoile CPP | Láthair | Contae | Dáta tosaithe na Seirbhíse |
|---|---|---|---|
| **Beartán na scoileanna píolótacha** | | | |
| 1. Pobalscoil Bhaile an Chollaigh | Baile an Chollaigh | Corcaigh | Samhain 2002 |
| 2. Coláiste Learga | Cluain Eois | Muineachán | Nollaig 2002 |
| 3. Coláiste Pobail Maria Immaculata | Dún Mánmhaí | Corcaigh | Samhain 2002 |
| 4. Pobalscoil Naomh Attracta | Tobar an Choire | Sligeach | Samhain 2002 |
| 5. Pobalscoil Naomh Caimin | An tSionainn | An Clár | Samhain 2002 |
| **Beartán céad scoileanna** | | | |
| 1. Pobalscoil Gallen | An Féar Bán | Uíbh Fhailí | Deireadh Fómhair 2010 |
| 2. Scoil Mhuire CBS | Port Laoise | Laois | Lúnasa 2010 |
| 3. Scoil Chríost Rí | Port Laoise | Laois | Iúil 2010 |
| 4. Coláiste Bheannchar | Beannchar | Uíbh Fhailí | Deireadh Fómhair 2010 |
| **Beartán dara scoileanna** | | | |
| 1. Gaelscoil Bheanntraí[a] | Beanntraí | Corcaigh | Iúil 2011 |
| 2. Coláiste Pobail Bheanntraí | Beanntraí | Corcaigh | Deireadh Fómhair 2011 |
| 3. Pobalscoil Bhaile Chill Dara | Cill Dara | Cill Dara | Deireadh Fómhair 2011 |
| 4. Coláiste Pobail Mhainistir na Féile | Mainistir na Féile | Luimneach | Lúnasa 2011 |
| 5. Pobalscoil Bhaile Átha Buí | Baile Átha Buí | An Mhí | Deireadh Fómhair 2011 |
| 6. Coláiste Pobail Bhaile Chill Mhantáin | Cill Mhantáin | Cill Mhantáin | Meán Fómhair 2011 |

Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna, NDFA

Nóta: a Bunscoil. Is iar-bhunscoileanna an chuid eile.

# 13 Cúnamh Forbartha Oifigiúil

**13.1** Is éard atá i gcúnamh forbartha oifigiúil (ODA) aistriú acmhainní ó ghníomhaireachtaí Stáit – in airgead nó i bhfoirm tráchtearraí nó seirbhísí nó comhoibrithe teicniúil – chuig tíortha nó críocha atá i mbéal forbartha nó chuig gníomhaireachtaí forbartha iltaobhacha.[1]

**13.2** Is éard atá i gCúnamh Éireann ná clár an Rialtais d'fhorbairt thar lear. Déanann an Rannán Comhoibrithe Forbartha den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála an clár a riaradh.


**13.3** Is é cuspóir na tuarascála seo gach sreabhadh ODA a chur i láthair in aon ráiteas amháin agus cuntas gearr a thabhairt ar na córais rialaithe atá ann i leith comhábhar móra cláir Chúnamh Éireann.

**13.4** Tá Aonad Luachála agus Iniúchta ag an Roinn a bhfuil d'aidhm aige deimhniú a sholáthar go n-úsáidtear cistí poiblí a riarann an Roinn dá gcuspóirí ceaptha agus go mbaintear luach ar airgead amach. Clúdaíonn obair an Aonaid príomhghníomhaíochtaí na Roinne, a bhfuil cuntas tugtha dó faoi Vóta 28: Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus an cúnamh forbartha a bhfuil cuntas tugtha dó faoi Vóta 27: Comhar Idirnáisiúnta.[1] Agus méid coibhneasta na mbuiséad á chur san áireamh agus nádúr na gclár caiteachais, díríonn an tAonad go háirithe ar oibríochtaí Chúnamh Éireann a mhaoinítear faoi Vóta 27.[2]

## Aistrithe Chúnamh Forbartha Oifigiúil

**13.5** B'ionann ODA na hÉireann agus €629 milliún in 2012. Áiríodh anseo cionroinnt €70 milliún de bhuiséad ODA an EU, arbh ionann é agus 11% den iomlán. Léiríonn Fíor 13.1 an treocht i leibhéal ODA na hÉireann ó 2000.

**Fíor 13.1 Cúnamh forbartha oifigiúil na hÉireann, 2000 go 2012**





Foinse: Tuarascálacha Bliantúla Chúnamh Éireann; An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

1 Ní cháilíonn aistrithe le bheith san áireamh i meastacháin ODA ach nuair a bhíonn siad dírithe i dtreo cur chun cinn forbartha eacnamaíochta agus leasa tíortha i mbéal forbartha.

2 B'ionann an t-ollchaiteachas iomlán do Vóta 27: Comhar Idirnaisiúnta agus Vóta 28:Gnóthaí Eachtracha agus Trádála in 2012 agus €509 milliún agus €208 milliún faoi seach.

**Fíor 13.2 Cúnamh forbartha oifigiúil na hÉireann i gcoibhneas le GNP, 2000 go 2012**




Foinse: Tuarascálacha Bliantúla Chúnamh Éireann; An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

**13.6** Tá sprioc leagtha síos ag na Náisiúin Aontaithe (UN) go ndéanfaidh tíortha forbartha ODA suim is comhionann le 0.7% dá n-olltáirgeacht náisiúnta (GNP) a ranníoc gach bliain.[1] In 2005, leag Comhairle EU cuspóir síos do Bhallstáit an spriocleibhéal de 0.7% a bhaint amach faoi 2015.[2]

**13.7** Bhí ranníocaíocht ODA na hÉireann in 2012, ag 0.47% den Olltáirgeacht Náisiúnta (GNP), ar an 7ú ceann ab airde i measc tíortha OECD.[3] Mar a léiríonn Fíor 13.2, mhéadaigh ODA na hÉireann ó 0.3% de GNP in 2000 go huasphointe 0.59% in 2008, roimh thitim siar go dtí a leibhéal reatha de 0.47%.

**13.8** Ní dheachaigh ach cúig thír is bronntóirí thar sprioc na Náisiún Aontaithe in 2012: Lucsamburg (1%), an tSualainn (1%), an Iorua (1%), an Danmhairg (0.8%) agus an Ísiltír (0.7%).[4] Shroich Lucsamburg an spriocleibhéal in 2000 den chéad uair agus tá sé á bhaint amach gach bliain ó shin. Tá an spriocleibhéal á bhaint amach go leanúnach ag na ceithre thír eile ó na 1970idí.

**13.9** Tugann beartas nua na hÉireann ar fhorbairt idirnáisiúnta, a seoladh i mBealtaine 2013, an fhís, na spriocanna agus na tosaíochtaí do chlár cúnaimh na hÉireann thar na ceithre bliana atá romhainn amach.[5] Déanann an beartas athnuachan ar thiomantas an Rialtais don sprioc de 0.7% GNI a bhaint amach. Mar aitheantas ar an gcor eacnamaíochta in Éirinn deir sé gurb í an aidhm ghearrthéarmach ODA a choinneáil ag na leibhéil reatha agus gluaiseacht i dtreo na sprice de 0.7% nuair a thagann feabhas ar an eacnamaíocht.

**13.10** Cuirtear cúnamh ar fáil do thíortha atá i mbéal forbartha go díreach trí chaidreamh déthaobhach leis na tíortha iad féin nó go hindíreach trí chistí comhthiomsaithe á mbainistiú ag eagraíochtaí cúnaimh idirnáisiúnta (cúnamh iltaobhach). Gan costais riaracháin san áireamh cuirtear thart ar dhá thrian de ODA na hÉireann ar fáil trí chláir chomhair dhéthaobhacha, agus is ranníocaíochtaí ginearálta an chuid atá fanta do chostas na hoibre forbraíochta a dhéanann raon d'eagraíochtaí iltaobhacha,

**13.11** Léiríonn Fíor 13.3 forléargas ar mhórghnéithe ODA na hÉireann in 2012, ag díriú ar na cláir a maoiníodh go hiomlán nó i bpáirt faoin Vóta 27. Tugann Iarscríbhinn A cur síos ar na príomhchláir faoinar cuireadh ODA ar fáil in 2012.

1 Rún 2626 (XXV) ó Chomhthionól UN 24 Deireadh Fómhair 1970.


2 Cruinniú Uimh, 2660 de Chomhairle an Aontais Eorpaigh, an Chomhairle um Chaidreamh Eachtrach, an Bhruiséil, 24 Bealtaine 2005. Ní bhaineann an cuspóir le ballstáit a ghabh isteach ó 2002.

3 Tuairiscíonn Cúnamh Éireann ODA mar chéatadán de GNP seachas GNI. Deir láithreán gréasáin Eurostat na gCoimisinéirí Eorpacha go bhfuil GNI agus GNP comhionann go coincheapúil cé go ndéantar iad a ríomh ar bhealaí éagsúla.

4 OECD, glanChúnamh Forbartha Oifigiúil (réamhshonraí do 2012), Aibreán 2013.

5 One World, One Future: Ireland's Policy for International Development, Bealtaine 2013.

**Fíor 13.3 Forléargas ar ODA na hÉireann in 2012**




Nóta: a Tugadh tíortha cláir ar phríomhthíortha comhpháirtíochta roimhe seo

## Creat Rialaithe

**13.12** Agus na rioscaí bunúsacha calaoise agus éillithe bainteach le seachadadh cúnaimh fhorbartha á gcur san áireamh, teastaíonn córas daingean rialaithe le dearbhú a chur ar fáil do cháiníocóirí na hÉireann go bhfuil a gceannscríbe ceaptha bainte amach ag cistí, go n-úsáidtear iad don chuspóir atá beartaithe agus go bhfuil an tionchar inmhianaithe acu i dtíortha agus i bpobail spriocdhírithe.

**13.13** De bharr leithid chláir ODA agus éagsúlacht na socruithe maoinithe atá ann, athraíonn nádúr agus méid na rialúchán atá iomchuí idir bearta aonair. Go ginearálta feidhmítear rialúcháin ag trí leibhéal

- Déantar measúnú ex-ante ag céim phleanála tionscnamh maoinithe nua le bonn eolais a chur faoi chinntí ar an bhformáid is iomchuí den idirghabháil agus den chainéal maoinithe trína ndéanfar ODA a sheachadadh.
- Díríonn obair iniúchta ar iomchuibheas na gcóras bainistithe airgeadais agus cuntasaíochta eagraíochtaí comhpháirtithe agus cuireann roimhe dearbhú a chur ar fáil gur úsáideadh an maoiniú go léir dá gcuspóirí beartaithe.[1]
- Déanann luachálacha measúnú ar dhearadh, ar fheidhmiú agus ar thorthaí tionscadal chun a n-éifeachtúlacht, a n-éifeachtacht, a dtionchar agus a n-inbhuanaitheacht a chinneadh.

**13.14** Is gné thábhachtach den chóras rialaithe eolas a roinnt le bronntóirí eile, rud a chuireann ar chumas na Roinne rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithint. Ar bhearta comhoibrithe áirítear cruinnithe rialta idir ambasadóirí agus oifigigh eile de chuid na hambasáide, mar aon le cruinnithe faisnéise leis an mBanc Domhanda agus leis an gCiste Airgeadais Idirnáisiúnta.

### *Cúnamh Iltaobhach*

**13.15** Is éard a bhíonn i gceist le cláir chúnaimh iltaobhacha de ghnáth ná feidhmiú linn cistí ó iltíortha is bronntóirí chun críocha forbartha. Dá thoradh bíonn sé deacair an maoiniú a chuireann Éire ar fáil a scaradh amach agus iniúchadh ex-post a dhéanamh orthu. Dá bharr sin, bítear ag brath ar na socruithe iniúchta atá ann cheana d'eagraíochtaí cúnaimh idirnáisiúnta.[2]

**13.16** Tá a n-aonaid mheasúnaithe agus a mboird bhainistíochta féin ag eagraíochtaí iltaobhacha, trína seachadtar ODA na hÉireann, a reáchtálann athbhreithnithe rialta ar gach gné dá n-oibríochtaí. Bíonn teacht ag Cúnamh Éireann ar thuarascálacha na measúnuithe uile a dhéantar agus tá chuid mhór acu ar fáil go poiblí.

**13.17** Chomh maith leis seo is ball í Éire den Líonra Measúnaithe Feidhmíochta d'Eagraíochtaí Iltaobhacha, ar ghrúpa de 17 bronntóir é a bhfuil suim comhleasa acu in éifeachtacht mhóreagraíochtaí iltaobhacha a mheasúnú.

**13.18** Rinneadh measúnuithe thar ceann an Líonra i rith 2012 i leith líon de chláir UN – an Comhaontas Domhanda um Vacsaíní agus um Imdhíonadh, Banc Forbartha na hAfraice agus an Banc Domhanda. Ar na measúnuithe atá beartaithe do 2013 áirítear Clár Bia an UN, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus Banc Forbartha na hÁise.

1 Is eagraíochtaí comhpháirtithe iad na comhlachtaí idirmheánacha trína seachadtar maoiniú Chúnamh Éireann chuig na tíortha i mbéal forbartha.


2 Seachadtar móramh an mhaoinithe iltaobhaigh ó Éirinn trí eagraíochtaí UN nó EU.

### *Cúnamh Déthaobhach*

**13.19** Is ionann cúnamh a chuirtear ar fáil do phríomhthíortha comhpháirtithe de réir na bpáipéar straitéise tíre ilbhliantúla aontaithe (CSPanna) agus thart ar 40% de ODA déthaobhach.[1] Leagann Fíor 13.4 amach an córas iniúchta agus measúnaithe atá ann i leith maoinithe a chuirtear ar fáil do phríomhthíortha comhpháirtithe.

**13.20** Do chineálacha eile cúnaimh déthaobhaigh, déantar na socruithe measúnaithe agus iniúchta a fhoráil de ghnáth sna comhaontuithe maoinithe le heagraíochtaí compháirtithe agus bíonn cur isteach tuarascálacha iniúchta bliantúla ullmhaithe ag comhlachtaí neamhspleácha i gceist, ar a laghad.

**Fíor 13.4 Réimeas iniúchta agus measúnaithe do phríomhthíortha comhpháirtithe**




1 Leagann páipéir straitéise tíre amach na straitéisí, cuspóirí agus torthaí ionchasacha ó rannpháirtíocht forbartha i dtíortha aonair thar thréimhse chúig bliana.

*Dearbhú Ex-ante*

**13.21** Go luath in 2011, chuir an Roinn beartas nua i bhfeidhm chun measúnuithe bainistithe airgeadais ex-ante a dhéanamh agus breithniú á dhéanamh ar chóir ODA a sheachadadh trí chórais rialtais i bpríomhthíortha comhpháirtithe. Clúdaíonn na measúnuithe gach gné den chóras bainistithe airgeadais phoiblí, lena n-áirítear cuntasaíocht, iniúchadh, tuairisciú agus maoirseacht pharlaiminteach. Leagtar béim ar leith ar stádas, neamhspleáchas agus acmhainneacht na hoifige iniúchta náisiúnta a mheasúnú.

**13.22** Is éard atá sa bheartas ná dhá mheasúnú ar bhainistíocht airgeadais phoiblí a dhéanamh maidir le gach CSP. Déantar an chéad mheasúnú le linn na céime pleanála agus an straitéis á forbairt. Déantar measúnú leantach thart ar lárphointe an phlean cúig bliana. Faoi Dheireadh Fómhair 2012, bhí measúnuithe bainistithe airgeadais phoiblí tosaigh tugtha chun críche i leith gach príomhthíre comhpháirtithe de chuid Cúnamh Éireann, seachas Uganda.

**13.23** Sa chás go bhfuil sé beartaithe ODA a sheachadadh trí NGOanna, eagraíochtaí iltaobhacha nó comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, díríonn measúnú ex-ante ar neart chóras rialaithe inmheánaigh na n-eagraíochtaí compháirtithe ionchasacha.

*Dearbhú Iniúchta*

**13.24** B'ionann caiteachas i dtíortha an chláir, lena n-áirítear costais bhainistíochta agus riaracháin, agus €198 milliún in 2010, arbh í an bhliain is deireanaí a bhfuil an clár iniúchta ina leith tugtha chun críche go substaintiúil.[1] Is ionann leibhéal an dearbhaithe iniúchta a baineadh amach go dtí seo i leith caiteachais 2010 agus thart ar 94% - tugann Fíor 13.5 imlíne ar fhoinse an dearbhaithe sin.

1 Áirítear sa chaiteachas seo beagán thar €4 milliún i leith na hAfraice Theas. Cé nach ceann de phríomhthíortha comhpháirtithe Chúnamh Éireann í tá páipéar straitéise tíre ilbhliantúil aontaithe ann san Afraic Theas agus tá na socruithe bainistithe cláir comhchosúil leo siúd do phríomhthíortha comhpháirtithe.

**Fíor 13.5 Foinse dearbhaithe iniúchta do chaiteachas príomhthíre comhpháirtíochta 2010**[a]

| Príomhthír comhpháirt-íochta | Tuairiscí NAO[b] | Coimisiúnaithe ó chuideachtaí iniúchta gairmiúla[c] | Iniúchtaí inmheánacha ón Aonad Iniúchta & Measúnaithe | Iomlán an chaiteachais iniúchta |
|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m |
| Mósaimbíc | 11.2 | 26.3 | — | 37.5 |
| Uganda | 16.7 | 17.9 | — | 34.6 |
| An Tansáin | 26.5 | 4.6 | — | 31.1 |
| An Aetóip | 18.4 | 7.5 | — | 25.9 |
| An tSaimbia | 12.6 | 4.6 | 0.1 | 17.3 |
| Vítneam | 7.0 | 6.3 | — | 13.3 |
| Leosóta | 0.3 | 9.8 | 0.2 | 10.3 |
| An Mhaláiv | 2.1 | 6.1 | — | 8.2 |
| An Afraic Theas | — | 4.0 | — | 4.0 |
| Tíomór Thoir | — | 3.3 | — | 3.3 |
| **Iomlán** | **94.8** | **90.4** | **0.3** | **185.5** |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Nótaí:
a Tá árachas suas go deireadh Aibreáin 2013 i gceist sa bhfigiúr seo.
b Tuairiscí na n-oifigí iniúchta náisiúnta i dtíortha cláir.
c Áirítear sa chatagóir seo tuarascálacha coimisiúnaithe ag Cúnamh Éireann, eagraíochtaí comhpháirtithe nó comhbhronntóirí i dtionscadal áirithe.

**13.25** Nuair a sheachadtar cúnamh via rialtais i dtíortha comhpháirtithe baineann dearbhú de ghnáth le hiniúchtaí ar chomhlachtaí poiblí a dhéanann oifig iniúchta náisiúnta na tíre mar chuid dá clár deimhnithe bliantúil. Scrúdaíonn an Roinn na tuarascálacha iniúchta leis na saincheisteanna atá bainteach le ODA na hÉireann a aithint, rud ar féidir leis a bheith deacair toisc go bhféadfadh go mbeadh cúnamh maoinithe na hÉireann bainteach le cuid amháin de chlár an chomhlachta, agus d'fhéadfadh go mbeadh na tuarascálacha iniúchta éagsúil ó thaobh ábhair agus cur chuige. Chomh maith leis sin, cé go bhféadfadh go mbeadh na tuarascálacha iniúchta cáilithe i dtéarmaí tuairime iniúchta foriomláine, d'fhéadfadh go mbeadh na cúiseanna a bhaineann leis an gcáiliú éagsúil agus iad bunaithe ar shaincheisteanna nach bhfuil bainteach le cláir atá maoinithe ag Cúnamh Éireann.

**13.26** Bíonn an claonadh ag tuarascálacha a choimisiúnaítear ó chuideachtaí gairmiúla a bheith níos dírithe ar thionscadail ar leith nó ar chláir mhaoinithe a dtacaíonn Cúnamh Éireann leo. Dá thoradh, bíonn léamh na dtorthaí iniúchta agus na dtuairimí sna tuarascálacha seo níos dírí.

**13.27** Tugann Fíor 13.6 anailís ar na tuairimí iniúchta a léirítear in iniúchtaí déanta ag cuideachtaí iniúchta gairmiúla maidir le caiteachas 2010.

**Fíor 13.6 Iniúchtaí ag cuideachtaí gairmiúla ar chaiteachas príomhthíre comhpháirtithe 2010**

| Príomhthír comhpháirtithe | Iomlán an chaiteachais a iniúchadh | Tuairim Iniúchta | |
|---|---|---|---|
| | | Neamhchoinníollach | Coinníollach |
| | €m | | |
| Mósaimbíc | 26.3 | 99% | 1% |
| Uganda | 17.9 | 99% | 1% |
| Leosóta | 9.8 | 100% | — |
| An Aetóip | 7.5 | 100% | — |
| Vítneam | 6.3 | 100% | — |
| An Mhaláiv | 6.1 | 100% | — |
| An tSaimbia | 4.6 | 100% | — |
| An Tansáin | 4.6 | 98% | 2% |
| An Afraic Theas | 4.0 | 98% | 2% |
| Tíomór Thoir | 3.3 | 100% | — |
| **Iomlán** | **90.4** | | |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

**13.28** Deir an Roinn go raibh an claonadh ag cáilíochtaí i dtuarascálacha ó chuideachtaí iniúchta gairmiúla bheith bainteach le saincheisteanna córais, easpa doimicéadaithe nó mainneachtain coinníollacha deontais a chomhlíonadh go hiomlán.

### *Iniúchtaí Inmheánacha ag an Aonad Iniúchta agus Measúnaithe*

**13.29** Fostaíonn an Roinn iniúchóir inmheánach atá cáilithe go gairmiúil in ambasáidí gach ceann de na príomhthíortha comhpháirtithe. Tuairiscíonn na hiniúchóirí inmheánacha go díreach chuig cinn mhisin agus go dtí an tAonad Iniúchta agus Measúnaithe. Is é príomhról na n-iniúchóirí inmheánacha a chinntiú go bhfuil córais rialaithe inmheánacha iomchuí ann agus go bhfuiltear ag cloí leo.

**13.30** Anuas ar roinnt oibre dearbhaithe a dhéanamh iad féin, tá siad freagrach as tuairiscí iniúchta a fhaightear ó fhoinsí eile a scrúdú agus obair leantach a dhéanamh ar na saincheisteanna atá ábhartha do Chúnamh Éireann. Is gné thábhachtach den obair seo rannpháirtíocht le hoifig iniúchta náisiúnta na tíre atá i mbéal forbartha. I bhformhór na bpríomhthíortha comhpháirtithe, is baill de mheitheal oibre iad iniúchóirí inmheánacha, in éineacht le bronntóirí eile agus le hoifigigh rialtais áitiúil, iad i mbun monatóireachta ar leasuithe bainistithe poiblí.

**13.31** Ullmhaíonn iniúchóirí inmheánacha tuarascálacha ráithiúla a fhaomhann an Ceann Misin agus a chuirtear faoi bhráid an Aonaid Iniúchta agus Measúnaithe ansin. Cuireann na tuarascálacha nuashonrú ar fáil ar an gclúdach iniúchta atá bainte amach agus díríonn aird ar shaincheisteanna a aithníodh sna tuarascálacha iniúchta a fuarthas i rith na ráithe. I gcás go n-aithníonn iniúchóirí inmheánacha saincheisteanna tábhachtacha nó go ndírítear a n-aird orthu, tá siad seo le cur in iúl láithreach don Cheann Misin agus don Aonad Iniúchta agus Measúnaithe. Dúirt an Roinn go ndéanann an tAonad Iniúchta agus Measúnaithe anailís ar na rioscaí a aithníodh i dtuairiscí iniúchta agus go bhféadfadh go ndéanfadh sé tuilleadh oibre iniúchta é féin i leith scéimeanna maoinithe áirithe.

*Measúnú*

**13.32** Is é polasaí an Aonaid Iniúchta agus Measúnaithe measúnú a dhéanamh sa bhliain dheiridh de gach CSP cúig bliana do phríomhthíortha comhpháirtithe. Chomh maith le measúnú a dhéanamh ar na torthaí a baineadh amach ó infheistíocht cistí, tá sé d'aidhm ag measúnuithe ceachtanna a aithint ar féidir a chur i bhfeidhm i ndearadh pleananna sa todhchaí. Tugadh trí mheasúnú fhoirmiúla de chláir chúnaimh príomhthíortha comhpháirtithe chun críche in 2012

- CSP na hAetóipe (2008-2012)
- CSP Leosóta (2008-2012)
- CSP na hAfraice Theas (2008-2012).

## Calaois in Uganda

**13.33** An 19 Deireadh Fómhair 2012, thug an tArd-Iniúchóir in Uganda tuairisc faoi mhíleithreasú de €11.6 milliún de mhaoiniú bronntóra a bhí ceaptha don Phlean Forbartha, Téarnaimh agus Síochána (PRDP). Bhí ranníocaíocht de €4 milliún in iomlán déanta ag Cúnamh Éireann. Tháinig an t-iarmhéid de na cistí míleithreasaithe ón Iorua, ón tSualainn agus ón Danmhairg.

***Forléargas***

**13.34** Is clár athfhoirgníochta do Thuaisceart Uganda é an PRDP, á bhainistiú trí Oifig an Phríomh-Aire. Áirítear maoiniú don PRDP faoi CSP reatha Chúnamh Éireann do Uganda (2010-2014). B'ionann an buiséad iomlán don chéad chéim den PRDP agus €473 milliún, ar chuir Éire rannaíocht €7.25 milliún ina leith thar thréimhse dhá bhliana.

**13.35** Is éard a bhí i gceist sna socruithe maoinithe comhaontaithe don PRDP ná íocaíochtaí ó Chúnamh Éireann agus ó bhronntóirí eile á gcur isteach i gcuntas coinneála ainmnithe i mBanc Ceannais Uganda agus á n-aistriú isteach go pras ansin i gcuntas comhdhlúite Rialtas Uganda. Cuireadh íocaíocht de €3.25 milliún ó Chúnamh Éireann isteach sa chuntas coinneála ainmnithe i nDeireadh Fómhair 2010 agus aistríodh go pras é isteach i gcuntas comhdhlúite an Rialtais agus feidhmíodh é don PRDP mar a beartaíodh.

**13.36** Bhain an chalaois le íocaíocht de €4 milliún de chuid Cúnamh Éireann in Iúil 2011 a d'fhan i gcuntas coinneála an Bhainc Ceannais go dtí Nollaig 2011 nuair a aistríodh é go dtí cuntas a bhí díomhaoin roimhe sin faoi rialú Oifige an Phríomh-Aire. Rinneadh an t-airgead a aistarraingt ina dhiaidh sin ar bhealaí calaoiseacha éagsúla, lena n-áirítear aistrithe go dtí cuntais phearsanta, úsáid dearbhán bréige agus soláthraithe bréagacha agus brionnú sínithe.

**13.37** Tar éis foilsiú tuarascáil Ard-Iniúchóra Uganda, d'fhógair an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála go raibh maoiniú uile Chúnamh Éireann a seoladh trí Rialtas Uganda á chur ar fionraí. I Nollaig 2012, fuarthas €4 milliún ar ais ó Rialtas Uganda.

### *Éifeachtacht Rialúchán*

**13.38** Breithníonn an chuid seo éifeachtacht an chórais rialaithe a bhí i bhfeidhm ag an Roinn i leith Uganda ag an am a tharla an chalaois.

*Rialúcháin Ex-ante*

**13.39** Ní dhearna an Roinn measúnú bainistithe airgeadais phoiblí foirmiúil roimh an CSP reatha do Uganda (2010-2014), ó bhí tús curtha leis an CSP sular tugadh an tsamhail mheasúnaithe nua isteach. Ach dúirt an Roinn, áfach, gur breithníodh neart na gcóras a bhí ann ag an am ar glacadh leis an CSP. Chuir measúnuithe ar an gcóras bainistithe airgeadais phoiblí in Uganda a rinne gníomhaireachtaí idirnáisiúnta éagsúla thart ar an ama seo bonn eolais faoin mbreithniúchán seo.

**13.40** Thagair an Roinn go sonrach do mheasúnú riosca muiníneach a rinne Roinn um Fhorbairt Idirnáisiúnta na Ríocht Aontaithe agus roinnt measúnuithe Freagrachta Airgeadais agus Caiteachas Poiblí (PEFA) a raibh, a dúirt sé, torthaí a bhí dearfach go ginearálta iontu faoin gcóras bainistithe airgeadais phoiblí in Uganda.[1]

**13.41** Anuas air seo, bhí Éire agus bronntóirí eile, lena n-áirítear an EU agus an Banc Domhanda, ag déanamh monatóireachta ar roinnt táscairí feidhmíocht an Rialtais trí chomhphróiseas measúnaithe bliantúil. Ar cheann de chonclúidí an phróisis i Nollaig 2010 bhí gur shásaigh na rialúcháin bhuiséadacha a bhí ann in Uganda na bunchoinníollacha do dhea-bhainistíocht airgeadais phoiblí, lena n-áirítear trédhearcacht, cuntasacht agus éifeachtacht in úsáid acmhainní.

**13.42** Dúirt an Roinn go raibh dul chun cinn suntasach á dhéanamh ag an am chun neamhspleáchas Oifig an Ard-Iniúchóra in Uganda a chinntiú. Bhí sainchúram an Ard-Iniúchóra leagtha amach sa bhunreacht agus san Acht Iniúchta Náisiúnta 2008 freisin. Tá plean corparáideach ann ó 2006, agus é d'aidhm aige neamhspleáchas oibríochtúil agus airgeadais an Ard-Iniúchóra a chinntiú agus treoir beartais a chur ar fáil do phleananna oibríochtúla bliantúla.

**13.43** Tá Éire tar éis cúnamh airgeadais agus teicniúil a chur ar fáil d'Oifig an Ard-Iniúchóra in Uganda ó 2006 chun na scileanna agus an cumas a theastaíonn chun imscrúduithe casta a reáchtáil, a threisiú.

**13.44** In 2006, thosaigh Cúnamh Éireann ag tabhairt tacaíochta do na forais mhaoirseachta airgeadais in Uganda trí chlár cuntasaíochta agus bainistithe airgeadais. Sháraigh ranníocaíocht na hÉireann don chlár €7 milliún faoi dheireadh 2011, ar thacaigh thart ar €0.8 milliún de le cláir in Oifig an Ard-Iniúchóra. Shínigh an Roinn comhaontú le hOifig an Ard-Iniúchóra in Uganda le deireanaí chun €304,000 a chur ar fáil mar thacaíocht dhíreach i dtreo bunú stiúrthóireachta iniúchta fóiréinsigh.

**13.45** Chomh maith leis sin cuireann Cúnamh Éireann maoiniú ar fáil don Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta (INTOSAI) chun tacú le bearta treisithe cumais d'oifigí iniúchta náisiúnta i dtíortha i mbéal forbartha. Tá Oifig an Ard-Iniúchóra in Uganda ar cheann de thairbhithe tacaíochta trí INTOSAI.

1 Is comhpháirtíocht an clár PEFA idir roinnt gníomhaireachtaí bronntóra agus forais airgeadais idirnáisiúnta, faoina ndéantar measúnuithe ar staid chaiteachais phoiblí, soláthair agus córais chuntasaíochta airgeadais i dtíortha i mbéal forbartha

*Tuarascálacha Iniúchta*

**13.46** Mar a léiríodh i bhFíor 13.5, faightear dearbhú iniúchta i leith cúnaimh fhorbartha do Uganda trí chomhcheangal d'iniúchtaí a chuir Oifig an Ard-Iniúchóra ar fáil agus trí thuarascálacha a coimisiúnaíodh ó chuideachtaí iniúchta gairmiúla.

**13.47** In Aibreán 2011, chuir Oifig an Ard-Iniúchóra in Uganda tús le staidéar luach ar airgead ar chláir a bhí á mbainistiú ag Oifig an Phríomh-Aire mar chuid dá chlár oibre iniúchta bliantúil. Ach de bharr easpa príomhthaifead, níorbh fhéidir an staidéar a thabhairt chun críche in am len é a chur isteach ina thuarascáil bhliantúil don pharlaimint. Tar éis clúdach ó na meáin maidir leis an míbhainistíocht líomhnaithe ar chistí ag Oifig an Phríomh-Aire, iarradh ar an Ard-Iniúchóir imscrúdú speisialta a dhéanamh. Ba é an tuarascáil faoin imscrúdú speisialta seo a tharraing aird ar an gcalaois i leith cistí PRDP.

**13.48** I rith an imscrúdaithe seo d'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta an raibh an Roinn ar an eolas faoi aon mheath ar chóras bainistithe airgeadais phoiblí in Uganda roimh theagmhas na calaoise a tharla i Nollaig 2011 nó foilsiú tuarascáil an Ard-Iniúchóra i nDeireadh Fómhair 2012. Níor thagair an tOifigeach Cuntasaíochta, ina fhreagra, d'aon imní ar leith a tugadh ar aird. Thug sé le fios go raibh dearbhú faighte ag an Roinn ar stóinseacht fhoriomlán chóras rialtais, lena n-áirítear neamhspleáchas Oifig an Ard-Iniúchóra, trí chomhordú dlúth le bronntóirí eile maidir le rioscaí agus príomhbhainistiú airgeadais agus táscairí rialachais.

*Imscrúdú an Aonaid Iniúchta agus Measúnaithe*

**13.49** Cuireadh tús le tuairisciú ráithiúil chuig Aonad Iniúchta agus Measúnaithe na Roinne ag an iniúchóir inmheánach bunaithe in Ambasáid Uganda in 2007. Fuarthas tuairiscí i leith gach ráithe ó shin. Chuir na tuairiscí ráithiúla mionsonraí ar fáil faoi shaincheisteanna a ardaíodh sna tuarascálacha iniúchta a fuarthas, ag cur béim ar aon tuairiscí cáilithe agus ag tabhairt gearrchuntais ar an ngníomh leantach a bhí molta. Dúirt an Roinn gur chuir na tuairiscí nuashonruithe rialta ar fáil freisin faoi shaincheisteanna leasaithe bainteach le bainistiú airgeadais phoiblí mar aon le heolas ar shaincheisteanna rialachais, líomhaintí éillithe agus ionchúisimh de thoradh imscrúduithe Rialtais.

**13.50** Tar éis foilsiú tuarascáil Ard-Iniúchóra Uganda, cuireadh foireann ón Aonad Iniúchta agus Measúnaithe go Uganda chun na cúinsí a bhain leis an gcalaois a imscrúdú agus chun aon laige sa chóras a aithint a d'éascaigh í, b'fhéidir. I Samhain 2012, thug an tAonad tuarascáil chun críche ag cur síos ar a thorthaí agus ag déanamh roinnt moltaí. Cuireann Iarscríbhinn B moltaí na tuarascála i láthair agus cuireann nuashonrú ar fáil ar dhul chun cinn na Roinne ina bhfeidhmiú.

**13.51** Ba é conclúid fhoriomlán tuarascála an Aonaid go raibh ardleibhéal claonpháirteachais i gceist sa mhíleithreasú a bheadh deacair ag gnáthchórais rialaithe a thabhairt faoi deara, toisc gur seachnaíodh na príomhrialúcháin ag na daoine aonair a bhí freagrach as iad a chur i bhfeidhm. Ach d'aithin an tuarascáil, áfach, roinnt laigí agus teipeanna rialaithe inmheánacha maidir le córais a d'fheidhmigh Rialtas Uganda agus na tíortha is bronntóirí araon. Áirítear ar na réimsí imní bainteach le Cúnamh Éireann

- **Córais um rianú maoinithe** – ní raibh aon doiciméadú a thacaigh le fáil na híocaíochta €4 milliún agus ní raibh aon dearbhú ar a haistriú ina dhiaidh sin isteach sa chuntas comhdhlúite.
- **Eolas bainistithe** - ní bhfuarthas na tuarascálacha bainistithe airgeadais a aontaíodh ag tús an PRDP a bheadh tar éis forléargas soiléir a sholáthar ar mhaoiniú agus ar chaiteachas cláir.

- **Struchtúir bainistíochta** – ní raibh aon phlean gnímh mionsonraithe a leithdháil freagracht idir bronntóirí do thascanna sonracha bainteach le monatóireacht an chláir.
- **Acmhainní daonna** - áiríodh ar shaincheisteanna a chuaigh i bhfeidhm ar an gcumas agus ar an taithí a bhí ar fáil d'Ambasáid na hÉireann in Uganda, athruithe sa dá phríomhphost bainistíochta is sinsearaí, an clúdach i leith saoire máithreachais an iniúchóra inmheánaigh a bheith ar bhonn páirtaimseartha, agus folúntas i ról an speisialtóra forbartha.

*Measúnú*

**13.52** Foilsíodh an measúnú is deireanaí ar chlár tíre Uganda de chuid Cúnamh Éireann in 2009 agus bhain sé le CSP 2007-2009. Ó thaobh ábharthachta, chinn an measúnú go raibh an CSP dea-ailínithe le beartais Rialtais Uganda agus thacaigh le tosaíocht straitéiseach na tíre chun an bhochtaineacht a laghdú. Tugadh ar aird freisin go raibh an tacaíocht do chláir i réimse rialachais agus bainistithe airgeadais phoiblí cuí.

***Freagra na Roinne ar na Cinntí***

**13.53** Tá an Roinn tar éis tabhairt faoi roinnt tionscnamh a bhí dírithe ar rialúcháin a fheabhsú ar fud an chláir chúnaimh déthaobhaigh ó tugadh an t-imscrúdú de chuid an Aonaid Iniúchta agus Measúnaithe sa teagmhas calaoise in Uganda chun críche.

**13.54** I Samhain 2012, d'iarr an tOifigeach Cuntasaíochta ar na cinn mhisin i ngach príomhthír comhpháirtithe athbhreithniú láithreach a dhéanamh ar rialúcháin inmheánacha, ar chórais bhainistithe riosca agus ar nósanna imeachta tuairiscithe. Ar na réimsí a clúdaíodh sna hathbhreithnithe áiríodh leordhóthanacht struchtúr bainistíochta, acmhainní daonna, cumarsáidí bainistíochta agus córas do rianú maoinithe a cuireadh ar fáil trí chórais rialtais.

**13.55** I bhFeabhra 2013, d'óstaigh an tOifigeach Cuntasaíochta cruinniú i Lusaka do gach ceann Misin, le téamaí coitianta a phlé ag éirí as an gcleachtadh athbhreithnithe inmheánach lena n-áirítear déileáil le srianta acmhainne agus rioscaí maoinithe sonracha bainteach le cásanna ilbhronntóra. Ina theannta, phléigh ceann Aonaid Iniúchta agus Measúnaithe na Roinne bainistiú na bpríomhrioscaí bainteach leis an gclár ODA, agus is iad sin míleithreasú cistí and teip torthaí a bhaint amach.

**13.56** I Márta 2013, chuir Aonad Iniúchta agus Measúnaithe na Roinne tús le sraith cuairteanna iniúchta ar phríomhthíortha comhpháirtithe leis an aidhm measúnú foirmiúil a dhéanamh ar leordhóthanacht rialúchán i ngach tír agus aon laigí i gcoitinne a bhféadfadh a bheith ann, a aithint. Clúdaíonn téarmaí tagartha do na measúnuithe gach réimse de bhainistiú cláir lena n-áirítear córais d'fhaomhadh agus do bhainistiú deontais, struchtúir eagraíochta, próisis bhainistithe riosca, córais rialúcháin inmheánacha agus córais eolais bhainistíochta. Nuair a bheidh na cuairteanna go leor tugtha chun críche ullmhófar tuarascáil sintéise a chlúdaíonn torthaí na measúnuithe go léir. Meastar go mbeidh an tuarascáil seo tugtha chun críche i nDeireadh Fómhair 2013.

**13.57** Sannaíodh ról an Phríomhoifigigh Riosca do Rúnaí Cúnta laistigh den Roinn. Oibríonn an Príomhoifigeach Riosca go dlúth le gach réimse eile den Roinn, lena n-áirítear an Rannán Comhair Forbartha agus an tAonad Iniúchta agus Measúnaithe go háirithe. Áirítear ar phríomhfhreagrachtaí an róil

- maoirseacht a dhéanamh, i bpáirtíocht le coiste bainistíochta na Roinne, ar fhorbairt agus ar choinneáil an chórais bainistithe riosca

- cineál agus méid na rioscaí a bhfuil an Roinn sásta cur suas leo a fháil amach
- a chinntiú go gcoinnítear cláir riosca na Roinne cothrom le dáta
- monatóireacht a dhéanamh ar na rioscaí is suntasaí ar bhonn rialta
- comhairle a chur ar an mbainistíocht maidir le maolú riosca
- teagmháil le ranna agus oifigí rialtais eile maidir le dea-chleachtas i réimse bainistithe riosca.

### Conclúidí agus Moladh

**13.58** B'ionann ODA na hÉireann agus €629 milliún in iomlán in 2012, beagán thar dhá thrian den bhuaic-fhigiúr de €921 milliún a taifeadadh in 2008.

**13.59** Déanann an ráiteas beartais d'fhorbairt idirnáisiúnta, a seoladh i mBealtaine 2013, athnuachan ar thiomantas na hÉireann do bhaint amach sprioc UN d'ODA bliantúil ar ionann agus 0.7% de GNI. Ba é 0.47% an céatadán a baineadh amach d'ODA na hÉireann in 2012.

**13.60** Agus nádúr cúnaimh fhorbartha á chur san áireamh, is cúinsí suntasacha iad rioscaí calaoise agus éillithe a gcaithfidh tíortha is bronntóirí aghaidh a thabhairt orthu. Áirítear ar rialúcháin a fheidhmíonn an Roinn i leith maoinithe ODA measúnuithe ex-ante maidir le heagraíochtaí compháirtithe ionchasacha, mar aon le hobair mheasúnaithe agus iniúchta dírithe ar dhearbhú a sholáthar go bhfuil cistí a dháiltear á n-úsáid mar a beartaíodh agus go bhfuil an tionchar inmhianaithe ag cláir a maoiníodh. Faightear faisnéis ar rioscaí atá ag teacht chun cinn trí eolas a roinnt le bronntóirí eile. Chomh maith leis seo bíonn teagmháil ag iniúchóirí inmheánacha atá bunaithe in ambasáidí i bpríomhthíortha comhpháirtithe, le bronntóirí agus le hoifigigh eile ó rialtas na tíre comhpháirtithe agus déanann siad monatóireacht ar fhorbairtí maidir le bainistiú airgeadais phoiblí.

**13.61** I nDeireadh Fómhair 2012, dhírigh tuarascáil ó Ard-Iniúchóir Uganda aird ar mhíleithreasú cistí ó roinnt bronntóirí, lena n-áirítear €4 milliún ó Chúnamh Éireann. Tagraíonn tuarascáil Ard-Iniúchóra Uganda do phoiblíocht dhiúltach sna meáin (roimh Meitheamh 2012) maidir le cistí á mbainistiú ag Oifig an Phríomh-Aire.

**13.62** De bharr iad a bheith ar an láthair in Uganda agus eolas á roinnt acu le bronntóirí eile, ba chóir go mbeadh an Roinn ar an eolas faoi imní bainteach le maoiniú a cuireadh ar fáil trí chórais Rialtais Uganda, roimh fhoilsiú tuarascáil an Ard-Iniúchóra. Cé go bhféadfadh nach gcuirfeadh sé seo cosc leis an gcalaois, d'fhéadfadh go gceadódh sé don Roinn seiceálacha breise a bheith ann a d'aimseodh an chalaois ní ba luaithe.

> **Moladh 13.1:** Ba chóir don Roinn córas painéil riosca a fheidhmiú do phríomhthíortha comhpháirtithe, bunaithe ar phríomhtháscairí riosca. Ba chóir go n-éascódh sé seo aithint thráthúil timpeallachta riosca meatha sa chaoi go bhféadfaí gníomhú go cuí ag an tús.
>
> **Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Aontaithe. Tá an Roinn tar éis tús a chur cheana féin le próiseas chun a córais bhainistithe riosca a neartú ag leibhéal príomhthíre comhpháirtithe. Nuair a bheidh an tuarascáil ar chórais bhainistithe riosca curtha ar fáil ag an Aonad Iniúchta agus Measúnaithe (tá coinne leis i nDeireadh Fómhair 2013), rachfar i mbun oibre láithreach le moltaí na tuarascála sin a chur i bhfeidhm agus le cinntiú go bhfuil córas painéil riosca cuí ann i bpríomhthíortha comhpháirtithe.

**13.63** Thug an tuarascáil a d'ullmhaigh Aonad Iniúchta agus Measúnaithe na Roinne ar aird go raibh ardleibhéal claonpháirteachais bainteach leis an gcalaois ag leibhéil shinsearacha laistigh d'Oifig an Phríomh-Aire agus de Bhanc Ceannais Uganda. Ach d'aithin sé, áfach, roinnt laigí i gcórais Chúnamh Éireann agus rinne roinnt moltaí. Tá mionsonraí faoin dul chun cinn atá déanta ag an Roinn i dtreo feidhmithe na moltaí san áireamh in Iarscríbhinn B.

**13.64** Ar leibhéal foriomlán, tá an chosúlacht air go raibh freagra na Roinne don chalaois tuairiscithe iomchuí agus comhréireach, i dtéarmaí an fhiosraithe tosaigh agus fionraíochta an mhaoinithe agus na tionscnaimh dá éis dírithe ar rialúcháin a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar na laigí a aithníodh.  Go háirithe, tugann sannadh ról an Phríomhoifigigh Riosca deis bearta bainistithe riosca feabhsaithe a chur i bhfeidhm maidir le Cúnamh Éireann.

## Iarscríbhinn A Príomhchláir Chúnaimh

### *Cúnamh Forbartha Déthaobhach*

Sheachaid Éire cúnamh déthaobhach arbh fhiú €398 milliún é in 2012. Léiríonn Fíor A1 miondealú ar na haistrithe déthaobhacha.

**Fíor A1 ODA déthaobhach, de réir cineáil, 2008 go 2012**

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Vóta 27 Caiteachas Comhair Idirnáisiúnta** | | | | | |
| Cúnamh do phríomhthíortha comhpháirtithe | 218.6 | 195.0 | 181.7 | 180.5 | 157.6 |
| Cúnamh do thíortha eile | 38.2 | 24.5 | 20.2 | 21.3 | 22.6 |
| Tacaíocht Sochaí Sibhialta, lena n-áirítear cómhaoiniú le NGOanna | 134.2 | 107.6 | 99.9 | 92.0 | 93.6 |
| Tionscnaimh sláinte, ocrais agus oideachais domhanda | 67.6 | 27.8 | 18.6 | 23.9 | 20.4 |
| Cúnamh daonnúil agus éigeandála | 108.4 | 67.7 | 64.2 | 66.2 | 78.9 |
| Cláir eile | 39.5 | 25.1 | 22.2 | 22.6 | 18.4 |
| **ODA déthaobhach ag gníomhaireachtaí rialtais eile** | 8.3 | 7.2 | 6.1 | 7.9 | 6.0 |
| **ODA déthaobhach iomlán** | **614.8** | **454.9** | **412.9** | **414.4** | **397.5** |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

### *Cúnamh do Phríomhthíortha Comhpháirtithe*

Caitheadh iomlán €158 milliún in 2012 ar chláir chúnaimh tíre fhoirmiúla ar chomhpháirtíochtaí straitéiseacha fadtéarmacha iad le rialtais tíortha roghnaithe chun tacú le laghdú bochtaineachta agus le forbairt. Ar na príomhthíortha comhpháirtithe ar tacaíodh leo tá an Aetóip, Leosóta, an Mhaláiv, Mósaimbíc, an Tansáin, Tíomór Thoir, Uganda, Vítneam agus an tSaimbia[1]. Déanann Ambasáidí na hÉireann i dtíortha cláir an cúnamh forbartha a bhainistiú agus féadtar é a chur ar fáil mar thacaíocht do phleananna forbartha náisiúnta an rialtais chomhpháirtithe, agus trí eagraíochtaí sochaí sibhialta agus NGOnna sna tíortha seo chomh maith.

### *Cúnamh do Thíortha Eile*

Cuireadh cúnamh arbh fhiú beagnach €23 milliún ar fáil freisin do thíortha roghnaithe eile in 2012. Tugtar tacaíocht do chlár san Afraic Theas agus déanann ambasáid na hÉireann ansin maoirseacht air. Déantar clár athshlándála a sheachadadh i Siarra Leon agus sa Libéir, trí ghníomhaireachtaí speisialaithe an UN agus NGOnna go príomha, maoirseacht á dhéanamh air ó oifig i Siarra Leon[2]. Tugadh tacaíocht freisin do chlár sna críocha faoi fhorghabháil sa Phalaistín agus do chlár HIV/AIDS sa tSiombáib a sheachadtar trí NGOnna.

### *Tacaíocht ón tSochaí Shibhialta*

Soláthraíonn buiséad na sochaí sibhialta maoiniú do NGOnna, do ghrúpaí misinéirí agus do chomhpháirtithe sochaí sibhialta eile le haghaidh idirghabhálacha forbartha. Mhéadaigh caiteachas sa réimse seo beagán in 2012, go beagnach €94 milliún. Is iad seo na príomhchainéil chaiteachais

1 Níl an Tíomóir Thoir ina tír chomhpháirtithe níos mó, tar éis gur dúnadh an misean i nDeireadh Fómhair 2012.

2 Déanann beartas nua na hÉireann d'fhorbairt idirnáisiúnta, a seoladh i mBealtaine 2013, soláthar do Siarra Leon a bheith ina príomhthír chomhpháirtíochta.

- Ciste Clár (€64.9 milliún) – cuirtear maoiniú fadtéarmach intuartha ar fáil do 18 NGO chun tacú le feidhmiú a bpleananna straitéiseacha.[1]
- Misean Cara (€16 milliún) – chuir an gníomhaire bainistíochta seo le haghaidh misinéirí fo-dheontais ar fáil do 61 eagraíocht mhisinéireachta in 2012. Tacaíonn sí freisin le forbairt acmhainne agus déanann maoirsiú ar idirghabhálacha forbartha thar lear.
- An Ciste Sochaí Sibhialta (€5.2 milliún) –soláthraíonn sé seo maoiniú ilbhliantúil do thionscadail thar raon earnálacha sóisialta agus eacnamaíochta. IN 2012, maoiníodh thart ar 42 NGO faoin scéim seo.
- Forbairt na hearnála NGO (€3.7 milliún) – cuirtear maoiniú ar fáil chun acmhainn a fhorbairt san earnáil NGO.
- Maoiniú oideachais forbartha (€3.2 milliún) – cuirtear maoiniú ar fáil trí dheontas oideachais forbartha bliantúil agus trí chlár comhpháirtíochta straitéiseach d'eagraíochtaí atá ag plé le tuiscint agus rannpháirtíocht le saincheisteanna ceartais agus forbartha domhanda a chur chun cinn.
- Scéim na Mion-Tionscadal i dTíortha áirithe (€0.6 milliún) – déantar buiséid a leithdháileadh ar sheacht n-ambasáid de chuid na hÉireann agus ar chonsalacht amháin chun tacaíocht dhíreach a thabhairt do thionscadail fhorbartha ar mhionscála. Feidhmítear an scéim i dtíortha atá i mbéal forbartha ach gan aon chlár forbartha de chuid Cúnamh Éireann iontu ach creidiúint taidhleoireachta ag Éirinn iontu.

*Cúnamh Sláinte, Ocrais agus Oideachais Domhanda*

B’ionann agus beagán thar €20 milliún an caiteachas ar scéimeanna oideachais, ocrais agus sláinte in 2012 rud a léiríonn laghdú de 15% ar 2011. Tá caiteachas dírithe go príomha ar chosc agus ar chúram HIV/AIDS, ar ghníomhaíocht faoin dtionscnamh ocrais domhanda agus ar sholáthar oideachais bhunaidh i dtíortha nach bhfuil chomh forbartha sin. Seachadtar cúnamh trí eagraíochtaí sochaí sibhialta, trí ghníomhaireachtaí UN agus trí chistí domhanda.

*Cúnamh Éigeandála agus Daonnúil*

Baineann cúnamh éigeandála agus daonnúil le himthosca éigeandála a eascraíonn de bharr tubaistí nádúrtha nó géarchéimeanna daonnúla. Is é cuspóir an chúnaimh seo beatha daoine a shábháil, fulaingt a mhaolú agus dínit an duine a chothabháil. Cuirtear maoiniú ar fáil do NGOnna agus d’eagraíochtaí idirnáisiúnta mar an UN agus an Chrois Dhearg, a bhfuil an cumas cruthaithe acu an cúnamh riachtanach a sheachadadh go tapa agus go héifeachtach. B’ionann an cúnamh éigeandála agus daonnúil iomlán agus beagnach €79 milliún in 2012, rud a léiríonn méadú de bheagnach 20% ar an bhfigiúr coibhéiseach do 2011.

D’fhonn mearfhreagairt a éascú, rinneadh €26.8 milliún a ranníoc in 2012 (méadú ó €18.8 milliún in 2011) le haghaidh socruithe maoinithe comhthiomsaithe, lena n-áirítear Lárchiste Freagartha Éigeandála na Náisiún Aontaithe. Fuair eagraíochtaí UN eile thart ar €20 milliún trí achainíocha comhdhlúite agus maoiniú bascaeid. Cuireadh €12.1 milliún eile ar fáil tríd an gCrois Dhearg agus dáileadh an €2.4 milliún a bhí fanta trí chainéil éagsúla eile.

1 Tugadh an Ciste Clár isteach in 2012 in áit Scéim na gClár Ilbhliantúil agus in áit na mBlocdheontas a bhí ann roimhe sin.

### *Cúnamh Forbartha Iltaobhach*

Is éard atá i gceist le cúnamh ilthaobhach ná ranníocaíocht a dhéanamh le heagraíochtaí cúnaimh idirnáisiúnta a chomhthiomsaíonn cistí ó thíortha is baill agus a fheidhmíonn iad chun críocha forbartha. Léiríonn Fíor A2 miondealú ar na heagraíochtaí a mhaoinítear.

**Fíor A2 ODA iltaobhach, de réir eagraíochta, 2008 go 2012**

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear ranníocaíochtaí deonacha do ghníomhaireachtaí UN | 102.1 | 60.1 | 59.9 | 60.7 | 62.3 |
| Tionscnaimh agus gníomhaireachtaí Chomhphobal na hEorpa | | | | | |
| Buiséad EU do Chomhar Forbartha | 85.3 | 95.0 | 77.5 | 72.0 | 70.4 |
| Ciste Forbraíochta na hEorpa | 22.0 | 22.0 | 23.2 | 29.5 | 29.0 |
| An Banc Domhanda agus forais iltaobhacha eile | 53.6 | 32.8 | 28.3 | 30.8 | 25.0 |
| Cómhaoiniú le gníomhaireachtaí iltaobhacha | 7.7 | 21.2 | 43.7 | 21.4 | 17.8 |
| **ODA iltaobhach iomlán** | **270.7** | **231.1** | **232.6** | **214.4** | **204.5** |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Tá maoiniú comhair iltaobhaigh dírithe go príomha ar na réimsí seo a leanas

- Gníomhaireachtaí UN – Tá ról ag na Náisiúin Aontaithe in aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht ar bhonn domhanda agus i gcuidiú chun cuspóirí idirnáisiúnta comhaontaithe agus Spriocanna Forbartha na Mílaoise a sheachadadh. Déanann formhór tacaíocht na hÉireann do chláir agus do chistí UN ranníocaíocht i leith costais a bpríomhoibríochtaí agus gníomhaíochtaí. Ina theannta, tacaíonn céatadán d'ODA na hÉireann le bearta agus le cláir leasaithe ar leith i réimsí lena n-áirítear, tógáil an daonlathais agus leasú toghchánaíochta, oideachais agus oiliúint, cosaint cearta daonna, córais sláinte a fhorbairt agus an comhshaol a chosaint.
- Comhar Forbartha EU – Is é an tAontas Eorpach (lena n-áirítear ranníocaíochtaí a bhallstát) an soláthraí is mó cúnaimh fhorbartha ag an leibhéal domhanda agus bíonn tionchar aige ar chláir fhorbartha ag an leibhéal idirnáisiúnta. Léiríonn an ranníoc ODA measúnaithe ó Éirinn (€70.4 milliún in 2012) sciar measta cúnaimh fhorbartha iomlán na hÉireann thar lear a íocadh amach as comharbhuiséad forbartha an EU in 2012.
- Is bealaí suntasacha iad an Banc Domhanda agus bainc fhorbartha réigiúnacha chun cúnamh a sheachadadh agus is gníomhairí tábhachtacha iad i saincheisteanna beartais agus leasaithe ag leibhéal tíre. Is ranníocóir í Éire, tríd an Roinn Airgeadais, le Comhlachas Forbartha Idirnáisiúnta an Bhainc Dhomhanda agus le Ciste Forbartha na hÁise. Bíonn sí i dteagmháil leis na bainc maidir le bainistiú fiach, éifeachtúlacht chúnaimh agus beartas maoinithe forbartha, mar aon le saincheisteanna a bhaineann le príomhthíortha comhpháirtithe Chúnamh Éireann.

- Áirítear i gcómhaoiniú le gníomhaireachtaí iltaobhacha tacaíocht do thaighde talmhaíochta chun cuidiú le daoine bochta tríd an nGrúpa Comhairleach um Thaighde Idirnáisiúnta agus tríd an gCiste Domhanda um Éagsúlacht Barr. Tugtar tacaíocht d'fhorbairt fiontraíochta agus gnó ar mhionscála tríd an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair.

## Iarscríbhinn B Moltaí ó Thuarascáil an Aonaid Iniúchta agus Measúnaithe a Chur i bhFeidhm

| | Moladh | Stádas (Iúil 2013) |
|---|---|---|
| 1 | Ba chóir aisghabháil iomlán an €4 milliún a lorg agus ba chóir na cistí a chur ar ais i gcuntas faoi rialú na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. | Fuarthas €4 milliún ar ais ó Rialtas Uganda i Nollaig 2012 agus cuireadh isteach i gcuntas de chuid Ambasáid Uganda é. |
| 2 | Níor chóir aon íocaíochtaí amach eile a dhéanamh le Rialtas Uganda go dtí go dtugtar na hiniúchtaí leantacha atá beartaithe ag Oifig an Ard-Iniúchóra (OAG) chun críche, go ndéantar freagra an Rialtais do na tátail a mheasúnú agus go bhfuil fianaise inchreidte ann ar fheabhas inbhuanaitheach i rialúcháin inmheánacha ar an gcóras bainistithe airgeadais poiblí. Is dóigh go dtarlóidh sé seo amach sa dara leath de 2013 ar a luaithe. | Tá iniúchtaí leantacha ag an OAG ag dul ar aghaidh i gcónaí agus tabharfar chun críche iad i Samhradh 2013. Cuireadh maoiniú trí chórais Rialtais Uganda ar fionraí i nDeireadh Fómhair 2012. Ní fhorálann an clár cúnaimh do 2013 do mhaoiniú díreach trí chórais rialtais, cé is moite de thacaíocht dhéthaobhach chuig an OAG. |
| 3 | Ní bheadh sé inmholta dul ar aghaidh le haon chláir á mbainistiú ag Oifig an Phríomh-Aire nó faoina maoirseacht, go ceann i bhfad agus ar a laghad go bhfaightear tuileadh tuairiscí ón OAG agus go dtugtar aghaidh go substainteach orthu. | Níl aon bhaint ag oifig an Phríomh-Aire, ceachtar de mhaoiniú nó teicniúil, le haon ghné de chlár cúnaimh 2013. |
| 4 | Ba chóir aon obair iniúchta eile maidir le rialúcháin don PRDP, d'Oifig an Phríomh-Aire agus don Aireacht Phleanála Airgeadais agus Forbartha Eacnamaíochta a fhágáil faoi oifig an OAG. Ba chóir do Chúnamh Éireann meicníocht a chur ar bun do chumarsáid leis an OAG chun a chinntiú go n-áirítear réimsí imní in iniúchtaí sa todhchaí. | Buaileann foireann ambasáide leis an OAG ar bhonn rialta le hobair leantach ar an teagmhas calaoise agus aon réimsí imní gaolmhara a phlé. Tá iniúchtaí á ndéanamh ag an OAG i thart ar 16 aireacht. Beidh achoimre ar shaincheisteanna san áireamh sa tuarascáil reachtúil bhliantúil atá le cur i láthair na Parlaiminte sna míonna atá romhainn. |
| 5 | Má iarrtar a leithéid ba chóir tacaíocht don OAG a bhreithniú le cinntiú go dtugtar an clár oibre a bhfuil cur síos gearr air chun críche chomh luath agus is féidir. | Forálann clár cúnaimh 2013 do thacaíocht don OAG. Tá togra do thacaíocht neartaithe cumais don OAG á bhreithniú faoi láthair. |
| 6 | Agus cláir á gcur i bhfeidhm, go háirithe cláir nua, ba chóir a bhreithniú cibé an bhfuil gá le hobair iniúchta bhreise le cois an iniúchta reachtúil bhliantúil ag an OAG, nó nach bhfuil. Ba chóir é seo a phlé leis an OAG agus d'fhéadfadh iniúchadh inmheánach, iniúchadh cláir ar leith, nó cineál éigin d'iniúchadh leantach ar rialúcháin inmheánacha ag leibhéil éagsúla an chláir a bheith i gceist. | Tá an Ambasáid, le tacaíocht ó fhoireann Chúnamh Éireann in Éirinn, i mbun pléití leis an OAG faoi seo. Déanfar bearta iomchuí a aontú agus a chur ar bun. |
| 7 | Caithfear forálacha Meabhrán Tuisceana (MOUanna) a aistriú ina gcórais, ina bpróisis agus ina ngníomhartha ar leith ag leibhéal oibríochtúil. Baineann sé go háirithe leis an riachtanas go mbeadh eolas airgeadais ceart ar fáil. Ba chóir go dtuigfeadh gach bainisteoir cláir na sreabha airgeadais agus na príomhoibleagáidí a aontaíodh i gclár na MOU agus na huirlisí a bheith acu chun rioscaí sa chlár atá á bhainistiú acu a mheasúnú. Tá buntuiscint ar chóras na gcuntas náisiúnta riachtanach lena aghaidh seo. | Tá maitrís rianaithe MOU curtha ar bun agus déanann an fhoireann bainistithe cláir monatóireacht rialta air. Agus tacaíocht fhoireann Chúnamh Éireann acu in Éirinn, cinnteoidh an Ambasáid go bhfuil na córais, na huirlisí agus an doiciméadú riachtanach ann agus doiciméadú déanta orthu, agus go bhfuil aon oiliúint bhreise iomchuí curtha ar fáil d'fhoireann an chláir. |

| | Moladh | Stádas (Iúil 2013) |
|---|---|---|
| 8 | Ba chóir d'Ambasáid Kampala an chaoi a gcuireann sí riachtanais Bheartas Airgeadais Chúnamh Éireann, an Lámhleabhair Nósanna Imeachta agus Treoracha i bhfeidhm a athbhreithniú agus a neartú nuair is gá agus a chinntiú freisin go bhfuil rólanna agus freagrachtaí sa réimse seo sainmhínithe go soiléir agus go dtuigtear i gceart iad. | Le tacaíocht fhoireann Chúnamh Éireann in Éirinn, coinníonn an Ambasáid uirthi ag déanamh athbhreithnithe ar a córais inmheánacha agus á neartú. Cuirfear tuilleadh oiliúna ar fáil do gach duine d'fhoireann an chláir ar chórais agus ar nósanna imeachta. Tá earcú déanta ar oifigeach sinsearach airgeadais agus riosca chun cuidiú leis an Ambasáid na córais á neartú. |
| 9 | Caithfidh an Ambasáid i Kampala a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta ann chun rianú soiléir a dhéanamh féachaint go dtugtar cistí a íoctar amach chuig an Rialtas isteach i gceart agus go n-aistrítear iad go dtí na cuntais a aontaíodh ar bhonn tráthúil agus go léirítear iad i gcuntais rialtais foilsithe. | Tá córas rianaithe agus monatóireacht mhaoinithe clár ann anois agus cinntíonn an fhoireann bhainistíochta go gclóitear leo trí sheiceálacha míosúla. |
| 10 | Ba chóir go mbeadh na struchtúir riachtanacha do ghníomhú agus do chumarsáid rialta idir iniúchadh inmheánach agus an bhainistíocht shinsearach ag an Ambasáid á gcur i ngníomh agus a n-úsáid go hiomlán, agus ba chóir aird an cheannárais a tharraingt go pras ar aon saincheisteanna ábhartha a d'eascródh, de réir beartas atá ann cheana. | Tá nósanna imeachta níos foirmiúla do roinnt eolais airgeadais, riosca agus iniúchta ann anois agus áirítear iontu idirghníomhaíocht níos minice le foireann de chuid Cúnamh Éireann in Éirinn. |
| 11 | Ba chóir don Aonad Iniúchta agus Measúnaithe a phlean oibre a athbhreithniú agus bealaí a mheas lena fhócas ar réimsí riosca a neartú tuilleadh. Ba chóir naisc agus cumarsáidí idir iniúchóirí inmheánacha ag an gceannáras agus ag an leibhéal allamuigh a neartú, lena n-áirítear minicíocht chuairteanna a mhéadú. | Tá an tAonad Iniúchta agus Measúnaithe tar éis líon na gcuairteanna maoirseachta agus tacaíochta ar an Ambasáid a mhéadú, agus aschuir agus torthaí aontaithe acu atá sainmhínithe go soiléir. |
| 12 | Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht bheartas na Roinne maidir le próisis tabhairt ar láimh chun a chinntiú go bhfuil leanúnachas a dhóthain idir lucht foirne atá ag athrú i mbainistiú clár casta den chineál seo. Ba chóir go mbeadh soláthar substainteach do thabhairt ar láimh duine ar dhuine san Ambasáid, san áireamh anseo. | Ag leibhéal ambasáide, tá athbhreithnithe déanta ar phróisis tabhairt ar láimh agus tá feabhsúcháin curtha i bhfeidhm. Áireofar anseo tabhairt ar láimh duine ar dhuine nuair atá sé seo indéanta. Beidh tréimhse shubstainteach tabhairt ar láimh ar an láthair ag an gCeann Forbartha nuacheaptha atá sannta do Kampala leis an gCeann Forbartha atá ag imeacht agus le foireann an chláir. Tá athbhreithniú á dhéanamh freisin ar shaincheist ghinearálta na bpróiseas tabhairt ar láimh, lena n-áirítear riachtanais oiliúna, thar Misin a bhfuil an fhreagracht acu clár Chúnamh Éireann a sheachadadh. |
| 13 | Ba chóir measúnuithe riosca rialta a dhéanamh ar fud na gclár uile lena n-áirítear measúnuithe riosca clár nó tionscadal ar leith. Chuirfeadh sé seo an phróifíl athrú riosca san áireamh ar chomhartha sóirt é i gcuid mhaith tíortha i mbéal forbartha. | Forbraíodh agus aontaíodh clár ar leith riosca clár le HQ mar chuid den phróiseas pleanála gnó inmheánach. Déanfar athbhreithniú ar an gclár riosca cláir agus más cuí, déanfar é a nuashonrú i gcruinnithe foirne cláir rialta. |
| 14 | I bhfianaise saincheisteanna a ardaíodh sa tuarascáil seo ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe bainistíochta, lena n-áirítear bainistíocht airgeadais agus riosca, i ngach príomhthír comhpháirtithe chun a chinntiú go bhfuil gach nós imeachta agus prótacal á gcur i bhfeidhm i gceart agus go bhfuil rioscaí á n-aithint agus á mbainistiú go cuí. | I Samhain 2012, ar iarratas an Ard-Rúnaí, rinne ambasadóirí athbhreithnithe láithreacha ar chórais bhainistithe riosca agus rialaithe inmheánaigh. Tá an tArd-Rúnaí tar éis bualadh le hambasadóirí freisin chun tábhacht córais chuí a bheith ann a threisiú. Tá athbhreithniú cuimsitheach ar shocruithe bainistíochta ag an Aonad Iniúchta agus Measúnaithe i ngach príomhthír comhpháirtithe á thabhairt chun críche, agus cuirfear tuarascáil agus moltaí ag dul léi i láthair an Ard-Runaí. |


# 14 Iarmhéideanna Airgid Thirim san Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

**14.1** Ceanglaíonn *Public Financial Procedures* go ndlífear aon iarmhéideanna deontas a d'íoc an roinn agus atá fós gan caitheamh ag deireadh na bliana, a ghéilleadh don Státchiste. Is ceanglas é gur chóir a bheith thar a bheith cúramach chun ró-eisiúintí a sheachaint, go háirithe ag deireadh na bliana airgeadais, agus níor chóir go ndéanfaí an t-iomlán a cuireadh ar fáil a eisiúint go huathoibríoch gan a chinntiú go dteastaíonn na cistí le freastal ar riachtanais mhaoinithe iarbhír an deontaí. Is é an prionsabal foriomlán atá mar thaca ag nósanna imeachta bainistíochta airgid thirim gur chóir go mbeadh barainneacht i mbainistíocht cistí Stáit.

**14.2** Cuirtear maoiniú deontais athfhillteach ar fáil don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (an tÚdarás) ón gClár Iompair Talún de Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt. Mar a léiríonn Fíor 14.1, tá meath suntasach tar éis teacht ar mhaoiniú deontais Státchiste don Údarás le blianta beaga anuas. Thar an tréimhse 2008 go 2012, tá an tÚdarás tar éis céatadán méadaitheach dá ioncam a fháil ó mhuirir reachtúla neamh-Státchiste, go háirithe táillí do thástáil tiománaí agus tobhach ar fháltais ón dtástáil náisiúnta gluaisteán. Tá an méadú suntasach ar an tobhach in 2012 curtha i leith tabhairt isteach tástáil bhliantúil carranna deich mbliana d'aois nó os a cionn, agus aosú ginearálta an fhlít carranna náisiúnta.

**14.3** Is é cuspóir fadtéarmach na Roinne go bhfeidhmeodh an tÚdarás gan tacaíocht deontais ón Státchiste, agus go mbeadh sé maoinithe go hiomlán ó mhuirir reachtúla agus ón tobhach.

**Fíor 14.1 An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre — foinsí ioncaim, 2008 go 2012**





Foinse: Ráitis Airgeadais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2008 go 2012

## Rialú Cúlchistí

**14.4** Forálann an tAcht um Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 nach gcuirfear iallach ar an Údarás aon airgead atá ar lámh aige ag deireadh bliana airgeadais a ghéilleadh don Státchiste agus gur féidir leis airgead dá leithéid a choinneáil chun a chuid oibríochtaí a mhaoiniú. Féadfaidh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (an tAire) a cheangal ar an Údarás díbhinn a íoc leis an Státchiste.

**14.5** Tá an tÚdarás tar éis cúlchistí ioncaim an-suntasacha agus iarmhéideanna airgid thirim a charnadh le blianta beaga anuas (féach Fíor 14.2). Ag deireadh 2012, b'ionann agus €25.5 milliún iarmhéideanna bainc an Údaráis. Áiríodh anseo €2.7 milliún i réamhíocaíochtaí táillí ag iarratasóirí tástála tiománaí. Caitear leis na réamhíocaíochtaí mar ioncam iarchurtha i ráitis airgeadais an Údaráis, agus scaoiltear chun ioncaim iad an bhliain dar gcionn de réir mar a dhéantar na tástálacha. Dá thoradh ní áirítear na suimeanna seo i gcúlchistí ioncaim an Údaráis ag deireadh bliana.

**Fíor 14.2 Iarmhéideanna bainc agus cúlchistí san Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2008 go 2012**




Foinse: Ráitis airgeadais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2008 go 2012

**14.6** Forálann an tAcht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 d'fhorbairt chomhaontaithe seirbhíse a rialódh, de réir na bhfeidhmeanna a sannadh don Údarás, 'tascanna áirithe a bhí le déanamh, comhairle le tabhairt, feidhmeanna le comhlíonadh nó caighdeáin le cloí leo i gcomhlíonadh a fheidhme chun leasa an phobail'. Ordaíonn an tAcht go mbeadh réamhíocaíocht cistí ag brath ar chomhlíontacht i dtaca le téarmaí an chomhaontaithe.

**14.7** I meabhrán tuisceana arna dhátú an 30 Eanáir 2012 idir an Roinn agus an tÚdarás aontaíodh a leanas

- choinneofaí cúlchistí ioncaim an Údaráis ag leibhéal nach sáródh €16.4 milliún
- mar chuid de tharraingt anuas mhíosúil cistí Státchiste, chuirfeadh an tÚdarás cuntais bhainistíochta ar fáil go tráthúil chun ceadú don Roinn staid airgeadais an Údaráis a mheas agus chun cinneadh a dhéanamh ar eascair aon bharrachas a sháródh an cúlchiste a aontaíodh ag tús na bliana.

Sa chomhaontú seirbhíse 2012 idir an Roinn agus an tÚdarás, aontaíodh seo a leanas

- dá n-eascródh barrachas gan ionchais sa bhreis ar an gcúlchiste aontaithe, ansin mhíneodh an tÚdarás i scríbhinn na fáthanna a bhí leis an ioncam méadaithe nó leis an nganncháiteachas

- tar éis plé idir an Roinn agus an tÚdarás, chuirfeadh an Roinn an tÚdarás ar an eolas faoi aon choigeartú ar chóir a dhéanamh ar an gcéad iarratas eile ar tharraingt anuas ó mhaoiniú Státchiste.

**14.8** I Samhain 2012, chuir an tÚdarás an Roinn ar an eolas gur mhéadaigh na cúlchistí go dtí os cionn na teorann aontaithe. D'aontaigh an Roinn go gceadófaí don Údarás a chúlchistí a mhéadú go €20.2 milliún agus an chuid a bhí fanta de leithdháileadh 2012 a tharraingt anuas.

**14.9** Tagraíonn comhaontú seirbhíse 2013 do na nósanna imeachta a rialaíonn tarraingt anuas leithdáileadh Státchiste 2013 de €8 milliún. Ceadaíonn an comhaontú seo don Údarás a chúlchistí a mhéadú go €22.5 milliún.

**14.10** Ba é seo a leanas cúis shonraithe an Údaráis le cúlchiste mór a choinneáil

- Theastaigh cistí caipitiúla uaidh lena phunann d'ionaid tástála tiománaí a nuachóiriú, de réir moltaí ó athbhreithniú seach-choimisiúnaithe. Cuireadh thart ar €4 milliún ar leataobh don chaiteachas seo.
- Liostaíodh tionscadail chaipitiúla eile a bhí beartaithe do 2013 agus 2014 i gcomhaontú seirbhíse 2013 ab ionann agus €14 milliún.
- Cuireadh cúlchiste eile ar leataobh le freastal ar aon imeachtaí gan choinne in 2014 lena n-áirítear gníomh tionsclaíoch, teip soláthraí seachfhoinsithe straitéisigh nó titim ábhartha ar sheirbhísí, treoraithe ag éileamh agus ioncam táille gaolmhar.

### *Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta do Vóta 31*

**14.11** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur chuir na comhaontuithe seirbhíse a tugadh chun críche idir a Roinn agus an tÚdarás le blianta beaga anuas cúinsí athraitheacha an Údaráis san áireamh agus rinne iarracht leasa an Státchiste a chothromú le feidhmeanna breise a cuireadh ar an Údaráis le linn cúinsí deacra eacnamaíochta. Bhain an dá mhórfheidhm bhreise, ar thug an tÚdarás fúthu le treoir an Rialtais, le freagracht a ghlacadh as an tSeirbhís um Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála (CVR) agus as an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána. D'ainneoin na mór-eisíocaíochtaí tosaigh, go háirithe maidir le CVR, cuireadh tús leis an dá sheirbhís gan tarraingt ar mhaoiniú Státchiste breise.

**14.12** Chruthaigh na socruithe atá ann tríd an gcomhaontú seirbhíse bliantúil go rathúil, i dtuairim na Roinne, i gcinntiú go bhfuil maoiniú leordhóthanach ag an Údarás le clár caipitiúil riachtanach a mhaoiniú agus ag an am céanna ag cur na meicníochtaí ar fáil chun cúinsí a aithint ina sáraíonn an cúlchiste caipitiúil an tsuim chomhaontaithe, a mbeadh laghduithe ar tharraingt anuas Státchiste de thoradh orthu.

**14.13** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta, i gcomhthéacs idirbheartaíocht a dhéanamh faoin gcomhaontú seirbhíse bliantúil, go scrúdaíonn an Roinn agus go bpléann sí leis an Údarás liosta na dtionscadal caipitiúla beartaithe. Bunaithe ar an bplé sin leagann an Roinn síos teorainn an chúlchiste a bhfuil an tÚdarás ceaptha feidhmiú laistigh di. Ní lorgaítear faomhadh sonrach do na tionscadail chaipitiúla ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ach tugtar fógra don Roinn faoin bpróiseas ina dtugtar an comhaontú seirbhíse chun críche agus an córas faoinar thángthas ar chomhaontú faoin leibhéal cúlchiste.

**14.14** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta freisin go raibh a Roinn tar éis tús a chur le hathbhreithniú i bhfianaise athruithe suntasacha ar fheidhmeanna an Údaráis le roinnt blianta anuas. Tá fócas an athbhreithnithe dírithe ar cibé an bhfuil an reachtaíocht faoina n-oibríonn an tÚdarás sách láidir le tacú le méid a fheidhmeanna reatha agus lena bhféadfadh a bheith ann sa todhchaí agus ceanglais rialachais chorparáideacha más gá. Scrúdóidh an t-athbhreithniú freisin an córas srianta agus ceartúcháin a mbeidh gá leis nuair a bhainfear amach an cuspóir beartais go mbeadh an tÚdarás ag oibriú go hiomlán ar bhonn maoiniú neamh-Státchiste. Is é an toradh a bheidh ar an athbhreithniú ná go mbeadh tuarascáil á cur chuig an Aire ar leasú ionchasach an Údaráis. Tá maoirseacht ar an athbhreithniú á dhéanamh ag grúpa stiúrtha atá comhdhéanta d'ionadaithe a Roinne, an Údaráis agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Déanfaidh an Roinn próifílí airgeadais an Údaráis sa todhchaí i bhfianaise toradh an athbhreithnithe.

## Maoirseacht Feidhmíochta ag an Roinn

**14.15** Is é cuspóir sonraithe comhaontuithe seirbhíse 2012 agus 2013 leis an Údarás, an socrú do sholáthar seirbhísí a bhfuil mionsonrú déanta orthu i bpleananna gnó bliantúla an Údaráis a chur ar bhonn foirmiúil. Ba dhoiciméad 200 leathanach é plean 2012 a d'aithin aschuir do gach ceann de cheithre stiúrthóireacht an Údaráis. Tugann sé mionsonraí 260 aschur in iomlán don Údarás.

**14.16** Forálann na comhaontuithe d'athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht an Údaráis faoin gcomhaontú. Níor reáchtáladh aon athbhreithniú foirmiúil i leith 2012. Mheas an Roinn gur chomhlíon an plé leanúnach a bhí aici leis an Údarás an ceanglas seo.

**14.17** Dúirt Príomhfheidhmeannach an Údaráis go gcuireann an tÚdarás cuntais bhainistíochta mhíosúla mionsonraithe agus tráthúla ar fáil don Roinn mar aon le plean gnó agus buiséad bliantúil. Bhí an tÚdarás réamhghníomhach i bhforbairt meabhráin tuisceana agus comhaontaithe seirbhíse bliantúil leis an Roinn chun an caidreamh tuairiscithe a chur ar bhonn foirmiúil. Chuir cruinnithe míosúla nuashonraithe idir an Príomhfheidhmeannach agus an Roinn leis seo.

## Conclúid

**14.18** Ó 2010, bhí fáltais go seasta ag an Údarás de bhreis cuid mhór ar a riachtanais mhaoinithe láithreacha. D'ainneoin laghduithe suntasacha ar mhaoiniú bliantúil an Státchiste don Údarás, d'fhág sé seo go raibh iarmhéideanna airgid thirim substainteacha curtha le chéile. Bhí suimeanna an Údaráis do shócmhainní seasta cuid mhór níos lú ná na cúlchistí a bhí ar fáil, arbh ionann iad agus €3.2 milliún in 2012 agus €2 milliún in 2011.

**14.19** Bíonn costas deise, i bhfoirm úis ar iasachtaí Stáit nach mbeadh ag teastáil b'fhéidir le bainistíocht airgeadais níos dlúithe, ag iarmhéideanna airgid thirim coinnithe ag comhlachtaí poiblí atá go mór sa bhreis ar a riachtanais.

**14.20** Ba chóir líon beag táscairí feidhmíochta ábhartha a bheith san áireamh i gcomhaontuithe seirbhíse idir ranna agus comhlachtaí earnála poiblí, a chlúdaíonn méid agus cáilíocht na seirbhísí a chuireann an comhlacht ar fáil sa chaoi gur féidir monatóireacht agus tuairisciú éifeachtach a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht.

**14.21** Forálann an comhaontú seirbhíse idir an Roinn agus an tÚdarás d'athbhreithniú feidhmíochta. Sa chomhthéacs sin, bheifí ag súil go mbeadh athbhreithniú foirmiúil ar aschuir bheartaithe agus iarbhír tugtha chun críche ag deireadh gach bliana. Níor reáchtáladh athbhreithniú dá leithéid in 2012.

> **Moladh 14.1:** Ba chóir don Roinn agus don Údarás príomhtháscairí feidhmíochta a fhorbairt agus athbhreithniú foirmiúil a reáchtáil ar fheidhmíocht iarbhír gach bliain in aghaidh na dtáscairí sin.
>
> **Freagra an Oifigigh Chuntasaíocht:** Aontaithe. Tabharfar aghaidh ar an moladh agus glacfar leis mar chuid d'athbhreithniú an Údaráis atá ar siúl faoi láthair a dtagraíonn an chaibidil seo dó.
>
> **Freagra an Phríomhfheidhmeannaigh:** Déanfaidh an tÚdarás go hiomlán de réir forbartha príomhtháscairí feidhmíochta agus athbhreithnithe foirmiúil ar fheidhmíocht i gcoinne táscairí dá leithéid.

# 15 Ceapacháin Foirne i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann

**15.1** Faoi na hAchtanna Leithreasa, cuirtear deontas bliantúil ar fáil do Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann ar mhaithe le tuarastail agus speansais. Tugtar ceadú agus údarú na Dála maidir leis an gcaiteachas seo sna hAchtanna Leithreasa bliantúla. Sa bhreis air sin, éilítear ar Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil agus comhaltaí foirne nua á n-earcú. Is mír ríthábhachtach í cead foirmiúil a fháil maidir le caiteachas vótáilte den nós imeachta bainistíochta agus rialú caiteachais phoiblí.

**15.2** Feidhmíonn an Gailearaí faoi chóras rialachais agus bainistíochta a ceadaíodh roimhe seo faoi théarmaí Acht Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann 1854. Leasaíodh an tAcht ó am go ham chun foráil a dhéanamh do riachtanais breise. Faoin Acht 1854, áirítear ar ról an Chomhlachta Rialachais ceapacháin fostaithe "faoi réir na rialachán agus na gcoinníollacha sin a mheasann siad (an Comhlacht Rialachais) a bheith cuí".

## Ceapachán an Stiúrthóra

**15.3** I ndeireadh 2010, bunaíodh an riachtanas chun Stiúrthóir Gailearaí nua a cheapadh.

**15.4** Tá sé d'fhreagracht ar Bhord Gobharnóirí agus Caomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann Stiúrthóir a cheapadh. Ní bhíonn baint ag an mbord le hearcú comhaltaí foirne eile. Tráth ceapacháin an Stiúrthóra, cheap an Bord comhaltaí ar an gCoiste Tóraíochta agus Roghnaithe arna bhainistiú faoi choimirce na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (PAS). Ar an gCoiste bhí ainmní de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta mar aon le cathaoirleach neamhspleách.

**15.5** In Eanáir 2011, cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe[1] Stiúrthóir nua a cheapadh. Bhí siad seo a leanas ar roinnt de na coinníollacha sonraithe a bhí sa chead sin

- ba chóir go líonfaí an post ag leibhéal an Phríomhoifigigh ag an grád níos airde, gan breisiúcháin ar bith ar bhonn chonradh ar théarma seasta cúig bliana
- ba chóir go mbeadh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sásta leis an dréachtchonradh fostaíochta
- ba chóir leas a bhaint as seirbhísí PAS in earcú an Stiúrthóra.

**15.6** Reáchtáil PAS comórtas oscailte in Aibreán 2011. Fógraíodh an post sna meáin idirnáisiúnta cuí.  San áireamh i leabhrán a cuireadh ar fáil mar eolas do na hiarrthóirí bhí sonraí ar an bpost agus leagadh amach na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta. Bhí na sonraí tuarastail ag teacht leis na coinníollacha a leagadh amach sa cheadú. Tá scála an tuarastail leagtha amach i bhFíor 15.1. Níor cuireadh aon eolas ar fáil maidir le speansais aistrithe.

1 Rinneadh feidhmeanna maidir le ceapacháin foirne agus cead tuarastail a bhí faoin  Roinn Airgeadais roimhe seo a aistriú chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nuair a bunaíodh an roinn sin i Meitheamh 2011.

**Fíor 15.1 Scála tuarastail — Priomhoifigeach ar ghrád níos airde, le héifeacht ón 1 Eanáir 2010**

| Scála | Tuarastal |
|---|---|
| Pointe 1 | €85,957 |
| Pointe 2 | €89,399 |
| Pointe 3 | €92,853 |
| Pointe 4 | €96,295 |
| Pointe 5 | €99,236 |
| Seirbhís fhada 1 | €102,335 |
| Seirbhís fhada 2 | €105,429 |

Foinse: An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

**15.7** Tar éis phróiseas agallaimh, rinne an Coiste moladh chuig an mBord, agus mar thoradh air sin ceadaíodh tairiscint ceapacháin.

**15.8** Tar éis idirbheartaíochtaí idir an Gailearaí, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ceadaíodh Stiúrthóir a cheapadh ar thuarastal ag tosú ag an gcúigiú pointe ar an scála. Mar sin féin, bhí an ceadú faoi réir na nithe seo a leanas go sonrach

- Ní bheidh aon tairbhí breise ann, in airgead tirim ná comhchineál, iníoctha seachas speansais aistrithe réasúnacha a bhaineann le hathlonnú in Éirinn i.e. ní bheidh gradam maidir le feidhmíochta ar fáil ná carr cuideachta, etc.
- Ní íocfar aon speansais aistrithe eile as athlonnú chuig áit éigin eile tráth éaga an chonartha.

**15.9** I Samhain 2011, rinneadh tairiscint d'iarrthóir thar lear ina raibh an ráta pá ceadaithe agus mar chuid den tairiscint d'íocfaí speansais deimhnithe réasúnacha dá mba rud é go dtabhófaí na speansais sin le linn athlonnaithe go hÉirinn.

**15.10** Sa bhreis ar an ráta pá ceadaithe, fuair an Stiúrthóir nua íocaíocht bhreise in 2012 de €40,000, glan ó cháin agus ó Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa maidir le speansais aistrithe. Íocadh an íocaíocht seo as foinsí neamh-Státchiste a bhí ar fáil don Ghailearaí, agus ní as an Vóta.

**15.11** As an €40,000 a íocadh maidir le speansais aistrithe, fuarthas dearbháin tacaíochta arb ionann iad agus suas le €3,700 go dtí seo. Tar éis comhairle cánach, chomhlánaigh an Gailearaí an mhír neamhdheimhnithe den íocaíocht speansais go dtí €87,454 chun críocha cánach, agus íocadh an costas comhlán as acmhainní neamh-Státchiste an Ghailearaí.

**15.12** Phléigh Coiste Iniúchta agus Riosca an Ghailearaí na saincheisteanna conarthacha maidir le ceapachán Stiúrthóra nua agus mhol sé go dtabharfadh Bord an Ghailearaí cead foirmiúil maidir le cistí an Ghailearaí féin a úsáid chun 'costais neamhtuarastail' a chomhlíonadh de réir mar is gá.

### *Tuairimí Chathaoirleach an Bhoird*

**15.13** Luaigh Cathaoirleach an Bhoird gur cheadaigh an ceadú, speansais athlonnaithe réasúnacha a íoc, a d'fhéadfaí, i dtuairim an Bhoird, a shainmhíniú go cuí sa chás seo mar an leibhéal íocaíochta speansas nach gcuirfeadh isteach ó thaobh airgeadais de ar iarrthóir ó thar lear a rachadh i mbun poist in Éirinn i gcomparáid le duine a bheadh ina gcónaí in Éirinn cheana féin. Luaigh an Cathaoirleach freisin go raibh sé d'oibleagáid ar an mBord a chinneadh cad a bheadh 'réasúnach' ó thaobh speansas athlonnaithe de ar iarrthóir a bheadh ag dul i mbun poist agus ag athlonnú ó thar lear. Bheadh drogall ar dhuine proifisiúnta sinsearach i lár a g(h)airme a t(h)eaghlach a athlonnú mar gheall ar nádúr an mhargaidh maoine in Éirinn mar aon leis an gcóras baincéireachta mífheidhmiúil. Bhí seo mar bhreis ar an bhfíric gur tréimhse cúig bliana agus sin amháin a bhí sa chonradh. Ba é an réiteach a bhí ann ná a aithint go mbeadh an t-athlonnú leanúnach ar feadh cúig bliana agus go mbeadh gá freastail ar na speansais taistil chun an sprioc a bhaint amach, is é sin nach mbeadh iarrthóir ó thar lear 'níos measa as ó thaobh airgeadais de dá rachadh sé/sí i mbun poist in Éirinn i gcomparáid le duine a bheadh ina gcónaí in Éirinn cheana féin'. Dúirt sí freisin go mbeadh feidhmiú an t-socraithe seo maidir le speansais athlonnaithe faoi réir iniúchta bliantúil de chuid iniúchóir inmheánach an Ghailearaí. Rinneadh an chéad iniúchadh de na hiniúchtaí seo, a clúdaigh na chéad cúpla mí tar éis an cheapacháin, i Meán Fómhair 2012 agus tá an ceann eile le déanamh sna mionna amach romhainn. Is é cuspóir an Ghailearaí ná go gcinnteoidh na hiniúchtaí seo go mbeidh na speansais a bhaineann le bheith ag taisteal ó thar lear deimhnithe go hiomlán.

### *Conclúid*

**15.14** Níor chomhlíon na híocaíochtaí arna gceadú ag an mBord an ceadú a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Conarthaí Tréimhse Éiginnte a Bhronnadh ar Fhoireann an Ghailearaí

**15.15** D'earcaigh an Gailearaí 30 comhalta foirne mar Fhreastalaithe Slándála ar bhonn conartha nuair a osclaíodh sciathán nua na Mílaoise de chuid an Ghailearaí in 2002. Fostaíodh na comhaltaí foirne seo ar fad ar chonarthaí téarma seasta/sainchuspóra, de réir an cheadaithe arna forordú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. I rith na tréimhse 2002-2011, fuair an Gailearaí cead chun roinnt de na comhaltaí foirne seo a earcú go buan. Mar thoradh air sin, bhí 15 comhalta foirne ar chonarthaí téarma seasta/sainchuspóra a chuaigh in éag sa tréimhse idir Iúil go Meán Fómhair 2011. Fágadh iomarcach na comhaltaí foirne a bhí i gceist.

**15.16** Rinne seisear de na comhaltaí foirne seo éilimh ar 'chonarthaí tréimhse éiginnte' faoi théarmaí an Achta um Chosaint Fostaithe (FTW) 2003.[1]

1 Sainmhínítear na forálacha reachtúla maidir le conarthaí den sórt seo i bhFíor 15.2.

**15.17** Bhí na comhaltaí foirne seo fostaithe ag an nGailearaí Náisiúnta ar shraith ceithre conradh ar thréimhse seasta i gcomhair fostaíochta idir Eanáir 2002 agus Meán Fómhair 2011. Luaigh an chéad chonradh fostaíochta (Eanáir 2002 – Meitheamh 2005) gurbh é “aidhm shonrach an chonartha seo ná go mbeidh tú fostaithe chun an Bailiúchán Náisiúnta ag an nGailearaí Náisiúnta a chosaint le Sciathán na Mílaoise san áireamh, ar bhonn sealadach go dtí go gcuirfear tús leis an athchóiriú ar fhoirgnimh stairiúla an Ghailearaí Náisiúnta faoi Phlean Forbartha an Ghailearaí. Nuair a tharlaíonn sin, beidh deireadh leis an gcríoch sonrach thíos agus dá réir sin beidh deireadh le d’fhostaíocht de réir Fhoráil 2. Ní féidir a mheas cén uair a bheidh deireadh le críoch shonrach an chonartha ach ní leanfaidh d’fhostaíocht, i gcás ar bith, thar an 30 Meitheamh 2005 agus dá bhrí sin tá tú ag glacadh leis an tairiscint fostaíochta seo ar an tuiscint dian go bhfuil nádúr do chuid fostaíochta sealadach”.

**Fíor 15.2 Conradh Tréimhse Éiginnte**

Is conradh fostaíochta é conradh ar théarma seasta ina gcuirtear dáta deiridh an chonartha in iúl ón tús. Is conradh fostaíochta é conradh sainchuspóra a mbíonn deireadh leis nuair a tharlaíonn imeacht sonrach nó nuair a bhíonn deireadh le críoch sonrach.

Baintear úsáid as an téarma 'conradh tréimhse éiginnte' (CID) go ginearálta le cur síos a dhéanamh ar chonradh fostaíochta a mhair (nó a bhfuil sé i gceist go mairfeadh sé) ar feadh níos mó ná 52 seachtain as a chéile. Tagann an téarma CID ón Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003. Cuireann an tAcht seo cosc ar úsáid leanúnach a bhaint as conarthaí ar théarma seasta agus déanann sé foráil go bhfuil an fostaí i dteideal CID tráth a bheidh sé/sí ar chonarthaí ar théarma seasta ar feadh níos mó ná ceithre bliana, seachas sa chás go mbíonn fírinniú oibiachtúil ann an fostaí a choinneáil ar chonarthaí ar théarma seasta.

Luann fo-alt 9(3) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003, "sa chás go n-airbheartaíonn tréimhse ar bith de chuid chonradh ar théarma seasta [fo-alt 9(1) nó 9(2)] a shárú, ní bheidh éifeacht ar bith ag an tréimhse agus breithneofar an conradh lena mbaineann mar chonradh tréimhse éiginnte."

Léiríonn fo-alt 9(1) nuair a chríochnaíonn fostaí ar chonradh téarma seasta an tríú bliain d'fhostaíocht leanúnach le fostóir, d'fheadfadh an fostóir sin an conradh ar théarma seasta a athnuachan uair amháin agus sin amháin agus beidh athnuachan den sórt sin ar théarma seasta ar feadh téarma nach faide ná bliain amháin.

Léirigh fo-alt 9(2) sa chás go mbíonn fostaí ar théarma seasta fostaithe ar dhá chonradh ar théarma seasta leanúnach, ní bheidh tréimhse comhiomlán na gconarthaí níos faide ná ceithre bliana.

Déantar cur síos ar fhorais oibiachtúla in Alt 7(1) sna téarmaí seo a leanas. “Ní bhreathnófar ar fhoras mar fhoras oibiachtúil...ach amháin sa chás go mbeidh sin bunaithe ar bhreithnithe seachas stádas an fhostaithe a bheidh i gceist mar fhostaí ar théarma seasta agus an déileáil is lú fabhar a bhaineann leis sin ó thaobh an fhostaithe sin (d’fhéadfadh go mbeadh athnuachan ar chonradh fosaithe ar théarma seasta ar mhaithe le téarma seasta eile san áireamh leis an déileáil sin) chun na críocha sprioc dlisteanach a bhaint amach don fhostóir agus go mbeidh déileáil den sórt sin cuí agus riachtanach don chríoch sin.”

**15.18** Bhí foclaíocht beagnach mar a chéile sa dara conradh (Meitheamh 2005 go Márta 2011) agus bhí na focail sonracha seo a leanas ann "Tiocfaidh deireadh le d'fhostaíocht go huathoibríoch gan ceart ar bith fógra a tharscaoileadh tráth tús an t-athchóirithe." I rith na tréimhse seo, bhí an Gailearaí ag feitheamh ar chead chun dul ar aghaidh lena máistirphlean forbartha. Mar chuid den phlean, samhlaíodh go ndúnfaí codanna den Ghailearaí ar feadh tréimhsí fada, agus dá bhrí sin, bheadh riachtanas níos lú ann d'Fhreastalaithe Slándála.

**15.19** Cuireadh tús le hathchóiriú ar an nGailearaí i Sciathán Dargan i Márta 2011. Mar sin féin, bhí na hoibreacha athchóirithe ar bun ar bhonn céimnithe agus dá bhrí sin, bhí seirbhísí na foirne seo de dhíth ar feadh tréimhse gearr breise, ag feitheamh ar thosú an t-athchóirithe i gcodanna eile den Ghailearaí.

**15.20** Bronnadh dhá chonradh eile chun an tréimhse idir Márta go Meitheamh agus Meitheamh go Meán Fómhair 2011 a chlúdach.

**15.21** Ó Márta 2009, bhí an Gailearaí i mbun pléití rialta leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le comhaltaí foirne freastalaithe breise a fhostú go buan mar gheall ar dheachmaíocht nádúrtha.

**15.22** Luaigh an Gailearaí gur lorgaíodh comhairle dlí ag gach céim den athchóiriú agus le linn na hathnuachana conartha a thosaigh in 2002 agus a chríochnaigh in 2012, agus cloíodh go beacht leis an gcomhairle ar fad a fuarthas. Le linn na tréimhse, mhol an chuideachta dlí, cé go raibh an reachtaíocht nua go leor agus nár cuireadh tríd na cúirteanna í go fóill, go raibh cás láidir ag an nGailearaí agus gur dóigh go mbeadh an Gailearaí in ann é féin a chosaint go rathúil in aghaidh éileamh ar bith.

### *Éisteacht na Cúirte Oibreachais*

**15.23** Ó mhí Iúil 2011 ar aghaidh, rinne seisear comhalta foirne don Choimisinéir um Chearta gearáin maidir le cearta fostaíochta. Bhí gach toradh éagsúil óna chéile ach rinne na seisear comhalta foirne cinntí an Choimisinéara um Chearta a achomharc chuig an gCúirt Oibreachais i Nollaig 2011. Éisteadh na cásanna i rith an tsamhraidh in 2012.

**15.24** I ndáil leis na chéad trí chás a éisteadh, chinn an Chúirt i Meán Fómhair 2012 na nithe seo a leanas

- ní raibh críoch shonrach an chonartha fostaíochta a leagadh síos i Meitheamh 2005 dlisteanach ar fhorais oibiachtúla (laistigh de shainmhíniú Alt 7(1) den Acht) agus breithníodh é mar chonradh tréimhse éiginnte.
- ní raibh an conradh fostaíochta ar théarma seasta a tairgeadh i Meitheamh 2011 dlisteanach ar fhorais oibiachtúla agus breithníodh é mar chonradh tréimhse éiginnte
- ní raibh an Gailearaí in ann a mhaígh nár chomhlíon na conarthaí 'riachtanas seasta agus buan' don Ghailearaí.

**15.25** D'ordaigh an Chúirt don Ghailearaí

- na comhaltaí foirne a fhostú arís le héifeacht ó dháta éaga na fostaíochta
- riaráistí ar bith ar phá dlite a íoc le comhaltaí foirne lúide suim airgid ar bith ar íocadh leo trí íocaíocht iomarcach a fuair siad cheana féin
- cúiteamh €3,000 a íoc leo i gcúiteamh.

**15.26** Chinn an Gailearaí gur chóir na seisear comhalta foirne a fhostú arís i Nollaig 2012. Is iad seo a leanas na costais a bhain leis sin

- Costais dlí — €124,509
- Costais ath-insealbhaithe— €281,426 i.e. riaráistí tuarastail ó dháta na hiomarcaíochta (rinneadh glaníocaíocht nuair a rinneadh íocaíochtaí iomarcaíochta a íocadh cheana féin a chuntasú)
- costais cúitimh — €15,000.

Sa bhreis air sin, tá costais dlí i gceist d'éilitheoir amháin atá in aighneas faoi láthair. Táthar ag súil le réiteach réamhshocraithe roimh dheireadh 2013.

**15.27** Dár leis an nGailearaí, mar gheall ar chomhaltaí foirne a d'imigh ina dhiaidh sin, tá na comhaltaí foirne a fostaíodh arís ag teastáil sa Ghailearaí agus tá siad fostaithe go táirgiúil.

***Conclúid***

**15.28** Thabhaigh an Gailearaí caiteachas de thart ar €420,000 maidir le hathshuíomh na seisear Freastalaí Slándála, riaráistí tuarastail don tréimhse cúig mhí déag tráth a rinneadh na freastalaithe iomarcach san áireamh. Tá costais fadtéarmacha ann don Stát freisin ó tharla gur thabhaigh na fostaithe seo freisin cearta pinsin ó thús na gconarthaí.

**15.29** Tagann saincheisteanna maidir le conarthaí tréimhse éiginnte chun cinn freisin in áiteanna eile san earnáil phoiblí. Is saincheist áirithe í seo maidir le fostaithe san earnáil oideachais tríú leibhéal.

# 16 Caiteachas ar Scéimeanna Leasa agus Fostaíochta

**16.1** Caitheadh €20.1 billiún ar scéimeanna leasa agus fostaíochta sa bhliain 2012. Chaith an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) a bhformhór mór de seo. Maoinítear na scéimeanna trí dhá chuntas atá á bhfeidhmiú ag an Roinn - an Vóta do Choimirce Shóisialach arna maoiniú ón Státchiste (Vóta) agus an Ciste Árachais Shóisialaigh (SIF). Díorthaíonn an SIF an chuid is mó dá ioncam ó ranníocaíochtaí ÁSPC. Ó lár na bliana 2010, áfach, theastaigh fóirdheontas ón SIF ón Státchiste (íoctha tríd an Vóta) chun an bhearna idir a ioncam agus a chaiteachas a líonadh. Bíonn dlúth-idirghníomhaíocht airgeadais idir an dá chuntas ó thaobh a bhfeidhmithe.

**16.2** Is é cuspóir na tuarascála seo dearcadh comhdhlúthaithe ar chaiteachas ar scéimeanna leasa agus fostaíochta a chur i láthair ag cur caiteachas ón Vóta agus an SIF araon san áireamh. Roimhe seo, bhí líon áirithe scéimeanna tacaíochta á maoiniú ag comhlachtaí eile poiblí. Le blianta beaga anuas, áfach, aistríodh formhór na scéimeanna seo chuig an Roinn nó cuireadh deireadh leo de réir a chéile. Cuireadh san áireamh iad seo sa chomhdhlúthú do réamhbhlianta chun anailís bhríoch threochta a chur ar fáil. Leagan an tuarascáil amach freisin na foinsí maoinithe chomh maith le costais riaracháin na Roinne.


**16.3** Níl caiteachas a bhí maoinithe ag comhlachtaí eile poiblí ar chláir áirithe a bhféadfadh sé go raibh cuspóirí leathan tacaíochta leasa nó fostaíochta acu chomh maith curtha san áireamh sa chomhdhlúthú. Áirithe ansin tá

- íocaíocht chuig rannpháirtithe atá faoi oiliúint do chláir fostaíochta atá maoinithe ag an gCiste Náisiúnta Oiliúna agus ag an Roinn Oideachais agus Scileanna
- caiteachas cárta leighis agus liúntas leasa na ndall arna íoc ó Vóta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- caiteachas áirithe oideachais, ar nós an chláir tacaíochta scoile, atá leagtha amach chun éagsúlacht tacaíochtaí a chur ar fáil do dhaltaí i réimsí atá catagóirithe mar réimsí faoi mhíbhuntáiste
- íocaíocht don scéim luathchúraim leanaí agus oideachais arna íoc ag an Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige.

## Treochtaí sa Chaiteachas

**16.4** Léiríonn Fíor 16.1na treochtaí ón bhliain 2009 i gcaiteachas ar scéimeanna leasa agus fostaíochta chomh maith leis an meastachán caiteachais don bhliain 2013.

**Fíor 16.1 Caiteachas ar scéimeanna leasa agus fostaíochta, 2009 go 2013**





Foinse: Iarscríbhinn A

**16.5** Rinneadh athbhreithniú ar fhormáid na gcuntas don Vóta agus an SIF araon agus tháinig sé sin i bhfeidhm sa bhliain 2012. Mar thoradh air sin, cuirtear i láthair caiteachas scéime de réir catagóire cláir. Is iad catagóirí na gclár

- Pinsin
- Tacaíochtaí ioncaim do Dhaoine in Aois Fostaíochta
- Tacaíochtaí fostaíochta do Dhaoine in Aois Fostaíochta
- Breoiteacht, míchumas agus cúramóirí
- Leanaí
- Íocaíochtaí Forlíontacha.

**16.6** Cuirtear anailís ar chaiteachas na bliana 2012 i láthair de réir catagóire in Fíor 16.2.Déanann Iarscríbhinn A anailís ar chaiteachas de réir catagóire thar na tréimhse idir na blianta 2009 agus 2013.[1]

**Fíor 16.2 Caiteachas don bhliain 2012, de réir catagóire**





Foinse: Iarscríbhinn A

1Athraíodh blianta níos luaithe de réir mar a bhí gá, ar aon dul leis an athbhreithniú ar chatagóirí na Roinne.

### *Pinsin*

**16.7** B'ionann caiteachas ar phinsin agus €6.3 billiún don bhliain 2012. Is ionann é seo agus 7% de mhéadú thar na bliana 2009. Tá 3% de mhéadú breise á thuar don bhliain 2013 (Fíor 16.3).Baineann pinsin Stáit le formhór den mhéadú thar na tréimhse. Baineann sé sin leis an méadú ar líon na bhfaighteoirí ó 370,000 sa bhliain 2009 go 423,000 sa bhliain 2012.

**Fíor 16.3 Caiteachas ar phinsean, 2009 go 2013**




Foinse: Iarscríbhinn A


### *Tacaíochtaí Ioncaim do Dhaoine in Aois Fostaíochta*

**16.8** Bhain caiteachas ar thacaíochtaí ioncaim do dhaoine in aois fostaíochta le 30% den chaiteachas uile sa bhliain 2012. B'ionann an caiteachas iomlán don bhliain 2012 agus €6 billiún - seasann sé seo do laghdú 10% ón uair is airde a bhí caiteachas sa bhliain 2010 (Fíor 16.4).Is é an liúntas agus sochar cuardaitheora poist an phríomhthacaíocht a cuirtear ar fáil agus curtha le chéile, áirítear iad mar dhá thríú cuid den chaiteachas sa chatagóir seo. Léiríonn Fíor 16.5 líon na ndaoine ar an mbeochlár idir Meitheamh na bliana 2007 agus Meitheamh na bliana 2013.

**16.9** Ar an iomlán, mhéadaigh líon na ndaoine ar an mbeochlár ó 166,000 in Meitheamh na bliana 2007 go 458,000 in Meitheamh na bliana 2011. Faoi Mheitheamh na bliana 2013, bhí sé seo tite go 435,000, laghdú de 5%.


**16.10** In Meitheamh na bliana 2008, bhí éilitheoirí liúntas cuardaitheora poist áirithe ar bheagán le cois leath na bhfigiúirí uile ar an mbeochlár. Faoi Mheitheamh na bliana 2013, bhí sé seo méadaithe go 74%, de réir mar a tháinig deireadh le daoine a bheith i dteideal sochar cuardaitheora poist agus d'aistrigh siad chuig liúntas cuardaitheora poist.

**Fíor 16.4 Caiteachas ar thacaíocht ioncaim do Dhaoine in Aois Fostaíochta, 2009 go 2013**




Foinse: Iarscríbhinn A

**Fíor 16.5 Treochtaí ar an mBeochlár, Meitheamh 2007 go Meitheamh 2013[a,b]**




Foinse: Beochlár na Príomhoifige Staidrimh Meitheamh 2007go Meitheamh 2013

Nótaí:
a Níl thart ar 20,000 éilitheoirí cuardaitheora poist san áireamh sa bheochlár— oibrithe córasacha gearrthéarmacha, daoine féinfhostaithe, liúntas fiontar gearrthéarmach, cláir shocrúcháin oibre oscailte/céimithe agus daoine atá níos sine ná 65 bliana.
b Eile—áirítear go príomha daoine dífhostaithe nach bhfuil cáilithe d'íocaíochtaí cuardaitheora poist ach a bhfuil iarratas déanta acu ar ranníocaíochtaí árachais shóisialta creidiúnaithe.

**16.11** Táthar ag tuar go laghdóidh íocaíochtaí cuardaitheora poist €130 milliún sa bhliain 2013 bunaithe ar

- laghdú 3.5% atáthar a thuar ar líon na n-éilitheoirí
- laghdú sa tréimhse a mhairfidh an sochar cuardaitheora poist
- tionchar bliain iomlán den laghdú maidir le bheith i dteideal bunícaíochta ó sheachtain sé lá go dtí seachtain chúig lá, agus é seo ag teacht i bhfeidhm ó mhí Iúil na bliana 2012. Beidh tionchar aige seo ar oibrithe páirtaimseartha nó ócáideacha atá áirithe ar an gcúigiú cuid de líon na ndaoine atá ar an mbeochlár.

**16.12** Is iad na príomhrannpháirtithe eile sa laghdú de bheagnach €500 milliún nó 8% atáthar a thuar i dtacaíocht ioncaim do dhaoine in aois fostaíochta


- Laghdú €196 milliún sa chaiteachas ar iomarcaíocht agus dócmhainneacht de bharr deireadh a bheith curtha leis an lacáiste reachtúil ó fhostóir i gcás iomarcaíochta ó mhí Eanáir na bliana 2013.

- baineann athrú sa choinníoll aoise don leanbh is óige agus laghdú sa líon a thuilltear atá le cur as an áireamh don cháilitheacht don íocaíocht teaghlach aontuismitheora leis an laghdú de €123 milliún ar chaiteachas a bhfuiltear ag súil leis.

### *Tacaíochtaí Fostaíochta do Dhaoine in Aois Fostaíochta*

**16.13** Leagtar amach an caiteachas ar scéimeanna fostaíochta don tréimhse idir na blianta 2009 agus 2012 in Fíor 16.6. Sa bhliain 2012, níor caitheadh ach beagán faoi bhun €1 billiún ar thacaíochtaí fostaíochta. Is ionann é seo agus ardú 30% thar an bhliain 2009.

**Fíor 16.6 Caiteachas ar thacaíocht fostaíochta do Dhaoine in Aois Fostaíochta, 2009 go 2013**





Foinse: Iarscríbhinn A

### *Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí*

**16.14** Laghdaigh caiteachas maidir le tacaíocht do bhreoiteacht, míchumas agus cúramóirí 8% idir na blianta 2009 agus 2012 ó €3.6 billiún go €3.3 billiún (Fíor 16.7).Baineann formhór an laghdaithe le liúntas míchumais, sochar breoiteachta[1] agus pinsean easláine. Laghdaigh líon na bhfaighteoirí sochar breoiteachta agus pinsean easláine sa tréimhse, agus bhí beagán de mhéadú ar líon na bhfaighteoirí liúntas míchumais. Laghdaigh caiteachas ar gach scéim de bharr laghdú i rátaí. Tá beagán de laghdú eile i gcaiteachas sa chatagóir seo á thuar don bhliain 2013.

**Fíor 16.7 Caiteachas ar bhreoiteacht, míchumas agus cúramóirí, 2009 go 2013**





Foinse: Iarscríbhinn A

1Bhí athruithe sna coinníollacha cáilíochta d'éilitheoirí nua a raibh tionchar acu ar chaiteachas ó mhí Eanáir 2011.

### *Leanaí*

**16.15** B'ionann caiteachas maidir le tacaíocht do leanaí agus €2.4 billiún sa bhliain 2012. Seasann sé seo do laghdú 21% thar an bhliain 2009 (Fíor 16.8). Baineann an laghdú go príomha leis an ísliú a cuireadh ar rátaí sochair leanaí thar na tréimhse agus scéim a dhírigh ar oideachas a cuireadh in áit an forlíonadh luathchúraim leanaí agus nach raibh áirithe sna figiúirí comhdhlúthaithe.[1] Tá laghdú eile 6% ar chaiteachas ar thacaíocht do leanaí á thuar don bhliain 2013.

**Fíor 16.8 Tacaíocht do chaiteachas ar leanaí, 2009 go 2013**





Foinse: Iarscríbhinn A

### *Íocaíochtaí Forlíontacha*

**16.16** Mhéadaigh caiteachas ar íocaíochtaí forlíontacha 7% ó €1.2 billiún go €1.3 billiún idir na blianta 2009 agus 2011. Bhain an méadú go príomha le caiteachas méadaithe ar liúntas breosla sa bhliain 2011. Sa bhliain 2012, bhí laghdú 12% go €1.1 billiún i líon iomlán na híocaíochtaí forlíontacha (Fíor 16.9). Bhain sé seo go príomha leis an laghdú €80 milliún in íocaíochtaí forlíontacha cíosa mar gheall ar athbhreithniú ar na huasteorainneacha cíosa agus laghdú €55 milliún san íocaíocht liúntas breosla mar gheall ar laghdú ar líon na seachtainí a raibh an liúntas iníoctha. Tá laghdú eile 10% á thuar don bhliain 2013, go príomha mar gheall ar athruithe san fhorlíonadh cíosa, forlíonadh ús morgáiste agus an pacáiste sochair theaghlaigh.

**Fíor 16.9 Íocaíochtaí forlíontacha, 2009 go 2013**




Foinse: Iarscríbhinn A

1 An scéim luathchúraim leanaí agus oideachais. Tá sí seo curtha san áireamh in Vóta 40 Gnóthaí Leanaí agus Óige.

## Foinse Maoinithe

**16.17** Áirítear sa chaiteachas comhdhlúite caiteachas faoi Vóta na Roinne agus an SIF araon, agus caiteachas a thagann ó Vótaí eile i mblianta eile. Faoin bhliain 2011, bhí an Roinn freagrach as beagnach an caiteachas uile. Bhain sé seo le haistriú freagrachta do scéimeanna éagsúla ón HSE, an Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige, agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Déanann Fíor 16.10achoimre ar chaiteachas de réir foinse don tréimhse idir na blianta 2009 agus 2013.

**Fíor 16.10 Foinse caiteachais ar leas agus fostaíocht, 2009 go 2013**

| Foinse Maoinithe | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Meast |
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| An Ciste Árachais Shóisialaigh | 9,503 | 9,180 | 8,723 | 8,587 | 8,314 |
| **Caiteachas ar Vóta** | | | | | |
| Coimirce Shóisialach | 10,355 | 11,032 | 11,540 | 11,518 | 11,299 |
| Poist, Fiontar agus Nuálaíocht | 443 | 221 | 4 | — | — |
| Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta | 99 | 67 | — | — | —- |
| Oideachas agus Scileanna | — | 287 | — | — | — |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 92 | — | — | — | — |
| Gnóthaí Leanaí agus Óige | 231 | 11 | 1 | — | — |
| **Maoiniú Iomlán** | **20,723** | **20,798** | **20,268** | **20,105** | **19,613** |

Foinse: Cuntais Leithreasa Iniúchta 2009-2012Ráitis Airgeadais Iniúchta an Chiste Árachais Shóisialaigh 2009-2012; Meastacháin do 2013 mar a vótáil Dáil Éireann


### *Easnamh an Chiste Árachais Shóisialaigh*

**16.18** Sa bhliain 2012, tháinig €8.6 billiún den chaiteachas leasa agus fostaíochta ón SIF. Íoctar ranníocaíochtaí ÁSPC a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim ó fhostóirí, ó fhostaithe agus ó dhaoine féinfhostaithe isteach san SIF. Íoctar sochair ó scéimeanna sóisialta árachais amach as an SIF. Faoin Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, tá foráil ann go n-íocfaidh an Státchiste aon easnamh.

**16.19** Ón bhliain 2008, sháraigh caiteachas an t-ioncam a fuarthas i SIF (Fíor 16.11). Freastalaíodh don easnamh go dtí Bealtaine na bliana 2010, ó chúlchistí carntha. Ó shin i leith, freastalaíodh don easnamh ó fhóirdheontas ón Státchiste. Sa bhliain 2012, íocadh fóirdheontas €2.1 billiún ón Státchiste don SIF. Bhí sé seo 15% níos airde ná an bunmeastachán. Tá foráil d'fhóirdheontas €1.5 billiún don bhliain 2013.

**16.20** Chomh maith leis an bhfóirdheontas ón Státchiste, tá foráil san Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2012 chun réamhíocaíochtaí a dhéanamh as an Lárchiste más gá lena chinntiú go bhfuil a ndóthain airgid ar fáil don SIF chun íocaíochtaí a mhaoiniú. D'fhéadfadh an riachtanas do réamhíocaíochtaí a bheith ann mar gheall ar bhulc-aistrithe ó na Coimisinéirí Ioncaim isteach san SIF ag deireadh gach mí, agus nuair a dhéantar íocaíochtaí sochair i rith na míosa. I mí na Nollag na bliana 2012, fuarthas réamhíocaíocht €300 milliún as an Lárchiste. Aisíocadh an réamhíocaíocht seo roimh dheireadh na bliana 2012.

**Fíor 16.11 Barrachas/ (easnamh) ar an gCiste Árachais Shóisialaigh, 2006 go 2013**





Foinse: Ráitis Airgeadais an Chiste Árachais Shóisialaigh 2006-2012; Meastachán do 2013 mar a vótáil Dáil Éireann

## Costais Riaracháin

**16.21** Léiríonn Fíor 16.12 an treocht i gcostais riaracháin na Roinne ón bhliain 2009 go 2013. Tá an caiteachas atá tuartha don bhliain 2013 cosúil leis an leibhéal €671 milliún a bhí i gceist sa bhliain 2012. Déantar anailís ar chostais riaracháin na Roinne in Iarscríbhinn B.

**Fíor 16.12 Costais riaracháin na Roinne Coimirce Sóisialaí, 2009 go 2013**




Foinse: Iarscríbhinn B

## Conclúidí agus Moladh

**16.22** Chaith an Roinn thart ar €20.1 billiún ar bhearta leasa agus fostaíochta sa bhliain 2012 - 3% níos lú ná caiteachas na bliana 2009.

**16.23** Déanann an Roinn riaradh ar fhormhór na scéimeanna leasa anois agus maoinítear iad tríd an Vóta do Choimirce Shóisialach nó tríd an Ciste Árachais Shóisialaigh (SIF).Rinneadh athbhreithniú ar fhormáid an dá chuntas Vóta agus SIF agus cuirtear caiteachas scéime i láthair anois faoi chatagóirí comhionanna clár i ngach cuntas.

**Moladh16.1:** Chun freagracht phoiblí a fheabhsú, ba chóir don Roinn comhdhlúthú dá chaiteachas ar scéimeanna leasa agus fostaíochta a fhoilsiú mar aguisín don Chuntas Leithreasa don Vóta.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta:** Aontaithe. Nuair a bheidh an cuntas leithreasa don bhliain 2013 á dhréachtú, cuirfidh an Roinn aguisín ar fáil, mar a moladh.

## Iarscríbhinn A Íocaíochtaí de réir Scéime agus Catagóire[a]

| Catagóir Caiteachais | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 Meast |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Pinsin** | | | | | |
| Pinsin Stáit | 4,473 | 4,537 | 4,727 | 4,913 | 5,099 |
| Pinsean Baintrí/Baintrí Fir/ Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh | 1,362 | 1,343 | 1,346 | 1,351 | 1,348 |
| Deontas Méala | 19 | 18 | 19 | 20 | 22 |
| **Iomlán** | **5,854** | **5,899** | **6,092** | **6,284** | **6,469** |
| **Tacaíochtaí Ioncaim do Dhaoine in Aois Fostaíochta** | | | | | |
| Liúntas Cuardaitheora Poist | 2,005 | 2,809 | 2,975 | 3,055 | 3,098 |
| Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | 1,121 | 1,110 | 1,089 | 1,058 | 935 |
| Sochar Cuardaitheora Poist | 1,734 | 1,285 | 927 | 737 | 564 |
| Sochar Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta | 350 | 490 | 326 | 318 | 122 |
| Sochar Máithreachais | 331 | 324 | 309 | 303 | 297 |
| Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach | 241 | 207 | 174 | 179 | 161 |
| Cúnamh Feirme | 93 | 111 | 114 | 108 | 100 |
| Sochar Banchéile Thréigthe | 100 | 93 | 86 | 84 | 80 |
| Tacaíochtaí Eile do Dhaoine in Aois Fostaíochta | 90 | 84 | 75 | 64 | 62 |
| Liúntas Réamhscoir | 97 | 78 | 60 | 46 | 33 |
| Sochair Chóireála | 100 | 51 | 23 | 19 | 19 |
| Pinsean Baintrí/Baintrí Fir/ Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamhranníocach) | 24 | 19 | 18 | 18 | 16 |
| Liúntas Banchéile Thréigthe | 6 | 5 | 4 | 4 | 3 |
| Sochar Uchtaithe | 1 | 1 | 1 | — | 1 |
| Sochar Sláinte agus Sábháilteachta | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| **Iomlán** | **6,294** | **6,669** | **6,183** | **5,993** | **5,492** |
| **Íocaíochtaí Forlíontacha** | | | | | |
| Forlíonadh Cíosa | 511 | 517 | 503 | 423 | 403 |
| Pacáiste Sochair Teaghlaigh | 359 | 368 | 370 | 369 | 284 |
| Liúntas Breosla | 200 | 229 | 266 | 211 | 211 |
| Saorthaisteal | 73 | 74 | 76 | 76 | 77 |
| Forlíonadh Ús Morgáiste | 61 | 66 | 68 | 55 | 42 |
| **Iomlán** | **1,204** | **1,253** | **1,282** | **1,134** | **1,017** |

| Catagóir Caiteachais | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 Meast |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Tacaíochtaí Fostaíochta do Dhaoine in Aois Fostaíochta** | | | | | |
| Cláir Fostaíochta | 389 | 385 | 367 | 330 | 351 |
| Tionscnamh Jab | 36 | 30 | 30 | 26 | 25 |
| Scéim Shóisialta Tuaithe | 48 | 44 | 47 | 45 | 45 |
| Scéim Phobail Socrúcháin Oibre TÚS | — | — | 12 | 67 | 96 |
| Liúntas um Fhilleadh ar Obair | 77 | 88 | 115 | 127 | 126 |
| Liúntas chun Filleadh ar an Oideachas | 107 | 180 | 202 | 200 | 189 |
| Scéim Náisiúnta Intéirneachta - JobBridge | — | — | 8 | 55 | 82 |
| Sochar Páirt-chumais | — | — | — | 2 | 9 |
| Tacaíocht Eile Fostaíochta do Dhaoine in Aois Fostaíochta | 10 | 10 | 7 | 57 | 87 |
| Scéim Fóirdheontas Fostaíochta | 18 | 93 | 4 | — | — |
| Clár Seirbhíse Pobail | 51 | 45 | 45 | 45 | 46 |
| **Iomlán** | **736** | **875** | **837** | **954** | **1,056** |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | | | | |
| Liúntas Míchumais | 1,143 | 1,110 | 1,089 | 1,088 | 1,115 |
| Sochar Breoiteachta | 920 | 943 | 876 | 774 | 732 |
| Pinsean Easláine | 682 | 640 | 607 | 603 | 601 |
| Íocaíocht Chúramóra | 533 | 528 | 532 | 534 | 559 |
| Deontas Cúraim Sosa | 99 | 128 | 130 | 136 | 111 |
| Liúntas Cúraim Baile | 123 | 96 | 100 | 102 | 107 |
| Sochar Míthreorach | 86 | 79 | 77 | 76 | 74 |
| Pinsean na nDall | 16 | 16 | 16 | 16 | 15 |
| Sochar Díobhála | 18 | 18 | 17 | 16 | 14 |
| **Iomlán** | **3,619** | **3,557** | **3,443** | **3,346** | **3,328** |
| **Leanaí** | | | | | |
| Sochar Linbh | 2,495 | 2,213 | 2,076 | 2,047 | 1,912 |
| Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | 167 | 186 | 205 | 224 | 230 |
| Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua | 67 | 77 | 91 | 66 | 49 |
| Béilí Scoile | 35 | 35 | 35 | 35 | 37 |
| Íocaíochtaí a bhaineann le Leanaí | 20 | 23 | 23 | 22 | 23 |
| Íocaíocht Luathchúraim Leanaí | 231 | 11 | 1 | — | — |
| **Iomlán** | **3,016** | **2,545** | **2,431** | **2,394** | **2,251** |
| **Caiteachas ar na Scéimeanna uile[b]** | **20,723** | **20,798** | **20,268** | **20,105** | **19,613** |

Nótaí:

a Tá sonraí caiteachais bliantúla bunaithe ar fhigiúirí cuntais leithreasa iniúchta (2009 go 2012) agus sonraí SIF iniúchta (2009 go 2012). Meastacháin do 2013 mar a vótáil Dáil Éireann.

b De bharr slánaithe, d'fhéadfadh sé nach ionann caiteachais scéimeanna áirithe agus suimeanna iomlán na gcatagóirí a tuairiscíodh

## Iarscríbhinn B Costais Riaracháin na Roinne Coimirce Sóisialaí

| | 2009 | 2010 | 2011[a] | 2012 | 2013 Meast |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| Riarachán agus bainistíocht | 538 | 528 | 581 | 576 | 581 |
| Deontas gníomhaireachta agus seirbhíse | 81 | 55 | 45 | 46 | 47 |
| Caiteachas faoi Vótaí eile | 37 | 31 | 39 | 36 | 40 |
| Cíos barúlach | 16 | 15 | 10 | 11 | 11 |
| Eile | 3 | 3 | 2 | 2 | 2 |
| **Caiteachas Iomlán** | **675** | **632** | **677** | **671** | **681** |

Nóta: a Ghlac an Roinn freagracht as maoiniú tacaíochtaí fostaíochta FÁS ó 1ú de mhí Eanáir 2011. Tá an ghné riaracháin de mhaoiniú a chuir an Roinn ar fáil do FÁS áirithe i gcostais na bliana 2011. Ón 1ú de mhí Eanáir 2012 baintear an caiteachas riaracháin d'iarscéimeanna de chuid FÁS as buiséad na Roinne.

# 17 Rialtacht Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh

**17.1** Ceanglaítear ar an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) a chinntiú go bhfeidhmítear an caiteachas a thabhaíonn sí chun na críocha a chuir Dáil Éireann an t-airgead ar fáil, agus go bhfuil a hidirbhearta airgeadais i gcomhréir leis na húdaráis faoina gceaptar iad a bheith déanta. Meastar idirbhearta airgeadais a bheith 'rialta' nuair a shásaítear gach aon cheann de na coinníollacha seo.

**17.2** Tá íocaíochtaí de bhreis ar theidlíochtaí faoi théarmaí scéimeanna leasa 'neamhrialta'. D'fhéadfadh sé go n-eascródh íocaíochtaí den sórt sin mar gheall ar na nithe seo a leanas

- calaois éilitheora — sa chás go soláthraíonn an t-éilitheoir eolas míchruinn nó neamhiomlán d'aon ghnó chun sochair a fháil, nó go mainníonn sé/sí in aon turas an Roinn a chur ar an eolas maidir le hathruithe ábhartha in imthosca
- earráid éilitheora — a eascraíonn nuair atá eolas míchruinn nó neamhiomlán curtha ar fáil ag an éilitheoir, nó gur mhainnigh sé/sí athrú ábhartha in imthosca (ar nós ardú ar theacht isteach nó athrú i riocht sláinte) a thuairisciú, ach nach bhfuil aon chalaois i gceist ó thaobh an éilitheora
- earráid rannach nó riaracháin — sa chás go n-íoctar sochair go mícheart mar gheall ar easpa gnímh, moille nó earráidí a rinne foireann na Roinne.

**17.3** Rinne mé tagairt i mo chuid teastas ar Chuntas Leithreasa 2012 do Vóta 37 agus ar Chuntas an Chiste Árachais Shóisialaigh (SIF) do 2012 don leibhéal neamhrialtachta íocaíochtaí scéime, a bhreithnigh mé a bheith ábhartha i gcomhthéacs gach aon chuntas.

### Clár Athbhreithnithe na Roinne

**17.4** Tugann an Roinn faoi shuirbhéanna calaoise agus earráide chun leibhéal an riosca a bhaineann le scéimeanna agus réimsí áirithe a fháil amach agus le súil le próisis agus bearta rialaithe a dhearadh atá dírithe go sainiúil ar leibhéal riosca amach anseo a laghdú.

**17.5** Breithníonn an Roinn líon fachtóirí nuair atáthar ag roghnú agus ag sceidealú na scéimeanna a bhfuil suirbhé le déanamh orthu. Áirítear orthu sin

- cibé an raibh suirbhé déanta ar an scéim roimhe seo
- an t-achar ama ó tugadh faoin suirbhé deiridh
- clúdach an dá Vóta agus na scéimeanna SIF araon
- caiteachas na scéime
- an t-ualach atá i gceist le tabhairt faoin suirbhé lena n-áirítear cumas na cigireachta, na scéime agus na n-oifigí áitiúla agus na lia-mheasúnóirí.

**17.6** Samhlaítear le clár suirbhéanna na Roinne dhá shuirbhé ar a laghad gach aon bhliain thar sé bliana go dtí an bhliain 2016. Déantar athbhreithniú ar an sceideal ar bhonn bliantúil agus déantar coigeartú air más gá i bhfianaise na riachtanas gnó agus treochtaí atá ag teacht chun cinn. Cuireadh suirbhé ar ghné fhorlíonaidh cíosa na scéime liúntais leasa fhorlíontaigh leis an sceideal agus cuireadh tús leis i mí an Mhárta 2013. Déanfar suirbhéanna ar na gnéithe den scéim sin atá fanta sna blianta ina dhiaidh sin.

**17.7** Tá an Roinn ag tabhairt toradh a suirbhé maidir le scéim liúntas cuardaitheora poist a cuireadh tús leis sa bhliain 2012 chun críche i láthair na huaire. Cuireadh tús le suirbhé ar phinsean baintrí/baintrí fir/nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (ranníocach) i mí Lúnasa na bliana 2013. Tá suirbhéanna ar phinsean easláine agus sochar breoiteachta ar an sceideal freisin sa bhliain 2013.

**17.8** Féachann an tuarascáil sin ar shuirbhéanna calaoise agus earráide a tugadh chun críche sna blianta 2012 agus 2013, chun measúnú a dhéanamh ar iontaofacht an phróisis agus ar impleachtaí na dtorthaí.

## Meastacháin ar Leibhéal na nÍocaíochtaí Neamhrialta

**17.9** Níl leibhéal measta ró-íocaíochta ar fáil do na scéimeanna ar fad. Leagan Fíor 17.1 amach meastachán maidir le scála na n-íocaíochtaí neamhrialta don bhliain 2012 bunaithe ar na suirbhéanna calaoise agus earráide is deireanaí atá ar fáil do scéimeanna a bhfuil suirbhéanna den chineál sin déanta orthu.

**Fíor 17.1 Leibhéil mheasta íocaíochtaí neamhrialta do scéimeanna a bhfuil suirbhé déanta orthu**

| Cuntas agus Scéim | Bliain an tSuirbhé[a] | Leibhéal measta íocaíochta neamhrialta | | Costas scéime 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Scéim | Roinn[b] | €m |
| **Scéimeanna Vóta** | | | | |
| Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | 2005 | 3.3% | n/a | 224 |
| Pinsean Stáit (neamh-ranníocach) | 2007 | 1.9% | n/a | 963 |
| Liúntas Cuardaitheora Post | 2009 | 3.1% | n/a | 3,055 |
| Liúntas Míchumais | 2010 | 18.4% | 4.1% | 1,088 |
| íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | 2011 | 7.1% | 2.7% | 1,058 |
| Sochar Linbh | 2012 | 0.5 % | 0.5% | 2,047 |
| **Scéimeanna Ciste Árachais Shóisialaigh** | | | | |
| Sochar Breoiteachta | 2006 | 0.4% | n/a | 774 |
| Pinsean Stáit (ranníocach/aistriú) | 2008 | 1.1% | n/a | 3,949 |
| Sochar Cuardaitheora Poist | 2011 | 2.5% | 1.6% | 737 |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí: a Bliain bhunaidh don suirbhé

b Glanchaillteanas don chóras leasa shóisialaigh ag tógáil cásanna san áireamh nuair a thagann éilimh/íocaíocht cleithiúnaí ar scéimeanna eile in áit éilimh scéime neamh-incheadaithe.

***Scéimeanna Vóta-Mhaoinithe***

**17.10** Tá éagsúlacht leathan sa leibhéal íocaíochtaí neamhrialta i scéimeanna Vóta-mhaoinithe. Is ionann na scéimeanna Vóta a bhfuil suirbhé déanta orthu agus €8.4 billiún de chaiteachas. Níl méid na n-íocaíochtaí neamhrialta i scéimeanna nach bhfuil suirbhé déanta orthu agus arbh ionann iad agus €3.1 billiún eile caiteachais ar eolas.

***Scéimeanna Maoinithe SIF***

**17.11** Tá éagsúlacht ann freisin i leibhéal na n-íocaíochtaí neamhrialta i scéimeanna SIF. B'ionann agus os cionn leath den €8.6 billiún de chaiteachas na scéime SIF sa bhliain 2012 an pinsean Stáit (ranníocach/aistriú) agus na scéimeanna sochair cuardaitheora poist. Tá leibhéil íocaíochtaí neamhrialta measta de bhreis ar 1% de chaiteachas ag gabháil le gach scéim.

## Torthaí an tSuirbhé is Deireanaí

**17.12** D'fhoilsigh an Roinn torthaí suirbhéanna calaoise agus earráide i ndáil le trí scéim - liúntas cuardaitheora poist, liúntas míchumais agus liúntas teaghlach aontuismitheora i mí an Mheithimh 2012. Foilsíodh torthaí an tsuirbhé ar shochar linbh i Márta na bliana 2013. Tá achoimre tugtha ar thorthaí na suirbhéanna sin i bhFíor 17.2.

**17.13** Bhí caiteachas sa bhreis ar €1 billiún ag gabháil le trí cinn de na ceithre scéim sa bhliain 2012. Bhí costas de €737 milliún ag gabháil leis an scéim liúntais cuardaitheora poist.

**17.14** Rinne suirbhéanna 2012/2013, ní hionann le suirbhéanna roimhe seo 'an glanchaillteanas' a ríomh. Tá coigeartú an leibhéal íocaíochta neamhrialta a aithníodh le cásanna a thabhairt san áireamh nuair a bhíonn an t-éilitheoir i dteideal íocaíochta faoi scéim eile nó mar cleithiúnaí fásta éilitheora eile i gceist leis sin. Dá bhrí sin, cé gur ionann an 'caillteanas comhlán' agus leibhéil chalaoise nó earráide na scéime, déantar an glanchaillteanas iarracht an tionchar ar an gcóras leasa shóisialaigh ina iomláine a thabhairt san áireamh.

**17.15** Áiríodh an méid seo a leanas ar fhachtóirí suntasacha maidir leis na scéimeanna

- d'eascair an chuid ba mhó de chásanna calaoise agus earráide a aithníodh sa scéim sochair cuardaitheora poist mar gheall go bhfuair éilitheoirí sochar as na laethanta a raibh siad ag obair
- cuireadh síos os cionn 75% de na cásanna calaoise agus earráide sa scéim teaghlach aontuismitheora d'ardú ar theacht isteach éilitheora agus thart ar 10% d'aontíos céileachais.
- d'eascair an chuid is mó den chalaois agus earráid i liúntas míchumais mar gheall go bhfuarthas amach nár shásaigh éilitheoirí critéir cháilitheachta leighis níos mó
- sna cúig chás sochair linbh ar bhain calaois leo a aithníodh, fuarthas amach go raibh an tír fágtha ag na héilitheoirí gan an Roinn a chur ar an eolas.

**Fíor 17.2 Luach measta íocaíochtaí leasa neamhrialta — suirbhéanna 2012 agus 2013**

| | Céatadán d'íocaíocht scéime, de réir luacha | | |
|---|---|---|---|
| | **Íocaíochtaí neamhrialta scéime** | **Éilimh athshuite nó aistrithe** | **Glanchail lteanas** |
| **Sochar Cuardaitheora Poist** | | | |
| Mar gheall ar chalaois | 0.1% | - | 0.1% |
| Mar gheall ar earráid | 2.4% | 0.9% | 1.5% |
| **Iomlán** | **2.5%** | **0.9%** | **1.6%** |
| **Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora** | | | |
| Mar gheall ar chalaois | 6.7% | 4.4% | 2.3% |
| Mar gheall ar earráid | 0.4% | - | 0.4% |
| **Iomlán** | **7.1%** | **4.4%** | **2.7%** |
| **Liúntas Míchumais** | | | |
| Mar gheall ar chalaois | 2.1% | 0.9% | 1.2% |
| Mar gheall ar earráid | 1.0% | 0.1% | 0.9% |
| Mar gheall ar Neamhcháilitheacht Leighis[a] | 15.3% | 13.3% | 2.0% |
| **Iomlán** | **18.4%** | **14.3%** | **4.1%** |
| **Sochar Linbh** | | | |
| Mar gheall ar chalaois | 0.5% | - | 0.5% |
| **Iomlán** | **0.5%** | **-** | **0.5%** |

Foinse: Tuarascálacha Suirbhé Calaoise agus Earráide, An Roinn Coimirce Sóisialaí, Meitheamh 2012 agus Márta 2013


Nóta: a Breithníonn an Roinn nach ionann athrú i gcáilitheacht leighis agus calaois nó earráid.

## An Próiseas Suirbhé

**17.16** Leagan Tionscnamh Calaoise 2011-2013 na Roinne amach an cur chuige maidir le scéimeanna a rialú lena n-áirítear aithint rioscaí i ngach scéim agus forbairt a dhéanamh ar bheartas rialaithe cuí.

**17.17** Tá roghnú sampla cásanna agus athbhreithniú le cigirí leasa shóisialaigh i gceist leis na suirbhéanna sin. Déanfaidh na hoifigigh bhreithiúnacha cinneadh ansin maidir le cáilitheacht i ngach cás bunaithe ar thoradh an athbhreithnithe sin. Déantar próiseáil lárnach ar na torthaí agus cuirtear tuarascáil calaoise agus earráide le chéile. Leagtar amach príomhchéimeanna an próiseas i bhFíor 17.3.

**Fíor 17.3 Príomhchéimeanna sa Phróiseas Suirbhé Calaoise agus Earráide**




**17.18** Is ionann an critéar atá riachtanach le suirbhé maidir le calaois agus earráid bhunúsach a fheidhmiú go rathúil ar scéim éilimh agus

- roghnaítear go randamach gach cás atá le cur san áireamh sa suirbhé ón líon cásanna atá ag fáil íocaíochta ag am sonrach
- tá méid an tsampla sách mór le meastacháin iontaofa réasúnach a chur ar fáil
- tugtar faoin athbhreithniú go pras tar éis den sampla a bheith roghnaithe
- déantar tástáil iomlán ar na cásanna ar fad ó thaobh aon sárú rialacháin a d'fhéadfadh a bheith ann
- déantar taifeadadh ar luach airgid aon athrú mar thoradh ar an athbhreithniú chomh maith le luach airgid an tsampla ionas gur féidir na torthaí a mheas le teacht ar thátail maidir le luach measta an chaillteanais
- Is féidir iniúchadh a dhéanamh ar thorthaí an tsuirbhé.

**17.19** Rinneadh iniúchadh ar na suirbhéanna calaoise agus earráide le déanaí i gcoinne na gcritéar sin. Agus sin á dhéanamh, rinneadh scrúdú i ndáil le gach aon scéim ar an sampla de na cásanna a bhí roghnaithe le haghaidh suirbhé a dhéanamh orthu. Bhí an sampla déanta suas de 50 cás a roghnaíodh ón gceithre shuirbhé.[1] Rinneadh scrúdú freisin ar an mbunachar sonraí a bhí bailithe ag an Roinn maidir le gach suirbhé ina raibh toradh a cuid imscrúduithe. Chomh maith leis sin, fostaíodh sainchomhairleoir staitistiúil le comhairle a chur ar fáil maidir le modheolaíochta samplála.

1 Deich gcás do gach scéim liúntas míchumais agus teaghlach aontuismitheora agus 15 cás do gach scéim cuardaitheora poist agus sochar linbh.

***Roghnú Sampla***

**17.20** Roghnaigh an Roinn sampla randamach de 1,000 cás, gach aon cheann acu sin a bhain scéimeanna teaghlaigh aontuismitheora, sochar cuardaitheora poist agus sochar linbh. Roghnaíodh sampla de 1,050 cás ar bhonn randamach chun athbhreithniú a dhéanamh orthu i gcás liúntas míchumais.

**17.21** Aithníodh líon saincheisteanna sa scrúdú maidir leis an bpróiseas samplála. Tá siad sin leagtha amach sna hailt seo a leanas,

*Sainmhíniú maidir le Daonra*

**17.22** Bhí an daonra ónar tógadh samplaí i bpéire de na suirbhéanna a ndearnadh scrúdú orthu teoranta. D'fhág an suirbhé ar an scéim teaghlach aontuismitheora as an áireamh cásanna a bhí á riaradh go lárnach agus bhí an suirbhé ar shochar cuardaitheora poist teoranta do chásanna le níos lú ná 50 lá íocaíochta. D'fhéadfadh torthaí neamhionadaíoch a bheith ar an teorannú sa daonra a bhfuil sampláil le déanamh air.

**17.23** Breithníonn an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh cúiseanna bailí gnó i ndáil leis na cinntí an daonra a theorannú sna suirbhéanna sin. I gcás an tsuirbhé ar theaghlach aontuismitheora, ar mhaithe le bheith i gcomhréir leis an suirbhé roimhe seo, fágadh cásanna a bhí á riaradh go lárnach ar lár agus mar gheall go bhfuil an chuid is mó de chásanna á riaradh ag oifigí áitiúla. Breithníodh gur amhlaidh ab fhearr a léireodh sé sin an riosca a bhaineann leis an scéim. Mar gheall go bhfuil teorannú ama i gceist leis an scéim sochair cuardaitheora poist agus go bhfuil leibhéal ard 'gluaiseachta' ag gabháil léi, roghnaíodh éileamh leis an dáta tosaigh is déanaí orthu ar mhaithe lena n-athbhreithniú chun cur an méid is féidir le líon féideartha na gcásanna a bhfuil suirbhé le déanamh orthu.

*Méid an tSampla*

**17.24** Is ionann agus tasc ollmhór an t-athbhreithniú ar chásanna samplacha. Trí úsáid a bhaint as sonraí ó shuirbhéanna atá déanta cheana agus trí theoiric samplála a chur i bhfeidhm, is féidir cinneadh a dhéanamh maidir le méid an tsampla don leibhéal muiníne inmhianaithe agus an lamháil earráide a bheidh inghlactha. Cé go bhfuil eatraimh mhuiníne níos cúinge do mhéideanna sampla atá níos mó, is féidir lamháil earráide atá inghlactha sna torthaí suirbhé a bhaint amach le sampla atá i bhfad níos lú ná an sampla caighdeánach de 1,000.

**17.25** D'fhéadfadh sé go mbeadh sé indéanta an lamháil earráide céanna a bhaint amach le méideanna sampla níos lú trí úsáid a bhaint as sampláil shrathaithe. Is ionann sampla randamach srathaithe agus modh samplála ina bhfuil an daonra roinnt i ngrúpaí níos lú (ar a dtugtar sraitheanna) agus atá bunaithe ar airíonna nó saintréithe roinnte. Roghnaítear sampla randamach ó gach aon fhoghrúpa. D'fhéadfadh sé go roghnófaí líon níos mó ó shraitheanna áit a bhfuil riosca níos airde calaoise agus earráide, le hathualú torthaí ag an deireadh ag teacht le próifíl an daonra.

**17.26** Roghnaigh an Roinn sampla randamach srathaithe i gcás na scéime sochair linbh. Ba mhodh íocaíochta (banc nó oifig poist) agus uimhir PPS na hathróga srathaithe a bhaineadh úsáid astu.

*Roghnú Cásanna*

**17.27** Ba chóir cásanna a roghnú go randamach ón daonra cásanna atá ag fáil íocaíochta. Beidh imthosca ann go minic nuair a chaithfear cás atá roghnaithe mar chuid den sampla a fhágáil ar lár, mar shampla, sa chás go bhfuair an t-éilitheoir bás. Féadfar úsáid a bhaint as ró-shampláil chun soláthar a dhéanamh do na cásanna sin, le roghnú an chéad cháis eile atá ar fáil in ordliosta cásanna a bhfuil sampláil déanta orthu le cur in áit na samplaí nach bhfuil aon mhaith iontu.

**17.28** Tugann tuarascáil an tsuirbhé ar an sochar cuardaitheora poist ar aird gur fágadh 204 (20%) de na cásanna a bhí roghnaithe as an athbhreithniú. Orthu sin bhí cásanna a raibh íocaíochtaí curtha ar fionraí ar dháta roghnaithe an tsampla. Ar a roghnú, dhún na hoifigí áitiúla na héilimh gan aon athbhreithniú a dhéanamh orthu agus níor cuireadh na héilimh a dúnadh leis an bpróiseas suirbhé. Ag tabhairt an leibhéal seo eisiatachta san áireamh d'fhéadfadh scóip a bheith ann le ró-shampláil a úsáid.

**17.29** Maidir leis an suirbhé ar an liúntas míchumais, cé go raibh méid an tsampla foriomlán a roghnaíodh dóthanach, fágadh 39 cás as an athbhreithniú. Fágadh ar lár iad mar gheall ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear, nuair nach rabhthas in ann a theacht ar na comhaid nó mar gheall go raibh an cás faoi athbhreithniú cheana féin. D'fhéadfadh maolaisnéis rátaí calaoise agus earráide a bheith sa sampla mar thoradh ar chásanna atá faoi athbhreithniú cheana féin a fhágáil ar lár.

**17.30** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur fágadh 39 cás as an suirbhé sula seoladh na comhaid chuig na cigirí le hathbhreithniú a dhéanamh orthu agus go bhfuil os cionn 1,000 cás fós ag an Roinn lena n-athbhreithniú. Is é cur chuige na Roinne cásanna i gcatagóirí áirithe a chur san áireamh ar nós cásanna atá faoi athbhreithniú cheana féin, mura n-aithnítear a stádas sula seoltar an cás le hathbhreithniú a dhéanamh air. Is í tuairim na Roinne gur cur chuige dlisteanach atá sa chur chuige seo.

***Próiseas Athbhreithnithe***

**17.31** Éilíodh ar chigirí leasa shóisialaigh athbhreithniú a dhéanamh ar éilimh shamplacha agus tuarascáil chaighdeánach cigireachta a bhaineann go sainiúil leis an scéim áirithe atá faoi imscrúdú a chomhlánú. Bhain éagsúlacht ó scéim gó scéim leis na treoracha a tugadh don fhoireann ach go ginearálta éilíodh ar chigirí athbhreithniú a dhéanamh ar éilimh ó thaobh cruthúnas céannachta, cónaitheacha agus aon athrú eile in imthosca a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar cháilitheacht. Rinneadh taifeadadh ar chóras ríomhaireachta ar gach cás a bhí faoi athbhreithniú agus ar a gcuid torthaí, agus tugadh uimhir aitheantais uathúil do gach cás samplach.

**17.32** Bhunaigh oifigigh bhreithiúnacha a gcuid cinntí ar thoradh athbhreithnithe an chigire i ngach cás. Rinneadh an cinneadh a thaifeadadh ar fhoirm i ngach cás, seachas i gcás an tsuirbhé ar sochar linbh tráth a ndearnadh taifeadadh go leictreonach ar na cinntí.

**17.33** I gcás an tsuirbhé ar liúntas míchumais, rinne lia-mheasúnóir de chuid na Roinne athbhreithniú ar an gcomhlíontacht maidir le riochtaí cáilíochta liachta a bhí bunaithe ar an eolas tacaíochta a bhí curtha ar fáil ag an éilitheoir.

**17.34** Déanann cigirí agus lia-mheasúnóirí leasa shóisialaigh araon athbhreithniú ar gach cás i scéimeanna ina bhfuil measúnacht liachta mar fhachtóir. D'fhéadfadh sé go mbeadh scóip ann le húsáid a bhaint as sampláil dhéphasach le sruthlíniú a dhéanamh air sin. Bheadh sé i gceist leis sin go ndéanfadh cigire leasa shóisialaigh athbhreithniú ar gach cás samplach agus gur athbhreithniú liachta a bheadh i gceist le haon sampla amháin de na cásanna sin. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as teicnící anailíse chúlchéimnithe nó cóimheasa le leibhéal calaoise agus earráide a mheas.

*Tráthúlacht an Athbhreithnithe*

**17.35** Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh chomh luath agus is féidir ar na cásanna a roghnaítear ar mhaithe le teagmhais a mbeadh tionchar acu ar thorthaí tar éis na samplála a sheachaint. Sna suirbhéanna a ndearnadh scrúdú orthu tógadh roinnt de na teagmhais sin san áireamh in 'díroghnú' cásanna a raibh athbhreithniú le déanamh orthu.

**17.36** Thóg na suirbhéanna idir 8 mí (sochar cuardaitheora poist) agus 22 mí (liúntas míchumas) lena gcomhlánú.

**17.37** I gcás na scéime liúntas míchumais, bhí bearna de sé seachtaine idir an dáta a roghnaíodh an sampla agus an dáta ar cuireadh an fhoireann ar an eolas maidir leis an suirbhé. Rinne an Roinn an pointe nach mbreithnítear an mhoill seo a bheith ina saincheist suntasach mar gur scéim fadtéarmach atá inti le 'híosghluaiseacht'.

**17.38** Roghnaíodh sampla eile i gcás an tsuirbhé ar shochar cuardaitheora poist mar gheall ar an moill ó thaobh tús a chur leis an bpróiseas bailithe sonraí. Mar gheall ar an mhoill sin bhí sé níos oiriúnaí sampla nua a roghnú. Chuirfeadh tús a chur le hathbhreithniú díreach tar éis roghnú sampla, áfach, ar ceal an gá le samplaí nua agus bheadh próiseas níos éifeachtúla i gceist mar gheall air sin.

**17.39** Mar a moladh roimh seo, chuideodh úsáid a bhaint as athbhreithniú leanúnach ar roinnt scéimeanna le tabhairt chun críche níos tráthúla a bhaint amach i gcás athbhreithnithe.

*Athbhreithniú Fianaise*

**17.40** Cuireann tuarascáil chaighdeánach cigire leasa shóisialaigh taifead soiléir ar fáil maidir le méid agus le toradh an athbhreithnithe a tugadh faoi. Cuidíonn sé lena chinntiú go bhfuil fianaise shoiléir ann gur tugadh aghaidh ar na príomhchritéir ar fad. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as tuarascálacha caighdeánacha freisin leis na cúiseanna a bhíonn le cásanna roghnaithe a fhágáil ar lár a leagan amach chomh maith leis na hiarrachtaí a bhí déanta agus nár éirigh leo le dul i dteagmháil leis an éilitheoir.

**17.41** Níor baineadh úsáid as na tuarascálacha caighdeánach i thart ar aon trian den na cásanna a ndearnadh athbhreithniú orthu mar chuid den scrúdú seo. Lua an tOifigeach Cuntasaíochta go mbreithníonn an Roinn go bhfuil taifead soiléir ann maidir le méid agus toradh an athbhreithnithe a rinneadh i ngach cás. Luaigh sí nach raibh an tuarascáil chaighdeánach críochnaithe i go leor cásanna mar gheall nár chuir an cigire leasa shóisialaigh an chustaiméara faoi agallamh.

**17.42** Ba chóir go mbeadh fianaise sna comhaid cáis go bhfuil gach seiceáil a bhí riachtanach le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcás déanta. Go ginearálta, ní chomhdaítear doiciméid chalaoise agus earráide ar leithligh i gcomhaid éilitheoirí. Cruthaíonn sé deacracht ó thaobh fíoraithe an chinnte athbhreithnithe. Cé go raibh fianaise ann sa chuid is mó de chásanna go raibh roinnt ar a laghad de na seiceálacha déanta, tugadh ar aird bearnaí ó thaobh doiciméadú a dhéanamh ar fhianaise as 25 de na 50 cás a ndearnadh athbhreithniú orthu. Tá scrúdú déanta ag an Roinn ar na cásanna sin agus tá sé luaite aici go bhfuil sí sásta leis an fhianaise thacaíochta i ngach athbhreithniú.

**17.43** Níor thug an cigire leasa shóisialaigh faoin athbhreithniú i gcéatadán beag de chásanna. Luaigh an Roinn go raibh athbhreithniú deasca déanta ar na cásanna sin agus tá sí sásta go bhfuil athbhreithniú agus rangú cuí déanta orthu.

### *Rangú Torthaí*

**17.44** Thug an t-aonad tacaíochta lárnach nó ceanncheathrú na scéime bunachar sonraí leis an toradh a bhain le gach aon chás chun críche i gcás trí cinn de na ceithre scéim. Rangaigh an bunachar sonraí sin cásanna mar a bheith 'gan athrú', 'calaois' nó 'earráid custaiméara' nó 'earráid roinne'. Rinne an bunachar sonraí taifeadadh freisin nuair a bhí deireadh, laghdú, nó ardú mar thoradh ar gach cás calaoise agus earráide nó ar bhain ró-íocaíocht leis an tréimhse roimhe sin.

**17.45** De réir cosúlachta bhí rangú mícheart déanta maidir le líon beag de na cásanna a scrúdaíodh. Áiríodh orthu sin, cásanna ar caitheadh leo mar chásanna a bhí 'gan athrú' ach go raibh léiriú soiléir ann go raibh laghdú nó deireadh curtha le híocaíocht.

**17.46** Is é beartas na Roinne rangú a dhéanamh ar chásanna tráth a gcuirtear deireadh le nó a laghdaítear íocaíocht mar a bheith 'gan athrú' murar féidir an deireadh nó an laghdú a cheangal leis an bpróiseas suirbhé. Ba chóir don Roinn tionchar an chur chuige sin ar thorthaí rangaithe a bhreithniú.

**17.47** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go léiríonn an cleachtas seo gluaiseacht dhlisteanach a tharlaíonn thar shaolré an éilimh leasa shóisialaigh. Níl seasmhacht ag baint le híocaíochtaí ar scéimeanna agus d'fhéadfadh deireadh, laghdú nó ardú a theacht ar theidlíochtaí custaiméara mar gheall ar go leor cúiseanna dlisteanacha. Ní bhreithníonn an Roinn, áfach, an ghluaiseacht sin a bheith ina calaois, ina hearráid custaiméara nó ina hearráid roinne.

### *Ríomh Calaoise agus Earráide*

**17.48** Sa chás go léiríonn cás go bhfuil íocaíocht á fáil a sháraíonn teidlíocht, déantar méid na ró-íocaíochta a ríomh agus a thaifeadadh ar an mbunachar sonraí mar dheireadh a bheith curtha le nó laghdú a bheith déanta ar an éileamh. Déantar coigeartú ar an ró-íocaíocht a ríomhtar i gcásanna nuair a éiríonn leis an éilitheoir achomharc rathúil a dhéanamh maidir leis an gcinneadh nó i leith íocaíocht leasa shóisialaigh eile as a gceart féin nó mar chleithiúnaí aosaithe.

**17.49** Cé go raibh an ríomh in ord go ginearálta, thug an scrúdú líon beag cásanna ar aird nuair nach raibh an ríomh déanta i gceart.

### *Ag Tuairisciú Torthaí Suirbhé*

**17.50** Foilsíonn an Roinn an ráta foriomlán calaoise agus earráide, an ráta sochair atá tugadh ar ais nó sochair nua a raibh éilitheoirí ina dteideal ina gceart féin nó mar chleithiúnaí aosaithe agus an ráta glanchaillteanais mar thoradh air sin. Tuairiscítear iad sin de réir a luach agus líon na n-éileamh araon.

**17.51** Tá leibhéal neamhchinnteachta ag gabháil le gach teicníc mheastacháin. Soláthraíonn na tuarascálacha meastachán pointe amháin den leibhéal calaoise agus earráide i ngach scéim. Ní aon tomhas neamhchinnteachta tuairiscithe don leibhéal cásanna calaoise agus earráide de réir a luach nó de réir an lín éilimh.

**17.52** Níl aon luachanna airgid tugtha sna tuarascálacha d'íocaíochtaí seachtainiúla don sampla daonra nó méid na calaoise agus na hearráide a nochtadh. Ní thuairiscítear na torthaí ach i dtéarmaí céatadáin amháin. Ní thuairiscítear caiteachas iomlán na scéime agus níl costas measta calaoise agus earráide sa scéim ina n-iomláine curtha i láthair.

### *Rialú Cáilíochta*

**17.53** Tá rialú cáilíochta agus gach céim den phróiseas suirbhé calaoise agus earráide tábhachtach chun a chinntiú go bhfuil na torthaí iontaofa agus gur féidir brath orthu. Léiríonn torthaí an scrúdaithe go bhfuil scóip ann le go bhféadfadh an Roinn láidriú a dhéanamh ar na rialaithe atá ann. Chuideodh nósanna imeachta agus treoracha níos soiléire a thabhairt don fhoireann le cáilíocht a chinntiú freisin. Chomh maith leis sin, bheadh athbhreithniú cáilíochta neamhspleách a dhéanamh ar shampla cásanna ó thaobh comhsheasmhachta i ndéanamh cinneadh úsáideach.

**17.54** Cuireadh athbhreithniú neamhspleách den phróiseas cinnte san áireamh sna nósanna imeachta le haghaidh an tsuirbhé liúntas míchumais. Rinne na nósanna imeachta soláthar do shampla cásanna maidir le 'hathrú ar an ráta' a mbeidh athbhreithniú le déanamh ag an Oifig Chomhairleach na gCinntí orthu.[1] Ní raibh athbhreithniú déanta ar aon chás áfach.

**17.55** Lua an tOifigeach Cuntasaíochta nár breithníodh go raibh gá leis an athbhreithniú a bhí pleanáilte ag Oifig Chomhairleach na gCinntí mar go raibh an cinneadh déanta ag aonad lárnach inniúil i leith na gcásanna agus nach raibh foireann oilte ag an Oifig Chomhairleach na gCinntí ag an am sin ó thaobh cinntí a dhéanamh maidir le liúntas míchumais.

### *Beartas Rialaithe Scéime*

**17.56** Ba chóir an beartas rialaithe scéime, atá i bhfeidhm do gach aon scéim a thabhairt cothrom le dáta le torthaí an tsuirbhé calaoise agus earráide a léiriú. Tugadh beartais agus nósanna imeachta rialaithe maidir leis na scéimeanna liúntais míchumais agus sochar cuardaitheora poist cothrom le dáta tar éis na suirbhéanna. Níor breithníodh go raibh aon athruithe riachtanach don dá scéime eile.

**17.57** Tugadh ar aird i gcás an tsuirbhé liúntas míchumais, gur éilíodh ar na hoifigigh cinnte a fháil amach an raibh athbhreithniú déanta ar an scéim roimhe seo, agus má bhí, dáta an athbhreithnithe deiridh. Bheadh fiúntas ag gabháil le scrúdú a dhéanamh ar dháta an athbhreithnithe deiridh na gcásanna ar fad a ndearnadh suirbhé orthu chun a fháil amach an raibh ceangal idir na dátaí athbhreithnithe agus na cásanna ard-riosca a nochtaigh an t-athbhreithniú calaoise agus earráide.

1 Tá freagracht ar Oifig Chomhairleach na gCinntí na Roinne a chinntiú go bhfuil na cinntí a dhéantar maidir le héilimh leasa shóisialaigh comhsheasmhach agus ar ardchaighdeán.

## Conclúidí agus Moltaí

**17.58** Soláthraíonn suirbhéanna calaoise agus earráide na Roinne eolas luachmhar maidir le leibhéal na n-íocaíochtaí de bhreis ar theidlíocht agus leis na rioscaí a bhaineann le scéimeanna áirithe. Cé, go ginearálta go ndéantar na suirbhéanna de réir nósanna imeachta na Roinne, d'aithin an scrúdú líon réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu, le héifeachtúlacht an próiseas suirbhé a fheabhsú agus le cur le hiontaofacht na dtorthaí araon.

**17.59** Is é príomhchuspóir na Roinne agus í ag déanamh suirbhéanna na catagóirí cásanna lena mbaineann an riosca is airde a aithint. Rinneadh leasú ar bheartais rialaithe scéime na scéimeanna a ndearnadh suirbhé orthu san áit a raibh gá leis mar thoradh ar na suirbhéanna a tugadh chun críche.

**17.60** Cuireann suirbhéanna calaoise agus earráide deis ar fáil go Roinn le meastachán iontaofa a dhéanamh ar bhunleibhéal íocaíochtaí leasa shóisialaigh de bhreis ar theidlíocht. Sholáthródh sé sin bunús le measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na Roinne chun ró-íocaíocht a bhrath agus le rianú a dhéanamh ar a éifeachtúlacht in imeacht ama le híocaíochtaí den chineál sin a chosc. Is ionann an príomhfhachtóir a bhaineann leis sin ná ionadaíocht na samplaí atá ag teacht ó dhaonra na scéime a chinntiú.

> **Moladh 17.1:** Ba chóir don Roinn a chinntiú go bhfuil na suirbhéanna deartha ar bhealach a thabharfadh an deis leis na torthaí a mheas le daonra na scéime.
>
> **Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta:** Comhaontaithe i bpáirt. Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh sí den tuairim nach bhfuil meas na dtorthaí suirbhé le caiteachas scéime ina n-iomláine iomchuí agus nach é sin an cuspóir a bhí leis na suirbhéanna a dhéanamh. Is ionann na suirbhéanna agus beartas ag an bpointe ama sin. Luaigh sí go ndéantar anailís ar thorthaí na suirbhéanna le héilimh ard-riosca a aithint agus le próifíliú a dhéanamh ar chustaiméirí ard-riosca ar mhaithe le forbairt a dhéanamh ar fhreagra rialaithe cuí. Tógann an Roinn na céimeanna atá riachtanach agus cuí le haghaidh a thabhairt air agus fáil réidh leis an riosca a aithnítear chomh luath agus is féidir. Déanfaidh an Roinn scrúdú, áfach, ar an tsaincheist sin ó thaobh na féidearthachta suirbhé leanúnach a chur i bhfeidhm do roinnt scéimeanna.

**17.61** Déanann na tuarascálacha calaoise agus earráid doiciméadú ar na torthaí i dtéarmaí céatadáin den ollchaiteachas. Cuirtear na torthaí i láthair i dtéarmaí poncmheastacháin agus ní thuairiscítear iad i dtéarmaí luach airgid.

> **Moladh 17.2:** Ba chóir don Roinn méideanna airgid calaoise agus earráide a aithnítear a thuairisciú chomh maith leis na céatadáin.
>
> **Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta:** Comhaontaithe. Foilseofar luach airgid calaoise agus earráide a aithnítear i suirbhéanna amach anseo.

**17.62** Is ionann athbhreithniú a dhéanamh ar 1,000 cás i ngach aon suirbhé agus cleachtas atá dian ó thaobh acmhainní. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh torthaí suirbhéanna roimhe seo agus breithniú na lamhála earráide inghlactha do gach scéim an deis ar fáil le méideanna samplaí a laghdú. D'fhéadfadh sampláil shrathaithe freisin laghdú a dhéanamh ar mhéideanna sampla. D'fhéadfadh 'sampláil dhéphasach' sruthlíniú a dhéanamh ar an bpróiseas athbhreithnithe do scéimeanna lena mbaineann measúnacht liachta. Is féidir leas a bhaint as ró-shampláil chun déileáil le cásanna nach mór a fhágáil amach mar gheall ar theagmhais tar éis suirbhé.

**Moladh 17.3:** Ba chóir don Roinn

- Athbhreithniú a dhéanamh ar mhéid an tsampla do gach scéim agus úsáid á bhaint as sonraí ó shuirbhéanna san am a caitheadh agus as teoiric shamplála le méid an tsampla is fearr is féidir a chinneadh. Ba chóir é sin a thabhairt cothrom le dáta tar éis gach suirbhé.
- An scóip atá ann maidir le sampláil shrathaithe a úsáid i ngach scéim a bhreithniú.
- Úsáid 'sampláil dhéphasach' nó 'sampláil dhúbailte' a bhreithniú ar mhaithe le cásanna liachta a mheas.
- Athbhreithniú a dhéanamh maidir lena beartas le catagóir áirithe cásanna tar éis a roghnaithe a fhágáil ar lár agus fiosrú a dhéanamh ar úsáid ró-shampláil le himthosca a thabhairt san áireamh nuair a fhágtar cásanna áirithe ar lár tar éis a roghnaithe.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Comhaontaithe i bpáirt. Tugann an tOifigeach Cuntasaíochta na pointí a ardaíodh maidir le sampláil ar aird. Luaigh sí, áfach, go raibh sampla dóthanach cásanna ó gach catagóir éilitheora riachtanach má bhí úsáid le baint as torthaí an tsuirbhé le beartais rialaithe i leith scéimeanna a stiúradh. Breithneoidh an Roinn úsáid srathú do shuirbhéanna amach anseo. Breithneofar 'sampláil dhéphasach' i gcomhthéacs an tsuirbhé atá pleanáilte don scéim pinsean easláine. Déanfar breithniú freisin ar úsáid ró-shampláil le cuntas a thabhairt ar chásanna a fágadh ar lár tar éis a roghnaithe.

**17.63** Tá moill fhada idir sampla a roghnú agus torthaí a thuairisciú — thóg na suirbhéanna idir ocht agus 22 mí lena gcríochnú.

**Moladh 17.4:** Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh go pras tar éis sampla a roghnú agus ba chóir scoithdháta soiléir a bheith leagtha síos. Bá chóir an fhéidearthacht maidir le suirbhé leanúnach a bheith i bhfeidhm do roinnt scéimeanna a bhreithniú trína bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar líon áirithe cásanna gach mí nó go tréimhsiúil i rith na bliana.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Comhaontaithe i bpáirt. Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta sa chás go raibh measúnú liachta i gceist, go bhfuil sé thar a bheith deacair achar fada ó thaobh suirbhé a sheachaint ar mhaithe le deis a thabhairt leis an gcéad mheasúnú, athbhreithniú ar an fhianaise a chuirtear faoi bhráid, scrúduithe agus achomharc a dhéanamh.

Tá an Roinn i mbun scrúdaithe ar an bhféidearthacht le hathbhreithniú leanúnach a úsáid. Áirítear ar shaincheisteanna nach mór breithniú a dhéanamh orthu, na hacmhainní atá i gceist agus go bhféadfadh sé chomh maith nach mbeadh athbhreithniú den sórt sin cuí i gcónaí, mar shampla, nuair atá leibhéal íseal calaoise agus earráide ag gabháil le scéim ardchaiteachais.

Scrúdóidh an Roinn úsáid scoithdháta. D'fhéadfadh feidhmiú scoithdháta dian torthaí an tsuirbhé a chur as a riocht mar go bhféadfadh sé go mbeadh cásanna deacra á bhfágáil ar lár mar gheall air.

**17.64** Tá tástáil iomlán cásanna samplacha i leith coinníollacha cáilitheachta lárnach ó thaobh iontaofacht torthaí an tsuirbhé a chinntiú. Bhí sé deacair, i roinnt de na cásanna a scrúdaíodh, fianaise a fháil go raibh gach seiceáil déanta. Chuideodh foirmeacha caighdeánacha le taifeadadh a dhéanamh ar athbhreithniú ó thaobh rian iniúchta soiléir a sholáthar chun a léiriú go bhfuil measúnacht iomlán déanta ar gach cás.

**17.65** Soláthraíonn torthaí gach suirbhé mar a thaifeadtar iad ar bhunachar sonraí an tsuirbhé an bunús le haghaidh torthaí tuairiscithe. D'aimsigh an t-iniúchadh líon beag cásanna ina raibh luach na calaoise nó na hearráide a aithníodh ríofa mícheart. Faoi láthair, ní rangaíonn an Roinn cásanna mar chalaois nó mar earráid ach amháin má eascraíonn deireadh a chur le híocaíocht nó íocaíocht a laghdú go díreach ón suirbhé. Ní áiríonn an próiseas suirbhé athbhreithniú neamhspleách ar shampla cásanna.

**Moladh 17.5:** Ba chóir do Roinn breithniú a dhéanamh ar

- Úsáid doiciméid caighdeánacha do gach cás chun a léiriú gur tugadh faoi na seiceálacha cáilitheachta go léir nó an chúis a bhí i gceist gan athbhreithniú a dhéanamh ar chás
- doiciméid chalaoise agus earráide agus fianaise eile chun tacú le hathbhreithniú a chomhdú in áit ar leith i gcomhaid an éilitheora
- a beartas maidir le cásanna a rangú
- Rialú cáilíochta atá sa phróiseas suirbhé cheana lena n-áirítear tabhairt isteach athbhreithniú neamhspleách ar shampla cásanna a láidriú.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Comhaontaithe i bpáirt. Scrúdóidh agus feidhmeoidh an Roinn, nuair is gá, na feabhsúcháin atá molta maidir leis an bpróiseas. In ainneoin an fhíorais nár baineadh úsáid as doiciméid chaighdeánach i ngach cás, tá an tOifigeach Cuntasaíochta sásta go bhfuil doiciméid dóthanach ar lámh mar fhianaise i ngach cás. Ní bhreithníonn sí go bhfuil comhdú ar leithligh a dhéanamh ar dhoiciméid suirbhé praiticiúil nó riachtanach.

Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur ghlac sí leis go raibh gá ann le láidriú a dhéanamh ar an rialú cáilíochta atá ann. Luaigh sí go ndéanann úinéirí scéime na suirbhéanna agus go bhfuil maoirseacht ann ó thaobh rannóg rialaithe na Roinne agus a staitisteoir. Is oifigigh le taithí a thóg na cinntí go léir maidir leis na cásanna rud a chinntigh comhsheasmhacht agus cáilíocht sa phróiseas cinnteoireachta.

# 18 Fiacha Ró-íocaíochta Leasa

**18.1** Déanann an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) íocaíochtaí leasa le thart ar 1.5 milliún duine gach seachtain. Is ionann buiséad foriomlán na Roinne do 2013 agus thart ar €20 billiún.

**18.2** Tagann ró-íocaíocht ar íocaíochtaí leasa chun solais nuair a fhaigheann éilitheoir íocaíocht nach bhfuiltear ina theideal nó nuair a sháraíonn an leibhéal íocaíochta a fhaightear an íocaíocht ina bhfuiltear ina theideal.


**18.3** D'fhéadfadh ró-íocaíochtaí tarlú de bharr calaoise nó earráide. D'fhéadfadh cásanna mar seo teacht chun solais nuair a chuireann éilitheoir faisnéis nua ar fáil dá dheoin féin nó mar thoradh ar bheartaíocht rialála de chuid na Roinne. Nuair a thugtar ró-íocaíocht faoi deara, cuirtear deireadh leis an íocaíocht nó laghdaítear méid na híocaíochta go dtí an leibhéal ceart. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí fiach ró-íocaíochta infheidhmithe le dlí a thaifeadadh agus déanfaidh an Roinn iarracht an fiach sin a aisghabháil/fháil ar ais. D'aithin Tionscnamh Calaoise na Roinne 2011-2013 go bhfuil aisghabháil fiacha éifeachtach riachtanach chun gníomhaíocht chalaoiseach a dhíspreagadh.

**18.4** Scrúdaíonn an chaibidil seo treocht ró-íocaíochta le roinnt blianta anuas agus an dul chun cinn atá déanta ag an Roinn i bhfeidhmiú moltaí ó scrúdaithe a rinneadh roimhe seo faoin mbealach ar bainistíodh ró-íocaíochtaí. Déantar athbhreithniú freisin ar an gcaingean dlí a tógadh i gcásanna calaoise nó chun ró-íocaíochtaí a aisghabháil.

## Fiacha Ró-íocaíochta

**18.5** B'ionann líon iomlán na bhfiach ró-íocaíochta gan íoc ag deireadh na bliana 2012 agus €375 milliún - ardú 9% nó €32 milliún ar fhiach na bliana 2011. In iomlán, tá an ró-íocaíocht gan íoc arduithe de réir 62% ón bhliain 2007 (Fíor 18.1). Baineann an fiach gan íoc leisan leibhéal ró-íocaíochtaí a haithníodh chomh maith le ceanna a aisghabháladh agus a díscríobhadh nó a cealaíodh.[1]

**Fíor18.1 Fiacha Ró-íocaíochta, 2007 go 2012**





Foinse: Iarscríbhinn A

1 Tá sonraí ró-íocaíochtaí a taifeadadh, a díscríobhadh nó a cealaíodh, agus an fiach gan íoc don tréimhse 2007 go 2012 leagtha amach in Iarscríbhinn A.

### *Taifeadadh Ró-íocaíochtaí*

**18.6** Tháinig méadú 5% ar luach ró-íocaíochtaí a taifeadadh in 2012 go €97 milliún. Ó 2007, tá an leibhéal ró-íocaíochtaí a taifeadadh go bliantúil arduithe 92%. I rith na tréimhse chéanna, tháinig ardú 25% ar chaiteachas ar scéimeanna leasa. Bhain ró-íocaíochtaí ó scéimeanna Vóta maoinithe, a bhaineann go príomha le cúnamh sóisialta, le 76% de na ró-íocaíochtaí uile in 2012 (féach Fíor18.2).


**Fíor 18.2 Ró-íocaíochtaí a taifeadadh de réir cineál scéime, 2007 go 2012**




Foinse: Iarscríbhinn A

**18.7** Léiríonn Fíor 18.3 an meán luach ró-íocaíochtaí a taifeadadh gach bliain ó 2007 go 2012. In 2009, d'ardaigh an meán go €1,570 agus d'fhan ag thart ar an leibhéal sin in 2010. Faoi 2012 bhí an meán laghdaithe go thart ar €1,420.

**Fíor 18.3 Meán luach ró-íocaíochtaí, 2007 go 2012**




Foinse: Iarscríbhinn A

### *Ró-íocaíocht an Liúntas Breosla*


**18.8** Mar thoradh ar an tionchar saofa ar an treocht, tá 60,000 ró-íocaíocht de €1.2 milliún in iomláine a bhain le híocaíocht liúntas breosla a déanadh trí dhearmad, seachtain amháin le cois in 2012, nach bhfuil curtha san áireamh sa meán ríofa don bhliain 2012.[1] Aisghabháladh beagán sa bhreis ar €1 mhilliún den ró-íocaíocht liúntas breosla ó 52,000 cás tríd an am ar tosaíodh ag íoc an liúntas breosla 2012/2013 a chur siar ar feadh seachtain amháin. Ní fhéadfaí é seo a dhéanamh i gcásanna nach raibh teidlíocht don liúntas níos mó ag na héilitheoirí ar tugadh ró-íocaíocht dóibh. Tá an fiach aisíoctha ó shin nó á aisíoc faoi láthair in 1,300 cás eile. Tá sé tugtha le fios ag an Roinn go leanfar sa tóir ar na fiacha uile atá dlite.

1 Féach Caibidlí 23 (ailt 23.32 go 23.35) den Tuarascáil Bhliantúil 2011.

*Cúiseanna le Ró-íocaíochtaí*

**18.9** Déanann an Roinn idirdhealú idir ró-íocaíochtaí a chuireann sí i leith calaoise (nó calaoise amhrasta), earráide cliaint, earráide ranna agus iad siúd a bhaineann le cásanna eastáit.[1] Léirítear gluaiseacht i luach ró-íocaíochtaí do gach catagóir den tréimhse 2007 go 2012 i bhFíor18.4.

**Fíor 18.4 Luach ró-íocaíochtaí, de réir cúise, 2007 go 2012**




Foinse: Iarscríbhinn A

***Aisghabháil Ró-íocaíochtaí***

**18.10** Aisghabhálann an Roinn ró-íocaíochtaí ar dhá bhealach


- cuid de na híocaíochtaí leasa nó iad ar fad a choinneáil siar
- íocaíochtaí díreacha (cnapshuime nó gálaí) ón éilitheoir nó óna n-eastát

**18.11** Tá os cionn dúbáilt ó €24 milliún in 2007 go €54 milliún in 2012 tagtha ar an líon iomlán ró-íocaíochtaí a aisghabháladh (féach Fíor18.5). B'ionann an líon a haisghabháladh in 2012 agus

- €28.3 milliún (53%) a haisghabháladh tríd íocaíochtaí dlite a choinneáil siar
- €12.5 milliún (23%) ó íocaíochtaí díreacha ó eastáit éilitheoirí a bhí básaithe
- aisghabháladh an t-iarmhéid de €13.4 milliún tríd íocaíochtaí díreacha.

1 Aithnítear ró-íocaíochtaí i gcásanna eastáit áit a léiríonn aischuir éigeantacha chuig an Roinn ó na heastáit a bhí ag éilitheoirí atá básaithe gur rinneadh an ró-íocaíocht.

**Fíor 18.5 Ró-íocaíochtaí a aisghabháladh, de réir modh aisghabhála, 2007 go 2012**





Foinse: Iarscríbhinn A

*An Ráta Aisghabhála*

**18.12** Is tomhas amháin ar éifeachtúlacht aisghabhála fiach é an tsuim a aisghabháltar gach bliain i gcomparáid leis an bhfiach iomlán atá le haisghabháil an bhliain sin. B'ionann an €54 milliún a haisghabháladh in 2012 agus 13% den fhiach iomlán in-aisghabhála (féach Fíor18.6).

**18.13** D'fhéadfadh sé gur tomhas níos fearr ar éifeachtúlacht aisghabhála fiach é an céatadán fiach a aisghabháladh do thréimhsí sonracha. Ní féidir le córas na Roinne, áfach, tuarascáil a chur ar fáil ag leagan amach do gach bliain, na ró-íocaíochtaí a taifeadadh, a díscríobhadh, a cealaíodh agus a aisghabháladh agus an fiach iarmhartach atá fós le híoc.

**Fíor 18.6 Suim a aisghabháladh mar chéatadán den fiach in-aisghabhála, 2007 go 2012**




Foinse: Iarscríbhinn A

**18.14** Tá sonraí curtha ar fáil ag an Roinn a léiríonn an t-iarmhéid reatha gan íoc maidir le ró-íocaíochtaí a tógadh gach bliain idir 2007 agus 2012 (féach Fíor18.7). Níorbh fhéidir a aithint an raibh baint ag na laghduithe fiacha gach bliain le haisghabháil, cealú nó díscríobh.

**Fíor 18.7 Anailís Aoise Fiachais Ró-íocaíochta, 2007 go 2012**

| | Ró-íocaíochtaí a taifeadadh | % gan íoc | |
|---|---|---|---|
| | €m | Meitheamh 2012 | Iúil 2013 |
| **2007** | 50.5 | 39 | 36 |
| **2008** | 55.6 | 42 | 38 |
| **2009** | 66.8 | 47 | 43 |
| **2010** | 83.4 | 51 | 45 |
| **2011** | 92.4 | 59 | 50 |
| **2012** | 96.9 | — | 59 |

% fiacha gan íoc tar éis 4 bliana

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

**18.15** Bhí 59% measta den fhiach a taifeadadh in 2012 fós gan íoc ag deireadh Iúil 2013. Léiríonn an anailís go bhfuil beagán sa bhreis ar 40% den fhiach fós gan íoc tar éis ceithre bliana.

*Nósanna Imeachta Aisghabhála*

**18.16** Ar dtús, déanfaidh oifig nó oifig áitiúil na scéime ábhartha, mar is cuí, plean aisghabhála a chur in áit leis an té a fuair ró-íocaíocht. D'fhéadfadh sé go mbeadh baint ag Láraonad Bainistithe Fiach agus Ró-íocaíochtaí (CODMU) na Roinne leis an gcás má theipeann ar iarrachtaí áitiúla. Deir treoirlínte na Roinne gur cheart cásanna ró-íocaíochta a chur ar aghaidh chuig an CODMU má tá an ró-íocaíocht níos mó ná €1,000, murar éirigh leis na hiarrachtaí aisghabhála a rinne oifig nó oifig áitiúil na scéime le gairid, mura bhfuil an duine ag fáil íocaíochtaí leasa a thuilleadh agus mura bhfuil a fhios cá bhfuil an té sin. In 2012, cuireadh 369 cás lenar bhain fiach de €3.3 milliún ar aghaidh chuig an CODMU (244 cás in 2011). Go dtí an tréimhse Iúil 2012, rinneadh aisíocaíochtaí de €107,000 san iomlán maidir le 129 de na cásanna seo. Mhínigh an Roinn go n-aisíocann tromlach na gcásanna seo an fiach thar roinnt blianta.

**18.17** Rinneadh athbhreithniú ar shamplaí de ró-íocaíochtaí sna hiniúchtaí a rinneadh ar an Vóta Coimirce Sóisialaí agus an Ciste Árachas Sóisialta i rith 2012. Ina iomláine, scrúdaíodh sampla de 184 cás ró-íocaíochta i seacht scéim leasa. Tá achoimre ar thorthaí na scrúduithe ar na cásanna sin ibh Fíor 18.8.

**Fíor 18.8 Torthaí ar scrúdú ar shampla de ró-íocaíochtaí**

| Stádas cáis ag am an iniúchta | Líon na gcásanna | % den sampla |
|---|---|---|
| Aisghafa ina iomláine | 47 | 25% |
| Achomharc nó athbhreithniú | 12 | 7% |
| Cealaithe nó díscríofa | 20 | 11% |
| Plean aisghabhála in áit | 62 | 34% |
| Gan plean aisghabhála in áit | 43 | 23% |
| **Iomlán** | **184** | **100%** |

Foinse: Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**18.18** As na 43 cás nach raibh plean in áit acu chun an ró-íocaíocht a aisghabháil ag an am ar rinneadh an t-athbhreithniú iniúchta, bhí 13 ag teacht leis an gcritéar tarchurtha go CODMU agus tarcuireadh seacht acu sin.

### *Cealú agus Díscríobh Ró-íocaíochtaí*

**18.19** Is féidir fiach ró-íocaíochta a taifeadadh a chealú áit a léirítear nár tharla aon ró-íocaíocht nó nuair a taifeadadh ró-íocaíocht trí dhearmad. Is féidir ró-íocaíochtaí a dhíscríobh i gcás ina meastar nach bhfuil aon ionchas réadúil ann go n-aisíocfar an fiach. Ó Feabhra 2013, rinneadh athbhreithniú ar threoirlínte na Roinne ar mhaithe le hathbhreithniú formheasa agus bainistíochta a chur ar fáil do chásanna a dhíscríobhtar agus a chealaítear.

### *Bainistiú Ró-íocaíochtaí*

**18.20** Tá roinnt easnamh ag Córas Bainistithe Fiacha na Roinne a tugadh isteach sa bhliain 2006. Níl sé ar a chumas anailís a dhéanamh ná faisnéis bhainistíochta a chur ar fáil ina bhfuil leibhéal ábhartha sonraí, ná taifeadadh a dhéanamh ar na gníomhartha aisghabhála a tógadh agus atá gan íoc ag leibhéal cás aonair. Tá sé socruithe ag an Roinn córas nua bainistithe fiacha a fhorbairt.

### *Athruithe Reachtaíochta*

**18.21** Rinneadh soláthar san Acht Leasa Shóisialaigh 2012 do shuim aisghabhála níos airde uathu siúd atá ag fáil íocaíocht leasa i gcónaí. Roimhe seo, ní fhéadfadh asbhaint ó liúntas leanúnach chun ró-íocaíocht a aisghabháil an íocaíocht a ísliú faoin ráta den Liúntas Leasa Forlíontach a bhí oiriúnach don éilitheoir. Chiallaigh sé seo gur €2 sa tseachtain í an tsuim in-aisghabhála a bhí i dtromlach na gcásanna agus nach bhféadfaí asbhaint níos airde a dhéanamh gan comhaontú i scríbhinn ón éilitheoir. Ceadaíonn na forálacha nua ráta aisghabhála go suas le 15% de liúntas leanúnach an éilitheora. Caithfear an t-éilitheoir a chur ar an eolas faoi rún na Roinne an fiach a aisghabháil ar an mbealach seo agus deis a thabhairt dó aon fhaisnéis a mheasann sé atá ábhartha maidir leis an aisghabháil atá molta a sholáthar.

**18.22** Ceadaíonn an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013 úsáid a bhaint as orduithe astaithe chun ró-íocaíochtaí a aisghabháil i gcúinsí áirithe. Tá an fhéidearthacht ró-íocaíochtaí a aisghabháil trí lacáistí cánach a choinneáil siar á mheas chomh maith le horduithe astaithe a úsáid in íocaíochtaí eile de chuid an Stáit.

## Forfheidhmiú Dlíthiúil

**18.23** D'fhéadfadh sé go mbeadh ionchúisimh choiriúla bainteach le gníomh dlíthiúil ón Roinn maidir le cásanna suntasacha mí-úsáide leasa agus/nó imeachtaí sibhialta chun aisghabháil ró-íocaíochtaí leasa a éascú nó bailiú riaráistí Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasa (ÁSPC).[1]

### *Cásanna Ionchúisimh Choiriúil*

**18.24** Déanann an Roinn iarracht a chinntiú go dtógtar ionchúisimh sna cásanna is tromchúisí nuair a bhíonn fianaise láidir calaoise ann. Agus cásanna á meas d'imeachtaí dlí, baineann an Roinn úsáid as critéir cosúil leis an tréimhse ama agus an tsuim airgid a bhíonn i gceist leis an gcalaois agus an stair a bhain leis an gcás roimhe sin. Cuirtear ualaithe le gach critéar ansin chun na cásanna atá oiriúnach d'ionchúiseamh a mheas.

**18.25** B'ionann líon na ró-íocaíochtaí ar scéimeanna leasa shóisialaigh in 2012 a bhí luaite le calaois agus 20,720. Bhí luach sa bhreis ar €6,500 ag baint le beagán le cois 1,000 de na ró-íocaíochtaí calaoise seo. Sa bhliain 2012, rinne Láraonad Ionchúiseamh na Roinne meas ar 274 (26%) cás maidir le himeachtaí coiriúla.

**18.26** Ba é 242 líon na gcásanna a cuireadh ar aghaidh le haghaidh imeachtaí coiriúla in 2012 (381 cás in 2011). Ba é 158 líon na gcásanna a tarchuireadh chuig Príomh-Aturnae an Stáit agus ag aturnaetha áitiúla Stáit, agus tarchuireadh 84 cás chuig an nGarda Síochána faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001.

### *Toradh ar Chásanna Ionchúisimh*

**18.27** In 2012, tugadh 146 cás ionchúisimh coiriúil in iomlán chun críche (209 in 2011). Gearradh fíneálcha, ó luach €100 go €6,000, in 89 cás. Ba é an toradh a bhí ar thart ar 10% de na cásanna a tugadh chun críche ná gur gearradh téarma príosúin nó téarma ar fionraí.

**18.28** Chomh maith le himeachtaí in aghaidh faighteoirí íocaíochtaí leasa, tugadh ceithre chás a bhain le fostóirí chun críche (naoi gcás in 2011). Gearradh fíneálacha i dtrí chás acu seo a bhí €1,000 ar an meán an ceann. Caitheadh amach an cás deiridh de bharr go raibh leachtú déanta ar an gcuideachta.

**18.29** Ag deireadh na bliana 2012, bhí 675 cás coiriúil ar láimh le haturnaetha Stáit agus ag céimeanna éagsúla den phróiseas ionchúisimh.

### *Imeachtaí Forfheidhmithe Fiach Sibhialta*

**18.30** I gcásanna sibhialta, scrúdaítear cumas an duine chun fiach a aisíoc. Ní thógtar imeachtaí sna cásanna ina mbíonn an fiach á aisíoc nó mura bhfuil sé ar chumas an chliaint an aisíocaíocht a dhéanamh nó mura bhfuil na hacmhainní aige. Bheadh imeachtaí sibhialta i gcásanna mar seo fánach agus costais shuntasacha ar an Roinn mar thoradh orthu.

**18.31** Ní choinníonn an Roinn le himeachtaí sibhialta mar bhealach chun fiacha a aisghabháil ach amháin i gcás go mbíonn ionchas réasúnta ann go bhfuil dóthain acmhainní ag an bhféichiúnaí an fiach a urscaoileadh. Bhí úsáid imeachtaí sóisialta ag an Roinn chun suimeanna a bhí dlite a aisghabháil, teoranta.

1 D'fhéadfadh fiach chuig an Roinn a bheith i gceist áit a seachnaíonn fostóirí íocaíocht ranníocaíochtaí ÁSPC atá dlite.

**18.32** Idir 2008 agus 2012, thug an Roinn 153 imeacht sibhialta ina n-iomláine chun críche. Baineadh torthaí dearfacha amach in 72 cás lena n-áirítear

- comhaontuithe cnapshuime i sé chás inar aisghabháladh fiacha arbh ionann agus €236,000
- socruithe tráthchoda a comhaontaíodh in 62 cás
- breithiúnais i bhfábhar na Roinne in ceithre chás cúirte.[1]

**18.33** Cuireadh deireadh leis an 81 cás a bhí fanta de bharr athruithe ar chúinsí an fhéichiúnaithe (57 cás) nó toisc go raibh an cás faoi urchosc reachta. Ag deireadh na bliana 2012, bhí 25 cás sibhialta ag an Roinn nach raibh tugtha chun críche go fóill. Ba é 48 an figiúr coibhéiseach ag deireadh na bliana 2011.

## Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta

**18.34** Tá an tOifigeach Cuntasaíochta den tuairim nach léirítear feidhmiúchán foriomlán na Roinne maidir leis an am a thógann sé fiach a aisghabháil agus luach airgeadais na n-aisghabhálacha, de bharr teorainneacha a chuirtear ar aisghabháil fiacha uathu siúd a fhaigheann íocaíochtaí leasa. Measann sí go léiríonn arduithe suntasacha sna suimeanna fiacha a taifeadadh agus a aisghabháladh, na hiarrachtaí le cois ag an Roinn chun aghaidh a thabhairt ar ró-íocaíochtaí agus bainistiú fiacha a fheabhsú.

**18.35** Cuirfidh forálacha reachtaíochta a tugadh isteach chun an tsuim aisghabhála a mhéadú agus chun soláthar a dhéanamh chun orduithe astaithe a úsáid, feabhas ar chumas na Roinne iad siúd nach bhfuil ag déanamh iarrachtaí leormhaithe chun fiach a aisíoc a leanúint. Níl an fhoráil chun an tsuim aisghabhála a mhéadú ar fáil ach ó Eanáir 2013, agus mar sin ní féidir figiúirí críochnaitheacha a chur ar fáil go fóill faoina tionchar. Bhí ardú, áfach, ar líon na bhféichiúnaithe a raibh asbhaint de luach níos airde acu sna chéad sé mhí de 2013 i gcomparáid le 2012. Measann an Roinn go mbeidh éifeacht bhactha ag an ráta aisghábhála níos airde.

**18.36** Ní bhíonn fiach faoi urchosc reachta agus is féidir é a aisghabháil ó gach teidlíocht sa todhchaí, chomh maith le heastát an éilitheora. Leanann an Roinn ag aisghabháil fiacha is cuma cén tréimhse ama a bhaineann leis an fiach. In 2012, mar shampla, bailíodh €345,000 maidir le fiach a bhí 20 bliana nó níos sine.

## Conclúidí

**18.37** B'ionann ró-íocaíocht fiacha gan íoc ag deireadh na bliana 2012 agus €375 milliún - ardú de 62% ó 2007. Sa tréimhse chéanna, d'ardaigh ró-íocaíochtaí a taifeadadh gach bliain sa bhreis ar 90%. Is féidir é a chur i gcomparáid le hardú 25% ar chaiteachas leasa.

**18.38** In 2012, b'ionann na ró-íocaíochtaí ina n-iomláine a taifeadadh agus €97 milliún. Seasann sé seo do 0.47%[2] de chaiteachas iomlán bliantúil na roinne.

**18.39** Tá breis is 40% de na ró-íocaíochtaí a taifeadadh luaite le calaois. Baineann 37% eile le hearráid chliaint. Cuireann céatadán ard na gcásanna calaoise béim ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go mbíonn aisghabháil éifeachtach ar fhiach a éiríonn as ró-íocaíochtaí. D'fhéadfadh sé go ngníomhódh ardú a chur ar líon na ró-íocaíochtaí a aisghabháltar mar dhídhreasú ar iompar calaoiseach ó éilitheoirí.

1 Áiríthe ina measc bhí foraitheanta a bronnadh (1 cás), orduithe gálaí a bronnadh (2 chás) agus morgáiste breithiúnais (1 cás).

2 **Ceartúchán**: De bharr earráid chló, níor tuairiscíodh an figiúr seo i gceart sa tuarascáil a foilsíodh ar dtús. Tá an figiúr ceart le feiceáil anois.

**18.40** B'ionann aisghabhálacha ró-íocaíochta in 2012 ina hiomláin agus beagán sa bhreis ar €54 milliún - ardú sa bhreis ar 120% ó 2007. In 2011 agus 2012, b'ionann suim na bhfiach a aisghabháladh mar chéatadán den fhiach iomlán agus thart ar 13%. Léiríonn anailís aoise ar fhiach go ndéantar aisghabháil nó díscríobh sa chéad bhliain ar thart ar 40% de na ró-íocaíochtaí a taifeadadh. Leanann bailiúchán incriminteach fiacha thar na blianta atá le teacht ach fágtar sa bhreis ar an tríú cuid den fhiach gan íoc tar éis cúig bliana.

**18.41** Níl córas Bainistithe Fiach Ró-íocaíochta na Roinne, a tugadh isteach sa bhliain 2006, éifeachtach mar uirlis bhainistithe fiacha agus níl sé ar a chumas an fhaisnéis is gá a chur ar fáil chun deis a thabhairt don Roinn monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a phróiseas bainisithe fiacha. Bheartaigh an Roinn córas nua athchuir a fhorbairt.

**18.42** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil súil aici go dtacóidh an córas nua bainistithe fiacha, le feidhmeanna cuntasaíochta agus bainistithe fiacha. Aithníonn an Roinn an gá leis an gcóras chun faisnéis bhainistithe a sholáthar chun cuidiú luacháil a dhéanamh ar éifeachtúlacht bhainistithe fiacha. Tá súil go mbeidh an córas nua i bhfeidhm sa dara leath de 2014.

## Iarscríbhinn A

### Fíor A1 Ró-íocaíochtaí agus fiacha, 2007 go 2012

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Fiacha amuigh amhail 1 Eanáir | 149.5 | 232.1 | 256.6 | 276.6 | 314.8 | 343.4 |
| Coigeartuithe don bhliain roimhe | 61.6[a] | 1.8 | (1.0) | — | — | — |
| Ró-íocaíocht a taifeadadh | 50.5 | 55.6 | 66.8 | 83.4 | 92.4 | 96.9 |
| Fiacha a cealaíodh | (1.4) | (1.1) | (1.3) | (2.2) | (6.7) | (4.6) |
| Fiacha a díscríobhadh | (4.3) | (4.9) | (11.6) | (8.5) | (5.6) | (6.2) |
| Iomlán na bhfiach in-aisghabhála | 255.9 | 283.5 | 309.5 | 349.3 | 394.9 | 429.5 |
| Fiacha a aisghabhádh[b] | (23.8) | (26.9) | (32.9) | (34.5) | (51.5) | (54.2) |
| **Fiacha gan íoc amhail 31 Nollaig** | **232.1** | **256.6** | **276.6** | **314.8** | **343.4** | **375.3** |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí: a Tar éis an córas ODM a thabhairt isteach i Samhain 2006, theastaigh coigeartuithe maidir le fiacha a bhí díscríofa roimhe sin ar chúinsí cuntasaíochta (€44 milliún) agus ró-íocaíochtaí nár lártaifeadadh roimhe sin (€17 milliún).

b Lena n-áirítear airgead tirim a fuarthas agus íocaíochtaí leasa a coinníodh siar.

### Fíor A2 Ró-íocaíochtaí a aisghabhádh ó 2007 go 2012, de réir modh aisghabhála

| Modh aisghabhála | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Sochair leasa a coinníodh siar | 11.2 | 11.3 | 16.9 | 19.7 | 24.2 | 28.3 |
| Airgead tirim ó chásanna eastáit | 4.8 | 7.1 | 8.7 | 7.2 | 14.1 | 12.5 |
| Fáltais airgeadais eile | 7.8 | 8.5 | 7.3 | 7.6 | 13.2 | 13.4 |
| **An tIomlán a aisghabhádh** | **23.8** | **26.9** | **32.9** | **34.5** | **51.5** | **54.2** |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

**Fíor A3 Líon agus luach ró-íocaíochtaí, 2007 go 2012**

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012[a] |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Luach ró-íocaíochtaí a taifeadadh** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Árachas sóisialta | 17.7 | 18.5 | 20.3 | 27.7 | 26.0 | 22.9 |
| Cúnamh sóisialta | 32.8 | 37.1 | 46.5 | 55.7 | 66.4 | 72.9 |
| **Iomlán** | **50.5** | **55.6** | **66.8** | **83.4** | **92.4** | **95.8** |
| **Líon na gcásanna ró-íocaíochta** | | | | | | |
| Árachas sóisialta | 26,250 | 29,490 | 24,630 | 26,300 | 23,750 | 22,630 |
| Cúnamh sóisialta | 20,150 | 19,610 | 17,880 | 26,300 | 39,560 | 45,030 |
| **Iomlán** | **46,400** | **49,100** | **42,510** | **52,600** | **63,310** | **67,660** |
| **Meán luach ró-íocaíochtaí** | **€1,088** | **€1,131** | **€1,571** | **€1,585** | **€1,459** | **€1,416** |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Níl ró-íocaíochtaí de €1.2 milliún chuig thart ar 60,000 cás a bhain le híocaíocht trí dhearmad a rinneadh in 2012 de sheachtain le cois den liúntas breosla san áireamh anseo.

**Fíor A4 Ró-íocaíochtaí 2007 go 2012, de réir cúise**

| **Cúis ró-íocaíochta** | **2007** | **2008** | **2009** | **2010** | **2011** | **2012** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **%** |
| Earráid chliaint | 19.7 | 24.1 | 31.5 | 42.4 | 40.5 | 35.8 | 37 |
| Calaois nó calaois amhrasta | 21.4 | 21.1 | 20.7 | 25.9 | 34.9 | 40.9 | 42 |
| Cásanna eastáit | 6.7 | 7.3 | 10.6 | 9.9 | 11.5 | 12.6 | 13 |
| Earráid rannach | 2.7 | 3.1 | 4.0 | 5.2 | 5.5 | 7.7 | 8 |
| **Iomlán** | **50.5** | **55.6** | **66.8** | **83.4** | **92.4** | **97.0** | **100** |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

**Fíor A5 An ráta aisghabhála, 2007 go 2012**

| | **2007** | **2008** | **2009** | **2010** | **2011** | **2012** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Fiacha in-aisghabhála | 255.9 | 283.5 | 309.5 | 349.3 | 394.9 | 429.5 |
| Aisghafa sa bhliain | 23.8 | 26.9 | 32.9 | 34.5 | 51.5 | 54.2 |
| **An ráta aisghabhála** | **9%** | **9%** | **11%** | **10%** | **13%** | **13%** |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

# 19 Liúntas Cúraim Baile

**19.1** Íoctar liúntas cúraim baile le cúramóirí i dtaca le leanaí atá faoi bhun 16 bliana d'aois a bhfuil míchumas trom orthu agus a bhfuil i bhfad níos mó airde agus cúraim buan ag teastáil uathu ná ó leanbh eile den aois chéanna. Bhí an scéim cúraim baile á riaradh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) sular aistríodh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) í sa bhliain 2009.

**19.2** B'ionann an caiteachas iomlán ar an scéim agus €102 milliún sa bhliain 2012. Fágann cáilitheacht don liúntas uath-teidlíocht i leith an deontais cúraim faoisimh, rud a chiallaigh caiteachas gaolmhar de €45 milliún sa bhreis. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh teidlíocht do thacaíocht cúramóra agus tacaíochtaí eile i gceist freisin.

**19.3** Scrúdaíodh riaradh na scéime mar chuid den iniúchadh ar an Vóta Coimirce Sóisialaí. San iniúchadh rinneadh athbhreithniú ar na rialuithe in áit i leith na scéime agus scrúdaíodh faisnéis ar chórais rannacha. Scrúdaíodh sampla de chásanna freisin.

## Struchtúr na Scéime

**19.4** Chun go mbeidh éilitheoir incháilithe don liúntas iomlán cúraim baile, ní mór don éilitheoir cúram a chur ar fáil don leanbh agus a bheith ina ghnáthchónaí sa Stát. Lena chois sin, ní mór don leanbh

- míchumas trom a bheith air a bhfuil an chosúlacht air go mairfidh sé bliain amháin ar a laghad
- a bheith faoi bhun 16 bliana d'aois agus a bheith ina ghnáthchónaí sa Stát
- cónaí sa bhaile leis an éilitheoir ar feadh cúig lá nó níos mó in aghaidh na seachtaine
- na critéir liachta a chomhlíonadh, rud nach bhfuil bunaithe ar an gcineál lagaithe nó galair, ach ar an gcúram agus aird bhreise a bhíonn ag teastáil de bharr easpa feidhme na colainne nó na hintinne.

**19.5** Is é an ráta íocaíochta ná €309.50 in aghaidh na míosa agus ní dhéantar tástáil mhaoine i leith na scéime. Níl aon srian ar líon na leanaí a bhféadfar an liúntas a éileamh ina leith. Níl leanaí atá ag fáil cúraim ar bhonn lánaimseartha in ionaid chónaithe nó in institiúidí eile incháilithe don liúntas. Féadfaidh leanaí in ionaid chúraim chónaithe a théann abhaile ar feadh dhá lá nó níos mó in aghaidh na seachtaine, áfach, íocaíocht ar leathráta a fháil.

**19.6** Tá oibleagáid dhlíthiúil orthu siúd a fhaigheann an liúntas an Roinn a chur ar an eolas má thagann aon athrú ar imthosca ábhartha.

## Próifíl Éilitheora

**19.7** Ag deireadh na bliana 2012, b'ionann líon na leanaí a raibh an liúntas íoctha ina leith agus 26,500 in 24,700 teaghlach (féach Fíor 19.1). Bhí 93% de na héilitheoirí ag fáil íocaíochta i leith aon leanbh amháin. Bhí 6% lena chois sin ag fáil íocaíochta i leith beirt leanaí.


**Fíor 19.1 Líon na dteaghlach agus na leanaí is tairbhithe, 2009 go 2012**

| Bliain | Teaghlaigh | Leanaí |
|---|---|---|
| 2009 | 22,945 | 24,786 |
| 2010 | 23,428 | 25,234 |
| 2011 | 24,101 | 25,914 |
| 2012 | 24,699 | 26,516 |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

**19.8** Bunaithe ar shonraí dhaonáireamh na bliana 2011, meastar go bhfuil an liúntas á íoc i leith timpeall 2.4% de leanaí ar bhonn náisiúnta. Sáraíonn an céatadán 3% i gceithre chontae — Luimneach, Ceatharlach, Corcaigh agus Ciarraí (féach Fíor 19.2).

**Fíor 19.2 Céatadán leanaí de réir contae a fuair an DCA sa bhliain 2012**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2011

## Riaradh na Scéime

**19.9** Thosaigh an Roinn ag próiseáil gach iarratas nua i leith an liúntais ó Aibreán na bliana 2009. Ó Mheán Fómhair 2009, ghlac an Roinn leis an bhfreagracht maidir le 25,000 éileamh a bhí arna íoc ag an HSE ag an am. Tá lár-riaradh na scéime ar aon dul le riaradh na Roinne ar scéimeanna liacht-bhunaithe atá ann cheana féin.

**19.10** Comhlánann an tuismitheoir/caomhnóir agus lia-chleachtóir ginearálta an linbh an fhoirm iarratais. Déanann measúnóir liachta rannach measúnóireacht ar an iarratas agus ar aon thuarascálacha breise liachta nó ar ábhar tacaíochta eile. Scrúdaíonn oifigeach cinntitheach an measúnú seo, chomh maith le doiciméadú ábhartha eile agus déanann an té sin cinneadh maidir le teidlíocht íocaíochta. Cuirtear an t-iarratasóir ar an eolas i scríbhinn maidir leis an gcinneadh.

**19.11** Má dhiúltaítear d'iarratas ar chúiseanna liachta, is féidir le héilitheoir faisnéis bhreise liachta nó faisnéis eile a sholáthar agus athbhreithniú ar an gcinneadh a iarraidh. Tá foráil freisin faoinar féidir leis an iarratasóir achomharc díreach a dhéanamh chuig an Oifig Achomhairc um Leasa Shóisialaigh agus éisteacht bhéil nó achomair a iarraidh.

## Scála ama i leith Éileamh a Phróiseáil

**19.12** In Aibreán na bliana 2013, b'ionann an meán am a thóg sé iarratas a phróiseáil agus 8 seachtaine (6 seachtaine in 2012). Nuair a dhéanann éilitheoir achomharc in aghaidh cinneadh, tógann sé 32 seachtaine ar an meán gach céim den phróiseas achomhairc a chríochnú.[1]

**19.13** Thar na trí bliana go 2012, b'ionann meán líon na n-iarratas a fuarthas gach bliain agus 5,000. Ba é an chéad chinneadh i mbreis agus 60% de na cásanna ná an t-iarratas a dhiúltú. I líon áirithe de na cásanna seo a diúltaíodh, chiallaigh soláthar faisnéise breise gur ceadaíodh an t-éileamh roimh achomharc foirmiúil. Déantar achomharc ar céatadán ard cásanna a dhiúltaítear agus faightear 2,100 achomharc, ar an meán, gach bliain.

**19.14** I mbreis agus 60% de na hachomhairc a socraíodh sa bhliain 2012, rinneadh leasú ar an gcéad chinneadh san Oifig Achomhairc, sin nó mar thoradh ar chinneadh leasaithe a rinne an t-oifigeach cinntitheach rannach (féach Fíor 19.3).

**19.15** Ag deireadh na bliana 2012, bhí cinntí fós le déanamh in 1,113 cás achomhairc. I dtromlach na gcásanna (64%), bhí an Oifig Achomhairc ag feitheamh le faisnéis ón Roinn.

1 Tuarascáil Bhliantúil an Oifig Achomhairc um Leasa Shóisialaigh2012.

**Fíor 19.3 Toradh ar achomhairc a socraíodh, 2012**

| Stádas | An líon cásanna | |
|---|---|---|
| **Achomhairc ceadaithe** | | |
| Láncheadaithe | 874 | |
| Leathcheadaithe | 29 | |
| Cinneadh athbhreithnithe[a] | 625 | |
| | 1,528 | 62% |
| **Achomhairc neamh-incheadaithe** | 906 | 37% |
| **Achomhairc aistarraingthe** | 24 | 1% |
| **Iomlán** | **2,458** | **100%** |

Foinse: Tuarascáil Bhliantúil na hOifige Achomhairc um Leasa Shóisialaigh 2012

Nóta: a Cinntí leasuithe a rinne oifigigh cinntitheacha sular cuireadh na hachomhairc ar aghaidh chuig oifigeach achomharc.

## Rialuithe Glactha

**19.16** Deimhnítear teidlíocht ag céim an iarratais trí aois, critéir liachta, socraíocht chónaithe agus cónaitheacht a sheiceáil. Déantar seiceáil freisin lena chinntiú go bhfuil an duine atá ag éileamh an liúntais ina ghnáthchónaí sa Stát agus ag soláthar an chúraim.

**19.17** As sampla de 25 iarratasóir a rinne iarratas le linn na bliana 2012, léirigh an t-iniúchadh faisnéise gur críochnaíodh an seiceáil a theastaigh i ngach cás.

## Athbhreithniú ar Éilimh a Íoctar

**19.18** Baineann beartas athbhreithnithe ar éilimh arna íoc ag an Roinn le cás a athbhreithniú ar dháta a mholann an measúnóir liachta. I gcásanna áirithe, molann an measúnóir liachta nach bhfuil athbhreithniú ag teastáil ó chás. Níl próiseas athbhreithnithe i dtaca le cásanna a haistríodh ón HSE curtha in áit.

**19.19** Is éard a chiallaíonn athbhreithniú ar éileamh ná go gcomhlánfadh tuismitheoir/caomhnóir tuarascáil ag míniú faoin gcúram reatha atá á cur ar fáil chomh maith le tuarascáil liachta ó lia-chleachtóir ginearálta an linbh. Déanann measúnóir liachta rannach athbhreithniú ar an bhfaisnéis a chuirtear ar ais agus tugann tuairim faoi theidlíocht leanúnach an linbh. Tugann oifigeach cinntitheach breithiúnas ar an tuairim sin agus ar choinníollacha cáilitheacha eile chun a fháil amach an bhfuil gá cinneadh a leasú.

**19.20** In Meitheamh na bliana 2012, bhunaigh an tAire Coimirce Sóisialaí grúpscéim athbhreithnithe ar a raibh ionadaithe ón Roinn, ó Ranna ábhartha eile, agus grúpaí tuismitheora/abhcóideachta, chomh maith le saineolaithe ábhartha. Áirithe i dtéarmaí tagartha an athbhreithnithe bhí cuspóirí an bheartais agus na forálacha dlí a thacaigh leis an scéim, agus na próisis riarachán, measúnuithe liachta agus achomharc. Cuireadh athbhreithnithe ar chásanna a bhí le híoc ar fionraí nó go mbeadh toradh ar athbhreithniú na scéime. Thug an grúpa tuarascáil don Aire in Nollaig 2012 agus foilsíodh an tuarascáil in Aibreán 2013. Tá moltaí an ghrúpa athbhreithnithe leagtha amach in Iarscríbhinn A. Cuireadh na moltaí os comhair an Rialtais in Aibreán 2013 agus comhaontaíodh gur cheart don Roinn na hathruithe riarachán a moladh a chur i bhfeidhm, agus go dtabharfaí breithiúnas ar mholtaí an bheartais i gcomhthéacs an Bhuiséid.

**19.21** Leagtar amach na torthaí ar athbhreithnithe ar iarratais i dtaca le 2010 agus 2012 i bh Fíor 19.4. Fuarthas amach go raibh beagán le cois leath na gcásanna a hathbhreithníodh in 2010 agus in 2011 nach raibh i dteidlíocht an liúntais níos mó. Stopadh na híocaíochtaí sna cásanna seo. As an 143 athbhreithniú a críochnaíodh in 2012 roimh an gcinneadh athbhreithnithe a chur ar fionraí, tugadh faoi deara go raibh 40% nach raibh i dteidlíocht an liúntais níos mó. Coinníodh ag íoc an liúntais sna cásanna seo.

**Fíor 19.4 Torthaí ar athbhreithnithe, 2010 go 2012**

| | 2010 | 2011 | 2012[a] |
|---|---|---|---|
| Teidlíocht leanúnach | 80 | 176 | 86 |
| Teidlíocht ar ceal | 54 | 224 | 57 |
| Líon na n-athbhreithnithe a críochnaíodh | 134 | 400 | 143 |
| Cinneadh fós le déanamh[b] | - | 3 | 363 |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí: a Níor déanadh 1,444 athbhreithniú sceidealaithe in 2012 de bharr an chinnidh gach athbhreithniú a chur ar fionraí.

b Rinneadh an t-athbhreithniú ach ag feitheamh le faisnéis bhreise le cois.

### *Cásanna arna Aistriú ón HSE*

**19.22** In Feabhra na bliana 2012, rinne an Roinn athbhreithniú ar shampla randamach de 91 cás a haistríodh ón HSE. Ba é an cuspóir a bhí leis seo ná faisnéis a fháil chun cuidiú leis an Roinn beartas athbhreithnithe a fhorbairt do chásanna a haistríodh. Eisíodh tuairisceán chuig tuismitheoirí agus bunaithe ar an athbhreithniú ar fhaisnéis a cuireadh ar ais

- fuarthas go raibh cáilitheacht leanúnach ag 45
- measadh go raibh 41 (45%) neamh-incháilithe
- níor chomhlánaigh 5 (5%) an tuairisceán agus stopadh an íocaíocht.

**19.23** Cuireadh gníomh sa bhreis ar 41 cás a measadh a bhí neamh-incháilithe ar atráth, áfach, nó gur cuireadh próiseas athbhreithnithe in áit do gach cás a haistríodh.

**19.24** Ní bhfuair an Roinn comhaid ón HSE faoi aon cheann de na cásanna a haistríodh. Fuarthas in athbhreithniú mar chuid den scrúdú seo ar dheich gcás samplach nach raibh i dtaifid na Roinne ach bunfhaisnéis faoi na cásanna. Ní mórán faisnéise a bhí iontu maidir le cáilitheacht lena n-áirítear riocht liachta agus dátaí athbhreithnithe.

## Leibhéal Íocaíochta Mírialta

**19.25** Go dtí seo, níor thug an Roinn faoi shuirbhé calaoise agus earráide i leith na scéime agus níl aon mholadh sa meán-téarma tabhairt faoi shuirbhé.

## Conclúidí agus Moltaí

**19.26** Aistríodh freagracht i leith na scéime cúraim baile ón HSE chuig an Roinn sa bhliain 2009. Is iad an HSE a rinne próiseáil ó thús ar thimpeall 70% de na 26,000 cás atá anois á híoc.

**19.27** Cothaíonn aistriú freagrachta do scéim leasa shóisialaigh ó chomhlacht Stáit amháin chuig ceann eile dúshláin, go háirithe nuair a chaitear a chinntiú go gcuirtear leorfhianaise ar fáil chun tacú le híocaíocht leanúnach ar éilimh aonair. Ní bhfuair an Roinn comhaid ón HSE faoi na cásanna agus níl mórán faisnéise ann i dtaca le cáilitheacht liachta do na cásanna a haistríodh.

> **Moladh19.1:** Ba chóir don Roinn a chinntiú go bhfaighfear fianaise ábhartha chun tacú le híocaíocht leanúnach ar chásanna a ndearna an HSE próiseáil orthu ó thús.
>
> **Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta:** Aontaithe. Tháinig deimhniúchán ón HSE leis na cásanna a haistríodh go raibh siad uile cáilithe don liúntas ó Lúnasa na bliana 2009. De bharr go raibh éagsúlachtaí suntasacha sa cháilíocht agus cineál sonraí, mar gur theastaigh ón HSE comhaid pháipéar a choinneáil, níor haistríodh ach sonraí leictreonacha. Mar thoradh air sin, níl riocht liachta taifeadta ar chórais na Roinne ach i mbeagnach 50% de na cásanna a haistríodh. Tá dáta athbhreithnithe molta d'uimhir chomhchosúil. Tá comhaid bhunaidh na gcásanna ag teastáil ón HSE mar go bhfuil freagracht leanúnach air as aon cheist a bhaineann le héilimh a próiseáladh agus a cuireadh i bhfeidhm roimh Aibreán 2009. Cinnteoidh an clár athbhreithnithe atá á fhorbairt faoi láthair go gcoinneoidh an Roinn fianaise cothrom le dáta, thar tréimhse ama, chun cáilitheacht leanúnach a dheimhniú i ngach cás.

**19.28** Is príomhrialú é athbhreithniú liachta ar chásanna chun cáilitheacht leanúnach a chinntiú i dtaca le cásanna a íoc agus cothromas cóireála do dhaoine atá in imthosca comhchosúil. Tá tábhacht an rialaithe seo soiléir ón bhfíric gur léirigh athbhreithnithe ar chásanna a phróiseáil an Roinn ó haistríodh iad go raibh beagnach 50% de na cásanna a hathbhreithníodh nach raibh incháilithe a thuilleadh. Cuireadh athbhreithnithe liachta ar chásanna ar fionraí i mBealtaine 2012 tar éis fógra ón Aire go raibh athbhreithniú le déanamh ar an scéim. Coinníodh ag íoc na gcásanna a hathbhreithníodh in 2012 agus a fuarthas amach go raibh siad neamh-incháilithe. Níor cuireadh aon chlár d'athbhreithnithe liachta do chásanna a haistríodh ón HSE in áit ó ghlac an Roinn freagracht ar an scéim. D'aithin athbhreithniú a rinne an Roinn ar shampla randamach de chásanna a haistríodh go bhféadfadh 50% acu a bheith neamh-incháilithe. Coinníodh ag íoc na gcásanna samplacha seo.

> **Moladh19.2:** Ba chóir don Roinn a chinntiú go gcuirtear próiseas athbhreithnithe liachta caighdeánach in áit do gach cás chomh luath agus is féidir.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta:** Aontaithe. Coinníodh ag íoc na gcásanna a bhfuarthas neamh-incháilithe iad in 2012 mar gur measadh go mbeadh sé neamhchuí agus go bhféadfadh sé a bheith éagórach leanúint ag fiosrú a dteidlíocht nuair a bhí athbhreithniú ar an scéim tionscanta ag an Aire. Níor críochnaíodh próiseas iomlán athbhreithnithe ar na cásanna a d'fhéadfadh a bheith neamh-incháilithe agus a haithníodh san athbhreithniú ar shampla randamach de chásanna a haistríodh, mar gur measadh dá ndéanfaí é sin go mbeadh sé éagórach mar nach raibh clár cuimsitheach athbhreithnithe ann do na cásanna uile a haistríodh.

Cé go raibh an baol go dtabharfaí ró-íocaíocht do fhaighteoirí nach bhfuil cáilithe a thuilleadh ina údar imní i gcónaí, beidh forbairt ar pholasaí athbhreithnithe láidir agus inbhuanaithe ina bhuntáiste do gach páirtí sa deireadh. Beidh clár athbhreithnithe curtha in áit chomh luath agus a bheidh sin indéanta.

Tá grúpa bunaithe le maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú na n-athruithe riarachán a moladh i dtuarascáil ón ngrúpa athbhreithnithe. Tá sé pleanáilte an córas agus na hathruithe riarachán a bheith in áit faoi dheireadh na bliana 2013 agus athbhreithnithe ar éilimh a thosú láithreach ina dhiaidh sin. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur lean an Roinn ag críochnú athbhreithnithe ar ghnéithe eile de cháilitheacht, cé go raibh athbhreithnithe liachta curtha ar fionraí.

## Iarscríbhinn A Athbhreithniú ar an Liúntas Cúraim Baile —Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe, Nollaig 2012

### Achoimre ar Mholtaí

Agus an t-athrú beartais agus próisis atá ag teastáil á mheas, chomh maith le réimsí oibre agus taighde sa todhchaí, molann an grúpa athbhreithnithe;

1. Go gcoinneofaí an téarmaíocht atá in úsáid chun cur síos a dhéanamh ar an leibhéal cúraim atá riachtanach chun cáiliú don liúntas cúraim baile
2. Tugann an sainmhíniú ar na focail 'substaintiúil' agus 'trom' mar atá leagtha amach sna treoirlínte liachta bunús maith chun cuidiú le tuismitheoirí/caomhnóirí tuiscint a fháil ar an gcineál agus leibhéal cúraim breise atá riachtanach chun cáiliú.
3. Ba chóir sainmhínithe bunaithe orthu siúd a úsáidtear sna treoirlínte liachta a chur ar fáil agus a bheith áirithe i ngach doiciméad faisnéise agus ar an idirlíon.
4. (a) An ráta íocaíochta singil don scéim Liúntas Cúraim Baile a choinneáil.

   (b) Admhaítear go dtugann sé seo le fios go gcoinneofaí leibhéal cúraim níos airde mar riachtanas chun cáiliú don liúntas agus na himpleachtaí a bhaineann leis seo nuair atá sainmhíniú á thabhairt ar an téarmaíocht a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na leibhéil chúraim atá riachtanach.
5. (a) Foirm nua iarratais a úsáid, atá deartha mar chuid den phróiseas athbhreithnithe.

   (b) Athbhreithniú ar threoirlínte faisnéise chun a chinntiú go bhfuil tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoin bhfoirm nua iarratais agus an buntáiste a bhaineann le faisnéis ghonta a chur ar fáil faoi riachtanais chúraim a linbh.
6. (a) Go gcuirfidh na saineolaithe ábhartha liachta an fhoirm fhorlíontach ar fáil le comhlánú chun sonraí liachta agus cúraim breise a sholáthar do leanaí a bhfuil neamhoird fhorbarthach fhorleatach orthu.

   (b) Ba chóir an fhoirm seo a chomhlánú agus a chur isteach le héilimh don Liúntas Cúraim Baile áit a bhfuil neamhord forbarthach forleathach ar leanbh.

   (c) Ba chóir an fhoirm shonrach a chur ar fáil tríd Ionaid Eolais do Shaoránaigh agus soláthróirí faisnéise eile agus ba chóir go mbeadh sí ar fáil ar an idirlíon freisin.

   (d) Nuair nach gcuirtear an fhoirm isteach, tabharfar deis don tuismitheoir/caomhnóir an fhianaise seo a sholáthar sula mbunaítear tuairim neamhfhabhrach.
7. Cuirfidh measúnóirí liachta faisnéis bhreise ar thuairimí ar fáil (cuideoidh an fhoirm nuadheartha leis seo) agus ba chóir aon chás a chuirtear faoi chás-chomhdháil agus/nó comhairliúchán le daoine gairmiúla eile a nótáil dá réir.
8. Ba chóir tabhairt faoi obair bhreise tras-ghníomhaireachta, arna stiúradh ag an Údarás Náisiúnta Míchumais chun taighde a dhéanamh ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as uirlisí measúnuithe cúraim, chun a n-úsáideacht i gcomhthéacs na hÉireann a dhearbhú.
9. (a) Go dtugtar faoi thaighde breise chun oiriúnacht uirlisí den sórt sin a fháil amach chun cuidiú sa phróiseas déanta cinntí, i gcomhthéacs na hÉireann.

   (b) Ag glacadh leis go bhfaightear uirlis oiriúnach, ansin d'fhéadfaí tabhairt faoi thriail chun cosúlacht torthaí a dhearbhú nuair a bheadh cásanna cearta á húsáid.

   (c) Cuirfidh na torthaí ó fhoirmeacha nua liachta a thástáil in iúl an inmhianaitheacht chun uirlis measúnaithe cúraim a chur i bhfeidhm.
10. Go bhfuil mionathruithe ar na treoirlínte liachta riachtanach agus moltar go ndéanfar iad seo agus go bhfoilsítear na treoirlínte leasaithe ar an bpointe.

11. Go mbainfear úsáid as na liostaí ina sonraítear na coinníollacha is beag nach bhfuil dóchúil chun cáiliú agus nach dtagraítear díbh in aon treoirlínte atá le húsáid sa phróiseas measúnaithe.
12. Go n-úsáidfí na sonraí maidir le haois ghnóthachtála an Ionaid um Ghalair a Chosc (CDC) do chuspóirí comparáide gnóthachtála ar leanaí in aois 0 go 18.
13. Go gcuirtear an oiread faisnéise agus is féidir ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí chomh maith le, nó mar chuid den chinneadh ar a n-éileamh, lena n-áirítear i gcás na neamhord forbarthach forleatach, an tuarascáil liachta a chomhlánann measúnóirí liachta.
14. Go bhfiosródh an Roinn an fhéidearthacht painéal ildisciplíneach a chur in áit, ar a mbeadh daoine gairmiúla a oibríonn i réimse leanaí faoi mhíchumas ar féidir le measúnóirí liachta dul i gcomhairle leo chun tacú leo a dtuairimí a bhunú.
15. (a) Is cuid oiriúnach agus riachtanach de bhainistiú scéime é beartas athbhreithnithe.

    (b) Beidh dátaí athbhreithnithe socraithe ag deireadh tréimhsí idir trí go cúig bliana ag tromlach na n-éileamh ach aithnítear go mb'fhéidir go mbeadh sé oiriúnach roinnt éileamh a athbhreithniú i scála ama níos giorra/faide.

    (c) Leanfaidh roinnt éileamh á rangú mar 'ná déan athbhreithniú' de bharr chomh dona agus atá riocht an linbh agus a ré ionchais.

    (d) Ba chóir go leanfadh feidhmiú na bhfeabhsuithe a cuireadh i bhfeidhm maidir le fógra faoi dhátaí athbhreithnithe agus réamhfhógra faoi athbhreithniú.

    (e) Faigheann tuismitheoirí/caomhnóirí cumarsáid bhreise ón oifigeach cinntitheach chun deis a thabhairt dóibh faisnéis bhreise a sholáthar sula ndéantar an cinneadh athbhreithnithe (fógra 21 lá) i gcásanna a bhfuil an t-oifigeach cinntitheach ag cuimhniú deireadh a chur le híocaíocht.
16. (a) Ba chóir an chúis iomlán faoi chinneadh leasaithe ar achomharc, dearfach nó diúltach, a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí agus d'oifigigh cinntitheacha chun deis a thabhairt tuiscint a fháil ar an tslí ar thángthas ar chinneadh leasaithe, mar go dtabharfaidh an fhaisnéis seo eolas don phróiseas cinntitheach.

    (b) Ba chóir faisnéis a thabhairt don Oifig Achomhairc um Leasa Shóisialaigh (SWAO) ar na hathruithe atá á dtabhairt isteach ar riaradh na scéime.

    (c) D'fhéadfadh sé gurb é an tslí is cuidiúla chun an fhaisnéis riachtanach ar chinntí a sholáthar ná i bhfoirm doiciméid teimpléadach.
17. Athdhearadh ar chumarsáid ar an scéim liúntas cúraim baile lena chinntiú go bhfuil rochtain thráthúil ar fhaisnéis, soiléireacht faoin bpróiseas agus faisnéis iomlán faoi gach cinneadh a dhéantar ar a n-éileamh ag tuismitheoirí/caomhnóirí.

    (a) Sainmhíniú soiléir ar an leibhéal cúraim atá riachtanach chun cáiliú don liúntas cúraim baile a bheith san áireamh i ngach faisnéis faoin scéim.

    (b) Ba chóir litreacha cinntitheacha a athbhreithniú chun go mbeadh an oiread faisnéise agus is féidir san áireamh faoin gcúis a bhain le cinneadh.

    (c) Ba chóir an fhoclaíocht i gcumarsáid a athbhreithniú agus go mbainfí úsáid níos fearr as teanga ionbháúil.

    (d) Ba chóir úsáid a bhaint as láithreán idirlín na Roinne chun gach faisnéis ábhartha a chur ar fáil, lena n-áirítear sainmhíniú soiléir ar théarmaíocht in úsáid.
18. Ba chóir deireadh a chur leis an gceangal idir liúntas cúraim baile agus liúntas cúramóra, agus na hathruithe riachtanacha reachtaíochta a dhéanamh chun na liúntais a dhíchúpláil. Cuirfidh sé seo as an áireamh an díolúine uathoibríoch liachta do liúntas cúramóra d'iarratasóirí ar an liúntas cúraim baile sa todhchaí.

19. Ba chóir go gcinnteodh reachtaíocht nach é an toradh a bheadh ar liúntas cúraim baile a aistarraingt de bharr athbhreithnithe ná go ndéanfaí aistarraingt láithreach ar liúntas cúramóra agus go ndéanfaí moladh go leanfaí ag íoc an liúntas cúramóra ar feadh uasthréimhse sainithe (b'fhéidir 6 mhí), faoi réir go gcoinnítear ag comhlíonadh gach coinníoll eile.

20. Go leanfaí ag íoc an liúntas cúraim baile go dtí 18 bliana agus go mba chóir an aois a dtosófaí ag íoc an liúntas cúramóra a athrú go dtí 18 bliana, mar gur forbairt dhearfach a bheadh anseo do na leanaí chomh maith lena dteaghlach.

21. (a) Sa chás agus go n-ardófaí an aois don liúntas cúraim baile go dtí aois 18, moltar freisin go mba chóir faisnéis ar na roghanna uile atá ar fáil a chur in iúl do na daoine lena mbaineann an scéal ag aois 17, rud a thabharfadh am dóthanach dóibh chun ullmhú don athrú ón liúntas cúraim baile.

    (b) Thar thréimhse ama ba chóir an réimse oiliúna agus bearta gníomhachtúcháin atá ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas a fhorbairt agus a shonrú ar an cohórt custaiméara seo.

22. Próiseas a fhorbairt agus a chur in áit chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na moltaí ón tuarascáil, agus

    (a) plean feidhmithe a fhorbairt tar éis don Aire glacadh le tuarascáil agus,

    (b) grúpa a chomhghairm (ar a mbeadh ionadaithe ó na príomhghníomhaireachtaí agus grúpaí ionadaíocha) thart ar 3 mhí tar éis an ama ar cheadaigh an tAire an tuarascáil, chun an t-eolas is deireanaí a fháil faoin bplean feidhmithe agus an dul chun cinn a déanadh.

# 20 Pinsean Easláine

**20.1** Íoctar pinsean easláine leo sin nach bhfuil ar a gcumas bheith ag obair de bharr breoiteachta agus a bhfuil dóthain ranníocaíochtaí árachais shóisialta déanta acu. In 2012 íocadh €603 milliún le thart ar 50,000 éilitheoir.

**20.2** Cuireadh scrúdú ar an scéim mar chuid d'iniúchadh 2012 ar an gciste árachais shóisialta. Rinne an t-iniúchadh athbhreithniú ar na rialuithe atá ann agus rinneadh an fhaisnéis atá ar chóras na Roinne a anailísiú. Scrúdaíodh líon samplach cásanna, chomh maith.

## Struchtúr na Scéime

**20.3** Chun cáiliú le haghaidh pinsin easláine ní mór nach mbeadh sé ar chumas an iarratasóra bheith ag obair ar feadh 12 mí ar a laghad agus an dóchúlacht a bheith ann nach mbeidh sé ar a chumas bheith ag obair go ceann 12 mí eile, nó a bheith ar neamhchumas oibre go buan. Éilíonn an Roinn fianaise liachta i leith neamhchumas an duine. Ta riachtanas ann chomh maith, go mbeadh ar a laghad 260 ranníocaíocht ÁSPC íoctha, agus 48 díobh íoctha nó curtha chun sochair dó sa bhliain chánach iomlán dhéanach roimh dháta an éilimh.

**20.4** Is e an ráta pearsanta ná €193.50.[1] Ina theannta sin ardaítear an íocaíocht má bhíonn duine fásta cleithiúnach ann. Déantar coigeartú ar an ardú ag braith ar acmhainn an chleithiúnaí. Ardaítear na híocaíochtaí, leis i leith cleithiúnaithe ar páistí iad. An mheáníocaíocht a rinneadh in 2012 ná €12,070 (€232 sa seachtain).


**20.5** Tá oibleagáid dhlíthiúil ar fhaighteoirí an Roinn a chur ar an eolas faoi aon athrú ar chúinsí ábhartha. Os rud gur foinse ioncaim inchánaithe* an íocaíocht tá oibleagáid ann na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas a luaithe a thosaítear leis na híocaíochtaí.

## Próifíl Caiteachais

**20.6** Tá laghdú 12% tagtha ar an gcaiteachas ar phinsin easláine ó 2008 (féach Fíor 20.1)

1 Ardaítear an ráta go €230.30 i gcás éilitheoirí atá in aois 65 chun é a thabhairt cothrom le ráta phinsean an Stáit (Idirlinn).

**Fíor 20.1 Treochtaí sa Chaiteachas ar phinsin easláine, 2008 go 2012**





Foinse: Tuarascáil Staitistiúil Bhliantúil na Roinne Coimirce Sóisialaí 2012

## Próifíl Éilitheora

20.7 Tá líon na bhfaighteoirí laghdaithe de 7% sa tréimhse 2008 g0 2012 (féach Fíor 20.2). Léiríonn anailís ar phróifíl faighteoirí 2012 ag deireadh na bliana sin gur[1]

- Baineann a bhí 53% de na faighteoirí
- 82% díobh a bhí in aois idir 50 agus 65
- 72% díobh a bhí ag fáil an ráta pearsanta amháin.

**Fíor 20.2 Pinsean Easláine 2008 go 2012**




Foinse: Tuarascáil Staitistiúil Bhliantúil na Roinne Coimirce Sóisialaí 2012

## Riarachán na Scéime

20.8 Déantar an scéim a riaradh go lárnach. Scrúdaítear na hiarratais agus eisítear foirm thuairisc liachta chuig an éilitheoir atá le comhlánú ag a dhochtúir ginearálta nó ag a lia cóireála. Ní eisítear foirm thuairisc liachta má bhíonn dóthain fianaise liachta ag an Roinn cheana de bharr theidlíocht an éilitheora i leith scéim leasa sláintebhunaithe eile. Cuirtear in iúl d'fhaighteoirí shochar breoiteachta trí mhí roimh dháta éaga na híocaíochta sin go bhféadfaidís iarratas a dhéanamh ar phinsean easláine.[2]

1 Bunaithe ar shonraíocht ó Thuarascáil Staitistiúil na Roinne 2012

2 Ó Eanáir 2009 is féidir sochar breoiteachta a éileamh ar feadh uasthréimhse dhá bhliain ar an gcoinníoll go bhfuil 260 ranníocaíocht ÁSPC íoctha ag an éilitheoir. Is féidir le héilitheoirí a bhfuil idir 104 agus 259 ranníocaíocht ÁSPC íoctha acu sochar a éileamh ar feadh uasmhéid bliana.

**20.9** Déantar gach éileamh nua a sheiceáil lena chinntiú go sásaíonn an t-éilitheoir coinníollacha an árachais shóisialta agus critéir cháilíochta liachta. Déanann lia-mheasúnóirí na Roinne athbhreithniú deisce ar an fhianaise liachta. D'fhéadfaí measúnú 'leis an duine' a mholadh má mheastar go n-éilíonn an fhianaise atá ar fáil amhlaidh.

**20.10** Is féidir measúnú liachta a úsáideadh chun teidlíocht i leith scéim eile a mheas a úsáid arís sa chás

- nach bhfuil an dáta le haghaidh athbhreithniú liachta faoin scéim eile sin tagtha don éilitheoir sula n-íoctar an pinsean easláine, nó
- go bhfuil stádas 'ná déan athbhreithniú' sannta faoin scéim eile sin.


**20.11** Má bhaintear úsáid as measúnú liachta a úsáideadh cheana éilíonn nósanna imeachta go ndéantar stádas athbhreithnithe nua a shannadh nuair a cheadaítear an t-éileamh easláine.

**20.12** Oifigeach breithiúnachta a shocraíonn teidlíocht i leith íocaíochta. Cuirtear an cinneadh in iúl i scríbhinn don iarratasóir.

**20.13** Má dhiúltaítear d'éileamh ar bhonn liachta féadann éilitheoir fianaise bhreise liachta nó fianaise eile a chur ar fáil agus athbhreithniú ar an gcinneadh a iarraidh. Déantar foráil achomhairc a chur go díreach chuig An Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh.

## Tráthúlacht maidir le Próiseáil Éileamh

**Fíor 20.3 Iarratais faighte, 2008 go 2012**




Foinse: Tuarascáil Staitistiúil Bhliantúil na Roinne Coimirce Sóisialaí 2012

**20.14** Ag Aibreán, 2013 ba ionann an meán-am a caitheadh le hiarratas a phróiseáil, lena n-áirítear athbhreithniú agus achomharc, agus 58 seachtain (35 seachtain in 2012). Nuair a dhéanann éilitheoir achomharc in aghaidh cinnidh, tógann sé ar an meán 37 seachtain chun céimeanna uile an achomhairc a chríochnú.[1] Tá sé curtha in iúl ag an Roinn gurb é an fáth atá leis an méadú ar an meánlíon seachtainí ná díchur riaráistí éileamh a d'fhág gur tháinig ardú ar líon na n-iarratas athbhreithnithe agus na n-iarratas ar achomhairc.

[1] Tuarascáil Bhliantúil na hOifige Achomharc Leasa Shóisialaigh 2012.

**20.15** Ta sé tugtha le fios ag an Roinn gur thóg sé ar an meán 5.6 seachtain chun teacht ar an gcéad cinneadh i gcás éileamh a fuarthas sa sé mhí go Meitheamh 2013.

**20.16** Ba ionann líon na n-iarratas ar phinsean easláine in 2008 agus 7,750 agus mhéadaigh an líon de 89% go 14,620 in 2011. Bhí 11,500 iarratas ann in 2012 (féach Fíor 20.3).

**20.17** In 2008 i gcás 28% de na héilimh a próiseáladh níor ceadaíodh nó tarraingíodh siar iad. Mhéadaigh an líon sin go 79% in 2011 agus d'fhan sé ag leibhéal coibhneasta ard de 64% in 2012 (féach Fíor 20.4).

**Fíor 20.4 Torthaí cinntí faoi éilimh, 2008 go 2012**

| Bliain | Ceadaithe | Diúltaithe/Tarraingthe siar | Iomlán |
|---|---:|---:|---:|
| 2008 | 5,431 | 2,165 (29%) | 7,596 |
| 2009 | 4,580 | 2,933 (39%) | 7,513 |
| 2010 | 3,597 | 4,017 (53%) | 7,614 |
| 2011 | 2,657 | 10,172 (79%) | 12,829 |
| 2012 | 6,352 | 11,423 (64%) | 17,775 |

Foinse: Tuarascáil Staitistiúil Bhliantúil na Roinne Coimirce Sóisialaí 2012

**20.18** Dhúbail líon na n-achomharc a fuair An Oifig Achomharc in 2012 go 4,765 (2,285 in 2011). As na hachomhairc a cinneadh in 2012 rinneadh an cinneadh a athmheas i 76% de chásanna (féach Fíor 20.5).

**Fíor 20.5 Torthaí achomharc do 2012**

| Stádas | Líon na gcásanna | |
|---|---:|---:|
| **Achomhairc ceadaithe** | | |
| Go iomlán | 1,031 | |
| I bpáirt | 4 | |
| Cinneadh athmheasta DO[a] | 474 | |
| | 1,509 | 76% |
| **Achomhairc diúltaithe** | 430 | 22% |
| **Achomhairc Tarraingthe siar** | 52 | 2% |
| **Iomlán** | **1,991** | **100%** |

Foinse: Tuarascáil Staitistiúil Bhliantúil na Roinne Coimirce Sóisialaí 2012

Nóta: a Cinntí athmheasta á ndéanamh ag oifigí breithiúnachta sular tarchuireadh na héilimh chuig oifigeach achomhairc.

**20.19** Ar 31 Nollaig 2012 bhí 4,365 achomharc nach raibh cinneadh déanta ina leith go fóill (1,582 ag deireadh 2011). Mar a bhain le mórchuid na gcásanna sin (76%) bhí an tOifigeach Achomhairc ag feitheamh ar fhaisnéis ón Roinn.

## Rialuithe Tógála ar láimh

**20.20** Léirigh scrúdú iniúchta a rinneadh ar 25 cás randamach samplach a ceadaíodh íocaíocht ina leith go raibh

- Ocht díobh a ceadaíodh íocaíocht ina leith bunaithe ar mheasúnú liachta faoi scéimeanna eile a raibh stádas 'ná déan athbhreithniú' sannta dóibh. Ach, níor socraíodh aon stádas athbhreithnithe phinsean easláine i leith na gcásanna seo.
- Ceadaíodh íocaíocht i leith cás amháin trí earráid. Diúltaíodh ar bhonn liachta é agus seasadh leis an gcinneadh sin san achomharc.[1]

## Athbhreithniú ar Éilimh atá á n-íoc

**20.21** Éilíonn nósanna imeachta nuair a cheadaítear éileamh le haghaidh íocaíochta go sanntar stádas athbhreithnithe liachta dó. B'fhéidir to sannfaí stádas 'athbhreithniú i gceann bliana, i gceann dhá bhliain, nó i gceann trí bliana', nó stádas 'ná déan athbhreithniú' don chás.

**20.22** Tá stádas athbhreithnithe na gcásanna a bhí á n-íoc ar Aibreán 2013 tugtha i bhFíor 20.6.

**Fíor 20.6 Stádas Athbhreithnithe liachta chásanna pinsean easláine ar Aibreán 2013**

| Stádas | Líon na gCásanna | |
|---|---|---|
| 'Ná déan athbhreithniú' | 25,210 | 51% |
| Athbhreithniú faoi cheann bliana | 8,731 | 17% |
| Athbhreithniú faoi cheann dhá bhliain | 8,034 | 16% |
| Athbhreithniú faoi cheann trí bliana | 58 | — |
| Stádas athbhreithnithe ó scéimeanna eile | 2,174 | 4% |
| Gan aon stádas athbhreithnithe taifeadta | 5,846 | 12% |
| **Iomlán** | **50,053** | **100%** |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí


**20.23** Scrúdaigh an t-iniúchadh 25 cás samplach i leith íocaíochta. Bhí stádas athbhreithnithe bliana nó dhá bhliain ag ocht gcinn díobh seo ach ní raibh athbhreithniú déanta mar a bhí sceidealta ach in dhá chás. Bhí na hathbhreithnithe is déanaí sa sé chás eile ag réimsiú idir 1998 agus 2010.

1 Bhí an t-éileamh á íoc le níos lú na mí. Bhí ró-íocaíocht ardaithe ag an Roinn agus bhí plean aisghabhála curtha ar bun.

**20.24** Tá sé tugtha le fios ag an Roinn go bhfuil an acmhainn atá ann chun athbhreithnithe liachta a dhéanamh teoranta agus mar sin, nach féidir athbhreithniú a dhéanamh ar na cásanna uile mar atá sceidealta. Chun dul i ngleic leis an riosca nach ndéanfar athbhreithniú ar chásanna mar atá sceidealta, roghnaítear cásanna le haghaidh athbhreithnithe go bliantúil agus cuirtear in ord tosaíochta iad maidir le stádas athbhreithnithe liachta. Braitheann an líon a athbhreithnítear ar na hacmhainní atá ar fáil. In 2012 rinneadh beagán le cois 1,000 athbhreithniú liachta a chríochnú (1,200 in 2011).

**20.25** Chun an riosca atá ag baint le gan gach cás a athbhreithniú mar atá dlite a mheas rinne an Roinn athbhreithniú ar 170 cás samplach in 2012.San áireamh sa sampla bhí cásanna 'ná déan athbhreithniú' agus 'athbhreithniú faoi cheann dhá bhliain' chomh maith le cásanna gan aon stádas athbhreithnithe. Faoi réir torthaí achomharc atá ar siúl fós agus torthaí féideartha achomharc sa todhchaí sna cásanna seo, tugann na torthaí le tuiscint go bhféadfadh sé nach bhfuil meán-foriomlán 11% de na cásanna a athbhreithníodh i dteideal na híocaíochta níos mó (féach Fíor 20.7).

**Fíor 20.7 Athbhreithniú na Roinne ar Chásanna, % nach bhfuil i dteideal íocaíochta[a], ag Meitheamh 2013**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Áirítear cásanna ina bhfuil achomharc déanta ag éilitheoirí.

### *Seiceálacha eile Cáilitheachta*

**20.26** Sa bhreis ar athbhreithnithe liachta ar chásanna, d'fhéadfaí iarraidh ar éilitheoirí a dheimhniú go bhfuil siad fós i dteideal na híocaíochta trí 'chor poist'. Rinneadh idir 500 agus 600 seiceáil dá leithéid gach bliain idir 2010 agus 2012.Tháinig ceisteanna aníos leis an gceathrú cuid de na cásanna a seiceáladh sa tréimhse sin. Ta sé mínithe ag an Roinn go bhfuil an seiceáil seo dírithe ar chásanna a mheastar a bheith in ionannas le riosca níos airde agus d'fhéadfá a bheith ag súil go mbeadh comhréir na gcásanna ina dtiocfadh ceisteanna aníos níos airde ná mar a bheadh don scéim i gcoitinne.

**20.27** Tá sé tugtha le fios ag an Roinn go raibh líon na n-athbhreithnithe faoi cháilitheacht leantach a rinneadh via cor poist mós íseal sa tréimhse 2010 go 2012 nuair a bhí tús áite á thabhairt acmhainní na scéime a úsáid chun aistriú go dtí córas nua agus chun riaráistí a ghlanadh. De bharr an dul chun cinn sna réimsí sin tá úsáid teastas leantach cáilitheachta tugtha ar ais agus críochnaíodh 600 seiceáil dá leithéid sa chéad sé mhí de 2013.

**20.28** Déantar seiceáil eile nuair a thagann faisnéis ábhartha i leith an éilitheora chun aird na Roinne.

***Díolúine Tuillimh***

**20.29** Go dtí Feabhra 2012 bhí sé de chead ag éilitheoirí obair pháirtaimseartha a dhéanamh agus an íocaíocht iomlán phinsean easláine a tharraingt ar an gcoinníoll gur obair chun críche fáthanna athshlánúcháin nó teiripeacha í agus go raibh cead na Roinne faighte. Tá an scéim páirt-chumais curtha in áit na díolúine sin anois.[1] Ach, ina gcásanna sin a raibh díolúine acu ar Feabhra 2012 leanfaidh siad ag fáil pinsean easláine go dtí dáta éaga na díolúine (faoi láthair tá díolúine fós ag 540 duine).

**20.30** Gach bliain aithníonn an Roinn éilitheoirí atá ag tuilleamh chomh maith. In Aibreán 2012 aithníodh 14,000 éilitheoir dá leithéid. Scrúdaíodh an 140 cás ina raibh tuilleamh níos airde na €20,000 iontu agus aithníodh 15 díobh le haghaidh tuilleadh fiosraithe. Rinneadh sé éileamh díobh a fhoirceannadh.

## Meastachán ar Leibhéal Íocaíochta Neamhrialta

**20.31** Níl suirbhé calaoise agus earráide déanta ag an Roinn ar an scéim. Mar sin níl meastachán ar leibhéal na n-íocaíochtaí neamhrialta ar fáil. Bhí suirbhé ceaptha d'Aibreán 2013 ach níltear ag súil go dtosóidh sé anois go dtí Meán Fómhair 2013.

**20.32** Mheas suirbhé calaoise agus earráide a rinneadh sa UK ar scéim dá leithéid (ar a dtugtar Incapacity Benefit) ráta na calaoise agus earráide a bheith ag 2.4% den chaiteachas sa tréimhse Deireadh Fómhair 2009 go Meán Fómhair 2010.[2]

## Conclúidí agus Moladh

**20.33** Ba ionann an caiteachas iomlán i leith na scéime pinsean easláine in 2012 agus €603 milliún agus is ionann sin agus laghdú 12% ó 2008. Tá laghdú 7% ar líon na ndaoine atá ag fáil na n-íocaíochta laghdaithe go 50,000 sa tréimhse chéanna.

1 Ar Feabhra 2013 bhí 800 duine ag fáil sochar páirt-chumais.

2 Calaois agus Earráidí sa Chóras Sochair: Réamh-mheastacháin 2012/13, An Roinn Saothair agus Pinsean Bealtaine 2013

**20.34** Ón uair a thosaíonn na híocaíochtaí i leith éilimh an príomhathrú is féidir teacht ar choinníollacha cáilitheachta ná sa chás go bhfaigheann éilitheoir an cumas oibre ar ais arís. Mar sin, is príomh-rialú i leith cásanna é athbhreithniú liachta. Éilíonn nósanna imeachta na Roinne go ndáiltear stádas athbhreithnithe liachta ar éilimh atá ceadaithe a thugann le fios an mbeidh athbhreithniú le déanamh ar an gcás sa todhchaí nó nach mbeidh, agus sa chás go mbeidh cén uair ar chóir go mbeadh an t-athbhreithniú sin ann. Níl stádas athbhreithnithe liachta taifeadta i gcás thart ar 12% den 50,000 cás atá á n-íoc. De bharr sriantacht acmhainne ní raibh se ar chumas na Roinne na cásanna uile a athbhreithniú mar a bhí sceidealta. Thaispeáin athbhreithniú a rinne an Roinn ar líon samplach randamach cásanna i gcatagóirí áirithe nach raibh 11% de na cásanna a athbhreithníodh incháilithe níos mó.

> **Moladh 20.1:** Ba chóir go gcinnteodh an Roinn go sanntar stádas athbhreithnithe liachta do gach cás agus, chomh fada agus is féidir, go ndéantar na hathbhreithnithe liachta mar atá sceidealta. Ba chóir úsáid a bhaint as athbhreithniú na Roinne ar chásanna samplacha chun a ráta riosca de chatagóirí éilitheoirí a chur i bhfios, ar feitheamh torthaí ón suirbhé calaoise agus earráide ar an scéim atá beartaithe.
>
> **Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Aontaithe. Glacann an tOifigeach Cuntasaíochta leis go mba chóir go ndéanfaí éilitheoirí gan stádas athbhreithnithe a athbhreithniú go liachta chomh luath agus is féidir. Measann an Roinn gur táscaire bailí le haghaidh éileamh pinsin easláine é liúntas míchumais nó stádas athbhreithnithe liachta sochair bhreoiteachta mar go mbunaíonn an lia-mheasúnóir an stádas athbhreithnithe ar fhad ionchasach an reachta seachas ar chineál na scéime.
>
> Ó Lúnasa 2010 sanntar stádas athbhreithnithe liachta do gach éilitheoir nua agus do na cásanna a bhfuil athbhreithniú liachta déanta orthu. Éilíonn straitéis leasaithe rialaithe na scéime, a tugadh isteach in Iúil 2012, go ndéantar líon cásanna 'ná déan athbhreithniú' a athbhreithniú go liachta gach bliain.
>
> Tuigeann an Roinn gur gá a cumas chun athbhreithnithe liachta rialaithe a dhéanamh a mhéadú. I dteannta iarrachtaí leanúnacha lia-mheasúnóirí atá ann faoi láthair a choinneáil agus acmhainn bhreise a earcú, tá an Roinn ag scrúdú roghanna breise i leith gairmithe liachta breise a cheapadh ar bhonn gníomhaireachta agus cuid de na riachtanais measúnaithe liachta a sheachfhoinsiú. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go roghnaítear cásanna le haghaidh athbhreithnithe liachta bunaithe ar chritéir riosca. Nuair a bheidh an obair críochnaithe ar an líon samplach cásanna breithneofar ar cheart na critéir riosca a leasú.

# 21 Bainistiú Buiséid i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**21.1** Ba chóir go dtabharfadh meastacháin ar chaiteachas vótáilte a cuireadh faoi bhráid Dháil Éireann lena gceadú léiriú réasúnta cruinn ar an méid a mheastar a chaithfear ar gach seirbhís gaolmhar. Is é sin, feidhmíonn siad mar leithroinntí buiséid don bhliain maidir le seirbhísí aonair agus mar theorainneacha airgid nach bhfuil cead ag ranna ná ag oifigí a shárú.[1]

**21.2** Is ionann an caiteachas ar chúram sláinte agus níos mó ná aon cheathrú de chaiteachas reatha an Rialtais. I ngach ceann de na cúig bliana seo caite, rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) meastachán forlíontach a lorg mar thoradh ar róchaiteachas buiséid a bhí ag teacht chun cinn. In 2012, deonaíodh €360 milliún breise - ardú 3% ar an mbunranníocaíocht Státchiste vótáilte don bhliain.


**21.3** Is ábhar imní é go mbíonn meastacháin fhorlíontacha de dhíth ar an HSE gach bliain maidir le héifeachtúlacht a cuid pleanála buiséid agus bainistithe buiséid. Sa tuarascáil seo scrúdaítear táirgeacht an bhuiséid in 2012 de réir catagóire caiteachais agus ioncaim agus na príomhfhachtóirí a bhíonn mar chúis leis an róchaiteachas buiséid.

## Treochtaí sa Chaiteachas

**21.4** Léiríonn Fíor 21.1 na treochtaí i leibhéal caiteachais an HSE gach bliain ó 2008. Ina iomláine, tháinig laghdú ar an gcaiteachas ó bhuaicleibhéal de thart ar €15.1 billiún in 2009, go dtí thart ar €14 billiún in 2012 — laghdú de thart ar 7.3%.

**21.5** Ba ionann na méideanna a fuarthas ón Státchiste insteach i gcuntas vótáilte an HSE in 2012 agus beagán faoi bhun 90% den méid iomlán a caitheadh. Sin i gcomparáid le thart ar trí cheathrú den méid iomlán a caitheadh in 2010. Léiríonn an t-athrú an deireadh a cuireadh leis an tobhach sláinte (a bailíodh tríd an gcóras cánach ioncaim) ag tús 2011.

**Fíor 21.1 Ollchaiteachas agus foinsí maoinithe an HSE, 2008 go 2012**




Foinse: Vóta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 2008—2012

1 Déantar cur síos níos mionsonraithe ar an bpróiseas meastachán i gCaibidil 5 Bainistiú Buiséad Vótáilte.

**21.6** Fuair an HSE leithroinnt buiséid iomlán de €13.714 billiún do 2012. Ba ionann an táirgeacht don bhliain ná €13.987 billiún — thart ar 2% breise. Mar sin féin, bhí an céatadán éagsúlachta ó bhuiséid éagsúil ar fud catagóirí caiteachais. Rinneadh caiteachas breise i roinnt réimsí a fhritháireamh in aghaidh gannchaiteachais i ndáil le buiséid i gcatagóirí eile. Ba é an glanriachtanas ná €273 milliún breise sa chaiteachas. Sa bhreis ar ghlaneasnamh ar fháltais de €64 milliún, bhí riachtanas ann do €337 milliún breise i gcistí Státchiste.

***Difríochtaí de réir Fhocheannteidil***

**21.7** Ba iad na móréagsúlachtaí, ó thaobh tionchair airgid thirim ar an vóta, ná róchaiteachas ar sheirbhísí cártaí leighis agus ar scéimeanna pobail eile, agus i gcaiteachas réigiúnach - go háirithe caiteachas ospidéil - mar aon le heasnamh sa bhailiúchán beartaithe de tháillí othar as seirbhísí ospidéil (féach Fíor 21.2).

**21.8** Níl aon mhíniú de dhíth ar an gcuntas leithreasa ar na héagsúlachtaí ar fho-cheannteidil maidir le bunmhéideanna buiséadaithe. Ag teacht leis na beartais chuntasaíochta arna leagan amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cuirtear míniúcháin ar fáil maidir le móréagsúlachtaí idir an cuntas leithreasaithe (tar éis coigeartuithe meastacháin fhorlíontacha) agus an táirgeacht dheiridh.

**Fíor 21.2 Anailís táirgeachta buiséid an HSE, 2012**

| | Buiséad[a] | Táirgeacht | Difríocht | |
|---|---|---|---|---|
| **Caiteachas** | **€m** | **€m** | **€m** | **%** |
| ***Réigiúin HSE*** | | | | |
| Baile Átha Cliath Lár Laighean | 1,346.4 | 1,372.7 | 26.3 | 2.0 |
| Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh | 1,225.3 | 1,251.0 | 25.7 | 2.1 |
| Deisceart | 1,912.9 | 1,946.5 | 33.6 | 1.8 |
| Iarthar | 2,103.4 | 2,164.5 | 61.1 | 2.9 |
| **Réigiúin ar fad** | 6,588.0 | 6,734.7 | 146.7 | 2.2 |
| Deontais d'ospidéil dheonacha agus comhlachtaí sláinte eile | 2,126.7 | 2,158.9 | 32.2 | 1.5 |
| Seirbhísí cártaí leighis agus scéimeanna pobail eile | 2,518.3 | 2,756.6 | 238.3 | 9.5 |
| Íocaíochtaí cúraim chónaitheach fadtéarmach | 994.7 | 962.6 | (32.1) | (3.2) |
| Seirbhísí leanaí agus teaghlaigh | 551.7 | 569.8 | 18.1 | 3.3 |
| Cláir chaipitiúla do shaoráidí sláinte | 341.0 | 318.7 | (22.3) | (6.5) |
| Íocaíochtaí cnapshuime pinsin le foireann HSE | 207.0 | 175.5 | (31.5) | (15.2) |
| Seirbhísí eile | 184.6 | 138.3 | (46.3) | (25.1) |
| ***Riaracháin*** | | | | |
| Tuarastail HSE agus costais riaracháin eile | 62.4 | 64.8 | 2.4 | 3.8 |
| Tionscadail chaipitil córas ICT | 140.0 | 107.5 | (32.5) | (23.2) |
| **Caiteachas Iomlán** | **13,714.5** | **13,987.4** | **272.9** | **2.0** |
| **Fáltais** | | | | |
| Táillí maidir le seirbhísí ospidéil curtha ar fáil ag an HSE[b] | 455.0 | 408.8 | (46.2) | (10.2) |
| Aisghabháil costas seirbhísí ó bhaillstáit AE | 220.0 | 220.0 | — | — |
| Aisghabháil ón gCiste Árachais Shóisialaigh | 13.0 | — | (13.0) | (100.0) |
| Fáltais aisíoca PCRS | 25.0 | 37.3 | 12.3 | 49.2 |
| Fáltais tobhaigh tobac | 167.6 | 167.6 | — | — |
| Diúscairt saoráidí meabhairshláinte agus eile | 8.0 | 4.5 | (3.5) | (43.8) |
| Aisbhaintí a bhaineann le pinsin as tuarastail na hearnála sláinte | 337.1 | 352.0 | 14.9 | 4.4 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntais de chuid fhoireann HSE | 200.0 | 195.6 | (4.4) | (2.2) |
| Fáltais ilghnéitheacha | 127.8 | 103.5 | (24.3) | (19.0) |
| **Fáltais Iomlána** | **1,553.5** | **1,489.3** | **(64.2)** | **(4.1)** |
| **Riachtanas maoinithe Státchiste** | **12,160.9** | **12,498.1** | **337.2** | **2.8** |

Foinse: Vóta 39 Cuntas Leithreasa 2012


Nótaí: a Baineann an buiseád leis an mbunmheastachán arna cheadú ag Dáil Éireann i Meitheamh 2012.

b Áirítear air sin táillí i ndáil le cothabháil i gcóiríocht phríobháideach agus leathphríobháideach in ospidéil phoiblí, le táillí reachtúla agus táillí fadchónaithe.

## Monatóireacht Buiséid

**21.9** Déanann an HSE monatóireacht ar a staid buiséid trí thuarascálacha feidhmíochta míosúla. Léiríodh leo sin ardú leanúnach sa 'bhliain go dtí seo' i róchaiteachas buiséid go dtí Lúnasa 2012 (féach Fíor 21.3).

**Fíor 21.3 Róchaiteachas Buiséid de réir na míosa, 2012**




Foinse: Tuarascálacha Feidhmíochta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Eanáir 2012 go Nollaig 2012

**21.10** In Iúil 2012, chuir an HSE roinnt bearta i bhfeidhm a bhí leagtha amach chun costais a laghdú de €130 milliún in 2012. Áiríodh orthu sin

- ciorruithe ar sheirbhísí líne tosaigh a mheastar a bhainfidh coigilits de €57 milliún amach — €35 milliún mar thoradh ar laghdú i ragobair agus in úsáid foirne gníomhaireachta; €12.8 milliún mar thoradh ar laghdú ar sheirbhísí cártaí leighis; agus €9.7 milliún mar thoradh ar laghdú ar uaireanta cúnaimh baile agus ar phacáistí cúraim baile.
- coigiltis €73 milliún ar sheirbhísí nach seirbhísí líne tosaigh iad, mar thoradh ar laghdú sa chaiteachas ar oideachas, ar oiliúint, ar thaisteal agus ar chothabháil, mar aon le feabhsuithe ar sholáthar agus ar bhainistiú airgid thirim agus stoic.

**21.11** Coinníodh an róchaiteachas buiséid iomlán ag thart ar €400 milliún idir Lúnasa agus Deireadh Fómhair 2012 ach tháinig ardú suntasach air sin i Samhain go dtí €464 milliún.

**21.12** Chun caiteachas ar an Vóta a bheadh níos airde ná an méid arna ceadú ag Dáil Éireann a sheachaint, ceadaíodh meastachán forlíontach don tsuim €360 milliún i Nollaig 2012. Bhí an táirgeacht deiridh don bhliain €337 milliún os cionn an bhunbhuiséid agus bhí an iarmhéid de €22.8 milliún dlite ansin d'fhorghéilleadh ar ais don Státchiste ag deireadh na bliana.

**21.13** Thug an tOifigeach Cuntasaíochta sa Roinn Sláinte le fios go raibh róchaiteachas buiséid an HSE in 2012 fritháirithe i bpáirt ag fáltas aon uaire Státchiste ón gCumann Cosanta Leighis de €45 milliún[1] agus ag coigiltis arbh ionann iad agus €70 milliún a aithníodh ar an Vóta Sláinte. Sna coigiltis seo bhí thart ar €30 milliún ón gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála, €11.5 milliún i gcoigiltis ó ghníomhaireachtaí eile arna maoiniú ag an Roinn, €10 milliún i dtáillí dlí, €7.5 milliún ó vóta caipitil na Roinne agus coigiltis éagsúla eile.[2]


1 Déantar na himthosca faoin bhfáltas seo a shainmhíniú tuilleadh i gCaibidil 29 An Scéim Slánaíochta Cliniciúil.

2 Féach Caibidil 5 Bainistiú Buiséid Vótáilte.

## Seirbhísí Cárta Leighis agus Scéimeanna Pobail

**21.14** Tá athrú mór tagtha ar chaiteachas ar sheirbhísí cártaí leighis agus pobail - scéimeanna aisíocaíochta drugaí go príomha - ón leibhéal buiséadaithe sna ceithre bliana as na cúig bliana seo caite (féach Fíor 21.4). Tharla na héagsúlachtaí is mó ón mbuiséad in 2011 agus in 2012.

**Fíor 21.4 Difríocht sa chaiteachas ar sheirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil**




Foinse: Vóta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 2008—2012

**21.15** Ba é an bunmheastachán in 2012 maidir le scéimeanna cártaí leighis agus scéimeanna pobail eile ná €2.518 billiún. Léirigh sin laghdú a bhíothas ag súil leis de €65 milliún (2.5%) ar tháirgeacht 2011 de €2.583 billiún.

**21.16** Ba ionann caiteachas iomlán in 2012 agus €2.756 billiún — róchaiteachas buiséid de €238 milliún nó 9.5%. Bhí siad seo a leanas mar chúiseanna shuntasacha den róchaiteachas

- Níor baineadh amach na coigiltis a bhí teilgthe ar chostais drugaí
- Eisíodh líon níos airde cártaí leighis in 2012 ná mar a bhí teilgthe
- Fomheastachán ar mheánchostas na gcártaí leighis in 2012.

### *Comhaontú Costas Drugaí*


**21.17** Teilgeadh gurb ionann na coigiltis a dhéanfaí in 2012 mar gheall ar athruithe beartaithe ar phraghsanna drugaí agus €124 milliún. Ar deireadh, measadh na coigilits a baineadh amach in 2012 agus díreach faoi bhun €15 milliún.[1] Dá réir sin, ba ionann an mhoill a bhí ann teacht ar chomhaontú le soláthróirí cógaisíochta agus thart ar €109 milliún (46%) den róchaiteachas buiséid iomlán maidir le seirbhísí cártaí leighis agus scéimeanna pobail.

1 Meastar go mbeidh an tionchar a bheidh ag coigiltis na bliana iomláine in 2013 i bhfad níos suntasaí.

### *Costas Cártaí Leighis agus Cártaí Cuairte Dochtúra Teaghlaigh*

**21.18** Agus í ag tuar costas measta na gcártaí leighis, theilg an HSE go mbeadh líon na gcártaí leighis in éisiúint ag deireadh 2012 cothrom le 1,838,000 agus go mbeadh an ardú bliain ar bhliain cothrom le 105,000. Mar atá léirithe i bhFíor 21.5, ba rómheastachán a bhí anseo ar líon na gcártaí a bhí in eisiúint ag deireadh 2011, agus fomheastachán a bhí ann ar an líon ag deireadh 2012. Bhí an mhoill a bhí ar láimhseáil na n-iarratas ar chártaí leighis, a tháinig chun cinn go tapaidh sa dara leath de 2011 - a bhí dul ar aghaidh le linn do bhuiséad 2012 a bheith á ullmhú - ina chúis mhór leis sin.

**Fíor 21.5 Líon cártaí leighis réamh-mheasta agus iarbhíre in eisiúint ag deireadh na bliana, 2010 go 2012**




Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**21.19** Mheas an HSE gurbh é an meánchostas seirbhísí in aghaidh an t-sealbhóra cártaí incháilithe in 2011 agus thart ar €1,020. San áireamh leis sin bhí

- meáníocaíocht €258 in aghaidh an t-sealbhóra chuig Dochtuirí Teaghlaigh
- íocaíocht le cógaiseoirí de €762 in aghaidh an duine a bhain leas as drugaí.

**21.20** I gcleachtas, d'fhéadfadh seo áibhéil a dhéanamh den mheánchostas a tabhaíodh i leith sealbhóra cárta, ó tharla nach nglacann sé san áireamh na sealbhóirí cártaí sin (thart ar 6% in 2011) nach mbaineann leas as seirbhísí cógaslainne sa bhliain.[1] Nuair a ghlactar sin san áireamh, bheadh meánchostas cárta in 2011 cothrom le thart ar €973 in aghaidh an duine

**21.21** Luaigh an HSE go mbraitheann costas cárta leighis go mór ar aois an t-sealbhóra cárta agus is féidir leis sin réimsiú ó €200 do shealbhóir cárta ag aois 16 go 44 i gcomparáid le €2,000 do dhuine os cionn 70. Braitheann meánchostas chárta leighis in aon bhliain amháin ar mheascán na sealbhóirí cártaí. Tá an HSE faoi láthair ag forbairt mhúnla costála níos sofaisticiúla a ghlacfaidh costais éagsúla na sealbhóirí cártaí san áireamh ag brath ar aois.

**21.22** Rinne buiséad 2012 an HSE soláthar do chaiteachas breise de €15 milliún do leathnú amach beartaithe ar incháilitheacht do chártaí cuairteora Dochtúirí Teaghlaigh. Bunaithe ar na meáníocaíochtaí le Dochtúirí Teaghlaigh in 2011 (€258 in aghaidh an t-sealbhóra cárta), cheadódh sin 58,000 cárta cuairteora Dochtúirí Teaghlaigh breise. Mar sin féin, níor tharla an leathnú amach beartaithe seo. Is éard a tharla i ndáiríre ná gur tháinig laghdú beag ar an líon iomlán cártaí cuairteora Dochtúirí Teaglaigh in 2012, go dtí thart ar 131,000. Mar gheall air sin, níor theastaigh an soláthar sa bhuiséad don leathnú amach seo.

1 Féach Caibidil 22 Incháilitheacht do Chártaí Leighis.

### *Conclúid*

**21.23** Is ionann na moilleanna a bhí ann coigiltis drugaí a chur i bhfeidhm agus €109 milliún den €239 milliún róchaiteachas buiséid maidir le seirbhísí cártaí leighis agus scéimeanna pobail eile. D'fhéadfadh go mbainfeadh fomheastachán ar líon iomlán na sealbhóirí cártaí leighis €54 milliún breise amach. Rinne coigealtas a tharla mar gheall nár leathnaíodh amach an incháilitheacht do chártaí leighis an róchaiteachas seo a fhritháireamh.

**21.24** Níl na cúiseanna don róchaiteachas costas atá ann fós — thart ar €90 milliún — soiléir.

## Róchaiteachas Buiséid Ospidéal

**21.25** Ba ionann an róchaiteachas buiséid iomlán i gcostas seirbhísí réigiúnacha an HSE - seirbhísí ospidéil agus seirbhísí pobail reachtúla go príomha - agus €146 milliún. Tabhaíodh róchaiteachas breise de €32 milliún maidir le deontais i ndáil le comhlachtaí sláinte lena n-áirítear ospidéil dheonacha agus chomhbhoird.

**21.26** Agus í ag leithroinnt buiséad ar ospidéil aonair agus ar sholáthróirí seirbhísí pobail, déanann an HSE a cuid pleanála agus monatóireachta ar bhonn fabhraithe (seachas ar bhonn airgid thirim). Ba chóir go dtabharfadh sin léargas níos iomláine ar ioncam agus ar chaiteachas ar ghníomhaíocht na bliana.

**21.27** Baintear úsáid as tuarascálacha feidhmíochta míosúla ó na hospidéil chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht in aghaidh an bhuiséid. Léiríonn na tuarascálacha feidhmíochta do 2012 róchaiteachas buiséid i ngach réigiún arbh ionann sin agus iomlán de €235 milliún nó 3.2% (féach Fíor 21.6). Tharla an céatadán is airde róchaiteachais i Réigiún Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh. Tharla an céatadán is ísle i mBaile Átha Cliath Lár Laighean.


**Fíor 21.6 Difríocht sa bhuiséad seirbhísí ospidéil agus pobail de réir réigiúin, 2012**

| | Baile Átha Cliath Lár Laighean | Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh | Deisceart | Réigiún an Iarthair | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Buiséad € milliún | 2,395 | 1,651 | 1,634 | 1,755 | 7,435 |
| Róchaiteachas € milliún | 2,431 | 1,726 | 1,681 | 1,832 | 7,670 |
| Difríocht € milliún | 36 | 75 | 47 | 77 | 235 |
| Céatadán róchaiteachais | 1.5% | 4.5% | 2.9% | 4.4% | 3.2% |

Foinse: Tuarascáil Feidhmíochta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Nollaig 2012.

**21.28** Tharla formhór an róchaiteachais mar gheall ar sheirbhísí ospidéil (féach Fíor 21.7). Leithroinneadh buiséid arbh ionann iad agus iomlán de €3.563 billiún ar 46 ospidéal. Ba ionann an caiteachas iomlán arna thabhú ag ospidéil agus €3.854 billiún, ag léiriú róchaiteachas meánach de 8.2%. Bhí róchaiteachas buiséid de 20% nó níos mó i gcúig ospidéal (féach Iarscríbhinn A).

**Fíor 21.7 Róchaiteachas buiséid i réigiúin de réir réimse seirbhíse, 2012**




Foinse: Tuarascáil Feidhmíochta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Nollaig 2012.

**21.29** Léirigh na buiséid a leithroinneadh ar ospidéil in 2012 agus laghdú 8% sa chaiteachas iarbhíre a tabhaíodh in 2011. Mar gheall ar an róchaiteachas de 8.2% ar bhuiséid 2012, is beag athrú a tháinig ar an gcaiteachas foriomlán.

**21.30** I rith 2012, bhronn an HSE deontais de €70 milliún ar naoi ospidéal chun róchaiteachas buiséid a chlúdach a tabhaíodh in 2011 (€24 milliún) agus 2012 (€46 milliún). Thug an HSE ar aird gur eisíodh na deontais aon uaire i dteannta na gcoinníollacha seo a leanas.

- Cheanglófaí ar gach ospidéal comhaontú leibhéal seirbhíse a shíniú do 2012 ar an tuiscint go ndéanfaí an caiteachas do 2012 a bhainistiú laistigh den bhuiséad a bheadh ar fáil.
- Cheanglófaí ar ospidéil a sreabhadh airgid a bhainistiú gan leas a bhaint as an HSE.

### *Athruithe ar Phróiseas Buiséadaithe Ospidéil*

**21.31** Tá na hathruithe seo a leanas ar phróiseas buiséadaithe ospidéal leagtha amach ag an HSE ó 2013 ar aghaidh.

- Roimhe seo, cuireadh buiséid le chéile go breisíoch bunaithe ar bhuiséad na bliana roimhe sin a choigeartaíodh ar mhaithe le míreanna aon uaire agus forbairtí seirbhíse nua.
- Tá cur chuige nua glactha ag an HSE i leith buiséid a fhorbairt d'ospidéil aonair. Baineann leithroinntí buiséid anois le caiteachas teilgthe. Roimhe seo, forbraíodh buiséid d'ospidéil aonair gan ach tagairt teoranta d'fheidhmíocht eagraíochtúil san am ar caitheadh nó do mheastacháin réadúla ar an deis a bheadh ann breis laghduithe costas a bhaint amach. Mar thoradh air sin, níor tugadh a dóthain maoinithe do roinnt ospidéal agus dá bhrí sin níorbh fhéidir róchaiteachas buiséid a sheachaint.

- Tar éis tréimhse comhairliúcháin, rinneadh pleananna sonraithe inar leagadh amach an leibhéal seirbhísí, an maoiniú agus an fhoireann a bheadh le cur ar fáil mar aon le caighdeán agus rochtain seirbhísí a fhoilsiú d'ospidéil aonair i mí Feabhra 2013. Tá sé mar sprioc leis an bpróiseas buiséadaithe a chinntiú nach mbeidh ospidéal ar bith ag pleanáil do róchaiteachas buiséid in 2013. Lorgaíodh leis an bpróiseas a chinntiú go gcuirfí cúnamh ar fáil i ndáil leis na seirbhísí sin is mó ar theastaigh breis maoinithe uathu agus ag an am céanna go dtabharfaí aghaidh ar easnaimh struchtúrtha. Tá spriocanna buiséid dian agus inbhainte amach tugtha anois do bhainisteoirí ospidéil a chuirfidh ar a gcumas fanacht laistigh den bhuiséad agus ag an am céanna a dhéanfaidh cúram othar a chosaint.
- Tá an t-athchothromú buiséad seo mar chuid amháin de chlár athchóirithe in earnáil na n-ospidéal. Mar chuid den chlár táthar le grúpaí ospidéil a bhunú roimh dheireadh 2012 mar aon le híocaíocht d'ospidéil ar bhonn 'leanann airgead an t-othar' ó 2014.

## Ioncam Táillí Othar a Bhailiú

**21.32** Rinne plean seirbhísí an HSE 2012 soláthar d'ardú €143 milliún ar fháltais ospidéil i ndáil le táillí othar. Bhí sin le baint amach trí

- arduithe ar leibhéal na dtáillí
- leathnú amach scóp an réimis táillí
- bhailiúchán níos tráthúla ar ioncam othar, a dtagann a bhformhór ó chuideachtaí árachais sláinte.

### *Arduithe ar Rátaí Táillí Othar*

**21.33** Faoi threoir an Aire, cuireadh arduithe idir 2.7% and 5.3% i bhfeidhm ar tháillí othar cónaitheach ón 1 Eanáir 2012. Measadh go gcruthódh na harduithe seo €18 milliún breise in ioncam ospidéil in 2012 - €9.2 milliún maidir le hospidéil HSE agus €8.8 milliún d'ospidéil dheonacha.

### *Athruithe i Scóp an Réimis Táillí*

**21.34** Chuir rialacha maidir le haimniú leapacha faoinar rinneadh othair phríobháideacha agus iad sin amháin a raibh ag sealbhú leapa príobháideach ainmnithe a mhuirearú as costais chóiríochta srian ar ioncam na n-ospidéal poiblí ó othair phríobháideacha.

**21.35** Déantar thart ar 20% de leapacha in ospidéil phríobháideacha a ainmiú le haghaidh úsaid phríobháideach agus íocann árachóirí sláinte idir €200 agus €1,000 in aghaidh an lae as cóiríocht ag brath ar an gcineál ospidéil. Mar sin féin, má thugtar cóiríocht d'othair phríobháideacha i leapacha poiblí, beidh feidhm le gnáththáille laethúil de €75.

**21.36** Beartaíodh reachtaíocht a thabhairt isteach in 2012 chun cur ar chumas ospidéil phoiblí tobhach a ghearradh ar gach othar príobháideach beag beann ar ainmniú leapa. Measadh go gcruthódh an t-athrú sin ioncaim ospidéil breise de thart ar €75 milliún in 2012. Achtaíodh an reachtaíocht riachtanach in Iúil 2012 nuair a ritheadh an tAcht Sláinte (Leasú) 2013.

**21.37** Tar éis pléití leis na cuideachtaí árachais sláinte, chinn an Rialtas cur i bhfeidhm na reachtaíochta a chur siar go dtí tús 2014. Mar chuid den mhargadh, laghdófar na rátaí a ghearrtar as chóiríocht othar cónaitheach thar oíche, ach beidh seo dlite maidir le gach othar cónaitheach a chuirtear cóireáil orthu in ospidéil phoiblí agus ní na hothair sin amháin a bhíonn i leapacha a bhíonn ainmnithe go speisialta d'othair a íocann táillí.

**21.38** Measann an HSE go gcruthóidh an réimeas táillí nua ioncam ospidéil breise suas go dtí €30 milliún in 2014.

### *Tráthúlacht an Bhailiúcháin*

**21.39** Chun sreabhadh airgid in 2012 a fheabhsú, tá sé beartaithe ag an HSE feabhas mór a chur ar thráthúlacht bhailiúchán na méideanna atá dlite ó chuideachtaí árachais sláinte i rith 2012.

#### *Fiachas Iomlán Fós Gan Íoc*

**21.40** Ag deireadh 2012, ba ionann an fiachas táillí othar iomlán a bhí fós fan íoc agus €209 milliún, a raibh comhdhéanta de €128 milliún maidir le hospidéil reachtúla agus €81 milliún maidir le hospidéil dheonacha. Luaigh an HSE gur bhain thart ar €192 milliún (92%) den fhiachas le méideanna a bhí le n-íoc ag árachóirí príobháideacha.[1]

#### *Feidhmíocht Bhailiúchán Fiachas a Thomhas*

**21.41** Tomhaiseann an HSE tráthúlacht an bhailiúcháin fiachas táillí othar i dtéarmaí laethanta féichiúnaithe.[2] Déantar an tomhas a ríomh do gach ospidéal agus tuairiscítear é sna tuarascálacha feidhmíochta míosúla. Mar sin féin, ó tharla nach gcuirtear san áireamh ach fiachas a bhfuil níos lú ná bliain amháin in aois, ní thugtar léargas iomlán ar an mhoill a bhaineann le hioncam a bhailiú. Tugann sé léargas ar fheidhmíocht maidir le bailiúchán ioncaim a tharla le déanaí.


**21.42** Léirítear laethanta féichiúnaithe ag deireadh gach míosa i rith 2012 don HSE agus d'earnálacha ospidéil dheonacha i bhFíor 21.8. Tugann na sonraí atá ar fáil le fios, ar an meán, go bhfuil opsidéil reachtúla HSE níos moille i gcónaí ag bailiú fiachas a bhaineann le hothair ná már a bhíonn ospidéil dheonacha. Léirítear in Iarscríbhinn B na laethanta féichúnaithe ag deireadh 2012 do gach ospidéal.

**21.43** Rinne an HSE buiséadú d'ardú i bhfáltais ospidéil de €50 milliún i rith 2012 mar thoradh ar chríochú níos tráthúla agus íocaíocht níos tráthúla ar mhéideanna dlite ó chuideachtaí árachais - €28 milliún d'ospidéil reachtúla agus €22 milliún ó na hospidéil dheonacha. Mar thoradh air sin b'éigean laghdú a chur i bhfeidhm i rith 2012 go dtí thart ar 45 lá féichiúnaithe in ospidéil reachtúla agus deonacha araon. I gcleachtas, is beag athrú a bhí ar laethanta féichiúnaithe i gceachtar éarnáil i rith na bliana.

1 Baineann na méideanna eile atá dlite i ndáil le táillí othar le méideanna atá dlite ó othair phríobháideacha nach bhfuil árachas acu nó turasóirí a bhfuil árachas taistil acu.

2 Is tomhas é laethanta féichiúnaithe d'aois an fhiachais táillí othar ag pointe áirithe. Ríomhtar é tríd an bhfiachas atá fós gan íoc a roinnt ar an méid ioncaim othar sna 12 mí roimhe sin x 365 lá.

**Fíor 21.8 Aois an fhiachais[a] maidir le fiachas a bhfuil níos lú ná bliain amháin d'aois, Eanáir go Nollaig 2012**




Foinse: Tuarascálacha Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Eanáir 2012 go Nollaig 2012

Nóta: a Áirítear leis an bhfiachas a dhéantar a anailísiú thuas táillí cothabhála agus sin amháin. Áirítear leis méideanna dlite ó chuideachtaí árachais agus ó othair aonair nach bhfuil árachas sláinte acu ná cárta leighis. Mar thoradh air sin, tá na laethanta féichiúnaithe a léirítear difriúil leo siúd i bhFíor 21.9 a bhaineann leis na méideanna ar fad atá dlite ó na cuideachtaí árachais.

*Céimeanna sa Phróiseas Bailiúcháin*

**21.44** Aithnítear na méideanna iocaim othar atá dlite nuair a scaoiltear an t-othar abhaile. Déantar éilimh le cuideachtaí árachais a phróiséil i dtrí chéim

- ullmhaíonn riarthóirí ospidéil an t-éileamh tráth a scaoiltear an t-othar abhaile
- tugann comhairligh ospidéil an focal deiridh maidir le gach foirm éilimh
- déanann an cuideachta árachais an t-éileamh a bhailiú agus a phróiseáil agus íocann siad an t-othar nó an HSE.

**21.45** Chuir an HSE sonraí ar fáil i ndáil leis na méideanna iomlána a bhí dlite ó chuideachtaí árachais maidir le cothabháil agus táillí othar cónaitheach arna mbriseadh síos de réir chéim an phróisis agus a léiríonn na meán laethanta féichiúnaithe. Tá sin leagtha amach i bhFíor 21.9.

**Fíor 21.9 Luach agus aois an fhiachais[a], de réir céime sa phróiseas, Nollaig 2012**

| | Ospidéil reachtúla HSE | | Ospidéil dheonacha | |
|---|---|---|---|---|
| | Luach an fhiachais €m | Aois an fhiachais (laethanta féichiúnaithe) | Luach an fhiachais €m | Aois an fhiachais (laethanta féichiúnaithe) |
| Riarachán ag leibhéal an ospidéil | 21.6 | 30 | 7.8 | 11 |
| Ag fanacht le focal deiridh an chomhairligh | 38.7 | 55 | 25.7 | 37 |
| Le cuideachta árachais | 55.2 | 78 | 43.2 | 63 |
| **Iomlán** | **115.5** | **163** | **76.7** | **111** |

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (neamhiniúchadh)

Nóta: a Áirítear leis sin táillí cothabála agus táillí othar cónaitheach dlite ó chuideachtaí árachais.

**21.46** Leag an HSE amach sprioc a éilíonn focal deiridh na gcomhairleach laistigh de 14 lá oibre ó fhaightear an cháipéisíocht chuí. Ag deireadh 2012, bhí na héilimh ag na comhairligh, ar an meán, ar feadh beagán faoi bhun ocht seahtaine in ospidéil reachtúla HSE agus beagán os cionn cúig seachtaine in ospidéil dheonacha.

*Réamhíocaíochtaí*

**21.47** Bhí na héilimh a bhí ag feitheamh ar íocaíocht ó chomhlachtaí árachais ag deireadh na bliana 2012 curtha isteach tuairim is dhá mhí, ar an meán. Chuir na comhlachtaí árachais sláinte réamhíocaíochtaí iomlána de €103 milliún ar fáil go déanach in 2012 bunaithe ar a meastacháin ar othair phríobháideacha, a raibh táillí orthu maidir le cóir leighis in ospidéil ghéarmhíochaine ach nár tugadh an próiseas éilimh chun críche go fóill. Leithdháileadh €50 milliún ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i leith a cuid ospidéil agus leithdháileadh €53 milliún ar ospidéil dheonacha. Cé gur laghdaigh sé seo an méid a bhí dlite ag deireadh na bliana, baineadh an méid réamhíoctha as íocaíochtaí táillí na n-othar d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus do na hospidéil sa chéad sé mhí de 2013.

*Tionscnaimh chun Bailiúchán a Fheabhsú*

**21.48** Tá cuntas tugtha ar na tionscnaimh leanúnacha seo a leanas ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun feabhas a chur ar thráthúlacht bhailiúchán tháillí ioncaim othair ó chuideachtaí árachais.

- Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag cur córas bainistíochta leictreonach d'éilimh i bhfeidhm. Mhaígh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i mí Lúnasa 2013 go raibh 17 de na hospidéil ghéarmhíochaine is mó (a dhéanann suas 65% de na héilimh iomlána sa roinn ghéarmhíochaine) ag úsáid an chórais leictreonach d'éilimh. Tá sé beartaithe an céatadán seo a mhéadú go 80% roimh dheireadh na bliana 2013. Thug Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le fios gur próiseas trom atá ann, fiú le tacaíocht ó bhogearraí agus bíonn ar shainchomhairleoirí eolas dochtúra mionsonraithe a chur isteach agus foirmeacha a shíniú, fiú más go leictreonach féin é.

- Tá litreacha seolta ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chuig sainchomhairleoirí ag iarraidh orthu na gealltanais atá leagtha amach i Roinn 5 a chomhlíonadh (vii) (a) ón doiciméad "Comhaontú na Seirbhíse Poiblí a chur chun Feidhme" a d'eisigh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais i Meán Fómhair 2012. Theastaigh gealltanas anseo ó gach sainchomhairleoir chun foirmeacha árachais príobháideacha a líonadh go hiomlán agus a shíniú laistigh de 14 lá oibre ón lá a bhfuarthas na doiciméid chuí uile.
- Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tar éis comhaontú a dhéanamh le ceann de na príomhárachóirí sláinte chun aon éilimh atá os cionn bliain d'aois a ghlanadh.
- Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Sláinte agus Ospidéal San Séamas ag obair le hárachóirí sláinte príobháideacha chun aontú ar thacar sonraí leictreonach chun éilimh a chuir isteach agus a íoc. Tá tacar sonraí curtha le chéile ó mhí Lúnasa 2013 agus tá sé á thástáil in Ospidéal San Séamas. Tá sé beartaithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an córas seo a leathnú amach chuig gach ospidéal má éiríonn go maith lena chur i bhfeidhm san ospidéal seo.

## Cnapshuimeanna Pinsin

**21.49** Bhí buiséad de thuairim is €207 milliún curtha i leataobh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in 2012 maidir le cnapshuimeanna pinsin d'fhostaithe a bhí ag dul ar scor. €175.5 milliún an figiúr i gcaiteachas maidir le híocaíochtaí cnapshuimeanna a rinneadh sa bhliain 2012 — €31.5 milliún níos lú ná mar a bhí réamh-mheasta. Bhí an líon daoine a chuaigh ar scor beagnach 2,000 duine níos lú ná mar a bhí réamh-mheasta.

## Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta— Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**21.50** Thug an t-Oifigeach Cuntasaíochta le fios nach leagan Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte síos a leithdháileadh Vótaí féin agus bíonn tionchar ag líon nithe éagsúla ar an méid deiridh leithdháilte. Oibrítear amach an méid a leithdháiltear maidir le caiteachas Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i gcoinne chúlra cuspóirí an bhuiséid náisiúnta. Thug sé le fios go bhforchuirtear an fhoráil mheasta dheiridh, i go leor cásanna tar éis clabhsúr a chur leis an bpróiseas buiséadaithe.

**21.51** Mhaígh sé gur léirigh plean seirbhíse do 2012 laghduithe costais iomlána de €750 milliún, déanta suas as

- díreach faoi bhun €500 milliún i gcoigiltis a bhí le seachadadh trí bhearta laghduithe pá agus costais, laghduithe i bpraghsanna drugaí agus líon eile laghduithe.
- arduithe costais bhreise de €250 milliún a raibh súil leo teacht chun cinn in 2012 nach cuireadh san áireamh sna meastacháin — áirítear leo seo €130 milliún a bhaineann le heasnaimh a raibh súil leo, a bhaineann go mór mór le seirbhísí ospidéil chomh maith leis na costais bhreise phárolla, ag teacht ó dhámh breisíochtaí agus cur i bhfeidhm Threoir AE maidir le foireann ghníomhaireachta.

**21.52** Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios gur lean na laghduithe costais a bhí leagtha amach i bplean seirbhíse 2012 ar feadh dhá bhliain ina raibh laghduithe suntasacha i mbuiséad Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Thug sé le fios gur baineadh amach laghduithe i gcaiteachas na bliana 2010 agus 2011 trí roinnt bearta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear ciorruithe i bpá agus líon foirne, laghduithe ar tháillí íoctha le dochtúir teaghlaigh agus cógaslann, agus laghduithe i bpraghsanna drugaí. Mhaígh sé go raibh an chuid is mó de na laghduithe costais in 2012 bainteach le laghduithe sa líon daoine a bhí fostaithe. Mar thoradh ar scála na laghduithe costais a bhí ag teastáil agus an laghdú carntha i bhfoireann túslíne, bheadh tionchar suntasach ag na seirbhísí líne tosaigh ar na laghduithe a bhí ag teastáil in 2012.

**21.53** Thug plean seirbhíse na bliana 2012 le fios go raibh ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte déileáil leis an ardú i riachtanas seirbhíse a bhfuil baint acu le hathruithe déimeagrafacha, minicíocht ghalair agus tiomántóirí eile riachtanais sláinte agus cúram sóisialta. Theastaigh laghdú i gcaiteachas de 7.8% in ospidéil ón bplean seirbhíse ach thug an plean le fios go raibh ospidéil ghéarmhíochaine faoi bhrú suntasach ón mbuiséad le blianta beaga anuas agus chaithfí acmhainní a úsáid ar aon dul leis an maoiniú atá ar fáil chun inbhuanaitheacht airgeadais a chinntiú.

**21.54** Thug sé le fios gur thug an plean seirbhíse faoi deara go raibh cúpla baol ann ar sheachadadh lena n-áirítear, na spriocanna suntasacha laghdú costais a bhaint amach, an baol ann go mbeadh deacrachtaí ag seirbhísí na spriocanna a bhí leagtha síos a bhaint amach agus tráthúlacht na reachtaíochta chun laghduithe a bhaint amach i gcostas scéimeanna na ndrugaí pobail agus arduithe in ioncam na n-ospidéal.

## Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta — An Roinn Sláinte

**21.55** Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios go raibh róchaiteachas suntasach sa roinn ospidéil in 2012. Thug sé le fios nach bhféadfaí na spriocanna a bhaint amach le scála chostais na mbearta srianta ag teacht sa bhreis ar laghduithe buiséid le roinnt blianta anuas. Mhaígh sé gur cuireadh na saincheisteanna seo san áireamh agus buiséid á leagan amach do 2013, agus rinneadh athchothromú ar bhuiséid na n-ospidéal do 2013 chun spriocanna níos furasta le baint amach a chur ar fáil do bhainisteoirí ospidéil.

**21.56** Thug sé le fios tar éis cainteanna leis na hárachóirí sláinte, rinne an Rialtas cinneadh an reachtaíocht a chur siar maidir le leapacha a ainmniú leis an tuiscint go ndéanfadh na hárachóirí réamhíocaíocht de €100 milliún d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in 2012 maidir le héilimh do sheirbhísí curtha ar fáil ach nár tugadh chun críche an t-éileamh. D'admhaigh sé go raibh drochthionchar ag an réamhíocaíocht seo ar fháltais ó chomhlachtaí árachais sa chéad leath de 2013 ach mhaígh sé go raibh moltaí ann chun aghaidh a thabhairt ar seo. Thug sé le fios go bhfuil an iomarca ama á chaitheamh ag comhlachtaí árachais chun éilimh a thabhairt chun críche agus go rachadh cur i bhfeidhm beartaithe an chórais bainistíochta leictreonach nua d'éilimh chun tairbhe chun an mhoill seo a laghdú.


## Conclúid

**21.57** Tá buiséadú do thréimhsí amach anseo faoi réir earráidí mar gheall ar an neamhchinnteacht agus ar fhachtóirí a d'fhéadfadh a bheith lasmuigh de smacht na sealbhóirí buiséid. In ainneoin sin, mar riail ghinearálta, ba cheart go mbeadh anailís ar threochtaí reatha, agus boinn tuisceana réadúla faoi na torthaí dóchúla don tréimhse buiséid a bheith mar bhonn taca le meastacháin a chuirtear faoi bhráid Dháil Éireann maidir le seirbhísí vótáilte. Ba chóir go mbeadh príomhbhoinn tuisceana buiséadaithe luaite.

**21.58** Is léir nár cuireadh san áireamh go cuí na tiománaithe costais bunúnascha i roinnt príomhréimsí caiteachais i meastacháin i ndáil leis an HSE do 2012. Tá scóp ann don HSE anailís níos cuimsithí a dhéanamh ar an éileamh atá ann do sheirbhísí, ar na costais ghaolmhara agus ar na treochtaí bunúsacha.


**21.59** Chuir an HSE tús le leasú a dhéanmh ar an anailís a rinne sí ar an éileamh atá ar sheirbhísí cártaí leighis agus ar sheirbhísí pobail eile mar aon leis na costais ghaolmhara. Chuir sí i bhfeidhm freisin próiseas bainistithe buiséid leasaithe in earnáil na n-ospidéal, áit ar fadhb leanúnach í an róchaiteachas.

## Iarscríbhinn A Céatadán an róchaiteachais buiséid de réir ospidéil, 2012




Foinse: Tuarascálacha Feidhmíochta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Eanáir 2012 agus Nollaig 2012

## Iarscríbhinn B Aois fiachas in ospidéil maidir le fiachas atá níos lú ná bliain amháin d'aois, amháil Nollaig 2012




Foinse: Anailís de chuid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# 22 Incháilitheacht do Chártaí Leighis

**22.1** Tá daoine a bhfuil cártaí leighis acu atá eisithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) i dteideal seirbhísí cúraim phríomhúil a fháil agus níl orthu íocaíochtaí a dhéanamh le soláthróirí seirbhíse. Íocann an HSE formhór na costais a bhaineann le soláthar seirbhíse go díreach leis na soláthróirí seirbhíse. Maidir le cógais ar oideas, tugadh isteach muirear in aghaidh an chógais i mí Deireadh Fómhair na bliana 2010 atá iníoctha ag sealbhóir an chárta.[1]

**22.2** I bhformhór na gcásanna, braitheann incháilitheacht i leith chárta leighis ar mheasúnú a dhéantar ar theacht isteach shealbhóir an chárta. Tá oibleagáid dhlíthiúil ar shealbhóirí cárta an HSE a chur ar an eolas má thagann athrú ar imthosca ábhartha, m.sh. ardú ar ioncam, athrú ar an riocht liachta. Is cion atá ann faisnéis bhréagach a chur ar an iarratas ar chárta leighis nó gan an HSE a chur ar an eolas maidir le hathrú in imthosca a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar incháilitheacht.

**22.3** Eisítear dhá chineál cárta, le clúdach seirbhíse difriúil.

- Tugann cárta leighis iomlán teideal do shealbhóir an chárta le haghaidh raon seirbhísí saor in aisce, lena n-áirítear gach cuairt ar an dochtúir ginearálta (GP), seirbhísí ospidéil othar cónaitheach agus othar seachtrach, cógais ar oideas atá riachtanach (faoi réir ag muirir cógais chuí) agus seirbhísí oftalmacha agus fiaclóireachta.
- Tá sealbhóir an chárta cuairte dochtúra i dteideal cuairt a thabhairt ar an dochtúir ginearálta (GP) saor in aisce.

**22.4** Feidhmíonn an HSE scéim bhreoiteachta fadtéarmach freisin. Faoin scéim seo má tá aon cheann de na 15 breoiteacht atá liostaithe ag gabháil do dhuine, cuirfear cógais ar oideas a bhaineann go díreach le cóireáil na breoiteachta ar fáil saor in aisce. Ní bhaineann incháilitheacht i leith na scéime sin le hioncam agus feidhmíonn sé ar leithligh ón scéim cárta leighis/cárta cuairte Dochtúra. Sa bhliain 2012, rinne 69,500 duine aonair éilimh faoin scéim sin ar chostas iomlán de €117 milliún. Níl feidhmiú na scéime breoiteachta fadtéarmach san áireamh i scóip na tuarascála seo.

**22.5** Suas go dtí mí an Mheithimh 2011, eisíodh cártaí leighis i thart ar 100 oifig shláinte áitiúil, rud a léirigh struchtúr na mbord sláinte a bhí ann roimhe seo. Ón 1 Iúil 2011, rinne an tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS) bainistíocht go lárnach ar eisiúint cártaí laistigh den HSE. Ba é an cuspóir a bhí leis an bpróiseas láraithe ná

- córas aonair aonfhoirmeach a sholáthar d'iarratais agus d'athnuachan cártaí leighis a thagann in ionad na gcóras difriúil a bhí á bhfeidhmiú sna hoifigí sláinte áitiúla
- sruthlíniú a dhéanamh ar na próisis oibre agus feabhsúcháin próiseas a chur i bhfeidhm a chuirfidh próiseáil níos éifeachtaí ar fáil
- líon na foirne a theastaíonn le hiarratais agus athnuachan a phróiseáil a laghdú
- cur le seirbhísí do chustaiméirí
- seirbhís phróiseála cárta leighis atá níos cuntasaí agus a bhfuil bainistíocht níos fearr á dhéanamh orthu a bhainistiú, in imeacht ama.

1 Socraíodh an muirear ag 50c in aghaidh an chógais i dtús báire (gan dul thar €10 in aghaidh na míosa do gach duine. Cuireadh ardú ar sin go €1.50 in aghaidh an chógais ó Eanáir 2013, gan dul thar €19.50 in aghaidh na míosa don duine aonair nó do theaghlach.

## Fócas an Scrúdaithe

**22.6** Is neamhréireach idir réigiún i bhfeidhmiú rialacha incháilitheachta an príomhriosca ó thaobh córas riaracháin díláraithe. Tá sé luaite ag an HSE cé go raibh scéim an chárta leighis mar bhunús do sheachadadh formhór seirbhísí cúraim phríomhúil na hÉireann le 40 bliain anuas, bhí na geallsealbhóirí go léir ar an eolas maidir leis na saincheisteanna a bhain le measúnacht incháilitheacht a riaradh agus le hionracas an chláir cárta leighis.

**22.7** D'aithin an HSE nach raibh an measúnú i leith incháilitheacht do chártaí leighis ar chomhréir chomh fada agus a bhain sé leis na 100 oifig a bhí ag stiúradh an athbhreithnithe agus gur tugadh cártaí leighis do líon sealbhóirí cárta ar feadh tréimhsí fada, suas go 20 bliain i roinnt cásanna.

**22.8** I gcomhchomhairle leis an Roinn Sláinte chinn bainistíocht an HSE gur theastaigh athrú ó bhonn a chur ar riaradh na scéime. Thug lárú a dhéanamh ar riarachán an mheasúnaithe ar an gcárta leighis an deis don HSE córas aonfhoirmeach a thabhairt isteach ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar incháilitheacht. D'aithin an HSE, áfach, gur dóigh go n-aithneofaí leibhéal ábhartha neamhathnuachana san athbhreithniú ar incháilitheacht sna céimeanna tosaigh den phróiseas láraithe. Ní chuireann siad meastachán ar fáil maidir le líon na gcártaí leighis lena mbaineann saincheist sa chás nach bhfuil sealbhóir an chárta incháilithe.


**22.9** Tugadh faoin scrúdú chun féachaint ar na nithe seo a leanas

- treochtaí sna costais a bhaineann le soláthar cártaí leighis le deich mbliana anuas
- leordhóthanacht na rialuithe ar thabhairt amach na gcártaí sa chéad áit agus ar an bpróiseas athnuachan
- próiseas athbhreithnithe incháilitheachta na gcártaí lena mbaineann saincheist
- leibhéal na gcártaí atá eisithe de bhreis ar theidlíocht agus luach na ró-íocaíochta a ghabhann leo.

## An Líon Sealbhóirí Cárta

**22.10** Tá ardú tagtha ar líon na gcártaí leighis atá ar eisiúint le deich mbliana anuas mar a thaispeántar i bhFíor 22.1. Tugadh isteach an Cárta Cuairte Dochtúra sa bhliain 2005. Bhí an líon Cárta Cuairte Dochtúra a eisíodh idir na blianta 2005 agus 2006 réasúnta íseal. Is ionann, áfach idir 5% agus 7% de na cártaí ar fad a eisíodh ón mbliain 2007 agus Cárta Cuairte Dochtúra. Ag deireadh na bliana 2012, bhí cárta leighis ag níos lú ná dhá mhilliún duine, arbh ionann é agus 43% den daonra iomlán.

**Fíor 22.1 Líon na gcártaí leighis agus cárta cuairte dochtúra ar eisiúint 2002 go 2012**




Foinse: Tuarascálacha staitistiúla na Seirbhíse Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil

## Riaráiste maidir le Próiseáil Iarratais

**22.11** Tháinig fás as cuimse ar na riaráistí a bhain le próiseáil iarratas sa chéad sé mhí tar éis an láraithe. B'ionann na riaráistí agus 58,000 i mí Eanáir na bliana 2012. Thug an HSE faoi ghlanadh na riaráistí sin faoi Aibreán na bliana 2012 agus le próiseáil a dhéanamh ar iarratais a bhí comhlánaithe ina n-iomláine laistigh de 15 lá oibre.

**22.12** Cuir an HSE líon tionscnamh i bhfeidhm ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar na riaráistí agus ar roinnt de na saincheisteanna atá ag eascairt mar gheall ar mhoill phróiseála iarratas agus athnuachan. Áiríodh orthu sin

- síneadh a chur le hathnuachan cártaí leighis trína ndéanann sealbhóir an chárta fhéinmheasúnú do shealbhóirí cártaí faoi 70 bliain d'aois
- deis a thabhairt do GPanna síneadh a chur le tréimhse incháilitheachta i gcásanna áirithe (m.sh. daoine leochaileacha) nó naíonáin nuabheirthe a chur le bunachar sonraí an chárta leighis.

**22.13** Mhaígh an HSE go raibh na riaráistí glanta faoi dheireadh mhí Aibreán 2012. I mí Aibreán 2013, luaigh an HSE go bhfuil 96% de na hiarratais atá comhlánaithe go hiomlán á bpróiseáil laistigh den sprioc-am.[1]

## Costas na gCártaí Leighis

**22.14** Is ionann na príomh-chomhpháirteanna a bhaineann le costas na cártaí leighis ná íocaíocht le GPanna agus le Cógaiseoirí


- Déantar catagóiriú ar íocaíochtaí le GPanna mar tháillí agus/nó liúntais. Tá táillí iníoctha maidir le hothar aonair cárta leighis atá cláraithe ar bhonn per capita. Tá GPanna i dteideal íocaíochtaí lasmuigh d'uaire oibre a éileamh (nuair a fhreastalaíonn siad ar othair lasmuigh de ghnáthuaire an chleachtais) nó nuair a dhéantar seachadadh ar sheirbhísí speisialta (eisceadh, uamadh, vacsaíniú, cataitéarú, pleanáil clainne, srl.). Íoctar liúntais le GPanna freisin maidir le saoire bhliantúil agus saoire staidéir, dochtúir ionaid, altranas agus tacaíocht eile chleachtais.

1 Luaigh an HSE go raibh 78% de na hiarratais a fuarthas le linn na bliana 2012 comhlánaithe go hiomlán ag an iarratasóir. Bheadh ar fhoireann an HSE leanúint suas a dhéanamh ar an gcuid a bhí fágtha.

- Soláthraítear drugaí, cógais agus fearais atá ceadaithe faoin Scéim na Seirbhíse Míochaine Ginearálta (GMS) trí chógaslanna mhiondíola. Déanann na cógaiseoirí éilimh i leith costais na gcógas a chuirtear ar fáil chomh maith le táille dáileacháin. Tá costais na gcógas a chuirtear ar fáil comhdhéanta de trí cheathrú den mhéid iomlán a íoctar le cógaiseoirí.

**22.15** Tá ardú ollmhór tagtha ar chostas seirbhísí GP agus ar chógais faoi scéim an chárta leighis le deich mbliana anuas mar a thaispeántar i bhFíor 22.2. Sa bhliain 2002, d'íoc an HSE €823 milliún le GPanna agus le cógaiseoirí i ndáil le seirbhísí a chuireadh ar fáil d'úsáideoirí cártaí leighis. Faoin mbliain 2012, bhí sé sin ardaithe go dtí breis agus €1.7 billiún. Tháinig ardú mór ar íocaíochtaí le GPanna sa bhliain 2005. Ó shin, tá líon iomlán na n-íocaíochtaí idir €400 milliún go €450 milliún. I gcomparáid leis sin, d'ardaigh íocaíochtaí le cógaiseoirí ó €551 milliún in 2002 go €1.3 billiún in 2012.


**Fíor 22.2 Caiteachas HSE maidir le cártaí leighis, 2002 go 2012**




Foinse: Tuarascálacha staitistiúla na Seirbhíse Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil

**22.16** Sroich an meánchostas buaicleibhéal sa bhliain 2008 tráth ar íoc an HSE €1,285 ar an meán le soláthróirí seirbhíse i ndáil le daoine aonair a raibh cárta leighis acu. Tháinig titim go dtí €1,000 in aghaidh an duine sa bhliain 2012. Tháinig ísliú le 31% ar an meáníocaíocht le GPanna idir 2008 agus 2012 agus tháinig laghdú 16% thar an tréimhse céanna (féach Fíor 22.3) ar an meáníocaíocht le cógaiseoirí i ndáil le daoine a bhain leas as an tseirbhís.


**Fíor 22.3 Meánchostas cárta leighis in aghaidh an duine, 2003 go 2012**




Foinse: Tuarascálacha staitistiúla na Seirbhíse Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil

**22.17** Déantar an meánchostas cógaslainne in aghaidh an duine a ríomh ar bhunús líon na sealbhóirí cárta a bhain leas as an tseirbhís sa bhliain. Go ginearálta idir na blianta 2003 agus 2011, bhain idir 94% go 96% duine incháilithe leas as seirbhísí cógaslainne le linn na bliana.  Tháinig laghdú go dtí 89% air sin sa bhliain 2012 (féach Fíor 22.4).

**Fíor 22.4 An líon daoine incháilithe a bhain leas as seirbhís chógaslainne**




Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**22.18** Rinne athbhreithniú de chuid an HSE i mí Deireadh Fómhair na bliana 2012 scrúdú ar na costais a d'eascair sa chéad ceithre mhí de 2012, i gcomparáid leis an tréimhse céanna sa bhliain 2011. Fuarthas amach

- Gur eascair os cionn leath de na costais chógaisíochta mar gheall go raibh níos mó daoine ag baint leas as an tseirbhís, agus an chuid eile, go príomha mar gheall ar athruithe i gcleachtais ordaithe cógais. Tháinig ardú ar an meán líon cógais ar ordú in aghaidh an éilitheora agus ar an meán líon drugaí in aghaidh an oidis araon thar an tréimhse sin.
- Gur thug beagnach an ceathrú cuid de dhochtúirí níos mó oidis dá gcuid othar sa chéad ceithre mhí de 2012 i gcomparáid le 2011.

**22.19** Luaigh an HSE go bhfuil roinnt tionscnamh tugtha isteach acu le coigilt costais a bhaint amach i ndáil le cógais ar oideas

- Ciallaíonn tabhairt isteach praghsáil thagartha agus malartú cineálach, a gcuirfear tús leis i mí na Samhna 2013, go leagfaidh an HSE síos an praghas a bheidh á íoc acu as grúpa leigheasanna inmhalartaithe. Déanfaidh Bord Leigheasra na hÉireann forbairt ar liosta de leigheasanna inmhalartaithe. Beag beann ar an druga ar oideas, ní íocfaidh an HSE ach an praghas tagartha comhaontaithe don ghrúpa táirgí sin. Má roghnaíonn an t-othar táirge atá níos costasaí, caithfidh an t-othar an difríocht a íoc.
- Bhunaigh siad Clár Bainistíochta Leigheasanna le gairid a bhfuil sé mar aidhm leis GPanna a spreagadh le cógais ar ordú atá éifeachtach ó thaobh costas a spreagadh. Faoin gclár sin, iarrtar ar dhochtúirí drugaí áirithe a ordú do bhreoiteachtaí luaite.  Is ionann agus 15% de chaiteachas an HSE ar leigheasanna ná drugaí ar oideas do cholaistéaról ard agus d'othras peipteach agus aife. Cuireadh tús leis an gclár trí dhrugaí áirithe ba chóir do dhochtúir a ordú don chineál sin breoiteachta a aithint. Tá sé beartaithe síneadh a chur leis an gclár le breoiteachtaí eile a chlúdach.

- Tá forbairt déanta freisin ar mhodúil aiseolais ordú cógais a thugann an t-eolas atá riachtanach do GPanna le coigilt chostais a bhaint amach trí tháirgí ar oideas ar luach níos fearr a ordú. Faoi láthair, cuireann an modúil eolas ar fáil do GPanna a léiríonn na hothair agus na táirgí ba chóir díriú orthu ar mhaithe leis an gcoigilteas is fearr is féidir a bhaint amach. Tá sé beartaithe ag an HSE tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an modúl seo, de réir mar a fheidhmítear praghsáil thagartha agus malartú cineálach i ndeireadh na bliana 2013. Tá sé beartaithe acu freisin an t-aiseolas a uasghrádú ionas go soláthróidh sé tagarmharcáil do GPanna aonair a thaispeánann a gcleachtas maidir le hoideas i gcomparáid le GPanna eile.

**22.20** Tá sé ráite ag an HSE go bhfuil scéim an chárta leighis á stiúradh ag éileamh agus gur féidir leis an gcion den daonra a bhaineann leas as na seirbhísí a bheith luaineach. Mar shampla, tháinig laghdú mór ar líon na ndaoine incháilithe a bhí ag baint leasa as seirbhísí cógaslainne sna blianta 2008 agus 2012. Ní raibh aon athrú ar scéim a chárta leighis a d'fhéadfadh cuntas a thabhairt ar an luaineacht (mar a thaispeántar i bhFíor 22.4). Níl an HSE tagtha ar aon chonclúid maidir leis na cúiseanna a bhaineann le luaineacht den chineál sin agus tá sé ráite acu go bhféadfadh tuilleadh taighde a bheith tairbhiúil. Thug an HSE ar aird go dtabharfaidh an Clár Bainistíochta Leigheasanna an deis dóibh monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar iompar i ndáil le hoideas ar ordú.

## Bronnadh Cártaí Leighis

**22.21** Bronntar cártaí leighis de ghnáth ar an mbunús go bhfuil teacht isteach an iarratasóra níos lú ná na teorainneacha atá sonraithe. Chomh maith leis sin tá sé de rogha ag an HSE cárta a eisiúint i gcásanna a mbeadh cruatan i gceist gan an cárta leighis.

### *Iarratais maidir le Tástáil Mhaoine*

**22.22** Feidhmítear tairseacha maoine difriúla do ghrúpa agus d'aicmí cárta ar leith, ag brath ar theacht isteach in aghaidh na seachtaine, stádas pósta agus aois (féach Fíor 22.5).

**Fíor 22.5 Tairsí ioncaim do chártaí leighis/cárta cuairte Dochtúra, Meitheamh 2013**

| Stádas Iarratasóra | Teorainneacha ioncaim sheachtainiúil do: Cárta leighis | Cárta cuairte dochtúra |
|---|---|---|
| **Faoi 70** | | |
| Singil | €164 — €201 | €246 — €302 |
| Pósta/ aontíos céileachais/ teaghlaigh aontuismitheora le leanaí cleithiúnacha | €266 — €298 | €400 — €447 |
| **Os cionn 70** | | |
| Singil | €600 | €700 |
| Pósta/ aontíos céileachais | €1,200 | €1,400 |

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**22.23** Tógann an measúnú ar ioncam líon na leanaí atá i gcleithiúnas ó thaobh airgid ar an iarratasóir, íocaíochtaí cíosa agus morgáiste, costas cúram leanaí agus an costas a bhaineann le taisteal chun na hoibre san áireamh.

**22.24** Chomh maith leis sin, tá daoine a bhí ag fáil íocaíochtaí mar gheall ar dhífhostaíocht nó atá ag fáil sochar breoiteachta ón Roinn Coimirce Sóisialaí ar feadh bliana nó níos faide ná sin i dteideal a gcárta leighis a choinneáil trí bliana tar éis tús a chur le fostaíocht, gan feidhm a bheith le tástáil mhaoine. Tabharfar cárta leighis freisin do dhaoine fásta nó do leanaí atá i gcleithiúnas ar an duine atá ag coinneáil an chárta leighis.

*Measúnú ar Iarratais*

**22.25** Ní mór d'iarratasóirí fianaise maidir le hioncam agus aon eisíocaíochta a bhfuil éileamh á dhéanamh ina leith sa tástáil mhaoine a sholáthar.

- Sa chás go bhfuil iarratasóirí ag fáil íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí, d'fhéadfadh an fhianaise sin a bheith i bhfoirm litreach ó Roinn nó i bhfoirm duillín phá.
- Sa chás nach bhfuil iarratasóirí ag fáil íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí, d'fhéadfadh fianaise ar ioncam a bheith i bhfoirm duillín pá, P60, fógra maidir le measúnú ó na Coimisinéirí Ioncaim nó litir ón bhfostóir ag tabhairt deimhniú maidir le tuarastal an iarratasóra.

**22.26** Tá rochtain ag an HSE ar bhunachar sonraí Infosys na Roinne Coimirce Sóisialaí a chuireann eolas ar fáil maidir le híocaíochtaí a dhéanann an Roinn le daoine aonair. Taispeánann sé eolas achoimre maidir le híocaíochtaí le daoine aonair freisin nach bhfuil ag éileamh íocaíochtaí ón Roinn. Is ionann na sonraí ioncaim agus na sonraí ioncaim is déanaí a ndearnadh taifeadadh orthu atá faighte ag na Coimisinéirí Ioncaim. D'fhéadfadh sé gur P35 a bheadh ansin atá comhdaithe ag an bhfostóir maidir leis an mbliain chánach roimhe sin nó tuairisceán cánach a chuir an duine aonair isteach, mar sin d'fhéadfadh sé nach dtabharfadh sé léiriú cruinn ar thuarastal reatha an iarratasóra.

**22.27** Tá sé ráite ag an HSE, go ndéantar an t-ioncam ar fad a tugadh ar aird san iarratas a sheiceáil i gcoinne Infosys beag beann ar an eolas a chuireann an t-iarratasóir ar fáil.

**22.28** Rinneadh scrúdú mar chuid den imscrúdú sin ar an rialú ar an bpróiseas ceadaithe do thástáil mhaoine na gcártaí leighis. Rinneadh scrúdú ar shampla de 50 cead le haghaidh cártaí leighis a bronnadh sa bhliain 2012 i gcásanna ar shásaigh an t-iarratasóir an critéar maoine. Bhí fianaise chuí maoine in os cionn 90% de na cásanna a scrúdaíodh, agus bhí bronnadh an chárta ag teacht le forálacha na scéime. D'aithin an scrúdú laigí, áfach, maidir le ceithre cinn de na cásanna a scrúdaíodh (8% den sampla).

- In dhá chás, thug an fhianaise a bhí ar an gcomhad le tuiscint gur bhain earráid le bronnadh an chárta.
  - I gcás amháin, níor cuireadh duillín pá a sholáthraigh an t-iarratasóir san áireamh nuair a bhíothas ag déanamh measúnú ar ioncam.
  - I gcás amháin, rinneadh tuillimh mhíosúla a ríomh mícheart sular cuireadh isteach iad.
- In dhá chás eile, ní raibh an fhianaise dhoiciméadach ar an gcomhad nó bhí sé neamhdhóthanach. Sna cásanna sin, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag na costais a éilíodh ar bhronnadh an chárta leighis.
  - I gcás amháin, níor soláthraíodh fianaise dhoiciméadach maidir le heisíocaíocht cíosa a bhí ceadaithe mar asbhaint i ríomh glanioncam.
  - Sa chás eile, ceadaíodh eisíocaíocht d'aisíocaíochtaí iasachta le haghaidh feabhsúchán tí gan aon fhianaise shoiléir le tacú le cuspóir na hiasachta a bheith curtha ar fáil.

**22.29** Tá sé léirithe ag an HSE go ndéanfar athbhreithniú ar an incháilitheacht maidir leis na ceithre chás áit ar aithin an t-iniúchadh laigí i ndáil le rialú ar mheasúnacht na hincháilitheachta.

**22.30** Chomh maith leis sin, bhí costais lánroghnacha tugtha san áireamh i measúnú trí cinn de na 50 cás a scrúdaíodh. Is ionann iad sin agus costais leighis do chostais cógais ar oideas leanúnacha agus cuairteanna ar an GP nó ar an ospidéal. Glacann an PCRS go príomha le tuarascálacha GPanna (nó ospidéal) a thugann cur síos ar bhreoiteacht an iarratasóra agus ar na riachtanais chógais. Fuarthas amach gur glacadh le tuarascálacha GPanna mar phríomhfhoirm fianaise agus níor shonraigh siad i gcónaí líon cuairteanna an iarratasóra nó costais na gcógas a bhí le tógáil agus minicíocht an cheannaigh.

**22.31** Sa bhliain 2013 thug an HSE tuarascáil teimpléid isteach atá le comhlánú ag GPanna agus a éilíonn ar an GP eolas a sholáthar ar mhinicíocht freastal an othair agus ar na cineál cógais a éilítear.

*Athruithe i Rialuithe,*

**22.32** Ar mhaithe le déileáil leis na riaráistí a tháinig chun cinn i dtús na bliana 2012, chomhaontaigh an HSE agus an Roinn Sláinte

- Sa chás go raibh an t-eolas a bhí riachtanach ar fáil agus a thabharfadh an deis measúnú a dhéanamh ar incháilitheacht, gur eisíodh cárta leighis/cárta cuairte dochtúra ar feadh tréimhse bliana, agus go dtabharfaidh faoi aon ghníomh leantach a bheadh riachtanach le linn na tréimhse sin.
- Sa chás nach bhfuil eolas dóthanach curtha ar fáil leis an measúnú ar incháilitheacht a dhéanamh, rinneadh teagmháil leis an iarratasóir leis an eolas breise a bhí riachtanach a fháil amach.
- Sa chás nach raibh iarratais comhdaithe i gceart ag an HSE, rinneadh teagmháil leis an iarratasóir ar an teileafón ionas go mbeifí in ann mionsonraí dóthanacha a fháil amach le measúnú a dhéanamh ar incháilitheacht. Bhí thart ar 700 cás i gceist ansin.
- Go gcuirfí deifir le cásanna nuair a bhíonn cinneadh maoirseora riachtanach.
- Go seolfaí litreacha chuig iarratasóir a meastar a bheith incháilithe.

**22.33** Ar mhaithe le tuilleadh riaráistí a sheachaint, thug an HSE isteach

- athnuachan trí fhéinmheasúnú maidir le sealbhóirí cárta a bhí faoi 70 bliain d'aois, bunaithe ar chritéar riosca
- incháilitheacht sínte go huathoibríoch ar feadh bliana eile sa chás go raibh rochtain faighte ag daoine aonair a raibh a gcuid cártaí dlite le hathnuachan sa dara leath de 2012, ar sheirbhísí leighis sa dá mhí dhéag roimhe sin, ar mhaithe le líon na gcártaí atá dlite le hathnuachan sa bhliain 2012 a laghdú.

### *Cártaí a bhronntar ar Fhorais Lánroghnacha*

**22.34** Sa chás go sáraíonn teacht isteach an iarratasóra na teorainneacha atá leagtha síos, tá an rogha ag an HSE cárta leighis a bhronnadh dá mba rud é go mbeadh cruatan i gceist mura mbronnfaí an cárta, nó cárta cuairte dochtúra a bhronnadh sa chás go mbeadh sé ró-dhian ar an duine sin seirbhísí GP a sholáthar dó féin/di féin nó don teaghlach gan cárta a bheith acu. Tógann cártaí leighis na cártaí leighis a bhronntar agus úsáid á bhaint as an lánrogha sin imthosca an duine aonair san áireamh agus leibhéal na breoiteachta agus na gcostas gaolmhar.

**22.35** Bronnadh thart ar 5.5% de chártaí ar an mbonn lánrogha sin sa bhliain 2012. Tá sé maíte ag an HSE le linn dóibh a bheith ag feidhmiú an lánrogha sin, go mbreithníonn siad dá mba rud é go mbeadh ar an iarratasóir costais leighis a íoc go gcuirfeadh sé as do chumas an iarratasóra leanúint ar aghaidh le fostaíocht nó tithíocht réasúnach agus cúram a sholáthar do chleithiúnaithe nó freastal ar na costais eisceachtúla a d'eascródh mar thoradh ar imthosca leighis nó sóisialta.

**22.36** Déanann an HSE, iarracht, i ndéanamh an chinnte sin, costais leighis, drochscileanna bainistíochta airgid agus tionchar andúile ar nós alcól, drugaí agus cearrbhachas a thabhairt san áireamh. Maidir leis sin, déanfaidh foireann an HSE, go ginearálta, idirchaidreamh le dochtúir an iarratasóra, oifigigh leighis an HSE, altra sláinte poiblí nó oibrithe sóisialta, Oifigigh Leasa Pobail, nó an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS).

**22.37** Rinneadh scrúdú ar shampla de 25 cárta leighis a ceadaíodh ar fhorais lánroghnacha mar chuid den iniúchadh. I bhformhór na gcásanna, bronnadh na cártaí ar bhonn mórchaiteachais maidir le costais leighis.[1]

**22.38** Tá sé luaite ag an HSE i gcás go sáraíonn leibhéil ioncaim an iarratasóra na tairseacha ábhartha, ach go bhfuil fianaise ann maidir le himthosca (leighis nó sóisialta) go mbeadh cruatan gan gá ann don iarratasóir ó thaobh seirbhísí leighis, cárta leighis nó cárta cuairte dochtúra a shocrú, go bhféadfadh sé go mbronnfaí cárta leighis nó cárta cuairte dochtúra. Ní dhéantar taifeadadh ar leithligh ar chártaí a bhronntar ar bhonn imthosca leighis nó sóisialta.

**22.39** Go ginearálta, fuair an t-iniúchadh amach cé gur chuir litreacha ón GPanna mionsonraí maidir le breoiteacht an duine ar fáil, ní raibh aon iarracht déanta cainníochtú a dhéanamh ar na costais leighis a bhí i gceist agus dá bhrí sin ní raibh aon fhianaise ann go gcruthódh na costais sin deacracht airgid don duine. Mar atá leagtha amach thuas, thug an HSE isteach foirm nua sa bhliain 2013 atá le comhlánú ag GPanna agus a éilíonn ar GPanna an líon cuairteanna ar an GP agus na cógais a éilítear a shonrú.

1 I gcás amháin, níor chuir an duine aon fhianaise ar fáil maidir le mórchaiteachas ar chostais leighis. Bhí leibhéal ioncaim an iarratasóra beagán os cionn na dtairseach ábhartha, áfach.

### *Leasuithe a rinne na GPanna ar an gCárta Leighis*

**22.40** I bhFeabhra na bliana 2012, tháinig an HSE ar chomhaontú le Cumann Leighis na hÉireann (IMO) trína bhféadfaidh GPanna, in imthosca áirithe, leasuithe a dhéanamh ar bhunachar sonraí an chárta leighis trí shíneadh sealadach ceithre mhí a chur le hincháilitheacht an chárta, nó incháilitheacht a thabhairt ar ais sa chás go dtagann othar chomh fada leo a bhfuil incháilitheacht bainte dóibh mar gheall nár fhreagair siad fógraí athnuachana ón HSE. Is féidir leo naíonáin nuabheirthe a chur lena liosta GMS freisin sa chás go bhfuil cárta leighis ag tuismitheoirí an naíonáin agus leasú a dhéanamh ar an mbunachar i gcás othar a fuair bás. Tháinig an nós imeachta sin in éifeacht an 1 Meán Fómhair 2012. I bhformhór na gcásanna nuair a dhéanann GPanna leasú ar bhunachar sonraí na gcártaí leighis, éilítear fíorú an tríú páirtí ón teaghlach nó ón teach altranais, nó tionscnaíonn an HSE athbhreithniú ar incháilitheacht.

**22.41** Sa bhliain 2012, rinne GPanna 14,000 leasú ar an mbunachar sonraí. Bhain os cionn 90% den na leasuithe le breitheanna agus bás. In 800 cás, thug na GPanna incháilitheacht ar ais sa chás go raibh siad den tuairim gur baineadh incháilitheacht d'othair in imthosca nuair nár fhreagair an t-iarratasóir fógraí athnuachana agus gur chóir incháilitheacht a thabhairt ar ais. Rinneadh leasú ar an mbunachar sonraí i 200 cás tráth a raibh GPanna den tuairim gur cás íogair a bhí ann.[1]

**22.42** Nuair a chuireann GPanna naíonáin nuabheirthe leis an gcóras, déantar taifeadadh ar an dáta breithe agus ar an dáta a cuireadh an naíonán leis an mbunachar sonraí. Meastar cárta leighis a bheith ag an naíonán ón dáta breithe agus tá caipitíocht iníoctha leis an GP ón gcéad lá den mhí tar éis na breithe. Eisítear íocaíochtaí don GP maidir leis na cásanna sin.

## Athnuachan Cártaí

**22.43** Faoi na rialacha leasaithe a eisíodh sa bhliain 2011, de ghnáth bíonn cártaí leighis chaighdeánacha bailí ar feadh 3 bliana i gcás daoine atá faoi 66 bliain d'aois, agus ar feadh ceithre bliana do dhaoine atá 66 bliain d'aois agus os a chionn. Eisítear cárta go huathoibríoch do chleithiúnaithe na sealbhóirí cárta leighis ina gceart féin ar 16 bliain d'aois a bheith slánaithe acu.


**22.44** Tá dáta athnuachana cárta sa bhunachar sonraí cártaí leighis maidir le gach sealbhóir cárta. Seoltar fógra chuig sealbhóir an cárta trí mhí roimh an dáta sin, a chomhairlíonn dóibh go bhfuil iarratas athnuachana cárta riachtanach le teidlíocht do sheirbhísí a choinneáil. Is tasc réasúnta simplí atá ansin sa chuid is mó de chásanna mar nach bhfuil i gceist leis ach amháin go ndeimhneodh an t-iarratasóir nach bhfuil aon athrú tagtha ar na himthosca ábhartha. Feidhmíonn thart ar 70% den athnuachan ar an mbonn féinmheasúnaithe seo.

**22.45** Sa chás nach bhfreagraíonn sealbhóir an chárta an fógra athnuachana agus meabhrúchán eile ina dhiaidh sin téann an cárta leighis i léig nuair a shroicheann an cárta leighis an dáta éaga.

**22.46** Rinneadh athbhreithniú ar bhunachar sonraí an chárta leighis i mí na Bealtaine 2013 le líon na gcártaí a bhí dlite le hathnuachan i ngach tréimhse 12 mí ina dhiaidh sin a aithint. Taispeántar na torthaí i bhFíor 22.6. Áirítear an líon cártaí a ndearnadh athnuachan orthu sa bhliain 2012 chun críocha comparáide.

1 I gcásanna den sórt sin, déantar incháilitheacht a shíneadh ar feadh bliana. Ní chomhlánaítear aon fhíorú tríú páirtí sa ghnáthbhealach mar de réir an tsainmhínithe is é an cuspóir atá leis an ngníomh seo eisiúint comhfhreagras ar dhaoine aonair nach bhfuil ábalta déileáil le comhfhreagras den chineál sin a sheachaint.

**Fíor 22.6 Dátaí athnuachana cártaí leighis, mí Bhealtaine 2013**




Foinse: Anailís Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar bhunachar sonraí an chárta leighis

Nóta: Is ionann an tréimhse athnuachana gach bliain agus ó Bhealtaine go dtí 30 Aibreán ina dhiaidh sin

**22.47** Taispeánann anailís ar na dátaí athnuachana ar bhunachar sonraí an chárta leighis go bhfuil os cionn aon mhilliún cárta dlite le hathnuachan idir Bhealtaine 2013 agus 30 Aibreán 2014. Ag tabhairt san áireamh go bhfeidhmítear tréimhse incháilitheachta caighdeánach idir trí agus ceithre bliana, bheifí ag súil go mbeadh líon na gcártaí atá dlite le hathnuachan leanúnach nuair a dhéantar comparáid bliain ar bhliain.

**22.48** Tá éifeacht ag an ardú mór in athnuachan sa bhliain 2013 ar na nithe seo a leanas

- síneadh a chur le hincháilitheacht ar feadh bliain amháin maidir le cártaí leighis atá dlite le hathnuachan sa dara leath den bhliain 2012 sa chás go raibh sealbhóirí cártaí ag úsáid a gcuid cártaí go gníomhach - beidh na cártaí sin le hathnuachan sa bhliain 2013.
- plean an HSE caighdeánú a dhéanamh ar na tréimhsí incháilitheachta agus athbhreithniú a stiúradh maidir le sealbhóirí cárta a raibh tréimhse incháilitheachta acu a bhí níos mó ná na trí nó ceithre bliana caighdeánach.

**22.49** Maidir le sealbhóirí cártaí le dáta éaga níos mó ná ceithre bliana ón dáta reatha, thug an HSE ar aird nuair a láraíodh riarachán i ndáil le próiseáil an chárta leighis, go raibh tréimhsí fada incháilitheachta ag líon sealbhóirí cárta, níos mó ná 20 bliain ag cuid acu. Thionscain an HSE clár oibre mar chuid den tionscadal láraithe, le caighdeánú a dhéanamh ar thréimhsí incháilitheachta agus tosaíodh le cártaí leis na tréimhsí incháilitheachta is faide. Tá an HSE ag obair faoi láthair ar na sealbhóirí cártaí sin a bhfuil incháilitheacht chúig bliana acu.

**22.50** Luaigh an HSE freisin go bhfuil siad ag obair i dtreo córas a fheidhmiú lena mbeidh measúnú riosca seachas dul in éag téarma an chárta ina phríomhthreallús le gníomhaíocht athbhreithnithe.

**22.51** Baineann an HSE úsáid as dhá mhodh le hathbhreithniú a dhéanamh ar incháilitheacht. Tá siad sin leagtha amach i bhFíor 22.7.

**Fíor 22.7 Cineálacha athbhreithnithe ar dhul in éag cártaí leighis**

| Catagóir | Leibhéal measúnaithe riosca | Formáid an athbhreithnithe |
|---|---|---|
| **Athbhreithniú Iomlán** | Ard | Tá athbhreithniú iomlán na hincháilitheachta inchomparáide leis an iarratas tosaigh |
| **Féinmheasúnú** | Meán | Cuireann an sealbhóir cárta tic sa bhosca ar an fhoirm athnuachana a dheimhníonn nach bhfuil aon athrú tagtha ar a imthosca/a himthosca ón iarratas bunaidh agus sínítear an fhoirm |


Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**22.52** Déanann bainistíocht shinsearach an PCRS cinneadh maidir le cén athnuachan a bheidh faoi réir ag athbhreithniú iomlán nó faoi réir ag féinmheasúnú an tsealbhóra cárta bunaithe ar chumas na heagraíochta athnuachan a phróiseáil agus cá mhéad sealbhóir cárta atá i gcatagóirí riosca áirithe. Go ginearálta, déanann an próiseas iarracht na sealbhóirí cárta is mó lena mbaineann riosca ó thaobh a bheith neamh-incháilithe a roghnú le hathbhreithniú iomlán a dhéanamh orthu agus áirítear orthu sin

- cártaí leighis a bronnadh ar bhonn lánroghnach i dtús báire
- ioncam teaghlaigh a bhí gar don tairseach cheadaithe nuair a dearbhaíodh é ag tráth an cheada bunaidh
- sealbhóirí cárta os cionn 70 bliain d'aois, sa chás nach bhfreastalódh an t-ioncam a dearbhaíodh san iarratas bunaidh an critéar incháilitheachta faoi na tairseacha leasaithe a tugadh isteach in Aibreán na bliana 2013.

**22.53** D'eisigh an HSE fógra athnuachana ar 365,200 sealbhóir cárta sa bhliain 2012. I mí na Bealtaine na bliana 2013, rinne an HSE athbhreithniú ar an stádas na sealbhóirí cártaí a ndearnadh athbhreithniú orthu le linn na bliana 2012 in imthosca a raibh an cárta leighis ag dul in éag. Tugadh faoi sin ar mhaithe le léiriú níos cruinne a fháil ar incháilitheacht na sealbhóirí cárta sin mar go dtógtar san áireamh na freagraí atá déanach, iarratais nua agus/nó nósanna imeachta achomhairc. Tá na torthaí sin leagtha amach i bhFíor 22.8.

**Fíor 22.8 Torthaí an próiseas athnuachana cárta 2012, amhail Bealtaine 2013**




Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**22.54** Tá éagsúlacht mhór i dtorthaí an athbhreithnithe ar incháilitheacht ar dhul in éag cártaí leighis ag teacht leis an gcineál athbhreithnithe a rinneadh.

**22.55** Ar an iomlán, tá ráta ard neamhfhreagartha ann. Níor fhreagair 10.7% de shealbhóirí cárta an fógra athnuachana agus tá an cárta leighis imithe i léig mar gheall air sin.[1] Bhí an ráta neamhfhreagartha níos airde nuair a d'fhógair an HSE go raibh sé i gceist acu athbhreithniú iomlán a dhéanamh (17.7%) i gcomparáid leis an gcás nuair a dhéantar an measúnú incháilitheachta trí fhéinmheasúnú (7.7%).

**22.56** Nuair a fhágtar as an áireamh sealbhóirí cárta nár fhreagair an próiseas athnuachana faoi mhí na Bealtaine 2013 nó sa chás go bhfuarthas fógra báis

- Deimhníodh incháilitheacht 94.3% de shealbhóirí cárta nó fuair siad uasghrádú ó chárta cuairte dochtúra go cárta leighis. Nuair a dheimhníodh incháilitheacht an tsealbhóra cárta trí fhéinmheasúnú rinneadh athnuachan ar 98% i gcomparáid le 85% d'athnuachan nuair a thug an HSE faoi athbhreithniú iomlán.
- Bhí cárta leighis roimhe seo ag 1.7% de shealbhóirí cárta a ndearnadh athnuachan ar a gcuid cártaí ach ní raibh siad incháilithe ach do chárta cuairte dochtúra nuair a rinneadh athbhreithniú ar incháilitheacht – rinneadh uasghrádú ar 5.2% i gcás athbhreithniú iomlán agus ar 0.4% i gcásanna féinmheasúnaithe.

1 Stádas amhail Bealtaine 2013.

- Ar an iomlán fuarthas amach nach raibh 4% de shealbhóirí cárta a fuair fógraí athnuachana incháilithe do chárta leighis a bheith acu i mí na Bealtaine 2013. B'ionann agus 10.2% an ráta incháilitheachta nuair a rinne an HSE athbhreithniú iomlán, i gcomparáid le 1.6% nuair a rinneadh athbhreithniú trí fhéinmheasúnú sealbhóra cárta.

**22.57** Luaigh an HSE go bhfuil siad ar a eolas nach mbíonn catagóirí áirithe sealbhóirí cárta rannpháirteach sa phróiseas athnuachana agus go ndéanann siad iarratas ina dhiaidh sin nuair a bhíonn gá le seirbhísí leighis. Thug an HSE ar aird freisin go bhfuil súil acu ráta freagartha níos airde a fháil nuair a dhéantar an t-athbhreithniú trí fhéinmheasúnú i gcomparáid leis an gcás ina ndéantar athbhreithniú iomlán, mar go bhfuil an próiseas i bhfad níos éasca le comhlánú.

### *Athbhreithniú Spriocdhírithe*

**22.58** Den chéad uair riamh, le linn na bliana 2012, rinne an HSE athbhreithniú maidir le daoine aonair nár bhain leas as seirbhísí leighis ar feadh tréimhsí dhá mhí dhéag nó níos mó. Rinneadh teagmháil le 40,000 sealbhóir cárta lena n-áit chónaithe a dheimhniú. Dheimhnigh 61% de shealbhóirí cárta a n-áit chónaithe. Níor sheol an chuid a bhí fágtha (15,515 duine aonair) aon fhreagra isteach agus baineadh incháilitheacht dóibh. Níl athiarratas déanta ag formhór na ndaoine aonair sin nó níor bronnadh cárta leighis orthu amhail mí na Bealtaine 2013.[1]

**22.59** Maidir le torthaí na measúnachta incháilitheachta, tá sé luaite ag an HSE mar gheall go gcinntear cineál an athbhreithnithe atá le stiúradh – féinmheasúnú nó athbhreithniú iomlán ar bhunús critéar riosca, go mbeifí ag súil go mbeadh cion níos airde de na cásanna sin neamh-incháilithe ar mheasúnú iomlán a dhéanamh orthu mar chásanna le riosca níos airde. Léirigh an HSE go bhfuil mionchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas measúnaithe agus go mbeidh sé feabhsaithe go mór de réir mar a úsáidfear sonraí ó na Coimisinéirí Ioncaim le cásanna ardriosca a aithint.

## Athbhreithniú ar Chártaí atá Eisithe

**22.60** Go dtí seo ní raibh an PCRS in ann bailíochtú a dhéanamh ar eolas cliaint trí ghnáthrochtain ar fhoinsí rialtais eile. Cé go bhfuil rochtain ag foireann an PCRS ar Infosys (bunachar sonraí na Roinne Coimirce Sóisialaí), níl an cumas aici a cuid sonraí féin ar chártaí leighis a mheaitseáil le sonraí atá ag ranna rialtais eile ar nós na gCoimisinéirí Ioncaim agus na Roinne Coimirce Sóisialaí.

**22.61** Forálann reachtaíocht a achtaíodh i mí an Mhárta 2013 go dtabharfadh an Roinn Coimirce Sóisialaí agus na Coimisinéirí Ioncaim sonraí don HSE.[2] Tá cumas anailíseach feabhsaithe riachtanach freisin le deis a thabhairt le sonraí a mheaitseáil, le hincháilitheacht a sheiceáil ag tráth an iarratais ag ar bhonn leanúnach le hathruithe in imthosca a bhrath.

1 Tá an t-athbhreithniú sin lasmuigh den athbhreithniú incháilitheachta ag deireadh téarma an chárta agus níl siad san áireamh san athbhreithniú atá leagtha amach i bhFíor 22.8.

2 Alt 8 den Acht Sláinte 2013 (Athrú ar chritéar incháilitheachta)

### *Roinnt Sonraí leis na Coimisinéirí Ioncaim*

**22.62** Tugann an reachtaíocht ar roinnt sonraí cead don HSE comhad sealbhóra cárta leighis reatha a sheoladh chuig na Coimisinéirí Ioncaim. Maidir le gach aon taifead, áirítear sa chomhad uimhir PPSN sealbhóir an chárta agus uimhir PPSN céile an tsealbhóra cárta, nuair is gá. Cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim sonraí ar fáil ansin maidir le gach PPSN atá liostaithe ag taispeáint sonraí i ndáil le fostaíocht agus na figiúirí ioncaim is deireanaí a tuairiscíodh. (ÍMAT agus Cáin Ioncaim).

**22.63** Tá dul chun cinn mór déanta ó thaobh lánpháirtiú a dhéanamh ar shonraí a chuireann na Coimisinéirí Ioncaim air fail le córais an HSE. Tá meaitseáil déanta ar roinnt sonraí samplacha agus tá an HSE ag súil go mbeidh meaitseáil sonraí ag feidhmiú go hiomlán faoi mhí Mheán Fhómhair 2013.

**22.64** Tá saincheist áirithe cosanta sonraí aitheanta ag an scrúdú ar shonraí samplacha. Éilíonn athbhreithniú ar chárta leighis eolas maidir le hioncam an teaghlaigh. Tá na Coimisinéirí Ioncaim den tuairim nach féidir leo, faoi na socruithe reachtaíochta reatha eolas a thabhair don HSE maidir le céilí. Dá bhrí sin níl ar a gcumas ach sonraí ioncaim amháin a sholáthar i ndáil le huimhreacha PPSN a sholáthraíonn an HSE. Níl ar a gcumas eolas breise a sholáthar leis an HSE a chur ar an eolas maidir le hioncam céile mura bhfuil an HSE in ann uimhir PPSN ábhartha a sholáthar. Cuireann an tsaincheist seo laghdú ar úsáideach shonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ó thaobh incháilitheacht a bhrath. Tá an HSE agus na Coimisinéirí ag breithniú saincheisteanna cosaint sonraí i láthair na huaire

### *Ag Roinnt Sonraí leis an Roinn Coimirce Sóisialaí*

**22.65** Tá rochtain ag an HSE i láthair na huaire ar chórais na Roinne Coimirce Sóisialaí ar bhonn cás ar chás. Faoi fhorálacha na reachtaíochta nua, tá sé beartaithe ag an HSE íoslódálacha leictreonacha a fháil ó shonraí na Roinne Coimirce Sóisialaí maidir le híocaíochtaí leasa shóisialaigh arna ndéanamh ag an Roinn sin. Tabharfaidh sé sin deis don HSE sealbhóirí cárta nach bhfuil ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh níos mó a aithint agus a bhféadfadh sé nach mbeadh siad incháilithe do chárta leighis níos mó.

**22.66** Níl aon dul chun cinn déanta fós maidir le próiseas aistrithe sonraí iarbhír.

### *Sealbhóirí Cárta atá Éagtha*

**22.67** Sa bhliain 2012 thug an HSE roinnt sonraí isteach leis an tSeirbhís Foilsithe Cásanna Báis (DEPS) atá á feidhmiú ag an bPríomh-Oifig Chlárúcháin. Faigheann an HSE comhad maidir le básanna gach seachtain. Déantar iad sin a uaslódáil chuig an bhunachar sonraí cártaí leighis. Cé go bhféadfadh sé go mbainfeadh moill ó thaobh an bháis a thaifeadadh leis an bPríomh-Oifig Chlárúcháin, éilítear ar an GP aon táillí a íocadh leis/léi i ndiaidh dáta an bháis a íoc ar ais. Sa bhliain 2012, tugadh thart ar 10,000 taifead cothrom le dáta mar thoradh ar eolas ó DEPS. Chomh maith leis sin, is féidir le GPanna an bunachar sonraí a thabhairt cothrom le dáta chun bás othar a léiriú ar liosta an GP. Rinne na GPanna 4,400 leasú den chineál sin sa bhliain 2012.

## Pionóis le haghaidh Nochtadh Bréagach a dhéanamh

**22.68** Luíonn bunús bonn dlíthiúil an chórais incháilitheachta in Acht Sláinte 1970 agus tá sé mar fhreagracht ar an HSE incháilitheacht a chinneadh. Forálann an tAcht freisin go bhféadfadh an HSE a cheangal ar an duine dearbhú a dhéanamh i cibé foirm is iomchuí leo maidir lena hacmhainn/lena acmhainn. I gcás ina ndéanfaidh an duine nochtadh bréagach, is fíneáil agus/nó príosúnacht ar feadh tréimhse nach mó ná trí mhí ar a gciontú go hachomair. Sa bhreis ar sin, forálann an tAcht go dtabharfaidh duine le teidlíocht ar sheirbhísí fógra don HSE maidir le haon athruithe sna himthosca sin a bhaineann de a theideal/a teideal chun na seirbhíse sin agus ar chiontú go hachomair dlífear fíneáil ar shárú go feasach an cheanglais sin.

**22.69** Tá sé luaite ag an HSE nár tionscnaíodh imeachtaí dlí maidir le nochtadh bréagach nó i ndáil le mainneachtain athrú in imthosca a chur in iúl ó thaobh cárta leighis le cúig bliana anuas.

**22.70** I gcás go bhfaightear amach go bhfuil sealbhóir cárta neamh-incháilithe, baineann an HSE incháilitheacht dó/di ó dháta an nochta. Níl aon bhonn reachtaíochta ann i láthair na huaire le go bhféadfadh an HSE íocaíochtaí neamhrialta a fháil ar ais ó shealbhóir an chárta.

## Róchaiteachas

**22.71** Tá sé luaite ag an HSE go raibh siad ar an eolas roimh lárú na seirbhíse, nach raibh an critéar incháilitheachta á fheidhmiú ar bhealach aonfhoirmeach i go leor láithreacha áit a raibh cártaí leighis á mbronnadh agus á n-athbhreithniú. Tá sé luaite acu gur aithin lárú na próiseála agus feidhmiú treoirlínte measúnaithe caighdeánacha líon mór cártaí leighis tráth nár shásaigh sealbhóir an chárta an critéar incháilitheachta.

**22.72** Thabharfadh torthaí an próiseas athnuachan cárta na bliana 2012 le tuiscint go bhfuil leibhéal mór ró-íocaíochta sa chóras cárta leighis mar thoradh ar athruithe in imthosca shealbhóra cárta ó bronnadh nó ó athbhreithníodh an cárta leighis an chéad lá riamh.

**22.73** Luaigh an HSE go bhféadfadh sé nach mbeadh sé féideartha a fháil amach cathain a bhí an sealbhóir cárta neamh-incháilithe. Go dtí le gairid, ní raibh an bonn dlí acu le hathbhreithniú a dhéanamh ar shonraí ioncaim an chliant chun a fháil amach cathain ar sháraigh sealbhóir an chárta an tairseach ioncaim. Luaigh siad mar gheall gur féidir le sealbhóirí cártaí leighis raon caiteachas incheadaithe a éileamh, bheadh sé beagnach dodhéanta a fháil amach cathain a bhí an chliaint neamh-incháilithe.

**22.74** Rinne an HSE coimisiúnú ar athbhreithniú sa bhliain 2012 arna stiúradh ag an PWC le measúnú a dhéanamh ar leibhéal an róchaiteachais faoin scéim an chárta leighis. Rinne an measúnú meastóireacht ar nochtadh idir €65 milliún agus €210 milliún a d'fhéadfadh a bheith ann a eascraíonn ó thairbhithe neamh-incháilithe. Bhí an measúnú teoranta ina scóip, áfach, mar go ndearnadh é a stiúradh ar bhonn athbhreithnithe ar thuarascálacha seachas ar anailís mionsonraithe ar an mbunachar agus ar chaiteachas. Is é an tátal a thángthas air sa tuarascáil ná go mbeadh meastachán níos iontaofa i gceist le hathbhreithniú mionsonraithe ar bhunachar sonraí an PCRS.

**22.75** Ina dhiaidh sin d'fhostaigh an HSE Accenture le hathbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas an PCRS. Ar na téarmaí tagartha a comhaontaíodh i ndáil le hathbhreithniú a dhéanamh ar róchaiteachas an chárta leighis bhí na tiománaithe costais, réimsí riosca agus na rialuithe gaolmhara a aithint. Ní dhearnadh an t-athbhreithniú forbairt ar mheastachán bunlíne maidir le leibhéal an róchaiteachais faoi scéim an chárta leighis.

**22.76** D'fhéadfaí meastachán den leibhéal foriomlán ró-íocaíochtaí maidir le cártaí leighis a bhaint as an anailís ar incháilitheacht reatha i ndáil le sampla randamacha de shealbhóirí cárta. D'fhéadfadh an HSE súil a choinneáil ar éifeachtacht a gcuid rialuithe agus bainistíochta ó thaobh an chórais cárta leighis dá ndéanfaí an tasc sin ar bhonn bliantúil.

**22.77** Ar mhaithe le meastachán iontaofa den leibhéal neamh-incháilitheachta sealbhóirí cártaí leighis agus na costais ábhartha a ríomh, tá sé tábhachtach

- go roghnófaí ar bhonn randamach na cásanna ar fad atá le cur san áireamh sa phróiseas ó dhaonra na sealbhóirí cártaí leighis ag am sonrach
- go mbeadh méid an tsampla sách mór le meastacháin iontaofa a thabhairt
- go ndéanfar an t-athbhreithniú chomh luath agus is féidir tar éis an tsampla a bheith roghnaithe
- go dtabharfaí faoi athbhreithniú iomlán ar incháilitheacht
- go ndéanfaí measúnú ar na costais a bhaineann le neamh-incháilitheacht
- go bhfuil an cumas ann le hiniúchadh a dhéanamh ar na torthaí.

## Conclúid agus Moltaí

**22.78** Cuideoidh lárú a dhéanamh ar riarachán agus ar phróiseáil an cárta leighis leis an HSE a chinntiú go bhfeidhmítear próiseas measúnaithe aonfhoirmeach. Déanfaidh siad éascú freisin ar roinnt sonraí le Gníomhaireachtaí Stáit eile rud a chuirfidh ar chumas an HSE athbhreithniú a dhíriú ar incháilitheacht an tsealbhóra cárta ar bhealach atá níos eolaí.

**22.79** Ba é an toradh a bhí ar an tionscadal láraithe ná riaráistí móra ó thaobh próiseála iarratais agus fógraí athnuachana ag deireadh na bliana 2011 agus go luath sa bhliain 2012. Thug an HSE roinnt tionscnamh isteach chun déileáil leis na riaráistí agus le riaráistí a d'fhéadfadh a theacht chun cinn amach anseo a sheachaint. Áiríodh leis sin, síneadh a chur leis an mbonn féinmheasúnaithe le hathnuachan a dhéanamh ar chártaí leighis, deis a thabhairt do GPanna leasú a dhéanamh ar bhunachar sonraí an chárta leighis in imthosca áirithe agus síneadh a chur le hincháilitheacht maidir le roinnt catagóirí sealbhóirí cártaí leighis atá dlite le hathnuachan sa bhliain 2012.

**22.80** Mar chuid den scrúdú sin rinneadh scrúdú ar fheidhmiú rialuithe le cártaí leighis a cheadú maidir le sampla de 50 cárta leighis a ceadaíodh le linn na bliana 2012. D'aithin an t-athbhreithniú easnaimh maidir le 8% de na samplaí a scrúdaíodh. Ba é an toradh a bhí ar roinnt de na heasnaimh sin ná ceadú iarratais cártaí leighis in imthosca a dtabharfadh an fhianaise le tuiscint nár shásaigh an t-iarratasóir an critéar incháilitheachta. I gcásanna eile, sa chás go ndearnadh measúnú ar eisíocaíochtaí, níor chuir an t-iarratasóir aon doiciméid ar fáil nó cuireadh doiciméid neamhdhóthanach air fáil

**Moladh 22.1:** Ba chóir don HSE

- athbhreithniú a dhéanamh ar na rialuithe atá i bhfeidhm maidir le ceadú cártaí leighis agus treoirlínte níos sonraithe a sholáthar don fhoireann atá bainteach leis an bpróiseas ceadaithe

- soiléiriú a thabhairt maidir le conas a bhaintear úsáid ar na duillíní pá ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil tuarastal an iarratasóra a ríomh go cruinn — go háirithe, níor chóir úsáid a bhaint as eolas ar phá seachtain aonair, go ginearálta, le tuarastal bliantúil an iarratasóra a ríomh
- tuilleadh athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar cheadanna cárta leighis chun a chinntiú go bhfuil rialuithe forordaithe á bhfeidhmiú.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Comhaontaithe. Tá feabhas curtha ar nósanna imeachta maidir le hiarratais agus athnuachan cártaí leighis i rith na bliana 2013. Go sonrach, cinntíonn na nósanna imeachta feabhsaithe agus an oiliúint ghaolmhar go bhfuil úsáid á bhaint as próiseas comhsheasmhach chun na críche sonraí maidir le tuarastal an iarratasóra a fháil amach. Tá sé beartaithe ag an HSE freisin athbhreithniú inmheánach breise a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil rialuithe forordaithe á bhfeidhmiú.

**22.81** Sa bhliain 2012, rinne an HSE athbhreithniú ar incháilitheacht 365,000 cárta a bhí dlite dul in éag. Bhí athbhreithniú iomlán i gceist le 30% den athbhreithniú agus bhí incháilitheacht a bhí deimhnithe ag iarratasóirí trí phróiseas féinmheasúnaithe i gceist leis na cásanna eile.

**22.82** Tá athbhreithniú le déanamh ar os cionn milliún cárta idir mhí na Bealtaine 2013 agus Aibreán 2014. Cruthóidh sé sin, i gcomhar leis an athbhreithniú atá beartaithe a dhéanamh ar 61,000 cárta leighis lena mbaineann tréimhsí incháilitheachta atá os cionn na dtréimhsí caighdeánacha trí/ceithre bliana dúshlán don HSE.

**Moladh 22.2:** Ba chóir don HSE scrúdú a dhéanamh ar na hacmhainní atá riachtanach leis an athbhreithniú atá éilithe a stiúradh agus ag an am céanna an critéar riosca a ghabhann le sealbhóirí cárta aonair a thabhairt san áireamh.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Comhaontaithe. Tá cumas próiseála breise athbhreithnithe á chur ar fáil sa bhliain 2013 leis an líon athbhreithnithe atá riachtanach a fheidhmiú. Corprófar sonraí atá faighte ó na Coimisinéirí Ioncaim isteach ina samhail mheasúnaithe riosca.

**Moladh 22.3:** I bhfianaise an cheana mór cártaí leighis atá le hathnuachan ar bhonn féinmheasúnaithe na sealbhóirí cártaí leighis féin, ba chóir don HSE próisis a thionscain a fheidhmíonn mar sheiceáil ar chruinneas na ndearbhuithe atá déanta. D'fhéadfaí athbhreithniú ar incháilitheacht a áireamh anseo i ndáil le sampla randamach athnuachana sa chás go bhfuil sé dearbhaithe ag sealbhóir an chárta nach bhfuil aon athrú ar imthosca.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Comhaontaithe. Tá sé beartaithe ag an HSE athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar shampla de chásanna a bhfuil incháilitheacht deimhnithe acu trí fhéinmheasúnú sealbhóra cárta. Feidhmeoidh sé sin mar rialú ar an bpróiseas féinmheasúnaithe.

**22.83** Tugann an fhianaise atá ar fáil le tuiscint go bhfuil leibhéal ollmhór ró-íocaíochta i gcóras an chárta leighis. Go príomha, eascraíonn sé sin mar thoradh ar athruithe in imthosca an tsealbhóra cárta thar thréimhse bailíochta an chárta.

**22.84** Tá oibleagáid dhlíthiúil ar shealbhóirí cárta an HSE a chur ar an eolas maidir le hathrú in imthosca a bhféadfadh tionchar a bheith ar incháilitheacht. Ní dhéanann an HSE monatóireacht de ghnáth ar líon na gcártaí a tugadh ar ais go deonach ach aithníodh díreach agus 22 cás sa bhliain 2012.

**22.85** Tá cion mór cártaí leighis imithe i léig mar thoradh ar neamhfhreagartha fógraí athnuachana a eisíodh le linn na bliana 2012. D'fhéadfaí neamhfhreagraí a lua le sealbhóirí cártaí leighis nach dtuigeann cad atá le déanamh acu. D'fhéadfadh sé go n-eiseofaí cártaí nua orthu ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh sé, áfach, nach bhfreagródh roinnt de na daoine sin atá ag fáil éilimh mar go bhfuil a fhios acu nach sásaíonn siad an critéar incháilitheachta.

**Moladh 22.4:** Ba chóir tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh ar na cúiseanna atá leis an leibhéal ard neamhfhreagartha ar fhógraí athnuachana. D'fhéadfadh sé go mbeadh scrúdú níos grinne de shamplaí cásanna i gceist le hathbhreithniú den chineál sin chun féachaint ar an eolas atá ag na Coimisinéirí Ioncaim (as nós sonraí fostaíochta agus ioncaim), mionsonraí d'íocaíochtaí na Roinne Coimirce Sóisialaí, agus é sin a leanúint suas tar éis sé mhí chun an líon daoine a rinne iarratas in athuair agus a bhain incháilitheacht amach a dhearbhú. Chuirfeadh meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí ar chumas an HSE an cion neamhfhreagartha a bhí neamh-incháilithe a mheas.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Comhaontaithe. Tá sé beartaithe ag an HSE úsáid a bhaint as na taifid sonraí ón Roinn Coimirce Sóisialaí (sa chás go bhfuil meaitseáil sonraí infheidhme) agus na gCoimisinéirí Ioncaim chun a fháil amach cathain a thagann athrú ar imthosca na sealbhóirí cárta. Tá súil acu go dtiocfaidh laghdú ar an leibhéal neamhfhreagartha mar thoradh ar athbhreithniú spriocdhírithe cásanna sa chás nach bhfuil seirbhísí leighis faighte ag sealbhóir an chárta le tréimhse fada ama agus ó chásanna ina bhfuil fianaise ag an HSE go bhfuil athrú tagtha ar imthosca shealbhóir an chárta (trí úsáid a bhaint as sonraí ó na Coimisinéirí Ioncaim agus ón Roinn Coimirce Sóisialaí).

**22.86** Go stairiúil níl forbairt déanta ag an HSE ar mheastachán maidir le leibhéal ró-íocaíochta sa chóras cárta leighis. Chuirfeadh meastachán den sórt sin ar chumas an HSE éifeachtúlacht na gcóras rialuithe a thomhas.

**Moladh 22.5:** Ba chóir don HSE anailís a dhéanamh ar na cúiseanna maidir le neamh-incháilitheacht sealbhóirí cárta ar mhaithe le príomhthiománaithe na ró-íocaíochtaí a aithint. Chuirfeadh cleachtadh den chineál sin eolas ar fáil maidir lena straitéis rialaithe foriomlán agus dhíreodh sé ar réimsí ina bhféadfadh rialuithe breise a bheith riachtanach ag céim an chéad iarratais agus chuirfeadh sé an deis ar fáil leis an bpríomhchritéar riosca ba chóir a úsáid le cásanna a roghnú le hathbhreithniú a dhéanamh orthu le linn na tréimhse incháilitheachta a aithint.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Comhaontaithe. Chomhaontaigh an HSE go bhféadfaí úsáid a bhaint as faisnéis fheabhsaithe maidir leis na cúiseanna atá le cailliúint incháilitheachta le heolas a chur ar fáil do rialuithe breise a d'fhéadfadh a dhul chun leasa.

**Moladh 22.6:** Ba chóir don HSE athbhreithniú a dhéanamh ar shamplaí randamacha sealbhóirí cárta ar bhonn bliantúil. Thabharfadh sé sin deis don HSE forbairt a dhéanamh ar mheastachán an leibhéil ró-íocaíochta sa chóras ina iomláine. Chuirfeadh súil a choinneáil ar na hathruithe sa mheastachán sin ar chumas an HSE meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a straitéis rialaithe foriomlán.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Comhaontaithe. Rinne an HSE athbhreithniú randamach sa bhliain 2013 agus tá sé beartaithe acu athbhreithniú randamach a thabhairt chun críche ar bhonn bliantúil.

# Ioncam

# 23 Bailiú Ioncaim


**23.1** Is é an phríomhfheidm atá ag na Coimisinéirí Ioncaim ná meastóireacht agus bailiú cánacha agus dleachtanna, rud is cúis le thart ar 93% d'fháltais iomlán bliantúla an Státchiste. Tá freagracht ar na Coimisinéirí Ioncaim freisin as raon muirear eile ar son ranna agus gníomhaireachtaí rialtais lena n-áirítear Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) a íoctar isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh.

**23.2** Cuireadh Cuntas na gCoimisinéirí Ioncaim ar Fháltais Ioncam an Stáit i láthair Dháil Éireann in Aibreán 2013. Déanann an tuarascáil seo athbhreithniú ar na príomhthreochtaí sna suimeanna a bailíodh idir na blianta 2007 agus 2012, agus ar an gcruinneas maidir le réamhaisnéis fháltas.

## An tIoncam a Bailíodh

**23.3** Tháinig ardú ar cháin ioncaim an Státchiste sa bhliain 2012 de réir thart ar €2.4 billiún nó 7% go €36.5 billiún (féach Fíor 23.1). Rinneadh fritháireamh de bheagán ar an ardú seo, áfach, trí laghdú €0.7 billiún nó 9% i bhfáltais ó mhuirir eile a thit go €7.3 billiún sa bhliain 2012. Tríd is tríd, bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim €1.7 billiún glan níos mó sa bhliain 2012 ná sa bhliain 2011.

**Fíor 23.1 Cáin ioncaim Státchiste agus fáltais eile, 2007 go 2012**




Foinse: Cuntais ar Fháltais Ioncam an Stáit 2007go 2012


**23.4** Is éard iad cánacha díreacha ná cánacha ar ioncam pearsanta, an brabach a thuilleann cuideachtaí agus gnóthachain chaipitiúla. Baineann cánacha indíreacha go príomha le cánacha idirbhearta agus cánacha ar allmhuirí áirithe.


## Cánacha Díreacha agus ÁSPC

**23.5** Baineann cánacha díreacha go príomha le Cáin Ioncaim, Cáin Chorparáide, Cáin Ghnóthachan Caipitiúil agus Cáin ar Fháltais Chaipitiúla.[1] Cé nach cáin Státchiste atá ann, is muirear díreach freisin ar ioncam é ÁSPC agus tá sé san áireamh san anailís seo mar cháin dhíreach.Tá na treochtaí sna suimeanna a bailíodh faoi na ceannteidil seo léirithe in Fíor 23.2.

1 Sainmhíníonn an OECD cánacha díreacha mar na cánacha siúd a ghearrtar ar ioncam, gnóthachain chaipitiúla agus glanfhiúchas. Áirítear cáin bhronntanais, dleachtanna báis agus cáin mhaoine mar cháin dhíreach freisin.

**Fíor 23.2 Cáin dhíreach Státchiste agus ioncam ÁSPC, 2007 go 2012**




Foinse: Cuntais ar Fháltais Ioncam an Stáit 2007 go 2012

### *Cáin Ioncaim agus ÁSPC*

**23.6** Sa bhliain 2012, bhain 82% de na cánacha díreacha agus ÁSPC uile le Cáin Ioncaim agus ÁSPC, ardú ar an 70% a bhí i gceist sa bhliain 2007.

*Cáin Ioncaim*

**23.7** Sa bhliain 2012, bhain Cáin Ioncaim le beagán le cois leath de na cánacha díreacha agus an ÁSPC a bailíodh. Thit fáltais go seasta idirna blianta 2008 agus 2010 ach d'ardaigh siad sa bhliain 2011 de bharr gur tugadh isteach an Muirear Sóisialach Uilíoch (USC). Tháinig glanmhéadú eile €1.3 milliún ar fháltais idir na blianta 2011 agus 2012. Is mar gheall ar na nithe seo a leanas a tharla an t-athrú

- Méadú €676 milliún go €3.8 billiún sa tsuim a bailíodh ón USC. Bhain sé seo le beagnach 25% de na fáltais uile cánach ioncaim sa bhliain 2012. Sa bhliain 2011, bhí an chéad €4,004 d'ioncam díolmhaithe ón USC. Ón bhliain 2012, bhain USC ag ráta 2% leis an ioncam seo. Cúis eile leis an méadú ná nár bailíodh ach 11 mí den USC sa bhliain 2011 agus bailíodh ioncam bliana iomlán sa bhliain 2012.

- Mhéadaigh fáltais ÍMAT €562 milliún, nó 7%, go €9.1 billiún - 60% de líon iomlán na bhfaltás maidir le cáin ioncaim.
- Bailíodh €108 milliún, nó 23%, le cois maidir le Cáin Choinneála ar Ús Taisce. Bhain méadú 3% sna rátaí a bhí i gceist, ó 27% go 30%, le beagán faoi bhun leath an tsuim bhreise a bailíodh.
- Mhéadaigh an tsuim a bailíodh maidir le Cáin Shiarchoinneálach ar Dhíbhinní €81.6 milliún, nó 71%, go €196 milliún.
- Laghdaigh an tsuim a bailíodh maidir le roinnt cánacha. Ba é an ceann ba shuntasaí acu sin ná an laghdú €139 milliún maidir leis an Tobhach Ioncaim go €45 milliún. Cuireadh deireadh leis an tobhach in Eanáirna bliana 2011 agus bhain na suimeanna a bailíodh sa bhliain 2012 leis an earnáil neamh-ÍMAT inar rinneadh íocaíochtaí maidir le blianta roimhe sin.

*Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta (ÁSPC)*

**23.8** Sa bhliain 2012, bhí laghdú leanúnach ar an líon ÁSPC a bailíodh, a laghdaigh €776 milliún, nó beagnach 10%, go €7.1 billiún. Lean sé sin laghdú de €1.3 billiún sa bhliain 2011.

**23.9** Bhain an laghdú sa líon ÁSPC a bailíodh sa bhliain 2011 go príomha leis an deireadh a cuireadh leis an tobhach sláinte. Bhí na Coimisinéirí Ioncaim á bhailiú seo roimhe seo mar chuid den ÁSPC agus á íoc isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh agus ansin ar aghaidh chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Fuair an Ciste Árachais Shóisialaigh €1.9 billiún maidir leis an tobhach sláinte sa bhliain 2010 ach laghdaigh sé go €115 milliún sa bhliain 2011. Rinneadh beagán fritháirimh ar an tionchar a bhain le deireadh a bheith curtha leis an tobhach de bharr méadaithe a bhain le hathruithe sna rátaí ÁSPC agus rialacha a tugadh isteach sa Bhuiséad sa bhliain 2011.

***Cáin Chorparáide***

**23.10** Sa bhliain 2012, bhailigh an Stát €4.2 billiún ó Cháin Chorparáide, méadú 20% ar fhigiúr na bliana 2011. Níor haistríodh €251 milliún ó íocaíochtaí a bhain le Cáin Chorparáide a fuarthas ag deireadh mhí na Nollag na bliana 2011 chuig an Státchiste go tús mhí Eanáir na bliana 2012. Nuair a luaitear an fáltas seo leis an bhliain 2011, is é an méadú bunúsach sna fáltais ó Cháin Chorparáide ón bhliain 2011 go dtí an bhliain 2012 ná beagán faoi bhun 6% (tá na sonraí in Fíor 23.2 athruithe chun leithdháileadh na híocaíochta seo in athuair chuig an bhliain 2011 a léiriú).

**23.11** Bhain Cáin Chorparáide le 21% de na fáltais ó cháin dhíreach sa bhliain 2012. D'fhan fáltais réasúnta seamhach ón bhliain 2009 tar éis laghdú foriomlán de thart ar 40% idir na blianta 2007 agus 2009.

***Cánacha Caipitiúla***

**23.12** Bhain Cáin Ghnóthachan Caipitiúil (€413 milliún) agus Cáin ar Fháltais Chaipitiúla (€283 milliún) leis an iarmhéid (thart ar 4%) de na cánacha díreacha a bailíodh sa bhliain 2012. Méadaíodh an ráta don dá cháin ó 25% go 30% i mBuiséad na bliana 2012.


**23.13** Sa bhliain 2007, bhain fáltais ó Cháin Ghnóthachan Caipitiúil le 9% de na cánacha díreacha uile a bailíodh. Faoin bhliain 2012, bhí sé seo tite go beagán os cionn 2%. In ainneoin an méadaithe a cuireadh ar an ráta cánach sa bhliain 2012, bhí an líon a bailíodh sa bhliain 2012 beagán níos ísle ná an líon a bailíodh sa bhliain 2011.


**23.14** Bhain an tsuim a bailíodh ó Cháin ar Fháltais Chaipitiúla le thart ar 1.5% de na cánacha díreacha uile gach bliain ón bhliain 2008. Mhéadaigh an tsuim a bailíodh €39 milliún, nó 16%, go €283 milliún sa bhliain 2012 nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an mbliain 2011.

## Cánacha Indíreacha

**23.15** Is iad an trí phríomhchánacha indíreacha ná Cáin Bhreisluacha (CBL ), Dleacht Stampa agus Dleachtanna Custam.[1] Sa bhliain 2012, bhain ná cánacha seo le breis is 98% de na cánacha indíreacha a bailíodh. Bhain an t-iarmhéid le Dleacht Custam. Tá na treochtaí a bhaineann leis na suimeanna a bailíodh sa tréimhse ón bhliain 2007go dtí an bhliain 2012 leagtha amach in Fíor 23.3.

**Fíor 23.3 Cáin ioncaim indíreach Státchiste, 2007 go 2012**




Foinse: Cuntais ar Fháltais Ioncam an Stáit 2007 go 2012

**23.16** Is é an ghné is mó de chánacha indíreacha ná CBLa bhain le 62% de na cánacha indíreacha sa bhliain 2012. Cuireadh roinnt athruithe ar na rátaí CBL i mbuiséad na bliana 2012, agus ba é an ceann ba shuntasaí acu sin ná an t-ardú 2% a cuireadh ar an ráta caighdeánach. Mhéadaigh an líon CBL a bailíodh sa bhliain 2012 €414 milliún go €10.2 billiún nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an bhliain 2011.

1 Sainmhíníonn an OECD cánach indíreacha mar cháin a ghearrtar ar idirbhearta, earraí nó imeachtaí áirithe. Áirítear mar shamplaí, CBL , dleachtanna custam agus dleacht stampa.

**23.17** B'ionann líon na ndleachtanna custam sa bhliain 2012 agus €4.6 billiún - thart ar 28% de na cánacha indíreacha. Bhí an tsuim a bailíodh sa bhliain 2012 thart ar 2% níos ísle ná an tsuim a bailíodh sa bhliain 2011.

**23.18** Mhéadaigh fáltais ón dleacht stampa 3% sa bhliain 2012 go dtí beagán le cois €1.4 billiún. Ba iad na príomhathruithe sa bhliain 2012 ná

- Méadú €90 milliún, nó 26%, ar an tobhach maidir le hárachas sláinte go €437 milliún. Méadaíodh an tobhach, a bhaineann le conarthaí árachas sláinte, sa bhliain 2012 39% go €285 do gach duine den aois 18 bliana nó níos sine a raibh árachas acu agus méadaíodh é 44% go €95 do gach duine faoi 18 bliana a raibh árachas acu.
- Mhéadaigh an tsuim a bailíodh tríd an tobhach 0.6% de luach na sócmhainní faoi bhainistíocht scéimeanna pinsean €20 milliún go €483 milliún.

***Tobhach Cúitimh Ciste Árachais***

**23.19** Sa bhliain 2012, bailíodh €46 milliún maidir leis an Tobhach Cúitimh Ciste Árachais ar son an Chiste Cúitimh Árachais. Tá freagracht ar an mBanc Ceannais faoin Acht Árachais, 1964 (arna leasú) deimhniú an dteastaíonn tacaíocht airgeadais ón gCiste Cúitimh Árachais agus an leibhéal ranníocaíochta a chaithfidh árachóirí a íoc isteach sa Chiste. Socraíonn sé an tobhach, a bhaineann leis na préimheanna comhlán a íoctar le árachóirí ar bheartais arna eisiúint maidir le rioscaí sa Stát ag an uasleibhéal de 2% a ceadaítear faoin Acht Árachais. Tugadh an tobhach isteach in Eanáir na bliana 2012. Bailítear an tobhach go ráithiúil i riaráistí, agus mar sin baineann an tsuim a bhailítear le fáltais do naoi mí.


## Aisíocaíochtaí Cánach agus Aisíocaíochtaí

**23.20** Tá bonn reachtúil faoi theidlíocht i leith aisíocaíochtaí cánach agus aisíocaíochtaí.[1] Tugtar aisíocaíochtaí faoi réir éileamh a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de cheithre bliana ó dheireadh na tréimhse lena mbaineann an t-éileamh.

**23.21** Rinneadh €6.3 billiún a aisíoc le cáiníocóirí sa bhliain 2012 — ar nós mar a rinneadh sa bhliain 2011. Tá na haisíocaíochtaí cánach do na blianta ó 2007 go 2012 leagtha amach in Fíor 23.4.

1 Alt 865, An tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997.

**Fíor 23.4 Aisíocaíochtaí ó na Coimisinéirí Ioncaim, 2007 go 2012**




Foinse: Cuntais ar Fháltais Ioncam an Stáit 2007 go 2012


Nóta: Áirithe chomh maith tá Dleacht Stampa, Cáin Ghnóthachan Caipitiúil, Cáin ar Fháltais Chaipitiúla agus Dleachtanna Custam

**23.22** Bhain trí cháin le 99% de na haisíocaíochtaí sa bhliain 2012

- aisíocaíochtaí de €2.8 billiún maidir le CBL
- aisíocaíochtaí de €2.6 billiún maidir le Cáin Ioncaim
- aisíocaíochtaí de €800 milliún maidir le Cáin Chorparáide.

**23.23** Tríd is tríd, b'ionann líon na n-aisíocaíochtaí sa bhliain 2012 agus 17% de ghlánchánacha agus dleachtanna a bailíodh (2011: 18%). Tá na treochtaí maidir le haisíocaíochtaí do CBL , Cáin Ioncaim agus Cáin Chorparáide le feiceáil in Fíor 23.5. Lean an treocht, ón bhliain 2009, de laghdú ar aisíocaíochtaí mar chéatadán de ghlanfháltais maidir le Cáin Ioncaim agus Cáin Chorparáide araon.

**Fíor 23.5 Aisíocaíochtaí ó na Coimisinéirí Ioncaim mar chion de ghlantorthaí cánach, 2007 go 2012**




Foinse: Cuntais ar Fháltais Ioncam an Stáit 2007 go 2012

## Cáin agus Aschur Náisiúnta

**23.24** Sa bhliain 2012, b'ionann na glanfháltais a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim mar chéatadán den Olltáirgeacht Intíre (OTI)[1] agus 26.7%, méadú de thart ar 0.8% nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an bhliain 2011 (féach Fíor 23.6). Rinne sé seo malartú ar an treocht ó na blianta 2008 go 2011 nuair a laghdaigh glanfháltais mar chéatadán den OTI gach bliain.

**Fíor 23.6 Méideanna a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim agus an OTI, 2008 – 2012**


| | Olltáirgeacht Intíre (praghasanna reatha) | Glanfháltais a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim[a] | Fáltais mar % de OTI |
|---|---|---|---|
| | €m | €m | |
| **2008** | 180,249 | 50,812 | 28.2% |
| **2009** | 162,284 | 42,514 | 26.2% |
| **2010** | 158,097 | 41,053 | 26.0% |
| **2011** | 162,600 | 42,100 | 25.9% |
| **2012** | 163,938 | 43,806 | 26.7% |

Foinse: Cuntais Náisiúnta Ráithiúla na Príomh-Oifige Staidreamh, Ráithe 1 2013. Cuntais ar Fháltais Ioncam an Stáit 2008 go 2012.

Nóta: a Tá glanfháltais chánach, ÁSPC agus muirir eile san áireamh anseo.

**23.25** Léiríonn Fíor 23.7 na treochtaí i nglanfháltais agus OTI idir na blianta 2003 agus 2012.

**Fíor 23.7 Athrú innéacs i nglanfháltais chánach agus OTI, 2003 go 2012**




Anailís: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**23.26** Sa tréimhse idir na blianta 2003 agus 2007, mhéadaigh glanfháltais chánach ag ráta níos tapa ná OTI agus idir na blianta 2008 agus 2010 sháraigh an laghdú ar fháltais chánach an laghdú sa OTI. Thar na trí blianta sin, laghdaigh OTI 12% agus laghdaigh glanfháltais chánach 19%. Ón bhliain 2011, tá an treocht iompaithe sa treo eile - sa dá bhliain go deireadh na bliana 2012, mhéadaigh OTI thart ar 3.7% agus mhéadaigh glanfháltais chánach 6.7%.

1 Déann Olltáirgeacht Intíre tomhas ar aschur iomlán an gheilleagair i dtréimhse i.e. an luach ar ioncam ginte ó obair atá déanta ag fostaithe, cuideachtaí, agus daoine féinfhostaithe.


**23.27** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta roimhe seo go bhfuil an toradh cánach ó na hearnálacha tógála agus maoine, lena mbaineann ranníocaíocht i gcomhdhéanamh infheistíochta OTI, níos airde ná in earnálacha eile agus bhain an laghdú sna hearnálacha seo go mór leis an laghdú suntasach i gcánacha ioncaim nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an laghdú in OTI thar an tréimhse idir na blianta 2008 agus 2010.

### Réamhaisnéis Chánach

**23.28** Ar mhaithe le cuspóirí Buiséid, ullmhaíonn an Roinn Airgeadais réamhaisnéisí maidir le fáltais chánach agus tugann na Coimisinéirí Ioncaim cúnamh leo. I measc na nithe atá i gceist le réamhaisnéis a dhéanamh ar fháltais chánach áirítear athruithe ar rátaí cánach, fáltais na bliana roimhe sin a choigeartú d'fhachtóirí aonuaire agus an fás i mírchinn aonair chánach a mheas trí thagairt do réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha. Is í an Roinn Coimirce Sóisialaigh a ullmhaíonn réamhaisnéisí d'fháltais ÁSPC.

**23.29** Tríd is tríd, bhí ioncam ó chánacha sa bhliain 2012 0.4% chun cinn ar na leibhéil a bhí sa réamhaisnéis, agus bhí na fáltais ó ÁSPC thart ar 8% faoin bhun na leibhéal a bhí sa réamhaisnéis. Tá an difríocht idir fáltais chánach iarbhír agus fáltais chánach réamhaisnéise gach bliain sa tréimhse idir na blianta 2007 agus 2012 leagtha amach in Fíor 23.8.

**Fíor 23.8 Cáin ioncaim Státchiste agus ÁSPC i gcomparáid leis an réamhaisnéis, 2007 go 2012**




Foinse: Cuntais ar Fháltais Ioncam an Stáit, Próifíl Charnach na Roinne Airgeadais maidir leis na Fáltais Ioncaim Cánach a bhfuiltear ag súil leo, Meastacháin Athbhreithnithe na gCuntas Caiteachas Poiblí agus An Chiste Árachais Shóisialaigh.

**23.30** Bhí an táirgeacht don dá mhírcheann cánach is mó, Cáin Ioncaim agus CBL, faoi bhun na réamhaisnéise ar feadh tromlach na mblianta sa tréimhse idir na blianta 2007 agus 2012.

***Fáltais ÁSPC***

**23.31** Bhí éagsúlacht suntasach sa táirgeacht do ÁSPC ón réamhaisnéis do na blianta uile sa tréimhse idir na blianta2007 agus 2012. D'fhéadfaí a bheith ag súil go mbeadh comhghaolú idir an táirgeacht nuair a chuirfí i gcomparáid é leis an réamhaisnéis do Cháin Ioncaim agus ÁSPC. Mar a léiríonn Fíor 23.8, áfach, bhí difríocht sa táirgeacht in aghaidh na réamhaisnéise don dá fhoinse ioncaim seo thar na tréimhse sin. Sa bhliain 2011, bhí fáltais ÁSPC 4% os cionn na leibhéal a bhí sa réamhaisnéis.Ag cur i gcodarsnacht leis an mbliain 2012, bhí fáltais ÁSPC 8% faoi bhun na leibhéal a bhí sa réamhaisnéis. Chuireas ceist ar an Oifigeach Cuntasaíochta sa Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP) céard ba chúis leis an éagsúlacht.

*Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta sa Roinn Coimirce Sóisialaí*

**23.32** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh 17 athrú san iomlán a raibh tionchar acu ar fháltais ÁSPC i mBuiséad na bliana 2011, sa Tionscnamh Jabanna 2011 agus i mBuiséad na bliana 2012. Áirithe ina measc seo bhí an Muirear Sóisialach Uilíoch (atá mar chuid de Cháin Ioncaim) a tugadh isteach agus deireadh a chur leis an Tobhach Sláinte.

**23.33** D'ullmhaigh an Roinn a réamh-mheastachán maidir le fáltais ÁSPC don bhliain 2012 ar 'leibhéal reatha bonn seirbhíse', agus cuireadh an táirgeacht éiritheach fáltas don bhliain 2011 san áireamh. Rinneadh coigeartú air seo chun an tionchar ionchais ó na hathruithe i mBuiséad na bliana 2012 a chur san áireamh.

**23.34** Go luath sa bhliain 2012, tharraing na Coimisinéirí Ioncaim aird na Roinne faoi cheist a bhain le rangú ÁSPC agus Cáin Ioncaim sa bhliain 2011. Tháinig sé seo chun solais ó fhoirmeacha P35 na bliana 2011, a bhí dlite le comhdú faoi dheireadh mhí Feabhra na bliana 2012. Fuarthas i scrúdú na gCoimisinéirí Ioncaim go raibh mírangú déanta ag roinnt fostóirí ar asbhaintí Mhuirear Sóisialach Uilíoch na bliana 2011 mar ÁSPC. Chomh maith leis sin, rinneadh cionroinnt ar fháltais ó dhochar díreach sa bhliain 2011 bunaithe ar na tuairisceáin P35 is deireanaí a bhí ar fáil d'fhostóirí (don bhliain 2010 nó níos luaithe).

**23.35** De bharr anailíse na gCoimisinéirí Ioncaim, laghdaigh an Roinn a meastachán d'fháltais ÁSPC don bhliain 2012 de réir €300 milliún. Bhí sé seo le feiceáil i meastachán athbhreithnithe a foilsíodh in Aibreán na bliana 2012.

**23.36** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh an táirgeacht don bhliain 2012 4.5% faoi bhun na leibhéal sa réamhaisnéis nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an meastachán athbhreithnithe. Luaigh sí freisin go raibh na bearta ÁSPC a tugadh isteach sna buiséid sna blianta 2011 agus 2012 chomh maith le bearta ÁSPC a tugadh isteach sa Tionscnamh Jabanna sa bhliain 2011 casta agus go raibh idirghníomhú acu lena chéile. Luaigh sí nárbh fhéidir dí-chomhbhailiú a dhéanamh ar thionchar aonair na mbearta seo bunaithe ar shonraí ÁSPC i dtuairisceáin P35.

## Conclúidí agus Moladh

**23.37** Bhí an glanmhéid a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa bhliain 2012 4% níos airde ná mar a bhí sa bhliain 2011. Bhí méadú 2% i gceist sa bhliain 2011.Mascann an méadú foriomlán athrú suntasach idir fáltais ÁSPC agus Cháin Ioncaim, tar éis an Muirear Sóisialach Uilíoch a bheith tugtha isteach sa bhliain 2011.

**23.38** B'ionann na glanfháltais chánach sa bhliain 2012 agus 26.7% den Olltáirgeacht Intíre. Bhí sé seo 0.8% níos airde ná mar a bhí sé sa bhliain 2011. Iompaíonn an méadú seo sa treo eile an treocht ón tréimhse ó na blianta 2008 go 2011 nuair a bhí glanfháltais, mar chionroinnt de OTI, ag laghdú.

**23.39** Ón bhliain 2008, tá feabhas leanúnach tagtha ar an gcruinneas a bhaineann le réamhaisnéis a dhéanamh ar fháltais ó Cháin Ioncaim, atá ar an gcáin a bhfuil an toradh is mó uirthi. Cé gur measadh go mbeadh comhghaolú idir ÁSPC agus Cáin Ioncaim, áfach, bhí difríocht suntasach idir fáltais ÁSPC agus an tsuim a bhí sa réamhaisnéis.Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta sa Roinn Coimirce Sóisialaí go leanfadh an Roinn ag athbhreithniú a modhanna réamhaisnéise agus go ndéanfaí comhthadhaill leis na Ranna Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis an míniú ar fhaisnéis ábhartha mhacreacnamaíoch lena chinntiú go mbeadh comhsheasmhacht níos mó sa gcur chuige chun réamhaisnéis a dhéanamh ar fháltais Chánach Ioncaim agus ÁSPC.

## Iarscríbhinn A Bailiú agus Aisíoc Ioncaim, 2008 go 2012

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | Athrú ó 2011 go 2012 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m | |
| An méid comhlán a bailíodh | 60,061 | 50,744 | 47,559 | 48,427 | 50,175 | 1,748 | 3.6% |
| Aisíoc cánacha agus dleachtanna | (9,178) | (8,148) | (6,420) | (6,269) | (6,302) | 33 | 0.5% |
| Aisíoc muirear eile | (71) | (82) | (86) | (58) | (67) | 9 | 15.5% |
| **An glanmhéid a bailíodh** | **50,812** | **42,514** | **41,053** | **42,100** | **43,806** | **1,706** | **4.1%** |
| Ina n-áirítear | | | | | | | |
| Cáin Ioncaim | 13,195 | 11,839 | 11,265 | 13,814 | 15,151 | 1,337 | 9.7% |
| Cáin Chorparáide | 5,071 | 3,890 | 3,944 | 3,500 | 4,215 | 715 | 20.4% |
| Cáin Ghnóthachan Caipitiúil | 1,424 | 544 | 345 | 416 | 413 | (3) | (0.7%) |
| Cáin ar Fháltais Chaipitiúla | 343 | 256 | 237 | 244 | 283 | 39 | 16.0% |
| Cánacha díreacha san iomlán | 20,033 | 16,529 | 15,791 | 17,974 | 20,062 | | |
| Cáin Bhreisluacha | 13,432 | 10,638 | 10,102 | 9,752 | 10,166 | 414 | 4.2% |
| Mál | 5,432 | 4,734 | 4,667 | 4,704 | 4,592 | (112) | (2.4%) |
| Dleachtanna stampa | 1,763 | 1,001 | 962 | 1,383 | 1,426 | 43 | 3.1% |
| Dleachtanna custam | 245 | 208 | 229 | 240 | 242 | 2 | 0.8% |
| Cánacha indíreacha san iomlán | 20,872 | 16,581 | 15,960 | 16,079 | 16,426 | | |
| **Ioncam Státchiste** | **40,905** | **33,110** | **31,751** | **34,053** | **36,488** | **2,435** | **7.2%** |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 9,707 | 9,207 | 9,110 | 7,857 | 7,081 | (776) | (9.9%) |
| Tobhach Tobac | 168 | 168 | 168 | 168 | 168 | 0 | 0.0% |
| Tobhach Ciste Cúitimh Árachais | — | — | — | — | 46 | 46 | 100.0% |
| Tobhach Comhshaoil | 26 | 24 | 19 | 16 | 14 | (2) | (12.5%) |
| Eile | 6 | 5 | 5 | 6 | 9 | 3 | 50.0% |
| **Muirir Eile** | **9,907** | **9,404** | **9,302** | **8,047** | **7,318** | **(729)** | **(9.1%)** |

Foinse: Cuntais ar Fháltais Ioncam an Stáit, 2008 go 2012

# 24 Fiachas na gCoimisinéirí Ioncaim a Bhainistiú

**24.1** Laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim, is í Oifig an Ard-Bhailitheora atá freagrach go príomha as bainistiú fiachais agus is í an oifig sin atá freagrach as cánacha agus dleachtanna a bhailiú agus iad a leithroinnt ar an gcuntas cáiníocóra cuí. Is é is cuspóir dá feidhm bainistithe fiachais a chinntiú go ndéantar an chuid is mó de na cánacha gnó agus pearsanta a bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim freagrach astu a bhailiú go tráthúil.

**24.2** In 2012, rinneadh obair bailithe fiach in 24 aonad bainistithe fiachais a bhainistigh ualaigh cásanna a aicmíodh ina gcúig chiseal chun meánmhéid na gcásanna a bhí á mbainistiú a chur i gcuntas.[1] Aonaid bhreise a bunaíodh in 2012 a bhí i gceithre cinn díobh.

**24.3** Bhí thart ar 700 daoine d'fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim fostaithe i ngníomhartha a bhain le bailiú fiach agus comhlíonadh in 2012 agus bhí thart ar 63% díobh ag gabháil do ghníomhaíocht a bhain le bailiú fiach agus an chuid eile ag gabháil d'obair a bhaineann le comhlíonadh. Rinneadh foireann a leithroinnt ar na haonaid bainistithe fiachais éagsúla bunaithe ar luach na cánach a bhí i mbaol. Tá an cóimheas is airde idir foireann agus cáiníocóirí ag gabháil do chásanna móra (i.e. na cásanna sin a bhfuil na híocaíochtaí is airde luach i gceist iontu). Ina theannta sin, déanann cúig aonad speisialtóirí bainistiú ar earnálacha cásanna is airde baol.

- Déanann an tAonad Comóntachta bainistiú ar chásanna atá nasctha trí chomhstiúrthóirí cuideachta i gcás gur mó an fiach ná €250,000.
- Déanann Aonad Phoenix bainistiú ar chásanna a ghabhann le gnóthaí atá nasctha trí phríomhaithe atá bainteach le gnóthaí ar theip orthu roimhe sin i gcás go raibh de thoradh ar chosaint dliteanais theoranta nár íocadh cánacha muiníneacha.
- Déanann an tAonad Forfheidhmiúcháin Tiomnaithe gníomhaíocht a bhaineann le bailiú de chineál níos casta a ghabháil de láimh.
- Tá freagracht fhoriomlán ar dhá aonad dócmhainneachta as bainistiú a dhéanamh ar fhreagairt na gCoimisinéirí Ioncaim ar chásanna dócmhainneachta, i.e. cásanna a bhaineann le leachtú, glacadóireacht, scrúdaitheoireacht agus féimheacht.


**24.4** Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar fheidhm bailithe fiach na gCoimisinéirí Ioncaim agus, go háirithe, ar threochtaí i luach na bhfiach cánach atá gan íoc, stádas bailithe agus aois na bhfiach, agus fiacha cánach arna ndíscríobh.

1 Déantar méid an cháis a ríomh le haghaidh gach ceannteidil cánach a bhfuil cáiníocóir cláraithe dó. Tá sé bunaithe ar an meándliteanas cánach agus/nó ar an meánbhailiú a bhí ann i dtréimhse 24 mhí roimh an tréimhse reatha le haghaidh na cánach sin.

## Fiacha Cánach Atá gan Íoc

**24.5** Tá luach measta na cánach atá gan íoc tar éis méadú 64% ó Mhárta 2008 go Márta 2010, agus d'fhan sé cobhsaí a bheag nó a mhór ó shin. Cuimsíonn fiachas dliteanais atá gan íoc lúide luach iomlán na n-éileamh aisíocaíochta a dhéanann cáiníocóirí. Leagtar amach mionsonraí i bhFíor 24.1.

**Fíor 24.1 An fiachas measta atá gan íoc ag deireadh na míosa, Márta 2008 go Márta 2013**




Foinse: Meastacháin ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

**24.6** Athraíonn luach na cánach atá gan íoc ó bhliain go bliain ar bhonn timthriallach. Bíonn buaicphointe an fhiachais ann i mí Feabhra/mí an Mhárta gach bliain, rud a léiríonn, go mór mhór, an tionchar atá ag spriocdhátaí comhdaithe i leith cánacha muiníneacha fostóra (ÍMAT agus ÁSPC). Bhí an fiachas ab ísle sa tréimhse ó Mhárta 2012 go Márta 2013 ann i Lúnasa 2012, nuair a bhí an fiachas díreach faoi bhun €1.8 billiún.

**24.7** Léirítear i bhFíor 24.2 an cháin mheasta atá gan íoc de réir an chineáil cánach agus tugtar achoimre ann ar na muirir a cruinníodh, na híocaíochtaí a rinneadh agus na méideanna a díscríobhadh sa tréimhse dhá mhí dhéag a chríochnaigh an 31 Márta 2013. Ba iad an dá earnáil ina raibh an fiachas ba mhó a bhí gan íoc Cáin Ioncaim (€647 milliúnmheasta gan ÍMAT a áireamh) agus CBL (€434 mhilliún mheasta). Is ionann cánacha díreacha atá gan íoc — Cáin Ioncaim, Cáin Ghnóchan Caipitiúil agus Cáin Chorparáide, go príomha— agus 59% den fhiachas iomlán (Márta 2012: 56%), agus is ionann cánacha muiníneacha— CBL, ÍMAT agus ÁSPC, go príomha — agus 41% den iomlán (Márta 2012: 44%).

**24.8** B'ionann an fiachas iomlán measta a bhí gan íoc ag deireadh Mhárta 2013 agus 5.6% de na glanmhuirir a cruinníodh sa bhliain 2012/2013.[1] Méadú beag ab ea é sin ar an leibhéal a bhí thart ar 5.3% de na glanmhuirir a cruinníodh in 2011/2012. In 2007, b'ionann an fiachas a bhí gan íoc agus 2.7% de na glanmhuirir a cruinníodh.

**24.9** B'ionann dhá cháin, Cáin Ioncaim agus Cáin Ghnóchan Caipitiúil, agus 6.3% de na glanmhuirir a cruinníodh in 2013 ach b'ionann iad agus 45% faoin gcéad den fhiachas a bhí gan íoc i Márta 2013.

1 Níl na cánacha sin nach ábhar do bhailiú iarchurtha, lena n-áirítear Custaim, Mál, Dleacht Stampa agus an ghné sin de CBL a bhaineann le Custaim agus Mál, san áireamh ar an bhfiachas atá gan íoc agus na glanmhuirir.

**Fíor 24.2 Gluaiseacht i gcánacha measta agus ÁSPC atá gan íoc, 2012/2013[a]**

| An Cháin nó an Tobhach | An tIarmhéid an 31 Márta 2012 | Na glanmhuirir a cruinníodh[b] | Íoctha | Díscríofa | An Coigeartú[c] | An tIarmhéid an 31 Márta 2013 | An tIarmhéid mar % de na muirir a cruinníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m | |
| CBL | 514 | 8,535 | (8,494) | (130) | 9 | 434 | 5% |
| ÍMAT | 164 | 13,767 | (13,748) | (32) | 15 | 166 | 1% |
| ÁSPC | 178 | 7,041 | (7,033) | (37) | 10 | 159 | 2% |
| Cáin Ioncaim | 627 | 2,069 | (2,018) | (30) | (1) | 647 | 31% |
| DIRT | — | 488 | (488) | — | — | — | — |
| Cáin Chorparáide | 177 | 3,326 | (3,251) | (12) | 1 | 241 | 7% |
| Cáin Ghnóchan Caipitiúil | 297 | 187 | (205) | (19) | — | 260 | 139% |
| Cáin Fháltas Caipitiúil | 3 | 281 | (274) | — | 20 | 30 | 11% |
| Cáin Conarthaí Iomchuí | 26 | 81 | (82) | (11) | 13 | 27 | 33% |
| Tobhach Comhshaoil | — | 50 | (14) | — | 5 | 41 | 82% |
| Cáin Aerthaistil | — | 35 | (34) | — | — | 1 | 3% |
| **An tIomlán** | **1,986** | **35,860** | **(35,641)** | **(271)** | **72** | **2,006** | **6%** |

Foinse: Meastacháin ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nótaí:
a Meastar go bhfuil cáin gan íoc ón dáta a chuirtear an dliteanas ar thaifead an cháiníocóra — de ghnáth, mar thoradh ar thuairisceán a fháil nó meastachán a ardú.

b Ar áireamh ar na glanmhuirir a cruinníodh tá meastacháin i gcásanna nuair nach ndearnadh comhdú. Thuairiscigh na Coimisinéirí Ioncaim gur €37.2 billiún na muirir chomhréireacha sa bhliain go dtí Márta 2012.

c Rinneadh an fiachas a bhí gan íoc ag deireadh Mhárta 2013 a ríomh trí chóras ríomhaireachta nua atá ag na Coimisinéirí Ioncaim a úsáid. Rinneadh na hiarmhéideanna amhail ag deireadh Mhárta 2012 a ríomh tríd an gcóras a bhí ann roimhe sin a úsáid. Léiríonn an coigeartú na difríochtaí neamhréititheacha idir na hiarmhéideanna oscailte agus dúnta.


**24.10** Is é atá san fhiachas dúnta fiachas €2 billiún arb é atá ann dliteanas cáiníocóra atá gan íoc lúide éilimh aisíocaíochta ar fiú €206 mhilliún iad agus a chuir cáiníocóirí isteach.

### *Stádas an Fhiachais Atá gan Íoc*

**24.11** Aicmítear an fiachas atá gan íoc mar a leanas

- Fiachas atá á achomharc agus nach bhfuil ar fáil lena bhailiú—i gcás go ndearna cáiníocóir achomhairc i gcoinne luach na measúnachta cánach, tá bac ar na Coimisinéirí Ioncaim an fiach a bhailiú.
- Fiachas nach bhfuil ar fáil lena bhailiú, go praiticiúil— measann na Coimisinéirí Ioncaim nach bhfuil fiachas cáiníocóirí atá á leachtú, faoi scrúdaitheoireacht nó i gcineálacha áirithe glacadóireachta ar fáil lena bhailiú, go praiticiúil.
- Déantar fiachas atá ar fáil lena bhailiúa aicmiú idir méideanna atá faoi réir gníomhaíochtaí bailithe leanúnacha, is ábhar do chomhaontuithe íocaíochta leis an gcáiníocóir nó atá á bhforfheidhmiú ag an sirriam nó ag aturnaetha na gCoimisinéirí Ioncaim.

**Fíor 24.3 Stádas bailithe fiachais cánach, de réir an chineáil cánach, Márta 2013[a]**




Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Is ionann na cánacha a thaispeántar agus 95% den fhiachas cánach uile. Fágadh Cáin Fháltas Caipitiúil, Cáin Conarthaí Iomchuí, an Tobhach Comhshaoil agus an Cháin Aerthaistil as an áireamh.

**24.12** San fhoriomlán, bhí 38% den fhiachas amhail i Márta 2013 á achomharc agus bhí 3% breise ag gabháil d'imeachtaí dócmhainneachta (féach Fíor 24.3). Mar sin, measadh nach raibh €826 mhilliún ar fáil lena bhailiú ag deireadh Mhárta 2013. Baineann an chuid is mó den fhiachas atá á achomharc (thart ar 80%) le cánacha díreacha. Bhain níos mó ná 90% de luach an fhiachais atá á achomharc le 2009 nó le blianta measúnachta is luaithe agus bhain beagnach an leathchuid le 2005 nó le blianta níos luaithe.

**24.13** Aicmíodh díreach faoi bhun €1.2 billiún nó59% den fhiachas ag deireadh Mhárta 2013 mar fhiachas a bhí ar fáil lena bhailiú.

- Bhí thart ar 24% den fhiachas a bhí gan íoc faoi réir gníomhaíocht forfheidhmiúcháin (2012: 20%), go príomha i ndáil le fiachas CBL agus Cánach Ioncaim.
- Ní raibh comhaontuithe íocaíochta i bhfeidhm ach amháin i gcás 6%.
- Measadh go raibh thart ar 29% den fhiachas a bhí gan íoc (thart ar €580 milliún) inbhailithe, ach ag deireadh Mhárta 2013 ní raibh sé faoi réir comhaontú íocaíochta ná aon imeachtaí forfheidhmiúcháin.

**24.14** Nuair atá fiachas á achomharc, leanann ús, má tá sé dlite, de bheith ag carnadh ón dáta a bhí an dliteanas cánach dlite. Le linn tréimhse achomhairc, leanann na Coimisinéirí Ioncaim de bheith i dteagmháil le cáiníocóirí agus féadfar teacht ar chomhshocraíochtaí sula ndéanfaidh na Coimisinéirí Achomhairc nó na Cúirteanna cinneadh maidir le hachomharc.

### *Spriocanna Bailithe Fiach*

*Spriocanna le haghaidh 2012 agus 2013*

**24.15** Leag na Coimisinéirí Ioncaim sprioc 'sínte amach" dóibh féin, chun leibhéal a bhfiach inbhailithe a bhí gan íoc a laghdú (i.e. gan fiachas atá á achomharc ná fiachas dócmhainneachta a a áireamh) ó díreach faoi bhun€1.3 billiúnag deireadh mhí na Samhna 2011 go €1 billiún faoi dheireadh mhí na Samhna 2012 —laghdú thart ar 22% mar sprioc. Ag deireadh mhí na Samhna 2012, bhí leibhéal an fhiachais inbhailithe a bhí gan íoc laghdaithe de €24 mhilliún - laghdú díreach faoi bhun 2% ó mhí na Samhna 2011.

**24.16** Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim go raibh tionchar diúltach ag an timpeallacht eacnamaíochta agus airgeadais a leanann de bheith dúshlánach agus ina bhfuil siad ag feidhmiú ar a gcuid clár gnóthaithe fiachais agus gurb é an toradh a bhí air sin ná nár baineadh an sprioc amach.

**24.17** Is é an sprioc le haghaidh mhí na Samhna 2013 an fiachas atá ar fáil lena bhailiú a laghdú go €1.2 billiún, is ionann agus sprioc go ndéanfaí laghdú 4% ón bhfiachas inbhailithe amhail i mí na Samhna 2012.

*Tomhais maidir le Feidhmíocht Bailithe Fiach*

**24.18** Sa Tuarascáil maidir le Cuntais na Seirbhíse Poiblí uaim in 2011,mhol mé gur cheart do na Coimisinéirí Ioncaim bearta feidhmíochta níos sonraí a fhorbairt i ndáil lena bhfeidhm bainistithe fiachais, a léirigh castacht na dtosca foluiteacha. Mar shampla, ba cheart dóibh spriocanna ar leithligh maidir le fiachas gan íoc a leagan amach le haghaidh cánacha díreacha agus muiníneacha; agus idirdhealú a dhéanamh le linn spriocanna a leagan amach maidir le próifíl aoise fiachais idir fiachas inbhailithe agus fiachas atá á achomharc. D'aontaigh an tOifigeach Cuntasaíochta leis an moladh agus dúirt an tOifigeach sin gurb amhlaidh, i ndáil le fiachas inbhailithe, go raibh tomhais feidhmíochta bhreise á bhforbairt ag na Coimisinéirí Ioncaim. Thug sí dá haire freisin go ndéanfadh forbairt IT a bhí á tástáil an tráth sin tuairisciú feabhsaithe ar fheidhmíocht bainistithe fiachais a éascú.

**24.19** Mar fhreagra ar mo chuid fiosrúchán faoin dul chun cinn a rinneadh i leith an mholta sin, dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go ndearnadh spriocanna a leagan amach ag leibhéal na n-aonad bainistithe fiachais aonair, agus de réir an chineáil cánach, den chéad uair. Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim freisin gur thug siad isteach uirlis nua anailísithe fiachais—Uirlis Anailísithe Cásanna Riaráiste (ACAT) —chun anailís mhionsonraithe a sholáthar ar fhiachas agus chun forchéimniú i dtreo bhaint amach na spriocanna a éascú.

**24.20** Ó mhí Dheireadh Fómhair 2012, tá an córas ACAT á oibriú go hiomlán sna haonaid bainistithe fiachais uile atá ag feidhmiú i Rannán an Ard-Bhailitheora. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go ligeann an córas dóibh measúnú riosca-bhunaithe atá níos dírithe a dhéanamh ar chásanna agus go bhfuil fócas bainistíochta ann ar mheastóireacht a dhéanamh ar thionchar na n-idirghabhálacha a dhéantar. Thug na Coimisinéirí Ioncaim dá n-aire go bhfuil sé ró-luath go fóill tionchar an chórais ACAT a mheas ach dúirt siad go raibh torthaí dearfacha ann tar éis an uirlis a thástáil in 2012. Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim go raibh €75 mhilliún de thoradh cánach bailithe ag dhá aonad bainistithe fiachais nuathionscanta tríd an gcóras ACAT a úsáid mar phríomhthiomántóir le linn os cionn 12,000 cás a roghnú chun idirghabháil a dhéanamh iontu agus nach mbeadh sé indéanta cumhdach cásanna cruinn agus toradh ar an scála sin a dhéanamh gan an anailís tríd an gcóras ACAT a úsáid.


### *Aois Fiachais*

**24.21** Chun críocha anailíse aoise, tugann na Coimisinéirí Ioncaim míniú ar dháta tosaigh fiachais mar an dáta is déanaí de cheann de na dátaí seo a leanas: (a) an dáta ar tháinig an muirear as ar eascair an fiachas chun bheith ar thaifead an cháiníocóra (b) an dáta dlite le haghaidh na cánach nó (c) dáta scaoilte stop achomhairc.Ag deireadh Mhárta 2013, tríd an mbonn sin a úsáid, bhí 35% den fhiachas faoi bhun bliain d'aois agus bhí 9% níos sine ná 5 bliana d'aois.Leagtar amach na mionsonraí i bhFíor 24.4.

**24.22** Aicmítear 28% den fhiachas mar fhiachas gan aois.[1]Nuair nach ndéantar an fiachas gan aois a áireamh, tá beagnach an leathchuid den fhiachas faoi bhun bliain d'aois.

**24.23** Mar chomparáid, léirítear i bhFíor 24.4 freisin anailís aosaithe na gCoimisinéirí Ioncaim ar iarmhéideanna cánach a bhí gan íoc i Márta2013 bunaithe ar dháta tosaigh an fhiachais agus anailís atá bunaithe ar bhliain dhliteanas measúnaithe an fhiachais cánach.

**Fíor 24.4 Fiachas cánach gan íoc, Márta 2013**




Foinse: Meastacháin ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim


1. Is éard atá san fhiach a rangaíonn na Coimisinéirí Ioncaim mar fhiach neamhaoisithe ná fiach ag achomharc (€762 milliún) lúide éilimh ag fanacht ar aisíocaíocht (€206 milliún) agus iarmhéideanna faoi bhun €100.

**24.24** Nuair atá fiachas cánach aosaithe de réir bhliain an dliteanais mheasúnaithe, tá beagnach trí cheathrú den fhiachas trí bliana nó níos mó d'aois. Léiríonn fiachas atá aosaithe de réir an dáta a cuireadh é ar thaifead nagCoimisinéirí Ioncaim go meastar go bhfuil an ceathrú cuid den fhiachas trí bliana nó níos mó d'aois.

## Fiacha Cánach a Dhíscríobh

**24.25** Déanann na Coimisinéirí Ioncaim fiacha cánach a dhíscríobh i gcásanna ina gcinntear go bhfuil na fiachas neamh-infhorfheidhmithe, e.g. nuair a dhéantar gnó a leachtú. Rinneadh méid iomlán €287 milliúncánacha agus ÁSPC a dhíscríobh le linn 2012—laghdú 11% i gcomparáid le díscríobh in 2011. Bhí 81% de na cánacha a díscríobhadh in 2012 ina gcánacha muiníneacha agus bhain an chuid eile le cánacha díreacha. Leagtar amach i bhFíor 24.5 na treochtaí i gcánacha muiníneacha agus díreacha a díscríobhadh do na blianta 2008 go 2012 (féach freisin Iarscríbhinn A).

**Fíor 24.5 Cánacha a Díscríobhadh, 2008 go 2012**




Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

**24.26** Déantar beagnach gach díscríobh a mheasúnú ar bhonn an cháis aonair. Measadh nach raibh sé barainneach coinneáil le fiacha beaga a bhí dlite ó 115,119 gcáiníocóir, thart €1.5 milliúnsan iomlán (meánmhéid €13 an duine), agus díscríobhadh iad in 2012 ar bhonn uathoibrithe.

### *Díscríobh de réir Earnála*

**24.27** Ba iad na cúiseanna ba choitianta go ndearnadh díscríobh cánach ná leachtú cuideachtaí agus scor de thrádáil ag a raibh sócmhainní leachtacha neamhdhóthanacha agus arb ionann iad i dteannta a chéile agus 65% den fhiachas a díscríobhadh, agus tionchar acu go príomha ar chánacha muiníneacha. B'ionann trí earnáil eacnamaíochta agus 56% den cháin iomlán a díscríobhadh in 2012

- an earnáil foirgníochta—€68 milliún (24%)
- an earnáil trádála mórdhíola agus miondíola— €55 mhilliún (19%)
- an earnáil seirbhísí cóiríochta agus bia — €38 milliún (13%).

**24.28** Bhí 51 chás ann in 2012 inar mhó ná €0.5 milliún an méid a díscríobhadh. B'ionann na cásanna sin agus 16% den fhiachas iomlán a díscríobhadh, nó €44.8 milliún. Ba é €878,400an meánmhéid a díscríobhadh in 2012. Ba é €4.6 milliún an méid aonair ba mhó a díscríobhadh in 2012 i leith CBL, ÍMAT, ÁSPC agus Cáin Conarthaí Iomchuí.

## Conclúidí agus Moladh

**24.29** Tá an méid measta fiachais atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim seasmhach ag deireadh Mhárta le ceithre bliana anuas, thart ar €2 billiún.

**24.30** Mheas na Coimisinéirí Ioncaim go raibh níos mó ná 40% den fhiachas neamh-inbhailithe faoi láthair, go príomha mar gheall ar an bhfiachas a bheith á achomharc. Bhain 93% measta de luach an fhiachais atá á achomharc le 2009 nó blianta measúnachta is luaithe agus bhain beagnach an leathchuid le 2005 nó le bliain is luaithe ná sin.

**24.31** Chuir na Coimisinéirí Ioncaim feabhas ar a gcóras bainistithe fiachais, rud a sholáthraíonn faisnéis níos fearr dóibh maidir le leibhéal agus comhdhéanamh fiachais cánach. Ba cheart go ligfeadh sé sin do na Coimisinéirí Ioncaim a straitéis a bheachtú, agus go mbeadh cur chuige níos spriocdhírithe ann dá bharr sin. Leag na Coimisinéirí Ioncaim sprioc a bhí ró-uaillmhianach amach dóibh féin chun an leibhéal fiachais inbhailithe a laghdú faoi Shamhain 2012 de 22% bliain i ndiaidh bliana. Is é 4% an sprioc maidir le laghdú don 12 mhí go dtí Samhain 2013.

**24.32** Tá an míniú ar dháta tosaigh fiachais a úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim cuí chun críocha bainistithe feidhmíochta.Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb é an toradh a bhíonn ar an gcur chuige sin ná fiachas atá i bhfad níos úire ná dá ndéanfaí fiachas a aosú tríd an mbliain mheasúnaithe dliteanas agus déantar difear don anailís aosaithe trí fhiachas atá á achomharc a fhágáil as an áireamh.

> **Moladh 24.1:** Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim a gcuid faisnéise bainistithe feabhsaithe a úsáid mar bhonn le leagan amach spriocanna acu chun fiachas inbhailithe a laghdú. Ba cheart go mbeadh na spriocanna réadúil ach dúshlánach agus níor cheart go ndéanfadh tosca nach bhfuil smacht ag na Coimisinéirí Ioncaim orthu na spriocanna sin a shaobhadh e.g. an cion den fhiachas atá á achomharc.
>
> **Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta:** Comhaontaithe. D'úsáid na Coimisinéirí Ioncaim an Uirlis Anailísithe Cásanna Riaráiste chun cuidiú leo le linn na spriocanna fiachais le haghaidh 2013 a fhoirmliú agus a thuairisciú. Baineann na spriocanna a leagadh amach le fiachas atá ar fáil lena bhailiú, agus fágtar fiachas atá á achomharc agus fiachas dócmhainneachta as an áireamh. Leanann tosca níos leithne nach bhfuil smacht ag na Coimisinéirí Ioncaim orthu, amhail na hacmhainní atá ar fáil agus an timpeallacht eacnamaíochta ghinearálta, de thionchar a bheith acu ar leagan amach spriocanna.

## Iarscríbhinn A

**Cánacha a díscríobhadh, 2008 go 2012**

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| **Cánach Muiníneacha** | | | | | |
| CBL | 58 | 102 | 134 | 149 | 130 |
| ÍMAT | 20 | 37 | 44 | 46 | 39 |
| ÁSPC | 25 | 47 | 61 | 60 | 50 |
| Cáin Conarthaí Iomchuí | 13 | 17 | 22 | 20 | 14 |
| | **116** | **203** | **261** | **275** | **233** |
| **Cánacha díreacha a díscríobhadh** | | | | | |
| Cáin Ioncaim | 5 | 10 | 25 | 27 | 32 |
| Cáin Chorparáide | 3 | 4 | 8 | 10 | 5 |
| Cáin Ghnóchan Caipitiúil | 1 | 3 | 4 | 8 | 16 |
| | **9** | **17** | **37** | **45** | **53** |
| Díscríobh uathoibríoch | 4 | 2 | 1 | 1 | 1 |
| **Iomlán na cánach a díscríobhadh** | **129** | **222** | **299** | **321** | **287** |


Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

# 25 Comhlíonadh Cáiníocóirí

**25.1** Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh gach cáiníocóir a ndliteanais cánachais dhlite a chomhlíonadh go tráthúil chun go mbeidh an córas cánach cothrom agus chun saobhadh trádála agus gnó a sheachaint. I gcóras cánach atá bunaithe ar fhéinmheasúnacht, tá rioscaí áirithe ann nach ndéanfar cáin a bhailiú go hiomlán (féach Fíor 25.1). Áirítear ar na rioscaí sin

- riosca cláraithe — ní chláraíonn cáiníocóirí le haghaidh cánach nuair a cheanglaítear orthu déanamh amhlaidh
- riosca comhdaithe — ní dhéanann cáiníocóirí na tuairisceáin is gá a chomhdú nó cuireann siad tuairisceáin isteach déanach
- riosca measúnaithe— ní nochtar ioncam nó cáin atá dlite go hiomlán i dtuairisceáin
- riosca íocaíochta — ní dhéantar cánacha a dhearbhaítear a íoc ina dhiaidh sin.

**Fíor 25.1 Creat maidir le comhlíontacht cánach – féinmheasúnach**




**Bearna cánach** — coincheap eacnamaíochta a chumhdaíonn an ghníomhaíocht eacnamaíochta thaifeadta nó neamhthaifeadta go léir sa Stát. Mínítear é mar an difríocht idir an cháin a bhailítear agus an cháin ar cheart í a bhailiú dá gcomhlíonfadh gach duine atá faoi dhliteanas a n-oibleagáidí.

**Bearna iniúchóireachta** — sprioc níos láithrí le haghaidh gníomhaíocht ar thaobh na gCoimisinéirí Ioncaim sa mhéid is go mbaineann sé leis an difríocht idir an méid cánach a bhaileofaí dá ndéanfaí iniúchadh ar gach cáiníocóir cláraithe agus an méid a íocann siad go saorálach faoi fhéinmheasúnacht. Soláthraíonn anailís ar thorthaí cásanna a roghnaíodh go randamach lena n-inúchadh faisnéis áisiúil do na Coimisinéirí Ioncaim maidir le treochtaí i gcomhlíonadh.

**25.2** D'fhonn comhlíonadh ar thaobh cáiníocóirí a bhainistiú go héifeachtach, caithfidh na Coimisinéirí Ioncaim

- eolas a bheith acu ar mhéid foluiteachan neamhchomhlíonta i measc cáiníocóirí
- gníomhaíochtaí atá éifeachtach ó thaobh costas de a dhearadh agus a chur i ngníomh chun neamhchomhlíonadh a bhrath
- a chinntiú go ndéantar cánacha a bhailiú agus pionóis a ghearradh orthu siúd nach gcomhlíonann a ndliteanais, ionas go mbeidh éifeacht shoiléir dhíspreagthach ann.

**25.3** Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar chur chuige na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar chomhlíonadh ar thaobh cáiníocóirí sna réimsí ríthábhachtacha sin.

**25.4** Áiríodh sa scrúdú, athbhreithniú ar fhaisnéis feidhmíochta na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil lena gcuid oibre iniúchóireachta agus anailís ar an mbunachar sonraí a úsáideann siad chun gníomhaíocht iniúchóireachta a thaifeadadh. Rinneadh athbhreithniú freisin ar threochtaí i líon na gcáiníocóirí a rinneadh a ionchúiseamh agus na torthaí. Ní dhearnadh scrúdú ar chomhaid cáiníocóirí aonair.

## Comhlíonadh Cáiníocóirí a Mheasúnú

**25.5** Is iad na príomhthomhais atá ann maidir le comhlíonadh ar thaobh cáiníocóirí an bhearna cánach agus an bhearna iniúchóireachta. Faoi láthair, ní dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim meastachán ar an mbearna cánach mar gheall ar shaincheisteanna a bhaineann le meastachán cruinn ar an mbearna agus ábhair imní maidir lena húsáideacht ag leibhéal oibríochtúil. Déanann na Coimisinéirí Ioncaim roinnt oibre i ndáil leis na naisc idir táscairí eacnamaíochta iomchuí agus an cháin a bhailítear ach ní sholáthraítear leis sin tásca iontaofa maidir leis na leibhéil neamhchomhlíonta.

**25.6** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go ndéanann eacnamaithe na gCoimisinéirí Ioncaim anailís a ghabháil de láimh ar an timpeallacht eacnamaíochta agus imscrúdú ar na héifeachtaí ionchasacha a bheadh ar bhailiú cánach ag athruithe. Áirítear ar shamplaí le déanaí, anailís ar na naisc idir fiachas gnóthaí agus a gcomhlíontacht cánach. Déantar tuarascálacha ionchais a thabhairt ar aird dhá uair sa bhliain freisin don lucht bainistíochta sinsearach. Dírítear leis an taighde ar na naisc idir táscairí eacnamaíochta iomchuí agus an cháin a bhailítear. Is é is aidhm dó tuiscint a fháil ar thimpeallacht oibríochta na gCoimisinéirí Ioncaim agus ní bheartaítear leis táscairímaidir leis na leibhéil neamhchomhlíonta a ghiniúint.

### *Toradh Iniúchta Randamach*

**25.7** Baineann an bhearna iniúchóireachta le dliteanais cánach atá gan íoc ag daoine atá cláraithe go cuí chun críocha cánach. Oibríonn na Coimisinéirí Ioncaim clár iniúchta randamach agus cuirtear tús gach bliain le thart ar 400 iniúchadh ar cháiníocóirí aonair agus gnóthaí.[1] D'fhéadfadh go dtógfadh sé roinnt blianta iniúchtaí casta áirithea chríochnú.

**25.8** Taispeántar toradh na gclár iniúchta randamaí do na blianta 2008 go 2012 i bhFíor 25.2. Rinneadh cánacha breise a thobhach mar thoradh ar iniúchtaí randamacha in thart ar an tríú cuid de chásanna thar an tréimhse atá á hathbhreithniú. Is beag a d'athraigh an ráta sin thar an tréimhse sin.

1 I gcoitinne, ní dhéantar cáiníocóirí íoc mar a thuillir (ÍMAT) a áireamh lena roghnú lena n-iniúchadh faoin gclár iniúchta randamach.

**Fíor 25.2 An cion d'iniúchtaí randamacha a raibh toradh breiseann mar gheall orthu, 2008 go 2012 (suas le Márta 2013)**

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| An líon iniúchtaí a críochnaíodh | 399 | 398 | 390 | 380 | 294 |
| An líon iniúchtaí a raibh cáin bhreise ann mar thoradh orthu | 120 | 139 | 139 | 126 | 84 |
| Ná cásanna a raibh cáin bhreise ann mar thoradh orthu mar % de chásanna críochnaithe | 30% | 35% | 36% | 33% | 29% |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

**25.9** I dtosach, dírítear iniúchtaí randamacha ar bhliain chánach áirithe ar a dtugtar an bhliain bhunaidh.[1] I gcás go n-aimsítear neamhchomhlíonadh, áfach, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim tuairisceáin chánach do bhlianta is luaithe a athbhreithniú freisin agus d'fhéadfadh an toradh iniúchóireachta a bheith níos airde ina leith sin. Déantar idirdhealú sna torthaí a thuairiscítear idir toradh iniúchóireachtasa bhliain bhunaidh agus i mblianta eile (féach Fíor 25.3). Ar an meán, bhí an bhliain bhunaidh thart ar 42% den toradh iomlán le haghaidh iniúchtaí a tionscnaíodh sna blianta 2008 go 2011.

**Fíor 25.3 Toradh iniúchóireachta[a] ó iniúchtaí randamacha, 2008 go 2012 (suas le Márta 2013)**

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| Toradh na bliana bunaidh (€000) | 1,173 | 1,155 | 923 | 579 | 321 |
| An toradh le haghaidh blianta eile (€000) | 1,451 | 1,461 | 1,443 | 845 | 225 |
| An toradh iomlán (€000) | 2,624 | 2,616 | 2,366 | 1,424 | 546 |
| An meántoradh le haghaidh na n-iniúchtaí uile a críochnaíodh | €6,600 | €6,600 | €6,100 | €3,700 | €1,900 |
| An meántoradh in iniúchtaí a raibh cáin bhreise ann mar thoradh orthu | €22,000 | €18,800 | €17,000 | €11,300 | €6,500 |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Áirítear leis an toradh cáin, ús, pionóis agus formhuirir.

**25.10** Ag deireadh Mhárta 2013, bhí an clár iniúchta randamach don bhliain 2012 díreach faoi bhun 75% críochnaithe. Léirigh an taithí i mblianta roimhe sin go méadaítear ar an meántoradh ó iniúchtaí randamacha de réir mar a chríochnaítear níos mó iniúchtaí mar tógann sé níos faide na cásanna ardluacha a chríochnú. Léiríonn na torthaí ó chlár 2008 go 2012

- gur méid idir €6,100 agus €6,600 an meántoradh ó na hiniúchtaí go léir a críochnaíodh
- nuair nach ndéantar cásanna nach bhfuil aon toradh ann mar gheall orthu a áireamh, bhí an meántoradh idir €17,000 agus €22,000.

**25.11** Déantar comparáid i bhFíor 25.3 idir an stádas maidir le hiniúchtaí a chríochnú do na blianta go léir amhail ag Márta 2013. Taispeánann Fíor 25.4 an toradh a bhí ar chláir iniúchóireachta randamacha ó 2008 go 2011 ag an gcéim chéanna sa tsraith, i.e. 15 mhí tar éis dheireadh bhliain an chláir.

1 Díríodh na hiniúchtaí a críochnaíodh mar chuid de chlár 2011 ar athbhreithniú ar thuairisceáin chánach 2009.

**Fíor 25.4 Clár iniúchta randamach, 2008 go 2011 (toradh iniúchóireachta[a] amhail ag 15 mhí tar éis dheireadh bhliain an chláir)**

| | 2008<br>Márta 2010 | 2009<br>Márta 2011 | 2010<br>Márta 2012 | 2011<br>Márta 2013 |
|---|---|---|---|---|
| An líon iniúchtaí a críochnaíodh | 383 | 361 | 370 | 380 |
| Toradh na bliana bunaidh (€000) | 1,145 | 868 | 818 | 579 |
| An toradh le haghaidh blianta eile (€000) | 1,330 | 1,086 | 1,228 | 845 |
| An toradh iomlán (€000) | 2,475 | 1,954 | 2,046 | 1,424 |
| An meántoradh le haghaidh na n-iniúchtaí go léir a críochnaíodh | €6,500 | €5,400 | €5,500 | €3,700 |
| An meántoradh i gcás iniúchtaí a raibh cáin bhreise ann mar thoradh orthu | €21,500 | €16,200 | €16,000 | €11,300 |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Folaíonn an toradh cáin, ús, pionóis agus formhuirir.

**25.12** Taispeántar i bhFíor 25.3 go raibh an meántoradh de réir cáis do chlár 2011 thart ar an tríú cuid níos lú ná cláir 2009 agus 2010 ag an bpointe céanna i sraith an chláir iniúchóireachta agus 43% níos lú ná clár 2008. Tugtar le tuiscint leis an méid sin go bhfuil toradh níos ísle ann i gcás na gclár is déanaí.

### *Meastachán a Dhéanamh ar an mBearna Iniúchóireachta*

**25.13** Tig le hanailís ar thoradh clár iniúchta randamaí dea-dheartha bunús seasmhach a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim chun luacháil a dhéanamh ar an mbearna iniúchóireachta fhoriomlán. D'fhonn meastachán a dhéanamh ar an mbearna, is gá toradh cánach breise ó iniúchtaí randamacha a chur i gcomparáid leis an dliteanas bunaidh a dhearbhaigh an cáiníocóir. Ní dhearna na Coimisinéirí Ioncaim an fhaisnéis sin a thiomsú roimh Iúil 2012. Ó Iúil 2012 i leith, déantar luach na cánach ganndearbhaithe agus an dliteanas bunaidh a thaifeadadh i ndáil leis na cásanna go léir a iniúchtar mar chuid den chlár iniúchóireachtafánaí.

**25.14** D'fhonn meastachán a dhéanamh ar an mbearna iniúchóireachta, rinneadh comparáid sa scrúdú idir an dliteanas bunaidh dearbhaithe agus an toradh cánach iniúchóireachta do na 380 iniúchadh chríochnaithe ó chlár iniúchóireachtafánaí 2011 (féach Fíor 25.5). Is iad seo a leanas príomhthorthaí na hanailíse

- rinne níos mó ná an tríú cuid de na cáiníocóirí a roghnaíodh go randamach a gcuid cánacha a ghanníoc.
- meastar gurb é 3.1% den dliteanas an bhearna cánach don bhliain bhunaidh (2009).

**Fíor 25.5 Rátaí maidir le comhlíonadh ar thaobh cáiníocóirí bunaithe ar chlár iniúchóireachta fánaí 2011**

| | An tIomlán |
|---|---|
| An líon cásanna a críochnaíodh | 380 |
| An dliteanas iomlán sa bhliain bhunaidh | €14,935,144 |
| An méid cánach sa bhliain bhunaidh mar gheall ar iniúchadh[a] | €464,819 |
| An cion de cháin ghanndearbhaithe sa bhliain 2009 | 3.1% |

Foinse: Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Ní áirítear ús ná pionóis sa cháin bhreise sa bhliain bhunaidh.

**25.15** Rinneadh meastachán ar an mbearna iniúchóireachta trí úsáid a bhaint as na 380 cás ina raibh iniúchtaí críochnaithe. D'fhéadfadh go n-athródh an meastachán sin tar éis na hiniúchtaí a chríochnú sna 20 cás atá fós ann sa chlár, mar léirigh an taithí i mblianta roimhe sin gur gnách go mbíonn na cásanna a shocraítear níos déanaí níos casta agus, go minic, go mbíonn méideanna arda ann mar thoradh orthu. Léireodh meastachán rialta a dhéanamh ar an mbearna iniúchóireachta an bhfuil leibhéal an ioncaim nach ndearbhaítear ag athrú le himeacht aimsire.

## Cáiníocóirí nach gComhlíonann a nDliteanais a Bhrath

**25.16** Úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim roinnt nósanna imeachta chun cáiníocóirí cláraithe a aithint a bhfuil an baol ann go ndéanann siad ganndearbhú ar a ndliteanas. Áirítear orthu sin

- tuairisceáin chánach a scagadh le hais na norm earnálach agus gnó
- meaitseáil sonraí maidir le faisnéis atá ar seilbh i dtaifid na gCoimisinéirí Ioncaim féin chun neamhréireachtaí dealramhacha a aithint
- sonraí tríú páirtí a úsáid
- eolas áitiúil nó earnálach a úsáid
- tuarascáil maidir le hirdirbhearta amhrasacha.[1]

**25.17** Déantar cásanna ina bhfuil baol níos mó ann go ndéanfar ganndearbhú a imscrúdú trí sheiceálacha neamhiniúchóireachta, ar aghaidh go dtí iniúchadh níos déine ar thaifid na gcáiníocóirí faoi threoir na dtuairisceán cánach a cuireadh isteach nó trí imscrúdú speisialta.[2] D'fhéadfadh cáin bhreise agus ús ar íoc déanach a thobhach mar thoradh ar aon cheann díobh sin agus, i roinnt cásanna, smachtbhannaí sibhialta nó coiriúla a fhorchur.

### *Idirghabhálacha Neamhiniúchóireachta*

**25.18** In ionad dul ar aghaidh láithreach le próisis chostasacha iniúchóireachta i ngach cás ina ndearna na Coimisinéirí Ioncaim baol dliteanas ganndearbhaithe a aithint, ar dtús, déanann siad iarracht ráthaíocht a fháil go ndéanann custaiméir a dhliteanais nó a dliteanais a chomhlíonadh i gcoitinne trí idirghabhálacha neamhiniúchóireachta a úsáid. Is é atá i gceist le hidirghabhálacha neamhiniúchóireachta doiciméadacht a fhíorú agus faisnéis bhreise a iarraidh d'fhonn aghaidh a thabhairt ar bhaol sonrach arna aithint ag na Coimisinéirí Ioncaim. Is féidir leis na nithe seo a leanas a bheith san áireamh

- scrúdú a dhéanamh ar dhearbhuithe custam

1 Faoin Acht um Cheartas Coiriúi, 1994 (arna leasú), ceanglaítear ar chomhlachtaí ainmnithe é a thuairisciú don Gharda Síochána agus do na Coimisinéirí Ioncaim i gcás go bhfuil amhras orthu go bhféadfadh go ndearnadh cion sciúrtha airgid. Tugtar tuarascálacha maidir le hidirbhearta amhrasacha ar na tuarascálacha sin.

2 Dhá shampla d'imscrúduithe speisialta is ea imscrúduithe DIRT agus imscrúduithe maidir le cistí eischósta.

- cruinneas éileamh aisíocaíochta CBL a fhíorú
- leanúint ar aghaidh le saincheisteanna a éiríonn as tuarascálacha maidir le hidirbhearta amhrasacha
- éilimh ar chreidmheas agus aisíoc cánach ÍMAT agus seiceálacha ar neamhdhearbhú ionchasach foinsí ioncaim breise
- seiceálacha incháilitheachta le haghaidh scéimeanna nochta.

**25.19** Is féidir go ndéanfaí cáin bhreise a thobhach mar thoradh ar idirghabhálacha neamhiniúchóireachta mar gheall ar fhiosrúcháin, nó mar gheall ar an gcás a fhormhéadú le haghaidh iniúchadh iomlán. Taispeántar i bhFíor 25.6 líon na n-idirghabhálacha neamhiniúchóireachta a rinneadh in 2012 agus an cion díobh ina raibh toradh breise ann mar gheall orthu.

**Fíor 25.6 Idirghabhálacha neamhiniúchóireachtaag na Coimisinéirí Ioncaim agus na torthaí orthu, 2012**

| | **An tIomlán** |
|---|---|
| An líon idirghabhálacha a rinneadh | 528,755 |
| An cion de na hidirghabhálacha a raibh toradh orthu | 7% |
| **An toradh iomlán (€m)** | **133** |
| An meántoradh de réir gach cás a raibh toradh ann | €3,585 |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

### *Iniúchtaí Atá Bunaithe ar Riosca*

**25.20** Bíonn scrúdú ar thuairisceáin chánach, ar dhearbhuithe dliteanais, ar éilimh ar aisíocaíochtaí agus ar chomhlíonadh reachtaíochta cánach ag cáiníocóir i gceist in iniúchadh ag na Coimisinéirí Ioncaim.

**25.21** I dteannta an chláir iniúchóireachta fánaí atá acu, díríonn na Coimisinéirí Ioncaim ar chásanna lena n-iniúchadh ar roinnt bealaí, lena n-áirítear úsáid a bhaint as a gcóras Mheastóireacht Anailíse agus Próifílithe Riosca (REAP) lena ndéantar rangú coibhneasta ar cháiníocóirí, bunaithe ar roinnt fachtóirí riosca.[1] Féadfar cásanna a roghnú freisin ar chúiseanna eile, lena n-áirítear, mar shampla, faisnéis a sholáthraíonn tríú páirtithe nó nuair a dhírítear ar earnáil nó scéim áirithe le scrúdú a dhéanamh orthu.

**25.22** Rinne na Coimisinéirí Ioncaim 8,573 iniúchadh bunaithe ar riosca in 2012 agus ba é iomlán €355 mhilliún an toradh a bhí air sin (féach Fíor 25.7).

1 Is é atá in REAP córas próifíltihe riosca atá in úsáid ó 2008. Déantar rátáil leis ar cháiníocóirí, le hais a chéile, trí fhaisnéis a úsáid ó chórais eile de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim chomh maith le faisnéis ó thríú páirtithe amhail Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an Rialálaí Tacsaithe.

**Fíor 25.7 Gníomhaíocht iniúchóireachtana gCoimisinéirí Ioncaim agus táirgeacht, 2012**

| | Ceantair ioncaim | Rannán na Mórchásanna | Imscrúduithe Speisialta[a] | Na hiniúchtaí uile |
|---|---|---|---|---|
| Na hiniúchtaí a rinneadh[b] | 8,116 | 202 | 255 | 8,573 |
| An cion d'iniúchtaí a raibh toradh ann mar gheall orthu | 69% | 62% | 95% | 70% |
| **An toradh iomlán (€m)** | **270** | **56** | **29** | **355** |
| An meántoradh de réir gach cás a raibh toradh ann | €48,153 | €446,328 | €121,745 | €59,440 |
| An cás ina raibh an toradh ba mhó (€m) | 15.0 | 7.4 | 3.3 | |


Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nótaí: a Folaíonn sé imscrúduithe speisialta agus iniúchtaí a chríochnaigh an Rannán Imscrúduithe agus Ionchúiseamh atá ag na Coimisinéirí Ioncaim.

b Ní fholaíonn sé iniúchtaí Dleachta Stampa ná Cánach Fáltas Caipitiúil ná iniúchtaí a críochnaíodh faoi Chlár Iniúchóireachta Fánaí na gCoimisinéirí Ioncaim.

**25.23** Bhí claonadh anuas ann maidir leis an líon iniúchtaí bunaithe ar riosca a rinneadh, mar atá, bhí laghdú 34% orthu thar an tréimhse 2007 go 2012 (féach Fíor 25.8).Bhí laghdú thart ar 18% ann ar an meántoradh de réir cáis thar an tréimhse sin. Rinneadh méadú ar an meán le haghaidh ceantair Ioncaim a fhritháireamh le titim ar an meán le haghaidh imscrúduithe speisialta agus cásanna móra in 2012.

**Fíor 25.8 Iniúchtaí bunaithe ar riosca, 2007 go 2012**




Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.
Anailís: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

***Idirghabhálacha de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a Aicmiú***

**25.24** Tugtar faoi deara i gCaibidil 27, Comhshocraíochtaí Iniúchóireachta Cánach, go ndearnadh 20% de shampla de chásanna a athbhreithníodh a aicmiú ar an mbonn mícheart mar iniúchtaí nuair ba dhealraitheach gur idirghabháil neamhiniúchóireachta an t-aicmiú ceart. Bhí an toradh iniúchóireachta tuairiscithe sna cásanna sin thart ar 20% den toradh iomlán le haghaidh an tsampla.

**25.25** Léirítear leis an méid sin go bhféadfadh go ndearnadh an toradh tuairiscithe, ar €492 mhilliún é, ó idirghabhálacha in 2012 a aicmiú ar an mbonn mícheart idir idirghabhálacha iniúchóireachta agus neamhiniúchóireachta. D'fhéadfadh go ndearnadh áibhéil ar an líon iniúchtaí agus ar an toradh uathu agus go bhfuil gannlua comhréireach ann ar na sonraí maidir le hidirghabhálacha neamhiniúchóireachta.

**25.26** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go ndeirtear i dtreoracha oibríochta reatha na gCoimisinéirí Ioncaim gur cheart nochtaí nár spreagadh agus a chuirtear isteach d'éagmais idirghabháil maidir le comhlíonadh, agus a nglactar leo mar nochtaí a cuireadh isteach, a thaifeadadh mar idirghabhálacha neamhiniúchóireachta. Ós rud é nár eisíodh an treoir sin go dtí mí Iúil 2012, tá neamhréireacht ann ó thaobh na n-earnálacha éagsúla idirghabhálacha maidir le comhlíonadh ach ní dócha go ndearna an méid sin saobhadh ar an toradh foriomlán ó idirghabhálacha maidir le comhlíonadh. Sular eisíodh an treoir oibríochta sin, dhéanfaí nochtaí neamhspreagtha a aicmiú mar iniúchtaí.

## Neamhchomhlíonadh a Dhíspreagadh

**25.27** Is dócha nach ndéanfaí cáiníocóirí, a dhéanfadh a machnamh ar a dtuairisceáin chánach a mhoilliú nó gan a gcánacha dlite a íoc, a dhíspreagadh ó dhéanamh amhlaidh ach amháin má bhraitear go bhfuil na hiarmhairtí ar gan déanamh amhlaidh níos measa ná na buntáistí láithreacha. Le go mbeidh éifeacht dhíspreagthach inchreidte ann, is gá go mbeidh riosca mór ann go bhfaighidh na Coimisinéirí Ioncaim amach faoin neamhchomhlíonadh go tráthúil, agus go mbaileofaí go pras aon chánacha atá gan íoc, móide muirear úis. I gcásanna cuí, d'fhéadfadh pionóis mar gheall ar shárú oibleagáidí faoin gcód cánach, lena n-áirítear ionchúiseamh coiriúil i gcásanna tromchúiseacha, cur leis an éifeacht dhíspreagthach fhoriomlán. Úsáidtear foilsiú ainmneacha agus seoltaí daoine a mhainníonn a gcuid dliteanas cánach a íoc mar dhíspreagadh breise.

### *Cánacha Neamhíoctha Braite a Ghnóthú*

**25.28** Is féidir gurb é an toradh a bheadh ar iniúchadh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a thabhairt chun críche go ndéanfaí méideanna breise a thobhach i leith cáin ghanndearbhaithe, ús ar íoc déanach agus pionóis i ndáil le cionta éagsúla (mar shampla, díolacháin, ioncam fáltas nó gnóchain chaipitiúla neamhnochta). Tugtar méideanna toraidh iniúchóireachta nó comhshocraíochta cánach ar an méid iomlán a bhailítear nó a mheastar a bheith inbhailithe ón gcáiníocóir.

Maidir le comhshocraíochtaí iniúchóireachta

- is féidir iad a íoc go hiomlán nuair a dhéantar an t-iniúchadh
- is féidir iad a íoc ar bhonn céimnithe i gcás go bhfuil rochtain theoranta ag an gcáiníocóir ar chistí leachtacha agus go leanann sé nó nó sí d'ioncam a ghiniúint
- is féidir leo a bheith gan íoc i gcás go n-éilíonn an cáiníocóir nach bhfuil sé nó sí in ann íocaíocht a dhéanamh.

**25.29** Déantar athbhreithniú i gCaibidil 27 ar íoc comhshocraíochtaí iniúchóireachta cánach le haghaidh iniúchtaí a críochnaíodh sa tréimhse 2007 go 2012.Fuarthas amach, maidir leis an toradh, arb é €512 mhilliún é do na 167gcás a ndearnadh athbhreithniú orthu, gur íocadh thart ar 84% de na méideanna comhshocraíochta faoi Mheán Fómhair 2013, go ndearnadh thart ar 1.6% a dhíscríobh agus go raibh 3.5% fós le híoc. Ní léir stádas an 11% eile ó thaifid na gCoimisinéirí Ioncaim agus tá an méid sin á athbhreithniú ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi láthair (Meán Fómhair 2013).

**25.30** Déantar scrúdú sa chaibidil freisin ar chaibidil comhshocraíochtaí iniúchóireachta agus fuarthas amach, sa chuid is mó de chásanna, gurb ionann an chomhshocraíocht agus an dliteanas a ríomh na Coimisinéirí Ioncaim. In dhá chás, áfach, bhí difríocht shuntasach ann idir an dliteanas a ríomh na Coimisinéirí Ioncaim agus méid na comhshocraíochta. Sa dá chás, bhí an chomhshocraíocht go suntasach níos ísle ná an dliteanas measúnaithe bunaidh.

***Pionóis Shibhialta***

**25.31** Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim pionóis shibhialta a chur i bhfeidhm mar gheall ar mhainneachtain tuairisceáin P35 nó CBL a chomhdú nó mar gheall ar chionta cánach éagsúla a bhfaightear amach fúthu ar iniúchadh. Taispeántar líon agus luach na bpionós sibhialta a forchuireadh in 2011 agus 2012 i bhFíor 25.9. B'ionann pionóis a cuireadh i bhfeidhm mar gheall ar iniúchadh in 2012 agus 10% den toradh iniúchóireachta cánach iomlán. Bhí an cion sin i gcomhréir leis an meán do na blianta 2008 go 2011.

**25.32** In 2012, forchuireadh pionóis i mbeagnach 60% de na cásanna inar cinneadh dliteanais toraidh mar gheall ar iniúchtaí.

**Fíor 25.9 Pionóis shibhialta a forchuireadh i gcásanna a bhain le neamhchomhlíonadh, 2011 agus 2012**

| | 2012 | | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | **Neamhchomhdú tuairisceán P35 agus CBL** | **Pionóis a forchuireadh mar thoradh ar iniúchadh** | **An tIomlán** | **An tIomlán** |
| An líon cásanna | 717 | 3,438 | 4,155 | 4,728 |
| Luach na bpionós sibhialta a forchuireadh (€ m) | 2.8 | 26.1 | 28.9 | 35.9 |
| An meánphionós sibhialta a forchuireadh | €4,000 | €7,590 | €6,950 | €7,590 |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

***Mionsonraí na nDaoine nach gComhlíonann a gCuid Dliteanas a Fhoilsiú***

**25.33** Foilsítear mionsonraí maidir le comhshocraíochtaí iniúchóireachta i gcás go nglacann na Coimisinéirí Ioncaim le suim is mó ná €33,000 i gcomhshocraíocht ar aon dliteanas breise i leith cánach, úis agus pionós. Ní fhoilsítear cásanna i gcás go nglactar le nochtadh spreagtha nó neamhspreagtha ná nuair is lú an chomhshocraíocht ná €33,000 ná nuair nach mó an pionós ná 15% den cháin atá dlite ar deireadh.

**25.34** Mar a thaispeántar i bhFíor 25.10, bhí méadú mór ann (32%) in 2012 ar an líon cásanna foilsithe, agus méadú comhréireach ann ar an toradh gaolmhar.

**Fíor 25.10 Cásanna a bhain le neamhchomhlíonadh agus a foilsíodh, 2008 go 2012**

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| An líon cásanna | 401 | 356 | 305 | 366 | 483 |
| An toradh iomlán (€m) | 75 | 97 | 68 | 76 | 98 |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: Tá na méideanna toraidh bunaithe ar chomhshocraíochtaí agus ní léiríonn siad méideanna a bailíodh.

***Imeachtaí Coiriúla Achoimre***

**25.35** Eascraíonn imeachtaí coiriúla achoimre i ndáil le neamhchomhdú tuairisceáin, agus cionta eile cánach, Máil agus Custam. Taispeántar i bhFíor 25.11 an líon iomlán ionchúiseamh achomair a tugadh chun críche agus na fíneálacha gaolmhara.

**25.36** I dteannta fíneálacha a fhorchur, forchuirtear pianbhreitheanna coimeádta freisin i roinnt cásanna. Mar shampla, in 2012, forchuireadh pianbhreitheanna coimeádta in 25 chás dena 509 gcás Máil agus Custam ina bhfuarthas ciontuithe achoimre. Rinneadh seacht gcinn (28%) de na pianbhreitheanna sin a fhionraí.

**Fíor 25.11 Ionchúisimh achoimre mar gheall ar chionta cánach, 2008 go 2011**

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| **An líon cásanna ionchúisimh:** | | | | | |
| Mar gheall ar mhainneachtain tuairisceáin a chomhdú | 1,052 | 1,199 | 1,380 | 1,217 | 1,045 |
| Mar gheall ar chionta Máil agus Custam | 455 | 535 | 509 | 497 | 509 |
| Mar gheall ar chionta cánach | 11 | 9 | 10 | 16 | 29 |
| | 1,518 | 1,743 | 1,899 | 1,730 | 1,583 |
| **Luach na bhfíneálacha a forchuireadh sa Chúirt:** | | | **€m** | | |
| Mar gheall ar mhainneachtain tuairisceáin a chomhdú | 2.3 | 3.0 | 4.0 | 2.8 | 3.1 |
| Mar gheall ar chionta Máil agus Custam | 0.6 | 0.8 | 1.1 | 1.1 | 1.0 |
| Mar gheall ar chionta cánach[a] | — | — | — | — | 0.1 |
| | 2.9 | 3.8 | 5.1 | 3.9 | 4.2 |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Ba lú ná €50,000 luach comhiomlánna bhfíneálacha a forchuireadh do gach bliain ó 2008 go 2011.

***Ionchúisimh mar gheall ar Imghabháil Cánach***

**25.37** Déantar cásanna a tharchur chuig Rannán Imscrúdaithe agus Ionchúisimh na gCoimisinéirí Ioncaim (IPD) lena n-imscrúdú d'fhonn ionchúiseamh coiriúil a dhéanamh i gcás go bhfuil fianaise prima facie ann go ndearnadh cionta tromchúiseacha. Déanann Coiste Iontrála meastóireacht bhreise ar chásanna sula dtosaítear ar obair imscrúdaithe atá dian ar acmhainní.

**25.38** D'fhéadfadh go dtógfadh sé roinnt blianta sula ndéanfaí cás a chur i láthair na Cúirte. Mar thoradh air sin, bíonn roinnt cásanna imghabhála tromchúiseacha ag na Coimisinéirí Ioncaim ag céimeanna éagsúla den phróiseas imscrúdaithe agus ionchúisimh (féach Fíor 25.12).

**Fíor 25.12 Stádas na gcásanna ionchúisimh idir lámha, 2009 go 2013 (Aibreán gach bliain)**

| Stádas na gcásanna ionchúisimh idir lámha: | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| Á n-imscrúdú | 61 | 50 | 69 | 87 | 101 |
| Le hoifig Aturnae na gCoimisinéirí Ioncaim | 11 | 14 | 12 | 23 | 41 |
| Arna gcur ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) | 10 | 9 | 3 | 1 | 2 |
| Ordacháin arna n-eisiúint ag anDPP lena n-ionchúiseamh | 15 | 26 | 33 | 23 | 17 |
| Os comhair na cúirte | 13 | 17 | 34 | 48 | 39 |
| Barántais binse/Barántais gabhála Eorpacha | — | — | — | — | 1 |
| **An líon iomlán cásanna oscailte** | **110** | **116** | **151** | **182** | **201** |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

**25.39** Taispeántar i bhFíor 25.13 an líon ciontuithe a fuarthas i gcásanna a cinneadh agus a bhí oiriúnach lena n-ionchúiseamh idir 2008 agus 2012 agus na pionóis ghaolmhara. Méadaíodh go mór ar an líon iomlán ciontuithe in 2012 agus bhí an cion de chiontuithe inar forchuireadh pianbhreith coimeádta (38%) cuid mhaith níos airde ná i mblianta eile.

**Fíor 25.13 Ionchúiseamh mar gheall ar imghabháil cánach thromchúiseach, 2008 go 2012**

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Na ciontuithe a fuarthas:** | | | | | |
| Cásanna a bhain le himghabháil cánach | 15 | 6 | 7 | 16 | 25 |
| Cásanna a bhaineann le himghabháil Máil agus Custam | 5 | 9 | 6 | 14 | 25 |
| Iomlán na gciontuithe | 20 | 15 | 13 | 30 | 50 |
| **Na Pionóis:** | | | | | |
| Luach na bhfíneálacha (€m) | 1.2 | 0.5 | 0.02 | 0.1 | 0.5 |
| Pianbhreith ar fionraí | 6[a] | 2 | 7 | 15 | 21 |
| Príosúnacht | 1 | 4[b] | 1 | 8 | 19 |

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nótaí:
a Forchuireadh seacht bpianbhreith ar fionraí in 2008, ach d'éirigh le hachomharc i gcás amháin díobh.
b Forchuireadh pianbhreitheanna príosúin i gcúig chás in 2009. D'éirigh le hachomharc i gcás amháin díobh sin, agus forchuireadh fíneáil €250 tar éis athbhreithniú breithiúnach.

## Conclúidí

**25.40** Taispeánadh go seasmhach le clár iniúchta randamach na gCoimisinéirí Ioncaim thar an tréimhse 2008 go 2012 go ndearna thart ar an tríú cuid de na cáiníocóirí a scrúdaíodh ganníocaíocht i leith a gcánach.

**25.41** Déantar caillteanais de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim i mbliain chánach mar thoradh ar neamhchomhlíonadh ag pearsana aonair agus gnóthaí atá cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim a thomhas leis an mbearna iniúchóireachta. Ní tháirgeann na Coimisinéirí Ioncaim meastacháin ar mhéid na bearna iniúchóireachta. Léiríonn toradh chláir iniúchóireachta fánaí na gCoimisinéirí Ioncaim gur thart ar 3.1% an bhearna iniúchóireachta sa bhliain 2009.

**25.42** Léiríonn torthaí iniúchtaí dírithe na gCoimisinéirí Ioncaim go bhfuil a gcuid oibre dea-dhírithe. Bíonn toradh iniúchóireachta ann i níos mó ná dhá oiread an chiona d'iniúchtaí bunaithe ar riosca i gcomparáid le hiniúchtaí randamacha agus tá an meántoradh ó iniúchtaí bunaithe ar riosca cuid mhaith níos airde ná an meántoradh le haghaidh iniúchtaí randamacha freisin. Tugadh faoi deara gur thit leibhéal na n-iniúchtaí bunaithe ar riosca in 2012 de réir ráta thart ar 20% i gcomparáid le 2011.

**25.43** Cé go raibh an cion de cháiníocóirí nach gcomhlíonann a ndliteanas cánach a braitheadh in 2012 cosúil leis an gcion le blianta beaga anuas le haghaidh idirghabhálacha randamacha agus dírithe araon, thuairiscigh na Coimisinéirí Ioncaim go raibh roinnt méaduithe ann ar smachtbhannaí a d'eascair as neamhchomhlíonadh ar thaobh cáiníocóirí. Áirítear orthu sin, méadú ar an líon cásanna a foilsíodh i gcás go ndearnadh comhshocraíochtaí iniúchóireachta, méadú ar an gcion de chásanna iniúchóireachta inar cuireadh pionóis i bhfeidhm agus méadú ar an líon ionchúiseamh a gabhadh de láimh mar gheall ar imghabháil cánach thromchúiseach.

**25.44** Tá tionchar freisin ar an éifeacht dhíspreagthach fhoriomlán ag cur chuige na gCoimisinéirí Ioncaim i leith comhshocraíochtaí iniúchóireachta a chaibidil agus a bhailiú.


**25.45** Bhí pianbhreith coimeádta ann mar thoradh ar chion ciontuithe mar gheall ar imghabháil cánach thromchúiseach a bhí go suntasach níos airde in 2012 i gcomparáid le blianta roimhe sin. Tá sé ró-luath a rá an mbeidh laghdú ar neamhchomhlíonadh mar gheall ar smachtbhannaí méadaithe.

# 26 Caillteanais Chánach Corparáide

**26.1** Dlífear Cáin Chorparáide ar chuideachtaí i leith an bhrabúis uile a éiríonn as ioncam nó gnóthachtálacha. I gcás go dtuairiscíonn cuideachta caillteanas trádála i dtréimhse chuntasaíochta, féadtar an caillteanais sin a úsáid le faoiseamh a fháil ó íocaíocht Chánach Corparáide ar bhealaí éagsúla mar atá leagtha amach i bhFíor 26.1.

**26.2** Ar feadh roinnt blianta roimh 2011, ní raibh luach carnach caillteanas ar fáil chun cur in aghaidh brabúis sa todhchaí san áireamh i dtuairisceáin Chánach Corparáide. Go dtí deireadh 2010 agus í sin san áireamh, ní raibh oibleagáid ar chuideachtaí caillteanas a dhearbhú ar a dtuairisceán ach sa bhliain inar gineadh an caillteanas. Ní raibh ceangal orthu aon chaillteanais neamhúsáidte a athdhearbhú i mblianta ina dhiaidh sin ach sa mhéid go mba mhian leo aon chuid de chaillteanais blianta eile a fhritháireamh in aghaidh brabús, an bhliain sin. D'ainneoin gur cuireadh mionsonraí caillteanas a thabhaigh cuideachta ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim go bliantúil, ní raibh taifead acu de luach carnach caillteanas a bhí ar fáil do chuideachtaí le fritháireamh sa todhchaí. Rinne siad méid na gcaillteanas neamhúsáidte a bhí ar fáil le tabhairt ar aghaidh go blianta sa todhchaí a ríomh agus úsáid á baint as an eolas a bhí ar fáil agus as meastacháin leibhéil na gcaillteanas a úsáideadh maidir le grúp-fhaoiseamh.[1]

**Fíor 26.1 Faoiseamh caillteanais Chánach Corparáide**





Nóta: a I gcás go n-éiríonn cuideachta as an trádáil agus go dtuairiscíonn caillteanas sa dá mhí dhéag dheireanach trádála, féadtar an caillteanas seo a thabhairt siar agus a úsáid le hioncam trádála a laghdú den trádáil chéanna sna trí bliana roimhe sin.

1 Forálann Alt 411 den Acht Comhdhlúite Cánach 1997 do chóras faoisimh do chaillteanais trádála faoinar féidir caillteanas baill amháin de ghrúpa a fhritháireamh in aghaidh brabús ó bhall eile den ghrúpa.

## Treocht i gCaillteanais ar Fáil chun a Fhritháireamh

**26.3** Leagtar amach an treocht i gcaillteanais mheasta a tugadh ar aghaidh ó thréimhse cuntasaíochta roimhe sin agus caillteanais fhógartha a tabhaíodh sna tréimhsí cuntasaíochta 2007 go 2011 i bhFíor 26.2.

**Fíor 26.2 Treocht i gcaillteanais ar aghaidh agus caillteanais tabhaithe, 2007 go 2012**[a,b]




Foinse: Tuairisceáin Chánach Corparáide do thréimhsí cuntasaíochta dar críoch idir 2007 agus 2011.

Nótaí: a Caillteanais amháin, níl liúntais chaipitiúla san áireamh

b Is iad caillteanais 2012 ar aghaidh na caillteanais mheasta neamhúsáidte ag deireadh 2011.

**26.4** Bhí caillteanais a tabhaíodh in 2011 thart ar 30% níos ísle ná in 2010 ag beagán sa bhreis ar €31 billiún. Titim ghéar ar chaillteanais a tabhaíodh san earnáil airgeadais agus árachais an phríomhchúis leis seo. Ach ina dhiaidh sin, b'ionann caillteanais san earnáil sin, áfach, agus breis agus 75% de na caillteanais uile a tuairiscíodh in 2011.

**26.5** Ag deireadh 2010, rinne na Coimisinéirí Ioncaim meastachán go raibh thart ar €119 billiún caillteanas a bhí fanta gan úsáid. Ach bhí caillteanais tuairiscithe a tugadh chun cinn ar na tuairisceáin Chánach Corparáide do 2011 €37 billiún níos airde ag €156 billiún. Eascraíonn cuid shuntasach den mhéadú ar chaillteanais tugtha ar aghaidh de bharr céimeanna a thóg na Coimisinéirí Ioncaim chun cáilíocht a gcuid eolais faoi chaillteanais a fheabhsú. Bhí na Coimisinéirí Ioncaim rannpháirteach le roinnt de na cuideachtaí is mó a rinne caillteanais chun a chinntiú go raibh sonraí ar chaillteanais charnacha á dtabhairt ar aghaidh ina dtuairisceáin do 2010. Ina theannta, tá leasú déantar ar fhormáid an tuairisceáin Chánach Corparáide do 2011 agus do bhlianta todhchaí chun a cheangal ar gach cuideachta a caillteanais charnacha a chur san áireamh.

**26.6** In 2011, bhí iomlán €205 billiún ar fáil chun a fhritháireamh in aghaidh brabúis (2010: €141 billiún). Chuimsigh sé seo

- caillteanais de €156 billiún a tugadh ar aghaidh
- caillteanais de €31 billiún a tabhaíodh in 2011
- liúntais chaipitiúla arbh ionann agus €18 billiún.

**26.7** Agus eolas á úsáid a fuarthas ó thuairisceáin Chánach Corparáide 2011, measann na Coimisinéirí Ioncaim gur úsáideadh thart ar €22.7 billiún de chaillteanais agus de liúntais chaipitiúla chun méid na Cánach Corparáide iníoctha le haghaidh 2011 nó do thréimhsí níos luath a laghdú.[1] D'fhág sé seo go raibh laghdú de €2.8 billiún measta ar fháltais Chánach Corparáide.

**26.8** Measann na Coimisinéirí Ioncaim go raibh €165 billiún caillteanas agus €18 billiún de liúntais chaipitiúla fanta gan úsáid ag deireadh 2011 agus tá siad ar fáil le tabhairt ar aghaidh sna blianta todhchaí. Braitheann a mhéid is a bheidh tionchar ag na caillteanais ar fháltais todhchaí Cánach Corparáide ar na brabúis todhchaí a rinne na cuideachtaí a bhfuil na caillteanais á n-iompar acu.

## Caillteanais Earnálacha agus Liúntais Chaipitiúla

**26.9** Is ionann trí earnáil den gheilleagar agus 77% de na caillteanais agus na liúntais chaipitiúla atá ar fáil chun tabhairt ar aghaidh ag deireadh 2011 agus is ionann ceithre earnáil agus 16% eile. Leagtar amach mionsonraí na gcaillteanas agus na liúntas caipitiúla a bhí ar fáil agus a úsáideadh in 2011 agus nár úsáideadh i ndeireadh 2011 de réir earnála i bhFíor 26.3.

**Fíor 26.3 Meastachán caillteanas agus liúntas caipitiúla ar fáil, úsáidte agus neamhúsáidte ag deireadh na bliana, 2011**

| Earnáil | Caillteanais ar fáil 2011[a] | Úsáidte in 2011 | | Caillteanais chun cinn 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | € bn | €bn | % | €bn |
| Gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais | 116.3 | 4.5 | 4% | 111.8 |
| Gníomhaíochtaí riaracháin agus seirbhíse tacaíochta | 23.1 | 5.7 | 25% | 17.4 |
| Foirgníocht | 12.0 | 0.9 | 8% | 11.1 |
| Eolas agus cumarsáid | 9.8 | 1.3 | 13% | 8.5 |
| Déantúsaíocht | 13.2 | 5.1 | 39% | 8.1 |
| Iompar agus stóras | 8.0 | 1.1 | 14% | 6.9 |
| Trádáil mhórdhíola agus miondíola | 8.1 | 1.5 | 19% | 6.6 |
| Eile[b] | 14.7 | 2.6 | 18% | 12.1 |
| **Iomlán** | **205.2** | **22.7** | **11%** | **182.5** |

Foinse: Tuairisceáin Chánach Corparáide 2011

Nótaí: a Áirítear anseo caillteanais a tugadh ar aghaidh, caillteanais agus liúntais chaipitiúla na bliana reatha.


b Sé earnáil sa chatagóir 'eile' is cúis le thart ar €12 billiún de na caillteanais atá ar fáil chun a fhritháireamh in 2011 - seirbhísí gairmiúla, eastát réadach, cóiríocht, leictreachas agus gás, gnó talmhaíochta agus mianadóireacht.

**26.10** Is líon beag go leor íocóirí cánach faoi ndear céatadán mór den €205 billiún de chaillteanais agus liúntais chaipitiúla atá ar fáil chun a fhritháireamh in 2011 in aghaidh Cánach Corparáide, mar a léirítear i bhFíor 26.4. Léiríonn anailís de na hiarmhéideanna seo gur 24 cás is cúis le €116 billiún nó 57% den iomlán.

1 Fritháiríodh beagnach €0.6 billiún de chaillteanais in aghaidh cánach ó bhlianta roimhe

- Bhí comhchaillteanais agus liúntais chaipitiúla arbh ionann iad agus beagnach aon trian den iomlán a bhí ar fáil in 2011 (€67 billiún) ag cúig institiúid a bhí rannpháirteach sa Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA).[1] Tá an ráta ag ar féidir na caillteanais d'institiúidí atá páirteach i NAMA a úsáid, srianta.[2]
- Bhí chomhchaillteanais agus liúntais chaipitiúla ar fáil ag 19 cuideachta eile in 2011 arbh fhiú €49 billiún iad. Bhain €31 billiún díobh seo le seacht gcuideachta san earnáil airgeadais agus árachais.

**Fíor 26.4 Caillteanais agus liúntais chaipitiúla ar fáil don fhritháireamh, 2011**




Foinse: Tuairisceán Cánach Corparáide 2011

## Conclúidí

**26.11** D'fhág caillteanais agus liúntais a úsáideadh in 2011 go raibh laghduithe measta €2.8 billiún i bhfáltais Chánach Corparáide.

**26.12** Cuireadh mionsonraí caillteanas a thabhaigh cuideachtaí ina dtuairisceáin bhliantúla Chánach Corparáide roimh 2011 ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim, ach ní raibh taifead acu de luach carnach caillteanas a bhí ar fáil do chuideachtaí lena fhritháireamh sa todhchaí. Tugadh aghaidh air seo trí athrú a chur ar an bhfoirm tuairisceáin do Cháin Chorparáide in 2011 a cheangal ar chuideachtaí eolas níos iomláine a chur ar fáil ar na caillteanais a tugadh chun cinn ó thréimhsí cuntasaíochta níos luaithe. Ag éirí as an athrú ar an bhformáid, tá eolas níos fearr anois ag na Coimisinéirí Ioncaim le húsáid i réamhthuar agus i bpleanáil chánach.

**26.13** Mheas na Coimisinéirí Ioncaim gurb ionann méid na gcaillteanas agus na liúntas caipitiúla a bhí ar fáil do chuideachtaí mar fhaoiseamh in aghaidh íocaíochta Cánach Corparáide in 2012 agus i dtréimhsí níos deireanaí, agus thart ar €183 billiún. Tá na caillteanais agus na liúntais atá ar fáil don fhritháireamh comhchruinnithe go dlúth i líon beag cuideachtaí. Ba chóir go gcuideodh athbhreithniú mionsonraithe na gcásanna seo leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an Roinn Airgeadais agus tionchar dóchúil na gcaillteanas ar fháltais chánach todhchaí á mheas.

1 Chumascadh dhá cheann d'institiúidí NAMA sa Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc Teo. a chuaigh faoi leachtú i Feabhra 2013. Nuair atá an leachtú tugtha chun críche ní bheidh aon chaillteanais atá fanta neamhúsáidte ann níos mó.

.2 Leasaigh an tAcht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (Acht NAMA) 2009 an tAcht Comhdhlúite Cánach 1997 chun úsáid caillteanas institiúidí rannpháirtíochta a shrianadh i dtréimhsí cuntasaíochta ag tosú tar éis gur ritheadh Acht NAMA. Is é an t-uasmhéid caillteanas ar féidir a úsáid i ngach tréimhse ná leath de na brabúis trádála barrachais ghrúpa thar caillteanas trádála grúpa don tréimhse sin, sa chaoi go mbeidh íosmhéid 50% de bhrabúis trádála grúpa fanta inmhuirir do cháin i ngach tréimhse.

# 27 Socraíochtaí Iniúchta Cánach

**27.1** Is cuid lárnach d'oibriúchán cánach agus riarachán dualgas in Éirinn é an féinmheasúnú a dhéanann daoine aonair agus cuideachtaí ar dhliteanais cánach. Éilítear ar cháiníocóirí torthaí iomlána agus cruinn a chomhdú agus íocaíochtaí cánach gaolmhara a dhéanamh de réir spriocdhátaí reachtúla. Féadfaidh cáiníocóirí aisíocaíochtaí cánach a éileamh freisin ar bhonn féinmheasúnaithe.

**27.2** Mar chuid den chur chuige i leith comhlíonadh deonach a chur chun cinn ó thaobh oibleagáidí cánach agus dualgas agus chun neamhchomhlíonadh a bhrath agus a dhíspreagadh, feidhmíonn na Coimisinéirí Ioncaim dhá chlár iniúchta

- iniúchtaí spriocdhírithe ina roghnaítear cásanna ar bhonn próifílithe riosca agus
- iniúchtaí ar chásanna a roghnaítear go randamach.

**27.3** Tugtar achoimre ar phróiseas iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim i bhFíor 27.1

**27.4** Déantar iniúchtaí na gCoimisinéirí Ioncaim de réir riachtanas reachtaíochta, an Achta Comhdhlúite Cánacha, 1997 go príomha, agus an Chóid Chleachtais d'Iniúchadh Ioncaim (Cód Cleachtas).-

## Fócas an Imscrúdaithe


**27.5** Is ar shocraíochtaí iniúchta atá fócas an imscrúdaithe.[1] Le linn iniúchtaí a bheith á bpleanáil agus á ndéanamh, éilítear ar Oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim breithiúnas a chleachtadh i roinnt réimsí. Áirítear leo sin, meastachán ar dhliteanas atá dlite (más ann dó) agus an méid úis agus pionós atá le cur i bhfeidhm ar shocraíochtaí a dhéantar le cáiníocóirí tar éis iniúchta de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá cáiníocóirí i dteideal ionramháil cothrom agus cóir ó na Coimisinéirí Ioncaim agus ba chóir go mbeadh fianaise chuí i dtaca le comhaid iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim chun tacú le breithiúnais a dhéantar.

**27.6** Ba iad seo a leanas cuspóirí an athbhreithnithe

- socraíochtaí iniúchtaí a thángthas orthu a athbhreithniú lena chinntiú cibé an bhfuil an bunús do shocraíochtaí soiléir agus gur ceadaíodh na socraíochtaí ag an leibhéal cuí sna Coimisinéirí Ioncaim
- an mhéid ar cuireadh ús agus pionóis i bhfeidhm ar shocraíochtaí iniúchta a tugadh chun críche in 2012 a mheas
- an méid ar chomhlíon cáiníocóirí oibleagáidí íocaíochta tar éis socraíochtaí iniúchta a athbhreithniú.

1 Áirítear leis an téarma sócraíocht dliteanais, a comhaontaíodh idir na Coimisineirí Ioncaim agus cáiníocóirí, dliteanais arna gcinneadh ag na Coimisinéirí Achomhairc nó ag na cúirteanna.

**Fíor 27.1 Próiseas iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim**




1 Rangaítear iniúchtaí mar iniúchtaí críochnaithe tráth a ndúntar an comhad iniúchta agus a n-íoctar an dliteanas a tháinig chun cinn as an iniúchadh nó a gcuirtear ar aghaidh an dliteanas sin chuig an Ard-Bhailitheora lena bhailiú.

2 Tá údaras ag bainisteoirí dúiche na gCoimisinéirí Ioncaim socraíochtaí suas go dtí €50,000 a cheadú; Rúnaithe Cúnta suas go dtí €100,000; agus ní mór cead na gCoimisinéirí Ioncaim a fháil do shocraíochtaí níos mó ná €100,000.

### *Sampla cásanna a imscrúdaíodh*

**27.7** Thuairiscigh na Coimisinéirí Ioncaim gur thug siad 9,066 cás iniúchta chun críche in 2012 lenar bhain toradh iomlán de €359 milliún agus meánthoradh in aghaidh an cháis de €39,600.[1]

**27.8** Mar chuid den imscrúdú, rinneadh athbhreithniú ar 45 cás iniúchta a raibh dúnta ag na Coimisinéirí Ioncaim in 2012. San áireamh ar na cásanna a roghnaíodh bhí na ceithre cás lenar bhain na socraíochtaí iniúchta is airde riamh in 2012 agus 41 cás a roghnaíodh go randamach as gach leibhéal ceadaithe socraíochta.[2]

**27.9** Léirigh athbhreithniú ar na comhaid gur taifeadadh naoi gcás (20% den sampla), lena n-áirítear ceann de na ceithre cás mór, go míchruinn mar idirghabháil iniúchta. Bhí toradh de €41.4 milliún, nó 11.5% ag baint le na 36 cás iniúchta, nó 11.5% den thoradh iomlán a tuairiscíodh in 2012. Tugtar achoimre ar thorthaí na 36 iniúchadh i bhFíor 27.2.

**Fíor 27.2 Torthaí as sampla na gcásanna iniúchta, 2012**

| Toradh | Líon | Cionroinn cásanna | Toradh Iniúchta € m |
|---|---|---|---|
| Iniúchadh a raibh socraíocht mar thoradh air | 28 | 78% | 39.9 |
| Éileamh aisíocaíochta nár ceadaíodh | 1 | 3% | 1.5 |
| Gan dliteanas | 7 | 19% | — |
| **Iomlán** | **36** | | **41.4** |

Foinse: Comhaid Iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim

## An Dliteanas a Cháinníochtú

**27.10** Éilítear le nósanna imeachta na gCoimisinéirí Ioncaim, gur chóir d'Iniúchóir na gCoimisinéirí Ioncaim, tráth a gcríochnaítear iniúchadh, an méid cánach, úis agus dliteanas atá dlite ag cáiníocóir a chainníochtú.

### *Nochtadh Spreagtha*

**27.11** Tar éis fógra a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim ar iniúchadh, féadfaidh cáiníocóirí céimeanna a ghlacadh chun a gcuid tuairisceán cánach a cheartú trí 'nochtadh spreagtha' a dhéanamh do na Coimisinéirí Ioncaim. Sa chás go ndéantar nochtadh spreagtha: nochtadh ar eolas iomlán a bhaineann le dliteanas cánach; i scríbhinn, agus lena mbeidh íocaíocht iomlán ar an gcáin nó dleacht agus ar ús ar bith dlite ar an íocaíocht dheireanach ina theannta nó socrú íocaíochta céimnitheach comhaontaithe a chomhlíonann nósanna imeachta socraithe tráthchoda na gCoimisinéirí Ioncaim, breithnítear é a bheith ina 'nochtadh incháilithe'.[1] Ar cheann de na himpleachtaí a bhaineann le nochtadh incháilithe bailí déantar pionóis a chuirtear i bhfeidhm ar mhainneachtain chánach a laghdú, lena n-áirítear foilsiú na sonraí sonraíochta a sheachaint.

**27.12** Fuair athbhreithniú ar 36 comhad amach go ndearnadh nochtaí spreagtha in 11 cás. Ní raibh ach ceithre cás ina raibh nochtaí incháilithe bailí iontu chomh maith le híocaíocht iomlán le hús san áireamh. Níor chomhlíon seacht de na 11 cás na critéir nochta incháilithe, go príomh mar gheall nár íocadh an dliteanas ag, ná thart ar, an am a rinneadh an nochtadh nó ní raibh socrú tráthchoda curtha i bhfeidhm.

1 Alt 1077E(I) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

### *An Dliteanas Cánach a Ríomh*

**27.13** Tráth a dtugtar iniúchadh chun críche, déanann an t-iniúchóir an dliteanas a chainníochtú i ndáil le cáin, ús agus pionóis, (más ann dóibh), agus tugtar cuireadh don cháiníocóir tairiscint socraíochta a dhéanamh i scríbhinn.[1] Mura dtagtar ar shocraíocht, cuireann iniúchóir na gCoimisinéirí Ioncaim tús le measúnú foirmiúil ar an dliteanas atá dlite. Tá sé de rogha ag an gcáiníocóir ansin an measúnú seo a achomharc. De gnáth, ní chuireann an t-iniúchóir tús le measúnú foirmiúil cánach ach ag an bpointe seo amháin, ar an mbunús go bhfuil ceart achomhairc ag an gcáiníocóir.[2] Breithníonn na Coimisinéirí Ioncaim go mbeadh sé róluath ag an bpointe seo muirear úis nó pionóis a ardú go dtí go gcinntear an muirear deiridh cánach ag an achomharc.

**27.14** I seacht gcinn de na 36 comhad iniúchta a athbhreithníodh, fuair iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim amach nach raibh aon dliteanas cánach breise dlite. Rinne an t-imscrúdú athbhreithniú ar na comhaid agus fuair go raibh conclúidí na gCoimisinéirí Ioncaim cuí bunaithe ar fhianaise ar na comhaid.

**27.15** Bhain cás eile le héileamh ar aisíocaíocht de chuid cáiníocóra. Níor cheadaigh na Coimisinéirí Ioncaim an t-éileamh do €1.5 milliún tar éis iniúchta agus fuair an t-imscrúdú amach go raibh seo cuí.

**27.16** Rinneadh na 28 cás a bhí fágtha a athbhreithniú d'fhianaise go raibh na socraíochtaí iniúchta a thángthas orthu ag breathnú réasúnach bunaithe ar an bhfianaise ar na comhaid agus gur comhaontaíodh na méideanna socraíochta ar bhunús ríomha de chuid iniúchóir na gCoimisinéirí Ioncaim ar dhliteanas an cháiníocóra, lena n-áirítear feidhmiú cuí úis agus pionós.

**27.17** Léirigh na comhaid gur thaifead iniúchóirí na gCoimisinéirí Ioncaim measúnú ar dhliteanas i gceithre cás as na cúig cás. De ghnáth, ní dhearnadh measúnuithe a thaifead i gcásanna a raibh luach níos ísle ag baint leo (féach Fíor 27.3).

**Fíor 27.3 Cainníochtú na gCoimisinéirí Ioncaim ar dhliteanas cánach**

| | Cionroinn cásanna | Cionroinn luachanna socraíochta |
|---|---|---|
| Dliteanas arna ríomh ag iniúchóir de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim[a] | 82% | 98% |
| Ríomh cáiníocóra nach raibh deimhnithe ag na Coimisinéirí Ioncaim | 11% | 1% |
| Gan fianaise ar ríomh dhliteanas | 7% | 1% |

Foinse: Comhaid iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Cásanna san áireamh ina rinne iniúchóir na gCoimisinéirí Ioncaim ríomh na gcáiníocóirí a bhailíochtú.

### *Ús agus Pionóis a Mhuirearú*

**27.18** Déanann an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 foráil do chur i bhfeidhm úis ar íocaíocht dheireanach cánach agus níl aon fhoráil ann le sin a mhaolú fiú tar éis nochtadh a chainníochtú.[3] Tá na rátaí úis infheidhme leagtha amach sna hAchtanna Airgeadais éagsúla.

1 Éilíonn an Cód Cleachtas in imthosca ina dhéantar dliteanas cánach a chainníochtú i nochtadh cainníochtaithe, ba chóir go ndéanfadh an t-iniúchóir ríomh an cháiníocóra a sheiceáil.

2 Eisíonn na Coimisinéirí Ioncaim fógra tuairime i gcásanna nach dtagtar ar shocrú leis an gcáiníocóir faoi leibhéal na bpionós iníoctha. Clúdaítear leis freisin cás ar bith ina ndéantar pionós a chomhaontú ach nach n-íoctar sin. Sna himthosca seo, cuireann Iniúchóir na gCoimisinéirí Ioncaim in iúl go foirmiúil an tuairim go bhfuil an pionós dlite agus cuireann sé an tuairim sin in iúl don cháiníocóir nó do ghníomhaire an cháiníocóra. Ní mór fógra tuairime a eisiúint sular féidir pionós a thabhairt os comhair cúirte.

3 Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, ailt 1080 go 1084.

**27.19** D'fhéadfadh pionóis a bheith iníoctha sa chás go mbeadh tuairisceáin chánacha neamhiomlán nó míchruinn agus sa chás nach mbeadh íocaíochtaí gaolmhara déanta in am trátha. I gcásanna ina mbíonn feidhm le pionóis, luann an Cód Cleachtais go ndéanann iniúchóir na gCoimisinéirí Ioncaim méid an phionóis, de gnáth, a ríomh agus a chomhaontú leis an gcáiníocóir. In imthosca nach dtagtar ar chomhaontú nó nach n-íoctar pionós comhaontaithe, cinneann an chúirt chuí an pionós infheidhme.[1] Cinntíonn roinnt fachtóirí an leibhéal pionós, más ann dóibh, lena n-áirítear

- cibé ar tharla an mhainneachtain cánach roimh nó tar éis 24 Nollaig 2008
- cibé an ndearna an cáiníocóir nochtadh incháilithe (íocaíocht ar mhéideanna dlite san áireamh)
- an chatagóir mainneachtana m.sh. iompar míchúramach nó in aon turas
- cibé an gcomhoibríonn cáiníocóir leis na Coimisinéirí Ioncaim i rith iniúchta.

Tá sé de rogha ag na Coimisinéirí Ioncaim pionóis a mhaolú de suas go dtí uasmhéid de 50%. Ní bhíonn pionóis dlite in imthosca ina mbíonn cáin bhreise dlite mar gheall ar choigeartú teicniúil nó earráid neamhurchóideach a dhéantar a cheartú ag an gcéad sheans. I roinnt imthosca, d'fhéadfaí nach gcuirfí pionóis i bhfeidhm sa chás go maíonn cáiníocóir nár chaill an Stát aon ioncam mar gheall ar a dteip féin cloí le riachtanas chód cánach.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach in Iarscríbhinn A.

**27.20** Rinne an t-imscrúdú athbhreithniú ar an méid úis agus pionós a cuireadh i bhfeidhm i ndáil le gach iniúchadh a tugadh chun críche in 2012. Tá na torthaí leagtha amach i bhFíor 27.4.

**Fíor 27.4 Cionroinn na gcásanna torthaí in 2012 inar cuireadh ús agus pionóis i bhfeidhm, de réir réigiúin**

| | Líon cásanna | Ús agus pionóis a cuireadh i bhfeidhm | Ús agus pionóis nár cuireadh i bhfeidhm | Toradh Iomlán lena n-áirítear ús agus pionóis € 000 | Meánthoradh lena n-áirítear ús agus pionóis € 000 | Ús agus pionóis mar chionroinn den thoradh iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Aonaid Speisialta** | | | | | | |
| Rannóg Cásanna Móra | 127 | 55% | 45% | 57,771 | 455 | 6% |
| Rannóg Imscrúdaithe agus Ionchúiseamh | 192 | 95% | 5% | 17,688 | 92 | 55% |
| **Réigiúin** | | | | | | |
| Na Teorann Lár-Tíre agus an Iarthair | 1,940 | 78% | 22% | 83,024 | 43 | 20% |
| Baile Átha Cliath | 1,262 | 79% | 21% | 71,667 | 57 | 22% |
| Oirthear an Oirdheiscirt | 1,141 | 79% | 21% | 57,685 | 51 | 25% |
| Iardheisceart | 1,456 | 73% | 27% | 69,853 | 48 | 22% |
| **Iomlán** | **6,118** | | | **357,688** | **58** | **21%** |

Foinse: Anailís de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Níl 120 iniúchadh nach bhfuil taifeadta i gcóras bainistithe cásanna iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim san áireamh sa bhFíor. Is iniúchtaí Cánach Dleachta Stampa agus Fáltas Caipitiúil iad seo go príomha. Tá gach cás eile arna rangú ag na Coimisinéirí Ioncaim mar iniúchtaí torthaí san áireamh.

1 Do mhéideanna suas go dtí €6,350, is í an Chúirt Dúiche an chúirt chuí. Tá dlínse ag an gCúirt Chuarda do mhéideanna suas go dtí €38,092 agus ag an Ard-Chúirt do mhéideanna níos airde ná sin.

.

**27.21** Bhí an leibhéal úis agus pionóis a cuireadh i bhfeidhm i bhfad níos ísle ná mar a cuireadh i bhfeidhm sa Rannóg Cásanna Móra i gcomparáid leis na haonaid eile. Cuireadh ús agus pionóis i bhfeidhm ar líon níos ísle cásanna móra agus níorbh ionann iad agus 6% den thoradh.[1] Tá sin i gcomparáid le 21% d'iniúchtaí ag leibhéal réigiúnach.

***Ús agus pionóis i gcásanna samplacha***

**27.22** Rinne an t-imscrúdú athbhreithniú freisin ar chur i bhfeidhm úis agus pionós sna 28 cás iniúchta inar rinneadh socraíochtaí.

*Ús a Mhuirearú*

**27.23** Ba ionann an t-ús a cuireadh i bhfeidhm i 24 cás agus thart ar €1.1 milliún. Rinneadh an t-ús a ríomh arís chun a chinneadh cibé an raibh na méideanna a mhuirearadh ceart, bunaithe ar an tréimhse ar chóir go mbeadh an cáin íoctha mar aon leis na rátaí úis infheidhme. Léirigh na torthaí seo a leanas

- Bhí an t-ús a muirearadh i 21 cás ceart.
- I dtrí chás, bhí na méideanna úis arna mhuirearú ag na Coimisinéirí Ioncaim, ar an meán, cothrom le dhá thrian den mhéid a measadh a bheadh le muirearú ag an bhfoireann imscrúdaithe. Is thart ar €21,000 a bhí an gearrmhuirear úis iomlán do na cásanna seo.

**27.24** I dhá chás, comhaontaíodh méideanna socraíochta babhta le cáiníocóirí. Áiríodh orthu sin dhá chás mór a himscrúdaíodh.

- I gcás amháin, bhí méid neamhshonraithe i ndáil le hús (féach Cás Staidéir A) san áireamh le méid socraíochta de €8 milliún
- Sa chás eile, rinne na Coimisinéirí Ioncaim an t-socraíocht bhabhta de €15 milliún idir cáin dlite (€9.7 milliún) agus ús (€5.3 milliún) ina chuid taifead a dheighilt go dírialta (féach Cás Staidéar B).

**27.25** Thaifead na comhaid Coimisinéirí Ioncaim gur cuireadh ús i bhfeidhm i dhá chás

- I gcás amháin, ba ionann méid na sonraíochta agus €7.3 milliún ach níor cuireadh aon ús i bhfeidhm. Ríomh an t-imscrúdú gurbh ionann an t-ús a bhí dlite sa chás seo agus €570,000 (féach Cás Staidéir C).
- Is sonraíocht de bheagnach €690,000 a bhí sa dara cás. Ba ionann an t-ús dlite, ach nár muirearaíodh, sa chás seo agus thart ar €63,000.

*Forchur Pionós*

**27.26** Níor cuireadh pionóis i bhfeidhm in ocht gcás as na 28 cás. Fuair an t-imscrúdú amach go raibh neamhfheidhmiú pionós i dtrí gcinn de na cásanna seo cuí.

**27.27** Sna cúig chás a bhí fágtha, tháinig an fhoireann imscrúdaithe ar an gconclúid go bhféadfaí pionóis a chur i bhfeidhm ach nár cuireadh. Áiríodh leis sin trí as na ceithre chás a leagtar amach thíos. Sa dá chás eile, ina raibh dliteanais cánach iontu arbh ionann iad agus €385,000 agus €343,000, mheas an fhoireann imscrúdaithe gurbh ionann na pionóis nár toibhíodh agus thart ar €390,000.

1 Sainmhíníonn na Coimisinéirí Ioncaim cásanna móra mar chuideachtaí a bhfuil láimhdeachas de €162 milliún nó níos mó acu nó íocaíochtaí cánach a bhfuil níos mó ná €16 milliún sa bhliain. I gcás daoine aonair, déanann an Rannóg Cásanna Móra bainistiú ar na daoine sin a bhfuil glansócmhainní acu ar fiú níos mó ná €50 milliún iad, neamhchónaitheoirí le leasanna móra in Éirinn agus comhpháirtithe i gcleachtais mhóra cuntasaíochta agus dlí.

**27.28** Fuair an t-imscrúdú amach gur cuireadh pionóis i bhfeidhm i 20 cás (71%). Bhí na leibhéal pionóis a cuireadh i bhfeidhm ag teacht le riachtanais reachtaíochta agus leis an gCód Cleachtais i dtrí cheann déag de na cásanna seo.

**27.29** Sna seacht gcás a bhí fágtha inar cuireadh pionóis i bhfeidhm, fuair an t-imscrúdú amach go raibh na pionóis níos ísle ná an méid ar chóir a bheith muirearaithe de réir mar a bhí léirithe ar an gcáispéisíocht ar na comhaid.

- I dtrí chás, tugadh buntáiste do cháiníocóirí pionóis níos lú a íoc mar gheall go raibh nochtaí incháilithe déanta acu sular cuireadh tús le hiniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim ach fuair an t-imscrúdú amach nach raibh na nochtaí bailí mar gheall nár íocadh dliteanas tráth a rinneadh an nochtadh.
- I dtrí chás, níor thacaigh an cháipéisíocht ar an gcomhad leis na cúiseanna a luadh le pionóis maolaithe m.sh. maolú pionós mar gheall gur chomhoibrigh an cáiníocóir leis na Coimisinéirí Ioncaim agus ní raibh sin tacaithe ag cáipéisíocht.
- Sa seachtú gcás, ríomh gníomhaire an cháiníocóra an pionós ach bhí an ríomh seo mícheart, agus ní raibh sé seiceáilte ag na Coimisinéirí Ioncaim.

**27.30** Ba ionann an dliteanas cánach iomlán sna seacht gcás seo agus €862,000 agus mhuirearaigh na Coimisinéirí Ioncaim €266,000 i ndáil le pionóis. Mheas an t-imscrúdú gurbh ionann an leibhéal cuí pionós bunaithe ar an bhfianaise ar na comhaid agus €478,000. Ar an mbonn sin, bhí thart ar 44% den dhliteanas pionóis i bhfeidhm cheana féin.

## Idirbheartaíocht ar Shocraíochtaí

**27.31** Fuair an t-athbhreithniú amach i bhformhór cásanna, go raibh méid na socraíochta cothrom leis an dliteanas a ríomhadh, ús agus pionóis san áireamh sa chás go raibh sin curtha i bhfeidhm. Mar sin féin, i dhá chás bhí éagsúlacht mhór idir an dliteanas arna ríomh ag na Coimisinéirí Ioncaim agus méid na socraíochta.

- Socraíodh cás amháin do €8 milliún roimh éisteacht cúirte. Féach Cás Staidéar A chun tuilleadh eolais a fháil.
- Bhí an t-socraíocht is mó in 2012 de €15 milliún i ndáil le Cáin Ghnóthachan Caipitiúil, i bhfad níos lú ná meastachán na gCoimisinéirí Ioncaim ar dhliteanas an cháiníocóra. Tá sonraí leagtha amach i gCás Staidéir B.

**27.32** I gceithre cás breise, bhí éagsúlachtaí níos lú idir ríomh na gCoimisinéirí Ioncaim ar an dliteanas agus méid na socraíochta. Bhí na difríochtaí idir €13,000 go €30,000 agus idir níos lú ná 1% go 32% de mheastachán na gCoimisinéirí Ioncaim ar an dliteanas.

### *Cás Staidéir A*

**27.33** D'aithin na Coimisinéirí Ioncaim dhá chuideachta gaolmhar a rinne íocaíochtaí Cánach Corparáideach in 2005 don bhliain dár críoch Nollaig 2004. Le linn an imscrúdaithe, fuair na Coimisinéirí Ioncaim amach go raibh na cuideachtaí ag feidhmiú ar feadh roinnt blianta roimhe sin ach nár íocadh aon Cháin Chorparáideach.

**27.34** Is fochuideachtaí de chuid máthairchuideachta neamh-Éireannach a bhí iontu. D'infheistigh an mháthairchuideachta méideanna móra i ngach fochuideachta agus thug na fochuideachtaí an t-airgead sin ar iasacht ansin ar ais chuig an mháthairchuideachta. Bhí an t-ioncam a tuairiscíodh i gcuntais na gcuideachtaí Éireannach i ndáil le hús a bhí dlite, ach nár íoc an mháthairchuideachta maidir le hiasachtaí.

**27.35** Mhaígh na fochuideachtaí Éireannacha nach raibh a n-ioncaim úis dlite i leith cánach in Éirinn ó tharla nach raibh an t-ús faighte ag na fochuideachtaí. Ó 2004, tar éis athruithe sa réimeas cánach i dtír dhúchais na máthairchuideachta, fuair na fochuideachtaí Éireannacha íocaíocht ar an ús ioncaim agus d'íoc siad Cáin Chorparáideach in Éirinn.

**27.36** Ag céim luath, i lár 2005, cuireadh an cás ar aghaidh laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim chuig an t-aonad frith-sheachanta a láimhseáil an cás as sin. Rinneadh iniúchadh ar an dá chuideachta, a bhí dírithe ar 2001, i ndeireadh 2005. Tá conradh cánach dúbailte ag Éire le tír dhúchais na máthairchuideachta agus i rith an cháis seo, chuaigh na Coimisinéirí Ioncaim i dteagmháil leis na húdaráis cánach sa tír sin.

**27.37** Ina dhiaidh sin, chuir na Coimisinéirí Cánach measúnuithe cánach chun cinn agus cuireadh in iúl don cháiníocóir agus do ghníomhaire an cháiníocóra gur mheas siad go mbeadh an dliteanas, ús agus pionóis uasta féideartha san áireamh cothrom le hidir €10 milliún agus €16 milliún, ag brath ar conas a rangaíodh an t-ioncam do 2004 ó thaobh críocha cánach.

**27.38** Lóisteáil an cáiníocóir achomharc agus rinne íocaíocht de €11.1 milliún ar chuntas gan dochar a dhéanamh ar thoradh an achomhairc. Bhí na Coimisinéirí Achomharc i bhfabhar an cháiníocóra, agus socraíodh an cháin ag nialas. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl go ndéanfadh siad achomharc chuig an Ard-Chúirt.

**27.39** In 2008, chuir na Coimisinéirí Ioncaim measúnuithe breise chun cinn (an dara sraith measúnaithe) do na tréimhsí suas go dtí deireadh 2003 do shuim iomlán de €11.8 milliún.

**27.40** Rinne an cáiníocóir achomharc. Dheimhnigh na Coimisinéirí Achomharc an dara sraith measúnaithe. Rinne an cáiníocóir achomharc chun an cás a éisteacht arís sa Chúirt Chuarda.

**27.41** Sular éisteadh an cás sa Chúirt Chuarda, bhí idirbheartaíochtaí cuimsitheacha ann idir na Coimisinéirí Ioncaim agus an cáiníocóir. Comhaontaíodh socraíocht de €8 milliún agus tugadh ar ais don cháiníocóir an €3.1 milliún den €11.1 milliún a d'íoc an cáiníocóir sin ar chuntas.

**27.42** Ní dhearnadh méid na socraíochta a dheighilt idir cáin agus ús. Ba ionann meastachán na gCoimisinéirí Ioncaim ar an méid iomlán a bheadh dlite dá n-éireodh leis na Coimisinéirí Ioncaim sa chúirt agus thart ar €14 milliún agus as sin bheadh thart ar €3.3 milliún de (24%) ina ús. Ar bhonn pro-rata, léirigh an t-sonraíocht thart ar €6.1 milliún gcáin agus €1.9 milliún in ús.

**27.43** Cheadaigh Coimisinéir de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim an t-sonraíocht. Ní raibh feidhm le pionóis. Níor foilsíodh na sonraí sonraíochta.

**27.44** Is iad seo a leanas roinnt pointí ar chóir a thabhairt ar aird

- Bhí an cás seo casta go teicniúil agus b'éigean dlí cánach a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm sa chás seo. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim an cás ar aghaidh chuig an t-aonad frith-sheachanta ag céim an-luath. Léirigh comhad iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim dúshlán mór sa chás a chuir gníomhaire an cháiníocóra ar aghaidh ina raibh argóint a bhí bunaithe ar chásdlí.

- Cuireadh an cáiníocóir ar an eolas go luath faoin dliteanas a d'fhéadfadh a bheith ann le hús agus pionóis uasta féideartha san áireamh. Sa chomhad freisin tá nótaí sonraithe ann ar na hidirbheartaíochtaí a bhí idir an dá abhcóide dlí thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim agus an cáiníocóir. Sna hidirbheartaíochtaí deiridh, chuir na Coimisinéirí Ioncaim chun cinn figiúr socraíochta a raibh ús san áireamh leis.

*Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta*

**27.45** Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios gur lorg na Coimisinéirí Ioncaim tuairim an abhcóide dlí sinsearaigh sula rinneadh cinneadh ar an méid socraíochta. Ag glacadh an dóigh go n-éireodh leo, mar aon leis an am breise, costas agus acmhainní a bheadh de dhíth chun cás a thabhairt chun críche, ba é moladh an abhcóide ná an t-socraíocht a cuireadh chun cinn a ghlacadh. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an tuairim seo, chinn na Coimisinéirí Ioncaim an t-socraíocht a ghlacadh.

***Cás Staidéir B***

**27.46** Le linn iniúchadh in 2011, thug na Coimisinéirí Ioncaim idirbheart faoi deara inár aistrigh cáiníocóir úinéireacht chuideachta mar mhalairt ar chuideachta eile a raibh iarmhéid airgid shuntasach aici agus gan aon sócmhainní eile. Dhearbhaigh gníomhaire an cháiníocóra (ina dhiaidh sin) nár cheart diúscairt a dhéanamh mar gheall ar an malartú scaireanna agus go raibh an cáiníocóir i dteideal faoiseamh ó Cháin Ghnóthachan Caipitiúil faoi fhorálacha an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

**27.47** Tar éis an t-iniúchadh a bheith déanta, ghlac na Coimisinéirí Ioncaim leis an meon go raibh gnóthachan caipitiúil inchánach déanta ag an gcáiníocóir agus ardaíodh measúnú le haghaidh €22 milliún a dhéanamh.

**27.48** Níor chuir na Coimisinéirí Ioncaim an t-ús dlite ná na pionóis a d’fhéadfaí a ghearradh in iúl don cháiníocóir. Ríomh an fhoireann iniúchta gur fhabhraigh ús de tuairim is €10.3 milliún ag an am ar ardaíodh an measúnú. Chomh maith leis seo, d’fhéadfadh pionóis a bheith sa réimse ó 15% go 100% den dliteanas cánach ag braith ar an mbealach ar bhreathnaigh na Coimisinéirí Ioncaim ar an gcatagóir mainneachtain chánach a bhí i gceist agus cé chomh maith agus a chomhoibrigh an cáiníocóir leis na Coimisinéirí Ioncaim. Bunaithe ar mheasúnú na gCoimisinéirí Ioncaim de €22 milliún maidir le Cáin Ghnóthachan Caipitiúil, d’fhéadfadh dliteanas iomlán an cháiníocóra, ús agus pionóis san áireamh a bheith sa réimse €36 milliún go €54 milliún.

**27.49** Ní raibh na Coimisinéirí Ioncaim sásta go raibh an t-idirbheart i dteideal faoisimh faoi théarmaí an Achta Comhdhlúite Cánacha, 1997. Theastódh anseo gur le haghaidh cúiseanna tráchtála bona fide a bheadh an malartú scaireanna agus nach mar chuid d‘aon socraíocht ná scéim gurbh é a bpríomh-chuspóir (nó ceann de na príomh-chuspóirí) dliteanas cánach a sheachaint.

**27.50** Ag cruinniú ina dhiaidh sin idir na Coimisinéirí Ioncaim agus an gníomhaire, mhaígh an gníomhaire go raibh suim ag an gcáiníocóir críoch a chur leis an ábhar seo. Maíonn nóta i gcomhad na gCoimisinéirí Ioncaim gur ghlac an dá thaobh leis dá rachadh an cás tríd an bpróiseas achomhairc go bhféadfadh sé tuairim is ocht mbliana a thógáil sula bpróiseálfaí an cás tríd an Ard-Chúirt. Thairg an gníomhaire suim de €15 milliún chun an cás a réiteach.

**27.51** Mhaígh cáipéis inmheánach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim tar éis an chruinnithe dá bhfaighfí socraíocht ar an gcás le haghaidh €15 milliún, dhúnfaí go héifeachtach é agus thabharfaí íocaíocht shuntasach, sheachnófaí an t-am agus an costas a bheadh bainteach le hachomharc agus ní bheadh aon lamháltas ann maidir leis an bprionsabal. Ardaíodh an baol chomh maith go mb'fhéidir nach mbeadh aon chiste fágtha le bailiú ag deireadh an cháis dlí. Ar an lámh eile, tugadh faoi deara go raibh an baol ann go bhfaighfí socraíocht níos fearr dá ligfí cead den phróiseas achomhairc rith leis.

**27.52** Ba iad téarmaí na socraíochta, mar a leagadh síos iad i litir thairisceana an cháiníocóra

- ná íocaíocht iomlán de €15 milliún agus socraíocht deiridh ar dhliteanas i leith Cáin Ghnóthachan Caipitiúil.
- ní thiocfadh caillteanas caipitil i gceist a d'fhéadfaí a fhritháireamh in aghaidh aon ghnóthachan sa todhchaí le haon leachtú ar shócmhainní an cháiníocóra chun cistí a bhaint amach le haghaidh freastal ar an socraíocht.

**27.53** Rinne an cáiníocóir íocaíocht de €15 milliún. Cheadaigh Coimisinéir Ioncaim an socraíocht an 21 Nollaig 2012. Níor cuireadh aon phionóis i bhfeidhm agus níor foilsíodh aon sonraí maidir leis an t-socraíocht.

**27.54** Bhí roinnt ábhar imní ann maidir leis an t-socraíocht agus seo iad a leanas

- Chuir gníomhaire an cháiníocóra argóintí ar aghaidh go raibh saincheist theicniúil i gceist sa chás agus go raibh seasamh an cháiníocóra á thacú ag cásdlí. Ní raibh aon fhianaise ar chomhad iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim go ndeachaigh an fhoireann iniúchta a bhí ag bainistiú an cháis ar thóir comhairle maidir le saincheisteanna teicniúla ó aonad frith-sheachanta na gCoimisinéirí Ioncaim ná ó fhoireann speisialtóirí eile laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim mar shampla ó laistigh dá fo-roinn cásanna níos leithne. Ní raibh aon fhianaise ar chomhad na gCoimisinéirí Ioncaim ach oiread gur cuireadh ar aghaidh aon argóintí mionsonraithe (mar shampla bunaithe ar fhasach) chun argóintí ghníomhaire an cháiníocóra a bhréagnú. Tá tagairt ar an gcomhad do shaincheisteanna na gcásanna a cuireadh faoi bhráid an Líonra Frith-sheachanta Náisiúnta agus gur pléadh ag cruinniú den líonra iad i mí Mheán Fómhair 2012 ach níl aon fhianaise ann ar aon mholadh a rinneadh ná aon ghníomh a rinneadh ag teacht ón gcruinniú.[1]
- Breathnaíonn sé gur cás é seo a raibh dhá thoradh ann a d'fhéadfadh tarlú - bhí an t-idirbheart faoi dhliteanas ag an gCáin Ghnóthachan Caipitiúil agus bheadh an cáiníocóir faoi dhliteanas an tsuim iomlán chánach a íoc chomh maith le hús agus pionóis nó ní raibh an cáiníocóir faoi dhliteanas cánach agus is ag neamhní a bheadh dliteanas an cháiníocóra. Déanann nóta sa chomhad tagairt do roinnt buntáistí i dteacht ar shocraíocht agus an baol a bheadh ann do na Coimisinéirí Ioncaim dá dtéadh an cás chuig achomharc, mar shampla an t-am agus an costas a bheadh i gceist. Níl aon anailís mhionsonraithe, bunaithe ar eolas ná comhairle speisialaithe áfach ar an toradh dlíthíochta is cosúil a bheadh ann agus na costais a bheadh i gceist. D'fhéadfadh an cineál anailíse seo na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas ina n-idirbheartaíocht leis an gcáiníocóir agus le gníomhaire an cháiníocóra.

1 Tá Líonra Frith-sheachanta Náisiúnta na gCoimisinéirí Ioncaim déanta suas d'oifigigh idirchaidrimh as gach ceantar Ioncaim agus ón aonad frith-sheachanta a bhuaileann le chéile go ráithiúil chun saincheisteanna a phlé a aithnítear sna ceantair.

- Ní léiríonn comhad iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim ag aon am go ndearna na Coimisinéirí Ioncaim éileamh ag am ar bith ar an ús ná ar na pionóis ar an gcáin ghnóthachan caipitiúil dlite. Dá bhrí sin ó mheon an cháiníocóra, €22 milliún é an méid a bhí na Coimisinéirí Ioncaim ag lorg.
- Ní raibh aon fhianaise le linn idirbheartaíocht ar an t-socraíocht gur chuir na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh Fíor níos airde ná €15 milliún a thairg an cáiníocóir. Moladh tairiscint an cháiníocóra a fhaomhadh laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim gan aon thráchtaireacht ar cén figiúr comhroghnach a d'fhéadfaí a mholadh san idirbheartaíocht nó céard a d'fhéadfadh dliteanas an cháiníocóra a bheith dá n-éireodh leis na Coimisinéirí Ioncaim i ngníomh cúirte.
- Ceadaíodh an t-socraíocht go cuí laistigh de thairseacha socraíochta ceadaithe na gCoimisinéirí Ioncaim a éilíonn suimeanna os cionn €100,000 a cheadú le Coimisinéir Ioncaim. D'fhéadfadh buntáiste a bheith ann, áfach do chásanna a bhfuil difríochtaí suntasacha idir meastachán na gCoimisinéirí Ioncaim ar dhliteanas agus an méid a chuirfear ar aghaidh lena gceadú, nó a bhfuil gnéithe de choimpléascacht nó riosca theicniúil iontu trí chomaoin fhoirmiúil ó roinnt daoine, mar shampla coiste ceadaithe socraíochtaí sula dtugtar an cead deiridh.

*Ráitis an Oifigigh Chuntasaíochta*

**27.55** Maidir le cur i bhfeidhm úis agus pionóis, léirigh an t-Oifigeach Cuntasaíochta gur méid é an measúnú ar Cháin Ghnóthachan Caipitiúil a thiocfadh aníos dá mba rud é go gcruthófaí go raibh imní na gCoimisinéirí Ioncaim faoin gcaoi nár cuireadh i bhfeidhm alt den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 ceart. Bhí cead ag an gcáiníocóir de réir dlí achomharc a dhéanamh i gcoinne an mheasúnaithe. Bheadh sé mícheart mar sin táille úis a ghearradh sula mbeadh críoch leis an measúnú agus é a bheith críochnúil agus cinneadh déanta ar an dliteanas déanach. Thug an t-Oifigeach Cuntasaíochta faoi deara gur tháinig cás den chineál céanna aníos maidir le pionóis. Ina theannta sin, mhaígh sí gur lárnaigh an pointe a bhí mar shaincheist sa chás ar léirléamh den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 agus cuireann an Cód Cleachtais ar fáil nach gcuirfear pionós i bhfeidhm maidir le coigeartuithe teicniúla. Is coigeartuithe iad coigeartuithe teicniúla ar dhliteanas a thagann as difríochtaí i léirléamh nó i gcur i bhfeidhm reachtaíochta. Léirigh an t-Oifigeach Cuntasaíochta go bhfuil sé deacair a fheiceáil go bhféadfaí éileamh ar phionóis ag aon leibhéal a choinneáil sa chás agus gur mheas na Coimisinéirí Ioncaim go mbeadh sé míchuí pionós a lorg sna cúinsí seo. Ghlac na Coimisinéirí Ioncaim leis an t-socraíocht mar chomhréiteach lena n-áirítear gné chánach agus úis.

**27.56** Maidir le gnéithe teicniúla an cháis agus úsáid na sainchomhairle, mhaígh an t-Oifigeach Cuntasaíochta go raibh taithí chánach oibriúcháin shuntasach ag an bhfoireann a bhí ag déileáil leis an gcás, chomh maith le cáilíochtaí ghairmiúla agus theicniúla agus baineadh úsáid astu seo chun anailís a dhéanamh ar an tsaincheist agus ar an gcásdlí agus an fasach araon. Ina theannta sin, mhaígh sí gur cuireadh saincheisteanna an cháis faoi bhráid aonad frith-sheachanta na gCoimisinéirí Ioncaim de Fho-roinn Cásanna níos Leithne agus pléadh iad ag cruinniú de chuid an Líonra Frith-sheachanta Náisiúnta go luath i mí Mheán Fómhair 2012. Ní raibh aon comhdhearcadh laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim go n-éireodh leo ag tabhairt an cháis chun na cúirte. Go deimhin breathnaíodh ar an gcás nach n-éireodh leis de réir cosúlachta.

**27.57** Dúirt an t-Oifigeach Cuntasaíochta, ag breathnú ar na torthaí féideartha i speictream, ag dul ó cháin móide ús ar thaobh amháin go nialas ar an taobh eile, go raibh sé de dhualgas ar na Coimisinéirí Ioncaim tairiscint socraíochta a phlé mar gheall ar an bhféidearthacht go bhféadfadh nach mbeadh aon chiste fágtha. Mar gheall go dtéann an nós imeachta achomhairc, lena n-áirítear na cúirteanna ar aghaidh ar feadh achar fada i gcónaí agus mar gheall go raibh an túsmhéid a fuair an cáiníocóir ag ídiú go sciobtha, ní fhéadfaí ráthaíocht a thabhairt go deo dá mba rud é gur bhuaigh na Coimisinéirí Ioncaim na hargóintí go mbeadh aon chistí ann chun an cháin a bhailiú astu. Thaispeáin sí go raibh dhá chuideachta eischósta cláraithe, laistigh de struchtúr an cháiníocóra agus imní ann nach bhféadfaí monatóireacht cheart a dhéanamh ar aon chistí a d’éalódh as na cuideachtaí seo. Bhí pearsanra na gCoimisinéirí Ioncaim a bhí ag plé leis an gcás go láidir den tuairim nach mbeadh tairiscint níos fearr le teacht, agus go rachadh an cáiníocóir sa t-seans sa chúirt mura nglacfaí leis an tairiscint de €15 milliún. Dúirt an t-Oifigeach Cuntasaíochta nárbh fhéidir measúnú cruinn a dhéanamh ar na dóchúlachtaí a bhí i gceist agus chuige sin bhí gné mhór breith phearsanta ar fhiúntas bainteach leis. Ag teacht ar réiteach dóibh thug sí faoi deara nár ghéill na Coimisinéirí Ioncaim d’aon phointe dlí.

**27.58** Maidir le híocaíocht de €15 milliún, dúirt an t-Oifigeach Cuntasaíochta gur aithin na Coimisinéirí Ioncaim i gcónaí chun an cháin a urscaoileadh go mbeadh sé riachtanach cistí a tharraingt as an gcuideachta shealbhaíochta infheistíochta agus go ndéanfaí é seo trí leachtú a dhéanamh. Má bhí na Coimisinéirí Ioncaim chun buachan ar phrionsabal agus chun a chruthú nach cuireadh i bhfeidhm na hailt mhaolaithe a rialaíonn scaireanna le haghaidh malartú scaireanna, ansin bheadh bunchostas na scaireanna don leachtú sin mar an túsmhéid. Mar gheall go raibh luach glansócmhainní na cuideachta tite chomh mór sin, chinnteodh leachtú caillteanas caipitil inlamhála den méid seo. Bheadh sé suntasach chomh maith an luach cánach fhéideartha sa todhchaí don cháiníocóir ar a leithéid de chaillteanas de ráta 30% den Cháin Ghnóthachan Caipitiúil. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim cosc ar seo trí iarraidh ar litir thairisceana an ghníomhaire ráiteas a chur san áireamh le héifeacht nach n-ardódh aon leachtú riachtanach chun aon chistí a tharraingt anuas aon chaillteanas ag teacht ó thitim i luach na cuideachta a d’fhéadfaí a úsáid chun dliteanais eile a fhritháireamh.

### *Cás Staidéar C*

**27.59** Rinne cáiníocóir fiosrú maidir leis an mbealach ceart le déileáil le sraith idirbhearta a bhaineann le Cáin Bhreisluacha. Bhain na hidirbhearta le híocaíochtaí eatramhacha ar chonradh fadtéarmach.

**27.60** Is mar gheall ar fhiosrú an cháiníocóra a rinneadh iniúchadh. Fuair na Coimisinéirí Ioncaim amach go raibh €7.3 milliún i gCáin Bhreisluacha dlite ar an gcáiníocóir agus d’íoc sé an cháin. Bhí tuairim is leath den íocaíocht bliain ródhéanach agus bhí an chuid eile idir dhá mhí agus deich mí déanach.

**27.61** Maíonn an Cód Cleachtais gur cheart ús reachtúil a chur i bhfeidhm i gcásanna a bhfuil saincheist chánach theicniúil i gceist agus go bhfuil an íocaíocht mall. D’ainneoin sin níor chuir na Coimisinéirí Ioncaim ús i bhfeidhm. Ríomh an t-iniúchadh go raibh ús dlite le haghaidh íocaíocht dhéanach sa chás seo ag €570,000.

**27.62** Ba é an t-ábhar imní maidir leis an gcás seo gur theip orthu ús a chur i bhfeidhm in ainneoin an riachtanas soiléir é sin a dhéanamh.

*Ráitis an Oifigigh Chuntasaíochta*

**27.63** Mhaígh an t-Oifigeach Cuntasaíochta gur mheas na Coimisinéirí Ioncaim táille úis a fhorchur sula bhfuarthas réiteach ar an gcás seo. Glacadh leis áfach, gur tháinig na gearrmhuirir aníos mar chuid de chonradh 'reatha', go raibh na hearraí á ndéanamh nuair a rinneadh an t-iniúchadh agus ná raibh siad leagtha amach i sceideal le seachadadh go ceann roinnt achair ama ina dhiaidh sin. Ba iad na híocaíochtaí ar tháinig na gearrmhuirir as ná roinnt íocaíochtaí de chéim ardluacha a bhain le hidirbheart amháin. Chomh maith leis sin nuair a bhí an cáiníocóir sásta go raibh an staid theicniúil mar a léirigh na Coimisinéirí Ioncaim í ceart, rinneadh íocaíocht iomlán agus láithreach. Ghearrfaí ús dá mba rud é go bhfuarthas na hearraí agus gur comhlíonadh an conradh roimh an t-iniúchadh.

## Socraíochtaí Iniúchta a Údarú agus a Cheadú

**27.64** Tá tairiscintí socraíochta faoi réir cheadú Choimisinéara Ioncaim nó, foirne réigiúnach agus dúiche má bhíonn an tairiscintí sin faoi réir tairseach áirithe. Ba chóir go mbeadh moladh soiléir i dtuarascáil an Iniúchóra Ioncaim ar an iniúchadh faoi cibé ar chóir nó nár chóir an t-socraíocht beartaithe a cheadú.

**27.65** Fuair an t-athbhreithniú amach gur ceadaíodh gach socraíocht de réir tairseach ceadaithe na gCoimisinéirí Ioncaim.

**27.66** Leagtar amach na tairsí de réir tagartha don t-socraíocht iomlán a baineadh amach leis an gcáiníocóir. Mar sin féin, i gcásanna ina mbíonn difríocht idir meastachán na gCoimisinéirí Ioncaim ar an dliteanas agus méid na socraíochta a beartaíodh, d'fhéadfadh go raibh ceadú de dhíth ag leibhéal níos airde más rud é go raibh an tairseach bunaithe ar mheastachán dliteanais.

## Socraíochtaí a Fhoilsiú

**27.67** Ní mór sonraí socraíochta a fhoilsiú sa chás gur cuireadh pionóis i bhfeidhm seachas sa chás go bhfuil nochtadh incháilithe bailiú déanta ag an gcáiníocóir sular cuireadh tús le hiniúchadh nó sa chás go mbíonn socraíocht níos lú ná €33,000 nó go mbíonn na pionóis níos lú ná 15% den cáin a bhíonn dlite.[1] Féadfaidh leis na Coimisinéirí Ioncaim cásanna a chur ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, a chinnfidh cibé an ndéanfar nó nach ndéanfar cás a ionchúiseamh.

## Sonraíochtaí a Bhailiú

**27.68** Ní i gcónaí a íocann cáiníocóirí an méid a bhíonn dlite láithreach nuair a thagtar ar shocraíochtaí iniúchta. Rinneadh an méid íocaíochta a rinneadh ar shuimeanna socraíochta a imscrúdú sna 28 cás a athbhreithníodh le linn an imscrúdaithe mar aon le hathbhreithniú ar shampla breise de 25 socraíocht do gach bliain idir 2007 go 2012. Tá na torthaí leagtha amach in Fíor 27.5.

1 Ba ionann an tairseach do dhliteanais a bhain leis na blianta 2005 go dtí 2009 agus €30,000. Ó 2010, ardaíodh an tairseach go dtí €33,000.

**Fíor 27.5 Íocaíocht socraíochtaí iniúchta**

| Bliain na socraíochta | Líon cásanna | Méid iomlán na socraíochta | Stádas in aghaidh taifead na gCoimisinéirí Ioncaim | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Íoctha | Díscríofa | Fós gan íoc | *Níl fios[a]* |
| | | €m | €m | €m | €m | *€m* |
| 2012 | 46[bc] | 63 | 45 | 1 | 6 | *11* |
| 2011 | 25 | 86 | 58 | — | 2 | *26* |
| 2010 | 25 | 67 | 39 | — | 10 | *18* |
| 2009 | 21[c] | 73 | 71 | 1 | — | *1* |
| 2008 | 25 | 87 | 80 | 6 | — | *1* |
| 2007 | 25 | 136 | 135 | — | — | *1* |
| **Iomláin** | **167** | **512** | **428** | **8** | **18** | ***58*** |

Foinse: Comhaid iniúchta ioncaim agus taifid cáiníocóra arna gcoinneáil ag na Coimisinéirí Ioncaim.

Nótaí:
a Tá na cásanna lena mbaineann á athbhreithniú faoi láthair ag na Coimisinéirí Ioncaim (Meán Fómhair 2013).

b Áirítear ar chásanna 2012, sé chás a bhaineann le sampla na 28 gcás a athbhreithníodh go mionsonraithe agus, freisin, leis an sampla de 25 cás a athbhreithníodh i gcomhar fianaise íocaíochta agus sin amháin.

c Níl cásanna ina raibh an toradh iniúchta mar neamhchead éilimh aisíocaíochta nó mar srian ar chaillteanais san áireamh.

**27.69** Léiríonn Fíor 27.5 toradh de €512 milliún do na cásanna a athbhreithníodh, íocadh thart ar 84% de na méideanna socraíochta roimh Márta 2012, agus rinneadh thart ar 1.6% den cháin a dhíscríobh cé gur fhan an t-iarmhéid mar a chéile.

***Cás Staidéir D – Achomharc agus Neamhíocaíocht***

**27.70** In 2004, rinne na Coimisinéirí Ioncaim iniúchadh ar Chuideachta D a bhí ag feidhmiú in earnáil ina raibh na Coimisinéirí Ioncaim i mbun sraitheanna iniúchtaí a bhí sonrach ó thaobh earnála de.

**27.71** Tar éis an iniúchta, fuair na Coimisinéirí Ioncaim amach, i Meán Fómhair 2005, go raibh dliteanas cánach neamhfhógartha de €1 milliún ann do na blianta 2003 agus 2004 i ndáil le CBL, ÍMAT agus Cáin Chorparáideach, pionóis den mhéid chéanna agus ús de €100,000 a bhí dlite, a d'fhág an méid iomlán a bhí dlite ag €2.2 milliún. Ba iad seo a leanas na príomhimeachtaí a tharla sa chás ina dhiaidh sin

- In Eanáir 2006, rinne an cáiníocóir achomharc ar na torthaí chuig na Coimisinéirí Ioncaim.
- I bhFeabhra 2008, d'iarr na Coimisinéirí Ioncaim dáta d'éisteacht ó na Coimisinéirí Achomharc.
- Socraíodh éisteacht de chuid na gCoimisinéirí Achomharc do Dheireadh Fómhair 2008 ach cuireadh sin siar ar iarratas ón dá pháirtí (na Coimisinéirí Ioncaim agus an cáiníocóir). Reáchtáladh éisteachtaí i Márta agus i nDeireadh Fómhair 2009.
- Ina dhiaidh sin chuaigh an cuideachta i mbun leachtaithe deonaigh creidiúnaithe.
- An 25 Samhain 2009, d'eisigh na Coimisinéirí Achomharc a gcinneadh i bhfabhar na gCoimisinéirí Ioncaim.
- Rinne an cáiníocóir an cás a achomharc chuig an gCúirt Chuarda. Reáchtáladh an éisteacht in 2010. Chinn an Chúirt i bhfabhar na gCoimisinéirí Ioncaim.

- I Samhain 2012, dúnadh an t-iniúchadh agus rinneadh an cháin a dhíscríobh. Luaigh an comhad gur in ainneoin na measúnuithe a bheith deimhnithe, bhí an cuideachta imithe agus níorbh fhéidir leis an Ard-Bhailitheora na méideanna dlite a bhailiú.

**27.72** Ba ionann an toradh iniúchta a thaifead na Coimisinéirí Ioncaim agus €1 milliún agus is seo an méid a cuireadh isteach i dtoradh iniúchta 2012.

**27.73** Is iad seo a leanas príomhphointí an cháis

- an t-imeacht aimsire suntasach a bhain leis an gcás a chur chun cinn
- níor thaispeáin taifead an cháiníocóra an t-ús agus na pionóis a ríomhadh mar mhéideanna dlite ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ba é an t-suim a chuireadh ar aghaidh chuig an Ard-Bhailitheora lena bailiú ná €1 milliún (cáin amháin).

*Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta*

**27.74** Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios go raibh sé suntasach sa chás seo go raibh na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas go raibh ceist cánach a raibh tábhacht ag baint léi sa chás seo curtha ar aghaidh an 11 Feabhra 2009 ag Ballstát eile chuig Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa lena chinneadh. Tugadh breithiúnas ar an gceist seo faoi dheireadh i Meitheamh 2010.

## Comhaid Iniúchta Cánach

**27.75** Ba chóir iniúchtaí de chuid na gCoimisinéirí Canach a dhéanamh de réir an Chóid Chleachtais agus ba chóir go léireodh comhaid iniúchta fianaise soiléir air sin. Ba chóir go gcuirfeadh iniúchóirí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim tuairiscí iniúchta ar fáil ina leagtar amach go soiléir na saincheisteanna a bhain leis an iniúchta agus ina leagtar amach freisin moltaí soiléire faoi shocraíochtaí beartaithe.

**27.76** Ba chóir go mbeadh siad seo a leanas, ar a laghad, sna comhaid iniúchta

- litir fhógra chuig an gcáiníocóir ina leagtar amach na nithe a bhfuil sé de rún ag na Coimisinéirí Ioncaim a imscrúdú agus na tréimhsí ata le clúdach ag an iniúchadh beartaithe (scóip an iniúchta)
- nóta ar an gcéad agallamh a cuireadh ar an gcliant tráth a dhéantar scóip an iniúchta a mhíniú agus a dtugtar deis don cháiníocóir saincheisteanna a nochtadh do na Coimisinéirí Ioncaim
- fianaise lena léiriú conas a ndeachaigh na Coimisinéirí Ioncaim i ngleic leis na saincheisteanna i scóip an iniúchta agus le saincheist ar bith eile a tháinig chun cinn le linn an agallaimh leis an gcáiníocóir nó maidir le modh oibre an iniúchta
- fianaise lena léiriú conas mar a ríomh an tIniúchóir Ioncaim an measúnú iniúchta, ús agus pionóis san áireamh, nó sa chás go ndearna an cáiníocóir nochtadh incháilithe, fianaise a léiríonn gur sheiceáil na Coimisinéirí Ioncaim ríomh an cháiníocóra áit a raibh pionóis i bhfeidhm, nuair is cuí
- tairiscint scríofa ar shocraíocht ón gcáiníocóir.

**27.77** Fuair an t-imscrúdú amach go raibh éagsúlacht mhór i gcaighdeán na gcomhad do na cásanna a rinneadh a athbhreithniú. Bhí roinnt comhad ar chaighdeán ard agus iontu bhí fianaise shoiléir go ndearnadh an t-iniúchadh go hiomlán de réir an Chóid Chleachtais, lenár áiríodh fógra ar iniúchadh agus agallamh leis an gcáiníocóir faoi mar a rinneadh an t-iniúchadh agus an bunús a bhí ann don t-socraíocht a thángthas uirthi. Mar sin féin, i go leor cásanna, bhí sé deacair a dhéanamh amach ón gcomhad cad iad na saincheisteanna iniúchta agus cén bunús a bhí leis an t-socraíocht iniúchta a beartaíodh. Tá achoimre ar na torthaí ón athbhreithniú comhad le fáil anseo i bhFíor 27.6.

**Fíor 27.6 Comhaid Iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim**

| Mír | Caighdeán sroichte |
|---|---|
| **Iniúchtaí a rinneadh (36 cás)** | |
| Litir fhógra chuig an gcáiníocóir | 89% |
| Nóta ar an gcéad agallamh | 61% |
| Fianaise lena léiriú gur tugadh aghaidh ar phríomhshaincheisteanna | 67% |
| **Socraíocht a baineadh amach (28 cás)** | |
| Fianaise leordhóthanach ar ríomh mhéid na socraíochta | 86% |
| Tairiscint scríofa ar shocraíocht ón gcáiníocóir | 43% |

Foinse: Comhaid iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim

**27.78** Tá roinnt céimeanna glactha ag na Coimisinéirí Ioncaim le linn 2013 chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna caighdeáin iniúchta. I mBealtaine 2013, d'eisigh siad an cháipéis 'Caighdeáin Idirghabhála Comhlíonta Cáilíochta' ina leagtar amach nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta don phróiseas iniúchta Coimisinéirí Ioncaim agus don phróiseas idirghabhála bainistithe rioscaí. I Meitheamh 2013, eisíodh an cáipéis 'Tuarascáil Míreanna Éigeantacha' ina leagtar amach na míreanna ar chóir aghaidh a thabhairt orthu nuair a bhíonn iniúchadh nó idirghabháil eile ag tráth a gcríochnaithe.

*Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta*

**27.79** Maidir le tairiscintí scríofa ar shocraíocht ó cháiníocóirí, thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios go bhféadfaí sonraí sonraíochta a chomhaontú ó bhéal uaireanta agus a dheimhniú ansin ag an iniúchóir Ioncaim i scríbhinn.

**27.80** Dúirt sí freisin gur fhoilsigh na Coimisinéirí Ioncaim Caighdeáin Idirghabhálacha Comhlíonta Cáilíochta chun aird a dhíriú ar, inter alia, cad a bhíonn iniúchóirí ag súil leis ó thaobh comhad iniúchta cáilíochta agus go dtéann ceann de na caighdeáin, an caighdeán pleanála, i ngleic le roinnt de na saincheisteanna a ardaítear anseo. Mar chuid den timthriall Córais Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta do 2013, déanann bainisteoirí iniúchta agus iniúchóirí plé ar chomhlíonadh an iniúchóra leis na caighdeáin cáilíochta i gcomhthéacs na n-athbhreithnithe eatramhach agus bliantúil. Moltar freisin go gcuirfidh an Rannóg Pleanála clár seiceálacha dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm in 2013 ar chásanna a bheidh roghnaithe go randamach. Baintear úsáid uaireanta as comhaid iniúchta ardchaighdeáin i gcláir oiliúna um chomhlíonadh agus déanfar sin a threisiú mar shamplacha ar shárchleachtas.

## Mírangú Idirghabhálacha

**27.81** Mar chuid den imscrúdú seo, roghnaíodh 45 cás iniúchta tuairiscithe a raibh tugtha chun críche ag na Coimisinéirí Ioncaim in 2012 i gcomhair agallaimh. Bhí comhthoradh iniúchta de €51.4 milliún ag na cásanna, nó 14.3% den toradh iniúchta iomlán tuairiscithe in 2012.

**27.82** Léirigh athbhreithniú ar na comhaid go ndearnadh naoi gcás (20%) a thaifead go míchruinn mar idirghabhálacha iniúchta.

- I gcás amháin as na ceithre cás leis na socraíochtaí is airde bhí suim 7.4 milliún ann. Mar sin féin, níor tháinig an íocaíocht chun cinn ó iniúchta ach as léiriú amhrais a chuir cáiníocóir in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim sula rinneadh tuairisceán Cánach Corparáideach do 2011.[1] Tar éis athbhreithniú de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim agus pléití leis an gcáiníocóir, comhaontaíodh an chóireáil cánach chuí maidir leis an idirbheart seo agus íocadh an cháin a bhí dlite.
- I sé gcás breise, rinne cáiníocóirí íocaíochtaí tar éis earráid a rinneadh i dtuairisceán cánach a cheartú nó nochtadh deonach neamhspreagtha.[2] Ní dhearnadh aon iniúchadh sna cásanna seo. Ba ionann na híocaíochtaí agus €2.6 milliún ar an iomlán agus bhí siad sin idir €7,000 agus €2.3 milliún.
- I dhá chás breise nár rinneadh iniúchadh ar bith orthu, ní raibh aon dliteanas breise ann.

**27.83** Tá achoimre ar na cásanna a rangaíodh go mícheart mar iniúchtaí i bhFíor 27.7.

**Fíor 27.7 Idirghabhálacha na gCoimisinéirí Ioncaim a rangaíodh go mícheart mar iniúchtaí**

| Bunús roghnaithe athbhreithnithe | Líon cásanna | Luach toraidh | Rangaithe go mícheart | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Líon | Toradh mar % den iomlán |
| | | €m | | |
| Socraíochtaí móra | 4 | 37.7 | 1 | 20% |
| Socraíochtaí a roghnaíodh go randamach | 41 | 13.7 | 8 | 19% |
| **Cásanna iomlána a himscrúdaíodh** | **45** | **51.4** | **9** | **20%** |

Foinse: Comhaid iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim

## Conclúidí agus Moltaí

**27.84** Thuairiscigh na Coimisinéirí Ioncaim gur rinneadh beagán os cionn 9,000 iniúchadh faoin dá chlár iniúchta in 2012 agus gurbh ionann toradh na n-iniúchtaí agus €359 milliún.

1 Tagann léiriú amhrais chun cinn nuair a bhíonn cáiníocóir neamhchinnte faoin gcóireáil chánach chuí ar idirbheart agus ansin lorgaíonn tuairim na gCoimisinéirí Ioncaim.

2 Tarlaíonn nochtadh deonach neamhspreagtha nuair a dhéanann cáiníocóir sula n-eisítear litir ag cur in iúl na saincheisteanna iniúchta don cháiníocóir nó, i gcás imscrúdaithe, sula gcuirtear tús leis an imscrúdú.

**27.85** Rinneadh na Coimisinéirí Ioncaim naoi gcás as na cásanna samplacha a roghnaíodh don imscrúdú a rangú go míchruinn mar idirghabhálacha iniúchta. Nuair a bhaintear amach na cásanna seo laghdaíonn sin an toradh iniúchta do na cásanna samplacha de thart ar 20%. Bhí an laghdú sa toradh mar a chéile den chuid is mó do chásanna a roghnaíodh go randamach ar nós na cásanna móra, a roghnaíodh ar bhonn méide. Le linn don ioncam a bheith á bhailiú, is dóigh go bhfuil an toradh iomlán iniúchta tuairiscithe de €359 milliún do 2012 róluaite mar gheall ar na cásanna a rangaíodh go míchruinn.

> **Moladh 27.1:** Ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim an modh ina ndéantar idirghabhálacha le cáiníocóirí a thaifead a athbhreithniú lena chinntiú go ndéantar nádúr na hidirghabhála a thaifead go cruinn agus go ndéantar torthaí ó na cineálacha idirghabhála éagsúla a rangú go cuí lena chinntiú go baintear úsáid níos cruinne as acmhainní iniúchta agus imscrúdaithe atá gann.
>
> **Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Comhaontaithe. Tá feabhsuithe curtha i bhfeidhm ó mí Iúil 2012. Le tacaíocht ó uirlisí bainistithe cásanna nua, tá na Coimisinéirí Ioncaim ag athscagadh rangú idirghabhálacha ó thús 2012. Ní mór a thabhairt ar aird anseo cé go bhfuil rangú cuí idirghabhála cánach tábhachtach níl aon tionchar aige sin ar an méid cáin a íoctar leis an Státchiste.

**27.86** D'fhormhór na gcásanna samplacha a athbhreithníodh, fuair an t-imscrúdú amach go rinne na Coimisinéirí Ioncaim dliteanais na gcáiníocóirí a ríomh nó go raibh áirimh bhailí ag na Coimisinéirí Ioncaim ó ghníomhaire na gCáiníocóirí agus go raibh ús agus pionóis curtha i bhfeidhm de réir na reachtaíochta. Mar sin féin,

- In 18% de na cásanna a athbhreithníodh, bhí easpa cáipéisíochta sa chomhad lena léiriú conas a rinneadh an dliteanas cánach a chainníochtú.
- Cuireadh ús i bhfeidhm i 93% de na cásanna a athbhreithníodh, dhá chás inar rinneadh dhá shocraíocht babhtaí san áireamh. Níor cuireadh aon ús i bhfeidhm i dhá chás agus níor é an méid iomlán a bhí dlite an t-ús a muirearaíodh i dtrí chás breise.
- Fuair an t-imscrúdú amach, go raibh na leibhéil pionóis, nuair a cuireadh i bhfeidhm iad, níos ísle ná mar a bhí léirithe sa chomhaid ar chóir a mhuirearú in aon tríú de chásanna. Níor cuireadh pionós ar bith i bhfeidhm i dhá chás a athbhreithníodh cé gur léirigh an fhianaise ar na comhaid go mbeadh pionóis iomchuí.

**27.87** Léirigh anailís a rinneadh ar shocraíochtaí iniúchta a rinneadh in 2012 go raibh an chionroinnt sonraíochtaí ar cuireadh ús agus pionóis i bhfeidhm orthu, is iad sin cásanna arna bhainistiú ag an Rannóg Cásanna Móra, i bhfad níos lú ná na cásanna a bhí bainistithe sna réigiúin.

**27.88** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go gcuirtear ús agus pionóis i gcásanna arna mbainistiú ag an Rannóg Cásanna Móra i bhfeidhm ag teacht le reachtaíocht agus leis an gCód Cleachtais, agus bíonn cúiseanna dlisteanacha ann leis an bhfáth go bhfuil an dá cheann díobh níos ísle ná na cásanna sna réigiúin. Mar shampla, is corparáidí móra a bhíonn i gceist le nádúr na gcásanna sa Rannóg Cásanna Móra, rud a chiallaíonn go mbaineann na saincheisteanna a aithnítear in iniúchtaí go minic le coigeartaithe teicniúla nach mbíonn pionóis mar thoradh orthu. Sa chás go gcuirtear pionós i bhfeidhm, cuirtear i bhfeidhm é ag an ráta cuí de réir an Chóid Chleachtais.

**Moladh 27.2:** Ba chóir go ndéanfadh na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar na sásraí atá i bhfeidhm acu lena chinntiú go ndéantar ús agus pionóis a chainníochtú de réir na reachtaíochta agus de réir an Chóid Chleachtais. Ba chóir a bhreithniú freisin córas dearbhaithe cáilíochta a chur i bhfeidhm ina dhéanfaí sampla comhad a athbhreithniú agus go dtabharfaí aghaidh ansin ar easnamh ar bith a d'aithneofaí. Chuideodh sin chun leanúnachas a chinntiú i léirmhíniú agus i bhfeidhmiú na reachtaíochta agus an Chóid Chleachtais agus chuirfeadh sé dearbhú ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim go gcaitear le cáiníocóir go cothrom.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Comhaontaithe. Athraíonn nádúr iniúchta, go háirithe i gcás na sonraíochta iniúchta a idirbheartú, go mór ó chás go cás agus cé go gcuireann an reachtaíocht agus an Cód Cleachtais struchtúr oibríochta ar fáil don iniúchóir, ní mór don iniúchóir breithiúnas a úsáid chun na fíricí agus na himthosca sa chás a mheas chun teacht ar shocraíocht a bheadh cothrom agus praiticiúla. Tugadh isteach roinnt tionscnamh ó mí Iúil 2012 chun feabhas a chur ar chaighdeán an phróisis idirghabhála comhlíonta. Leanfar le tús áite a thabhairt d'fheabhas a chur ar chaighdeán na n-idirghabhálacha. Cuirfidh socraíochtaí iniúchta a chuirtear ar aghaidh chuig ardbhainistíocht na gCoimisinéirí Ioncaim ar bhonn randamach, a tugadh isteach in Iúil 2013, feabhas mór ar ár gcumas laigeachtaí sa phróiseas a aithint. Chomh maith leis sin, cuirfidh an Rannóg Pleanála i bhfeidhm clár seiceálacha dearbhaithe cáilíochta ar chásanna a roghnaítear go randamach roimh 2014 a bheidh mar bhonn tacaíochta leis sin.

**27.89** Ba ionann an t-socraíocht iniúchta is airde in 2012 agus €15 milliún i gCás B. In ainneoin castacht theicniúil an cháis agus an mhéid a bhí i gceist, níor cuireadh an cás ar aghaidh chuig aonad frith-sheachanta na gCoimisinéirí Ioncaim. Léirigh an fhianaise maidir leis an t-sonraíocht a idirbheartú go bhféadfadh níos mó cruinnis agus trédhearcachta a bheith ag baint le cur chuige na gCoimisinéirí Ioncaim ó thaobh an cáiníocóir a chur ar an eolas faoin dliteanas a d'fhéadfadh a bheith ann agus measúnú na gCoimisinéirí Ioncaim ar na torthaí a dóigh a bheadh leis an dlíthíocht a thaifead go soiléir go hinmheánach.

**27.90** Chuaigh an cur chuige a glacadh sa chás ina raibh an dara socraíocht is airde ann de €8 milliún i gCás A, i gcodarsnacht leis an gcur chuige a glacadh i gCás B. I gCás A, bhí aonad frith-sheachanta na gCoimisinéirí Ioncaim bainteach leis an gcás ó chéim luath agus cuireadh an cáiníocóir ar an eolas faoin dliteanas iomlán a d'fhéadfadh a bheith ann i rith na n-idirbheart agus léirigh an cás freisin gur bhreithnigh na Coimisinéirí Ioncaim an toradh is dóchúla a thiocfaidh as an dlíthíocht i rith na n-idirbheart socraíochta.

**Moladh 27.3:** Ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim

- athbhreithniú a dhéanamh ar a phróiseas ceadaithe agus breithniú a dhéanamh maidir le coiste ceadaithe socraíochtaí a bhunú do chásanna sonracha m.sh. cásanna lena mbaineann luach ard, cásanna lena mbaineann castacht theicniúil agus cásanna lena mbaineann leibhéal ard riosca
- breithniú a dhéanamh sa chás go mbíonn difríocht idir meastachán an dliteanais agus méid na sonraíochta a beartaíodh, cead a éilliú ag leibhéal an bhunmheastacháin Coimisinéirí Ioncaim (lena n-áirítear ús agus pionóis iomchuí) lena chinntiú go ndéantar an cáin a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas ag leibhéal cuí.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Comhaontaithe. Tá tuilleadh breithnithe le tabhairt do na moltaí seo. Tá córas ceadaithe daingean i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim a éilíonn ceadaitheoir amháin ar an laghad ag an leibhéal bainistíochta. Ag brath ar mhéid na socraíochta, d'fhéadfadh go mbeadh cead de dhíth ón leibhéal Bainisteora Dúiche, Rúnaí Cúnta agus Coimisinéara. Mar chuid d'iompar caighdeánach idirbheartaíochta sonraíochta bíonn comhairliúchán inmheánach rialta, mar aon le freastal bainisteoirí ar chruinnithe le cáiníocóirí. Sa bhreis air sin, bíonn cruinnithe bainistithe míosúla ann faoi chathaoirleacht leibhéal Rúnaí Cúnta, nó bíonn cruinnithe athbhreithnithe torthaí ann gach ceithre mí freisin faoi chathaoirleacht Coimisinéara áit a dhéantar plé sonrach ar leibhéal na gceaduithe a chuirfear i bhfeidhm ar shocraíochtaí iniúchta.

In Iúil 2013, rinneadh na córais bainistithe cásanna a leasú chun a mheabhrú don cheadaitheoir gur chóir go mbeadh sí/é féin sásta gur comhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta maidir le taifead iniúchta. Ceadaíonn na córais seo freisin do chéatadán socraíochtaí iniúchta a chur ar aghaidh, in ainneoin mhéid na sonraíochta sin (sonraíochtaí nialais san áireamh) chuig Rúnaithe Cúnta agus comhaltaí an Bhoird, lena gceadú. Tá na tionscnaimh seo leagtha  amach chun feasacht a ardú ar an tábhacht a bhaineann le hoibríocht cásanna caighdeáin. Ar an mbealach céanna, cuideoidh an clár seiceálacha dá dtagraítear thuas, leis an teachtaireacht idirghabhála caighdeáin a fhorfheidhmiú.

**Moladh 27.4:**  Sa chás go socraítear cásanna ar mhéid níos lú ná mar a bhí measta ag na Coimisinéirí Ioncaim ar dhliteanas an cháiníocóra, ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim a bhreithniú (agus a thaifead) an torthaí eile a d'fhéadfadh a bheith ag súil leo as an dlíthíocht sa chás go mbíonn sin mar mhalairt rogha gníomhartha. Tugtar le fios go mbeadh go leor breithiúnais de dhíth agus go bhféadfadh go mbeadh socraíochtaí casta ann. Nithe ar chóir a bhreithniú ná neamhchinnteacht faoin toradh a d'fhéadfadh a bheith ann mar aon leis an gcostas, am agus rioscaí a bhaineann le dlíthíocht. Ba chóir go mbeadh na cinntí, agus na cúiseanna leis na cinntí sin, a thaifead go hiomlán agus go soiléir sula gcuirtear an comhad ar aghaidh lena cheadú.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Comhaontaithe. Tacóidh na Caighdeáin Idirghabhála Comhlíonta Cáilíochta a seoladh i mBealtaine 2013 le cur i bhfeidhm an mholta seo agus mholadh 28.6 thíos.

**Moladh 27.5:** . Sa chás go mbíonn cásanna a bhíonn castacht theicniúil ag baint leo, ba chóir baill foirne speisialtachta laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas (agus lasmuigh nuair a bhreithnítear sin a bheith riachtanach) agus ba chóir a gcuid tuairimí a chur ar pháipéar agus a thaifead ar an gcomhad.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Comhaontaithe. Comhaontaítear sa chás go mbeidh sé riachtanach d'iniúchóir comhairle a lorg go hinmheánach nó go seachtrach, ba chóir tuairimí speisialtachta a chur ar pháipéar agus a thaifead.

**Moladh 27.6:** Maidir le hidirbheartú na socraíochtaí iniúchta, ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim na nithe seo a leanas a bhreithniú

- treoir agus nósanna imeachta sonracha a chur i bhfeidhm maidir le modh oibre na n-idirbheartaíochtaí socraíochta
- a éilliú orthu siúd atá i mbun idirbheartaithe ar na socraíochtaí meastachán is airde na gCoimisinéirí Ioncaim ar dhliteanas an cháiníocóra  a chur chun cinn lena n-áirítear an méid chuí úis agus pionós

- foireann idirbheartaíochtaí a bhfuil taithí aici a bhunú a bheadh ar fáil do gach aonad in imthosca lena mbaineann suimeanna móra.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta:** Comhaontaithe. Faigheann gach ball foirne a ghlacann páirt sa chlár oiliúna iniúchta, modúl ar hidirbheartaíochtaí sonraíochta, ina múintear teicnicí trí mheascán oiliúna foirmiúil, rólghlacadh agus cás staidéir. Cé go mbreithneofar forbairt ar threoir agus nósanna imeachta sonracha, tá béim láidir cheana féin ar mheantóireacht a dhéanamh ar iniúchóirí nach bhfuil an oiread sin taithí acu i rith an phróisis iniúchta trí iad a chur chuig cruinnithe le comhaltaí foirne sinsearacha nuair a bhíonn idirbheartaíochtaí sonraíochtaí ar bun. Sa bhreis air sin, sa chás go mbíonn saincheisteanna teicniúla i gceist nó go mbíonn méideanna móra á phlé, freastalaíonn an bainisteoir iniúchta, agus i gcásanna móra an Bainisteoir Dúiche, mar aon leis an bhfoireann tacaíochta theicniúil ar chruinnithe le cáiníocóirí agus gníomhairí. Tabharfar breithniú breise, mar sin féin, ar tograí sa mholadh seo.

## Iarscríbhinn A - Rátaí Pionóis do Mhainneachtain ar nó tar éis 24 Nollaig 2008

| Nochtadh incháilithe agus comhoibriú cáiníocóirí | Catagóir Mainneachtana | Nochtadh Spreagtha | Nochtadh neamhspreagtha |
|---|---|---|---|
| Gach nochtadh incháilithe sa chatagóir seo | Iompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha | 10% | 3% |
| An chéad nochtadh incháilithe sna catagóirí seo | Iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha | 20% | 5% |
| | Iompar in aon turas | 50% | 10% |
| An dara nochtadh incháilithe sna catagóirí seo | Iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha | 30% | 20% |
| | Iompar in aon turas | 75% | 55% |
| An tríú nochtadh incháilithe sna catagóirí seo nó nochtaí ina dhiaidh sin | Iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha | 40% | 40% |
| | Iompar in aon turas | 100% | 100% |

| Gan nochtadh incháilithe ar bith | Catagóir Mainneachtana | Gan comhoibriú ar bith | Comhoibriú agus sin amháin |
|---|---|---|---|
| Gach mainneachtain nach mbaineann nochtadh incháilithe ar bith leo | Iompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha | 20% | 15% |
| | Iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha | 40% | 30% |
| | Iompar in aon turas | 100% | 75% |

Nóta: Déanann an tábla seo tagairt do mhainneachtain a tharla ar nó tar éis 24 Nollaig 2008 (Acht Airgeadais Uimh 2. 2008), ina dhéanann an cáiníocóir nochtadh incháilithe agus do mhainneachtain nach ndéantar nochtadh incháilithe ina leith. Is céatadán den cháin tearcíoctha é an pionós cáin-dhírithe.

# Nithe Eile

# 28 Cuntais Ghníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**28.1** Ceanglaíonn Alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (an tAcht) ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht) cuntais a choinneáil ar na hairgid a fhaigheann sí nó a chaitheann sí i bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Airgeadais (an tAire), agus iad a chur isteach le haghaidh iniúchta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Nuair an thugtar an t-iniúchadh chun críche caithfidh an Ghníomhaireacht na cuntais a chur i láthair an Aire a chaithfidh, ar a sheal, na cuntais a chur i láthair Thithe an Oireachtais.

**28.2** Ar leithligh, ceanglaíonn Alt 12 (3) den Acht ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna a bheidh tugtha chun cuntais ag an nGníomhaireacht gach bliain. Seo í an tuarascáil do 2012 faoin alt sin den Acht.

### Cuntais na Gníomhaireachta 2012

**28.3** Tá iniúchadh déanta ar chuntais na Gníomhaireachta do 2012. Eisíodh mo thuarascálacha ar na hiniúchtaí ar 30 Meitheamh 2013. Tá na cuntais curtha i láthair an Aire a chuir faoi deara cóipeanna díobh a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas ar 18 Iúil 2013.

**28.4** Tá mé sásta go dtugann na cuntais cur síos ceart ar idirbhearta na Gníomhaireachta do 2012 agus ar a hiarmhéideanna ag deireadh na bliana.

**28.5** Is iad seo a leanas na cuntais a ndearnadh iniúchadh orthu faoi Alt 12 (arna leasú)

- Fiachas Náisiúnta na hÉireann
- Cuntas riaracháin Gníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
- Ráitis airgeadais Chiste Bhanc Taisce an Phoist
- Ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát
- Cuntas an Chúlchiste Mionchoigiltis.

**28.6** De réir Alt 12 (arna leasú), ceanglaítear ar chuntais na Gníomhaireachta taifead a dhéanamh de chostais a tabhaíodh maidir leis

- An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean
- An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais
- An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.

**28.7** Tugtar cuntas ar leithligh ar an gCiste Carbóin agus ní chuid de chuntais na Gníomhaireachta é chun críche Alt 12 (arna leasú). Déanta ráitis airgeadais an Chiste Carbóin a iniúchadh faoin Acht um Chiste Carbóin 2007. Eisíodh mo thuarascáil ar an iniúchadh ar 28 Meitheamh 2013.


**28.8** Don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2012, tá ionchorprú déanta ar chúig chuntas bheaga[1] a ndearnadh cuntas ar leithligh orthu i mblianta roimhe sin, i gcuntais an fhiachais náisiúnta chun críocha éifeachtachta. Níl aon tionchar ar leibhéal an eolais a chuirtear i láthair maidir leis na cúig chuntas ag éirí as an athrú seo. D'fhaomhaigh an tAire leagan amach leasaithe cuntas an fhiachais náisiúnta.

## Feidhmeanna, Róil agus Soláthar Foirne na Gníomhaireachta

**28.9** Is eagraíocht chasta í an Ghníomhaireacht le hiliomad feidhmeanna agus róil a leathnaíonn anois thar a feidhm bhunúsach chun fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú.

**28.10** Tá achoimre ar struchtúr, ar phríomhfheidhmeanna agus ar róil na Gníomhaireachta le fáil i bhFíor 28.1.

**Fíor 28.1 Príomhfheidhmeanna agus róil Gníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta**




1 Cuntas Gníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ( Díbhinní Neamhéilithe), Cuntas na nIasachtaí Náisiúnta (Foirceanta), Cuntas Airleacain Úis na nIasachtaí Náisiúnta, Cuntas Infheistíochta Airgead i dTaiscí, agus Cuntas Stoic a nGlactar mar Íocaíocht ar Cháin Oidhreachta agus Dleachtanna Báis.

### *Maoiniú Stáit, Bainistíocht Fiachais agus Seirbhísí an Chisteáin Náisiúnta*

**28.11** Faigheann an Ghníomhaireacht iasachtaí thar ceann an Státchiste agus bainistíonn fiachas náisiúnta na hÉireann. Ag deireadh 2012, b'ionann é seo agus €137.6 billiún tar éis airgead tirim agus sócmhainní airgeadais eile a chur san áireamh.

**28.12** Tá mionsonraí struchtúir an fhiachais náisiúnta san áireamh i gCaibidil 2, a phléann méid foriomlán fiachais an Rialtais.

**28.13** Bíonn roinnt feidhmeanna eile ar siúl ag rannán maoinithe agus bainistithe fiachais na Gníomhaireachta, lena n-áirítear oibríochtaí an chisteáin náisiúnta don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA) agus don Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF), seirbhís státchiste lárnach á cur ar fáil do chomhlachtaí Stáit agus d'údaráis áitiúla agus bainistiú sócmhainní Ciste na gCuntas Díomhaoin agus Ciste Bhanc Taisce an Phoist. Déanann sé maoirseacht freisin ar an gCúlchiste Mionchoigiltis. Níor íocadh aon airgead isteach sa Chúlchiste Mionchoigiltis i 2012 ná níor coinníodh aon airgead sa Chiste ag deireadh na bliana.

***An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát***

**28.14** Déanann an Ghníomhaireacht bainistíocht ar éilimh ar chúiteamh faillí cliniciúla, ar dhamáiste do mhaoin agus ar dhíobháil phearsanta, thar ceann údarás Stáit áirithe. Agus í i mbun na bhfeidhmeanna seo tugtar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA) ar an nGníomhaireacht. Áiríonn an Ghníomhaireacht gurb ionann an costas measta chun na héilimh a bhí amuigh amhail an 31 Nollaig 2012 a réiteach agus €1.1 billiún (2011: €0.99 billiún).

**28.15** B'ionann dámhachtainí agus costais éilimh ghaolmhara an SCA i 2012 agus €100 milliún. Thabhaigh an Ghníomhaireacht €10.3 milliún eile i gcostais riaracháin a tabhaíodh i ndéanamh a feidhmeanna SCA. Tá na costais riaracháin seo san áireamh i gcostais riaracháin na Gníomhaireachta agus cuirtear de mhuirear ar an bPríomh-Chiste iad.

**28.16** Déantar éilimh chiniciúla a bhainistiú faoi roinnt scéimeanna SCA, arbh í an Scéim Slánaíochta Chliniciúil an ceann is mó. Tugann Caibidil 29 tuairisc ar oibriú na Scéime Slánaíochta Cliniciúla.

***NewERA***

**28.17** I Meán Fómhair 2011, d'fhógair an Rialtas bunú an Údaráis um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA). Bunaíodh ar dtús é ar bhonn neamhreachtúil laistigh den Ghníomhaireacht.

**28.18** Bhí an caiteachas a thabhaigh an Ghníomhaireacht i 2012 maidir le NewERA bainteach go príomha leis seo a leanas

- diúscairt bheartaithe sócmhainní Stáit
- comhairle rialachais agus airgeadais chorparáidigh maidir le gnéithe rialachais, airgeadais agus tráchtála comhlachtaí/sócmhainní Stáit áirithe
- comhairle maidir le gníomhaíochtaí chun infheistíocht in infreastruchtúr geilleagrach a éascú
- comhairle dhlíthiúil a fuarthas maidir le reachtaíocht NTMA a leasú, lena n-áirítear an fhéidearthacht NewERA a bhunú mar chuideachta shealbhaíochta do chomhlachtaí Stáit tráchtála áirithe.

Ní nochtar costais feidhmeanna NewERA ar leithligh i gcuntas riaracháin na Gníomhaireachta, toisc nach bhfuil aon cheangal reachtach do noctadh.

**28.19** I Meitheamh 2013, d'fhógair an Rialtas gur aontaigh sé go ndéanfaí dréachtú ar reachtaíocht nua a fhorálfaidh do bhunú NewERA ar bhonn reachtúil.[1] Beidh údarás dlíthiúil ag NewERA chun comhairle thráchtála a chur ar fáil d'Airí agus do scairshealbhóirí Aireachta ábhartha do chuideachtaí státurraithe faoina sainchúram. Oibreoidh sé le scairshealbhóirí chun tograí a struchtúrú, a fhorbairt agus comhairle a chur fúthu don infheistíocht in earnálacha tosaíochta. Beidh an fhreagracht agus an rialúchán ar na hAirí ábhartha i gcónaí. Áireofar ar na feidhmeanna comhairleacha

- rialachas corparáideach
- feidhmíocht airgeadais agus moltaí
- uas-úsáid acmhainní
- straitéis chorparáideach
- pleananna caipitiúla agus infheistíochta
- ceapacháin boird
- éadálacha, diúscairtí, atheagrúcháin agus athchóirithe.

### *Scéimeanna Ráthaíochta Institiúidí Airgeadais*

**28.20** Faoin scéim Ráthaíochta Dliteanas Inghlactha, tá dliteanais inghlactha áirithe, lena n-áirítear taiscí agus urrúis fiachais a bhfuil aibíocht suas le cúig bliana acu in institiúidí rannpháirteacha, ráthaithe ag an Aire. Faoi rialacha cúnaimh Stáit, teastaíonn faomhadh Choimisiúin an AE ón scéim i gceann eatramh sé mhí.

**28.21** Oibríonn an Ghníomhaireacht an scéim thar ceann an Aire. Cé go ndéanann an Ghníomhaireacht an scéim a riaradh, is é Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais atá freagrach as na táillí faighte.

**28.22** Ar 26 Feabhra 2013, d'fhógair an tAire dúnadh na scéime do gach dliteanas nua le héifeacht ó mheánoíche ar 28 Márta 2013. Tar éis an dáta seo ní féidir aon dliteanais nua a thabhú faoin scéim. Ar 28 Márta 2013, b'ionann agus €75 billiún na suimeanna a clúdaíodh faoin scéim.

**28.23** Tar éis leachtú na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc Teoranta (IBRC) i bhFeabhra 2013, is féidir éilimh faoin scéim do dhliteanais urraithe (bannaí agus taiscí) a dhéanamh. B'fhiú íocaíochtaí iomlána ar éilimh go 10 Iúil 2013 agus €939.4 milliún (€933.8 milliún do bhannaí agus €5.6 milliún do thaiscí).[2]

**28.24** Tharmlig an tAire seo a leanas don Ghníomhaireacht freisin [3]

- fíorú éileamh ar íocaíocht i leith gníomhais ráthaithe a rinneadh ar 29 Samhain 2010 maidir le conarthaí díorthacha áirithe a rinne an IBRC
- suimeanna dlite agus iníoctha faoin ngníomhas ráthaithe a íoc amach.

**28.25** Bhí íocaíochtaí bainteach le díorthaigh de €37.4 milliún san iomlán déanta ag an nGníomhaireacht suas go 10 Iúil 2013, ag éirí as leachtú IBRC.[2]

1 Tabharfar an Bille um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2013 air.

2 Is figiúirí neamhiniúchta iad seo. Cé gur phróiseáil an Ghníomhaireacht na híocaíochtaí, léireofar iad i gCuntais Airgeadais 2013.

3 Ionstraim Reachtúil Uimh. 85 de 2013.

### *Soláthar Foirne d'Fheidhmeanna Chóras Baincéireachta*

**28.26** I Márta 2010, tharmlig an Rialtas feidhmeanna chóras baincéireachta áirithe d'Aire na Gníomhaireachta.[1] Bhain an tarmligean go háirithe le bainistíocht leasa an Stáit sna forais chreidmheasa a clúdaíodh faoi na ráthaithe baincéireachta, agus plé tacaíochta caipitiúla do na forais sin. Tarraingíodh siar an tarmligean i Lúnasa 2011[2] agus tugadh Aonad Baincéireachta na Gníomhaireachta ar iasacht don Roinn Airgeadais ó shin.

**28.27** Ar ordú ón Aire, lean an Ghníomhaireacht de bheith ag íoc costais an Aonaid Bhaincéireachta. Chuimsigh costais a tabhaíodh i rith 2012 costais foirne agus costais chomhairleachta áirithe. Ní nochtar costais an Aonaid Bhaincéireachta ar leithligh i gcuntas riaracháin na Gníomhaireachta, toisc nach bhfuil aon cheanglas nochta reachtach ann.

### *Ceannacháin an Chiste Carbóin*

**28.28** Thar ceann an Stáit, riarann an Ghníomhaireacht ceannach creidmheasanna carbóin a dteastaíonn le hoibleagáidí athrú aeráide na hÉireann tríd an gCiste Carbóin a bunaíodh faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007, a chomhlíonadh. Ach ó Feabhra 2009, áfach, cuireadh ceannach creidmheasanna carbóin ar fionraí. Ag deireadh 2012, bhí sócmhainní a raibh luach éadálacha €99 milliún orthu ag an gCiste Carbóin.

### *An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean*

**28.29** Is Bainisteoir an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (an Ciste) é an Ghníomhaireacht. Ceadaíonn sainchúram reachtach an Chiste don Aire treoir a thabhairt do Choimisiún an Chiste infheistíochtaí áirithe a dhéanamh agus íocaíochtaí áirithe don Státchiste. Shealbhaigh an Ciste glansócmhainní de €14.7 billiún ag deireadh 2012. Tá na glansócmhainní comhdhéanta de €6.1 billiún infheistíochtaí lánroghnacha agus €8.6 billiún in infheistíochtaí dírithe. Eisíodh mo thuarascáil ar iniúchadh an Chiste ar 28 Meitheamh 2013.

**28.30** Thabhaigh an Ghníomhaireacht costais de €3.9 milliún ina ról mar Bhainisteoir an Chiste. Nochtar é seo i gcuntas riaracháin na Gníomhaireachta ach ní fhaigheann an Ghníomhaireacht ar ais é.

**28.31** Forálfaidh an Bille um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2013 atá beartaithe do bhunú Ciste Infheistíochta Straitéiseach in Éirinn (ISIF) trí threo an Chiste a athshuíomh agus trí acmhainní punainne lánroghnacha an Chiste a chur ar fáil d'infheistíocht thráchtála in Éirinn.

### *An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais*

**28.32** Is í an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDFA) an comhairleoir airgeadais reachtúil d'údaráis an Stáit maidir le gach tionscadal infheistíochta poiblí a bhfuil luach caipitiúil sa bhreis ar €20 milliún aige. Tá sí freagrach freisin as soláthar agus seachadadh tionscadal comhpháirtíochta príobháidí poiblí in earnálacha seachas iompar agus na húdaráis áitiúla.

1 Ionstraim Reachtúil Uimh. 115 de 2010.

2 Ionstraim Reachtúil Uimh. 395 de 2011

**28.33** Déanann an NDFA a cuid feidhmeanna tríd an Ghníomhaireacht. B'ionann agus €1.6 milliún i 2012 na táillí agus na costais a thabhaigh an NDFA i ndéanamh a cuid feidhmeanna comhairleacha agus airgeadais. Is féidir na costais seo a fháil ar ais ó na húdaráis Stáit ábhartha atá ag baint leasa as seirbhísí NDFA. Thabhaigh an Ghníomhaireacht €6.1 milliún eile i ndéanamh a bhfeidhmeanna NDFA eile. Nochtar é seo i gcuntas riaracháin na Gníomhaireachta ach ní féidir leis an nGníomhaireacht é a fhorchúiteamh. Eisíodh mo thuarascáil ar iniúchadh an NDFA ar 28 Meitheamh 2013.

### *An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní*

**28.34** Shann an Ghníomhaireacht foireann agus chuir seirbhísí ar fáil do NAMA i rith 2012 ar tabhaíodh costas de €36.9 milliún ina leith agus ar athmhuirearaíodh do NAMA.[1]

- Tabhaíodh beagán thar €30 milliún i leith costas foirne. Bhí sé seo comhdhéanta de €27.1 milliún do 224 ball foirne a bhí fostaithe go díreach ag an nGníomhaireacht agus ar sannadh do NAMA agus €3.1 milliún i leith costais chionroinnte fostaithe na Gníomhaireachta a oibríonn seirbhísí roinnte lena n-áirítear IT, acmhainní daonna agus airgeadas.
- Tabhaíodh beagán faoi bhun €7 milliún i leith costas eile a thabhaigh an Ghníomhaireacht lena n-áirítear cíos, seirbhísí oifige agus costais comhairliúcháin.[2]

**28.35** Eisíodh mo thuarascáil ar iniúchadh NAMA ar 2 Bealtaine 2013.

### *Dáileadh Foireann na Gníomhaireachta*

**28.36** Tháinig méadú ar an líon foirne sa Ghníomhaireacht ag éirí as na freagrachtaí breise a sannadh di. Ag deireadh 2012, b'ionann an líon foirne agus 500 san iomlán (2011: 433). Leagtar sannadh foirne go dtí feidhmeanna éagsúla na Gníomhaireachta ag deireadh 2012 amach i bhFíor 28.2.

**Fíor 28.2 Dáileadh foireann na Gníomhaireachta ag deireadh 2012**

| **An Líon Foirne** | |
|---|---|
| Cistiú agus bainistíocht fiachais | 14 |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh Stáit | 69 |
| NewERA | 12 |
| An tAonad Baincéireachta[a] | 12 |
| An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean | 13 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais | 44 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 224 |
| Seirbhísí tacaíochta agus eile[b] | 112 |
| **Iomlán** | **500** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí: a Ar iasacht don Roinn Airgeadais.

b Airgeadas, Teicneolaíocht agus Riosca (74), HR agus Seirbhísí Corparáideacha (8), Dlíthiúil, Rialú agus Comhlíonadh (16), eile (14).

1 B'ionann costais riaracháin NAMA san iomlán agus €119.1 milliún i 2012 (€128.4 milliún i 2011).

2 Féach ráitis airgeadais NAMA 2012.

## Struchtúr Rialachais na Gníomhaireachta

**28.37** Tuairiscíonn Príomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta go díreach don Aire. Oibríonn an Ghníomhaireacht gan bord faoi láthair ach tá Coiste Comhairleach aici le cuidiú agus le comhairle a chur ar fáil ar chúinsí a tharchuireann an Ghníomhaireacht chuig an gCoiste.

**28.38** Mar ar tugadh gearrchuntas air níos luaithe, forálfaidh reachtaíocht atá beartaithe do bhunú an ISIF agus cuirfidh sí NewERA ar bhonn reachtúil. Molfaidh sí freisin struchtúr rialachais chorparáidigh leasaithe le go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht sruthlíniú ar a struchtúir rialachais agus chun Bord nua uileghabhálach a bhunú. Beidh díscaoileadh Choimisiún an NPRF agus Bord an NDFA i gceist anseo.  Beidh gá le hathstruchtúrú ar na ráitis airgeadais agus ar na cuntais in atheagrú na seirbhísí.

# 29 Scéim Slánaíochta Cliniciúla

**29.1** Tá oibligeáid reachtúil ar an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainistíochta Sóchmhainní (NTMA) bainistiú a dhéanamh ar éilimh díobhála pearsanta agus éilimh díobhála maoine in aghaidh údarás áirithe Stáit.[1] Forordaíonn an reachtaíocht, chomh maith, ról bainistithe riosca do NTMA, chun comhairle a chur ar údaráis Stáit agus chun cúnamh leo a neamhchosaint ar éilimh amach anseo a íoslaghdú. Fad is a bhíonn na feidhmeanna sin á gcomhlíonadh tugtar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA) ar NTMA.

**29.2** Is iad príomhchuspóirí SCA ná

- a chinntiú go gcoinnítear dliteantas an Stáit i leith éileamh agus costas ag an leibhéal is ísle is féidir a bhaint amach
- cláir oibre riosca, lena n-áirítear seirbhísí comhairleacha riosca, in údaráis Stáit, a chur i bhfeidhm, agus é mar aidhm acu costais aon dlithíocht in aghaidh an Stáit amach anseo a laghdú.

**29.3** Tá 54 údarás Stáit ann faoi láthair, agus breis agus 200,000 fostaí acu, a thagann faoi shainchúram SCA.  Cuimsíonn an sainchúram éilimh in aghaidh an Stáit féin agus in aghaidh údarás áirithe Stáit lena n-áirítear airí rialtais, an tArd-Aighne, fiontair chúram sláinte, Coimisinéir an Gharda Síochána, gobharnóirí príosún, agus forais éagsúla eile.[2]

**29.4** Ag deireadh 2012 bhí 5,755 éileamh faoi bhainistíocht SCA a raibh dliteanas féideartha measta acu de bhreis is €1.1 billiún. Na leathanchatagóirí éileamh atá á mbainistiú ná dliteanas fostóra, dliteanas poiblí, díobháil maoine agus díobháil chliniciúil. Bhain beagán faoi leath de na héilimh ghníomhacha ar fad ag deireadh 2012 leis an gcatagóir chliniciúil agus b'ionann iad agus breis is 85% den dliteanas féideartha measta le haghaidh gach éileamh.

**29.5** Déantar éilimh chliniciúla a bhainistiú faoi roinnt scéimeanna SCA, agus an ceann is mó díobh ná Scéim na Slánaíochta Cliniciúla (CIS).

**29.6** Déanann an tuairisc seo athbhreithniú ar bhainistiú SCA ar CIS agus go háirithe ar

- Barainneacht a cuid oibríochtaí mar a bhaineann leis an oibligeáid reachtúil dliteanais in aghaidh éileamh agus costas a choinneáil ag an leibhéal is ísle is féidir a bhaint amach.
- Éifeacht na bainistíochta éalamh maidir leis na modhanna oibre agus leis an am a thógann sé chun éilimh a shocrú agus a chur de láimh.
- Na gníomhaíochtaí a rinneadh agus na tionscnaimh ar tugadh futhu chun a freagracht reachtúil a chomhlíonadh maidir le bainistiú riosca.

1An tAcht um Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainistíochta Sóchmhainní (Leasú)  2000.

2 Leathnaíodh réimse gníomhaíochta SCA go mór i Feabhra 2011 chun cineáil nua éilimh agus breis údaráis a chuimsiú.

## Scóp Scéim na Slánaíochta Cliniciúla

**29.7** Bunaíodh CIS in Iúil 2002 ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar dhá shaincheist shuntasacha a bhí tagtha chun cinn maidir leis na socruithe slánaíochta míochaine a bhí ann cheana.

- Bhí an pointe sroichte ag an margadh árachais tráchtála nach raibh sé toilteanach feasta clúdach árachais a chur ar fáil i réimse an chnámhseachais mar gheall ar an bhformhéadú a bhí tagtha ar dhámhachtainí cúirte agus ar chostais i gcásanna mífheidhmithe ceirbrigh a bhí bainteach leis an mbreith.
- Mar gheall ar shocruithe difriúla árachais agus slánaíochta, is minic gur bhain ilfhoirne dlí leis an gcóras a bhí ann roimhe sin chun éilimh slánaíochta míochaine a réiteach, agus glacadh leis go ginearálta go raibh an córas sin costasach, am-íditheach agus sáraíoch de réir nádúir.

**29.8** Cuimsíonn an scéim gach éileamh míchleachtais mhíochaine agus faillí cliniciúla ag éirí as diagnóis, cóir leighis agus cúram othar a thógtar in aghaidh fhorais chúram sláinte poiblí agus a gcuid cleachtóirí cliniciúla, cleachtóirí altranais agus cleachtóirí chúram sláinte gaolmhara. Clúdaítear dochtúirí comhairleacha ospidéil faoi CIS maidir le teagmhais faillí cliniciúla líomhnaithe, a tharla ar 1 Feabhra 2004 agus ina dhiaidh sin.

**29.9** Ó 1 Feabhra 2004 i leith clúdaíonn CIS chomh maith, an barrachas ar an uasteorainn slánaíochta atá socraithe ag árachóirí príobháideacha i leith comhairleach a oibríonn go lánaimseartha i gcleachtadh príobháideach. An uasteorainn atá socraithe ag árachóirí príobháideacha i leith na gcomhairleach atá i speisialtachtaí ard-riosca ná €565,000 an éilimh, faoi réir uasteorainn bhliantúil chomhiomlán de €1.695 milliún. Is í an uasteorainn le haghaidh speisialtachtaí eile ná €1.13 milliún an éilimh, gan aon uasteorainn bhliantúil chomhiomlán.


**29.10** Faoi scóp CIS is féidir le SCA ionadaíocht dlí a eagrú ag coistí cróinéara le haghaidh gníomhaireachtaí agus cleachtóirí aonaracha má iarrann siad é. Ach ní chuirtear ionadaíocht ar fáil ag imeachtaí smachta nó ag imeachtaí coiriúla nó roimh chomhlachtaí rialála gairmiúla.

## Maoiniú na Scéime

**29.11** Cuirtear slánaíocht chliniciúil ar fáil ar bhonn cineál 'dliteanas fiontair' ar choincheap é go ginearálta ina nglacann fiontair le dliteanas i leith ghníomhaíocht a gcuid fostaithe. I gcás CIS glacann an Stát freagracht as slánaíocht (tríd an HSE) agus bainistíocht (tríd an SCA) éileamh ar son foras sláinte.

**29.12** Tá CIS maoinithe ar bhun 'íoc-mar-a úsáidtear'. Íocann SCA costas dámhachtainí agus na costais a ghabhann leo ar an gcéad dul síos agus aisíoctar SCA ar bhonn míosúil trí Vóta an HSE. Tá róil i leith CIS tugtha i bhFíor 29.1.

**Fíor 29.1 Róil na Scéime Slánaíochta Cliniciúla**




**29.13** I gcásanna áirithe, bíodh sé trí chomhaontú nó trí bhreithiúnas na gcúirteanna, d'fhéadfaí a shocrú go ndéanfaí dliteanas a chomhroinnt ar bhonn céadatáin idir SCA agus tríú páirtí/comhchosantóir. D'fhéadfadh sé tarlú, mar shampla, i gcás ina bhfuil SCA ag déanamh ionadaíochta ar son ospidéil agus foireann altranais agus go bhfuil eagraíocht chosaint míochaine ag déanamh ionadaíochta ar son dochtúra nó comhairligh. I roinnt de na cásanna sin íocfaidh SCA an costas iomlán agus gheobhfar an méid cuí ar ais ón tríú páirtí ina dhiaidh sin. Cuirtear méideanna a fhaightear ar ais ó tríú páirtithe in aghaidh an chéad aisíocaíocht mhíosúil eile ón HSE.

**29.14** Tugtar cuntas ar ioncam agus caiteachas SCA i leith éileamh CIS ina cuid ráiteas airgeadais bliantúil. Cuimsítear costais foirne agus forchostais SCA i gcostais riaracháin NTMA a íoctar as an bPríomh-Chiste.

### *Socrú Aontas Chosaint Míochaine*

**29.15** Tugadh le fios mar pháirt de chinneadh an Rialtais CIS á bunú nach mbeadh éifeacht siarghabhálach ag an scéim. Dá bhrí sin nuair a cuireadh síneadh le CIS chun comhairligh a chlúdú ó 1 Feabhra 2004 fágadh dliteanas ag eagraíochtaí chosaint míochaine as aon éileamh a dhéanfaí sa todhchaí i leith teagmhas a tharla roimh an dáta sin.

**29.16** Mhaígh eagraíocht amháin bunaithe sa UK, Medical Defence Union Limited (MDU) go mba chóir do Stát na hÉireann dliteanais a cuid ball a ghlacadh ar láimh i leith teagmhas a tharla sular cuireadh síneadh le CIS. Nuair a dhiúltaigh MDU comhairligh as Éirinn a shlánú, chuir an Roinn Sláinte socruithe nua i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 2004, ar dá réir gur láimhseáil aturnaetha neamhspleácha, ainmnithe ag Comhlachas Chomhairleoirí Ospidéil na hÉireann agus Cumann Leighis na hÉireann, éilimh faillíocha cliniciúla in aghaidh comhairleach. Ag deireadh gach cás bhí na haturnaetha i dteideal iarratas ar íocaíocht ex-gratia a chur ag an Aire Sláinte i leith socraíochtaí agus na costais a bhain leo. Faoi na socruithe sin rinne an Roinn Sláinte íocaíochtaí ex-gratia de bheagnach €43 milliún san iomlán suas go Meitheamh 2012.

**29.17** Cuireadh tús le hidirbheartaíocht idir an Roinn Sláinte agus MDU faoi dhliteanais stairiúla MDU in 2004 agus bhris siad síos in 2005. Cuireadh tús le cainteanna idir na páirtithe in Eanáir 2011 ar mhaithe le dlithíocht leanúnach a shocrú. Go luath in 2012 tugadh rochtain ar shonraíocht MDU do SCA, a chuir ar a cumas an dliteanas iomlán féideartha i leith sean-éileamh agus i leith éileamh féideartha sa todhchaí a bhain le teagmhais a tharla roimh Feabhra 2004, a mheas. I Meán Fómhair 2012, chinn an Rialtas glacadh le tairiscint MDU de €45 milliún mar lánghlanadh deiridh i leith a chuid dliteanas stairiúil in Éirinn.


**29.18** D'aontaigh an tArd-Aighne agus foireann dlí na Roinne Sláinte gurb é an pacáiste de €45 milliún an ceann is fearr a bhí ar fáil agus go raibh baol ann nach bhfaigheadh an Stát rud ar bith ó MDU dá leanfaí leis na himeachtaí. Fuair Stát na hÉireann an tsocraíocht aontaithe €45 milliún i Nollaig 2012.

## Éilimh Chliniciúla

**29.19** Ag deireadh 2012 bhí 2,652 éileamh cliniciúil á mbainistiú ag SCA agus bhain 2,600 díobh sin le CIS. De na 833 éileamh nua a fuarthas le linn 2012 bhain thart ar 230 le gnáthaimh ionadaithe cromán a rinneadh inar úsáideadh ionclannáin de dhéantús DePuy Orthopaedics Inc . Dúirt SCA gur tháinig sé ar shocrú le DePuy le linn 2013 ar dá réir go dtabharfaidh an cuideachta dliteanas i leith mórchuid na gcásanna agus déanfaidh an cuideachta na costais a thabhaigh an Stát go dáta leis na cásanna sin a chosaint, a aisíoc.

**29.20** Léiríonn Fíor 29.2 riar cásanna éileamh cliniciúil sa tréimhse 2008 go 2012. Tá éilimh DePuy a fuarthas le linn 2012 oscailte amach chun an treocht bhunúsach ghinearálta in éilimh nua chliniciúla a thaispeáint.

**Fíor 29.2 Líon éileamh cliniciúil 2008 go 2012**




Foinse: An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

## Dliteanas Féideartha Measta

**29.21** Ríomhann SCA meastachán den dliteanas féideartha a bhaineann le gach éileamh ar leith. An polasaí atá ann ná an cás ar dhóigh dó tarlú a thuar, maidir le méid na dámhachtana/socraíochta agus na costais ag dul leis, agus ansin corrlach an tsuaimhnis de suas go 20% a chur leis. Déantar meastacháin a choigeartú thar saol na n-éileamh chun teacht le haon fhaisnéis nua a thagann chun solais - déantar corrlach de suas go 20% a iniamh le gach meastachán leasaithe.

**29.22** I measc na gcúiseanna a thug SCA as corrlach de suas go 20% a chur leis an meastachán ar dhliteanais fhéideartha bhí

- Chun teacht leis an bhféidearthacht nach socrófaí an cás roimh éisteacht cúirte, ina gcríochnódh sé go ginearálta le dámhachtainí agus costais dlí níos airde.
- Chun teacht le féidearthacht aimhréidheanna nach raibh coinne leo maidir le staid míochaine an ghearánaí a d'fhéadfadh críochnú le costais ghinearálta nó costais speisialta níos airde.
- Admhaítear an fachtóir suaimhnis de 20% mar fhoráil choinbhinsiúnta a úsáideann árachóirí stuamachta/soláthróirí slánaíochta.

**29.23** I gcásanna a bhaineann le pairilis cheirbreach nó le mífheidhmiú ceirbreach socraítear an chéad mheastachán ag figiúir chaighdeánach, faoi réir measúnaithe faoi dhliteanas agus cúisíocht. Má bhíonn gné d'fhaillí rannpháirteach nó de dliteanas tríú páirtí i gceist cuirtear é sin san áireamh i meastachán an dliteanais fhéideartha don SCA.

**29.24** Úsáidtear na meastacháin den dliteanas féideartha i leith éileamh ar dhá bhealach.

- Úsáideann achtúirí na scéime an t-eolas chun réamhfhaisnéis bhliantúil buiséid a réiteach a dhéanann an costas dóchúil a bhaineann le héilimh CIS a bhainistiú agus a shocrú sa bhliain atá ag teacht a mheas.
- Iniata le ráitis bhliantúla airgeadais SCA tá nóta a nochtann dliteanas comhiomlán measta údarás an Stáit I leith gach éileamh faoi bhainistíocht SCA ar 31 Nollaig gach bliain.

**29.25** Léiríonn Fíor 29.3 an dliteanas féideartha measta i leith éileamh cliniciúil gníomhach ag deireadh gach bliain idir 2008 agus 2012.

**Fíor 29.3 Dliteanas féideartha measta i leith éileamh cliniciúil[a], 2008 go 2012**

| Bliain | Líon éileamh ar 31 Nollaig | Dliteanas féideartha measta[b] | |
|---|---|---|---|
| | | Iomlán | Meánmhéid an Éilimh |
| | | €m | €000 |
| **2008** | 1,675 | 449 | n/a |
| **2009** | 1,783 | 636 | 356 |
| **2010** | 1,935 | 786 | 406 |
| **2011** | 2,139 | 860 | 402 |
| **2012** | 2,652 | 970 | 366 |

Foinse: An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, Tuarascálacha Bliantúla NTMA

Nótaí: a Tagraíonn na figiúirí léirithe d'éilimh chliniciúla uile, lena n-áirítear éilimh taobh amuigh de CIS.

b Tá an dliteanas féideartha measta i 2008 mar a bhí ar 30 Meitheamh. An dliteanas féideartha measta sna blianta eile mar a bhí ar 31 Nollaig.

**29.26** Is ionann éilimh atá bainteach le cnáimhseachas, cé nach bhfuil iontu ach 20% de líon na n-éileamh cliniciúil, agus 55% den dliteanas féideartha measta. Tá sin amhlaidh mar gheall ar na luachanna arda socraíochta atá bainteach le cásanna de phairilís cheirbreach agus éilimh thromchúiseacha eile atá bainteach leis an mbreith.

**29.27** Déannann iniúchóirí atá ceaptha ag SCA athbhreithniú bliantúil ar an dliteanas féideartha measta atá sannta do líon samplach d'éilimh.[1] An rún atá leis an athbhreithniú ná chun deimhniú go bhfuil polasaí SCA chun dliteanas féideartha a mheas á chur i bhfeidhm ag bainisteoirí éileamh agus go bhféachann sé go bhfuil na meastacháin le haghaidh cásanna aonaracha reasúnach agus ag teacht le faisnéis an cháis sa chomhad.

**29.28** D'fhéach an t-athbhreithniú a rinne na hiniúchóirí inmheánacha i 2012 ar líon samplach de 105 éileamh (11 díobh ar comhaid dhúnta iad) a raibh dliteanas féideartha measta acu de €134.5 milliún san iomlán.[2] I 19 de na cásanna cinneadh go raibh an dliteanas féideartha a bhí sannta ró-ard, go ginearálta toisc go raibh an meastachán fós le coigeartú chun íocaíochtaí iarbhír a bhí déanta a léiriú. In dhá chás cinneadh go raibh an dliteanas féideartha measta faoina luach toisc go raibh coigeartú fós le déanamh chun teacht leis an bhfaisnéis is déanaí a bhí ar fáil.

**29.29** Ar leibhéal iomlán, chinn an t-athbhreithniú go raibh na dliteanais fhéideartha measta don líon samplach éileamh "go ginearálta laistigh de pharaiméadair réasúnacha", cé nár inis siad na paraiméadair ar baineadh úsáid astu.

### Bainistiú Éileamh

**29.30** Tá bainisteoirí éileamh cliniciúil SCA, a bhfuil cúlra dlí nó árachais acu, freagrach as éilimh a fhiosrú agus as straitéisí bainistithe éileamh aonarach a fhoirmliú. An cuspóir atá ann ná éilimh a fhiosrú ar bhealach críochnúil, tráthúil ar mhaithe le cinnteoireacht luath a éascú maidir le dliteanas agus straitéis. San áireamh sna céimeanna atá i gceist chun éilimh a fhiosrú tá

- ag déanamh athbhreithnithe ar thaifid míochaine
- ag scrúdú ráiteas ó na pearsanra cliniciúla atá bainteach leis
- ag coimisiúnú tuairimí ó shaineolaithe ábhartha
- ag ceapadh aturnaetha chun déileáil le himeachtaí dlí
- ag fáil ráiteas breise nó mínithe breise
- ag dul i gcomhairle le haturnaetha agus/nó abhcóidí, mar is gá.

**29.31** Nuair a dhéantar éileamh faoin CIS éilítear ar an gcleachtóir a chuir an cúram cliniciúil ar fáil athbhreithniú a dhéanamh ar na taifid míochaine ar fad a bhaineann leis an teagmhas agus ráiteas a réiteach ag cur síos ar a p(h)áirt i gcóir leighis an othair.


1Tá scóp an athbhreithnithe níos leithne ná CIS agus cuimsíonn sé na héilimh uile faoi bhainistíocht SCA

2 Roghnaíodh an sampla as liosta éileamh gníomhach ar 31 Lúnasa 2012 agus liosta éileamh a dúnadh idir 10 Samhain 2011 agus 31 Lúnasa 2012.

### *Socrú ar Éilimh*

**29.32** I gcásanna ina gcinneann fiosrúchán SCA go dtiteann cuid nó iomlán na freagrachta ar an údarás Stáit ábhartha féachann sé le héilimh a shocrú go gasta agus ar théarmaí réasúnacha. Má bhreithníonn sé nach bhfuil an Stát faoi dhliteanas is é polasaí SCA na hacmhainní uile is gá a úsáid chun an t-éileamh a chosaint. Léiríonn Fíor 29.4 na próisis trína réitíodh éilimh CIS ó 2008 i leith.

**Fíor 29.4 Mar a réitíodh Éilimh CIS 2008 go 2012**




Foinse: An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

**29.33** Réitíonn SCA mórchuid d'éilimh CIS trí shocraíocht idirbheartach, bíodh sé go díreach le foireann dlí an ghearánaí, nó trí phróiseas eadrána. Molann SCA eadráin mar comhrogha níos fearr ná córas sáraíochta na gcúirteanna chun cásanna faillí cliniciúil a réiteach. Féadann na páirtithe tús a chur le headráin nó d'fhéadfadh sé tosú ar mholadh na cúirte.

**29.34** Idir 2008 agus 2012 tháinig laghdú suntasach ar chomhréir na n-éileamh a réitíodh gan aon chostas do SCA. I measc na n-éileamh a d'fhéadfaí a réiteach gan aon chostas tá na cásanna a thagann faoi urchosc reachta de bharr imeacht ama agus cásanna ina dheimhnítear tríú páirtí nó comhchosantóir a bheith go hiomlán faoi dliteanas.[1] Thug SCA le fios gur tháinig laghdú ar na cásanna sin de bharr

- Laghdú de thart ar 75% i lion na gcásanna ina fuarthas an chéad litir éilimh ach nár eisíodh aon imeachtaí foirmiúla laistigh de theorainn ama dhá bhliain.
- Laghdú i líon na gcásanna a bhaineann leis an gcóir leighis/cúram a thug comhairligh san am sular cuireadh síneadh le CIS i Feabhra 2004 - i go leor de na cásanna seo d'fhan dliteanas i leith éilimh leis an eagraíocht chosaint míochaine a shlánaigh an comhairleach.

**29.35** Réitítear níos lú ná 3% d'éilimh CIS trí na cúirteanna. Na cásanna sin a théann chun cúirte is iondúil go mbaineann siad le parailís ceirbreach i naíonán nó le gortuithe tubaisteacha eile.

1Go ginearálta ní mór imeachtaí a eisiúint laistigh de dhá bhliain den teagmhas inar tharla an gortú pearsanta

### *Orduithe Íocaíochta Tréimhsiúla*

**29.36** Baineann orduithe íocaíochta tréimhsiúla (PPOanna) le dámhachtainí/socraíochtaí i gcásanna gortaithe tubaisteacha, a íoctar ar bhonn tréimhsiúil (uair sa bhliain go hiondúil) seachas in aon chnapshuim amháin. Is iondúil go mbeadh cnapshuim tosaigh i gceist le PPO agus íocaíochtaí bliantúla ina dhiaidh sin thar saol an éilitheora, chun an costas a bhainfeadh le cúram agus cóir leighis sa todhchaí a chlúdú. Faoi chóras PPO tá neamhchinnteacht ann maidir leis an dliteanas iomlán a bhainfeadh le dámhachtainí/socraíochtaí sa todhchaí, os rud é go leanann na híocaíochtaí bliantúla ar aghaidh go dtí go bhfaigheann an t-éilitheoir bás.

**29.37** I nDeireadh Fómhair 2010 chríochnaigh grúpa oibre, faoi chathaoirleacht bhreitheamh Ard-Cúirte, tuairisc a scrúdaigh an cás le córas PPO a thabhairt isteach i leith cásanna gortaithe tubaisteacha. Mhol an grúpa oibre reachtaíocht a rith chun na cúirteanna a chumasú le PPOanna comhthoiliúla agus neamh-chomhthoiliúla a dhéanamh chun páirtithe gortaithe a chúiteamh i gcásanna gortaithe tubaisteacha ina dteastódh cúram go fadtéarmach.

**29.38** Cé nach bhfuil an reachtaíocht rite fós le haghaidh PPOanna, chuir SCA in iúl gur socraíodh 24 cás gortaithe tubaisteacha ar bhonn socrú PPO ar fionraí, inar íocadh cnapshuim tosaigh a chuimsigh foráil i leith an chostais a bhainfeadh le cúram an chéad dá bhliain eile. Bhíothas ag súil go mbeadh an reachtaíocht riachtanach istigh roimh chéad dhátaí eile cúirte na gcásanna sin, i.e. dhá bhliain tar éis an chéad ordú a dhéanamh.

### *Costas na nÉileamh*

**29.39** Is é príomhchuspóir na feidhme bainistithe éileamh laistigh de SCA ná na costais a thabhaíonn an Stát a íoslaghdú.

**29.40** Cuimsíonn na costais dhíreacha a thabhaíonn SCA agus éilimh CIS á mbainistiú aige na damáistí a aontaítear nó a dhámhnaítear agus na costais a ghabhann leo. Is féidir go gcuimseodh na costais táillí dlí (SCA agus gearánaí), táillí míochaine, táillí innealtóirí, táillí achtúire, táillí saineolaithe agus costais finnéithe.


**29.41** Taispeánann Fíor 29.5 na costais a bhain le héilimh CIS a réitíodh gach bliain ó 2008 go 2012. Taispeánann Fíor 29.6 na treochtaí i meánchostas na n-éileamh a réitíodh idir 2008 agus 2012, le haghaidh gach éileamh agus gan éilimh nach raibh costas ag baint leo, araon.

**Fíor 29.5 Costas Éileamh CIS a réitíodh, 2008 go 2012**

| Mír Costais | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas na n-éileamh réitithe** | | | | | |
| Dámhachtainí/socraíochtaí | 9,490 | 13,150 | 30,140 | 36,630 | 36,120 |
| Táillí dlí – SCA | 4,450 | 4,590 | 7,680 | 8,600 | 9,330 |
| Táillí dlí – gearánaí | 5,380 | 4,600 | 11,020 | 14,250 | 13,790 |
| Eile | 830 | 370 | 890 | 1,040 | 1,030 |
| **Iomlán** | **20,150** | **22,710** | **49,730** | **60,520** | **60,270** |
| **Meánchostas an éileamh réitithe** | | | | | |
| Dámhachtainí/socraíochtaí | 24 | 33 | 68 | 87 | 88 |
| Táillí dlí – SCA | 11 | 11 | 18 | 20 | 23 |
| Táillí dlí – gearánaí | 13 | 11 | 25 | 34 | 34 |
| Eile | 2 | 1 | 2 | 2 | 2 |
| **Iomlán** | **50** | **56** | **113** | **143** | **147** |

Foinse: An Ghniomhaireacht um Éilimh ar an Stát

**Fíor 29.6 Meánchostas gach éileamh CIS réitithe, 2008 go 2012**




Foinse: An Ghniomhaireacht um Éilimh ar an Stát

**29.42** Léiríonn an dá thomhas géarú suntasach idir 2009 agus 2011. Sa tréimhse sin mhéadaigh meánchostas gach éileamh a réitiodh ó thart ar €56,000 go €143,000. Tá an méid sin i gcontrárthacht leis an meándhliteanas féideartha measta i leith éileamh cliniciúil gníomhach a bhí os cionn €400,000 ag deireadh 2011 agus thart ar €366,000 ag deireadh 2012 (féach Fíor 29.3)

**29.43** San áireamh sna cúiseanna a thug SCA don ghéarú ar chostais ó 2008 i leith tá

- An tionchar a bhí ag 2,500 comhairleach, ar láimhsigh eagraíochtaí chosaint míochaine a gcuid éileamh roimhe sin, a tháinig isteach i CIS ó 1 Feabhra 2004. De réir a nádúir, is iondúil go mbíonn éilimh a bhaineann le cóir leighis atá curtha ar fáil ag comhairligh níos airde ná an meán.
- Go leor de na cásanna a réitíodh agus iad ag tarraingt ar dheireadh na tréimhse sin bhí siad, a bheag nó a mhór, níos casta, mar go raibh tús áite tugtha ag SCA d'éilimh faillí cliniciúil nach raibh casta a réiteach sa tréimhse tosaigh i ndiaidh do scéim CIS a thosú.

- Bhí an ráta bolscaithe míochaine i bhfad níos airde ná an gnáthráta bolscaithe sa tréimhse sin. Léiríodh é sin i mbreitheanna na hArd-Cúirte, inar ardaíodh an teorainn ar dhamáistí ginearálta i gcásanna gortaithe tromchúiseacha agus tubaisteacha de 29%, ó €350,000 go €450,000 an cás.

### *Rialú ar Chostas*

**29.44** Tá an méid tionchair ar féidir le SCA a imirt ar leibhéil dhámhachtainí cúirte agus socraíochtaí aontaithe teoranta. Cé go bhfuil tábhacht ag baint le caighdeán na cosanta agus le héifeacht na hidirbheartaíochta sa chás is mó an seans go mbeidh tionchar an-mhór ag tromchúiseacht an teagmhais dhíobhálaigh agus ag méid na faillí cliniciúla a tharla ar thorthaí na dámhachtana nó na socraíochta.


**29.45** Tá SCA tar éis tabhairt faoi roinnt tionscnamh le gairid agus é d'aidhm acu leibhéal na dtáillí a íoctar leis na gnólachtaí dlí atá áirithithe aici féin a ísliú.

- I 2011, chríochnaigh SCA próiseas iomaíoch soláthair chun painéal aturnaetha a chur ar bun ar mhaithe le seirbhísí dlí a sholathar i leith na n-éileamh uile faoina bainistíocht. Tá sé curtha in iúl ag SCA gur chuir bunú an phainéil ar a cumas rátaí na dtáillí dlí a íoctar lena gnólachtaí dlí áirithithe a ísliú de 25%. Ina theannta sin chuir SCA teorainn le leibhéil na dtáillí a íoctar le haturnaetha ar an bpainéal i leith cásanna a bhaineann le gortú tubaisteach.

- I 2012 chuir SCA tús le próiseas tairisceana iomaíoch d'abhcóidí ina cuireadh teorainn ar tháilli ag leibhéil a bhí suas go 25% níos ísle ná na leibhéil a bhí ann cheana. Baineann na táillí nios ísle le réimse leathan seirbhísí dlí a bhaineann leis an gCúirt Dúiche, an Chúirt Chuarda agus an tArd-Chúirt.Tá súil ag SCA painéil le haghaidh abhcoidí sóisearacha agus abhcóidí sinsearacha araon a bheith socraithe faoi Dheireadh Fómhair 2013.

**29.46** Deir SCA go bhféachann sí leis an ísliú is mó is féidir a bhaint amach ar na billí chostas dlí a chuireann foirne dlí gearánaithe isteach. Is é polasaí SCA ná coigilteas a chaibidlítear i leith chostas dlí gearánaithe a thaifeadadh ar bhonn na difríochta idir na suimeanna sonrasctha agus na suimeanna a shocraítear agus a íoctar ar bhonn éileamh go héileamh. In 2012 mheas SCA gurbh ionann an mheánshuim a íocadh chun costais dlí gearánaithe a shocrú, i leith éileamh CIS, agus thart ar dhá thríú na suimeanna a bhí sonrasctha ó thús. (féach Fíor 29.7).

**Fíor 29.7 Coigilteas taifeadta ar chostais dlí gearánaithe, 2008 go 2012**




Foinse: An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

**29.47** Fuair scrúdú a rinneadh ar shampla de chomhaid éileamh CIS mar chuid den athbhreithniú seo, fianaise go dtugann SCA dúshlán shonraisc chostais dlí gearánaithe go láidir agus go mbaintear amach coigilteas suntasach. Ach, i leith de na cásanna a scrúdaíodh, níor rinneadh an coigilteas taifeadta a ríomh de réir polasaí SCA chun coigilteas i gcostais dlí a aithint.


**29.48** Ina dhiaidh sin, rinneadh athbhreithniú anailíseach ar chostais dlí a taifeadadh i leith éileamh uile CIS a réitíodh idir 2008 agus 2012. Ar 174 ocáid, agus le coigilteas taifeadta de thart ar €2m, fuarthas amach gur taifeadadh coigilteas i leith éileamh nár íocadh iarbhír costas dlí ar bith ina leith. I roinnt cásanna eile, ina raibh dliteanas roinnte le tríú páirtí, taifeadadh méid iomlán an choigiltis dlí a baineadh amach in aghaidh chuid SCA den bhille dlí. Dá bharr sin, tá amhras faoi iontaofacht mhéid an choigiltis dlí atá taifeadta ag SCA.

### *Saolré Éileamh*

**29.49** Is slat tomhais ar éifeacht na feidhme bainistithe éileamh laistigh de SCA an t-am a thógann sé chun éilimh a shocrú. Léiríonn Fíor 29.8 an meán-am a tógadh chun éilimh CIS a réiteach ins na mór-speisialtachtaí cliniciúla idir 2008 agus 2012. Rinneadh saolré gach éileamh a thomhais ón dáta a taifeadadh ar chóras ríomhaireachta SCA é go dtí an dáta ar cuireadh dúnta air ar an gcóras.

**29.50** Tháinig méadú ar an meán-am a tógadh chun éilimh a réiteach sna speisialtachtaí cliniciúla uile le linn na tréimhse. I gcás meabhairshláinte, mhéadaigh sé níos mó ná a dhá oiread ó 2.2 bliain le haghaidh éileamh a réitíodh in 2008 go dtí 4.8 bliain dóibh sin a réitíodh in 2012.

**Fíor 29.8 Meán-saolré éilimh CIS a réitíodh[a] (blianta), 2008 go 2012**




Foinse: An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Nóta: a Chuaigh meánlíon na n-éileamh a réitíodh in aghaidh na bliana le haghaidh gach speisialtacht, sna cúig bliana, ó 13 le haghaidh paediatraice go 110 le haghaidh máinliachta.

**29.51** Chuir SCA na cúiseanna seo leanas chun cinn don ardú a tháinig ar an meán-am a tógadh chun éilimh a réiteach le linn na tréimhse.

- Tá punann na n-éileamh cliniciúil tar éis dul in aibíocht ó thaobh na castachta de le linn na tréimhse, mar gheall, go mór mhór, ar an tionchar a bhí ag an síneadh a cuireadh leis chun comhairligh a chlúdú ó 1 Feabhra 2004.
- Tharla moilleanna suntasacha, go háirithe sna trí bliana atá caite, maidir le liostáil cásanna míchleachtais míochaine taobh istigh de liosta gortuithe pearsanta na hArd-Cúirte.
- Tá bearta caibidle níos ionsaithí á nglacadh ag aturnaetha gearánaithe a chuireann in aghaidh luathshocraíochta ar mhaithe le buntáiste a fháil dá gcliaint e.g. trí ilthuairiscí saineolaithe míochaine a choimisiúnú (ar féidir go dtógann siad tamall fada) agus moill a chur ar chúrsaí go dtí go mbeidh dáta cúirte sonraithe, agus go socraítear an cás an uair sin. Is féidir go mbíonn costais dlí na ngearánaithe níos airde da bharr seo leis.
- Tá cásanna áirithe ann, chomh maith, ina gcuireann SCA moill ar shocraíocht e.g. má bhíonn an Ghníomhaireacht gafa le caibldlí le comhchosantóir nó le tríú páirtí faoi chionroinnt an dliteanais nó má bhíonn slánaíocht á lorg ag SCA. Ina theannta sin féadann SCA, ar chúiseanna straitéiseacha, cur in aghaidh socraíochta, ar mhaithe le costais a íoslaghdú nó a sheachaint sa todhchaí.

### *Feidhmíocht Bainistithe Éileamh*

**29.52** Faoi chóras foirmiúil bainistithe feidhmíochta atá ag feidhmiú laistigh de SCA socraítear spriocanna agus cuspóirí do bhainisteoirí éileamh cliniciúil. Ceadaíonn ceannasaí Aonad na nÉileamh Cliniciúil plean aonarach le haghaidh gach bainisteoir éileamh agus déantar monatóireacht ar an dul chun cinn i leith na gcuspóirí i rith na bliana. Ina theannta sin, tá roinnt eochair-tháscairí feidhmíochta (KPIanna) in áit d'Aonad na nÉileamh Cliniciúil. Déanann iniúchóirí inmheánacha SCA feidhmíocht in aghaidh na KPIanna a iniúchadh. Tugann Fíor 29.9 faisnéis faoi fheidhmíocht Aonad na nÉileamh Cliniciúil sa tréimhse 2008 go 2012.

**29.53** Baineann na KPIanna a tuairiscíodh go ginearálta le leibhéal na gníomhaíochta bainistithe éileamh agus an t-am a tógadh chun idirbheart a phróiseáil. Maidir lena cuspóir sáraitheach costas na n-éileamh a íoslaghdú, dúirt SCA nach leagtar amach spriocanna sonracha bliantúla coigiltis ar chostais atá le sroicheadh, agus go mbeadh sé dodhéanta é sin a dhéanamh, ag cur san áireamh an láimhdeachas éileamh in aon bhliain agus na díospóidí a bhíonn ag dul ar aghaidh chun réiteach a fháil faoi chostais.

**Fíor 29.9 Feidhmíocht Aonad na nÉileamh Cliniciúil, 2008 go 2012**

| Táscaire | Sprioc[a] | Feidhmíocht[b] | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
| Éilimh ghníomhacha fiosraithe go hiomlán | ≥20% | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Éilimh ghníomhacha faoi réir idirbheartaíochta, nuair nach bhfuil díospóid faoi dhliteanas | ≥30% | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ (26%) | ✗ (23%) |
| Meán-am ó fhógra an éilimh go taifead ar an gcóras[c] | ≤5 lá | N/A | N/A | N/A | ✗ (34 lá) | ✗ (24 lá) |
| Éilimh socraithe gan aon chostas ar SCA | ≥35% | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ (23%) |
| Éilimh le costais ach gan íocaíochtaí cúitimh | ≥20% | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

Foinse: An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Nótaí: ✓ Sprioc sroichte nó sáraithe ✗ Sprioc nár sroicheadh

a Rinneadh coigeartú ar spriocanna chuid de na táscairí le linn na tréimhse. Na spriocanna léirithe is iad a socraíodh do 2012. Tuairiscítear feidhmíocht i gcoibhneas le céadspriocanna gach bliain.

b Baineann figiúirí feidhmíochta 2008 go 2010 go sonrach le CIS. Ó 2011 ar aghaidh baineann figiúirí KPI leis na héilimh chliniciúla uile, seachas le CIS amháin.

c Cuireadh tús le tuairisciú feidhmíochta i 2011.

**29.54** Maidir le fad ama éileamh dúirt SCA nach bhfuil spriocanna sonracha socraithe i dtaobh laghduithe a bhaint amach. Dúirt SCA nach mbeadh sé cuí spriocanna a shocrú sa réimse seo mar go n-athraíonn méid na bhfiosruithe is gá agus castacht na caibidle ó éileamh go héileamh agus i roinnt cásanna ní bhainfí amach réiteach níos gasta ar an gcás ach ar chostas níos airde socraíochta.

## Bainistiú Riosca

**29.55** Ceann de chuspóirí SCA is ea comhairle agus cúnamh a chur ar fáil d'fhiontair chúram sláinte faoi na céimeanna a bheadh le tógáil chun cásanna teagmhas díobhálach cliniciúil, a d'fhéadfadh éilimh faillí míochaine a bheith mar thoradh orthu, a sheachaint, nó líon na dteagmhas sin a laghdú. Tá an fhreagracht ar gach fiontar sláinte bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí laistigh den fhiontar féin.

**29.56** Os rud é nach bhfuil cumhachtaí reachtúla forfheidhmithe ag SCA ná cead smachtbhannaí a chur i bhfeidhm maidir lena cuid moltaí, braitheann an ghníomhaireacht ar áiteamh agus ar bheartú tosaíochta i leith shábháilteacht othar mar fócas a cuid gníomhaíochtaí bainistithe riosca.


### *Teagmhais Dhíobháileacha Chliniciúla*

**29.57** Is iad teagmhais dhíobháileacha chliniciúla ná teagmhais ina ndéantar othar a ghortú nó ina mbíonn toradh eile díobhálach ar othar a tharlaíonn de dhroim sholáthar cúraim chliniciúil nó gan cúram a sholáthar. I gcion beag cásanna is féidir go dtagann éilimh faoi CIS mar thoradh ar theagmhais dhíobháileacha chliniciúla.

**29.58** Léiríonn Fíor 29.10 bealaí inar féidir le héilimh teacht de dhroim chúraim chliniciúil nó an cóir leighis a sholáthraítear.

**29.59** Tá dualgas reachtúil ar fhiontair atá clúdaithe ag CIS gach teagmhas díobhálach cliniciúil a thuairisciú do SCA. Ní mór teagmhais dá leithéad a thuairisciú ar chóras IT ar an ngréasán, ar a dtugtar an Córas Náisiúnta Bainistithe Teagmhas Díobhálach (NAEMS) a cheanglaíonn ospidéil agus fiontair chúram sláinte eile le bunachar sonraí lárnach atá á óstáil ag SCA.

**Fíor 29.10 Mar is féidir le héilimh tarlú**





**29.60** Soláthraíonn bunachar sonraí NAEMS faisnéis bhunriachtanach ag leibhéal náisiúnta agus leibhéal áitiúil chun rioscaí cliniciúla a aithint. Cuireann sé ar chumas SCA treochtaí agus patrúin atá ag teacht chun cinn a aithint agus a anailísiú agus cuidíonn sé le fiosrú agus le bainistiú éileamh. Tá sé i gceist go mbainfeadh fiontair chúram sláinte úsáid as an gcóras chun braislí teagmhas díobhálach a aithint agus chun anailís bhunúdar a dhéanamh ag leibhéal áitiúil.

**29.61** In 2013, chuir SCA tuairisc ar fáil do gach fiontar chúram sláinte ag tabhairt sonraí faoi líon na dteagmhas díobhálach cliniciúil a thug an fiontar tuairisc orthu agus á chur i gcomparáid le fiontar chúram sláinte comhchéime. Le linn an scrúdaithe seo iarradh ar SCA mionsonraí a thabhairt, de réir ionaid, ar theagmhais dhíobháileacha chliniciúla a tuairiscíodh agus ar éilimh nua a fuarthas sa tréimhse 2008 go 2012. Chuir SCA in iúl nach raibh aon tuairisc bainistithe chaighdeánach ar fáil faoi shonraí comhdhlúite dá leithéad agus go dtógfadh sé cuid mhaith ama chun an fhaisnéis a bhí iarrtha a chur le chéile.

**29.62** Léiríonn Fíor 29.11 líon na dteagmhas díobhálach cliniciúil a tuairiscíodh thar an tréimhse 2004 go 2012.

**Fíor 29.11 Teagmhais dhíobháileacha Chliniciúla tuairiscithe, 2004 go 2012**





Foinse: An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

**29.63** Tar éis dóibh dul i méid go suntasach idir 2004 agus 2012 tá líon na dteagmhas díobhálach cliniciúil atá á dtuairisciú go SCA réasúnta seasmhach ag idir 80,000 agus 85,000 gach bliain.

**29.64** Tá tuairisciú cuimsitheach, luath, ríthábhachtach do chumas SCA teagmhais dhíobháileacha chliniciúla a d'fhéadfadh éilimh a bheith mar thoradh orthu, a fhiosrú agus chun a feidhm bainistithe riosca a dhéanamh go héifeachtúil. Tá sé measta ag SCA gur thuairiscigh an fiontar sláinte ábhartha teagmhais dhíobháileacha chliniciúla ghaolmhara roimhré i níos lú ná 40% de na héilimh a fuarthas idir 2008 agus 2012. Tá cúiseanna bailí ann nach ndéanfaí teagmhas díobhálach cliniciúil a bhí tarlaithe roimhe sin a thuairisciú le haghaidh cineál áirithe éileamh, e.g. tharlódh sé nach dtiocfadh aimhréidheanna chun cinn go ceann tamaill i ndiaidh ghnáthamh máinliachta. Mar sin féin breathnaíonn sé go bhfuil an ráta tuairiscithe ar theagmhais dhíobháileacha chlininiúla a bhí tarlaithe roimhe sin, íseal.

**29.65** Tugann Fíor 29.12 mionsonraí faoi na príomhchineálacha teagmhas díobhálach cliniciúil a tuairiscíodh i 2012.

**Fíor 29.12 Cineálacha Teagmhas Díobhálach Cliniciúil a tuairiscíodh i 2012**




Foinse: An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

### *Gníomhaíocht Bainistithe Riosca*

**29.66** Tá foireann seisear comhairleoirí riosca cliniciúil, a bhfuil cúlra altranais, cúraim sláinte chomhghaolmhair nó míochaine acu, freagrach as clár bainistithe riosca CIS. Thug SCA le fios go ndéantar forbairt chlár bainistithe riosca a oiliúint trí anailís ar threochta ar theagmhais dhíobháileacha chliniciúla a d'fhógair fiontair sláinte, trí anailís ar éilimh atá dúnta, trí thaighde bunaithe ar fhianaise agus trí dhea-chleachtas idirnáisiúnta.

**29.67** Príomhghnéithe chlár bainistithe riosca CIS 2012 ná

- Tuairisciú chuig fiontair chúram sláinte ar thorthaí na hanailíse a rinneadh ar theagmhais dhíobháileacha agus ar shonraí éileamh.
- Treoraíocht bainistithe riosca d'fhiontair sláinte a fhoilsiú agus uirlisí praiticiúla bainistithe riosca a sholáthar.
- Faisnéis agus oiliúint a sholáthar trí sheimineáir, foilseacháin shuíomh gréasáin agus nuachtlitreacha
- Réitigh bainistithe riosca a sholáthar go díreach chuig fiontair chúram sláinte i leith shaincheisteanna sonracha riosca
- Cúnamh a thabhairt le forbairt agus le feidhmiú polasaithe bainistithe riosca agus nósanna imeachta le haghaidh fiontair chúram sláinte aonaracha.
- Ag déanamh athbhreithnithe bainistithe riosca.

**29.68** Thug SCA sonraí faoi roinnt tionscnaimh shonracha atá forbartha i gcomhoibriú le HSE, ar mhaithe le tacú leis an earnáil chúram sláinte cúram othar níos sábháilte a sheachadadh.

- Tá nochtadh oscailte d'othair agus/nó dá gclanna á chur chun cinn maidir le teagmhais dhíobháileacha chliniciúla, ar dá réir, moltar d'fhiontair chúram sláinte an teagmhas a tharla a admháil, an fáth a mhíniú, na torthaí a mbeadh súil leo agus an bainistiú todhchaí pleanáilte a shonrú, leithscéal a ghabháil agus mionsonraí a thabhairt faoi na céimeanna a bhí tógtha chun an dóchúlacht a laghdú go dtarlódh an teagmhas sa todhchaí.

- Tá córas náisiúnta scóir luathrabhaidh curtha ar siúl chun tacú le foireann chúram sláinte meathlucháin i staid othar ar bhardaí ginearálta a aithint gan mhoill agus conas gníomhú mar is iomchuí.
- Ta straitéis maidir le sciorrthaí, tuislí agus titim, ar thart ar an tríú chuid de theagmhais dhíobháileacha chliniciúla a tuairiscítear gach bliain iad, á cur i bhfeidhm ag an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

**29.69** Déanann an clár bainistithe riosca foráil i leith comhoibrithe atá leanúnach leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA). Tá an sainchúram reachtúil ar HIQA forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar chonas a choinnítear le caighdeáin na cáilíochta agus na sábháilteachta i seirbhís sláinte na hÉireann agus fiosrúcháin a dhéanamh, mar is gá, faoi údair thromchúiseacha imní do shláinte agus do leas úsáideoirí na seirbhíse.

**29.70** Tá dlúthcheangail idir róil HIQA agus SCA, go háirithe maidir leis an dea-chleachtas i gcáilíocht agus i sábháilteacht an chúraim sláinte a chur chun cinn. Cé go bhfuil sainordú cigireachta ag SCA deir sí nach mbeadh sé indéanta cigireacht rialta a dhéanamh ar gach foras sláinte, ag cur leibhéal na n-acmhainní atá ar fáil san áireamh.

**29.71** Bhí sé le rá ag SCA gur chomhoibrigh foireann riosca CIS le Stiúrthóireacht Feabhsaithe na Sábháilteachta agus na Cáilíochta HIQA ó cuireadh tús leis an Stiúrthóireacht i lár 2012. Cuimsíonn réimsí oibre faoi láthair tionscadal feabhsaithe cáilíochta a dearadh chun smacht ar chógais le haghaidh othar a bheadh ag bogadh idir chúram fadtéarmach agus géarchúram ospidéil a fheabhsú, agus tionscadal EU atá deartha le foghlaim a roinnt i measc na mballstát i leith chúram sláinte d'ard-chaighdeán.

### *Feidhmíocht Bainistithe Riosca*

**29.72** Tá straitéis bainistithe riosca forbartha ag SCA don CIS. Liostáileann straitéis 2013 spriocanna sonracha, croí-ghníomhartha, príomh-chomhoibritheoirí seachtracha agus tomhais/aschuir feidhmíochta. Ach ní luann an straitéis torthaí sonracha inmhianaithe ná ní leagtar síos spriocanna maidir leis an toradh a bheadh súil leis de bharr ghníomhaíocht bainistithe riosca.

**29.73** Is é tuairim SCA cé gur féidir gaol cúisíoch díreach a fheiceáil idir ghníomhaíocht bainistithe riosca cliniciúil agus líon agus déine na dteagmhas díobhálach cliniciúil nach féidir an gaol cúisíoch díreach céanna a fheiceáil i leith mhinicíocht na n-éileamh cliniciúil.

## Conclúidí agus Moltaí

### *Bainistiú Éileamh*

**29.74** Tá líon éileamh CIS faoi bhainistíocht SCA ag dul i méid bliain i ndiaidh bliana. Is ionann riar na gcásanna ag deireadh 2012 (cásanna DePuy as an áireamh) agus méadú de 45% ó dheireadh 2008. Sa tréimhse chéanna tá ardú suntasach tagtha ar an meán-am a thógtar le cásanna a réiteach. Tá costais dhíreacha imithe i méid go meán de €190,000 an cás, figiúir atá beagnach dhá oiread choibhéis na bliana 2009.[1]

1 Níl áirítear cásanna nar bhain costas leo.

**29.75** Cé gur tháinig méadú ar an ráchairt faoi CIS, ó thaobh éileamh nua de, ó thart ar 500 in 2008 go 830 in 2012 (thart ar 230 cás DePuy san áireamh) d'fhan líon na gcásanna a réitigh SCA seasmhach, ag idir 400 agus 450 sa bhliain. Má leanann treocht na ráchairte ar aghaidh mar atá le gairid is dóigh go n-ardóidh an t-am a thógann sé cásanna a réiteach a thuilleadh murar féidir le SCA aschur bliantúil na gcásanna réitithe a mhéadú. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige seo ar chostais dhíreacha in aghaidh an cháis.

**29.76** An dliteanas féideartha measta a bhí ann ag deireadh 2012 i leith na gcásanna cliniciúla gníomhacha uile ná €970 milliún. Is é polasaí SCA 'corrlach an tsuaimhnis' de suas go 20% dá meastacháin den dliteanas féideartha a bhaineann le heilimh aonaracha a chur leis. Dá bharr sin d'fhéadfadh an dliteanas féideartha atá tugtha i leith éileamh gníomhach a bheith ró-ard.

**29.77** Déanann iniúchóirí a cheapann SCA athbhreithniú bliantúil ar an dliteanas féideartha measta atá sannta do líon samplach cásanna. Déanann an t-athbhreithniú machnamh ar a mhéid a chomhlíontar polasaí meastacháin SCA agus ar réasúntacht na meastachán ag cur na faisnéise sa chomhad san áireamh. Bhí na hiniúchóirí a rinne an t-athbhreithniú in 2012 den tuairim go raibh na dliteanais fhéideartha measta don líon samplach cásanna a scrúdaíodh "go ginearálta laistigh de pharaiméadair reasúnacha"

**29.78** D'fhéadfadh sé tarlú go bhféadfadh SCA úsáid a bhaint as anailís a rinne na hiniúchóirí, mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar dhliteanais fhéideartha measta agus dóchúlacht staitistiúil torthaí cásanna a fhorbairt.

> **Moltaí 29.1:** Ba chóir meastacháin dliteanas féideartha i leith na gcásanna ar láimh a bheith bunaithe ar dhócúlachtaí staitistiúla agus a bheith oilte trí anailís ar thorthaí na gcásanna roimhe sin.
>
> **Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta:** Aontaithe. Aontaíonn NTMA gur chóir na meastacháin, lena n-áirítear aon 'corrlach an tsuaimhnis' den dliteanas féideartha i leith na gcásanna ar láimh a bheith bunaithe ar dhócúlachtaí staitistiúla agus a bheith oilte trí anailís ar thorthaí cásanna socraithe.

**29.79** Cuimsíonn ráitis airgeadais HSE nóta a thugann an dliteanas féideartha measta i leith éileamh gníomhach faoi CIS. Ní fhoilsíonn HSE sceideal de na saoráidí chúram sláinte aonaracha maidir leis na héilimh atá socraithe nó gan íoc go fóill. Le linn an scrúdaithe dúirt Oifigeach Cuntasaíochta HSE go bhféadfadh sé a bheith mar thoradh ar fhaisnéis dá leithéad a fhoilsiú go spreagfadh sé liostaí léige a ghiniúint agus creideann HSE go ginearálta nach céim chuiditheach a bheadh ann, agus go bhféadfadh iarmhairtí nach raibh súil leo a bheith ann i.e. go mbeadh drogall ar shaoráidí chúram sláinte teagmhais dhíobháileacha a thuairisciú.

**29.80** Seachas damáistí a aontaítear nó a dhámhnaítear is í an chatagóir is mó costais a thabhaíonn SCA chun éilimh CIS a bhainistiú ná costais dlí. Tá meánleibhéal na gcostas dlí a íocann SCA in aghaidh gach cás réitithe ag ardú le blianta beaga anuas. Tá iarracht déanta ag SCA ráta na gcostas dlí a íoctar lena n-aturnaetha áirithithe a laghdú de 25% trí dhul le próiseas iomaíoch soláthair chun painéal aturnaetha a bhunú. Tá SCA ag tabhairt faoi phróiseas den chineál céanna i leith abhcóidí. Tá súil ag SCA painéil le haghaidh abhcoidí sóisearacha agus abhcóidí sinsearacha araon a bheith socraithe faoi Dheireadh Fómhair 2013.

**29.81** Maidir le costais dlí na ngearánaithe is é polasaí SCA costais a chaibidil agus a thaifead mar choigilteas an difríocht idir an méid atá sonrasctha agus an méid a íocadh ar bhonn éileamh go héileamh. Bhí fianaise ann go dtugann SCA dúshlán sonraisc a fhaightear i leith chostais dlí gearánaithe go rialta agus dá bharr gur taifeadadh coigilteas de €7.2 milliún do 2012. Ach, i líon suntasach cásanna tugadh faoi deara nach raibh an coigilteas a bhí taifeadta ríofa de réir an pholasaí, agus dá bharr, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar iontaofacht an fhigiúir.

> **Moladh 29.2:** Ba chóir do SCA a chinntiú go mbeidh an fhoireann ar an eolas faoin bpolasaí i leith coigilteas ar chostais dlí na ngearánaithe a thaifeadadh agus ba chóir go gcuirfí córas spotseiceála maidir le comhlíontacht leis an bpolasaí i bhfeidhm.
>
> **Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta:** Aontaithe Glacann NTMA leis an moladh seo agus tá an polasaí i leith coigilteas ar chostais dlí a thaifeadadh athshonraithe dá foireann bainistithe éileamh uile. Tá córas spotseiceála tugtha isteach le héifeacht ó 6 Lúnasa 2013.

### *Bainistiú Riosca*

**29.82** Tá dualgas reachtúil ar fhiontair atá clúdaithe ag CIS gach teagmhas díobhálach cliniciúil a thuairisciú do SCA. Cé gur dóigh nach dtiocfaidh éilimh faoi CIS ach i gcion beag teagmhas díobhálach cliniciúil is inmhianaithe é go ndéanfaí gach teagmhas díobhálach cliniciúil a thuairisciú do SCA in am tráth le gur féidir rioscaí gaolmhara a aithint agus a bhainistiu go héifeachtúil. I gcás níos lú ná 40% de na héilimh a fuarthas ó 2008 bhí teagmhas díobhálach cliniciúil tuairiscthe do SCA roimhré.

**29.83** Le linn 2013 chuir SCA tuairiscí a ginneadh ó bhunachar sonraí NAEMS ar fáil do gach fiontar chúram sláinte le faisnéis faoina ráta tuairiscithe féin i leith teagmhas díobhálach cliniciúil agus á chur i gcomparáid le ráta ospidéil chomhchéime. Dá ndéanfaí cros-anailísiú den chineál seo ar thuairiscí ba chóir go bhféadfadh SCA na fiontair chúram sláinte a aithint ina bhfuil gá le feabhas a chur ar thuairisciú.

**29.84** Cuimsíonn straitéis bainistithe riosca SCA do 2013 spriocanna sonracha, croí-ghníomhartha agus tomhais/aschuir feidhmíochta. Ach ní luann an straitéis torthaí inmhianaithe ná ní leagtar síos spriocanna sonracha.

**29.85** Sa bhfadtéarma an mórchuspóir atá le bainistiú riosca SCA ná líon agus géire na dteagmhas díobhálach cliniciúil a laghdú. Sa ghearrthéarma, ní mór go mbeadh sé ar chumas SCA éifeacht na dtionscnamh bainistithe riosca aonarach, agus a clár bainistithe riosca ar an iomlán, a thomhas. Ba chóir go mbeadh sé ar chumas SCA táscairí feidhmíochta cuí a aithint chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht a clár bainistithe riosca ó thaobh torthaí teagmhas díobhálach cliniciúil ag leibhéil sholáthróir na seirbhíse sláinte.